



**Tuarascáil maidir le
Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2014**

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2014

Éilítear orm le hAitheagal 33 de Bhunreacht na hÉireann tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann ag tréimhsí luaite de réir mar a chinntear sa dlí. Foráiltear in Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 an príomh-bhunús le haghaidh tuairisciú den sórt sin.

Forálacha Tuairiscithe Reachtúla

Éilíonn Alt 3 (10) d'Acht 1993 orm tuarascáil scríofa a ullmhú gach bliain ina n-áirítear

- aon nithe is dóigh liom atá iomchuí a thuairisciú mar gheall ar mo chuid iniúchta ar na cuntais leithreasa arna n-ullmhú ag Oifigigh Chuntasaíochta ranna agus oifigí an rialtais maidir leis na leithreasaí arna vótáil ag Dáil Éireann don bhliain airgeadais roimhe sin
- aon nithe is dóigh liom atá iomchuí a thuairisciú ag éirí ó mo chuid imscrúduithe ar na rialuithe inmheánacha airgeadais atá á bhfeidhmiú ag ranna agus ag oifigí rialtais (sa bhliain airgeadais reatha nó roimhe seo) d'fhonn rialtacht a n-idirbhearta airgeadais a chinntiú, cruinneas a gcuid íocaíochtaí agus fáiltais, iontaofacht agus iomláine a gcuid taifid chuntasaíochta agus cosaint na sócmhainní atá faoina n-úinéireacht agus rialaithe acu
- torthaí na n-imscrúduithe a rinne mé ar chuntais an ioncaim ar fad a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim – áirítear leis na himscrúduithe sin measúnú ar cibé an bhfuil na cuntais críochnaithe agus cruinn, agus cibé an bhfuil córais, nósanna imeachta agus cleachtais bunaithe agus curtha i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim, atá leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach a dhéanamh ar mheasúnú, bailiú agus leithdháileadh ceart an ioncaim.

Éilíonn reachtanna eile orm tuarascálacha a ullmhú agus a chur faoi bhráid Dháil Éireann ar chúrsaí sonracha ar leith mar aon le mo thuarascáil alt 3 (10).

Mar rud ar leithligh, foráiltear le halt 11 de Acht 1993 orm tuarascálacha speisialta a ullmhú, ina ndéileáiltear le aon ghnóthaí ginearálta is mian liom a thuairisciú ag éirí as mo chuid iniúchtaí ar ráitis airgeadais aon cheann de na comhlachtaí laistigh de mo shaindualgas iniúchta, nó i gcás go socraím torthaí na n-imscrúduithe nó na gcigireachtaí maidir le 'luach ar airgead' arna ndéanamh faoi fhorálacha ábhartha d'Acht 1993 a chur i láthair. Cuirim tuarascálacha speisialta den sórt sin isteach go foirmiúil chuig an Aire Rialtais ábhartha, agus ní mór don Aire sin a chur faoi ndeara cóip den tuarascáil a chur faoi bhráid Dháil Éireann laistigh de thrí mhí.

Tíolacadh na Tuarascála

Seo í mo thuarascáil faoi Alt 3 (10) d'Acht 1993 a bhaineann le bliain airgeadais 2014. Tá an tuarascáil leagtha amach i gceithre chuid.

- Láimhseáiltear cúrsaí a bhaineann leis an Lárchiste agus le fiachas Rialtais i gCuid 1.
- Tá cuntas i gCuid 2 ar ghnóthaí áirithe a bhaineann le caiteachas vótáilte in 2014.
- I gCuid 3 cumhdaítear cúrsaí a thagann ón iniúchadh a rinneadh ar an gCuntas loncaim agus an t-imscrúdú a rinneadh ar chórais na gCoimisinéirí loncaim.
- Cuimsítear i gCuid 4 tuarascálacha reachtúla ar chuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, agus Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann.

Ullmhaíodh an tuarascáil ar bhonn na faisnéise iniúchta, nuair atá fáil uirthi, agus faisnéis, doiciméadúchán agus mínithe eile a fuarthas ó na ranna agus na hoifigí rialtais ábhartha. Seoladh dréachtaí de chodanna ábhartha den tuarascáil chuig na ranna agus na hoifigí lena mbaineann agus iarradh a gcuid tuairimí orthu. Nuair is iomchuí, ionchorpraíodh na tuairimí sin isteach sa leagan deiridh den tuarascáil.


Baineann an tuarascáil le cuntasacht na ranna agus na n-oifigí maidir leis an mbealach a riarann siad cistí poiblí. Níor cheart tagairtí do thríú páirtithe a léamh ach amháin sa chomhthéacs sin.

Cuirim leis seo mo thuarascáil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 faoi bhráid Dháil Éireann de réir Alt 3 (11) de Acht 1993.

Cur i Láthair na gCuntas Leithreasa 2014

Éilíonn Alt 3 (11) d'Acht 1993 orm freisin cuntais leithreasa na Vótaí éagsúla a chur faoi bhráid Dháil Éireann mar aon leis an tuarascáil a hullmhaíodh faoi alt 3 (10).

Tá gach cuntas leithreasa deimhnithe agam don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 agus, in imleabhar gaolmhar, cuirim na cuntais sin, mar aon le mo dheimhnithe ón iniúchadh isteach, chuig Dáil Éireann.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Meán Fómhair 2015

Clár Ábhar

Rialtas Láir

1	Toradh Airgeadais an Státchiste le haghaidh 2014	11
2	Fiachas Rialtais	21
3	Costas na mBeart Cobhsaíochta BaincÉireachta amhail deireadh 2014	37

Caiteachas Vótáilte

4	Cuntasaíocht Vóta agus Bainistíocht Buiséid	63
5	Bainistiú Deontas Rialtais	75
6	Fabhrú Párolla na gCuntas Náisiúnta	93
7	Ciste an Chrannchuir Náisiúnta	87
8	Rialú agus Bainistiú Sócmhainní Oidhreachta Sochorraithe	103
9	Forbairt Chóiríocht Phríobháideach i mBaile Átha Cliath	115
10	Cistiú an Rialtais Láir ar Údaráis Áitiúla	127
11	Cistiú an Rialtais Láir ar Uisce Éireann	141
12	Socraíochtaí Cánach ar Íocaíochtaí Áirithe do Mhúinteoirí agus Daoine Eile	151
13	Forbairt Eircode, an Córas Postchód Náisiúnta	159
14	Bailiúchán Blianachtaí Talún	183
15	Cistiú an Chiste Árachais Shóisialaigh	187
16	Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh	193
17	Mírialtachtaí in Íocaíochtaí Scéim na mBéilí Scoileanna	205
18	Bainistíocht Iomarcaíochta agus Fiachais ó Scéim Dócmhainneachta	217
19	Comhlíonadh le Reachtaíocht maidir le hÍocaíocht Pras san Earnáil Sláinte	225
20	Bainistíocht Ioncam Othar Príobháideach san Earnáil Sláinte	233
21	Smacht ar Sholáthar Drugaí agus Cógais Ardteicneolaíochta	253

Na Coimisinéirí Ioncaim

22	Bainistiú Fiachais Ioncaim	267
23	Togra Conraitheoirí na gCoimisinéirí Ioncaim	287

Nithe Eile

24	Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	309
25	Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann	321

**Tuarascáil maidir le
Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2014**

Rialtas Láir


1 Toradh Airgeadais an Stáitchiste maidir le 2014

- 1.1** Íoctar fáлтаis uile an Stáit isteach i Lárchiste an Stáitchiste mura gcinntear a mhalairt de réir dlí.¹ Folaítear le fáлтаis an Lárchiste fáлтаis chánach agus fáлтаis ó iasachtaíocht arna gabháil ar láimh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) thar ceann an Stáit. Úsáidtear eisiúintí ón Lárchiste chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú, agus chun fónamh a dhéanamh ar fhiachas an Stáit.
- 1.2** Cuirtear i láthair sna Cuntais Airgeadais bhliantúla na fáлтаis isteach agus eisiúintí amach as an Lárchiste mar aon le sonraí a bhaineann le hiasachtaíocht NTMA agus faisnéis maidir leis na dliteanais agus na sócmhainní áirithe atá ag an Stát. Tugtar achoimre sa tuarascáil seo ar na hidirbhearta ar an Lárchiste agus aibhsítear roinnt treochtaí lárnacha. Toisc nach n-áirítear clár comhardaithe sna Cuntais Airgeadais, leagtar amach freisin an seasamh achomair i ndáil le príomhshócmhainní agus dliteanais ag deireadh na bliana.

Easnamh an Stáitchiste

- 1.3** Tá an ghluaiseacht i bhfáltais agus in eisiúintí an Lárchiste thar an tréimhse 2002 go dtí 2014 agus an barrachas nó an t-easnamh maidir le gach ceann de na blianta sin leagtha amach i Fíor 1.1. In 2014, ba ionann an t-easnamh agus €8.2 billiún, €3.3 billiún níos lú ná an t-easnamh a bhí ann in 2013.

Fíor 1.1 Fáлтаis agus eisiúintí an Lárchiste agus barrachas/easnamh, 2002 go dtí 2014



¹ Áirítear le samplaí d'ioncam an Stáit nach n-íoctar isteach díreach sa Lárchiste fáлтаis ó Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh agus fáлтаis ó mhótarcháin a íoctar isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil.

Fíor 1.2 Comhdhéanamh Fháltais agus Eisiúintí an Lárchiste, 2010 go dtí 2014^a

Fáltais	2010	2011	2012	2013	2014
	€m	€m	€m	€m	€m
Ioncam cánach	31,753	34,027	36,646	37,806	41,282
Aistriú ón gCiste Rialtais Áitiúil	–	–	–	–	520
Ioncaim reatha eile	2,687	2,520	2,765	2,676	2,446
Iasachtaí/réamhíocaíochtaí arna n-aisíoc ^b	1,043	986	1,077	1,098	4,987
Aistarraingt as an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean	–	1,018	–	–	–
Díol Irish Life plc	–	–	–	1,301	–
Díol nótaí i mBanc na hÉireann	–	–	–	1,010	–
Díol ceadúnas fón soghluaiste	–	–	450	60	–
Fáltais ó cheadúnas an Chranachuir Náisiúnta	–	–	–	–	405
Fáltais chaipitil eile	138	116	150	113	131
Iomlán na bhfáltas	35,621	38,667	41,088	44,064	49,771
Eisiúintí					
Eisiúintí i gcomhair caiteachas a vótáladh	46,434	45,711	44,950	43,072	42,224
Fónamh an fhiachais náisiúnta	3,619	4,736	5,823	7,459	7,579
Ranníocaíocht le buiséad AE	1,352	1,350	1,393	1,726	1,685
Coimisiún an Oireachtais	103	130	105	101	101
Scairchaipiteal arna fháil i mbainc	725	2,300	1,300	–	–
Íocaíochtaí athchaipitilhe banc	–	5,268	–	–	–
Íocaíochtaí faoin Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008	–	–	–	1,035	75
Aisíocaíocht nótaí gealltanais	–	3,085	25	25	25
Ranníocaíocht chaipitil do Uisce Éireann	–	–	–	–	407
Aistriú fháltais na Cánach Maoine Áitiúla chuig an gCiste Rialtais	–	–	–	–	484
Ranníocaíocht chaipitil chuig an Sásra Cobhsaíochta Eorpach	–	–	510	510	255
Íocaíocht a bhaineann le Clár Margaí Urrús	–	–	–	–	31
Ciste Comhar Creidmheasa	–	–	250	–	–
Iasachtaí/réamhíocaíochtaí ^b	1,428	1,199	1,485	1,444	4,929
Íocaíochtaí eile	105	406	139	195	165
Iomlán na nEisiúintí	53,766	64,185	55,980	55,567	57,960
Easnamh don bhliain	18,145	25,518	14,892	11,503	8,189

Foinse: Cuntais Airgeadais 2010 go 2014

Nóta: a Déantar comhdhlúthú ar idirbhearta Chuntas an Státchiste agus an Chuntais Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla. Tá an cuntas sin á chothabháil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar mhaithe le fónamh an fhiachais náisiúnta agus idirbhearta de ghnáthchineál baincéireachta.

b Féach larscríbhinn A chun sonraí breise a fháil.

Fáltais an Lárchiste

- 1.4** Ba ionann iomlán na bhfáltais isteach sa Lárchiste in 2014 agus €49.8 billiún. Sin méadú €5.7 billiún (13%) i gcomparáid le fáltais 2013.
- 1.5** Tá an méadú bliain ar bhliain i bhfáltais saofa de bharr méadú mór ar leibhéal aisíocaíochta iasachtaí agus réamhíocaíochtaí Státhchiste. Baineann sé sin le húsáid an Lárchiste chun maoiniú sealadach a thabhairt le haghaidh an Chiste Árachais Shóisialaigh (SIF). Ba ionann na réamhíocaíochtaí a rinneadh leis an SIF agus díreach os cionn €4 billiún in 2014 i gcomparáid le €285 milliún in 2013. Nuair a fhághtar na haisíocaíochtaí sin amach as an dá bhliain, tá an méadú i bhfáltais bliain ar bhliain thart ar €2 billiún (4.5%).¹

Ioncaim reatha

- 1.6** Ba ionann cáin agus ioncaim reatha eile agus €44.2 billiún, méadú €3.8 billiún (9.3%) bliain ar bhliain.
- 1.7** Bhí an t-ioncam cánach iomlán in 2014 €3.5 billiún níos airde ná in 2013. Bhain an dá mhéadú ba mhó le fáltais ó cháin ioncaim (€1.4 billiún) agus fáltais CBL (€817 milliún).
- 1.8** Ba ionann ioncam reatha an Lárchiste nár bhain le cáin in 2014 agus €3 billiún. I measc na gcodanna suntasach bhí
- €520 milliún a íocadh leis an Státhchiste ón gCiste Rialtais Áitiúil, dá bhforáiltear faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.²
 - €1.2 billiún in ioncam barrachais an Bhainc Ceannais in 2013 agus a íocadh isteach sa Lárchiste in 2014. Bhí leibhéal níos airde fáltais ann ná mar a bhíonn de ghnáth mar gheall ar ioncam breise bainc a bhain le bearta cobhsaithe baincéireachta.³
 - €475 milliún (€264 milliún in 2013) i ndíbhinní ó scaireanna an Stáit i raon comhlachtaí. Ba é an ESB a rinne an íocaíocht ba mhó (€269 milliún) agus Ervia (€171 milliún).⁴
 - €200 milliún in ús a fuarthas ar nótaí caipitil theagmhasacha a bhí á sealbhú i mbainc.
 - €179 milliún ó institiúidí creidmheasa i ndáil le táillí faoin scéim Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe. Thit sé sin ó €576 milliún in 2013, i ndiaidh dheireadh a chur leis an scéim le haghaidh dlíteanas nua le linn 2013.

1 Féach Caibidil 15 chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le réamhíocaíochtaí leis an gCiste Árachas Shóisialaigh idir 2012 agus 2014.

2 Tá foráil san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 chun suas le €600 milliún a aistriú ón gCiste Rialtais Áitiúil chuig an Státhchiste, ar iarratas ón Aire Airgeadais, an 31 Nollaig 2014 nó roimhe sin.

3 Tá sonraí i gCaibidil 3 faoin gcion d'ioncam an Bhainc Ceannais atá inchurtha i leith beart cobhsaithe baincéireachta.

4 Is Bord Gáis Éireann an t-ainm a bhí ar Ervia roimhe seo.

Fáltais Chaipitil

- 1.9** Ba ionann fáltais chaipitil in 2014 agus €5.5 billiún – €1.9 billiún níos mó ná 2013.

- 1.10** Gan aisíocaíochtaí iasachtaí (lena n-áirítear réamhíocaíochtaí leis an SIF) san áireamh, ba ionann fáiltais chaipitil agus €536 milliún in 2014. Bhí sé sin €1.95 billiún níos lú ná fáiltais in 2013 (€2.5 billiún). Áiríodh le fáiltais 2013 €2.3 billiún ó dhiúscairtí Irish Life agus infheistíocht i mBanc na hÉireann. Bhain fáiltais chaipitil mhóra in 2014 le
- €405 milliún maidir le ceadúnas 20 bliain an Chrannchuir Náisiúnta
 - €115 milliún ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) – méadú 42% (€34.2 milliún) mar thoradh ar íocaíocht dheiridh ó Choimisiún AE maidir le dúnadh roinnt Clár Oibríochta 2000 – 2006 den ERDF.

Eisiúintí an Lárchiste

- 1.11** Ba ionann na heisiúintí ón Lárchiste in 2014 agus €58 billiún, rud a léirigh méadú de thart ar €2.4 billiún, nó 4%, ar leibhéal 2013. Nuair a fhághtar réamhíocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh ar lár, ba ionann na heisiúintí in 2014 agus €54 billiún, 2.4% níos ísle ná in 2013. I measc na gcodanna suntasach bhí
- Bhí eisiúintí ón gCiste i gcomhair seirbhísí vótáilte síos de bhreis is 2% i gcomparáid le 2013.
 - Tháinig méadú €7.6 billiún ar íocaíochtaí a bhain le fónamh iasachtaíochta arna gabháil ar láimh ag an NTMA in 2014, 2% níos airde ná mar a bhí in 2013.
 - Íocadh maoiniú caipitil de €407 milliún le hUisce Éireann.¹
 - Íocadh €75 billiún ón Lárchiste in 2013 faoin Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008, i ndiaidh fhoirceannadh na Corparáide Éireanaí um Réiteach Banc Teoranta. Bhí €1,035 milliún íoctha in 2013 maidir lena fhoirceannadh.

Aistriú na Cánach Maoine Áitiúla

1 Féach Caibidil 11 chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le ranníocaíochtaí caipitil le Uisce Éireann.

2 Tháinig méadú €0.3 billiún ar an scairbhisigh iomlán le héifeacht ón 1 Eanáir 2015, tar éis don Liotuáin dul isteach san ESM an 1 Eanáir 2015.

3 Tá dhá leibhéal ag baint le struchtúr caipitil an ESM. Is scairbhisigh an téarma a thugtar do bhloc tosaigh a bhíonn le hóc ag comhaltáí ESM. Déantar €622 billiún eile i gcaipiteal inghlaoite a chur in áirithe ó chomhaltáí ESM sa todhchaí.

4 Tá sé tugtha faoi deara ag an Roinn Airgeadais, i ndiaidh dhul in éag chlár cúnamh airgeadais na Gréige an 30 Meitheamh 2015, gur chuir ballstáit limistéar an euro aistriú ioncaim 2015 ó phunann an Chláir Margaí Urrús chuig an gcuntas arna bhunú ag an ESM ar fionraí.

- 1.12** Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim an Cháin Mhaoine Áitiúil (LPT) agus aisíoctar leis an Státchiste é mar chuid d'fháltais ioncam cánach. Ag tosú in 2014, iarrtar ar an Aire Airgeadais méid a íoc atá coibhéiseach leis an LPT, lena n-áirítear aon ús a íocann cáiníocóirí i rith na bliana, ón Lárchiste chuig an gCiste Rialtais Áitiúil. As an €491 milliún d'fháltais LPT in 2014, íocadh €484 milliún leis an gCiste Rialtais Áitiúil in 2014 agus íocadh an t-iarmhéid in Eanáir 2015.

Sásra Cobhsaíochta Eorpach

- 1.13** D'fhaomh an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (ESM) scairbhisigh de €80.2 billiún, agus den mhéid sin iarrtar ar Éire sciar arb ionann í agus €1.274 billiún a íoc mar rannchuidiú.² I ndiaidh íocaíochta €255 milliún in Aibreán 2014, bhí gach ceann dá cuid scaireanna íoctha ag Éirinn ar an dáta sin.³
- 1.14** Tá bannaí rialtais na Gréige i seilbh an Bhainc Ceannais mar chuid dá Chlár Margaí Urrús. Faoi Acht an Bhainc Cheannais, 2014, caithfidh Éire méid a íoc atá coibhéiseach leis an ioncam arna shaothrú ag an mBanc Ceannais ar an bpunann seo le cuntas arna bhunú ag an ESM. Íocfar na cistí leis an nGréig mar chúnamh airgeadais. Ní bheidh na méideanna a íocfar níos mó ná €126 milliún carnach agus íocfar go bliantúil iad idir 2014 agus 2026. Déanfar an chéad íocaíocht de €31 milliún in 2014.⁴

Dlíteanais agus Sócmhainní an Státchiste

- 1.15** Ní áirítear clár comhardaithe sna cuntais airgeadais, in ainneoin na leibhéil mhóra de shócmhainní airgeadais agus de dhlíteanais Státchiste atá ann. Déantar iasachtaíocht an Státchiste a mheas i gCaibidil 2, Fiachas Rialtais.

Airgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais

- 1.16** Freastalaíodh ar easnamh €8.2 billiún 2014 agus ar aisíocaíochtaí glanfhiachais de €653 milliún sa bhliain trí chistí arna sealbhú ag tús na bliana. Mar thoradh air sin, thit iarmhéideanna i gcuntas an Státchiste ag an mBanc Ceannais agus sócmhainní airgeadais eile an Státchiste de bheagán os cionn 37% in 2014 (féach Fíor 1.3)Fíor 1.3.
- 1.17** Ag deireadh 2014, ba é an t-iarmhéid ar chuntas an Státchiste sa Bhanc Ceannais ná €4.1 billiún, laghdú €300 milliún ar an iarmhéid a bhí ann ag deireadh 2013. Thar an tréimhse chéanna, thit an t-iarmhéid de thaiscí an Státchiste i mbainc thráchtála (lena n-áirítear taiscí comhthaobhaithe agus comhaontuithe athcheannaigh trí-pháirtí) 50%, ó dhíreach os cionn €11 billiún go dtí €5.5 billiún.¹

¹ Féach Caibidil 2 ar Fhiachas Rialtais chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le comhaontuithe athcheannaigh trí-pháirtí.

Fíor 1.3 Gluaiseachtaí in airgead tirim agus in iarmhéideanna sócmhainní airgeadais an Státhchiste, 2010 go dtí 2014
Gluaiseachtaí in airgead an Státhchiste

	2010	2011	2012	2013	2014
	€m	€m	€m	€m	€m
Iarmhéid ag 1 Eanáir	21,816	16,164	17,692	23,850	23,601
Gluaiseacht sa bhliain					
Glan-iasachtaíocht/ (aisíocaíocht) an Státhchiste sa bhliain ^a	12,493	27,046	21,050	11,254	(653)
(Easnamh) Státhchiste	(18,145)	(25,518)	(14,892)	(11,503)	(8,189)
Iarmhéid ag 31 Nollaig	16,164	17,692	23,850	23,601	14,759

Iomlán airgead tirim agus sócmhainní airgeadais

	2010	2011	2012	2013	2014
	€m	€m	€m	€m	€m
Cuntas Státhchiste sa Bhanc Ceannais	11,399	13,099	15,280	4,432	4,089
An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ^b	600	–	–	–	–
Taiscí bainc ^c	580	30	3,020	11,068	5,540
Billí státhchiste Neamh-Éireannach	–	–	1,045	3,041	1,474
Iasachtaí leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe	3,585	3,848	3,982	3,704	3,145
Maoiniú comhthaobhach	–	715	523	1,356	511
Iarmhéid ag 31 Nollaig	16,164	17,692	23,850	23,601	14,759


Foinse: Cuntais Airgeadais 2010 go 2014

- Nótaí:
- a Ní áirítear le 2012 agus 2013 eisiúintí banna rialtais de €3.5 billiún chun costas íocaíocht an nóta gealltanais de €3.06 billiún leis an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta a sheasamh, agus bannaí ar ráta comhlúthach díreach os cionn €25 billiún arna n-eisiúint chun teacht in ionad nótaí gealltanais na Corparáide Éireannai um Réiteach Banc Teoranta.
 - b Bhí an t-iarmhéid sa chuntas ag deireadh na bliana níos lú ná €500,000 i ngach bliain, cé is moite de 2010.
 - c Áirítear leis taiscí comhthaobhaithe agus comhaontuithe athcheannaigh trí-pháirtí.

Iasachtaí agus Réamhíocaíochtaí an Státhchiste

- 1.18** Bhí iasachtaí agus réamhíocaíochtaí arna soláthar ón Lárchiste, agus a bhí le híoc ag deireadh 2014, comhdhéanta de iasachtaí €3.1 billiún leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus iasachtaí eile arbh fhiú €2.13 billiún iad. Taispeántar i Fíor 1.4 na hiarmhéideanna gan íoc maidir leis na mórchatagóirí iasachtaí agus réamhíocaíochtaí ag deireadh na bliana.

Fíor 1.4 Iarmhéideanna deireadh bliana ar iasachtaí agus réamhíocaíochtaí an Lárchiste, 2009 go 2014



Foinse: Cuntais Airgeadais 2009 go 2014

Iarscríbhinn A Iasachtaí agus Réamhíocaíochtaí, 2011 go 2014

	2011 €m	2012 €m	2013 €m	2014 €m
An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe				
Iarmhéid tosaigh	3,585	3,848	3,982	3,704
Glanghluaiseacht sa bhliain	263	134	(278)	(559)
Iarmhéid deiridh	3,848	3,982	3,704	3,145
An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta				
Iarmhéid tosaigh	673	720	730	715
Aisíocaíochtaí	(673)	(720)	(730)	(715)
Iasachtaí arna n-eisiúint	720	730	715	677
Iarmhéid deiridh	720	730	715	677
Ciste Árachais Shóisialaigh				
Iarmhéid tosaigh	110	55	–	15
Aisíocaíochtaí	(254)	(355)	(285)	(4,015)
Réamhíocaíochtaí	199	300	300	4,000
Iarmhéid deiridh	55	–	15	–
An Ciste Cúitimh Árachais				
Iarmhéid tosaigh	–	280	735	933
Aisíocaíochtaí	–	–	–	(100)
Iasachtaí arna n-eisiúint	280	455	198	–
Iarmhéid deiridh	280	735	933	833
Tacaíocht chobhsaíochta AE don Ghréig				
Iarmhéid tosaigh	346	346	346	346
Aisíocaíochtaí	–	–	–	–
Iasachtaí arna n-eisiúint	–	–	–	–
Iarmhéid deiridh	346	346	346	346
Uisce Éireann				
Iarmhéid tosaigh	–	–	–	–
Aisíocaíochtaí	–	–	–	–
Iasachtaí arna n-eisiúint	–	–	–	54
Iarmhéid deiridh	–	–	–	54
Eile ^a				
Iarmhéid tosaigh	49	19 ^b	17	165
Aisíocaíochtaí	(59)	(2)	(83)	(157)
Iasachtaí arna n-eisiúint	–	–	231	198
Iarmhéid deiridh	(10)	17	165	206

Foinse: Cuntais Airgeadais 2011 go 2014

Nótaí: a Cuimsítear in Eile iasachtaí/réamhíocaíochtaí a aisíocadh agus a eisíodh maidir le NAMA, an Ciste um Chothromú Fiontar, an Ciste Iasachtaí Áitiúil agus réamhíocaíochtaí tuarastail chuig/ó chuntas soláthair PMG.

b Athluadh an t-iarmhéid tosaigh a bhain leis an gCiste Iasachtaí Áitiúil le haghaidh 2012 mar gheall ar díscaoileadh Ulysses Plc, uirlis urrúsaíthe maidir le hiasachtaí áitiúla.

Ciste Árachais Shóisialaigh

Réamhíoctar cistí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh ar bhonn míosúil agus déantar iad a aisíoc leis an Lárchiste ina dhiaidh sin. In 2014, ba ionann iomlán na n-aisíocaíochtaí agus €4.015 billiún. Bhain na haisíocaíochtaí le hiasachtaí €4 billiún in 2014 agus iarmhéid gan íoc de €15 milliún a bhain le hiasacht 2013. Ag deireadh 2014, bhí iarmhéid neamhní gan íoc.

Cuntas Soláthair PMG

Toisc nach raibh aon chórais imréitigh bainc ar fáil ar Déardaoin 1 Eanáir 2015, rinneadh foráil faoi Alt 3 den Acht Leithreasa 2013 ionas go ndéanfaí réamhíocaíochtaí ón Lárchiste chuig cuntas soláthair an Phámháistir Ghinearálta d'fhonn airgead a chur i gcuntais bhainc thráchtála le haghaidh tuarastail a bhí le híoc ó airgead vótáilte ar an Déardaoin 2 Eanáir 2015. Aisíocadh réamhíocaíochtaí díreach os cionn €198 milliún a rinneadh i mí na Nollag 2014 leis an Lárchiste i mí Eanáir 2015.

An Ciste Cúitimh Árachais

Bhí €933 milliún réamhíoctha leis an gCiste Cúitimh Árachais faoi dheireadh 2013. Aisíocadh €100 milliún leis an Lárchiste in 2014, i ndiaidh chinneadh an Aire Airgeadais go raibh sé ar chumas an Chiste Cúitimh Árachais an tsuim sin a aisíoc, rud a d'fhág iarmhéid gan íoc de €833 milliún ar an dáta sin.


2 Fiachas Rialtais

- 2.1** Is ioncam ó chánachas agus muirir eile an phríomhfhoinsé maoinithe atá ag an Stát, ach faigheann an Stát iasachtaí móra freisin anuas ar mhaoiniú bliantúil. Tá cuntas sa tuarascáil seo ar threocht agus ar chomhdhéanamh fiachas an rialtais agus costas fhónamh an fhiachais. Tugtar nuashonrú freisin maidir le gníomhaíocht na hÉireann sa mhargadh fiachais cheannasaigh.

Fiachas Rialtais Ghinearálta

- 2.2** Is é an beart is cuimsithí de fhiachas rialtais ná fiachas rialtais ghinearálta (FiachasGR), tomhas fiachais atá caighdeánaithe go hidirnáisiúnta a bhfuil sé de dhualgas dlíthiúil ar gach tír AE a úsáid chun tuairisciú faoi dhó sa bhliain a dhéanamh ar easnamh agus ar fhiachas an rialtais faoi Chonradh Maastricht. Sainítear FiachasGR le rialacháin AE mar ollfhiachas iomlán ag an luach ainmniúil atá le híoc ag deireadh na bliana le haghaidh earnáil chomhdhlúite an rialtais ghinearálta – is é sin, an t-ollfhiachas iomlán atá le híoc ag gach comhlacht rialtais le tríú páirtithe lasmuigh den rialtas.¹ Ní chomhaireann fiachas atá le tabhairt ag comhlacht rialtais amháin do cheann eile i dtreo FhiachasGR. In Éirinn, áirítear leis an earnáil rialtais ghinearálta formhór na gcomhlachtaí san earnáil phoiblí, ach ní baineann atá faoi úinéireacht phoiblí, NAMA Investment Ltd, agus na cuideachtaí Stáit atá ag feidhmiú ar bhonn tráchtála a chumhdaíonn formhór dá gcostais oibríochta trí dhíolacháin.
- 2.3** Meastar FiachasGR na hÉireann ag deireadh 2014 a bheith ag thart ar €203 billiún – laghdú de bheagnach 6% bliain ar bhliain. Léiríonn sé sin an chéad laghdú i bhFiachasGR le roinnt blianta anuas, mar a thaispeántar i Fíor 2.1

Fíor 2.1 Treocht i bhfiachas rialtais ghinearálta, 2007 go 2014^a




¹ Go sonrach, sainítear FiachasGR mar dhliteanais chomhdhlúite earnáil an rialtais ghinearálta sna catagóirí seo a leanas de Chóras Eorpach na gCuntas (ESA2010): airgeadra agus taiscí; urrúis seachas scaireanna gan díorthaigh airgeadais san áireamh; agus iasachtaí.

Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A1

Nóta: a Is próiseas staitistiúil é an ríomh ar FiachasGR. Dá bhrí sin, féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar na suimeanna arís.

- 2.4** Ag éirí as athruithe sa sainiú ar earnáil an rialtais ghinearálta in 2014, áiríodh an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (IBRC) (i leachtú speisialta) sa ríomh den FhiachasGR, agus é ríofa siar go dtí 2011. Tá an tionchar a bhain le fiachas comhdhlúite IBRC a chur san áireamh ar FiachasGR sa tréimhse 2011 go 2014 taispeánta i Fíor 2.1. Bhí an méid de fhiachas comhdhlúite IBRC ar FiachasGR laghdaithe go dtí €1.2 billiún ag deireadh 2014 (Iarscríbhinn A, Fíor A1).
- 2.5** Is tomhas caighdeánach inbhuanaitheachta é an cóimheas de FhiachasGR le holltáirgeacht intíre (OTI) a chuirtear i bhfeidhm ar mhaithe le comparáid a dhéanamh ar fud an AE. D'ardaigh an FiachasGR mar chuid de OTI ó 24% in 2007 go dtí buaic de 120% in 2012 agus 2013. Ag deireadh 2014, bhí FiachasGR ag 108% de OTI mar a thaispeántar i Fíor 2.2.

Fíor 2.2 FiachasGR mar chion de OTI, 2007 go dtí 2014



Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A2

Straitéis Maoinithe agus Bainistiú Fiach 2013 go 2015


- 2.6** Le haghaidh 2013 agus 2014, thug Aonad Cistithe agus Bainistiú Fiach an NTMA cuntas ar a phríomhchuspóirí le haghaidh na bliana i sraith spriocanna straitéiseacha. Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach na spriocanna straitéiseacha sin le haghaidh 2013 agus 2014 araon.
- 2.7** Ba é príomhspríoc straitéiseach an Aonaid le haghaidh 2013 ná rochtain a fháil ar ais ar mhargaí caipitil ar bhonn inbhuanaithe agus rialta d'fhonn an Stát a ullmhú chun Clár AE/CAI de Thacaíocht Airgeadais a scoir ag deireadh 2013. Ba é plean oibre an NTMA – a fógraíodh go poiblí an 9 Eanáir 2013 – ná €10 billiún a bhailiú, faoi réir dhálaí an mhargaidh.
- 2.8** Le haghaidh 2014, ba é príomhspríoc straitéiseach an Aonaid fiachas meán agus fadtéarmach a ardú ar bhonn rialta agus inbhuanaithe ar bhealach a thiocfadh le normalú iomlán fhilleadh na hÉireann ar mhargaí caipitil tar éis dóibh Clár Tacáíochta Airgeadais AE/CAI a scor ag deireadh 2013. Cistiú bannaí idir €6 billiún agus €10 billiún – a fógraíodh go poiblí ag tús mhí Eanáir 2014 – bhí sé spriocdhírthe ar dtús báire mar a bhí fillleadh ar shraith ceantanna bannaí rialta a chur ar siúl.

- 2.9** Le haghaidh 2015, cheadaigh bord NTMA cistiú bannaí idir €12 agus €15 billiún ag a chruinniú boird i mí na Nollag 2014. Fógraíodh an sprioc-leibhéal den chistiú bannaí seo go poiblí an 22 Nollaig 2014.

Ollfhiachas Náisiúnta

- 2.10** Is é an chuid is mó de FhiachasGR ná an t-ollfhiachas náisiúnta, arb fiachas é a éiríonn as iasachtaí an Státhiste arna ndéanamh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA). Sheas sé sin ag €197.1 billiún ag deireadh 2014, agus is beag athrú a tháinig air i rith na bliana (féach Fíor 2.3). Faoi dheireadh an Mheithimh 2015, bhí an t-ollfhiachas náisiúnta méadaithe go €200.8 billiún – méadú 2%.¹

Fíor 2.3 Ollfhiachas Náisiúnta ag parluachanna infhuascailte, 2007 go dtí 2014 (deireadh bliana) agus ag deireadh an Mheithimh 2015



Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A3

Fiachas Gearrthéarmach

- 2.11** Is fiachas é fiachas gearrthéarmach a bhfuil aibíocht tráth a eisiúna aige de nós lú ná bliain amháin. Ba ionann fiachas gearrthéarmach² agus €4.1 billiún d'ollfhiachas náisiúnta ag deireadh 2014 agus €7.5 billiún ag deireadh Mheithimh 2015 (Iarscríbhinn A, Fíor A6). Úsáidtear ionstraimí gearrthéarmacha chun leachtacht agus solúbthacht a thabhairt le haghaidh uainiú oibríochtaí cistithe fadtéarmacha.

¹ Níl iniúchadh déanta ar na figiúirí le haghaidh deireadh an Mheithimh 2015.

² Níl iasachtú gearrthéarmach an NTMA ó chistí eile Stáit san áireamh m.sh. iarmhéideanna thar oíche.

- 2.12** Is iad na príomhchineálacha iasachtaí gearrthéarmacha ná billí státchiste, nótaí státchiste agus clár páipéar tráchtála in euro. Leanadh de cheantanna rialta ar bhillí státchiste gearrthéarmacha (a cuireadh ar bun arís in Iúil 2012) ar feadh 2014, agus bhí cúig cheant ann i rith na bliana. Idir Eanáir agus Meitheamh 2015, bhí trí cheant eile ann. Díoltar nótaí státchiste agus páipéar tráchtála euro trí fhiosrúchán droim ar ais. Ag deireadh 2014, bhí €0.7 billiún (2013: €1.6 billiún) de nótaí státchiste i seilbh NAMA; ba ionann é sin agus 16% den pháipéar gearrthéarmach iomlán a bhí le híoc ag deireadh 2014.

Fiachas meán agus fadtéarmach

- 2.13** Ba ionann fiachas meán agus fadtéarmach ag deireadh 2014 agus 89% den ollfhiachas náisiúnta. Cuimsíodh ann go príomha iasachtaí i bhfoirm bannaí rialtais, agus iasachtaí a fuarthas faoi Chlár Tacaíochta Airgeadais AE-CAI d'Éirinn.

Bannaí Rialtais

- 2.14** As an €116 billiún i mbannaí rialtais a bhí le híoc ag deireadh mhí na Nollag 2014, ba ionann bannaí ar ráta seasta agus €90.6 billiún nó 78%.
- 2.15** I rith 2014, d'ardaigh an NTMA €11.75 billiún (ainmniúil) de chistiú margaí bannaí, lena n-áirítear na hidirbhearta suntasacha seo a leanas.
- I mí Eanáir, d'ardaigh an NTMA €3.75 billiún ó dhíol sindeacáite banna tagarmharcála nua deich mbliana, le dáta aibíochta de Mhárta 2024 ag toradh 3.54%.¹
 - I mí an Mhárta, chuir an NTMA tús le ceantanna bannaí sceidealaithe arís (a bhí curtha ar fionraí in 2010) – bhí cúig cheant sceidealaithe ann i rith 2014 as banna státchiste 2024 a shaothraigh €4.25 billiún ar an iomlán – bhí na torthaí idir 2.97% sa chéad cheant síos go dtí 1.63% sa cheant deiridh i mí Dheireadh Fómhair.
 - I mí na Samhna, chuir an NTMA a chistiú bannaí i gcrích don bhliain a shaothraigh €3.75 billiún nuair a heisíodh banna nua tagarmharcála 15-bliana le sindeacáit, ag toradh 2.49%.
- 2.16** Ar an 2 Iúil 2014, thug an NTMA ar ais díreach faoi bhun €1.1 billiún de bhanna státchiste 2016 de 4.6% láithreach bonn. Áiríodh san idirbheart freisin aistriú, a rinneadh ar bhunús ainmniúil '2 ar 1', ina bhfacthas €959 milliún de bhanna 2016 tugtha ar ais agus €479.5 milliún den bhanna státchiste 2023 de 3.9%. Laghdaigh an t-idirbheart sin an méid a bhí gan íoc den bhanna státchiste 4.6% a bhí ag dul in aibíocht in Aibreán 2016 go dtí €8.1 billiún, ó €10.2 billiún.
- 2.17** Is é Banc Ceannais na hÉireann a choinníonn an clár de shealbhóirí bannaí rialtais na hÉireann. Mhéadaigh sealbhóirí bannaí rialtais atá cónaitheach in Éirinn ó 17% ag deireadh 2009 go dtí 45% ag deireadh 2014.

Bannaí Rialtais ar Ráta Comhlúthach

- 2.18** In 2010, mar chuid den phróiseas a bhain le hathchaipitliú bainc, d'eisigh an tAire Airgeadais luach €30.85 billiún de nótaí gealltanais do thrí institiúid airgeadais – Banc Angla Éireannach (Anglo), Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann (INBS) agus an Cumann Oideach Foirgníochta (EBS).² Ba é an tionchar glan a bhí ag an mbeart sin ná fiachas Stáit a chruthú lasmuigh den ollfhiachas náisiúnta a bhí á bhainistiú ag an NTMA. Bhí na nótaí gealltanais i seilbh an Bhainc Ceannais mar chomhthaobhacht le hiasachtaí a thabhairt don IBRC.

¹ Is ionann an toradh agus an ráta bliantúil toraidh a gheobhaidh infheisteoirí as na bannaí a bheith ina seilbh acu.

² Rinneadh cumasc ina dhiaidh sin ar Anglo agus INBS, tugadh an IBRC orthu.

- 2.19** Ar an 7 Feabhra 2013, ceapadh comhleachtaitheoirí speisialta ar an IBRC. Tháinig ocht gcinn de bhannaí rialtais nua ar ráta comhlúthach a raibh luach ainmniúil €25.034 billiún acu in ionad nótaí gealltanais IBRC, a d'eisigh an NTMA don Bhanc Ceannais le haibíochtaí idir 25 agus 40 bliain. Ba ionann na bannaí rialtais sin ar ráta comhlúthach agus 21% den iarmhéid foriomlán de bhannaí rialtais ag deireadh na Nollag 2014.
- 2.20** I mí na Nollag 2014, cheannaigh an NTMA €500 milliún ainmniúil de bhanna 2038 agus cuireadh ar ceal é. D'íoc an NTMA €680 milliún leis na mBanc Ceannais, rud a chruthaigh brabús de réir na leabhar don Bhanc Ceannais. Tugann an Banc Ceannais céatadán de na brabúis ar ais don Státchiste agus coinníonn sé an chuid eile mar chúlchistí.¹ Idir Meitheamh agus Lúnasa 2015, cheannaigh an NTMA ar ais agus chuir sé €1 billiún ainmniúil eile den bhanna 2038 ar ceal, le haghaidh comaoine iomlán de bheagnach €1.35 billiún.
- 2.21** Is é luach ainmniúil na nótaí gealltanais gan íoc an 30 Meitheamh 2015 ná €187 milliún, a bhaineann le EBS amháin. Fuair EBS íocaíochtaí bliantúla de €25 milliún sa tréimhse ó 2011 go 2015 arbh fhiú €125 milliún ar an iomlán iad. Tá an ráta úis ar na nótaí gealltanais socraithe ag 5.46%.

Clár Tacaíochta Airgeadais AE-CAI

- 2.22** Bhí foráil i gclár AE-CAI na hÉireann le haghaidh cistiú iasachta ó shaoráidí AE, an CAI agus iasachtaí déthaobhacha ón RA, an tSualainn agus an Danmhairg. Tharla aisíocaíocht dheiridh an chlár de €0.8 billiún ón Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSM) i mí Márta 2014. Ba é an glanmhéid in euro a fuair an Státchiste faoin gclár ná €67.5 billiún (tar éis coigeartaithe le haghaidh eisiúintí ar lascaine, corrlach réamhíochta a asbhaint, agus tionchar na n-idirbhearta malairte coigríche).
- 2.23** Bhí an tacaíocht sheachtrach seo a leanas le fáil faoin gclár an chéad lá riamh
- €22.5 billiún ó Shaoráid Chiste Sínte CAI
 - €22.5 billiún ón EFSM
 - €17.7 billiún ón Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (Sin glan ar chorrach réamhíochta de €530 milliún²) agus
 - €4.8 billiún in iasachtaí déthaobhacha ón Ríocht Aontaithe (€3.8 billiún), an tSualainn (€0.6 billiún) agus an Danmhairg (€0.4 billiún).
- 2.24** Idir an Nollaig 2014 agus Márta 2015, rinne Éire aisíocaíochtaí luatha arbh fhiú os cionn €18 billiún ar an iomlán iad nó 81% den tsaoráid iasachta €22.5 billiún a fuarthas ón CAI an chéad lá riamh a deonaíodh faoi Chlár AE/CAI.³ Bhí an aisíocaíocht ar an gcuid ba dhaoire den tsaoráid CAI. Tá sé measta ag an NTMA go nginfidh na haisíocaíochtaí luatha coigiltis de bhreis is €1.5 billiún thar chéad shaolré na n-iasachtaí.
- 2.25** Rinneadh leasú roinnt uaireanta ar théarmaí chistiú AE-CAI ó rinneadh na chéad tarraingtí anuas chun corrlaigh úis a laghdú ar iasachtaí déthaobhacha, EFSF agus EFSM agus aibíochtaí sínte le haghaidh iasachtaí arna ndeonú ag an EFSF agus EFSM.
- 2.26** Laghdaíodh iarmhéid iasachta chlár AE-CAI a bhí le híoc go dtí €49.7 billiún ag deireadh an Mheithimh 2015. Is iasacht déthaobhach ón Ríocht Aontaithe an chéad cheann d'iasachtaí an chlár a thiocfaidh in aibíocht in 2019.

1 Foráiltear in IR Uimh. 93 de 1943 Rialacháin Bhanc Ceannais na hÉireann (Barrachas Ioncaim) go bhféadfaidh an Banc Ceannais suas le huasmhéid de 20% brabúis a choimeád gach bliain).


2 Ba ionann an chéad tarraingt anuas ón EFSF i mí Feabhra 2011 agus €4.2 billiún. Ag an am, bhí dualgas ar Éire luach reatha na muirear corrlaigh úis a thabhoífaí thar shaolré na hiasachta a réamhíoc (€530 milliún), chomh maith le táillí agus muirir bhreise de €72 milliún. Íocadh glanmhéid de €3.6 billiún amach. Táthar ag súil go n-aisíocfar €485 milliún den chorrach réamhíochta €530 milliún (mar aon leis an toradh infheistíochta EFSF gaolmhar) le hÉirinn in 2016. Tá an €45 milliún atá fágtha dlíthe do ráthóirí i mballstáit.

3 Nochtann na haisíocaíochtaí sin na príomh-oibleagáidí aisíocaíochta atá ar an CAI a bhí le bheith dlíthe ar dtús ó Iúil 2015 go dtí Eanáir 2021.

Próifíl Aibíochta an Fhiachais

- 2.27** Tá dátaí aibíochta éagsúla ag fiachas meán agus fadtéarmach. Ag deireadh an Mheithimh 2015, bhí aibíocht iarmharach na mbannaí rialtais ar ráta seasta eisithe ó faoi bhun bliain amháin go dtí 30 bliain. Bhí aibíocht na mbannaí ar ráta comhlúthach idir 23 agus 38 bliain, agus bhí aibíocht dheiridh na mbannaí amúchta idir 12 agus 32 bliain. Is í an aibíocht is faide le haghaidh iasachtaí faoi chlár AE-CAI faoi láthair ná díreach os cionn 27 bliain.
- 2.28** Taispeántar i Fíor 2.4 próifíl aibíochta na mbannaí rialtais agus fiachas chlár an AE-CAI (luach iomlán €174 billiún) ag deireadh an Mheithimh 2015.

Fíor 2.4 Próifíl aibíochta na mbannaí rialtais agus cistiú an chlár AE-CAI arna sealbhú ag deireadh an Mheithimh 2015^a



Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A4 agus Fíor A5


- Nótaí:
- a Taispeántar iarmhéideanna an chlár AE-CAI glan ar idirbhearta fáilithe airgeadra nuair is ábhartha.
 - b Léiríonn iasachtaí EFSF síntí aibíochta a comhaontaíodh i Meitheamh 2013. Tá iasachtaí EFSM faoi réir síneadh seacht mbliana freisin. Níltear ag súil go gcaithfidh Éire athmhaoiniú a dhéanamh ar aon cheann dá iasachtaí EFSM roimh 2027. Mar sin féin, ní chinnfear dátaí aibíochta athbheithnithe na n-iasachtaí EFSM aonair ach amháin nuair a thagann siad gar dá ndátaí aibíochta tosaigh. Tá na haibíochtaí EFSM tosaigh léirithe anseo.
 - c Áirítear bannaí amúchta leis.

¹ Úsáidtear an ciste fiachmhúchta chun aisiocaíochtaí príomhshuime a dhéanamh. Gach bliain, déantar foráil do bhliantaí san Acht Airgeadais agus íoctar isteach sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla iad ón Lárchiste. Úsáidtear méid sonrach de sin chun fónamh a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta (íocaíochtaí úis) agus an t-iarmhéid le haghaidh aisiocaíochtaí príomhshuime (dá dtagraítear mar an ciste fiachmhúchta). Fuarthas réidh leis an gceanglas íocaíocht bhliantúil a dhéanamh ón gciste fiachmhúchta san Acht Airgeadais 2014.

Costais Fónamh Fiachais

Costas Bliantúil

- 2.29** Ba é costas fónamh an fhiachais a nochtadh i gcuntais NTMA le haghaidh 2014 ná díreach os cionn €8.2 billiún nuair a thomhaistear é ar bhonn airgid, suas imeallach (2%) bliain ar bhliain (féach Fíor 2.5). Nuair a chuirtear aistriú de €633 milliún san áireamh ó chistí reatha chuig ciste fiachmhúchta reachtúil, bhí an eisíocaíocht fónamh díreach faoi bhun €7.6 billiún.¹ Tá sé sin glan ar luach €124 milliún d'ús a fuarthas agus áirítear leis luach €108 milliún de tháillí agus costais.

Fíor 2.5 Costais Fónaimh Fiachais, 2007 go dtí 2014 (modh ar bhonn airgid)

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- 2.30** Nuair a thomhaistear costas fónaimh an fhiachais ar bhonn fabhruithe, ba é an costas fónaimh le haghaidh 2014 ná €7.7 billiún.¹ Ba é an costas coibhéiseach le haghaidh 2013 ná €7.4 billiún – méadú 3% bliain ar bhliain.

Meánchostas Iasachtaí a Fháil

- 2.31** Ag deireadh 2014, measadh go raibh an meánchostas ualaithe foriomlán maidir leis an ollfhiachas náisiúnta a fhónamh ag 3.8% (deireadh-2013: 3.9%). Measann an NTMA go bhfuil an meánchostas ualaithe foriomlán maidir leis an ollfhiachas náisiúnta a fhónamh ag 3.5% ag deireadh an Mheithimh 2015. Ag deireadh an Mheithimh 2015, bhí thart ar 92% den ollfhiachas náisiúnta ag rátaí seasta, lena n-áirítear fiachas ina ndearnadh fálú.² Bhí an chuid eile den fhiachas ag rátaí úis chomhdhlúthaigh.

1 Aithníonn an bonn fabhruithe na costais fónaimh fiachais a thabhaítear sa bhliain, seachas iad sin a íoctar, agus ní áirítear leo gluaiseachtaí sa chiste fiachmhúchta.

2 Áirítear freisin le fiachas ar ráta seasta iasachtaí EFSF a íoctar amach mar chuid de chomhshásra cistithe EFSF. Tá baint ag costas na gcomhshasachtaí EFSF sin le costas chistí EFST ó thaobh an chiste a bhainistiú agus is féidir athrú leis ó am go ham.

Fíor 2.6 Meánchostas Iasachtaí a Fháil, deireadh na Nollaig 2014

	% Ollfhiachas Náisiúnta	Meánráta úis
Táirge	Nollaig 2014 ^a	%
Bannaí ar ráta socraithe agus bannaí amúchta	46.6	4.64 ^b
Clár AE-CAI	29.8	3.22 ^c
Bannaí ar ráta comhlúthach	12.4	2.80 ^d
Scéimeanna coigiltis an Stáit	8.3	2.72 ^e


Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- Nótaí:
- a Tá an 2.9% den ollfhiachas náisiúnta atá fágtha déanta suas de fhiachas gearrthéarmach (2.4%) agus fiachas eile meán/fadtéarmach (0.5%). Tá na figiúirí thuas tugtha go dtí an míle is gaire.
 - b Sin é an ráta úis ainmniúil atá difriúil ón toradh.
 - c Is ionann an ráta agus an costas coibhéiseach seasta cuimsithe in euro ag léiriú costas fálaíthe.
 - d Is ionann é sin agus ráta úis Euribor sé-mhí móid meán-chorrlach de 263 bhonnphointe. Léiríonn an ráta an ráta ábhartha athshocraithe. Tá babhtálacha rátaí úis déanta ag an NTMA chun gné den nochtadh do ghluaiseachtaí rátaí úis a fháil. Mar sin féin, ní chuirtear an fáilú sin san áireamh na rátaí luaite.
 - e Léiríonn an ráta sin ús agus costais fabhráithe in 2014 mar chéatadán de mheán-iarmhéideanna scéimeanna coigiltis an Stáit. Bhí na huasrátaí úis (AER) a bhí iníoctha ar na táirgí ráta seasta ar théarma seasta a bhí ar fáil le ceannach ag deireadh 2014 idir 0.83% – 2.26% (síos ó 1.32% – 2.66% ag deireadh 2013)

Comhdhéanamh an airgid thirim agus Sócmhainní Eile Airgeadais

- 2.32** Sainíonn an NTMA an ‘glanfhiachas náisiúnta’ mar ollfhiachas náisiúnta arna thabhu ag an Státchiste, lúide iarmhéideanna airgid agus sócmhainní eile airgeadais arna sealbhú.
- 2.33** Bhí iarmhéideanna suntasacha d’airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile ag an NTMA le roinnt blianta anuas. Ag deireadh 2014, bhí €14.8 billiún in iomlán á sealbhú. Bhí sé sin méadaithe 21% go dtí €17.9 billiún ag deireadh an Mheithimh 2015.
- 2.34** Tá comhdhéanamh airgid thirim agus sócmhainní airgeadais an Státchiste athraithe go suntasach le blianta beaga anuas. Roimh an ngéarchéim airgeadais, bhí siad beagnach ar fad sealbhaithe i bhfoirm earlaisí ag an mBanc Ceannais. Ag deireadh 2014, ní raibh ach 28% de airgead tirim agus sócmhainní airgeadais sealbhaithe sa Bhanc Ceannais (féach Fíor 2.7).

Fíor 2.7 Airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile, 2007 go dtí Meitheamh 2015



Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A7

Nóta: a Deireadh Meitheamh 2015

2.35 Bhí beagnach 75% (€11.1 billiún) d'airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile a bhí sealbhaithe ag deireadh 2014 ar fáil don Stát láithreach bonn nó ar bheagán fógra. Ní raibh nótaí ráthaithe de €3.1 billiún de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe inréadaithe go héasca. Úsáideadh €0.5 billiún eile chun comhthaobhacht a cuireadh i dtaisc le contrapháirtithe díorthacha faoi chomhaontuithe tacaíochta airgeadais a chistiú, agus cé nach bhfuil siad inréadaithe go héasca, tugtar luach airgid dóibh a léiríonn athruithe i margadhluach na ndíorthach gaolmhar nó de réir mar a théann na díorthaigh in aibíocht.¹

1 Tá sé seo glan ar chomhthaobhacht breactha de €1.5 billiún agus comhthaobhacht a fuarthas ó NAMA (€690 milliún), IBRC (€25 milliún) agus contrapháirtithe eile (€289 milliún).

2 D'fhonn riosca creidmheasa contrapháirtí a bhainistiú, faigheann an NTMA comhthaobhacht cosúil le bannaí Rialtais le haghaidh airgead a chuirtear i dtaisce.

3 Tá feidhm leis sin i gcás taiscí rialtais atá níos mó ná an ceann is airde de €200 milliún nó 0.04% de olltáirgeacht intíre.

2.36 I mí Iúil 2015, d'foc an tAire Airgeadais €427 milliún le 27 n-údarás áitiúil ón Státchiste faoi Alt 10 (3) den Acht um Sheirbhísí Uisce 2014, ionas go mbeidís in ann aon iasachtaí a bhain le huisce (agus ús gaolmhar) a bhí i seilbh na n-údarás áitiúil a aisíoc. Laghdóidh sé sin sealúchas nótaí ráthaithe HFA ach méadóidh sé an sealúchas airgid de réir mar a aisíocann an HFA na nótaí.

2.37 Ó 2012 i leith, d'infheistithe an NTMA iarmhéideanna airgid a bhí ar fáil i dtaiscí bainc gearrthéarmacha (lena n-áirítear taiscí comhthaobhachta,² comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais trí-pháirtí agus i mBillí Státchiste neamh-Éireannach). Saothraíonn na hinfeistíochtaí sin ráta toraidh níos airde ná airgid tirim atá sealbhaithe ag an mBanc Ceannais ach d'fhéadfadh baol níos airde a bheith leo freisin.

2.38 I mí an Mheithimh 2014, i ndiaidh chinneadh an Bhainc Cheannais Eorpaigh, fuair taiscí a bhí sealbhaithe sa Bhanc Ceannais luach saothair ag náid faoin gcéad nó ar ráta na saoráide taisce, cibé acu is ísle.³ Bhí an ráta taisce lúide 0.1% ón 10 Meitheamh 2014 agus lúide 0.2% ón 9 Meán Fómhair 2014.

- 2.39** Ag deireadh an Mheithimh 2015, bhí €1.8 billiún nó 12% de na hiarmhéideanna airgid thirim a bhí ar fáil agus iarmhéideanna infheistíochta gearrthéarmacha eile i gcomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais trí-pháirtí le hinstiúidí airgeadais.¹ Áiríodh le riaradh na n-idirbheart socrúcháin, leithdháileadh comhthaobhachta agus comhlíonann gníomhaire tríú páirtí feidhmeanna eile (Euroclear). Cuirtear taiscí comhthaobhachta i gcrích go hiomlán anois faoi chomhaontuithe trí pháirtí. Ag deireadh an Mheithimh 2015, bhí an meánaibíocht ualaithe foriomlán a bhí fágtha ar na comhaontuithe seo ag 12 lá.

Ciste Bhanc Taisce an Phoist

- 2.40** Bhí barrachas carntha de €190 milliún i gCiste Bhanc Taisce an Phoist (an Ciste) an 31 Nollaig 2014. Faoi threoirínte a d'eisigh an tAire Airgeadais don NTMA, ní mór don Chiste barrachas carntha a choinneáil os cionn €5 mhilliún.
- 2.41** Ní cuid de shócmhainní airgeadais an Státchiste barrachas carntha an Státchiste. Foráiltear áfach in alt 19 den Acht Airgeadais, 1930 an cumas leithreasú a dhéanamh don Státchiste ar bharrachas carntha den Chiste, tar éis foráil iomchuí a dhéanamh le haghaidh dímhéasa i luach sócmhainní an Chiste atá ar fáil chun dliteanais na dtaisceoirí a chomhlíonadh.
- 2.42** Luaigh an NTMA gur tharla sé in 2015, gur tharla aisiompú ar fheidhmíocht bannaí rialtas na hÉireann agus gur ardaigh torthaí. Mar gheall air sin, bhí toradh diúltach tabhaithe ag an gCiste don bhliain go dáta, rud a d'fhág laghdú ar na cúlchistí carntha go dtí €172 milliún ag deireadh an Mheithimh. Luadh go bhféadfadh leithreasú ar aon bharrachas trí dáileachán na gcúlchistí, ach gach rud a bheith cothrom, an ceanglas iasachta an Státchiste níos ísle agus go laghdófar an fiachas náisiúnta dá réir sin. Mar sin féin, ní bheadh aon tionchar aige sin ar larmhéid an Rialtais Ghinearálta, toisc go rangáitear an POSB laistigh den earnáil 'Rialtais Ghinearálta'.
- 2.43** Luadh toisc go bhféadfadh luaineacht mhéadaithe a bheith sa timpeallacht ráta úis íseal reatha, agus mar gheall go mbeadh tionchar neamhbhríoch ag leithreasú barrachais ar an bhfiachas náisiúnta, agus ag tabhairt faoi deara an laghdú ar an mbarrachas ó dheireadh 2014, nach molfaí faoi láthair go n-aistreofaí an barrachas chuig an Státchiste, agus gur cheart ina ionad sin é a choinneáil sa Chiste le haghaidh íocaíochtaí úis amach anseo le taisceoirí POSB agus mar fhoráil i gcoinne dímhéasa ar luach na n-urrús atá chun sochair an Chiste.
- 2.44** Sa tréimhse ó 2000 go dtí 2011, charnadh an Ciste barrachas a raibh luach idir €7.5 milliún agus €13.2 milliún ag gabháil leis. Ó 2012 i leith, tháinig méadú suntasach ar an mbarrachas, ag méadú go dtí €66.6 milliún in 2012 agus méaduithe eile in 2013 agus 2014 go dtí €96.2 milliún agus €190.4 milliún faoi seach.

Conclúidí

- 2.45** Thit an cóimheas de FhiachasGR le OTI go dtí 108% ag deireadh 2014, óna bhuaic-leibhéal de 120% ag deireadh 2013, a tharla a bheag nó a mhór mar gheall ar fhás láidir an OTI agus laghdú ar dhliteanais IBRC.
- 2.46** Is iasachtaíocht charnach an chomhchuid is mó de Fhiachas GR arna dhéanamh ag an NTMA thar ceann an Stáit, dá dtagraítear mar ollfhiachas náisiúnta. Tháinig laghdú €500 milliún glan air sin i rith 2014. Sna chéad sé mhí de 2015, tháinig méadú imeallacha go dtí €201 billiún ar an ollfhiachas náisiúnta. Is mar gheall ar fhiachas gearrthéarmach breise agus bannaí Rialtais a tharla formhór an mhéadaithe.

¹ Bíonn feidhm le comhaontú athcheannaigh droim ar ais nuair a cheannaíonn páirtí amháin sócmhainn ó pháirtí eile agus geallann sé an tsócmhainn a dhíol ar ais leis an dara páirtí ar dháta sa todhchaí.

- 2.47** Measann an NTMA go raibh an meánchostas ualaithe foriomlán maidir leis an ollfhiachas náisiúnta a fhónamh ag 3.5% ag deireadh an Mheithimh 2015, síos ó 3.8% ag deireadh 2014. Ag deireadh an Mheithimh 2015, bhí thart ar 92% den ollfhiachas náisiúnta ag rátaí seasta, lena n-áirítear fiachas ina ndearnadh fálú. Bhí an chuid eile den fhiachas ag rátaí úis chomhdhlúthaigh.
- 2.48** Cúis mhór gur tháinig laghdú ar an meánchostas a bhain le hiasachtaí a fháil ná go ndearnadh aisíocaíocht roimh an am ar an gcuid ba dhaoire d'iasacht an AE-CAI. Rinneadh an chéad tráinse den aisíocaíocht luath a cuireadh i gcrích sa chéad ráithe de 2015, agus ar an iomlán, aisíocadh díreach os cionn €18 billiún (81% de bhun-saoráid iasachta an CAI) roimh an am. Sa deireadh thiar, ba chistiú bannaí níos mó ná céad sprioc an NTMA a fuarthas in 2014 an chúis gur aisíocadh roimh an am an chuid ba dhaoire de shaoráid iasachta CAI.
- 2.49** Ní leagann an Aire Airgeadais aon teorainn airgid ar leith síos maidir leis an leibhéal airgid thirim agus sócmhainní airgeadais a bheidh le coinneáil ag an NTMA. Tá sé ráite ag an NTMA gurb é an polasaí atá acu faoi láthair de réir bhainistiú stuama an riosca leachtachta, ná airgead tirim agus sócmhainní leachtacha eile a choimeád a bheidh ar choibhéis le díol dhá mhí dhéag ar a laghad de cheanglais réamh-mhaoinithe an Státchiste.
- 2.50** Ag deireadh 2014, bhí os cionn leath de na sócmhainní á sealbhú in ionstraimí le toradh níos airde (ach riosca níos airde freisin). In ainneoin sin, tá an toradh ar airgead tirim agus ar shócmhainní gaolmhara níos ísle ná an meánchostas iasachta. Mar thoradh air sin, tá costas ag baint le leibhéil arda d'iarmhéideanna airgid thirim a choinneáil.

Iarscríbhinn A

Fíor A1 Comhdhéanamh Fhiachas Rialtais Ghinearálta ag deireadh na bliana, 2007 go dtí 2014^a

	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014
	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
An Rialtas Láir – Státchiste								
Ollfhiachas náisiúnta	42,047	72,457	96,968	109,609	136,774	161,482	197,547	197,069
Lúide dliteanais do chomhlachtaí eile an rialtais láir, údaráis áitiúla agus CGOanna	(2,943)	(3,275)	(2,409)	(2,472)	(2,635)	(2,330)	(2,346)	(2,621)
Coigeartú maidir le luach ainmniúil an fhiachais ^b	23	489	55	72	4	6	4	2
Corrlach réamhíochta an Chiste Cobhsaíochta Airgeadais Eorpaigh	–	–	–	–	530	530	530	530
Dlitanas maidir le mona i gcúrsaíocht	653	697	674	673	694	670	675	693
Coigeartú fabhráithe ^c	780	653	346	368	464	548	604	596
Coigeartuithe eile ^d	4	3	12	(10)	153	1440	996	1,042
Réamh-ús ar iasachtaí náisiúnta	–	–	127	64	12	12	5	49
Nótaí gealltanais	–	–	–	30,850	28,333	25,261	215	2011
Ranníocaíocht Státchiste	40,564	71,024	95,773	139,154	164,329	187,619	198,230	197,561
Rialtas Láir Eile								
Fiachas comhdhlúite IBRC	–	–	–	–	20,927	17,797	12,660	1,237
Taiscí Chiste Bhanc Taisce an Phoist	1,303	1,770	1,892	2,328	2,506	2,774	2,646	2,672
Comhlachtaí Stáit eile ^e	584	876	789	544	536	456	375	654
Ceannach amach Westlink	–	560	510	460	410	360	310	260
Ranníocaíocht eile an rialtais láir	1,887	3,206	3,191	3,332	24,378	21,387	15,991	4,823
An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe								
Ollfhiachas	4,338	4,992	4,941	4,512	4,414	4,501	4,423	4,209
Lúide dliteanais do chomhlachtaí agus údaráis áitiúla an rialtais láir	(523)	(487)	(212)	(3,833)	(4,030)	(4,107)	(3,996)	(3,796)
Ranníocaíocht na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe	3,815	4,505	4,729	679	384	394	427	413
Rialtas Áitiúil								
Ollfhiachas	4,744	5,403	5,641	5,598	5,469	5,358	4,956	4,776
Lúide dliteanais don Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus comhlachtaí eile an rialtais láir	(3,862)	(4,534)	(4,667)	(4,537)	(4,438)	(4,521)	(4,276)	(4,254)
Ranníocaíocht an rialtais áitiúil	882	869	974	1,062	1,032	837	679	522
Iomlán^f	47,148	79,604	104,667	144,227	190,123	210,238	215,327	203,319

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

- Nótaí:
- a Faisnéis do na blianta 2009 go 2014 faighte ó fhoilseachán CSO ó Aibreán 2015 'Government Finance Statistics Annual results' (*Torthaí Bliantúla de Staitisticí Airgeadais an Rialtais*). Faisnéis maidir le 2007 agus 2008 curtha ar fáil ag CSO mar chuid dá thuairiscéan de Fhiachas Rialtais Ráithiúil chuig Eurostat.
 - b Luaitear FiachasGR a thuairiscítear don AE ag luachanna ainmniúla. Eisítear fiachas áirithe, cosúil le páipéar tráchtála, ag lascaine ar a luach ainmniúil, ach tuairiscítear an luach ainmniúil chun críocha FiachasGR.
 - c Cúlchiste Mionchoigiltis agus réamh-ús ar iasachtaí náisiúnta.
 - d Comhaontuithe athcheannaigh, comhthaobhacht agus conarthaí OPW.
 - e Áirítear leis ospidéal dheonacha, FSS, an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta.
 - f Ní áirítear leis sin dliteanais eile an státchiste lena n-áirítear tiomantais maidir le conarthaí comhpháirtíochta poiblí príobháidí a bhí ann ag deireadh na bliana agus teidíochtaí pinsin fabhráithe.

Fíor A2 FiachasGR mar chion de OTI, 2007 go dtí 2014^a

Cóimheas	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014
	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
FiachasGR	47,148	79,604	104,667	144,227	190,123	210,238	215,327	203,319
OTI	197,054	187,547	169,432	166,157	173,940	174,845	179,448	189,046
FiachasGR: OTI	24%	42%	62%	87%	109%	120%	120%	108%

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

Nóta: a Faisnéis do na blianta 2009 go 2014 faighte ó fhoilseachán CSO ó Aibreán 2015 'Government Finance Statistics Annual results' (Torthaí Bliantúla de Staitisticí Airgeadais an Rialtais). Faisnéis maidir le 2007 agus 2008 curtha ar fáil ag CSO mar chuid dá thuairisceán de Fhiachas Rialtais Ráithiúil chuig Eurostat.

Fíor A3 Iasachtaíocht charnach ag parluachanna infhuascailte, ag deireadh na bliana 2007 go dtí 2014 agus deireadh an Mheithimh 2015^a

	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	Meitheamh 2015
	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Fiachas meán/fadtéarmach ^b									
Bannaí Rialtais	30,947	41,863	70,858	90,102	85,310	87,853	111,007	116,339	124,382
Cistiú chlár AE-CAI ^c	–	–	–	–	34,629	55,898	66,942	58,793	49,665
Meán/fadtéarmach eile	615	483	670	673	673	772	772	927	1,068
Fiachas gearrthéarmach ^d									
Fiachas gearrthéarmach	3,286	21,783	16,261	6,972	2,920	2,690	2,645	4,102	7,534
Fiachas eile									
Iasachtaí ó chistí Stáit eile ^e	2,258	2,605	1,783	1,524	1,696	786	676	523	1,571
Scéimeanna coigiltis an Rialtais ^f	4,941	5,723	7,396	10,338	11,546	13,483	15,506	16,384	16,546
Ollfhiachas Náisiúnta	42,047	72,457	96,968	109,609	136,774	161,482	197,548	197,068	200,766

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Níl iniúchadh déanta ar na figiúirí le haghaidh dheireadh an Mheithimh 2015

b Aibíochtaí bunaidh de bhreis is bliain amháin.

c Luaitear na hiarmhéideanna glan ar idirbhearta fálaíthe airgeadra.

d Aibíochtaí bunaidh de bhliain amháin nó níos lú.

e Baineann an phríomhghné den iasachtú seo le Taiscí Chiste Bhanc Taisce an Phoist.

f Aibíochtaí suas go dtí deich mbliana.

Fíor A4 Clár tacaíochta airgeadais AE-CAI d'Éirinn, Nollaig 2014 agus deireadh an Mheithimh 2015^a

Iasachtóir	Nollaig 2014		Deireadh an Mheithimh 2015	
	€m	Meántéarma (blianta) ^b	€m	Meántéarma (blianta) ^b
CAI	13,550	8.3	4,342	9.3
SaorCAE ^c	17,881	20.7	17,881	20.7
SásCAE	22,500	12.2	22,500	12.2
Iasachtaí déthaobhacha ^d	4,862	7.5	4,942	7.5
Iomlán	58,793		49,665	

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- Nótaí:
- a Tá dífeall sa dliteanas atá le híoc ag deireadh an Mheithimh 2015 ón méid tarraingthe anuas mar gheall ar aisíocaíochtaí, tionchar ionstraimí fálaíthe le riosca airgeadra fálaíthe, gluaiseachtaí ráta malairte agus coigeartú le haghaidh eisiúintí ar lascaíne. Luaitear na hiarmhéideanna glan ar idirbhearta fálaíthe airgeadra.
 - b Meántéarma ualaithe ó dháta an tarraingthe anuas.
 - c Taispeántar figiúirí SaorCAE glan de chorrach réamhíochta de €530 milliún. Táthar ag súil go n-aisíofar €485 milliún den chorrach réamhíochta le hÉirinn in 2016. (Bhí an dliteanas comhiomlán iomlán lena n-áirítear an corrlach réamhíochta ag deireadh an Mheithimh 2015 cothrom le €50.2 billiún.)
 - d Tá na hiasachtaí déthaobhacha ann leis an Ríocht Aontaithe, an Danmhairg agus an tSualainn.

Fíor A5 Próifíl aibíochta bannaí rialtais, ag deireadh na bliana 2009 go dtí 2014 agus ag deireadh an Mheithimh 2015^a

	Faoi 5 bliana €m	5 go dtí 10 mbliana €m	Os cionn 10 mbliana €m	Iomlán €m
2009	25,687	29,296	15,875	70,858
2010	28,298	53,520	8,284	90,102
2011	33,670	43,356	8,284	85,310
2012	30,548	44,733	12,572	87,853
2013	32,490	40,656	37,861	111,007
2014	40,659	34,653	41,027	116,339
Deireadh an Mheithimh 2015 ^b	38,366	38,542	47,474	124,382

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- Nótaí:
- a Níl iniúchadh déanta ar na figiúirí le haghaidh dheireadh an Mheithimh 2015
 - b Tagraíonn aibíocht don staid ag deireadh na bliana féilire.

Fíor A6 Próifíl aibíochta an pháipéir ghearrthéarmach, ag deireadh na bliana 2009 go dtí 2014 agus deireadh an Mheithimh 2015^a

	Níos lú ná aon mhí amháin	Idir mí amháin agus trí mhí	Idir trí agus sé mhí	Os cionn sé mhí	Iomlán
	€m	€m	€m	€m	€m
2009	4,561	8,628	2,913	159	16,261
2010	2,186	3,286	1,392	108	6,972
2011	2,796	106	18	–	2,920
2012	1,147	1,417	93	33	2,690
2013	445	747	1,428	25	2,645
2014	1,114	1,554	1,074	360	4,102
Deireadh an Mheithimh 2015	1,615	2,602	2,866	451	7,534

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Níl iniúchadh déanta ar na figiúirí le haghaidh dheireadh an Mheithimh 2015

Fíor A7 Airgead tirim agus sócmhainní airgeadais, ag deireadh na bliana 2007 go dtí 2014 agus deireadh an Mheithimh 2015^a

	2007 €m	2008 €m	2009 €m	2010 €m	2011 €m	2012 €m	2013 €m	2014 €m	Deireadh an Mheithimh 2015 €m
Cuntas Státhchiste	3,997	21,269	21,026	11,399	13,099	15,280	4,432	4,089	8,296
Cuntas fuascailte seirbhísí caipitiúla	–	–	–	600	–	–	–	–	18
Nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe	–	–	–	3,585	3,848	3,982	3,704	3,145	3,232
Taiscí bainc	490	790	790	580	30	2,680	3,679	2,984	2,860
Taiscí comhthaobhaithe	–	–	–	–	–	340	7,389	–	–
Billí státhchiste neamh-Éireannach	–	–	–	–	–	1,045	3,041	1,474	1,734
Cistiú comhthaobhachta de chomhaontuithe tacaíochta creidmheasa	–	–	–	–	715	523	1,356	511	45
Comhaontuithe athcheannaigh trí-pháirtí droim ar ais	–	–	–	–	–	–	–	2,556	1,757
Iomlán airgead tirim agus sócmhainní airgeadais	4487	22,059	21,816	16,164	17,692	23,850	23,601	14,759	17,942

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Níl iniúchadh déanta ar na figiúirí le haghaidh dheireadh an Mheithimh 2015

3 Costas na mBeart Cobhsaíochta Baincéireachta amhail deireadh 2014

- 3.1** I ndiaidh thús na géarchéime airgeadais in 2008, ghlac an Stát roinnt beart chun an córas baincéireachta a chobhsú. Díríodh na chéad fhreagairtí don ghéarchéime, ag deireadh 2008 agus 2009, ar thacaíocht leachtachta ó Bhanc Ceannais na hÉireann agus ráthaíochtaí Stáit le haghaidh dliteanas bainc. Cruthaíonn roinnt de na bearta sin dliteanais theagmhasacha suntasacha don Stát.
- 3.2** I measc na mbeart a glacadh ó 2008 thug an Banc Ceannais cúnamh leachtachta eisceachtúil do bhainc na tíre, thug an Rialtas ráthaíochtaí taiscí agus ráthaíochtaí maidir le dliteanais áirithe eile, rinneadh athchaipitliú ar bhainc na tíre agus bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS/NAMA) d'fhonn sócmhainní bearnaithe a fháil ó bhainc.
- 3.3** Is é aidhm na tuarascála seo meastachán a thabhairt, amhail deireadh 2014, ar an gcostas airgeadais a bhain leis na bearta cobhsaíochta baincéireachta a ghlac an Stát. Tugtar cuntas sa tuarascáil freisin ar mhéid na gcostas comhairliúcháin a tabhaíodh maidir le gníomhaíochtaí cobhsaíochta baincéireachta agus na costais a tabhaíodh maidir le haonad bainistíochta scairsheilbhe na Roinne Airgeadais (an Roinn), a bhfuil cúram air as infheistíochtaí an Stáit sna bainc a bhainistiú.

Forbhreathnú ar Chostais


- 3.4** Is furasta na suimeanna a bhaineann le hathchaipitliú banc, lena n-áirítear cumhdach a gcuid caillteanais, a aithint. Is furasta tríd is tríd ioncam a fhabhraítear ó na hinfheistíochtaí a aithint freisin. Mar sin féin, teastaíonn nósanna imeachta meastacháin chun na costais a thabhaíonn an Stát chun na hinfheistíochtaí a mhaoiniú a aithint agus chun teacht ar luacháil maidir le leas an Stáit i sócmhainní baincéireachta. Ba cheart a thabhairt ar aird freisin gurb ag pointe ama atá na meastacháin, agus athróidh siad – is féidir le luach scairshealbha an Stáit i mbainc ardú nó titim amach anseo, agus leanfaidh an costas maidir le fónamh an fhiachais a úsáidtear chun na hinfheistíochtaí a mhaoiniú ag fabhrú ar feadh cuid mhaith blianta amach anseo.
- 3.5** Meastar san anailís imscrúdaithe gurbh é an glanchostas ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta don Stát suas go dtí deireadh 2014 ná thart ar €60 billiún. Bhí luach measta infheistíochtaí an Stáit i mbainc an 31 Nollaig 2014 thart ar €17 billiún, a d'fhág glantoradh don Stát de thart ar €43 billiún (féach Fíor 3.1). Cinnfear an costas athfhillteach bliantúil fadtéarmach don Stát maidir leis an bhfiachas a bhaineann leis na hinfheistíochtaí sin a fhónamh leis an leibhéal rátaí úis, go háirithe, costas iasachtaithe an Stáit.¹
- 3.6** Ina theannta sin, ag deireadh 2014
- bhí caillteanais charntha de €126 milliún tuairiscithe ag NAMA. Tá sé tugtha le fios ag NAMA, áfach, go bhfuil súil aige barrachas suas le €1 billiún a dhéanamh ar a fhoirceannadh.
 - Bhí fócaíochtaí thart ar €152 milliún maidir le seirbhísí comhairliúcháin déanta ag an mBanc Ceannais, ag Gnómhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA), ag an Roinn agus ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF).
 - Ó mhí Lúnasa 2011, bhí thart ar €7.6 milliún tabhaithe ag feidhmiú aonaid tiomnaithe bainistíochta baincéireachta agus scairsheilbhe sa Roinn.

¹ I measc na bhfachtóirí eile a chinnfidh costas fónaimh fadtéarmach an fhiachais beidh an méid a réadóidh an Stát dá cuid infheistíochtaí eile agus an t-achar a bheidh bannaí rialtais i seilbh an Bhainc Ceannais.

Fíor 3.1 Glantordadh measta ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta amhail an 31 Nollaig 2014

	€ billiún	€ billiún
Costas maidir le hathchaipitliú na mbanc (infheistíochtaí)		66.8
Costas measta fhónamh fiachais (go deireadh na Nollag 2014) ^a		8.7
<i>Lúide ioncam ag eascairt as:</i>		
Diúscairtí infheistíochtaí	(5.3)	
Ioncam ó infheistíochtaí	(3.8)	
Glanioncam ó scéimeanna ráthaíochta dliteanas	(3.3)	
Ioncam gaolmhar measta ón mBanc Ceannais ^b	(3.3)	(15.7)
Glanhostas measta don Stát ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta amhail an 31 Nollaig 2014		59.8
Luach iarmharach measta na n-infheistíochtaí amhail an 31 Nollaig 2014		(16.7)
Glantordadh measta don Stát ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta amhail an 31 Nollaig 2014		43.1
Costas measta bliantúil fhónamh an fhiachais ^c		0.85 – 1.7

Glantordadh measta ón mbanc amhail deireadh 2014



Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Féach larscríbhinn A chun tuilleadh sonraí a fháil.

- Nótaí:
- a Áirítear le costas measta an fiachais a bhaineann leis an infheistíocht i mbainc a fhónamh costais bharúlacha fónamh fiachais na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an NPRF.
 - b Rinneadh meastachán san imscrúdú ar an gcion d'ioncam barrachais an Bhainc Ceannais atá inchurtha i leith beart cobhsaíochta baincéireachta.
 - c Glactar leis go mbeidh na rátaí úis idir 2% go dtí 4% sa bhliain; cinnfear an costas iarbhrí le costas iasachtaithe an Stáit.

Caipitliú na mBanc

3.7 Maoiníodh infheistíochtaí €66.8 billiún tríd


- an Státchiste – €44.4 billiún, lena n-áirítear €30.85 billiún i bhfoirm nótaí gealltanais. I mí Feabhra 2013, i ndiaidh leachtaitheoirí a cheapadh ar an IBRC, tháinig bannaí rialtais in ionad na nótaí gealltanais dar luach €25.034 billiún a bhí i seilbh an Bhainc Ceannais mar chomhthaobhacht le tabhairt ar iasacht don IBRC
- an NPRF – €22.4 billiún, lena n-áirítear athinfheistíocht de €1.7 billiún i ngnáthascaireanna a fuarthas in lieu ar dhíbhinní ar scaireanna tosaíochta.

3.8 Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinfeistíochtaí agus an t-ioncam uathu le fáil in larscríbhinn B.

Costais Fónaimh an Fhiachais

3.9 I dteanna chostas caipitil na n-infheistíochtaí, is é an Stát a sheasann na costais bhliantúla fónaimh fiachais a bhaineann leo. Measadh san imscrúdú go raibh an costas fónaimh fiachais don Stát a bhaineann leis na hinfeistíochtaí (lena n-áirítear costais bharúlacha fónaimh fiachais na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an NPRF) thart ar €8.7 billiún ar an iomlán don tréimhse 2009 go dtí 2014 (féach Fíor 3.2).

Fíor 3.2 Costais mheasta maidir le fónamh d'fhiachas a bhain le hinfeistíochtaí an Stáit i mbainc, 2009 go dtí 2014



Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

3.10 Tá dhá ghné ag baint leis na costais mheasta maidir le fónamh d'fhiachas

- na costais úis a tabhaíodh ar iasachtaí chun infheistíochtaí airgid thirim arna ndéanamh ag an Státchiste, nótaí gealltanais arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais agus bannaí rialtais arna n-eisiúint ag an NTMA, a mhaoiniú, agus
- costais bharúlacha úis an mhaoinithe a d'úsáid an NPRF ina chuid infheistíochtaí (féach Fíor 3.3).

Fíor 3.3 Infheistíochtaí ag an NPRF – costais bharúlacha fhónamh fiachais

Mhaoinigh an NPRF a infheistíochtaí óna chuid acmhainní féin. Dá bhrí sin, ní raibh aon mhuiressa díreach úis ar an Stát de bharr na n-infheistíochtaí sin. Mar sin féin, i gcás nach ndéanfaí na cistí NPRF (infheistíocht airgid thirim de thart ar €20.7 billiún) a infheistiú sna bainc, d'infheisteodh an NPRF na cistí chun toradh a thuilleamh nó d'fhéadfadh na cistí a bheith ar fáil don Stát agus iad a bheith in úsáid mar mhodh eile ar iasachtú chun críocha eile. Dá bhrí sin, tá deis chostas ar an Stát as an infheistíocht. Ar mhaithe leis an imscrúdú seo, ríomhadh an costas barúlach mar an t-ús a thabhaigh an Státchiste ar na hiasachtaí a d'fhéadfaí a sheachaint dá mbeadh na cistí NPRF ar fáil don Stát chun críocha seachas iad a infheistiú i mbainc.

- 3.11** Bhí an t-ús ar an bhfiachas náisiúnta, mar aon le híocaíochtaí úis ar nótaí gealltanais, don tréimhse 2009 go dtí 2014 thart ar €31.7 billiún. Is ionann an costas measta de €8.7 billiún a bhain le fónamh an fhiachais a bhaineann le hinfeistíochtaí suas go deireadh 2014 (lena n-áirítear costais bharúlacha fónaimh fiachais na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an NPRF) agus beagnach 28% de sin.
- 3.12** Tá breis sonraí maidir le costais mheasta fónaimh fiachais agus an modheolaíocht a úsáideadh san imscrúdú leagtha amach in Iarscríbhinn C.

Ioncam ón mBanc Ceannais a Bhain le Cobhsaíocht Baincéireachta

- 3.13** Féadfaidh an Banc Ceannais suas le 20% dá fharasbarr ioncaim a choimeád gach bliain, rud dá réir sin a mhéadaíonn a chúilchistí.¹ Íocann sé an iarmhéid leis an Státchiste i bhfoirm díbhinní bliantúil, sa bhliain i ndiaidh na bliana inar saothraíodh an t-ioncam.
- 3.14** Sna blianta idir 2009 agus 2014, measadh san imscrúdú go raibh thart ar €4.1 billiún d'fharasbarr ioncaim an Bhainc Ceannais inchurtha i leith ionstraimí airgeadais a bhí á sealbhú de bharr beart cobhsaíochta baincéireachta arna nglacadh ag an Stát, agus astu sin íocadh €3.3 billiún leis an Stát i bhfoirm díbhinní (féach Fíor 3.4). Ba ionann é sin agus 52% de na díbhinní iomlána (€6.4 billiún) a d'íoc an Banc Ceannais thar an tréimhse sin.

¹ Cinneann Coimisiún an Bhainc Ceannais an méid farasbarr ioncaim a bheidh le coimeád gach bliain. Gach bliain ó 2008 go dtí 2014, choimeád an Banc Ceannais 20% dá fharasbarr ioncaim.

Fíor 3.4 Meastachán de dhíbhinn an Bhainc Ceannais inchurtha i leith idirbheart maidir le bearta cobhsaíochta baincéireachta, 2009 go dtí 2014

	Glanioncam ús	Gnóthachain ar dhiúscairt bannaí	Iomlán	80% áirithe i ndíbhinní íochta leis an Stát
	€bn	€bn	€bn	€bn
Cúnamh leachtachta eisceachtúil ^a	1.89	—	1.89	1.51
Bannaí Rialtais, nó bannaí ráthaithe ag an Rialtas, i seilbh an Bhainc Ceannais ^b	1.48	0.74	2.22	1.78
Iomlán	3.37	0.74	4.11	3.29

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Idir 2009 agus 2013, tugadh cúnamh leachtachta eisceachtúil do na ceithre bhanc a ndearna an Stát caipitiú orthu.
 - b Ina measc sin bhí bannaí bainteach le IBRC arna n-eisiúint ag NAMA, bannaí a heisíodh chun íocaíocht €3.06 billiún ar nóta gealltanais a dhéanamh agus bannaí a heisíodh chun teacht in ionad nótaí gealltanais dar luach €25.034 billiún nuair a rinneadh leachtú ar IBRC.

- 3.15** Tugadh an chuid is mó den chúnamh leachtachta eisceachtúil (beagnach 90% bunaithe ar ús a fuarthas ón mBanc Ceannais) don IBRC agus bhain an t-ioncam agus na gnóthachain go léir maidir le bannaí rialtais leis an IBRC. Ar an iomlán, tá thart ar 95% den €3.3 billiún de dhíbhinní an Bhainc Ceannais don Stát sna blianta 2009 go dtí 2014 a éiríonn as bearta cobhsaíochta baincéireachta inchurtha i leith idirbheart idir an Banc Ceannais agus an IBRC (féach Fíor 3.5).

Fíor 3.5 Méid de dhíbhinn an Bhainc Ceannais do na blianta 2009 go dtí 2014 atá inchurtha i leith beart cobhsaíochta baincéireachta, de réir bainc


	AIB	Banc na hÉireann	Permanent TSB	IBRC	Iomlá n
	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn
Díbhinn inchurtha i leith beart cobhsaíochta baincéireachta	0.05	0.08	0.04	3.12	3.29

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 3.16** Le haghaidh na mblianta 2009 go dtí 2014, mhéadaigh cúlchistí an Bhainc Ceannais de €1.36 billiún ó €1.32 billiún go dtí €2.68 billiún. Measadh san imscrúdú go raibh thart ar €820 milliún de sin de bharr glanioncaim a bhí coimeádta ag an mBanc Ceannais ó idirbhearta maidir le bearta cobhsaíochta baincéireachta (€380 milliún maidir le hús a saothraíodh ar chúnamh leachtachta eisceachtúil agus €440 milliún maidir le hús agus gnóthachain ar bhannaí rialtais).
- 3.17** Íocann an NTMA an t-ús ar na bannaí i seilbh an Bhainc Ceannais, ó chistí an Státchiste. Ina theannta sin, in 2014, d'athcheannaigh an NTMA roinnt de na bannaí ar ais ón mBanc Ceannais ar biseach, rud a chruthaigh gnóthachan de €180 milliún don Bhanc Ceannais.

- 3.18** Tá cuid shuntasach (arna mheas ag an imscrúdú ag beagnach 70%) den ús agus de na préimheanna a d'íoc an NTMA leis an mBanc Ceannais curtha ar ais chuig an Státchiste mar chuid den díbhinn a d'íoc an Banc Ceannais as a fharasbarr ioncaim, rud a laghdaigh glanchostas fhónamh na coda seo den fhiachas. Tá cuntas ar an sreabhadh ciorclach seo de chistí in Fíor 3.6.

Fíor 3.6 Bannaí IBRC-bainteach i seilbh an Bhainc Ceannais – sreabhadh cistí ón/chuig an Státchiste, 2013 agus 2014^a



Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Ina theannta sin, réadaigh an Banc Ceannais €562 milliún eile ó dhiúscairt bannaí IBRC-gaolmhar ar an margadh oscailte. Níor tháinig na cistí sin ón Státchiste.

Bannaí Rialtais arna sealbhú ag an mBanc Ceannais

- 3.19** In 2013, fuair an Banc Ceannais bannaí rialtais arna n-eisiúint ag an NTMA i ndiaidh leachtú an IBRC.
- Eisíodh bannaí ráta chomhlúthaigh le luach ainmniúil de €25.034 billiún a thiocfaidh in aibíocht faoi cheann 25 go 40 bliain, le teacht in ionad nótaí gealltanais.
 - Banna rialtais 2025 Éireannach ar 5.4% le luach ainmniúil €3.5 billiún.
- 3.20** I rith 2013 agus 2014, réadaigh an Banc Ceannais gnóthachain de bheagnach €743 milliún ó dhiúscairt roinnt de na bannaí sin.
- D'eascair €180 milliún de na gnóthachain sin ó dhiúscairt siar go dtí an NTMA de bannaí ráta chomhdhlúthaigh le luach ainmniúil de €500 milliún.
 - D'eascair €562 milliún de na gnóthachain sin ó dhiúscairtí ar an margadh oscailte de €2.65 billiún luach ainmniúil na mbannaí rialtais 5.4%.
- 3.21** Ina theannta sin, fuair an Banc Ceannais sócmhainní eile, lena n-áirítear bannaí NAMA, mar thoradh ar leachtú an IBRC.
- 3.22** Ag deireadh 2014, thuairiscigh an Banc Ceannais gnóthachain neamhréadaithe de €9.4 billiún ar na bannaí a bhí fágtha a bhí ina sheilbh ar an dáta sin – €9.1 billiún maidir leis na nótaí ráta chomhdhlúthaigh agus beagnach €300 milliún maidir leis an mbanna rialtais 2025 Éireannach ar 5.4%. D'eascair na gnóthachain mar gheall go raibh an toradh ar bhannaí rialtais níos ísle ag tráth na diúscairthe (gnóthachain réadaithe), agus ag deireadh na bliana le haghaidh na mbannaí a bhí fágtha (gnóthachain neamhréadaithe), ná mar a bhí nuair a fuair an Banc Ceannais na bannaí.
- 3.23** Luaigh an Banc Ceannais ina thuarascáil bhliantúil 2014 go bhfuil sé i gceist aige comhphunann na mbannaí ráta chomhdhlúthaigh agus an banna 5.4% a dhíol chomh luath agus is féidir, má cheadaítear é sin leis na coinníollacha cobhsaíochta airgeadais. Luadh ann go ndíolfaidh sé íosmhéideanna de na hurrúis sin de réir an sceidil seo a leanas: 2015-2018 (€0.5 billiún in aghaidh na bliana), 2019-2023 (€1 billiún in aghaidh na bliana), agus 2024 ar aghaidh (€2 billiún in aghaidh na bliana go dtí go mbeidh na bannaí go léir díolta).
- 3.24** Nuair a dhéanfaidh an Banc Ceannais diúscairt ar na bannaí, méadóidh an glanchostas bliantúil don Státchiste maidir le fónamh an fhiachais a bhaineann leis na hinfheistíochtaí i mbainc mar íocfar ansin an t-ús ar na bannaí le páirtithe seachtracha agus ní aisíocfar aon chuid de sin ar ais leis an Státchiste i bhfoirm farasbarr ioncaim arna ghiniúint ag an mBanc Ceannais.
- 3.25** Tá an tionchar glan a bhíonn ag an diúscairt a dhéanann an Banc Ceannais ar bhannaí rialtais ar an Státchiste mar an gcéanna is cuma má dhéanann an NTMA fuascailt ar na bannaí ag úsáid cistí atá ar iasacht ar rátaí an mhargaidh, nó má dhíoltar na bannaí ar an margadh oscailte. Tá an costas éifeachtach dá bharr sin maidir le fónamh an fhiachais a bhaineann leis na diúscairtí mar an gcéanna.
- Má dhéanann an NTMA fuascailt ar na bannaí ag úsáid cistí ar iasacht, faigheann an Stát aon phréimh a íocann an NTMA ar fhuascailt, cibé mar chuid de dhíbhinn an Bhainc Ceannais nó atá coimeáda ag an mBanc ina chúlchistí.¹ Íocfaidh an NTMA ús ansin le páirtí sheachtrach ar na cistí a d'úsáid sé chun na bannaí a fhuascailt.

1 Glactar leis go bhfuil an toradh ar bhannaí ag a ndiúscairt níos ísle ná an toradh nuair a heisíodh na bannaí, rud a chruthaíonn gnóthachan ar dhiúscairt don Bhanc Ceannais.

- Má dhíoltar na bannaí le tríú páirtí, réadóidh an Banc Ceannais gnóthachan. Sna himthosca sin, leanann an NTMA ag íoc ús ar na bannaí, leis an gceannaitheoir, ar an ráta céanna a d'íocfaí leis an mBanc Ceannais. Déantar an ráta úis níos airde sin a fhritháireamh don Stát trí ghnóthachan an Bhainc Ceannais ar dhiúscairt.

3.26 Mar thoradh ar an diúscairt a dhéanfaidh an Banc Ceannais ar na bannaí tiocfaidh méadú ar an nglanchostas don Státchiste toisc go mbeidh ús a íocadh roimhe sin leis an mBanc Ceannais (agus tugtha ar ais don Státchiste nó coimeáda ag an mBanc Ceannais ina chuid cúlchistí) iníoctha le tríú páirtí anois.

3.27 Dúirt an Banc Ceannais nach gá go bhfaigheadh an Stát buntáiste as moill a chur ar dhiúscairt na mbannaí. Thug sé le fios nach sealbhóidh sé na bannaí go rachaidh siad in aibíocht mar sin caithfear iad a athmhaoiniú ag pointe éigin, agus d'fhéadfadh glanchostais fónaimh níos mó a bheith ag baint le díolacháin moillithe nó athmhaoiniú sa bhfadtearma, ag brath ar ghluaiseachtaí amach anseo i rátaí úis.

Ioncam ó Scéimeanna Ráthaíochta Dlíteanas

3.28 Ráthaigh an Stát roinnt dlíteanas bainc faoi thrí phríomhscéim

- an Scéim Ráthaíochta Taiscí (DGS) faoina ndéantar taiscí daoine aonair in institiúidí nó forais chreidmheasa cumhdaithe¹ a ráthú go dtí teorainn €100,000 in aghaidh an taisceora incháilithe in aghaidh na hinstitiúide. Ní bhíonn aon táillí ráthaíochta iníoctha leis an Stát faoin scéim seo.
- Thug Scéim na bhForas Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) (CIFS), a bhí i bhfeidhm idir 2008 agus 2010, ráthaíocht as raon leathan dlíteanas bainc do seacht gcinn d'institiúidí a roghnaigh leas a bhaint as an scéim. B'éigean do na hinstitiúidí/forais chreidmheasa íocaíochtaí a dhéanamh as an gcosaint a cuireadh ar fáil faoin scéim.²
- Tháinig an Scéim Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe (ELG) i bhfeidhm i mí na Nollag 2009 agus dúnadh é do dhlíteanas nua i mí Márta 2013. Ag an am, ráthaíodh dlíteanas de thart ar €74.6 billiún faoin scéim. B'éigean do na ceithre institiúid a bhí rannpháirteach sa scéim táillí a íoc ar an gcumhdach a fuair siad.³

3.29 Faoi dheireadh 2014, bhí glanioncam de thart ar €3.3 billiún faighte ag an Stát faoi na scéimeanna – bhí €4.4 billiún faighte i dtáillí agus bhí beagnach €1.1 billiún íoctha in éilimh (féach Fíor 3.7). Tá tuilleadh sonraí maidir le gach scéim leagtha amach in larscríbhinn D.

1 Níl ach institiúidí/forais a bhfuil ceadúnas acu taiscí a fháil in Éirinn agus údaraithe ag an mBanc Ceannais cumhdaithe.

2 Ba iad na forais a bhain leas as an scéim ná AIB, Anglo, Banc na hÉireann, EBS, Irish Life and Permanent, INBS agus Postbank Limited (na 'forais chumhdaithe').

3 AIB, IBRC, Banc na hÉireann agus Irish Life and Permanent.

4 Meastar na costais bhliantúla leanúnacha maoinithe le haghaidh an dá bhanc eile ag thart ar €60 maoiniú le haghaidh Banc na hÉireann agus €100 milliún le haghaidh Permanent TSB.

Fíor 3.7 Glanioncam ó scéimeanna ráthaíochta dlíteanas, 2010 go dtí 2014

	DGS	CIFS	ELG	Iomlán
	€bn	€bn	€bn	€bn
Táillí íoctha leis an Státchiste ^a	–	0.8	3.6	4.4
Éilimh a d'íoc an Státchiste	–	–	(1.1) ^b	(1.1)
Glanioncam	–	0.8	2.5	3.3

Foinsí: An Banc Ceannais agus an Roinn Airgeadais.

Nótaí: a Áirítear leis thart ar €8 milliún in ús a saothraíodh nuair a bhí na táillí ar taisce sa Bhanc Ceannais.

b Luaigh an Roinn go bhfuiltear ag súil go ndéanfar an €1.1 billiún a íocadh faoin scéim ELG a ghnóthú nuair a bheid leachtú an IBRC curtha i gcrích.

Costais Leanúnacha Fónamh Fiachais agus Ioncam ó 2015

- 3.30** Ag deireadh 2014, leanann an Státchiste ag tabhú an chostais a bhaineann le fónamh an fhiachais a bhaineann le costas €60 billiún na n-infheistíochtaí sna bainc. Measadh san imscrúdú go mbeidh an costas sin thart ar €2.3 billiún le haghaidh 2015. Baineann formhór de sin leis an IBRC (thart ar €1.2 billiún) agus AIB (thart ar €0.9 billiún).⁴
- 3.31** Baineann thart ar aon trian de na costais mheasta bliantúla maidir le fónamh fiachais 2015 leis na bannaí rialtais i seilbh an Bhainc Ceannais, a shealbhaíonn formhór na mbannaí a d'eisigh an Stát i ndiaidh leachtú an IBRC. Déanfar an costas fónamh fiachais a bhaineann leis na hinfeistíochtaí a fhritháireamh i bpáirt le farasbarr ioncaim a d'foc an Banc Ceannais leis an Státchiste ón ús a shaothraíonn sé ó na bannaí sin, agus as aon ghnóthachain ar dhiúscairtí.
- 3.32** Ina theannta sin, leanann an Stát ag fáil roinnt táillí maidir le dliteanais atá cumhdaithe faoin scéim ELG – thit siad sine go suntasach in 2013 agus 2014.
- 3.33** Beidh costas fadtéarmach fhónamh an fhiachais a bhaineann leis na hinfeistíochtaí ag brath ar roinnt imthosca lena n-áirítear
- an méid a réadaíonn an Stát do na hinfeistíochtaí atá fágtha. De réir mar a dhéanfaidh an Stát tuilleadh diúscairtí ar na hinfeistíochtaí, titfidh an fiachas a bhaineann leis na hinfeistíochtaí. Má réadaíonn an Stát luach measta na n-infheistíochtaí atá fágtha amhail deireadh 2014 (€16.7 billiún), tabhóidh sé dá réir sin an costas fónamh de thart ar €43 billiún fiachais go fadtéarmach. D'fhéadfadh an méid a bheadh le maoiniú a bheith éagsúil uaidh sin, más mó nó níos lú luach diúscairthe na n-infheistíochtaí atá fágtha ná luachálacha deireadh 2014
 - an tréimhse a leanann an Banc Ceannais ag sealbhú bannaí rialtais. Fad is a bhíonn na bannaí sin ag an mBanc Ceannais, déanfar an costas úis don Stát a fhritháireamh le hioncam ón mBanc Ceannais
 - costas maoinithe an Stáit de réir mar a dhéanann sé athmhaoiniú ar fhiachas reatha nuair a théann sé in aibíocht.
- 3.34** Go fadtéarmach, réamh-mheastar go mbeidh an costas fónamh fiachais a bhaineann leis na hinfeistíochtaí thart ar €430 milliún sa bhliain (má réadaítear €17 billiún i gcomhair na n-infheistíochtaí fágtha) le haghaidh gach pointe céatadáin a focann an Stát ar a fhiachas. Mar shampla, ag rátaí 2% agus 4%, bheadh an costas fónamh fiachais idir thart ar €850 milliún agus €1.7 billiún sa bhliain.


An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

- 3.35** Ba é an aidhm a bhí le NAMA ná sócmhainní bainc áirithe a bhain le réadmhaoine a fháil (iasachtaí réadmhaoine den chuid is mó d'fhéichiúnaithe) ó bhainc na hÉireann, na hiasachtaí agus comhthaobhacht ghaolmhar a choinneáil agus a bhainistiú agus go bunúsach na sócmhainní sin a dhiúscairt ar bhealach a chosnaíonn leasanna an Stáit.¹
- 3.36** D'foc NAMA €31.8 billiún le bainc chun iasachtaí a bhain le réadmhaoine a cheannach agus bhí díreach os cionn €74.4 billiún dlite ar na hiasachtóirí de bharr na n-iasachtaí sin. Bhí caillteanas thart ar €42.6 billiún ar na bainc mar thoradh ar na hiasachtaí, nó 57% de luach anonn na n-iasachtaí.
- 3.37** Tá tuairisc i ráitis airgeadais NAMA ó 2010 go 2014 maidir le caillteanais charntha de €126 milliún. Tá sé tugtha le fios ag NAMA, áfach, go bhfuil súil aige barrachas thart ar €1 billiún a dhéanamh ar a fhoirceannadh.

Costas na Seirbhísí Sainchomhairleoireachta

- 3.38** Bhain an Stát, tríd an mBanc Ceannais, an NTMA, an Roinn agus an NPRF, úsáid fhorleathan as seirbhísí comhairleoirí agus iad ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm na mbeart a bhfuil sé mar aidhm acu earnáil na baincéireachta a chobhsú.
- 3.39** Faoi dheireadh 2014, bhí costas beagnach €152 milliún ag baint leis na seirbhísí sin. Tá sé ráite ag an Roinn freisin, nuair is iomchuí, go bhfaigheann sí comhairle ó ghnólachtaí ar bhonn pro bono.
- 3.40** Leagtar amach i Fíor 3.8 na costais sainchomhairleoireachta a tabhaíodh, arna rangú de réir an chineál seirbhíse a soláthraíodh agus de réir na Roinne nó na gníomhaireachta coimisiúnaithe. Ceithre ghnólacht a rinne 60% den chaiteachas sin – Arthur Cox (€33.1 milliún), Blackrock Financial Management (€23.5 milliún), Ernst and Young (€20.9 milliún) agus KPMG (€13.2 milliún).
- 3.41** Tá sonraí maidir leis na híocaíochtaí a rinneadh arna rangú de réir na bliana inar tabhaíodh iad agus na híocaíochtaí a rinneadh le sainchomhairleoirí leagtha amach in larscríbhinn E.

Fíor 3.8 Íocaíochtaí as seirbhísí sainchomhairleoireachta arna rangú de réir an chineál seirbhíse agus de réir an chomhlachta coimisiúnaithe, 2008 go 2014 (€ milliún)



Foinsí: An Banc Ceannais, NTMA, An Roinn Airgeadais agus an NPRF.

- Nótaí:
- a Is athbhreithniú a bhí i gclár um bearta airgeadais an Bhainc Ceannais ar mheasúnuithe caipitil agus cistithe bhainc inmheánacha na hÉireann.
 - b Rinneadh measúnú i measúnú cuimsitheach an Bhainc Ceannais Eorpaigh, ag ionchorprú athbhreithnithe ar cháilíocht na sócmhainní agus tástálacha struis, ar staid airgeadais na mbanc sular tugadh isteach an Sásra Maoirseachta Aonair i mí na Samhna 2014.
 - c Áirítear in eile comhairle ghinearálta (€10.0 milliún) agus comhairle maidir le comhair chreidmheasa (€4.2 milliún), NAMA (€2.9 milliún), bainistíú géarchéime (€2.5 milliún), náisiúnú na mbanc (€2.0 milliún), fiosrúchán maidir leis an ngéarchéim baincéireachta (Nyberg) (€0.4 milliún) agus cúnamh leachtachta (€0.1 milliún).

- 3.42** Luaigh an Roinn go chuir sí próisis i gcrích chun painéil comhairleoirí airgeadais agus dlí a cheapadh chun cúnamh a thabhairt i gcúrsaí amhail díol infheistíochtaí bainc an Stáit sa todhchaí agus cúrsaí eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham. Tá an liostaí gnólachtaí ar gach painéal le fáil in larscríbhinn E.

1 Ba iad na bainc ná Anglo, AIB, Banc na hÉireann, INBS agus EBS.

- 3.43** Dúirt an Banc Ceannais agus an NTMA go bhfaigheann siad ar ais cuid mhór de na costais sainchomhairleoireachta ó na bainc, agus deir an Roinn go bhfaigheann siad féin ar ais cuid de na costais freisin.

Aonad Bainistíochta Scairsheilbhe

- 3.44** Tugadh aonad baincéireachta NTMA ar iasacht don Roinn an 5 Lúnasa 2011 agus mar thoradh air sin cruthaíodh aonad bainistíochta scairsheilbhe nua atá neamhspleách as féin.
- 3.45** Tá an t-aonad bainistíochta scairsheilbhe freagrach as bainistiú a dhéanamh ar scairshealbha an Aire Airgeadais in earnáil na baincéireachta agus in NAMA, agus déanann sé ionadaíocht ar leasanna an Aire maidir le maoirseacht NAMA, na gcomhar creidmheasa agus leachtacht IBRC.
- 3.46** Ba é an costas a bhain leis an aonad a oibriú ó bunaíodh é go dtí deireadh 2014 ná €7.6 milliún. Faoi láthair, tá thart ar 20 ball foirne Roinne agus ball foirne ón NTMA fostaithe san aonad. Dúirt an Roinn go bhfuil raon saineolais ag na baill foirne atá fostaithe san aonad idir bhaincéireacht, margaí caipitil, airgeadas corparáideach agus saineolas dlí.

Conclúidí

- 3.47** Faoi dheireadh 2014, ba é an glanchostas measta a bhí ar an Stát de bharr na mbeart a glacadh chun an córas baincéireachta a chobhsú ná díreach faoi bhun €60 billiún. Rinneadh glanifheistíochtaí (tar éis diúscairtí) de dhíreach os cionn €61 billiún agus costais fónamh fiachais mheasta a bhain leis na hinfeistíochtaí de bheagnach €9 billiún a fhritháireamh le glan-ioncam díreach os cionn €10 billiún ar an iomlán ó na hinfeistíochtaí, scéimeanna ráthaíochta dliteanas agus díbhinní gaolmhara ón mBanc Ceannais.
- 3.48** Ag deireadh 2014, ba ionann agus €16.7 billiún luach measta scairshealbha an Stáit a bhí fágtha in AIB, Banc na hÉireann agus Permanent TSB. Nuair a chuirtear na scairshealbha sin san áireamh, bhí costas de bheagán os cionn €43 billiún i gceist leis an nglantóradh measta amhail deireadh 2014.
- 3.49** Leanfaidh an glanchostas iomlán ag fás gach bliain toisc go dtabhóidh an Stát an costas a bhaineann leis an bhfiachas gaolmhar a fhónamh – atá measta ag thart ar €2.3 billiún le haghaidh 2015. Déanfar fritháireamh air sin le hioncam arna thuilleamh ag an mBanc Ceannais ar bhannaí rialtais a bhaineann leis an IBRC agus leanfaidh an Banc Ceannais ag sealbhú na mbannaí sin.
- 3.50** Go fadtéarmach, nuair a bheidh scairshealbha an Stáit atá fágtha díolta agus nuair a bheidh diúscairt déanta ag an mBanc Ceannais ar na bannaí rialtais ina sheilbh, cinnfear costas fónamh an fhiachais fadtéarmach gaolmhar ag féachaint ar na costais iasachta atá ann don Stát – thart ar €430 milliún i gcás gach pointe céatadáin arna thabhtú. I gcás rátaí iasachta idir 2% agus 4%, meastar go mbeidh an costas úis bliantúil idir €850 milliún agus €1.7 billiún.
- 3.51** Ní chuirtear san áireamh sa glantóradh measta aon toradh a d'fhéadfadh an Stát a fháil ó NAMA nó aon luach iarmharach in IBRC a d'fhéadfadh an Stát a thabhtú. Tá sé tugtha le fios ag NAMA go bhfuil súil aige barrachas de thart ar €1 billiún a dhéanamh faoin am a mbeidh sé foirceanta.

Ioncam Státchiste ón mBanc Ceannais

- 3.52** Meastar go bhfuil thart ar €3.3 billiún de na díbhinní iomlána bliantúla a d'íoc an Banc Ceannais leis an Státchiste do na blianta 2009 go dtí 2014 inchurtha i leith beart cobhsaíochta na baincéireachta – €1.5 billiún maidir le cúnamh leachtachta eisceachtúil a tugadh do na bainc agus €1.8 billiún in ioncam agus gnóthachain ó bhannaí rialtais atá i seilbh an Bhainc Ceannais.
- 3.53** Mar thoradh ar scairshealbha an Bhainc Ceannais ar bhannaí rialtais a bhain le cúrsaí baincéireachta (lena n-áirítear bannaí ráthaithe ag an Rialtas) tharla gluaiseacht chiorclach i gcistí idir comhlachtaí Stáit. D'íoc an NTMA thart ar €1.9 billiún leis an mBanc Ceannais in 2013 agus 2014, agus tugadh thart ar €1.3 billiún de sin ar ais don Státchiste mar chuid de dhíbhinn bliantúil an Bhainc Ceannais. Choinnigh an Banc Ceannais €330 milliún eile mar chúlchistí.

Toradh do Bhainc Aonair

- 3.54** Tá difríochtaí suntasacha idir na bainc aonair ó thaobh leibhéal na tacaíochta a thugann an Stát. Tar éis luach iarmharach measta infheistíochtaí an Stáit a chur san áireamh agus leithdháileadh an ioncaim agus na gcostas, ba é an toradh measta don Stát, amhail an 31 Nollaig 2014, maidir le gach institiúid ná
- IBRC – glanchostas measta de €36.1 billiún
 - AIB – glanchostas measta de €8.8 billiún
 - Permanent TSB – glanchostas measta de €0.2 billiún
 - Banc na hÉireann – glanbharrachas measta de €2 billiún.
- 3.55** Is mar gheall ar na costais leanúnacha a bhaineann leis an bhfiach atá i gceist leis na hinfheistíochtaí a fhónamh a glacadh na bearta chun an IBRC agus AIB a athchaipitliú.
- Tabhófar thart ar €1.2 billiún maidir leis an IBRC in 2015, cé go ndéanfar é sin a fhritháireamh le hioncam ón mBanc Ceannais toisc go sealbhaíonn sé formhór de na bannaí rialtais a bhaineann leis an IBRC.
 - Tabhófar thart ar €0.9 billiún maidir leis an AIB.
 - Tabhófar níos lú ná €0.2 billiún, ar an iomlán, maidir le Banc na hÉireann agus Permanent TSB.

Iarscríbhinn A Toradh amhail deireadh 2014

Taispeántar i Fíor 3.9 na codanna den ghlan-toradh ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta amhail an 31 Nollaig 2014 maidir le gach banc.

Fíor 3.9 Glantordh measta, de réir bainc, ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta amhail an 31 Nollaig 2014

	AIB ^a	Banc na hÉireann	Permanent TSB ^a	Bainc thrádála – iomlán	IBRC ^a	Iomlán
	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn
<i>Costas maidir le hathchaipitliú na mbanc, tríd infheistíochtaí</i>	(22.2)	(5.9)	(4.0)	(32.1)	(34.7)	(66.8)
<i>Costas measta fhónamh fiachais a bhain leis na hinfeistíochtaí</i>	(3.7)	(0.7)	(0.4)	(4.8)	(3.9)	(8.7)
<i>Diúscairtí infheistíochtaí</i>	–	4.0	1.3	5.3	–	5.3
<i>Ioncam ó infheistíochtaí</i>	2.0	1.6	0.2	3.8	–	3.8
Glanchostas measta na mbeart caipitlithe	(23.9)	(1.0)	(2.9)	(27.8)	(38.6)	(66.4)
Táillí a fuarthas faoi scéimeanna ráthaíochta dliteanas	1.7	1.5	0.7	3.9	0.5	4.4
Éilimh a rinneadh faoin scéim ráthaíochta dliteanas	–	–	–	–	(1.1)	(1.1)
Ioncam gaolmhar ón mBanc Ceannais ^b	0.1	0.1	–	0.2	3.1	3.3
Glanchostas measta amhail an 31 Nollaig 2014	(22.1)	0.6	(2.2)	(23.7)	(36.1)	(59.8)
Luach iarmharach measta amhail an 31 Nollaig 2014 ^c	13.3	1.4	2.0	16.7	–	16.7
Glantordh measta amhail an 31 Nollaig 2014	(8.8)	2.0	(0.2)	(7.0)	(36.1)	(43.1)

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Áirítear le hinfeistíochtaí i mBainc-Aontas Éireann cpt (AIB) iad sin sa Chumann Oideach Foirgníochta (EBS) a fuair an AIB i mí Iúil 2011. D'athraigh Irish Life and Permanent a ainm go Permanent TSB i mí na Bealtaine 2012. Ba é an IBRC an Banc Angla-Éireannach (Anglo) agus Cumann Foirgníochta Forleithheadach na hÉireann (INBS) roimhe sin.
 - b Tá thart ar €40 milliún den ioncam gaolmhar ón mBanc Ceannais inchurtha i leith Permanent TSB. Mar gheall ar shlánú, níl sé le feiceáil i Fíor 3.9.
 - c Féach Iarscríbhinn B chun tuilleadh sonraí a fháil.

Iarscríbhinn B Caipitliú na mBanc tríd Infheistíochtaí

Ar an iomlán, rinne an Stát instealltaí caipitil de €66.8 billiún, glan ó ioncam táille de dhíreach os cionn €260 milliún, i gceithre institiúid airgeadais agus bhí, faoi dheireadh 2014, luach €5.3 billiún de dhiúscairtí déanta aige (féach Fíor 3.10).

Fíor 3.10 Caipitliú na mBanc – infheistíochtaí agus diúscairtí, Nollaig 2014

	AIB	Banc na hÉireann	Permanent TSB	Bainc thrádála – iomlán	IBRC	Iomlán
Infheistíochtaí	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn
Gnáthscaireanna ^a	(10.8)	(3.1)	(2.3)	(16.2)	(4.1)	(20.3)
Scaireanna Tosaíochta ^b	(3.5)	(1.8)	–	(5.3)	–	(5.3)
Ranníocaíocht chaipitil	(6.0)	–	–	(6.0)	–	(6.0)
Nótaí caipitil teagmhasacha ^c	(1.6)	(1.0)	(0.4)	(3.0)	–	(3.0)
Luach na nótaí gealltanais arna n-eisiúint ^d	(0.3)	–	–	(0.3)	(30.6)	(30.9)
Irish Life	–	–	(1.3)	(1.3)	–	(1.3)
Infheistíochtaí glan ó ioncam táille ^e	(22.2)	(5.9)	(4.0)	(32.1)	(34.7)	(66.8)
Diúscairtí						
Gnáthscaireanna	–	1.1	–	1.1	–	1.1
Scaireanna tosaíochta	–	1.9	–	1.9	–	1.9
Nótaí caipitil teagmhasacha	–	1.0	–	1.0	–	1.0
Irish Life	–	–	1.3	1.3	–	1.3
Diúscairtí infheistíochtaí	–	4.0	1.3	5.3	–	5.3
Glaninfheistíocht	(22.2)	(1.9)	(2.7)	(26.8)	(34.7)	(61.5)

Foinsí: NPRF agus an Roinn Airgeadais.

- Nótaí:
- a Áirítear le gnáthscaireanna díbhinní ar scaireanna tosaíochta a fuarthas i bhfoirm gnáthscaireanna (AIB €1.41 billiún agus Banc na hÉireann €0.25 billiún).
 - b I Márta 2009, d'infheistigh NPRF €3.5 billiún i scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann. Sa dara Ráithe 2010, bhí iomlán de €1.66 billiún de na scaireanna sin aistrithe go gnáthscaireanna (áirithe i ngnáthscaireanna thuas).
 - c Cáilíonn nótaí caipitil teagmhasacha mar chaipiteal leibhéal a dó. Aistrítear iad go gnáthscaireanna faoi imthosca áirithe, ina measc má thiteann an príomh-chóimheas caipitil leibhéal a haon faoi bhun 8.25%.
 - d Cuireadh na nótaí gealltanais a bhí á sealbhú ag IBRC ar ceal i mí Feabhra 2013 agus malartaíodh iad idir an NTMA agus an Banc Ceannais ar bhannaí státhchiste ar ráta comhlúthach ar bhfiú €25.034 billiún ar an iomlán é.
 - e Ba ionann an t-ioncam táille a baineadh as infheistíochtaí thart ar €260 milliún ar an iomlán.

Ioncam ó Infheistíochtaí agus Luach Iarmharach Measta Infheistíochtaí an Stáit i mBainc

Ba ionann an t-ioncam iomlán a fuarthas maidir leis na hinfeistíochtaí go dtí deireadh 2014 agus €3.8 billiún agus ba é luach iarmharach measta infheistíochtaí an Stáit i mbainc amháil an 31 Nollaig 2014 ná €16.7 billiún (féach Fíor 3.11).

Fíor 3.11 Ioncam ó agus luach iarmharach measta infheistíochtaí an Stáit i mbainc, Nollaig 2014

Ioncam ó infheistíochtaí	AIB	Banc na hÉireann	Permanent TSB	Iomlán
	€bn	€bn	€bn	€bn
<i>NPRF</i>				
Ioncam táille ar scaireanna tosaíochta	0.03	0.03	–	0.06
Gnáthscaireanna in lieu ar dhíbhiní ar scaireanna tosaíochta	1.41	0.25	–	1.66
Díbhiní ar scaireanna tosaíochta	–	0.74	–	0.74
Cealú bharántais scaireanna tosaíochta	0.05	0.49	–	0.54
<i>Státchiste</i>				
Ús cúpóin ar nótaí caipitil teagmhasacha	0.48	0.15	0.12	0.75
Díbhiní fabhráithe ar dhíol Irish Life	–	–	0.04	0.04
Iomlán	1.97	1.66	0.16	3.79
Luach iarmharach measta na n-infeistíochtaí	Luacháil			
Banc	€bn			
<i>IBRC</i> ^a	–			
<i>AIB</i> ^b	13.3			
<i>Banc na hÉireann</i> ^c	1.4			
<i>Permanent TSB</i> ^d	2.0			
Iomlán	16.7			

Foinsí: NPRF agus an Roinn Airgeadais.

- Nótaí:
- a Dúirt an Roinn go measann sé nach féidir an infheistíocht gan íoc in IBRC a fháil ar ais.
 - b Cothromas (€7.2 billiún), scaireanna tosaíochta (€4.6 billiún) agus nótaí caipitil teagmhasacha (€1.6 billiún). Ní hionann na figiúirí sin agus €13.3 billiún mar gheall ar shlánú. Rinneadh Ernst and Young luacháil ar an gcothromas agus ar na scaireanna tosaíochta, thar ceann Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ISIF). Aistríodh sócmhainní NPRF chuig ISIF i mí na Nollag 2014. Rinneadh luacháil ar na nótaí caipitil teagmhasacha ag a gcostas.
 - c Rinneadh luacháil ar an gcothromas i mBanc na hÉireann (€1.4 billiún) ag praghsanna an mhargaidh.
 - d Cothromas (€1.6 billiún) agus nótaí caipitil teagmhasacha (€0.4 billiún). Rinneadh an Stát infheistíocht chothromais de €2.3 billiún in Permanent TSB. Ní dheanadh luacháil ar an infheistíocht sin ó shin. Níor theastaigh luacháil den sórt sin chun críocha cuntasáíochta an Rialtais. In 2015, rinne Permanent TSB cleachtadh bailithe caipitil nach raibh an Stát páirteach ann. Tar éis an chleachtaidh sin, d'iarr Permanent TSB ar an Aire Airgeadais cuid dá scairshealbha a dhíol d'fhonn scair an Stáit den scairchaipiteal méadaithe a laghdú go dtí 75% d'fhonn príomhliostú margaidh a éascú ar stocmhaltáin na hÉireann agus Londain. Fuair an Stát €97 milliún ar an diúscairt. Mheas an Roinn gur fiú an infheistíocht chothromais atá fágtha ag an Stát €1.5 billiún bunaithe ar phraghsanna an mhargaidh i mí Lúnasa 2015. Bunaithe ar an diúscairt sa Bhealtaine agus ar an luacháil mheasta sin, is é luach iarmharach an chothromais amháil deireadh 2014 ná €1.6 billiún. Rinneadh luacháil ar na nótaí caipitil teagmhasacha ag a gcostas.

Iarscríbhinn C Costas Measta Fhónamh an Fhiachais a bhain le hinfheistíochtaí an Stáit

Measadh san imscrúdú go raibh an costas fónaímh fiachais a bhain leis na hinfheistíochtaí, lena n-áirítear costais bharúlacha fónaímh fiachais na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an NPRF, amhail deireadh 2014 ag thart ar €8.7 billiún (féach Fíor 3.12).

Fíor 3.12 Costas measta fhónamh an fhiachais a bhain leis na hinfheistíochtaí, 2009 go dtí 2014 (lena n-áirítear na costais bharúlacha maidir le fónamh fiachais infheistíochtaí NPRF)

Rangaithe de réir Bliana

	2009	2010	2011	2012	2013	2014	Iomlán
Foinse cistithe	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn
Státhchiste	0.08	0.17	0.35	0.72	0.75	0.74	2.81
Nótaí gealltanais	–	–	0.57	0.01	0.01	0.01	0.60
Nótaí ráta chomhlúthaigh ^a	–	–	–	–	0.67	0.95	1.62
NPRF	0.22	0.33	0.65	0.84	0.86	0.81	3.71
Iomlán	0.30	0.50	1.57	1.57	2.29	2.51	8.74

Rangaithe de réir Bainc

	AIB	Banc na hÉireann	Permanent TSB	Bainc thrádála – iomlán	IBRC	Iomlán
Foinse cistithe	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn
Státhchiste	0.61	0.04	0.39	1.04	1.77	2.81
Nótaí gealltanais	0.05	–	–	0.05	0.55	0.60
Nótaí ráta chomhlúthaigh	–	–	–	–	1.62	1.62
NPRF	3.02	0.69	–	3.71	–	3.71
Iomlán	3.68	0.73	0.39	4.80	3.94	8.74

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Áirítear leis an gcostas a bhain le nótaí ráta chomhlúthaigh a chistiú na préimheanna a d'íoc an NTMA chun roinnt de na nótaí sin a athcheannach ón mBanc Ceannais.

Nótaí Gealltanais

Eisíodh nótaí gealltanais don EBS (€250 milliún) agus IBRC (€30.6 billiún) in 2010. Faoi dheireadh 2014, bhí aisíocaíochtaí caipitil de €49 milliún déanta ag an Stát maidir leis na nótaí gealltanais arna n-eisiúint do EBS, anuas ar ús €51 milliún, rud a d'fhág iarmhéid de €201 milliún. Laghdaigh íocaíocht eile in 2015 an t-iarmhéid go €187 milliún.

Maidir leis na nótaí gealltanais arna n-eisiúint don IBRC

- ba é an muirear úis maidir le 2010 ná €554 milliún. Faoi théarmaí na nótaí, níor gearradh aon ús le haghaidh 2011 ná 2012
- faoi dheireadh 2012, bhí fócaíochtaí €6.12 billiún déanta ag an Stát maidir le nótaí gealltanais, i bhfoirm bannaí rialtais a raibh luach €3.06 billiún ag gabháil leo agus airgead tirim de €3.06 billiún, rud a d'fhág iarmhéid glan de dhíreach os cionn €25 billiún
- nuair a ceapadh comh-leachtaitheoirí speisialta ar an IBRC i mí Feabhra 2013, tháinig bannaí rialtais arbh fhiú €25 billiún iad in ionad na nótaí gealltanais a bhí i seilbh Bhanc Ceannais na hÉireann mar chomhthaobhacht le haghaidh iasachtaí leis an IBRC ag an am. D'eisigh an NTMA na bannaí sin don Bhanc Ceannais.

Bannaí Eisithe chun dul in ionad Nótaí Gealltanais

D'eisigh an NTMA bannaí ráta chomhlúthaigh le luach ainmniúil de €25 billiún don Bhanc Ceannais a thiocfaidh in aibíocht faoi cheann 25 go 40 bliain. Tá an ráta úis ar na bannaí bunaithe ar ráta úis 6-mhí Euribor móide corrlach seasta ag 2.62% ar an meán thar na n-ocht eisiúint.

In 2014, dhíol an Banc Ceannais €500 milliún de na bannaí sin ar ais leis an NTMA. Mar gheall gur thit an costas iasachta, bhí luach na mbannaí méadaithe agus rinne an Banc Ceannais gnóthachan de €180 milliún ar an diúscairt.

Tá an modheolaíocht a úsáideadh chun costas measta fhónamh an fhiachais a bhain le gach foinse cistithe a ríomh leagtha amach i Fíor 3.13.

Fíor 3.13 Na modheolaíochtaí a úsáideadh chun costas chistiú na n-infheistíochtaí i mbainc a mheas amhail deireadh 2014

Foinse cistithe	Modh
Cistiú Státchiste	- Measadh an costas a bhain le cistiú infheistíochtaí ag úsáid an ráta de na hiasachtaí is déanaí ón NTMA sa ráithe inar tharla na hidirbhearta, ag úsáid rátaí á soláthar ag an NTMA. - Maidir le diúscairtí nó ioncam a fuarthas in airgead tirim, ríomhadh na laghduithe ar an gcostas cistithe nuair a fuair an Státchiste na fáiltais ag úsáid an chur chuige céanna.
Nótaí gealltanais	Is ionann costas cistithe na nótaí gealltanais agus an méid úis a íocann an Stát.
Bannaí Rialtais	Ríomhadh an costas maidir le bannaí rialtais a chistiú (lena n-áirítear nótaí ráta chomhlúthaigh) ag úsáid na rátaí atá i bhfeidhm ar na bannaí.
NPRF	Mhainnigh an NPRF a infheistíochtaí óna chuid acmhainní féin. Dá bhrí sin, ní raibh aon mhuirear díreach úis ar an Stát de bharr na n-infheistíochtaí sin. Mar sin féin, bhí deis nó costas barúlach don Stát mar, i gcás nach ndéanfaí na cistí a infheistiú sna bainc, bheidís ar fáil chun críocha eile. Measadh dhá chur chuige san imscrúdú mar bhonn chun costas barúlach an chistithe don Stát a mheas. - Ba é an chéad chur chuige ná an deis chostas a mheas – is é sin, cad a thuillfeadh an NPRF dá gcoinneadh sé na cistí chun infheistiú a dhéanamh dá rogha féin. Dúirt an NPRF gur sócmhainní domhanda leachtacha iad na sócmhainní a leachtaíodh chun na hinfeistíochtaí sna bainc a mhaoiniú (lena n-áirítear ionstraimí fiachais agus cothromais), rud a d'fhág an Ciste le hualú méadaithe i sócmhainní leachtacha (lena n-áirítear cothromas agus réadmhaoín phríobháideach). Dúirt an NPRF i gcás nach ndéanfaí na haistarraingtí, go bhfuil sé réasúnta glacadh leis go mbeadh an Ciste fós infheistithe ag teacht lena leithdháileadh straitéiseach fadtéarmach ar shócmhainní agus go dtuillfeadh an Ciste an toradh céanna lena thagarmharc straitéiseach fadtéarmach thar an tréimhse 2009 go dtí 2014 – thart ar 11% in aghaidh na bliana. - Ba é an dara cur chuige a úsáideadh ná meastachán a thabhairt ar chostas na gcistí ar chostas iasachta an Státchiste, ar an mbunús dá mbeadh na cistí ar fáil don Státchiste, go bhféadfaí iasachtaí an Stáit a bheith laghdaithe ag costas na n-infheistíochtaí a rinne an NPRF (€20.7 billiún). Ríomhadh an costas barúlach úis, san imscrúdú, mar an t-ús a thabhaigh an Státchiste ar na hiasachtaí a d'fhéadfaí a sheachaint dá mbeadh na cistí NPRF ar fáil don Stát chun críocha seachas iad a infheistiú i mbainc. Maidir le diúscairtí nó ioncam a fuarthas in airgead tirim, ríomhadh na laghduithe ar an gcostas cistithe nuair a fuair an NPRF na fáiltais ag úsáid an chur chuige céanna. Úsáideadh an dara cur chuige (a d'fhág costas cistithe i bhfad níos ísle ná an chéad chur chuige) san imscrúdú.

Iarscríbhinn D Scéimeanna Ráthaíochta Dlíteanas

Ráthaigh an Stát dliteanas áirithe na mbanc faoi thrí phríomhscéim - Scéim Ráthaíochta Taiscí, Scéim na bhForas Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) agus an Scéim Ráthaíochta Dlíteanas Incháilithe.


Scéim Ráthaíochta Taiscí

Ráthaíonn an Scéim Ráthaíochta Taiscí taiscí incháilithe suas go dtí €100,000 in aghaidh an taisceora in aon bhanc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa atá ceadúnaithe chun taiscí a fháil in Éirinn agus atá údaraithe ag an mBanc Ceannais.¹

Éilítear ar bhainc, lena n-áirítear comhair chreidmheasa le héifeacht ón 30 Samhain 2012, faoi réir fhorálacha na scéime cistí a thaisceadh chuig luach 0.2% dá dtaiscí iomlána i gCuntas Cosanta Taiscí arna riar ag an mBanc Ceannais. Chomhlíonfaí aon éilimh ó thaisceoirí faoin scéim sa chéad ásc ó acmhainní an Chuntais Cosanta Taiscí agus chomhlíonfaí aon easnamh iarmharach ansin ó Lárchiste an Státhiste a gheofaí ar ais in am agus i dtráth ó earnáil na baincfeachta.

Ag deireadh 2014, bhí 32 bhanc agus cumann foirgníochta agus 377 gcomhar creidmheasa faoi réir fhorálacha na scéime. Ba é an t-iarmhéid sa Chuntas Cosanta Taiscí ar an dáta sin ná €392 milliún (féach Fíor 3.14).

Fíor 3.14 Iarmhéid an chuntais cosanta taiscí ag deireadh bliana 2005 go 2014



1 An tAcht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí), 2009.

2 Íocadh €25 milliún in 2013 agus €11 milliún in 2014.

3 Rinneadh leachtú ar Chomhar Creidmheasa Chuan Bhaile an Chaisleáin i mí Iúil 2014.

4 Tugadh bunús dlí don scéim tríd an Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008, a síníodh ina dhlí an 2 Deireadh Fómhair 2008. Ba iad na forais a bhain leas as an scéim ná AIB, Anglo, Banc na hÉireann, EBS, Irish Life and Permanent, INBS agus Postbank Limited (na 'forais chumhdaithe').

Foinse: Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais 2005 go 2014

Rinneadh íocaíochtaí, arbh fhiú €47 milliún iad, faoin scéim le taisceoirí incháilithe tar éis leachtú IBRC (€36 milliún)² agus Chomhar Creidmheasa Chuan Bhaile an Chaisleáin (€11 milliún).³ Rinneadh na híocaíochtaí ón gCuntas Cosanta Taiscí agus ní dhearnadh aon ghlaoch ar chistí an Státhiste.

Scéim Ráthaíochta Bainc CIFS

Thug Scéim na bhForas Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) (Scéim Ráthaíochta Bainc CIFS), a bhí i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2008 go Meán Fómhair 2010, ráthaíocht as raon leathan dlíteanas bainc do seacht gcinn d'institiúidí a roghnaigh leas a bhaint as an scéim.⁴

Chuaigh an Scéim Ráthaíochta Bainc CIFS in éag an 29 Meán Fómhair 2010 agus níor bhain aon dliteanais nach raibh aistrithe chuig an Scéim Ráthaíochta Dliteanas Incháilithe faoin dáta sin aon bhuntáiste as ráthaíocht Rialtais níos mó.

B'éigean do na hinstiúidí/forais a bhí cumhdaithe íocaíochtaí a dhéanamh as an gcosaint a cuireadh ar fáil faoin scéim. Mar thoradh air sin, fuarthas díreach os cionn €759 milliún ó na bainc agus saothraíodh beagnach €4.6 milliún in ús ar na hiarmhéideanna sealbhaithe. Tar éis dhul in éag na scéime, íocadh an méid iomlán a bailíodh leis an Státchiste toisc nach ndearnadh aon éilimh.

Scéim Ráthaíochta Dliteanas Incháilithe

Tháinig an Scéim Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe (ELG) i bhfeidhm i mí na Nollag 2009. Dearadh í chun ráthaíocht níos fadtéarmaí a thabhairt le haghaidh dliteanas baincéireachta áirithe. Riarann an NTMA an scéim thar ceann an Aire.


Íocann na ceithre instiúid atá rannpháirteach in ELG táille as an gcumhdach a fhaigheann siad.¹ Déantar íocaíochtaí táillí isteach i gcuntas ainmnithe ag an mBanc Ceannais agus íoctar iad ar bhonn ráithiúil leis an Státchiste i bhfoirm riaráistí. Ba ionann na táillí a bailíodh ó na hinstiúidí go dtí deireadh mhí na Nollag 2014 agus díreach os cionn €3.58 billiún agus saothraíodh ús ar an gcuntas arbh fhiú €3.28 milliún é. Tá an t-iomlán íochta in iomlán leis an Státchiste.

Ar an 26 Feabhra 2013, d'fhógair an tAire go rabhthas chun deireadh a chur leis an scéim maidir le gach dliteanas nua le héifeacht ó mheán oíche an 28 Márta 2013. Bhí iomlán de €74.6 billiún cumhdaithe ag an scéim nuair a dúnadh í, ach bhí an tsuim laghdaithe go dtí €4.2 billiún faoi mhí Márta 2015 (féach Fíor 3.15).

Éilimh faoin Scéim

Rinneadh roinnt éileamh faoin scéim tar éis leachtú IBRC i mí Feabhra 2013. Ba ionann na híocaíochtaí éilimh iomlána an 31 Nollaig 2014 agus €1,072 milliún – €934 milliún maidir le bannaí agus €138 milliún maidir le taiscí. Bhí €2 mhilliún eile íochta in éilimh in 2015 maidir le taiscí IBRC.

Fíor 3.15 Dliteanais ráthaithe na bhforas cumhdaithe, Márta 2009 go dtí Márta 2015



1 AIB, IBRC, Banc na hÉireann agus Irish Life and Permanent.

Iarscríbhinn E Íocaíochtaí as Seirbhísí Sainchomhairleoireachta

D'úsáid an Stát, tríd an mBanc Ceannais, an NTMA, an Roinn agus an NPRF, seirbhísí comhairleoirí agus iad ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm na mbearta a bhfuil sé mar aidhm acu earnáil na baincéireachta a chobhsú.

Faoi dheireadh 2014 bhí beagnach €152 milliún íoctha ag na comhlachtaí maidir le seirbhísí sainchomhairleoireachta – leagtar amach i Fíor 3.16 na híocaíochtaí, arna rangú ag an mbearta dar soláthraíodh an tseirbhís ghaolmhar.

Fíor 3.16 Íocaíochtaí as seirbhísí sainchomhairleoireachta le haghaidh bearta cobhsaíochta baincéireachta, arna rangú ag an gcineál seirbhíse a soláthraíodh, 2008 go dtí 2014

	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	Iomlán
Céim na cobhsaíochta	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Athstruchtúrú, athchaipitliú agus ráthaíochtaí	6.48	14.24	12.02	18.23	3.36	3.49	1.16	58.98
Clár um bearta airgeadais	–	–	–	28.13	1.57	1.14	0.30	31.14
Measúnú cuimsitheach	–	–	–	–	–	–	22.62	22.62
Riaráistí morgáiste cónaithe	–	–	–	0.02	7.01	8.67	1.41	17.11
Eile ^a	0.06	6.49	2.73	8.39	1.55	1.75	1.10	22.07
Iomlán	6.54	20.73	14.75	54.77	13.49	15.05	26.59	151.92

Foinsí: An Banc Ceannais, NTMA, An Roinn Airgeadais agus an NPRF.

Nótaí: a Áirítear in eile comhairle ghinearálta (€10.0 milliún) agus comhairle maidir le comhair chreidmheasa (€4.2 milliún), NAMA (€2.9 milliún), bainistiú géarchéime (€2.5 milliún), náisiúnú na mbanc (€2.0 milliún), fiosrúchán maidir leis an ngéarchéim baincéireachta (€0.4 milliún) agus cúnamh leachtachta (€0.1 milliún).

Fuair 19 gnólacht íocaíochtaí arbh fhiú €149 milliún ar an iomlán iad – íocaíochtaí idir €664,000 go dtí €33 milliún – agus fuair 53 eile €2.9 milliún ar an iomlán – íocaíocht idir níos lú ná €10,000 go dtí díreach faoi bhun €350,000 (féach Fíor 3.17).

Fuair ceithre ghnólacht beagnach 60% den iomlán

- i measc na n-íocaíochtaí a rinneadh le Arthur Cox bhí €26.9 milliún maidir le hathstruchtúrú, athchaipitliú agus ráthaíochtaí, €2 milliún maidir le NAMA agus €2 milliún maidir le náisiúnú na mbanc
- i measc na n-íocaíochtaí a rinneadh le Blackrock Financial Management bhí thart ar €12.5 milliún maidir leis an gclár um bearta airgeadais agus €11 milliún maidir le riaráistí morgáistí cónaithe
- i measc na n-íocaíochtaí a rinneadh le Ernst and Young bhí €5.9 milliún maidir le riaráistí morgáistí cónaithe, €10.2 milliún maidir leis an measúnú cuimsitheach agus €4.5 milliún maidir leis an gclár um bearta airgeadais
- i measc na n-íocaíochtaí a rinneadh le KPMG bhí €11.2 milliún maidir leis an measúnú cuimsitheach agus €2.0 milliún maidir le bainistíocht géarchéime.

Fíor 3.17 Íocaíochtaí as seirbhísí comhairliúcháin le haghaidh beart cobhsaíochta baincéireachta, arna rangú de réir an tsoláthraí seirbhíse, 2008 go dtí 2014

	An Banc Ceannais	NTMA	An Roinn Airgeadais	NPRF	Iomlán
Soláthraí Seirbhíse	€m	€m	€m	€m	€m
Arthur Cox	1.86	9.92	19.12	2.16	33.06
Blackrock Financial Management	23.48	—	—	—	23.48
Ernst and Young	20.90	—	—	—	20.90
KPMG	13.19	—	—	—	13.19
Goldman Sachs	—	9.39	—	—	9.39
PricewaterhouseCoopers	6.06	0.45	0.37	1.58	8.46
Merrill Lynch	—	7.33	—	—	7.33
NM Rothschild & Sons	—	6.96	—	—	6.96
Boston Consulting Group UK LLP	5.08	—	—	—	5.08
McKinsey & Company	—	4.41	—	—	4.41
Deloitte and Touche	4.11	—	0.10	—	4.21
Barclays Bank plc	3.51	—	—	—	3.51
Grant Thornton	2.16	—	—	—	2.16
Mazars	1.76	—	0.11	—	1.87
Matheson Ormsby Prentice	0.38	0.07	1.09	—	1.54
McEvoy Partners	—	0.99	—	—	0.99
MKO Partners	0.93	—	—	—	0.93
McCann Fitzgerald	0.86	—	—	—	0.86
AIB Corporate Finance Ltd	—	0.66	—	—	0.66
Eile ^a	0.89	0.69	0.94	0.41	2.93
Iomlán	85.17	40.87	21.73	4.15	151.92

Foinsí: An Banc Ceannais, NTMA, An Roinn Airgeadais agus an NPRF.

Nóta: a fuair 53 duine aonair nó gnólacht íocaíochtaí arbh fhiú €2.93 milliún ar an iomlán iad. Bhí na híocaíochtaí idir €10,000 go dtí díreach faoi bhun €350,000.

Fíor 3.18 Gnólachtaí atá cáilithe chun sainseirbhísí airgeadais a sholáthar don Roinn Airgeadais, 2015

1 – Comhairle maidir le margaí caipitil, cumais agus fáiltais straitéiseacha agus athstruchtúrú	2 – Comhairle ghinearálta faoi chúrsaí airgid	3 – Seirbhísí dáileacháin margaí caipitil
Bank of America Merrill Lynch	Alvarez and Marsal	Bank of America Merrill Lynch
Barclays	Aon Hewitt	Barclays
Citi	BlackRock Solutions	Citi
Credit Suisse	Boston Consulting Group	Credit Suisse
Deutsche Bank	Citi	Deutsche Bank
Goldman Sachs	Ernst and Young	Goldman Sachs
JP Morgan	Goldman Sachs	Goodbody
Lazard	Goodbody	Investec
Nomura	Grant Thornton	J&E Davy
Rothschild	IBI	JP Morgan
UBS	KPMG	Nomura
	MKO – EisnerAmper	UBS
	Oliver Wyman	
	Promontory	
	UBS	

 Foinse: An Roinn Airgeadais

Fíor 3.19 Gnólachtaí atá cáilithe chun sainseirbhísí dlí a sholáthar don Roinn Airgeadais, 2015

William Fry
 Arthur Cox
 A&L Goodbody
 Matheson
 McCann Fitzgerald
 Mason Hayes & Curran
 Byrne Wallace

 Foinse: An Roinn Airgeadais

Caiteachas Vótáilte

4 Cuntasaíocht Vóta agus Bainistíocht Buiséid

- 4.1 Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh seirbhísí ranna agus oifigí an rialtais trí
- mheastacháin d'fháltais agus de chaiteachas na seirbhísí sin a fhaomhadh i rith gach bliana
 - rud a thugann éifeacht reachtúil do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.
- 4.2 Déantar foráil do chaiteachas faoi 'vótaí', agus cumhdaíonn vóta amháin nó níos mó feidhmeanna gach roinne nó oifige. Tugann an chéad chuid den mheastachán maidir le gach vóta (dá dtagraítear mar raon) cuntas de na seirbhísí a bheidh le maoiniú. Tá an raon ionchorpraithe san Acht Leithreasa bliantúil agus dá réir sin is éard atá ann ná na haidhmeanna dá bhfuil na cistí údaraithe ag Dáil Éireann.
- 4.3 Ag deireadh gach bliain airgeadais, iarrtar ar gach roinn agus oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, le haghaidh gach seirbhís vótáilte arna riar aige. Oibríonn an ceanglas reachtúil ionas go dtabharfaidh an cuntas leithreasa tuairisc faoi thoradh na bliana i gcomparáid leis an tsuim a sholáthraíonn Dáil Éireann.


Torthaí Iniúchtaí 2014 ar na Cuntais Leithreasa

- 4.4 Tá iniúchtaí déanta ar chuntais leithreasa 2014 maidir le gach vóta. Tá gach cuntas, mar aon leis an tuarascáil ghaolmhar ar an iniúchadh, á gcur faoi bhráid Dháil Éireann in éineacht leis an tuarascáil seo.
- 4.5 Tá achoimre de na suimeanna leithreasaithe in 2014 maidir le gach seirbhís phoiblí vótáilte áirithe in larscríbhinn A (Fíor A1). Taispeántas toradh na bliana freisin, mar aon leis an mbarrachas de leithreasaí thar chaiteachas.
- 4.6 Ba ionann an tsuim dheiridh leithreasaithe le haghaidh seirbhísí poiblí in 2014 agus €46.4 billiún. Cuimsíodh leis sin deontais soláthair de €42.7 billiún, maoiniú caipitil tugtha ar aghaidh ó 2013 arbh ionann é agus €132 milliún agus leithreasaí i gcabhair de €3.6 billiún.

Toradh Vóta

- 4.7 Tá achoimre de chaiteachas comhiomlán agus leithreasaí i gcabhair de gach vótaí le haghaidh na mblianta 2010 go dtí 2014 i Fíor 4.1. Ba é €46 billiún an méid iomlán a chaith ranna agus oifigí in 2014. Tar éis leithreasaí i gcabhair de €3.6 billiún ar an iomlán a asbhaint, ba é €42.4 billiún an glanchaiteachas sa bhliain.

Fíor 4.1 Toradh Vóta, 2010 go dtí 2014




Foinse: Tuarascálacha maidir le Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2010 go dtí 2014, larscríbhinn A

4.8 Ní cheadaítear do ranna agus d'oifigí níos mó a chaitheamh ná an méid a dhéantar a leithreasú le haghaidh gach vóta. Nuair is lú an caiteachas sa bhliain ná an méid a chuirtear ar fáil, caitear an barrachas a thabhairt suas don Státhiste.

4.9 Rinne gach vóta taifeadadh ar gach roinn agus oifig a bhí á mbainistiú laistigh dá leithroinntí vótáilte foriomlána in 2014 agus barrachais. Dá bhrí sin, ní raibh aon farasbarr vóta ann in 2014.

4.10 Ba ionann barrachais 2014 agus €357 milliún (féach Fíor 4.2). As an méid sin, ceadaíodh iomlán de €79 milliún le tabhairt ar aghaidh go 2015. Bhí an méid a bhí fágtha de €278 milliún le tabhairt suas. Tá na figiúirí a bhí dlite le tabhairt suas nó le tabhairt ar aghaidh go 2015 maidir le gach vóta taispeánta in larscríbhinn A (Fíor A2).

Fíor 4.2 Barrachas leithreasáí, 2010 go dtí 2014



Foinse: Tuarascálacha maidir le Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2010 go dtí 2014, larscríbhinn A

Fáltais Bhreise Státchiste

- 4.11** Ordaíonn an Roinn Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe go ndéanfaí suimeanna áirithe arna mbailiú ag ranna agus ag oifigí a chur chun sochair an Státchiste, agus nach gcaithfí leo mar leithreasá i gcabhair. Áirítear leo sin fáltais ó fhíneálacha cúirte, agus fáltais ó tháillí an Údaráis Clárúcháin Maoine. Tugtar cuntas ar fháltais amhantair go hiondúil ar an mbealach sin, lena n-áirítear fáltais ó dhíol mór réadmhaoine, fáltais de bhun farasbarr ioncaim nó brabúis cuideachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitiúla, íocaíochtaí cúitimh agus foirceannadh deonach tuarastail. I gcás inar tháinig fáltais bhreise Státchiste chun cinn in 2014, tá na méideanna taispeánta sna nótaí a ghabhann leis na cuntais leithreasa ábhartha. Ba é iomlán na bhfáltais breise Státchiste a thaifead ranna agus oifigí in 2014 ná €125 milliún (2013: €120m). Tá suim comhiomlán na bhfáltais sin atá tuairiscithe i ngach cuntas leagtha amach in Iarscríbhinn A (Fíor A3).

Deontais i gcabhair

- 4.12** In éineacht leis na gnáthsheirbhísí arna riar go díreach ag roinn nó ag oifig a chumhdach, d'fhéadfadh foráil airgeadais a bheith i vóta le haghaidh gníomhaíochta nó seirbhíse ar leith arna riar ag comhlacht seachtrach. Is féidir leis an bhforáil airgeadais sin a bheith i bhfoirm deontais nó deontais i gcabhair don chomhlacht. Tá deontais faoi réir na ngnáth-cheanglas a bhaineann le haon íocaíocht ó fhocheannteideal, agus bíonn aon iarmhéid nach mbíonn caite ag faighteoir an deontais ag deireadh na blianta dlite le tabhairt suas. Tá difríocht i ndeontas i gcabhair ó dheontais eile vótáilte sa mhéid nach bhfuil aon iarmhéid deireadh bliana neamhchaite de na suimeanna arna n-eisiúint ón vóta dlite le tabhairt suas don Státchiste. In 2014, ba ionann agus €1.9 billiún na heisiúintí iomlána faoi fhocheannteidil deontais i gcabhair.
- 4.13** Luaitear in *Public Financial Procedures* de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nach mbeidh an tsuim iomlán a íocfar trí bhíthin deontas i gcabhair níos mó ná an tsuim atá sonraithe sa mheastachán, agus nach féidir coigiltis ar fhocheannteidil eile a úsáid chun suim an deontais i gcabhair a mhéadú. Seachas aon chás amháin (pléite thíos), bhí na suimeanna a íocadh trí bhíthin deontais i gcabhair cothrom nó níos lú ná suimeanna fhorálacha an fhocheannteidil arna soláthar ag Dáil Éireann, agus dá réir sin chomhlíon siad a raibh in *Public Financial Procedures*.
- 4.14** I gcás íocaíochtaí a rinneadh le tionóil réigiúnacha ón vóta Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, bhí an tsuim a íocadh de €814,000 níos mó ná an soláthar de dheontas i gcabhair de €650,000 a bhí sa mheastachán. In ainneoin na bhforálacha in *Public Financial Procedures* chuige sin, cheadaigh an Roinn athleithroinnt na gcoigilteas ar fhocheannteideal eile chun an farasbarr caiteachais ar an bhfocheannteideal de dheontais i gcabhair a chumhdach.¹ Luaigh an Roinn gur léiríodh an cead sin sa chás seo bunaithe ar fiúntais an iarratais agus toisc go raibh coigiltis ann chun é a éascú.
- 4.15** Ó 2015, faoi nósanna imeachta athbhreithnithe arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, déanfar gach maoiniú a cuireadh ar fáil roimhe seo trí dheontas i gcabhair a athrangú mar dheontais.²


1 Tagraítear don phróiseas seo a bhaineann le coigiltis a athleithroinnt ar fhocheannteideal amháin go dtí caiteachas ar fhocheannteideal eile mar 'virmint'.

2 Ciorclán 13/2014. Tugtar breis sonraí i gCaibidil 5 (Bainistíocht Deontas Rialtais) maidir leis na forálacha sa chiorclán seo.

Athraitheas Buiséid

- 4.16** Is ionann an tsuim bhunaidh a ceadaíodh sa mheastachán agus an réamhaisnéis maidir leis an tsuim a theastaíonn chun costas na seirbhísí atá le soláthar ó gach vóta a chomhlíonadh. Is ionann an t-athraitheas buiséid mar sin agus an difríocht idir an meastachán bunaidh de ghlanchaiteachas agus an toradh iarbhair i mbliain.¹ Fíor 4.3 Anseo leagtar amach an t-athraitheas buiséid maidir leis na vótaí go léir, do na blianta 2005 go dtí 2014.

Fíor 4.3 Athraitheas sa ghlanchaiteachas ón gcéad bhuiséad, gach vóta, 2005 go 2014



Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

- 4.17** Idir 2005 agus 2007, bhí an glanchaiteachas vótáilte níos lú ná an bunmheastachán gach bliain. Ó 2008, ní raibh aon phatrún leanúnach athraitheas ann. In 2014, bhí an glanchaiteachas €914 milliún níos mó ná an réamhaisnéis bhunaidh a tugadh

Athraitheas Buiséid de réir Vóta


- 4.18** Ba iad na trí vóta leis an nglan-athraitheas airgeadaíochta ba mhó in 2014 ná Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (€653 milliún), Talmhaíocht, Bia agus Mara (€145 milliún) agus Iompar, Turasóireacht agus Spórt (€128 milliún).

- 4.19** Leagtar amach i Fíor 4.4, maidir le gach vóta, an t-athraitheas comhréireach idir caiteachas iarbhair agus an meastachán bunaidh a tugadh in 2014.

- Bhí 11 vóta ann inar mhó toradh an ghlanchaiteachais ná an meastachán bunaidh. Bhí an céatadán róchaiteachais ba mhór ag Talmhaíocht, Bia agus Mara, ag 15%, i gcomparáid lena meastachán bunaidh.
- Thabhaigh an 30 vóta a bhí fágtha glanchaiteachas a bhí níos lú ná mar a ceapadh ar dtús báire sna meastacháin athbhreithnithe.

¹ Tá foráil reachtúil ann le haghaidh leithroinntí caipitil gan chaitheamh a thabhairt ar aghaidh chuig an mbliain dar gcionn le húsáid le haghaidh na críche céanna, le comhaontú na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. Sa tuarascáil seo, caitear le suimeanna den sórt sin atá le tabhairt ar aghaidh mar chuid de leithreasáí bliantúla na roinne.

Fíor 4.4 Athraitheas sa ghlanchaiteachas de réir vóta, mar chionmhaireacht den bhuiséad bunaithe, 2014



Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Meastacháin Forlíontacha

- 4.20** Nuair a cheadaíonn an Dáil meastachán vóta, déanann sé é sin ar an leibhéal comhiomlán. Tugtar scóip áirithe do ranna buiséid a bhainistiú trí leithroinntí a bhogadh idir cláir agus focheannteidil, ach ní dhéantar é sin ach amháin má aontaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus agus Athchóirithe é sin. Tugtar vírmint ar an bpróiseas athleithroinnte seo.
- 4.21** Má theastaíonn coigeartuithe móra ar na buiséid le haghaidh clár nó focheannteideal de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh, ní mór cead foirmiúil a lorg ón Dáil. Déantar é sin tríd an bpróiseas ‘meastachán forlíontach’. Féadfar an próiseas sin a úsáid freisin, más gá, chun an teorainn airgid a mhéadú le haghaidh vóta don bhliain. Pléitear sonraí maidir leis na meastacháin forlíontacha a iarrtar ag na coistí Dála ábhartha sula lorgaítear ceadú ón Dáil féin.
- 4.22** Theastaigh meastacháin forlíontacha suntasacha ó 11 vóta in 2014 chun an tsuim fhoriomlán atá ar fáil a mhéadú (féach Fíor 4.5). Áiríodh leo sin trí vóta ar theastaigh meastacháin fhorlíontacha suntasacha uathu gach bliain ó 2010.

Fíor 4.5 Vótaí le meastacháin fhorlíontacha, 2010 go dtí 2014^a

	2010	2011	2012	2013	2014
Pinsin Airm	●	●	●	●	●
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	●	●	●	●	●
An Garda Síochána	●	●	●	●	●
Iompar, Turasóireacht agus Spórt	○		●	●	●
Dlí agus Cirt agus Comhionannas	○	○		○	
Seirbhísí Comhroinnte				○	
An tSeirbhís Chúirteanna	○	●	●		○
Coimirce Shóisialta	●		●		
Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	○	○	○		○
Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	○	○	○		●
Ealaíon, Oidhreacht agus an Ghaeltacht	●				○
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir			●		●
Oideachas agus Scileanna	○				●
Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	●				
Talmhaíocht, Bia agus Mara					●
Leanaí agus Gnóthaí Óige					○
Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe		○			
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí					●
Príosúin					●
Roinn an Taoisigh					●
Cosaint					○

Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- Tugann sé méadú sa mheastachán de ghlanchaiteachas le fios .i. meastachán forlíontach suntasach.
 - Tugann sé le fios gur meastachán comharthach €1,000 a bhí sa mhéadú ar ghlanchaiteachas .i. meastachán forlíontach teicniúil.
 - a Tá teidil vóta de réir Mheastacháin Athbhreithnithe 2014 le haghaidh Seirbhísí Poiblí. Maidir le roinnt vótaí, d'fhéadfadh sé go raibh feidhm le teidil difriúla i mblíanta roimhe seo inar cheadaíodh meastachán forlíontach.

Iarscríbhinn A Toradh Airgeadais Vóta

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh gnáthsheirbhísí ranna agus oifigí an rialtais trí mheastacháin de na suimeanna a theastaíonn i gcomhair na seirbhísí sin i rith gach bliana a cheadú, agus trí éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil. (a) Foráiltear le haghaidh caiteachais faoi shraith 'vótaí. De réir dlí, ní mór cuntas leithreasa a chruthú maidir le gach vóta. Ní mór sonraí a bheith sa chuntas de thoradh na bliana i gcoinne na suime arna soláthar ag Dáil Éireann.

Tá achoimre i bhFíor A1 den toradh ar chaiteachas agus fáltais i gcoibhneas leis na suimeanna arna leithreasú le haghaidh seirbhísí poiblí in 2014.

Taispeántar i bhFíor A2 conas a cuireadh leithreasaí barrachais i bhfeidhm in 2014 – trí chaiteachas a iarchur go dtí 2015, nó trína thabhairt suas don Státchiste.

Taispeánann Fíor A3 fáltais bhreise Státchiste a raibh meastachán tugtha fúthu agus cinn réadaithe.

Tá mínithe tugtha thíos ar roinnt de na téarmaí a úsáidtear sna táblaí.

Deontas soláthair	An t-airgead arna dheonú (nó bronnta) ag Dáil Éireann ar gach ceann de na seirbhísí poiblí.
Iarchurtha ó 2013	An méid maoiniú caipitil nár caitheadh in 2013 agus a tugadh ar aghaidh le caitheamh ar sheirbhísí caipitiúla in 2014. Cheadaigh Dáil Éireann na suimeanna sin a thabhairt ar aghaidh in Acht Leithreasa, 2013.
Leithreasaí-i-gcabhair	Fáltais roinne is féidir a choimeád, le comhaontú Dháil Éireann, chun costais an vóta lena mbaineann siad a ghlanadh.
Leithreasaí iomlána	Suim an deontais soláthair, airgead caipitiúil iarchurtha 2013 (más ann) agus leithreasaí-i-gcabhair.
Barrachas don bhliain	An farasbarr de leithreasaí iomlána Dháil Éireann thar an ollchaiteachas mar aon le haon bharrachas ar leithreasaí i gcabhair. Tá an barrachas don bhliain dlí le tabhairt suas don Státchiste.
Tabhairt suas iarchurtha	An méid maoiniú caipitil nár caitheadh in 2014 a tugadh ar aghaidh le caitheamh in 2015. Cheadaigh Dáil Éireann na suimeanna sin a thabhairt ar aghaidh in Acht Leithreasa, 2014.
Barrachas le tabhairt suas	An méid airgid á leithreasú in 2014 ach nár caitheadh sa bhliain nó atá iarchurtha go 2015, agus is gá dá réir sin a thabhairt suas don Státchiste.
Fáltais bhreise Státchiste	Fáltais roinne nach ndéantar leithreasú-i-gcabhair orthu maidir leis an vóta, ach a íoctar isteach díreach sa Státchiste.

Fíor A1 Achoimre ar na Leithreasáí le haghaidh Seirbhísí Poiblí in 2014, de réir vóta

Vóta	Seirbhís	An méid leithreasaithe				Toradh			Barrachas/easnamh		
		Deontais soláthair	larchurtha ó 2013	Leithreasáí i gcabhair	lomlán	Ollchaiteachas	Leithreasáí i gcabhair	Glanchaiteachas	Barrachas comhlán	Farasbarr (easnamh) i bhfáltais	Glan bharrachas le haghaidh na bliana ^a
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	3,267	—	120	3,387	3,275	94	3,181	112	(26)	86
2	Roinn an Taoisigh	21,423	—	878	22,301	20,835	935	19,900	1,466	57	1,523
3	Oifig an Ard-Aighne	14,301	—	788	15,089	13,820	834	12,986	1,269	46	1,315
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	39,577	—	1,943	41,520	39,472	1,866	37,606	2,048	(77)	1,971
5	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	36,838	—	975	37,813	37,675	973	36,702	138	(2)	136
6	Oifig an Phríomh-Atur na Stáit	26,309	—	1,860	28,169	26,983	1,514	25,469	1,186	(346)	840
7	Oifig an Aire Airgeadais	31,200	—	1,500	32,700	24,143	2,248	21,895	8,557	748	9,305
8	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	5,922	—	5,875	11,797	11,045	5,801	5,244	752	(74)	678
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	320,463	—	72,966	393,429	385,294	78,061	307,233	8,135	5,095	13,230
10	Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	477	—	32	509	445	30	415	64	(2)	62
11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	35,898	—	4,000	39,898	36,802	4,748	32,054	3,096	748	3,844
12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	384,800	—	93,000	477,800	473,868	105,129	368,739	3,932	12,129	16,061
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	354,146	—	27,026	381,172	381,008	27,227	353,781	164	201	365
14	An tSaotharlann Stáit	7,795	—	852	8,647	8,312	1,085	7,227	335	233	568
15	An tSeirbhís Rúnda	1,000	—	—	1,000	593	—	593	407	—	407
16	An Oifig Luachála	8,904	—	1,291	10,195	8,295	1,639	6,656	1,900	348	2,248
17	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	6,987	—	245	7,232	7,169	337	6,832	63	92	155
18	Seirbhísí Comhroinnte	30,581	—	3,468	34,049	23,245	2,955	20,290	10,804	(513)	10,291
19	Oifig an Ombudsman	7,743	—	397	8,140	6,718	335	6,383	1,422	(62)	1,360
20	An Garda Síochána	1,314,728	—	126,800	1,441,528	1,439,854	126,892	1,312,962	1,674	92	1,766

	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
21 Príosúin	317,795	2,400	16,393	336,588	335,341	16,351	318,990	1,247	(42)	1,205
22 An tSeirbhís Chúirteanna	58,031	—	48,722	106,753	105,399	48,797	56,602	1,354	75	1,429
23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine	30,108	—	979	31,087	29,923	1,177	28,746	1,164	198	1,362
24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas	324,596	—	55,940	380,536	363,276	63,068	300,208	17,260	7,128	24,388
25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	773,591	72,000	94,632	940,223	916,120	85,607	830,513	24,103	(9,025)	15,078
26 Oideachas agus Scileanna	7,951,544	—	554,333	8,505,877	8,500,082	558,928	7,941,154	5,795	4,595	10,390
27 Comhar Idirnáisiúnta	478,013	—	1,150	479,163	475,745	1,183	474,562	3,418	33	3,451
28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	167,236	570	45,048	212,854	201,321	48,120	153,201	11,533	3,072	14,605
29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádurtha	194,506	8,500	237,000	440,006	424,743	230,796	193,947	15,263	(6,204)	9,059
30 Talmhaíocht, Bia agus Mara	1,135,103	16,800	66,797	1,218,700	1,191,460	71,220	1,120,240	27,240	4,423	31,663
31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt	1,437,669	4,800	394,431	1,836,900	1,798,874	390,277	1,408,597	38,026	(4,154)	33,873
32 Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	732,075	23,000	48,948	804,023	765,560	49,248	716,312	38,463	300	38,763
33 Ealaíon, Oidhreacht agus an Ghaeltacht	259,458	—	4,439	263,897	257,166	5,904	251,262	6,731	1,465	8,196
34 An Gailearaí Náisiúnta	7,274	—	3,256	10,530	10,495	3,231	7,264	35	(25)	10
35 Pinsin Airm	220,190	—	5,500	225,690	225,674	5,503	220,171	16	3	19
36 Cosaint	640,292	900	36,638	677,830	672,960	45,345	627,615	4,870	8,707	13,577
37 Coimirce Shóisialta	11,856,900	—	242,020	12,098,920	12,071,252	252,543	11,818,709	27,668	10,523	38,191
38 Sláinte	201,969	—	3,916	205,885	194,762	4,702	190,060	11,123	786	11,909
39 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	12,232,496	—	1,355,313	13,587,809	13,542,917	1,337,185	12,205,732	44,892	(18,128)	26,764
40 Leanaí agus Gnóthaí Óige	974,268	2,576	22,887	999,731	999,145	22,898	976,247	586	11	597
41 An Oifig um Sholáthar Rialtais	12,431	—	350	12,781	6,377	225	6,152	6,404	(125)	6,279
Iomlán	42,657,904	131,546	3,582,708	46,372,158	46,037,443	3,605,011	42,432,432	334,715	22,303	357,019

Foinse: Cuntais Leithreasa 2014

Nóta: a Cuimsítear i nglanbharrachas an farasbarr de leithreasaí iomlána Dháil Éireann thar an ollchaiteachas mar aon leis an bhfarasbarr/easnamh ar leithreasaí i gcabhair. Is de bharr slánúcháin aon dífríochtaí dealraitheacha sna hiomláin.

Fíor A2 Cur i bhFeidhm Leithreasáí Barrachais 2014, de réir vóta

Vóta	Seirbhís	Barrachas le haghaidh na bliana	Iarchurtha tabhairt suas (i gcomhair 2014)	Barrachas le tabhairt suas
		€000	€000	€000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	86	—	86
2	Roinn an Taoisigh	1,523	—	1,523
3	Oifig an Ard-Aighne	1,315	—	1,315
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	1,971	—	1,971
5	Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí	136	—	136
6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	840	—	840
7	Oifig an Aire Airgeadais	9,305	—	9,305
8	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	678	—	678
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	13,230	—	13,230
10	Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	62	—	62
11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	3,844	—	3,844
12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	16,061	—	16,061
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	365	—	365
14	An tSaotharlann Stáit	568	—	568
15	An tSeirbhís Rúnda	407	—	407
16	An Oifig Luachála	2,248	—	2,248
17	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	155	—	155
18	Seirbhísí Comhroinnte	10,291	998	9,293
19	Oifig an Ombudsman	1,360	—	1,360
20	An Garda Síochána	1,766	—	1,766

Fíor A3 Fáltais Bhreise Stáitchiste 2014, de réir vóta

Vóta	Seirbhís	Fáltais bhreise réadaithe
		€000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	—
2	Roinn an Taoisigh	—
3	Oifig an Ard-Aighne	—
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	—
5	Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí	14
6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	16
7	Oifig an Aire Airgeadais	11
8	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	—
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	1,580
10	Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	—
11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	78
12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	—
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,682
14	An tSaotharlann Stáit	—
15	An tSeirbhís Rúnda	—
16	An Oifig Luachála	—
17	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	—
18	Seirbhísí Comhroinnte	—
19	Oifig an Ombudsman	158
20	An Garda Síochána	3,673

21	Príosúin	1,205	—	1,205
22	An tSeirbhís Chúirteanna	1,429	—	1,429
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	1,362	—	1,362
24	Dlí agus Cirt agus Comhionannas	24,388	—	24,388
25	Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	15,078	—	15,078
26	Oideachas agus Scileanna	10,390	—	10,390
27	Comhar Idirnáisiúnta	3,451	—	3,451
28	Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	14,605	—	14,605
29	Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	9,059	4,600	4,459
30	Talmhaíocht, Bia agus Mara	31,663	18,000	13,663
31	Iompar, Turasóireacht agus Spórt	33,873	29,105	4,768
32	Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	38,763	20,000	18,763
33	Ealaíon, Oidhreacht agus an Ghaeltacht	8,196	6,216	1,980
34	An Gailearaí Náisiúnta	10	—	10
35	Pinsin Airm	19	—	19
36	Cosaint	13,577	—	13,577
37	Coimirce Shóisialta	38,191	—	38,191
38	Sláinte	11,909	—	11,909
39	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	26,764	—	26,764
40	Leanaí agus Gnóthaí Óige	597	—	597
41	An Oifig um Sholáthar Rialtais	6,279	125	6,154
Iomlán		357,019	79,044	277,975

Foinse: Cuntais Leithreasa 2014


21	Príosúin	—
22	An tSeirbhís Chúirteanna	11,281
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	47,064
24	Dlí agus Cirt agus Comhionannas	—
25	Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	39,677
26	Oideachas agus Scileanna	813
27	Comhar Idirnáisiúnta	—
28	Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	758
29	Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	135
30	Talmhaíocht, Bia agus Mara	1,137
31	Iompar, Turasóireacht agus Spórt	1,271
32	Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	9,154
33	Ealaíon, Oidhreacht agus an Ghaeltacht	12
34	An Gailearaí Náisiúnta	—
35	Pinsin Airm	—
36	Cosaint	1
37	Coimirce Shóisialta	11
38	Sláinte	—
39	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	6,023
40	Leanaí agus Gnóthaí Óige	—
41	An Oifig um Sholáthar Rialtais	19
Iomlán		124,568

Foinse: Cuntais Leithreasa 2014

5 Deontais Rialtais a Bhainistiú

- 5.1** Tá deontais Rialtais ar cheann de na bealaí a úsáidtear chun cistiú a thabhairt chun tacú le heagraíochtaí agus le gníomhaíochtaí áirithe. Is féidir deontas a shainiú mar aistriú cistiú poiblí chun críche faoi leith a bheidh le húsáid de réir sraith téarmaí agus coinníollacha.
- 5.2** Bíonn éagsúlacht mhór ag baint leis na tosca ina dtugtar cistiú deontais agus na cuspóirí atáthar ag iarraidh a bhaint amach leis an gcistiú sin. Áirítear leis an gcistiú deontais a thugtar do chomhlachtaí Stáit chun deis a thabhairt dóibh tabhairt faoina gcuid feidhmeanna agus scéimeanna deontais arna n-oibriú ag ranna Rialtais nó ag comhlachtaí eile atá ag fáil cistiú ón Stáitchiste. In 2014, d'íoc 22 roinn agus oifig Rialtais os cionn €11 billiún i ndeontais.
- 5.3** Cuireann deontais ar chumas ranna Rialtais tacaíocht a thabhairt do raon leathan gníomhaíochtaí gan gá dóibh na gníomhaíochtaí sin a bhainistiú go díreach. Is bealach éifeachtúil é deontais a thabhairt don eagraíocht a bhfuil na cumhachtaí agus na scileanna is oiriúnaí acu chun cuspóirí beartais a chur i gcrích. Mar sin féin, toisc go mbíonn seachadadh na seirbhísí nó na ngníomhaíochtaí atáthar a mhaoiniú gearrtha amach ó sholáthróir an mhaoinithe sin, is féidir baol níos mó a bheith ann maidir le bainistiú agus cuntasacht an airgid phoiblí a bhíonn i gceist. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin go mbeidh socruithe iomchuí ag an gcomhlacht cistithe lena chinntiú go ndéantar na cistí poiblí a riar i gceart agus go n-úsáidtear iad le haghaidh na críche a bhfuil siad beartaithe.
- Is féidir na príomhghnéithe de chóras maith rialaithe le haghaidh cistiú deontais a chur i gcatagóirí mar atá leagtha amach i
- 5.4** Fíor 5.1. Beidh cineál agus méid na rialuithe faoi gach catagóir ag brath ar
- an aidhm dá gcuirtear an cistiú ar fáil
 - an bunús ar a gcuirtear an cistiú sin ar fáil
 - an cineál deontaí
 - scála an deontais atá i gceist.

Fíor 5.1 Próiseas rialaithe maidir le cistiú deontais



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Socruithe Athbhreithnithe maidir le Rialú agus Cuntasacht

- 5.5** I dtuarascálacha roimhe seo ar chuntais na seirbhísí poiblí ardaíodh saincheistanna sonracha maidir le rialú agus bainistiú deontas, lena n-áirítear
- sócmhainní arna gcistiú ag deontais a bheith á n-úsáid, gan cead ón té a mhaoineigh an deontas, mar chomhthaobhacht ar iasachtaí le haghaidh forbairtí tráchtála
 - cistiú deontais á úsáid le haghaidh cuspóirí taobh amuigh dóibh siúd a bhí leagtha síos
 - níos mó cistiú á thabhairt ná mar a theastaíonn rud a fhágann iarmhéid airgid thirim iomarcach.
- 5.6** Sa tuarascáil speisialta in 2013 ina ndearnadh imscrúdú ar riar an Chiste Tobhaigh an Údaráis Áitiúil Sláinte tarraingíodh aird ar raon saincheistanna a bhí ag déanamh tinnis do dhaoine maidir le riar an mhaoinithe deontais ó chomhlachtaí poiblí.¹ Rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil sin chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus é mar aidhm na socruithe rialaithe agus cuntasachta le haghaidh deontas a fheabhsú.
- 5.7** I mí Mheán Fómhair 2014, d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chiorclán (13/2014) inar leagadh amach creat cuimsitheach athbhreithnithe maidir le bainistiú agus cuntasacht socruithe deontais ó chistí an Stáitchiste. Ba é an 1 Eanáir 2015 an dáta chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha an chiorcláin. Tá cóip den chiorclán in larscríbhinn A, i gcomhair tagartha.
- 5.8** Leagtar amach sa chiorclán na prionsabail, nósanna imeachta agus ceanglais tuairiscithe maidir le bainistiú airgeadais poiblí atá le comhlíonadh nuair a bheidh gach cistiú deontais a chuirtear ar fáil ó airgead poiblí á bhainistiú. Is é an prionsabal foriomlán atá luaite ná gur chóir trédhearcacht agus cuntasacht a bheith ag baint le bainistiú airgead poiblí, ag teacht leis an ngeilleagar, éifeachtúlacht agus éifeachtacht.

1 An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, Tuarascáil Speisialta Uimh. 80 (2013)

- 5.9** Sainítear deontas sa chiorclán mar fhoráil airgeadais, a thosaíonn amach mar vóta, le haghaidh gníomhaíochta nó seirbhíse áirithe arna riar nó arna ndéanamh ag comhlacht seachtrach, lena n-áirítear gníomhaireachtaí, cuideachtaí, coistí, grúpaí comhairleacha, carthanais nó daoine aonair. Baineann sé le cistí deontais a bhogadh ó vóta chuig comhlacht lasmuigh, chomh maith le haon ghluaiseacht ar aghaidh den chistiú sin.

Ceanglais Bhreise

- 5.10** Síneann an creat athbhreithnithe maidir le deontais ceanglais nach raibh feidhm leo roimhe seo ach le cineálacha áirithe deontas agus tugtar isteach roinnt ceanglas breise a mbeidh tionchar acu ar chomhlachtaí cistiú agus ar na comhlachtaí a fhaigheann cistiú araon.
- 5.11** Tá achoimre thíos de na príomhcheanglais bhreise atá tugtha isteach, mar aon le tagairt don rannán ábhartha den chiorclán.

Prionsabail agus Nósanna Imeachta (alt 7)

- 5.12** Éilíonn an ciorclán ar dheontóirí a chinntiú go gcuirtear na prionsabail agus nósanna imeachta atá leagtha amach sa chiorclán i bhfeidhm ar bhealach stuama éifeachtach. Iarrtar ar dheontóirí cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh lena chinntiú go mbeidh na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le deontais oiriúnach do na dálaí áitiúla san earnáil ina bhfeidhmíonn an deontaí agus bainistiú agus cuntasacht éifeachtach an airgid phoiblí a choinneáil ag an am céanna.

Athrangú na nDeontas i gcabhair (alt 4)

- 5.13** Tá deontais faoi réir na ngnáth-cheanglais a bhaineann le haon íocaíocht eile ó fhocheanteideal vóta. Caitear aon iarmhéid atá i seilbh faighteoir deontais nach bhfuil caite ag deireadh na bliana a thabhairt suas don mhaoinitheoir.
- 5.14** Suas go dtí 2014, ainmníodh roinnt aistrithe de chistiú ó vótaí chuig comhlachtaí lasmuigh mar dheontais i gcabhair. Úsáideadh deontais i gcabhair go príomha chun cistiú a chur ar fáil do chomhlachtaí Stáit chun a gcostais reatha a sheasamh nó chun feidhmeanna áirithe a chomhlíonadh. Bhí deontas i gcabhair difriúil ó dheontas sa mhéid nach bhfuil aon iarmhéid gan chaitheamh ag deireadh na bliana sna suimeanna arna n-eisiúint dlite le tabhairt suas don vóta agus don Státchiste sa deireadh thiar.
- 5.15** Ceann de na hathruithe móra atá ag éirí ón gclárclán nua ná go ndéanfar an cistiú go léir a cuireadh ar fáil roimhe sin trí dheontas i gcabhair a athrangú mar dheontas ó 2015 ar aghaidh.

Prionsabail Dámhachtana (rannán 2)

- 5.16** Leagtar béim sa chiorclán ar íocaíochtaí a cheangal le torthaí (inmhianaithe). Nuair a bhíonn deontais á mbronnadh, go háirithe deontais ar scála níos mó i seirbhísí pearsanta agus sóisialta, ba chóir tús áite a thabhairt d'iarratasóirí a thugann fianaise de na torthaí is fearr d'úsáideoirí deiridh. Ba chóir deontais a leithdháileadh ar bhonn iomaíoch nuair is iomchuí agus ba chóir measúnú a dhéanamh ar thorthaí réamh-mheasta, ar éifeachtúlacht an chur chuige beartaithe agus ba chóir fianaise a thabhairt maidir le héifeachtacht agus feidhmíocht gach iarratasóir roimhe seo.

Socruithe Cistithe (ailt 6, 11 agus 19)

- 5.17** Is é an socrú atá ann ná gur chóir íocaíochtaí deontais a bheith bunaithe ar chaiteachas dearbhaithe atá tabhaithe cheana féin. Ba cheart ráiteas a bheith ag gabháil le héilimh ar dheontais a mhaoinítear ar an mbunús sin ina ndearbhaítear
- go mbaineann na sonraisc a úsáideadh chun tacú leis na héilimh le gníomhaíochtaí agus seirbhísí atá oiriúnach do chuspóirí na scéime deontais
 - gur íocadh na suimeanna a bhí ar an sonrasc
 - nár úsáideadh agus nach n-úsáidfear na sonraisc chun tacú le héileamh ó aon mhaoinitheoir eile.
- 5.18** D'fhéadfadh faighteoirí deontais réamh-chistiú a fháil in imthosca ar leith. Leis sin cuirtear na cistí ar fáil don deontaí sula dtarlaíonn an caiteachas.
- 5.19** Ní mór cead a fháil roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nuair a bheartaítear réamh-chistiú a thabhairt. Má fhaigheann duine réamh-chistiú agus nach mbíonn an t-airgead caite aige/aici ag deireadh na bliana, féadfaidh an faighteoir (an duine sin) na hiarmhéideanna airgid sin a choimeád le cead ón rannán cistithe agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- 5.20** Iarrtar ar Ranna ráiteas a thabhairt don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag aithint na scéimeanna atá le réamh-chistiú agus ag dearbhú go bhfuil le socruithe caiteachais deimhnithe maidir le gach scéim eile.

Comhaontuithe Seirbhíse (alt 11)

- 5.21** Éilítear sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2009) go mbeadh forbairt comhaontuithe seirbhíse mar chuid den chreat bainistíochta feidhmíochta do chomhlachtaí Stáit a bhfuil baint acu le soláthar seirbhíse. Is gné thábhachtach comhaontú den sórt sin freisin ó thaobh deontais chuig comhlachtaí neamh-Stáit a rialú agus a bhainistiú.¹
- 5.22** Éilítear leis na socruithe athbhreithnithe go gcuirfeadh ranna a thugann deontais comhaontú seirbhíse i bhfeidhm ina leagtar amach na hacmhainní atá in úsáid agus na torthaí a bheidh le baint amach ag an gcomhlacht a gheobhaidh an deontas. Ba cheart go n-áireofaí leis an gcomhaontú freisin na socruithe atá ann chun cistiú a tharraingt anuas, an cineál athbhreithniú feidhmíochta – lena n-áirítear na nósanna imeachta i gcás nach ndéantar na torthaí a sheachadadh – agus ceanglais deimhnithe agus rialachais. Luaitear go mbíonn comhaontú seirbhíse ag teastáil i ngach cás ina dtugtar deontais d'eagraíocht a bunaíodh chun tascanna sonracha a chomhlíonadh (m.sh. comhlacht pobail nó deonach a bhunaítear chun seirbhísí sóisialta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas nó comhlacht reachtúil) seachas d'eagraíocht atá ann chun críocha eile (m.sh. cuideachta brabúis atá ann chun trádáil a dhéanamh).

Deontais Aon-Uaire (alt 11)

- 5.23** Tugann roinnt scéimeanna deontais cúnamh airgeadais nuair a chomhlíontar critéir cháilitheacha áirithe. D'fhonn ró-shuibscríobh a sheachaint, éilítear ar scéimeanna den sórt sin anois, sa ghnáthchúrsa, a bheidh teoranta ó thaobh airgid de. Mura ngearrtar teorainn airgid, iarrtar ar an oifigeach cuntasáochta iomchuí insint don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cén fáth nach bhfuil teorainn airgid oiriúnach.

1 I mí Bealtaine 2015, scaipeadh dréachtleagan athbhreithnithe den chód cleachtais ar ranna agus ar chomhlachtaí stáit. Tá treoir sa dréacht maidir le hábhar na gcomhaontuithe seachadta feidhmíochta.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais (alt 20)

- 5.24** Ó 2015 ar aghaidh, iarrtar ar ranna léiriú a thabhairt ar na ceanglais maidir le deontais a bhainistiú agus a rialú sa ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais atá mar chuid de chuntas leithreasa bliantúla gach vóta.

Dearbhú Cistithe (ailt 11 agus 22)

- 5.25** Iarrtar ar dhuine a fhaigheann deontas dearbhú bliantúil a thabhairt do gach comhlacht cistithe i gcomhaontú cómhaoinithe. Ba cheart go mbeadh foinse, méid agus aidhm gach cistiú eile leagtha amach sa dearbhú. Ba cheart go ndeimhneofaí ann nach mbeidh aon dubailt cistithe ann le haghaidh na gníomhaíochta nó an tionscadail chéanna agus ba cheart go luafaí ann cibé an mó an cistiú Státchiste as gach foinse ná 50% den ioncam iomlán.

Ráiteas Deimhnithe (alt 11)

- 5.26** Éilítear ráiteas deimhnithe sínithe ó gach comhlacht a fhaigheann deontas ina ndeimhnítear gur úsáideadh na cistí a cuireadh ar fáil de réir théarmaí agus choinníollacha an deontais. Teastaíonn cruthúnas inghlactha gur caitheadh na cistí go cuí. Ní shonraítear cé chomh minic is a theastaíonn ráitis den sórt sin ach ba cheart go mbeidís oiriúnach do mhéid agus do chineál an deontais.

Nochtadh ag Faightheoirí Deontais (alt 21)

- 5.27** Ó 2011, iarrtar ar chomhlachtaí a fhaigheann deontais nochtadh a dhéanamh ina ráitis airgeadais bhliantúla maidir le foinsí agus méideanna gach deontas a fhaigheann siad. Síneann na socruithe athbhreithnithe an nochtadh sna ráitis airgeadais bhliantúla a dhéanann comhlachtaí a fhaigheann deontas chun iad seo a leanas a chur san áireamh
- na haidhmeanna lenar cuireadh na cistí i bhfeidhm faoi cheannteidil oiriúnacha (mar shampla, riarachán pá agus ginearálta, soláthar seirbhíse, gníomhaíocht charthanachta, fógraíocht, comhairleoireacht)
 - líon fostaithe an chomhlachta a raibh sochair iomlána na bhfostaithe laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 suas agus ranníocaíochtaí pinsin fostóra foriomlána
 - i gcás ina bhfuil deontais chaipitil á bhfáil ag an gcomhlacht, gealltanais go bhfuil cosaint ag infheistíocht an Stáit agus nach n-úsáidfear an tsócmhainn mar urrús le haghaidh aon ghníomhaíochta eile gan cead roimh ré
 - ráiteas faoi cibé ar chomhlíon nó nár chomhlíon an comhlacht nósanna imeachta ábhartha maidir le himréiteach cánach.

Cosaint infheistíocht an Stáit (alt 11)

- 5.28** Níor cheart do dhaoine a fhaigheann deontais sócmhainní arna gcistiú go poiblí a dhiúscairt gan cead a fháil roimh ré ón roinn ábhartha agus ba cheart go mbeadh cead ag an roinn sin ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an diúscairt sin a dhéanamh.

Deimhniú maidir leis na Córais Rialaithe Airgeadais (alt 25)

- 5.29** Éilítear ar chomhlachtaí a fhaigheann deontais a dheimhniú go bhfuil córais rialaithe airgeadais acu ar leor iad chun na cistí a sholáthraítear a bhainistiú.

Conclúid

- 5.30** Tugtar isteach roinnt ceanglas breise ar chomhlachtaí cistithe agus orthu sin a fhaigheann na cistí sna socruithe athbhreithnithe maidir le rialú agus cuntasacht deontas. Ba cheart go méadófaí leis na bearta sin trédhearcacht agus cuntasacht na socruithe i gcomhair deontas, agus go dtabharfaí aghaidh ar laigí áirithe sa chóras rialaithe reatha ar tugadh tuairisc orthu roimhe seo. D'fhéadfadh dúshlán mór a bheith roimh chomhlachtaí cistithe agus comhlachtaí faighte araon na ceanglais nua nó sínta a chomhlíonadh. Caithfear breithiúnas a thabhairt lena chinntiú go gcuirfear na ceanglais i bhfeidhm trí thagairt do mhéid agus do chumas an fhaighteora deontais, agus do scála an deontais atá i gceist.
- 5.31** Déanfar imscrúdú ar chomhlíonadh leis na ceanglais nua i rith na n-iniúchtaí ar ranna cistithe chomh maith leis na gníomhaireachtaí laistigh de mo shainchúram iniúchta, ag tosú le hiniúchtaí 2015.

Iarscríbhinn A Ciorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe

DPE 022/05/2013

26 Meán Fómhair 2014

Ciorclán: 13/2014

Bainistiú Deontas ó Chistí an Státhchiste agus Cuntasacht i dtaca leo
 Chuig: Oifigigh Cuntasaíochta, Oifigigh Airgeadais agus Ceannasaithe an Iniúchta
 Inmheánaigh

A Dhuine Uasail,

1. Tá ordú faighte agam ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tagairt do chaiteachas cistí poiblí trí chistiú deontais a aisíoc le gach comhlacht, lena n-áirítear gníomhaireachtaí, cuideachtaí, coistí, grúpa comhairleacha, carthanais, nó daoine aonair, cibé go díreach ó Vótaí na Ranna/Oifigí Rialtais nó trí chomhlacht idirghabhála nó sraith comhlachtaí.

Tagann an ciorclán seo in ionad Chiorclán 17/2010 na Roinne Airgeadais roimhe seo.

Prionsabail agus Nósanna Imeachta

Leagtar amach sa Chiorclán na prionsabail, nósanna imeachta agus ceanglais tuairiscithe maidir le bainistiú airgeadais poiblí atá le comhlíonadh nuair a bheidh gach cistiú deontais a chuirtear ar fáil ó airgead poiblí á bhainistiú chomh maith le hathrangú na ndeontas agus na ndeontas i gcabhair. Is é an prionsabal foriomlán ná gur chóir trédhearcacht agus cuntasacht a bheith ag baint le bainistiú airgead poiblí, ag teacht leis an ngeilleagar, éifeachtúlacht agus éifeachtacht.

Bainistíocht an Airgid Phoiblí

Baineann forálacha an Chiorcláin seo le cistí a bhogadh ó Vóta chuig comhlacht lasmuigh, chomh maith le haon/gach gluaiseacht ar aghaidh den chistiú sin. Is é an cuspóir a chinntiú go dtugtar cuntas ar gach ciste de chuid an Státhchiste, is cuma cén modh leithdháilte a úsáidtear, agus go ndéantar bainistiú ceart orthu.

Deontóirí

Ba cheart do gach deontóir a bheith réamhghníomhach agus cinntiú go gcuirtear na prionsabail agus na nósanna imeachta seo i bhfeidhm ar bhealach iomchuí, stuama agus éifeachtach i dtaca le haon deontais arna gcistiú ón Státhchiste atá á mbainistiú ag an Deontóir.

Deontaithe

Áirítear sa Chiorclán seo ráiteas nua maidir le prionsabail do dheontaithe, maidir le soiléire, cothroime, rialachas agus luach ar airgead, den bhainistiú a dhéanann siad ar chistí poiblí agus an cuntas a thugtar orthu.

Réamhrá

2. Áirítear iad seo a leanas sa Chiorclán seo, atá ann de bharr athbhreithnithe ar na ceanglais a bhaineann le bainistiú deontas agus deontas i gcabhair:

Rannán 1 – Athrangú Deontas agus Deontas i gcabhair

Rannán 2 – Prionsabail Dámhachtana an Mhaoinithe Deontais

Rannán 3 – Cistiú Deontais a Bhainistiú – Coinníollacha Ginearálta

Rannán 4 – Cistiú Deontais a Bhainistiú – Saincheisteanna a bhaineann leis an Vóta

Rannán 5 – Freagrachtaí an Deontáí

Rannán 1: Athrangú Deontas agus Deontas i gCabhair

Déanfar gach cistiú sa chatagóir deontas agus deontas i gcabhair a athrangú mar dheontais, ag teacht le forálacha an Chiorcláin seo, ag tosú le Meastacháin 2015.

3. Deontais agus Deontais i gCabhair

Is é an príomh-dhifríocht atá sa phróiseas íocaíochta le haghaidh deontas agus deontas i gcabhair ná go gcaitear deontais a íoc ar bhonn caiteachais deimhnithe agus tugtar aon suimeanna gan chaitheamh ag deireadh blianta suas don Státhchiste. I gcás na ndeontas i gcabhair, ceadaítear réamh-chistiú a thabhairt do dheontáí, ar bhonn tráthchodanna, ag teacht leis an riachtanas léirithe, agus ní bhíonn aon iarmhéid deireadh bliana gan chaitheamh de na suimeanna a eisítear don deontáí, faoi réir a thabhairt suas.

4. Athrangú Deontas agus Deontas i gCabhair

Ag cur na gcleachtas reatha maidir le bainistiú deontas agus deontas i gcabhair san áireamh, an gá atá le luach ar airgead agus cuntasacht maidir le bainistiú an airgid phoiblí agus riachtanais ghnó deontóirí agus deontaithe, déanfar **gach cistiú deontais**, is cuma faoi (i) stádas an deontáí .i. comhlacht stáit nó eile agus (ii) an modh cistithe .i. cistiú díreach ó Vóta Roinn/Oifig Rialtais nó ar bhonn cineachta trí chomhlacht nó comhlachtaí idirghabhála, **a athrangú mar dheontas, ag teacht le forálacha an Chiorcláin seo, ag tosú le Meastacháin 2015.**

5. Sainmhíniú maidir le Deontas

I gcomhthéacs an Chiorcláin seo, is foráil airgeadais é deontas, a thosaíonn amach mar vóta, le haghaidh gníomhaíochta nó seirbhíse áirithe arna riar nó arna ndéanamh ag comhlacht seachtrach, lena n-áirítear gníomhaireachtaí, cuideachtaí, coistí, grúpaí comhairleacha, carthanais nó daoine aonair. Bíonn deontais do Chomhlachtaí Stáit chun a gcuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh i gceist leis nó scéimeanna deontais sonracha arna gcur i bhfeidhm ag Ranna Rialtais nó ag Comhlachtaí eile a bhfuil cistiú á fháil acu ón státhchiste.

6. Prionsabail Íocaíochta

Is é an socrú atá ann ná gur chóir deontais a íoc bunaithe ar chaiteachas dearbhaithe. Mar sin féin, i gcás ina dteastaíonn **réamh-chistiú**, mar shampla, i gcás cistiú deontais do Chomhlacht san earnáil phoiblí chun costais reatha a chumhdach, ní mór cead roimh ré a lorg ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Ba cheart don deontóir an réasúnaíocht maidir leis an réamh-chistiú a thabhairt agus é a bheith ar fáil i gcomhair iniúchta/cigireachta, mar aon leis na socruithe monatóireachta agus rialaithe a bhaineann leis an réamh-chistiú. I gcásanna ina dteastaíonn réamh-chistiú ar bhonn leanúnach, ba cheart tagairt do na socruithe sin sa litir um Cheadú Tarmilgthe Bliantúil ón DPER.

7. Prionsabail agus Nósanna Imeachta

Tá na ceanglais maidir le bainistiú deontas agus cuntasacht i dtaca leo tugtha i **Rannáin 3 go dtí 5** thíos. Ba cheart do gach deontóir a chinntiú go gcuirtear na prionsabail agus na nósanna imeachta atá léirithe sna ceanglais seo i bhfeidhm ar bhealach stuama agus éifeachtach maidir le haon deontais faoina sainchúram. Iarrtar ar dheontóirí cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh lena chinntiú go mbeidh na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le deontais oiriúnach do na dálaí áitiúla san earnáil ina bhfeidhmíonn siad, agus bainistiú agus cuntasacht éifeachtach an airgid phoiblí a chinntiú ag an am céanna.

8. Íocaíochtaí Idirghabhálacha

Is éard a tharlaíonn i dtaca le deontais áirithe ná go mbogtar cistí ar aghaidh ón Státhchiste chuig an deontáí tríd Chomhlacht nó Comhlachtaí idirghabhála. I gcásanna den sórt sin, ba cheart a laghad idirghabhálacha agus is féidir a bheith ann.

Rannán 2: Prionsabail Dámhachtana an Mhaoinithe Deontais

9. Táthar tiomanta sa Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2014 – 2016 seirbhísí níos fearr agus níos cost-éifeachtúla a dhearadh agus a sheachadadh ag úsáid samhla nua seachadta. Tá tiomantas sa Phlean chun cistí a scaoileadh le haghaidh torthaí sonraithe d'úsáideoirí seirbhíse agus imeacht ón gcóras traidisiúnta de bhlocdheontais. Tá an cur chuige sin ag teacht freisin leis an gCód Caiteachais Phoiblí¹.

10. Ba cheart do Chomhlachtaí Poiblí a bhíonn ag bronnadh deontas, go háirithe deontais ar scála níos mó i seirbhísí pearsanta agus sóisialta, tús áite a thabhairt do bhronnadh na

¹ <http://publicspendingcode.per.gov.ie/b-01-standard-appraisal-steps/>

ndeontas sin ar na hiarratasóirí sin atá in ann fianaise a thabhairt de na torthaí is fearr d'úsáideoirí deiridh. Spreagtar deontóirí léirithe spéise a lorg ó sholáthraithe seirbhísí maidir le leithdháiltí deontais, nuair is iomchuí. In imthosca ina ndéantar deontais a leithdháileadh ar bhonn iomaíoch, ba cheart do dheontóirí na torthaí réamh-mheasta a mheas, éifeachtúlacht an chur chuige atá beartaithe, gach fianaise atá ann d'éifeachtacht agus feidhmíocht roimhe sin gach iarratasóra agus cinntí fianaise bhunaithe a dhéanamh chun deontais a leithdháileadh. Ba cheart do dheontóirí taifid a choimeád den phróiseas sin.

Rannán 3: Cistiú Deontais a Bhainistiú - Coinníollacha Ginearálta

11. Ba cheart do dheontóirí a chinntiú go bhfuil réimeas maoirseachta éifeachtach i bhfeidhm acu maidir le cistiú deontais, a chuireann iad seo a leanas san áireamh, de réir mar is cuí:

(a) Cuspóir

Go bhfuil soiléireacht ann maidir le cuspóir an deontais, ar cheart é a áireamh sna téarmaí agus coinníollacha/socruithe deontais.

(b) Téarmaí agus Coinníollacha

Ba cheart don deontóir fógra a thabhairt don deontáí maidir leis na téarmaí agus coinníollacha faoina n-eiseofar an t-airgead lena chinntiú go mbeidh an t-eolas ar fad ag an deontáí maidir lena chuid freagrachtaí. Ba cheart aidhm an chistithe a thabhairt le fios go soiléir don deontáí – tuarastail, oiliúint, taighde, caidrimh phoiblí/fógraíocht, seirbhísí túslíne, srl. Ba cheart go léireofaí sna téarmaí agus coinníollacha sin, mar is ábhartha, gur coinníoll cistithe é go gcomhlíonfadh deontaithe an ***Ráiteas maidir le Prionsabail do Dheontaithe*** – Féach Aguisín 2.

(c) Comhaontú Seirbhíse (SLA)

I gcás deontas arna soláthar ag Ranna do Chomhlachtaí nó do Ghníomhaireachtaí atá bunaithe chun cúraimí sonracha a chur i gcrích, ba cheart comhaontú a chur i bhfeidhm idir an Roinn agus an Comhlacht ina leagtar amach sonraí maidir leis na hacmhainní atá á gcur ar fáil ag an Roinn agus na torthaí a chuirfidh an Comhlacht ar fáil². Is faoin Roinn ábhar agus méid an chomhaontaithe a chinneadh agus aird ar an gcineál deontais, agus beidh éagsúlacht sna comhaontuithe ag brath ar mhéid agus ar chastacht oibríochtaí an Chomhlachta. Má mheastar go bhfuil sé iomchuí, féadfar an tsamhail seo a úsáid idir an deontóir agus an deontáí ar aon leibhéal de shlabhra cistithe an Státchiste.

I gcás ina mbíonn Roinn/Oifig rannpháirteach i socrú ildeontóra, m.sh. nuair nach é an Roinn/Oifig an t-údarás maoirseachta, b'fhéidir nach mbeifí in ann comhaontú seirbhíse a áitiú, ach ba chóir go mbeadh an Roinn/Oifig sásta go bhfuil socruithe monatóireachta agus rialaithe oiriúnacha i bhfeidhm.

Áirítear iad seo a leanas leis na paraiméadair ghinearálta le haghaidh comhaontú seirbhíse:

1. **Róil:** sonraigh róil na Roinne/Oifige agus an Chomhlachta;
2. **Torthaí:** aithint na seirbhísí atá le seachadadh – ba cheart go sonrófaí torthaí soiléire intomhaiste agus ba cheart go luafaí an toradh inmhianaithe;
3. **Cistiú:** aithin na socruithe cistithe, lena n-áirítear an próiseas chun cistiú a tharraingt anuas;
4. **Athbhreithniú:** leag síos uainiú agus modheolaíocht an athbhreithnithe ar fheidhmíocht i gcoinne na dtorthaí atá sonraithe sa chomhaontú;
5. **Mainneachtain ó thaobh Seachadta:** aithin na nósanna imeachta a ghlacfar i gcás nár sheachaid an Comhlacht na torthaí atá sonraithe sa chomhaontú, lena n-áirítear aisghlámhadh deontais nó seach-chur i gcoinne leithroinnt amach anseo;

² Aithnítear i gcás ina bhfuil airgead á bhronnadh ar chomhlacht nó ar thionscandal faoi shocrú ildeontóra, ranníocaíochtaí measúnaithe, comhaontuithe idir-rialtasacha nó meicníochtaí cistithe eile i gcás nach é an Vóta deonaithe an t-údarás maoirseachta ní féidir leis an Vóta sin SLA a áitiú. Rialaítear an chuntasaíocht le haghaidh an chineál seo cistithe trí struchtúir rialachais dhomhanda agus socruithe eile agus ba chóir brath orthu sin in ionad comhaontuithe seirbhíse. Ba chóir go n-áireofaí leo sin an Vóta Maoirseachta ina ndéantar a SLA a chóipeáil chuig Vótaí cistithe eile.

6. **Ceanglais Deimhnithe:** Aithint ceanglais deimhnithe, m.sh. cuntais iniúchta bliantúla nó dearbhú bliantúil ina ndeimhnítear gur comhlíonadh na coinníollacha go léir agus gur seachadadh an tseirbhís/torthaí riachtanacha. Ba cheart go gcuirfí san áireamh i gceanglais deimhnithe ceanglais rialachais ábhartha, mar shampla, an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus comhlíonadh le beartas soláthar poiblí agus beartas pá.

(d) Monatóireacht agus Tuairisciú

Ba cheart do dheontóirí socrúithe a chur i bhfeidhm maidir le cineál agus minicíocht iomchuí an tuairiscithe airgeadais agus feidhmíochta, agus rochtain ar thaifid ábhartha arna gcoinneáil ag an deontaí lena n-áirítear próifílí caiteachais, próifílí airgid thirim, cuntais bainistíochta rialta agus cuntais iniúchta bliantúla, mar is iomchuí. Ba cheart go mbeadh deimhniú ráthaíochta ag gabháil leis na tuairiscí sin agus iad sínithe ar leibhéal bainistíochta, (go ginearálta ag beirt dhaoine fhreagracha mar shampla ar leibhéal bainistíochta nó boird), ag deimhniú gur úsáideadh an t-airgead poiblí a deonaíodh de réir théarmaí agus choinníollacha an deontais. In eagraíochtaí beaga, ina bhfuil bainisteoir amháin, glactar le síniú amháin ón lucht bainistíochta. Is féidir leis an deontaí a ainm a chur leis an gcistiú leis an deontóir, agus cruthúnas inghlactha tugtha aige gur caitheadh na cistí mar is cuí.

(e) Imscrúdú

Ba cheart do dheontóirí a chinntiú freisin go bhfuil an deontaí ar an eolas:

- Go bhfuil oibleagáid orthu leabhair agus cuntais a chur ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, áit a bhfaigheann siad 50 faoin gcéad nó níos mó dá n-ioncam iomlán ó Chistí an Státchiste,
- Go bhfuil sé de cheart ag deontóirí imscrúdú a dhéanamh ar thaifid an deontais.

(f) Íocaíocht

Is é an socrú atá ann ná gur chóir deontais a íoc bunaithe ar chaiteachas dearbhaithe. Iarrtar ar dheontaithe a dhéanann éilimh ar chistiú deontais bunaithe ar chaiteachas dearbhaithe a rá lena gcuid deontóirí:

- go mbaineann na sonraisc a úsáideadh chun tacú lena gcuid éilimh le gníomhaíochtaí agus seirbhísí atá oiriúnach do chuspóirí na scéime deontais,
- gur íocadh na suimeanna a bhí ar an sonrasc,
- nár úsáideadh agus nach n-úsáidfear na sonraisc chun tacú le héileamh eile ar aisíocaíocht ó aon chisteoir(i) eile (ach amháin dá bhforáiltear i socrúithe cómhaoinithe comhaontaithe).

(g) Réamhíocaíocht

Caitear cead a fháil ón DPET le haghaidh scéimeanna deontais réamh-mhaointiú agus ba cheart go n-áireofaí in iarratais ar chead an réasúnaíochta agus na socrúithe monatóireachta, mar shampla, i gcás cistiú deontais do Chomhlacht i dtreo a chostais reatha, ba cheart do dheontóirí an réasúnaíocht is bonn leis an réamh-chistiú a thabhairt agus é a bheith ar fáil i gcomhair cigireachta/iniúchta, mar aon leis na socrúithe monatóireachta agus rialaithe a bhaineann leis an réamh-chistiú. Ba cheart go mbeadh íocaíochtaí ar aon dul le riachtanais airgid an deontais agus ar chostais tabhaithe.

(h) Gan aon íocaíocht Uathoibríoch

Le haird chuí ar na forálacha in alt (i) thuas, níor cheart íocaíochtaí a dhéanamh ach amháin le deontaí nuair atá siad dlite, ag teacht leis na téarmaí agus coinníollacha ábhartha/SLA. Má tá ró-íocaíocht deontais i gceist, ba cheart aisíocaíocht a fháil.

(i) Iarmhéideanna deireadh bliana a choimeád

D'fhéadfadh iarmhéideanna d'airgead deontais gan chaitheamh ag deireadh na bliana a bheith mar thoradh ar réamh-chistiú. Le cead an deontóra (de bhun chead na Roinne DPER), féadfaidh an deontaí na hiarmhéideanna sin, nó cuid díobh, a choimeád má cheaptar gur gá é sin a dhéanamh chun ceanglais airgeadais eile atá le híoc a chomhlíonadh. Ba cheart na hiarmhéideanna sin a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus iad a chur san áireamh nuair a bheidh deontas na bliana dar gcionn á mheas.

(j) Deontais Aon-Uaire

Is féidir le heagraíochtaí, grúpaí pobail, carthanais, cuideachtaí agus daoine aonair cúnaimh airgeadais aon-uaire a fháil faoi roinnt scéimeanna deontais fad is go gcomhlíonann siad critéir cháilitheacha sula dtugtar cistiú. Ba cheart go mbeadh scéimeanna den sórt sin teoranta ó thaobh airgid de d'fhonn ró-shuibscríobh a sheachaint, mura féidir le hOifigeach Cuntasaíochta an Vóta ábhartha cúis cheart a thabhairt nach bhfuil teorainn airgid oiriúnach.

(k) Ceanglais Riaracháin agus Rialaithe

Ba cheart go mbeadh an deontóir sásta gur leor córas cuntasaíochta agus socruithe eagraíochta an deontaí, ag cur leibhéal na híocaíochta deontais san áireamh, chun a chinntiú go ndéantar an t-airgead a riar i gceart.

(l) Il-Chistiú

I gcás ina bhfuil cistiú á chur ar fáil mar chuid de shocrú cómhaoinithe, iarrtar ar dheontaithe a chur ar fáil gach bliain do gach deontóir, mar choinníoll den deontas, dearbhú maidir le foinse, méid agus aidhm an chistithe eile go léir a fhaigheann siad agus dearbhú nach mbeidh dúbailt cistithe ann maidir leis an ngníomhaíocht/tionscadal céanna. Ba cheart a lua sa dearbhú sin freisin más mó an cistiú Stáitchiste ó gach foinse agus 50% den ioncam iomlán.

(m) Íocaíochtaí ar aghaidh na ndeontas

Má tá sé i gceist ag an deontaí deontais ar aghaidh a dhéanamh ón gcistiú a fuair sé óna ndeontóir féin, ní mór sonraí maidir leis na deontais ar aghaidh sin agus a gcuid faighteoirí/faighteoirí ionchais a thabhairt don deontóir, mar aon le sonraí faoi na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis na híocaíochtaí ar aghaidh sin.

(n) Infheistíocht an Stáit a chosaint

Níor chóir do dheontaithe sócmhainní atá cistithe go poiblí a dhiúscairt gan cead a fháil roimh ré ón Roinn/Oifig Rialtais ábhartha de bhua chead na Rannóige Vóta ábhartha in DPER.

Rannán 4: Cistiú Deontais a Bhainistiú - Saincheisteanna a bhaineann leis an Vóta

Tagann gach deontas ó Vóta Roinn nó Oifig rialtais ar dtús báire agus dá bharr sin ardaítear saincheisteanna maidir le Bainistíocht Vóta agus na Cuntais Leithreasa.

12. Raon Vóta

I gcás ina n-áirítear deontas le Vóta, ba cheart iad sin a thabhairt le fios i raon an Vóta – mar shampla,

Meastachán den mhéid a theastaíonn sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015 le haghaidh tuarastail agus costais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le haghaidh seirbhísí áirithe arna riar ag Oifig an Aire agus chun deontais áirithe a íoc.

Má áirítear deontais atá **teoranta ó thaobh airgead tirim** leis an Vóta, ba cheart é sin a lua freisin sa raon. [Ciallaíonn an téarma 'teoranta ó thaobh airgead tirim' go mbeidh na cistí atá ar fáil le haghaidh scéime áirithe don bhliain teoranta don mhéid airgid atá sonraithe sa leithdháileadh de na Meastacháin agus dá réir sin beidh teidlíocht ar íocaíocht faoin scéim ag brath ar chistí a bheith ar fáil]:

Meastachán den mhéid a theastaíonn sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015 le haghaidh tuarastail agus costais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le haghaidh seirbhísí áirithe arna riar ag Oifig an Aire agus chun deontais áirithe a íoc lena n-áirítear deontais faoi scéimeanna teoranta ó thaobh airgead tirim.

13. Vírmint

Níor cheart glacadh le coigiltis a úsáidtear ar fhocheanteideal amháin chun caiteachas a mhéadú ar fhocheanteideal eile, trí bhithin Vírmint, mar rud a tharlaíonn de ghnáth. Teastaíonn réamhcheadú ón DPER le haghaidh Vírminte.

14. Focheannteideal

Ba cheart go mbeadh Clár agus Focheannteideal oiriúnach sa Vóta.

15. Deontaithe Iolracha

I gcás ina bhfuil íocaíochtaí ó dheontas chuig roinnt gníomhaireachtaí/comhlachtaí difriúla i gceist, féadfaidh an deontas a bheith iníoctha do chuntas ainmnithe arna riar ag an Roinn lena mbaineann óna ndéantar íocaíochtaí in am agus i dtráth. Ba cheart aidhm an chuntais sin a lua i gcónaí i gCuntas Leithreasa an Vóta ábhartha, agus sonraí an chuntais a bheith ceangailte leis an gcuntas sin i gcónaí.

16. Iniúchadh

I gcás ina mbeartaíonn Roinn deontas nua a chruthú agus nach é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúcháir, ba cheart don Roinn sin, ar chur isteach an togra di chuig DPER, na cúiseanna atá leis sin a thabhairt.

17. Dlíteanais Aibithe

Baineann rialacha cuntasáiochta an rialtais le gach airgead vótáilte, lena n-áirítear íocaíochtaí ó fhocheanteidil deontais. I gcás cistiú deontais, bíonn íocaíocht dlite nuair a cheadaítear agus nuair a phróiseáiltear an íocaíocht deontais ina hiomlán de réir an chomhaontaithe áirithe nó théarmaí agus coinníollacha na scéime deontais agus nuair atá na coinníollacha go léir comhlíonta ag an deontái.

D'fhoillíonn an Chuntais Leithreasa a chinntiú, ba cheart gach íocaíocht dlite (i.e. dlíteanais aibithe) a shocrú leis an deontái ag deireadh na bliana agus níor cheart íocaíochtaí le deontaithe nach bhfuil aibithe (i.e. nach bhfuil dlite le híoc faoi na socruithe cistithe deontais nó faoi théarmaí agus coinníollacha scéim deontais) a thabhairt ar aghaidh chuig an tréimhse cuntasáiochta reatha. Tabhair faoi deara freisin nach mór dlíteanais aibithe a chomhlíonadh fiú má tá baol ann go dtabhófar vóta farasbairr.

18. Buiséid Oibríochta

Mar réamhdhréacht chun éilimh mheastacháin a fhoirmliú gach bliain, ba cheart buiséid oibríochta gach Comhlacht Stáit faoi sainchúram Roinne, ag cumhdach a bpríomhghníomhaíochtaí, a fhoilsiú san Imleabhar de Mheastacháin Athbheithnithe mar Ráiteas Gníomhaireachta.

19. Ceaduithe DPER

Ní mór do scéimeanna réamh-mhaoinithe cead roimh ré a bheith acu ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Mar réamhdhréacht den chistiú agus i ráiteas chuig DPER, ba cheart do Ranna agus d'Oifigí scéimeanna atá le réamh-mhaoiniú a aithint agus ráiteas a bheith acu go mbaineann socruithe caiteachais deimhnithe le gach scéim eile. Ba chóir na socruithe sin a thaispeáint sa Cheadú Tarmligthe Bliantúil ón DPER.

20. Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ba cheart ceanglais an Chiorcláin seo a léiriú, mar is cuí, i gcórais an rialaithe inmheánaigh airgeadais, i dtuairisciú riaracháin agus bainistíochta agus in iniúchadh inmheánach atá cumhdaithe ag an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais.

Rannán 5: Freagrachtaí an Deontái**21. Tuairisciú:**

Maidir leis na forálacha seo a leanas

- i. tá feidhm iomlán leo maidir le deontaithe a chuireann tuarascáil bhliantúil agus cuntais ar ais
- ii. tá feidhm leo a mhéid is féidir (agus roimh ré) i gcás na ndeontas aonuaire atá luaite i Rannán 3, alt 11(j) toisc go bhfuil ceanglais tuairiscithe ag teastáil sa phróiseas iarratais;
- iii. tá feidhm leo a mhéid is féidir do dheontaithe eile³

³ Aithnítear leis seo nach mbeidh ach bunráitis agus fáiltais airgeadais ach grúpaí beaga pobail agus deonacha mar bhunús tuairiscithe

Ráitis Airgeadais

Ba cheart do dheontaithe a gcuid cuntais iniúchta a chur isteach chuig an deontóir gan mhoill tar éis dheireadh na bliana airgeadais. I gcás ina bhfuil Oifigeach Cuntasaíochta sásta, glactar le ráitis airgeadais oiriúnacha mar mhalairt air sin (m.sh. i gcás nach bhfuil cuntais iniúchta ullmhaithe). Ní mór d'Oifigeach Cuntasaíochta, sa chás sin, ráiteas maidir le comhlachtaí den sórt sin a ullmhú ag tabhairt imlíne dá leibhéal caiteachais, an réasúnaíocht nach bhfuil cuntais iniúchta acu agus cead DPER a lorg. I gcás Gníomhaireachtaí Stáit, féach an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit le haghaidh uainiúcháin agus rialacha eile a bhaineann le cur isteach na gcuntas.

Ní mór do dheontaithe na rudaí seo a leanas a thuairisciú ina gcuid ráitis airgeadais;'**(a) Ainm an Deontóra**

Ainm an deontóra, ina sonraítear an teideal beacht a úsáidfear sa tuarascáil (m.sh. An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte srl). I gcás nach Roinn Rialtais í an ghníomhaireacht a thugann an deontas m.sh. Pobal, ní mór an Roinn Rialtais urraíochta a thaifeadadh freisin.

(b) Ainm an Deontais

Ainm iarbhair an chláir deontais m.sh. Clár Forbartha Uisce Tuaithe.

(c) Aidhm an Deontais

Ag tagairt do Rannán 3, alt 11 thuas, an aidhm dá gcuirtear na cistí i bhfeidhm faoi na ceanteidil seo a leanas:

- Pá agus riarachán ginearálta
- Soláthar seirbhíse / gníomhaíocht charthanais
- nithe eile sonraithe, lena n-áirítear caiteachas mar fógraíocht, comhairleoireacht

(d) Cuntasaíocht i gcomhair na nDeontas:

- i. Méid agus téarma an deontais iomlán arna dheonú;
- ii. Méid an deontais arna thógáil go ioncam sna ráitis airgeadais reatha;
- iii. I gcás ina bhfuil (ii) thuas difriúil ón airgead faighte sa tréimhse airgeadais ábhartha, tábla ag taispeáint:
 - a. An deontas atá tógtha chuig ioncam sa tréimhse
 - b. An t-airgead a fuarthas sa tréimhse, agus
 - c. Na suimeanna deontais a cuireadh siar nó a bhí dlite ag deireadh na tréimhse.

(e) Deontais chaipitil

An méid airgid a cuireadh ar fáil agus na coinníollacha/clochmhílte atáthar a úsáid maidir le tráthchodanna reatha agus amach anseo. Ba cheart do dheontaithe gealltanais a thabhairt freisin go bhfuil cosaint ag infheistíocht an Stáit agus nach n-úsáidfear í mar urrús le haghaidh aon ghníomhaíochta eile gan dul i gcomhairle roimh ré leis an máthair-Roinn agus gan cead a fháil ón Roinn DPER.

(f) Fostaithe

I dtábla a ghabhann leis an tuarascáil, thit líon na bhfostaithe a raibh sochair iomlána fostaithe acu (gan costais pinsin fostóirí san áireamh) sa tréimhse tuairiscithe laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 suas agus figiúr foriomlána maidir le ranníocaíochtaí iomlána pinsin fostóirí. (Tá feidhm leis sin fiú mura bhfuil tuarastail á maoiniú ag an Státchiste).

(g) Srianata

Cibé agus conas atá úsáid deontais srianata (.i. an bhfuil sé ann le haghaidh tionscadail áirithe, nó chun seirbhís a chur ar fáil)

(h) Imréiteach Cánach

Cibé an bhfuiltear ag comhlíonadh Ciorclán ábhartha, lena n-áirítear Ciorclán 44/2006 "Deontais um Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach, Fóirdheontais agus Íocaíochtaí den Chineál Céanna".

22. Foinsí Il-chistithe

I gcás ina bhfaigheann deontas cistí ó níos mó ná gníomhaireacht amháin a thugann deontais, féach Rannán 3, alt 11(i) thuas maidir le ceanglais tuairiscithe.

23. Comhlachtaí Stáit

I gcás ina bhfuil comhaontú seirbhíse mar atá luaite thuas, agus sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, i bhfeidhm idir Roinn agus Comhlacht, ní mór don Chomhlacht sin deimhniú a thabhairt don Deontóir go bhfuiltear ag cloí le téarmaí an chomhaontaithe sin.

24. Caiteachas Deimhnithe

Iarrtar ar dheontaithe a dhéanann éilimh ar chistiú deontais bunaithe ar chaiteachas deimhnithe a rá go foirmiúil lena gcuid maoinitheoirí:

- go mbaineann na sonraisc a úsáideadh chun tacú lena gcuid éilimh le gníomhaíochtaí agus seirbhísí atá oiriúnach do chuspóirí na scéime deontais,
- gur íocadh na suimeanna a bhí ar an sonrasc, agus
- nár úsáideadh agus nach n-úsáidfear na sonraisc chun tacú le héileamh eile ar aisíocaíocht ó aon chisteoir(i) eile (ach amháin dá bhforáiltear i socruithe cómhaoinithe comhaontaithe).

25. Rialú Airgeadais

Ba cheart go mbeadh deontaithe in ann a dheimhniú go bhfuil córais rialaithe airgeadais acu ar leor iad chun cistí deontais a bhainistiú.

26. Comhlíonadh san Earnáil

Ní sháraíonn ceanglais an Chiorcláin seo ceanglais Reachtúla nó earnála reatha.

Mise le meas,
David Moloney,
Rúnaí Cúnta,
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Aguisín 1a: Seicliosta léiritheach do Dheontóirí. Ní liosta iomlán é an liosta seo. Ba cheart do bhainisteoirí deontas smaoineamh ar sheicliosta cuimsitheach a fheidhmiú a bheadh ábhartha don chistiú deontais atá á bhainistiú acu.

Seicliosta Deontóirí			
<i>Ciorclán 13/2014</i>	T / N N/B	Gníomh Riachtana ch?	Tag.
Freagrachtaí riaracháin An mbeidh an deontas réamh-mhaoinithe nó bunaithe ar chaiteachas deimhnithe agus an bhfuil cead tugtha le haghaidh scéimeanna réamh-mhaoinithe? An bhfuil cur síos déanta ag an deontóir ar chásanna ina bhfuil cúpla leibhéal de chistiú idirghabhála? An bhfuil raon an Vóta ceart? An bhfuil an deontas teoranta ó thaobh airgid? An bhfuil nósanna imeachta cearta i bhfeidhm chun an cuntas a bhainistiú ionas go mbeifear in ann roinnt deontaithe a íoc? Murab é an tARC&C an tlniúchóir, an bhfuil nóta ceangailte leis an Vóta?			6, 11(f)-(i), 19, 24 8 12 12 15 16
Maoirseacht An bhfuil comhaontú soiléir ann leis an deontáir maidir le cuspóir an deontais? An bhfuil an deontáir ar an eolas faoi na téarmaí faoina n-eisítear airgead? An bhfuil comhaontú seirbhíse/seachadadh seirbhísí i			11(a) 11(b) - 11(n) 11(c)

bhfeidhm leis an deontáí nuair is cuí? An bhfuil córas tuairiscithe iomchuí i bhfeidhm? An bhfuil a fhios ag an deontáí gur féidir leis an deontóir a gcuid taifid a sheiceáil? An bhfuil na dliteanais aibithe iomchuí go léir íoctha?			11(d), 11(k) 11(e) 17
---	--	--	--

Aguisín 1b: Seicliosta léiritheach do Dheontaithe - Ní liosta iomlán é an liosta seo.

Ba cheart d'fhaighteoirí deontas smaoineamh ar sheicliosta cuimsitheach a fheidhmiú a bheadh ábhartha don chistiú deontais a bhfuil siad freagrach as.

Seicliosta Deontáí			
<i>Ciorclán 13/2014</i>	T / N N/B	Gníomh Riachtanach?	Tag
Meastacháin Bhliantúla An bhfuil buiséid oibríochta bliantúla curtha isteach le haghaidh Gníomhaireachtaí Stáit?			18
Tuarascálacha Bliantúla An bhfuil cuntais nó ráitis airgeadais deireadh bliana de réir mar is cuí curtha isteach chuig gach deontóir? Ar chuir an deontáí, má tá baint aige le comhshocrú nó socrú cómhaoinithe, na deontóirí go léir ar an eolas má chuaigh an cistiú státhiste os cionn 50% den ioncam?			21 22
Comhlíonadh An bhfuil an cistiú go léir á úsáid chun na críocha a bhí beartaithe dó? An bhfuil Deimhniú Imréitigh Cánach reatha i bhfeidhm mar is cuí? I gcás Gníomhaireachtaí Stáit, an bhfuil deimhniú gur cloíodh le haon chomhaontú seirbhíse ag gabháil le tuarascálacha? An bhfuil ceanglais chomhlíontachta i bhfeidhm maidir le caiteachas deimhnithe? An bhfuil córas rialaithe airgeadais leordhóthanach i bhfeidhm? An bhfuil sé deimhnithe gur cloíodh le treoirlínte eile atá sonrach don earnáil / nó le reachtaíocht?			21(g) 21(h) 23 24 25 26

Aguisín 2 Ráiteas maidir le Prionsabail do Dheontaithe**An bhfuil cistiú poiblí á fháil agat?**

Tugtar cuntas sa ráiteas seo ar na ceithre phrionsabal atá i bhfeidhm i gcás comhlachtaí a fhaigheann cistiú deontais arna sholáthar go díreach nó go hindíreach ó fhoinsí an Stáitchiste.

Soiléire	Rialachas
Luach ar Airgead	Cothroime

Ba cheart an ráiteas seo a chur faoi bhráid gach comhlacht a fhaigheann deontas

Má tá cistiú poiblí á fháil agat ba cheart duit

Soiléire Tuiscint a bheith agat ar aidhm agus ar choinníollacha an chistithe agus ar na torthaí atá riachtanach An cistiú a chur ag obair le haghaidh na n-aidhmeanna gnó amháin dar cuireadh ar fáil é Iarratas a dhéanamh ar tharraingt anuas an chistithe amháin nuair a theastaíonn sé chun críocha gnó Soiléire a lorg ón deontóir nuair is gá – maidir le húsáid cistí, socruithe rialachais agus cuntasachta	Rialachas <i>A chinntiú go bhfuil socruithe rialachais iomchuí i bhfeidhm maidir le:</i> maoirseacht agus riar an chistithe rialú agus cosaint cistí ó mhí-úsáid, mí-leithghabháil agus calaois taifid chuntasaíochta atá in ann, ag aon tráth, faisnéis airgeadais iontaofa, a sholáthar maidir le haidhm, cur i bhfeidhm agus an t-iarmhéid atá fágtha den chistiú poiblí cuntas a thabhairt ar mhéid agus ar fhoinse an chistithe, mar a chuirtear i bhfeidhm é agus aschuir/torthaí.
Luach ar Airgead <i>A bheith in ann fianaise a thabhairt maidir le:</i> úsáid éifeachtach cistí ar an luach a baineadh amach le cur i bhfeidhm na gcistí diomailt agus rabairne a sheachaint	Cothroime Cistí poiblí a bhainistiú leis an méid ionracais is airde Gníomhú ar bhealach a chloíonn le dlíthe agus oibleagáidí ábhartha (m.sh. cáin, íosphá) Earraí agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach cothrom agus trédhearcach A bheith cothrom, freagrach agus oscailte i do chuid déileálacha le do Dheontóir

6 Fabhrú Párolla le haghaidh na gCuntas Náisiúnta

- 6.1** Is sraith sonraí staidrimh iad na cuntais náisiúnta ina dtugtar faisnéis faoi fheidhmíocht fhoriomlán an gheilleagair lena n-áirítear príomhstaidrimh airgeadais an rialtais cosúil leis an easnamh sa bhuiséad agus fiachas. Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) a bhailíonn na sonraí, dá bhforáiltear le rialacháin AE, de réir chreat Chóras Eorpach na gCuntas Náisiúnta agus Réigiúnach agus cuirtear bunús ar fáil iontu chun comparáid de réir tíre a dhéanamh ar shonraí eacnamaíocha agus fioscacha. Áirítear faisnéis sna cuntais náisiúnta a bhíonn riachtanach, i measc aidhmeanna eile, i gcomhair monatóireacht fhioscach a dhéanamh ar easnaimh sa bhuiséad náisiúnta faoin Nós Imeachta maidir le hEasnamh Iomarcach.¹
- 6.2** Taifeadann na cuntais náisiúnta sreafaí caiteachais agus eacnamaíocha ar bhonn fabhraithe. Aithníonn sé sin idirbheart sa tréimhse ina soláthraítear an tseirbhís nó an t-earra. I gcodarsnacht leis sin, ullmhaítear cuntais leithreasa ranna rialtais ar bhonn airgid thirim, agus taifeadann siad idirbhearta nuair a bhíonn an dliteanas chun íoc as an earra nó seirbhís aibithe nó caite agus nuair atá an íocaíocht déanta. Mar sin féin, áirítear i gcuntais leithreasa faisnéis ar bhonn fabhraithe maidir le costas oibríochta agus tugtar é sin i nóta a ghabhann leis an gcuntas.
- 6.3** Aithnítear costais phá fhoireann na seirbhíse poiblí agus íocaíochtaí pinsinéirí sna cuntais leithreasa ag an tráth a n-íoctar iad. Déantar íocaíochtaí gach seachtain, gach coicís nó gach mí, agus de ghnáth déantar i riaráistí iad. Sonraítear sna beartais agus prionsabail chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a leagann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe síos (an Roinn) nach bhfuil aon fabhrú aitheanta le haghaidh na gné saothraithe ach nach bhfuil íochta de thuarastal ag deireadh na bliana.
- 6.4** Toisc nach meaitseálann líon na laethanta a chlúdaítear i dtréimhsí pá an líon beacht laethanta sa bhliain fhéilire, bíonn fabhrú i gceist de réir a chéile. Mar gheall air sin tarlaíonn tréimhse bhreise pá gach deich nó aon bhliain déag le haghaidh daoine a íoctar gach coicís, agus gach cúig nó sé bliana i gcás daoine a íoctar gach seachtain, agus léiríonn sé sin criostalú an dliteanais sin.
- 6.5** Ionas go mbeifear in ann tuairisciú na gné fabhraithe sin de phárolla agus d'íocaíochtaí pinsinéirí a thabhairt isteach ar mhaithe leis na cuntais náisiúnta, seo a leanas na rudaí a rinne an Roinn
- d'fhoilsigh sí faisnéis den chéad uair in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh 2015 maidir leis na dliteanais phá agus phinsin a bhí fabhraithe don Státchiste ag deireadh 2014 agus 2015, agus
 - d'iarr sí ar ranna na dliteanais fhabhraithe le haghaidh pá an Státchiste agus pinsin an Státchiste a chur san áireamh ag deireadh 2013 agus 2014 mar chuid de na cuntais leithreasa a cuireadh isteach i gcomhair iniúchta, mar aon le meastachán den fabhrú le haghaidh 2015.
- 6.6** Rinneadh iniúchadh ar an bhfaisnéis maidir le fabhruithe a chuir ranna isteach leis an gcuntas leithreasa mar chuid d'iniúchadh reachtúil na gcuntas. Níor theastaigh aon athruithe ábhartha ar na figiúirí a cuireadh isteach tar éis an iniúchta.

¹ Eascraíonn an Nós Imeachta maidir le hEasnamh Iomarcach ón gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá bhforáiltear i gConradh Liospóin) agus ón ngá atá ann do bhallstáit easnaimh iomarcacha rialtais a sheachaint. Is í Comhairle na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (ECOFIN) an comhlacht iomchuí chun cinneadh a dhéanamh ar cibé ar chóir smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar bhallstáit a sháraíonn rialacha buiséid. Tugtar an fhaisnéis eacnamaíoch agus fhioscach sna cuntais náisiúnta chun cur ar chumas ECOFIN easnaimh rialtais a fhaire.

- 6.7** Trí chomhaontú leis an Roinn, cuirtear an fhaisnéis i láthair san iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo i bhformáid atá sonraithe ag an CSO. Sa tábla freisin áirítear faisnéis maidir le Tithe an Oireachtais atá á mhaoiniú go díreach ón Státchiste agus a ullmhaíonn a chuid ráitis airgeadais sa bhformáid chéanna leis na cuntais leithreasa.

Iarscríbhinn A Dlíteanais fhabhráithe le haghaidh pá Státchiste agus pinsin Státchiste^a


Vóta Uimh.	Teideal	2013		2014		2015	
		Comhlán €000	Glan €000	Comhlán €000	Glan €000	Comhlán €000	Glan €000
			iarbhír			meastacháin	
1	Teaghlachas an Uachtaráin	39	37	44	41	3	3
2	Roinn an Taoisigh	334	313	374	350	36	34
3	Oifig an Ard-Aighne	301	284	318	296	18	17
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	784	738	885	833	156	151
5	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	380	353	411	383	24	23
6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	431	406	482	451	25	24
7	Oifig an Aire Airgeadais	494	467	502	472	55	42
8	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	292	274	323	304	1	1
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	7,118	6,691	7,980	7,507	1,375	1,322
10	Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	12	11	16	15	1	–
11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	618	573	674	628	20	19
12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	13,565	13,565	16,714	16,714	–	–
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,660	2,515	2,870	2,721	1,118	1,068
14	An tSaotharlann Stáit	159	148	153	144	6	6
15	An tSeirbhís Shicréideach	–	–	–	–	–	–
16	An Oifig Luachála	215	202	229	215	9	9
17	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	116	110	142	134	25	25
18	Seirbhísí Comhroinnte	153	145	261	248	241	234
19	Oifig an Ombudsman	171	160	170	158	17	16
20	An Garda Síochána	35,323	31,586	38,619	36,037	26,051	24,672
21	Príosúin	3,033	2,826	3,862	3,607	4,086	3,807
22	An tSeirbhís Chúirteanna	1,298	1,222	1,487	1,406	249	241
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	601	568	645	617	117	113
24	Dlí agus Cirt agus Comhionannas	2,846	2,672	3,195	3,017	421	408
25	Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	1,403	1,309	1,468	1,370	76	73
26	Oideachas agus Scileanna	157,156	148,290	168,436	159,179	58,852	55,511
27	Comhoibriú Idirnáisiúnta	382	359	434	405	19	18
28	Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	1,621	1,532	1,890	1,789	310	301
29	Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádurtha	438	410	493	461	26	26
30	Talmhaíocht, Bia agus Mara	4,710	4,415	5,063	4,748	497	477
31	Iompar, Turasóireacht agus Spórt	794	732	820	760	1	1
32	Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	1,354	1,272	1,606	1,508	222	216
33	Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltacht	896	844	1,013	955	80	76
34	An Gailearaí Náisiúnta	49	47	95	90	–	–
35	Pinsin Airm	–	–	–	–	–	–
36	Cosaint	6,326	5,991	867	817	1,030	987
37	Coimirce Shóisialta	7,297	6,659	8,116	7,412	1,764	1,675
38	Sláinte	617	576	668	624	42	40
39	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	64,740	55,854	76,510	66,010	23,541	20,311
40	Leanaí agus Gnóthaí Óige	14,679	13,101	13,064	11,483	12,918	11,304
41	An Oifig um Sholáthar Rialtais	90	84	252	237	22	21
	Tithe an Oireachtais	668	632	190	147	243	236
	Iomlán	334,163	307,973	361,341	334,293	133,697	123,508

Nóta: a Is ionann glanphá agus an pá iomlán (comhlán) tar éis an asbhaint a bhaineann le pinsean a tugadh isteach faoi reachtaíocht éigeandála airgeadais a asbhaint.

7 Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

- 7.1** Bunaíodh Ciste an Chrannchuir Náisiúnta (an Ciste) faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986. Íoctar fáлтаis ó dhíol thicéid an Chrannchuir Náisiúnta isteach sa Chiste tar éis luach saothair dhíoltóirí na dticéad a asbhaint agus, nuair a údaraítear é, duaiseanna beaga áirithe a íocann lucht díolta na dticéad. Íoctar duaiseanna níos mó agus luach saothair oibreoir an chrannchuir (faoi cheadúnas) amach as an gCiste. Tá iarmhéid an Chiste ar fáil le caitheamh ar raon ‘dea-chúiseanna’ atá sonraithe i reachtaíocht.
- 7.2** Tháinig an tAcht um Chrannchur Náisiúnta 2013 in ionad Acht 1986 agus bhí foráil ann chun Oifig Rialtóir an Chrannchuir Náisiúnta a bhunú, agus chun tobhach a íoc ar an gCiste chun costais an Rialtóra a sheasamh. Éilítear leis an Acht nach mbeadh luach iomlán na nduaiseanna níos lú ná 50% den airgead iomlán a fhaigheann an t-oibreoir maidir le díol thicéid an Chrannchuir Náisiúnta (nó céatadán eile níos mó ná sin de réir mar a shonraítear sa cheadúnas).¹ Tá dáileacháin ón gCiste in 2014 taispeánta in Fíor 7.1. Thuairiscigh an Rialtóir go raibh iarmhéid €57 milliún sa Chiste ag deireadh 2014.

Fíor 7.1 Dáileacháin ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta, 2014



Foinse: Rialtóir an Chrannchuir Náisiúnta (sonraí neamhiniúchta 2014)

- 7.3** Déanann an Roinn Airgeadais bainistiú ar íocaíochtaí isteach sa Chiste agus údaraíonn sí aisíocaíochtaí ón gCiste chun duaiseanna agus costais oibríochta a íoc. Suas go dtí mí na Samhna 2014, comhlíonadh na feidhmeanna sin faoi threoracha na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. Ó bunaíodh agus ó cuireadh an Rialtóir Crannchuir i bhfeidhm, is é an Rialtóir Crannchuir a eisíonn treoracha maidir le haisíocaíochtaí.

¹ Ní áirítear anseo luach saothair dhíoltóirí na dticéad agus duaiseanna beaga áirithe.

Cuntas a thabhairt ar Fheidhmiú Chistí an Chrannchuir Náisiúnta

- 7.4** Is iad seo a leanas na haidhmeanna lenar féidir fáltais an Chiste a úsáid, mar atá leagtha amach in Acht 2013¹
- spórt agus caitheamh aimsire eile
 - cultúr agus oidhreacht náisiúnta (lena n-áirítear an Ghaeilge)
 - na healaíona
 - sláinte an phobail
 - an óige, leas agus taitneamhachtaí
 - an comhshaol nádúrtha, agus
 - críocha eile de réir mar a chinneadh an Rialtas.
- 7.5** In 2014, dáileadh fáltais an chiste tríd na vótaí do seacht roinn agus d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Aithnítear i gcuntais leithreasa gach roinn na fhocheannteidil a fhaigheann tacaíocht maoinithe ón gCrannchur Náisiúnta, agus tugann nóta maidir le luach mhaoiniú an fhocheannteidil a fhaightear (iomlán mhaoiniú an Chrannchuir Náisiúnta agus an Státchiste) maidir le gach clár a fhaigheann tacaíocht.
- 7.6** Foilsíonn gach roinn liostú d’eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó mhaoiniú an Chrannchuir Náisiúnta ar a suíomh gréasáin agus luach an deontais a thugtar do gach eagraíocht.
- 7.7** Tugtar miondealú de réir roinne i Meastacháin na Seirbhísí Poiblí (na Meastacháin) ar fhocheannteidil a fhaigheann maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta. Tugtar faoi deara sna Meastacháin go rabhthas ag súil go mbeadh caiteachas ar fhocheannteidil ina n-áirítear cláir atá maoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta cothrom le €410 milliún in 2014, agus bhíothas ag súil go maoiníodh an Ciste €200 milliún. Bhí an Státchiste chun an chuid eile den chaiteachas a chur ar fáil.
- 7.8** Mar sin féin, ní fhaigheann gach clár laistigh de fhocheannteideal a tugadh faoi deara sna Meastacháin tacaíocht ón gCiste. Tuairiscíodh i gcuntais leithreasa na ranna ábhartha agus in FSS gur tabhaíodh caiteachas de €216.7 milliún in 2014 ar chlár a fuair tacaíocht ón gCiste. Go bunúsach, thug an Ciste €178 milliún (82%) den mhaoiniú do na cláir seo. Leagann Fíor 7.2 amach an caiteachas measta agus iarbhir in 2014.

¹ Tugadh cead in Acht 1986 na fáltais a thabhairt amach le haghaidh spóirt agus caitheamh aimsire, cultúr náisiúnta (lena n-áirítear an Ghaeilge), na healaíona, sláinte an phobail agus críocha eile de réir mar a chinneann an Rialtas.

Fíor 7.2 Caiteachas focheannteidil a fuair tacaíocht ó mhaoiniú an Chrannchuir Náisiúnta, 2014

Roinn	Meastacháin na Seirbhísí Poiblí	Meastachán cláir ^b	Toradh an chláir ^b
	2014	2014	2014
	€000	€000	€000
Dlí agus Cirt agus Comhionannas	2,000	2,000	2,000
Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil ^a	193,107	17,870	17,710
Oideachas agus Scileanna	133	133	133
Iompar, Turasóireacht agus Spórt	85,028	85,028	70,388
Ealaíon, Oidhreacht agus an Ghaeltacht	65,081	65,081	64,929
Sláinte	3,286	3,286	3,268
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	10,052	10,052	6,828
Leanaí agus Gnóthaí Óige	51,335	51,440	51,433
Iomlán	410,022	234,890	216,689

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Baineann figiúirí maoinithe an chláir leis na cláir faoin bhfocheannteideal dá soláthraítear maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta amháin. Baineann figiúr na Meastachán le costas iomlán an fhocheannteidil.

b Mar atá tuairiscithe sna cuntais leithreasa aonair.

7.9 Luaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go bhfuil an difríocht idir an Meastachán de €200 milliún agus an toradh de €178 milliún mar gheall go príomha ar shaincheisteanna teicniúla agus uainiúcháin a bhaineann le haistriú chóras nua an chrannchuir le costais aistrithe ag an méid atá in ann a bheith ar fáil le haistriú. Ina theannta sin, ní raibh an leibhéal deiridh d'aistrithe agus costais athraithe ag deireadh na bliana cinnte mar sin measadh go mbeadh sé stuama suim níos ísle a aistriú, go speisialta i bhfianaise fhoirceannadh Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist atá ar tí tarlú.


7.10 Luaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freisin nach leithroinntear Ciste an Chrannchuir Náisiúnta ar fhocheannteideal ar bhonn focheannteidil. Ní chuirtear aon roinn ar an eolas maidir leis an gcuid dá cuid maoinithe a sholáthraíonn an Ciste, toisc go bhfuil maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta atá ar fáil cónasctha le cistí an Státhchiste chun tacú le cláir faoi leith a théann i ngleic le haidhm bheartaithe Chiste an Chrannchuir Náisiúnta.

7.11 Bhí sé de nós thar na mblianta go leagfaí amach sna Meastacháin na focheannteidil atáthar a mhaoiniú ach ní dhéantaí méideanna sonracha de mhaoiniú an Chrannchuir Náisiúnta a shannadh ar fhocheannteidil aonair.

Cur i bhfeidhm Chistí an Chrannchuir Náisiúnta

- 7.12** Leagtar amach in Fíor 7.3 dáileadh an mhaoinithe thar na gcríoch éagsúla atá leagtha síos san Acht.

Fíor 7.3 Dáileacháin a fhaigheann tacaíocht ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta agus ón Státchiste in 2014, de réir críche



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 7.13** Taispeántar in Iarscríbhinn 1 na cláir a fhaigheann tacaíocht ón maoiniú.

Cur i bhfeidhm Tháille Ceadúnais an Chrannchuir Náisiúnta

- 7.14** I mí na Bealtaine 2013, sheol an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe comórtas chun ceadúnas a dhámhachtain le haghaidh reáchtáil an Chrannchuir Náisiúnta.
- 7.15** I mí Feabhra 2014, bronnadh ceadúnas scór bliain ar chuibhreannas Premier Lotteries Ireland chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil. Is cuibhreannas é Premier Lotteries Ireland ina bhfuil Plean Pinsin Múinteoirí Ontario (úinéir an Camelot Group), An Post agus cistí pinsin An Post. Íocadh an táille ceadúnais €405 milliún leis an Státchiste in 2014.
- 7.16** Éilíodh sa cheadúnas go gcoinneofaí socruithe reatha maidir le coimisiún miondíoltóirí, agus go ndáilfí 65% d'ollioncam (díolacháin lúide duaiseanna) ó chluichí ar na 'deachúiseanna' sonraithe.
- 7.17** Dúirt an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go rabhthas in ann leis an ioncam ón táille ceadúnais maoiniú a chur ar leataobh le haghaidh roinnt tionscadal infheistíochta, lena n-áirítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, agus buiséid chaipitil ag feidhmiú ar bhonn ilbhliantúil a bhí ag baint sochair as na cláir chaipitil phoiblí le roinnt blianta anuas.
- 7.18** Dúirt an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freisin gur cuireadh €195.8 milliún ar an iomlán ar fáil sna Meastacháin in 2014 le haghaidh tionscadal atá á maoiniú nó á bpáirt-mhaoiniú ó tháille Cheadúnas an Chrannchuir Náisiúnta (féach Fíor 7.4). Ag deireadh 2014, thuairiscigh ranna go raibh €158.3 milliún de sin caite. Bhí €24.7 milliún eile áirithe sna Meastacháin le haghaidh 2015 (roinnt trí chaipiteal tugtha ar aghaidh agus an méid a bhí fágtha a cuireadh ar fáil díreach isteach i Vóta na ranna ábhartha). Cuirfear iarmhéid mhaoiniú an tionscadail ar fáil de réir mar a theastóidh sé faoi cheann dhá nó trí bliana eile.

- 7.19** Soláthróidh an táille ceadúnais €200 milliún freisin i dtreo Ospidéal Náisiúnta na Leanaí. Toisc nach bhfuil na príomhoibreacha tógála curtha ar bun fós ar an tionscadal seo, ní theastóidh na cistí go dtí 2016 ar a luaithe.

Fíor 7.4 Leithdháileadh fháltais ó tháille ceadúnais an Chrannchuir Náisiúnta (amhail Lúnasa 2015)

Críoch	Maoiniú leithdháilte	Maoiniú a soláthraíodh i meastachá in 2014	An tIomlán a caitheadh in 2014	Maoiniú a leithdháileadh i gcomhair 2015
	€000	€000	€000	€000
Cothabháil bóithre	50,000	50,000	50,000	–
Bealach Fiáin an Atlantaigh	8,000	8,000	4,000	4,000
Deontais chaipitil spóirt (in éineacht leis an soláthar reatha)	11,500	11,500	8,500	3,000
An Campas Náisiúnta Spóirt (oibreacha caipitiúla – ionad oiliúna náisiúnta faoi dhíon)	13,000	13,000	1,450	11,536
An Clár um Fhuinneamh níos Fearr	25,000	25,000	25,000	–
Dearbhán Ar líne um Thrádáil Náisiúnta	5,000	5,000	700	700
Deontais tithe príobháideacha do dhaoine scothaosta agus daoine a bhfuil míchumas ag dul dóibh	10,000	10,000	10,000	–
Clár Chathair Cultúrtha Náisiúnta	6,000	6,000	6,000	–
Ionad Imeachtaí Chorcaí	10,000	10,000	–	1,000
Tithíocht shóisialta	30,000	30,000	30,000	–
Tograí comóradh 1916	6,000	6,000	4,337	1,466
Bonneagar ag Braisle Acmhainní Fuinnimh agus Muirí na hÉireann	1,300	1,300	1,300	–
Scéim Post le haghaidh scileanna traidisiúnta agus foirgnimh i mbaol	5,000	5,000	5,000	–
Treoirhionscadal chun réiteach a fháil ar chás na n-eastát tithíochta nach bhfuil críochnaithe	10,000	10,000	7,026	2,974
Scéim leabhar ar cíós	5,000	5,000	5,000	–
Ospidéal Náisiúnta na Leanaí	200,000	–	–	–
Maoiniú iomlán leithdháilte	395,800	195,800	158,313	24,676


Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Conclúid

- 7.20** Tacaíonn Ciste an Chrannchuir Náisiúnta le raon leathan clár a théann i ngleic leis na críocha atá leagtha síos san Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013. Déantar cónascadh ar mhaoiniú an Stáitchiste agus an Chrannchuir Náisiúnta faoi na clár éagsúla le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta agus soláthraítear 82% den mhaoiniú do na cláir a fuair tacaíocht in 2014. Ní leagtar amach sna Meastacháin an chuid den mhaoiniú a thugann Ciste an Chrannchuir Náisiúnta do gach clár.

Iarscríbhinn 1

Cláir a fuair tacaíocht ó Mhaoiniú an Chrannchuir Náisiúnta



Foinse:

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

8 Rialú agus Bainistiú Sócmhainní Oidhreachta Sochorraithe

- 8.1** Is sócmhainní inláimhsithe iad sócmhainní oidhreachta a bhfuil cáilíochtaí stairiúla, ealaíonta, eolaíochta, teicneolaíochta, geofisiceacha nó comhshaoil acu agus sealbhaítear agus cothaítear iad go príomha ar mhaithe le heolas agus cultúr a leathnú. Tá dhá chatagóir leathana de shócmhainní oidhreachta ann – sócmhainní dochorraithe (lena n-áirítear foirgnimh agus séadchomharthaí), agus sócmhainní sochorraithe. Áirítear le samplaí de shócmhainní oidhreachta sochorraithe péintéireachtaí, léarscáileanna, leabhair lámhscríbhinní, troscán seanda, iarsmaí agus trealamh stairiúil, agus bailiúcháin d'eiseamail nó uirlisí eolaíochta.
- 8.2** Coinníonn an Stát, trína chuid gníomhaireachtaí, líon mór sócmhainní oidhreachta ag suíomhanna éagsúla. Ba cheart go gcloífí le dea-chleachtas sa bhealach a ndéantar bailiúcháin den sórt sin a bhainistiú, a fhorbairt agus a chur ar fáil le feiceáil ag cuairteoirí, agus chun críocha taighde agus oideachais.
- 8.3** Teastaíonn córais agus nósanna imeachta oiriúnacha ó eagraíocht lena chinntiú go ndéantar a cuid sócmhainní a chosaint, a fhaire agus a bhainistiú ar mhaithe leis an eagraíocht. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás sócmhainní oidhreachta, mar in éineacht le luach airgid a bheith acu, tá luach bunúsach acu ó pheirspictíocht oideachais, stairiúil nó tíreolaíochta de nó de bharr an cheangail atá acu le duine, áit nó le hócáid.
- 8.4** Mar gheall ar chomh speisialta is atá sócmhainní oidhreachta, ní mór aird bhreise a thabhairt ar an gcaoi a dhéantar iad a rialú, a chosaint agus a bhainistiú. Teastaíonn béim ar leith maidir leis an timpeallacht ina sealbhaítear iad.
- 8.5** Dírítear sa tuarascáil seo ar shócmhainní oidhreachta sochorraithe arna sealbhú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (an Roinn) agus ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW).
- Sealbhaíonn an Roinn sócmhainní oidhreachta in dhá shuíomh a bhfuil rochtain phoiblí ar an dá cheann acu. Ina theannta sin, sealbhaíonn an Roinn sócmhainní oidhreachta áirithe i stóras, go háirithe in Ionad Acmhainní na mBailiúchán a chomhroinneann sé le Músaem Náisiúnta na hÉireann.
 - Sealbhaíonn an OPW sócmhainní oidhreachta sochorraithe ag 17 dá áitreabh stairiúil. Ina theannta sin, bainistíonn an OPW thart ar 800 séadchomhartha náisiúnta agus tá sócmhainní oidhreachta sochorraithe i roinnt díobh. Bainistíonn an OPW bailiúchán ealaíne leis an Stát freisin.

Ábhar a Chuaigh Amú as Teach Chill Airne

- 8.6** Tá an Roinn freagrach as Teach Chill Airne. Fuair an Stát Teach Chill Airne agus an chuid is mó den eastát taobh leis in 1978. Lean na húinéirí a bhí ar an teach ag cónaí sa teach go dtí 1998 tráth ar ghlac an Stát smacht ar an teach agus ar an talamh a bhí fágtha. Ní raibh aon chónaí sa teach riamh ó shin. Fógraíodh clár athchóirithe in 2011, ar chostas measta €8.5 milliún. Táthar ag súil go mbeidh an teach agus na gairdíní ar oscailt don phobal in 2016.

- 8.7** Bhí catagóiriú déanta ar an ábhar i dTeach Chill Airne sular tógadh amach iad in 1999 roimh athchóiriú an tí. Bunaithe ar mheasúnú ar mhéid gach ceann de na rudaí a bhí sa teach, ar a luach agus ar bhail na rudaí, cuireadh roinnt díobh i stóras príobháideach agus cuireadh roinnt eile i stóras i dTeach Mhucrois gar do bhaile. Ba é líon iomlán na rudaí a cuireadh i stóras príobháideach ná 81, agus bhí luach €920,000 ag gabháil leo ag an am.
- 8.8** Fuarthas amach go raibh roinnt rudaí imithe amú i mí Dheireadh Fómhair 2012 nuair a tugadh dhá phéinteáil faoi deara ag ceant. D'aithin foireann na Roinne gur rudaí iad a bhí curtha i stóras príobháideach. Measadh i luacháil a rinneadh thar ceann na Roinne in 1999 gurbh fhiú thart ar €32,000 na péinteálacha seo.
- 8.9** Tar éis fáil amach go raibh siad bailithe amú, rinne an Roinn scrúdú ar na rudaí a bhí i stóras príobháideach. Fuarthas amach sa scrúdú go raibh 39 rud, lena n-áirítear na 26 phéinteáil ar fad, bailithe amú. Ba é luach iomlán an 39 rud ná €552,000. Thug an Roinn tuairisc don Gharda Síochána faoi agus d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá fiosrúchán ar bun ag na Gardaí ó 2012 i leith. Iarradh sonraí maidir leis na rudaí a fuarthas mar chuid den fhiosrúchán sin. Dúirt an Roinn nach raibh sí in ann, ar chomhairle an Gharda Síochána, an t-eolas sin a thabhairt.
- 8.10** I ndiaidh fáil amach go raibh na rudaí imithe amú, cuireadh na rudaí eile go léir as Teach Chill Airne a bhí i stóras príobháideach isteach i saoráid stórála na Roinne ag Ionad Acmhainní na mBailiúchán.

Fócas an Imscrúdaithe sin

- 8.11** De bhun na n-athbhreithnithe ar athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh agus ar theagmhais tuairiscithe maidir le rudaí a chuaigh amú, rinneadh an t-imscrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na beartais, cleachtais agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm sa Roinn agus san OPW chun sócmhainní oidhreachta sochorraithe a rialú agus a bhainistiú. Dhírigh an t-imscrúdú go háirithe ar
- bheartais scríofa maidir le bailiúchán
 - nósanna imeachta maidir le sócmhainní oidhreachta a fháil, a dhiúscairt agus a thabhairt ar iasacht
 - sócmhainní oidhreachta a thaifeadadh agus a chur i gcatalóga
 - cúram an bhailiúcháin, lena n-áirítear seiceáil fardail agus monatóireacht ar bhail an bhailiúcháin, agus pleanáil i gcomhair tubaiste.
- 8.12** Roghnaíodh cúig shuíomh imscrúdaithe chun na nósanna imeachta sin a thástáil. Tá ceithre shuíomh acu á mbainistiú ag an OPW – Emo Court, Teach Farmleigh, Gailearaí Glebe, agus Caisleán Cill Chainnigh. Is é an láithreán eile ar tugadh cuairt air ná Caisleán Ghleann Bheatha, atá á bhainistiú ag an Roinn.
- 8.13** Rinneadh athbhreithniú freisin ar rialuithe atá i bhfeidhm ag saoráid stórála na Roinne in Ionad Acmhainní na mBailiúchán.¹ Tá taifid as an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta agus as Suirbhé Seandálaíochta na hÉireann stóráilte ag an tsaoaráid seo. Cuirtear rochtain ar na taifid sin ar fáil do thaighdeoirí ach coinne a dhéanamh roimh ré. Ina theannta sin, déantar iarsmaí a fhaightear ar thochailtí a stóráil go sealadach go dtí go ndéantar catalógú orthu, go gcuirtear tuarascálacha i gcrích agus go seoltar ar aghaidh iad chun Músaem Náisiúnta na hÉireann.

¹ Áitíonn an Roinn thart ar 14% den spás sa tsaoaráid.

Clár um Chaighdeáin Músaeim d'Éirinn.

- 8.14** Tá sé mar aidhm ag clár um chaighdeáin músaeim d'Éirinn na Comhairle Oidhreachta caighdeáin gairmiúla a thagarmharcáil agus a ardú i músaeim, gailearaithe agus gníomhaireachtaí bailiúcháin nach bhfeidhmíonn ar bhonn brabúis. Soláthraíonn an clár sraith íoschaighdeán a bhainfear amach maidir le rialú, cúram agus bainistiú músaem agus a gcuid bailiúcháin. Tá 34 chaighdeán sa chlár. Is féidir creidiúnú eatramhach a bhaint amach nuair a shroichtear na chéad 25 chaighdeán. Meastar go bhfuil siad siúd atá ag obair i dtreo creidiúnú eatramhaigh rannpháirteach sa chlár.
- 8.15** Leagtar amach i Fíor 8.1 na maoin stairiúla atá faoi smacht an OPW agus na Roinne a bhfuil bailiúcháin acu agus cuirtear an stádas maidir le clár um chaighdeáin músaem in iúl maidir le gach ceann acu. Tá sé shuíomh OPW agus suíomh Roinne amháin rannpháirteach sa chlár.

Fíor 8.1 Maoine stairiúla a bhfuil bailiúcháin acu atá á mbainistiú ag an OPW ^a agus ag an Roinn 2015

Stádas um chaighdeán músaeim	Réadmhaoín	Arna bhainistiú ag
Creidiúnú iomlán – comhlíonadh na 34 chaighdeán go léir	Teach Bhaile an Chaisleáin	Oifig na nOibreacha Poiblí
	Teach Farmleigh	Oifig na nOibreacha Poiblí
	Iarsmalann an Phiarsaigh	Oifig na nOibreacha Poiblí
	Teach Mhucrois	Roinn
Creidiúnú eatramhach – baineadh amach na chéad 25 chaighdeán agus ag obair i dtreo na naoi chaighdeán eile a bhaint amach	Caisleán Bhaile Átha Cliath	Oifig na nOibreacha Poiblí
Rannpháirteach – istigh sa chlár agus ag obair i dtreo creidiúnú eatramhaigh	Caisleán Chill Chainnigh	Oifig na nOibreacha Poiblí
	Caisleán Ráth Fearnáin	Oifig na nOibreacha Poiblí
Nach bhfuil rannpháirteach sa chlár	Gairdíní Altamont	Oifig na nOibreacha Poiblí
	Na Blascaodaí	Oifig na nOibreacha Poiblí
	Garraithe na Lus ^b	Oifig na nOibreacha Poiblí
	The Casino, Marino	Oifig na nOibreacha Poiblí
	Tigh Mór Dhoire Fhionáin	Oifig na nOibreacha Poiblí
	Emo Court	Oifig na nOibreacha Poiblí
	Oileán an Chuilinn	Oifig na nOibreacha Poiblí
	Teach agus Gailearaí Glebe	Oifig na nOibreacha Poiblí
	Príosún Chill Mhaighneann	Oifig na nOibreacha Poiblí
	An Seandroichead	Oifig na nOibreacha Poiblí
	Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann	Oifig na nOibreacha Poiblí
	Caisleán Ghleann Bheatha	Roinn
	Teach Chill Airne ^c	Roinn

Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

- Nótaí:
- a In éineacht leis na maoine atá liostaithe thuas, tá deich gcinn de mhaoine ag an OPW nach bhfuil aon bhailiúcháin ghaolmhara de shócmhainní oidhreachtacha acu. Is iad sin ná: Reilig Chnoc an Arbhair; Páirc Dhún ar Aill; Crannlann agus Gairdíní Fota; An Gairdín Cuimhneacháin; Reilig Mhíleata Ghráinseach Ghormáin; Gairdíní Heywood; Gairdíní Uíbh Eachach; Leacht Cuimhneacháin Náisiúnta ar an gCogadh; Páirc an Fhionnuisce; Faiche Stiabhna.
 - b Is speicis phlandaí formhór na sócmhainní oidhreachtacha ag Garraithe na Lus. Mar sin féin, tá saothar ealaíne, leabhair agus troscán sealbhaithe ann freisin.
 - c Tugadh amach an bailiúchán gaolmhar in 1999 agus cuireadh i stóras é.

Beartais Scríofa

- 8.16** Luafaí i sraith chuimsitheach de dhoiciméid beartais ó bhailiúcháin músaeim an aidhm atá le bailiúchán agus conas, agus cén bealach, a bhainfear amach an aidhm luaite. Ba cheart go leagfaí amach i mbainistiú gach láithreáin ag a bhfuil ábhair oidhreachta ar taispeáint an ról sonracha atá le rudaí a chur ar fáil le feiceáil agus/nó i gcomhair taighde.
- 8.17** Chomh maith le ráiteas misin, ba cheart go mbeadh treo straitéiseach fadtéarmach agus cuspóirí leathana beartais don bhailiúchán leagtha amach i ráiteas straitéise. Ba cheart go dtabharfaí treoir sa doiciméad sin maidir leis na straitéisí agus na pleananna oibríochta a chaithfear a réiteach lena chinntiú go dtabharfar cúram ceart do na bailiúcháin ag gach suíomh.

Straitéis Fhoriomlán

- 8.18** Áirítear i ráiteas misin ráiteas straitéise na Roinne 2015 – 2017 an cuspóir ‘oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a chosaint’. Áirítear lena spriocanna ardleibhéil ‘ár n-oidhreacht shainiúil a chaomhnú agus a bhainistiú ar mhaithe le glúnta reatha agus amach anseo’. I measc na straitéisí atá ann chun an sprioc sin a bhaint amach tá beartais agus reachtaíocht chun oibleagáidí oidhreachta an AE agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus feidhmiú agus forfheidhmiú éifeachtach na mbeartas oidhreachta.
- 8.19** Leagann an OPW amach a cuid oibleagáidí ardleibhéil maidir leis na maoine oidhreachta ina ráiteas straitéise agus tá dréacht-straitéis le haghaidh seirbhísí oidhreachta á breithniú.

Straitéisí Suíomhoiriúnaithe

- 8.20** Bhí an méid beartas scríofa a bhí ag gach suíomh ar a ndearnadh imscrúdú leagtha síos i Fíor 8.2.

Fíor 8.2 Beartais Scríofa atá i bhfeidhm

Beartas	Teach Farmleigh	Caisleán Chill Chainnigh	Emo Court	Gailearaí Glebe	Caisleán Ghleann Bheatha
Ráiteas misin	✓	✓	✗	✓	✗
Plean straitéiseach bainistíochta	✓	✓	✗	✓	✗
Lámhleabhar maidir le nósanna imeachta doiciméadúcháin	✓	✓	✗	✓	✗
Cúram don straitéis bailiúcháin	✓	✓	✗	✓	✗
Beartas bailiúcháin	✓	✓	✗	✓	✗
Beartas oideachais	✓	✓	✗	✓	✗
Beartas taispeántais	✓	✓	✗	✓	✗

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 8.21** Maidir le saoráid stórála na Roinne, cé nach bhfuil feidhm leis na doiciméid beartais sin go léir, tá roinnt acu ábhartha. Tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil dréacht-bheartais agus doiciméid nós imeachta ann lena n-áirítear doiciméid aistrithe, sceidil choinneála agus áiseanna fionnachtana.

Fáil, Diúscairt agus Iasachtaí

- 8.22** Ba cheart na nósanna imeachta maidir le nithe a fháil agus a dhiúscairt a bhreacadh síos go hiomlán. Cuideoidh sé sin lena chinntiú go nglactar cinntí maidir le bailiúchán a leathnú agus a chur amach ar conradh leis an mbeartas bailiúchán ceadaithe. Cuidíonn nósanna imeachta den sórt sin chun gluaiseachtaí sócmhainní a rialú.
- 8.23** Go ginearálta, baineann na bailiúcháin ag gach suíomh ar tugadh cuairt orthu go sonrach leis an suíomh agus mar thoradh air sin, ní bhíonn ábhar breise agus diúscairtí rialta. Nuair a bhíonn ábhar breise i gceist is rudaí iad go ginearálta a bhaineann leis an suíomh nó lena áitritheoirí roimhe sin. Ba cheart go mbeadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar aon ábhar a d'fhéadfaí a fháil agus chun ceannach nó iasacht isteach an ábhair (na n-ábhar) a cheadú.
- 8.24** Bhí beartas fála agus diúscairta ag trí cinn de na cúig shuíomh ar a tugadh cuairt (féach Fíor 8.3).
- 8.25** Mar chuid de ghnáthchúrsa a cuid gnó chun taispeántais a chur ar siúl, féadfaidh suíomh ábhar oidhreachta a fháil ar iasacht chun cuid de thaispeántas nó an taispeántas ar fad a dhéanamh suas. Ar an gcaoi chéanna, is féidir ábhair a thabhairt ar iasacht de réir mar atá an suíomh gar do ghníomhaireachtaí eile Stáit nó do ghníomhaireachtaí príobháideacha laistigh den Stát nó thar lear chun cur le taispeántas. I gcás den sórt sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go ndéanann an té a fhaigheann an t-ábhar gach ábhar a iompar, a láimhseáil, a thaispeáint agus a chur ar ais i riocht mhaith.
- 8.26** Ba cheart socruithe iasachta a chur i bhfeidhm ina mbeidh soláthar do chúram, iompar agus gach saincheist ábhartha a bhaineann leis na hábhair atá ar iasacht. Bhí beartas iasacht i bhfeidhm ag trí cinn de na cúig shuíomh agus bhí comhaontuithe iasachta in úsáid acu (féach Fíor 8.3).

Fíor 8.3 Beartais maidir le fáil, diúscairt agus iasachtaí

	Teach Farmleigh	Caisleán Chill Chainnigh	Emo Court	Gailearaí Glebe	Caisleán Ghleann Bheatha
Beartas éadála	✓	✓	✗	✓	✗
Beartas diúscairta	✓	✓	✗	✓	✗
Beartas iasachta	✓	✓	✗	✓	✗

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 8.27** Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag saoráid stórála na Roinne chun ábhair a fháil agus a stóráil agus chun ábhair a aistriú chuig Músaem Náisiúnta na hÉireann.

Sócmhainní Oidhreachta a Thaifeadadh agus a Chatalógú

- 8.28** Is rialú tábhachtach é clár sócmhainne chun sócmhainní seasta eagraíochta a thaifeadadh agus a bhainistiú. Ba cheart go dtaispeánfaí i gclár ainm/cur síos ar an ábhar, dáta na héadála, costas, luach reatha agus aicme sócmhainne. Ba cheart cur síos gairid ar an tsócmhainn (lena n-áirítear a riocht agus aon ghnéithe ar leith) agus sraithuimhir nó clib sócmhainne a thaifeadadh freisin.
- 8.29** I gcomhthéacs na n-ábhar oidhreachta, cuirtear feabhas ar chaighdeán agus ar luach na faisnéise faoi ábhar trí shonraí eile a thaifeadadh cosúil le foinse, táirgeoir, úinéirí roimhe sin, cur síos iomlán ar an ábhar agus a stair/cúige, agus an tábhacht atá leis don bhailiúchán.
- 8.30** Tá clár sócmhainní seasta ag an Roinn, ina dtaifeadtar sócmhainní a bhfuil luach os cionn €1,000 ag gabháil leo, ina gcuimsítear talamh, foirgnimh, troscán agus feistis. Cé go dtaifeadtar roinnt sócmhainní oidhreachta ann, ní thaifeadtar an chuid is mó acu ar an bpríomhchlár. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn, mar shampla, go bhfuil an t-ábhar go léir atá i dTeach Chill Airne atá ina stór lárnach taifeadta ar an bpríomhchlár ach nach bhfuil na hábhair atá stóráilte ag Teach Mhucrois. Mar sin féin, coinnítear taifid de shócmhainní oidhreachta go háitiúil ag gach láithreán.
- 8.31** Coinníonn an OPW phríomhchlár sócmhainní seasta freisin, agus sa chás sin taifeadtar na sócmhainní go léir ar fiú os cionn €300 iad. Tá sócmhainní oidhreachta a fuarthas ó 2008 i leith taifeadta ar an gclár. Níl na cinn a fuarthas roimh 2008 taifeadta ar an gclár. Coinnítear príomhchlár de na hábhair go léir i mbailiúchán ealaíne an Stáit (lena n-áirítear suíomh sannta na sócmhainne).
- 8.32** Tá taifid sócmhainní oidhreachta coinnithe ag gach suíomh den OPW. Tá pacáiste bogearraí faighte ag suíomhanna atá ar lorg creidiúnaithe ar an gclár um chaighdeán músaeim lena n-éascaítear sonraí taifeadta gach ábhar lena n-áirítear cur síos, gluaiseacht, riocht, grianghraif srl. Taifeadann suíomhanna eile a gcuid sócmhainní ar scarbhileog agus bainistíonn siad gluaiseachtaí tríd an scarbhileog a thabhairt chun dáta.
- 8.33** Le linn an imscrúdaithe seo, tugadh le fios le seiceálacha ar shampla de na taifid ag gach ceann de na suíomhanna ar tugadh cuairt orthu go raibh na taifid sócmhainne a bhí á gcoinneáil go háitiúil cruinn.

Cúram do Bhailiúcháin

- 8.34** Má fhaigheann bailiúcháin cúram ceart laghdaítear an baol go rachaidh míreanna sa bhailiúchán amú nó go ndéanfar damáiste dóibh. Is iad na príomhrudaí a mbíonn imní fúthu ná cothabháil, an comhshaol, rialú lotnaidí, agus freagra ar éigeandálaí. Déantar é sin trí bheartais, nósanna imeachta agus cleachtais chuimsitheacha agus chomhordaithe a bheith ann maidir leis na bailiúcháin.

Seiceáil Fardail agus Monatóireacht ar Bhail

- 8.35** Mar a tharlaíonn i gcás gach sócmhainne, ba cheart seiceálacha tréimhsiúla a dhéanamh ar shócmhainní oidhreacht le deimhniú go bhfuil an tsócmhainn fós ann. Mar gheall ar na cineálacha sócmhainní a bhíonn i gcuid mhaith bailiúcháin, tá sé tábhachtach go ndéanfaí monatóireacht agus measúnú rialta ar bhail na sócmhainne. D'fhéadfadh cuid mhaith sócmhainní oidhreacht a bheith soghonta, mar shampla, d'imthosca comhshaoil amhail teocht, taise, feithidí srl. Caithfear an leochaileacht shonrach a aithint agus a thaifeadadh le freagra iomchuí a bheidh deartha chun aon tionchar tromchúiseach a d'fhéadfadh a bheith i gceist a fósaghdú.
- 8.36** I ngach suíomh ar tugadh cuairt, déantar fardail ag idirthréimhsí éagsúla idir sheiceálacha laethúla agus bliantúla.
- 8.37** Chuir an Roinn deimhniú fisiceach i gcrích ar a cuid sócmhainní go léir, lena n-áirítear sócmhainní oidhreacht, in 2012 agus 2013. In 2014, cuireadh tús le clibeáil na sócmhainní go léir ag gach suíomh. Tar éis na clibeála, beidh gach sócmhainn faoi réir spotseiceálacha ó 2015. Tá sócmhainní leochaileacha, lena n-áirítear saothar ealaíne, faoi réir deimhnithe bliantúla.
- 8.38** Mar chuid den phróiseas creidiúnaithe chun dul isteach sa chlár um chaighdeán músaeim, rinneadh athbhreithnithe inmheánacha san OPW ag ceithre shuíomh.¹ Chomh maith leis sin, rinneadh iniúchta inmheánacha ag Garraithe na Lus.
- 8.39** Dúirt an OPW i measc na n-eachtraí a aithníodh ina ndeachaigh míreanna amú nó ina ndearnadh damáiste dóibh ná
- Tugadh damáiste don Burgoyne Bell arna sealbhú ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann faoi deara tar éis an suíomh a úsáid i gcomhair imeachta. Fuarthas costas na ndeisiúcháin ar ais ó shin.
 - Bhí raca litreacha goidte ó thaispeáint ag Músaem an Phiarsaigh in 2012 agus bhí grianghraf curtha amú nó goidte ón músaem céanna roimh 2012. Tugadh iad sin faoi deara le linn gnáthsheiceálacha a rinneadh.
 - Rinneadh damáiste do líon beag leabhar a bhí ar iasacht ag Garraithe na Lusa agus goideadh píosa de dhealbha a bhí lasmuigh.

Bailiúchán Ealaíne an Stáit

- 8.40** Tá os cionn 16,000 saothar i mbailiúchán ealaíne an Stáit. Tá péintéireachtaí stairiúla agus comhaimseartha sa bhailiúchán, agus priontaí bunaidh, dealbhóireacht, míreanna maisiúla, ceol, suiteálacha meán measctha agus filíocht. Tá beagnach an bailiúchán iomlán (thart ar 92% de na míreanna) ar taispeáint phoiblí in os cionn 400 foirgneamh Stáit.
- 8.41** Tá beartais agus nósanna imeachta chun an bailiúchán a bhainistiú, le haghaidh fhoireann an OPW agus ranna iasachta, leagtha amach i lámhleabhar bainistíochta ealaíne. Ina measc tá beartais maidir le fáil, diúscairt agus iasachtaí chomh maith le cúram an bhailiúcháin. Dúirt an OPW go dtugann sé faoi sheiceálacha fardail rialta agus go ndéanann sé monatóireacht ar bhail na saothar ealaíne.

¹ Caisleán Bhaile Átha Cliath, Teach Bhaile an Chaisleáin, Caisleán Ráth Fearnáin, Teach Farmleigh.

- 8.42** Idir Eanáir 2012 agus Nollaig 2014, rinneadh suirbhé ar mhíreanna a aimsíodh in 184 shuíomh. Thairfead an OPW 173 mhír ealaíne ar iasacht nó a bhí imithe amú, agus astu sin fuarthas ar ais 36 acu. Is é luach measta an 173 mhír ná €49,000 agus is é luach na míreanna atá le fáil ar ais go fóill ná €37,000. Tugtar achoimre i Fíor 8.4ar na heachtraí de réir na rannóige iasachta.

Fíor 8.4 Bailiúchán ealaíne an Stáit – míreanna a aithníodh mar chinn a bhí imithe amú

Rannóg/Oifig Iasachta	Líon na n-ábhar		
	Iomlán leis an Aitheanta mar iasachtóir	cheann imithe amú	Faighte ar ais
OPW (lena n-áirítear maoine oidhreachta)	6,745	5	–
Tithe an Oireachtais	707	44	24
Oideachas agus Scileanna	754	20	5
Gnóthaí Eachtracha	779	17	–
Airgeadas	325	16	2
Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	159	13	–
An Garda Síochána	853	11	1
An tSeirbhís Chúirteanna	310	9	–
An Taoiseach	404	9	–
Iompar, Turasóireacht agus Spórt	142	7	–
Na Coimisinéirí Ioncaim	646	6	1
Coimirce Shóisialta	533	5	2
Eile	1,312	11	1
Iomlán		173	36

Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí

- 8.43** Dúirt an OPW go bhfuil sé ag iarraidh na rudaí a chuaigh amú a aimsiú. Cláraítear gach saothar ealaíne nua a fhaightear anois, glactar grianghraf dóibh agus marcáiltear iad mar mhaoín an Stáit. Marcáiltear go leanúnach saothair níos sine mar mhaoín an Stáit.
- 8.44** In 2012, rinne an OPW athbhreithniú ar a cuid nósanna imeachta chun bailiúchán ealaíne an Stáit a bhainistiú. Thug sé isteach conradh iasacht foirmiúil a bheidh le comhaontú le heagraíochtaí a bheidh ag iarraidh saothar ealaíne ón mbailiúchán a fháil ar iasacht. Leagtar síos sa chonradh na dualgaí agus na freagrachtaí atá ar an iasachtóir maidir le saothar ealaíne ar iasacht.
- 8.45** Dúirt an OPW go bhfuil lámhleabhar bainistíochta ealaíne na hoifige á tabhairt cothrom chun dáta faoi láthair. Nuair a bheidh sé sin déanta, tá sé i gceist aige cruinnithe a eagrú leis an bhfoireann ábhartha i ranna iasachta chun iad a chur ar an eolas faoina gcuid freagrachtaí maidir le saothar ealaíne a chur ar taispeáint.

Pleanáil i gcomhair Tubaistí

- 8.46** Ba cheart na rioscaí a bhaineann le sócmhainní aonair agus leis an suíomh ina sealbhaítear iad, bídís ar taispeáint nó i stóras a leagan síos agus ba cheart céimeanna a ghlacadh lena chinntiú go maolaítear chomh mór agus is féidir na rioscaí sin. Ba cheart go mbeadh pleananna cuimsitheacha ann lena chinntiú i gcás dóiteáin, tuilte, srl go nglactar gach céim is gá chun na míreanna oidhreachta a chosaint. Bhí pleananna i gcomhair tubaistí ag trí cinn de na cúig shuíomh (féach Fíor 8.5).

Fíor 8.5 Beartas Tubaiste i bhfeidhm

	Teach Farmleigh	Caisleán Chill Chainnigh	Emo Court	Gailearaí Glebe	Caisleán Ghleann Bheatha
Beartas Tubaiste	✓	✓	✗	✓	✗

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 8.47** Níl aon phlean freagartha tubaistí i bhfeidhm le haghaidh saoráidí stórála na Roinne. Mar sin féin, bhí cainteanna ag an Roinn le Músaem Náisiúnta na hÉireann arb é an príomh-thionónta é san Ionad Acmhainní Bailiúcháin, maidir le plean a chur le chéile.

Conclúidí agus Moltaí

- 8.48** Teastaíonn beartais, nósanna imeachta agus cleachtais iomchuí lena chinntiú go ndéantar sócmhainní oidhreachta a chosaint, a rialú agus a bhainistiú i gceart. Soláthraíonn an clár um chaighdeáin músaeim d'Éirinn sraith caighdeán maidir le bailiúcháin a rialú, aire a thabhairt dóibh agus iad a bhainistiú. Tá sé cinn de shuíomhanna oidhreachta leis an OPW rannpháirteach sa chlár seo agus tá creidiúnú iomlán bainte amach ag trí cinn acu. Tá creidiúnú iomlán bainte amach freisin ag suíomh amháin de chuid na Roinne. Tá 11 réadmhaoine eile ag an OPW agus tá dhá réadmhaoine eile ag an Roinn a bhfuil bailiúcháin ghaolmhara de shócmhainní oidhreachta acu áit nár lorgaíodh rannpháirtíocht sa chlár go dtí seo.
- 8.49** I bpéire de na réadmhaoine seo ar tugadh cuairt orthu mar chuid den imscrúdú seo, ní raibh bunriachtanais ann maidir le sócmhainní oidhreachta a chaomhnú, a rialú agus a bhainistiú.

Moladh 8.1

Ba cheart don OPW agus don Roinn machnamh a dhéanamh ar oiriúnacht na suíomhanna go léir a bhfuil bailiúcháin de shócmhainní oidhreachta acu maidir lena rannpháirtíocht sa chlár um chaighdeáin músaeim.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne

Comhaontaithe. Tá creidiúnú iomlán cheana féin ag Teach Mhucrois agus déanfaidh an Roinn measúnú ar na buntáistí a d'fhéadfaí a bhaint as rannpháirtíocht Chaisleán Ghleann Bheatha agus Theach Chill Airne sa chlár.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta an OPW

Comhaontaithe. Tá obair ag dul ar aghaidh i dtreo an chaighdeáin a bhaint amach i suíomhanna iomchuí. Mar sin féin, i gcás suíomhanna eile b'fhéidir nach é an caighdeán an cur chuige is fearr toisc go mbeadh an forchostas riaracháin níos mó ná aon bhuntáistí a thabhófaí. Glacfar nósanna imeachta dea-chleachtais ag na suíomhanna sin.

- 8.50** Cé go bhfuil cláir sócmhainní seasta lárnach ag an OPW agus ag an Roinn araon, ní dhéanann siad sin taifeadadh ach ar líon beag de na sócmhainní oidhreachta atá á sealbhú. Déantar taifeadadh ar fhormhór na sócmhainní oidhreachta go háitiúil agus, dá bhrí sin, is beag a bheadh ag teastáil chun na sonraí a ionchorprú isteach i dtaifid lárnacha mar chlár na sócmhainní seasta.

Moladh 8.2

Ba cheart sócmhainní oidhreachta a thaifeadadh go lárnach lena chinntiú go ndéantar iad a rialú agus a chosaint i gceart.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne

Comhaontaithe. Déanfaidh an Roinn taifeadadh ar na sócmhainní sin de réir cheanglais Chiorclán 02/2004 na Roinne Airgeadais.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta an OPW

Comhaontaithe. Tá sócmhainní oidhreachta a fuarthas ó 2008 i leith taifeadta ar an gclár sócmhainní seasta. Tá roinnt beart i bhfeidhm ag gach suíomh lena chinntiú go ndéantar sócmhainní oidhreachta a rialú agus a chosaint. Tá machnamh á dhéanamh ar na córais bhogearraí atá i láithreáin éagsúla faoi láthair a lárú ar mhaithe le sócmhainní oidhreachta a thaifeadadh.

- 8.51** Ó mhí Eanáir 2012, rinne an OPW athbhreithniú ar shócmhainní oidhreachta i nGarraithe na Lus agus i gceithre shuíomh eile, mar chuid dá gcreidiúnú le haghaidh an chlár um chaighdeán mhúsaeim. Sa Roinn, rinneadh athbhreithniú ar shócmhainní oidhreachta in 2012 mar chuid de imscrúdú iniúchta inmheánaigh a rinneadh ar shócmhainní seasta ginearálta.

Moladh 8.3

D'fhonn a chinntiú go bhfeidhmeoidh nósanna imeachta rialaithe agus bainistíochta áitiúla go héifeachtach, ba cheart smaoineamh ar chlár athbhreithnithe agus cigireachtaí neamhspleách rialta a chur ar bun, a bheadh leagtha amach go saineúil le haghaidh sócmhainní oidhreachta.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne

Comhaontaithe. Leanfar d'athbhreithnithe bliantúla a dhéanfaidh an bhainistíocht áitiúil ar shócmhainní oidhreachta. Déanfaidh Rannóg Seirbhísí Corparáideacha na Roinne cigireacht neamhspleách freisin ar shócmhainní oidhreachta agus déanfar é sin ar bhonn rialta trí chlár rollaithe cigireachtaí.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta an OPW

Comhaontaithe. Tugtar faoi iniúchtaí agus spotseiceálacha rialta maidir le bailiúchán ealaíne an Stáit. Déanfar machnamh ar chóras iniúchtaí agus spotseiceálacha den chineál céanna le haghaidh sócmhainní oidhreachtacha eile.

- 8.52** Thug an OPW nósanna imeachta athbhreithnithe isteach in 2012 chun saothar ealaíne a thabhairt ar iasacht d'oifigí rialtais agus d'fhoirgnimh phoiblí. Bíonn comhaontuithe foirmiúla idir an OPW agus an té atá ag fáil na hiasachta ina leagtar amach dualgais agus oibleagáidí an iasachtóra maidir leis na míreanna a bhíonn ar iasacht.

Moladh 8.4

D'fhonn bailiúchán ealaíne an Stáit a chothú, ba cheart don OPW dearbhú foirmiúil a iarraidh maidir leis na míreanna atá ar iasacht ag daoine ar bhonn bliantúil agus smaoineamh ar chlár spotseiceálacha a thabhairt isteach.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta an OPW

Comhaontaithe. Iarrfaidh an OPW dearbhú foirmiúil ó ranna iasachta maidir leis na míreanna atá amuigh ar iasacht. Tar éis anailís a dhéanamh ar na freagraí, cuirfear tús le clár iniúchta go luath in 2016.

9 Forbairt Chóiríocht Phríosúin i mBaile Átha Cliath

- 9.1** I mí Feabhra 2004, thug an Rialtas cead don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun saoráid nua phríosúin a chur ar láithreán nua in ionad na saoráidí ag coimpléasc Mhuinseo.¹
- 9.2** Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (an Roinn) go raibh gá leis an bhforbairt chun dul i ngleic leis an laghad acmhainne sa chóras príosúin agus le fadhbanna eile i gcoimpléasc Mhuinseo, agus go háirithe
- measadh go gcosnódh sé an-iomarca agus nach mbeadh sé praiticiúil coimpléasc Mhuinseo a nuachóiriú agus a leathnú mar gheall nach bhfuil ach spás teoranta ar an láthair, mar gheall ar aois na bhfoirgneamh agus an bhail atá ar an struchtúr féin
 - measadh go gcaithfí deireadh a chur leis an gcleachtas 'na fualáin a fholmhú; ag príosún na bhfear i Muinseo
 - measadh go gcaithfí dul i ngleic le ceistanna slándála cosúil le contrabhanna a bheith á chaitheamh thar bhallaí an phríosúin
 - measadh nach raibh dóthain fáil ar ghníomhaíochtaí agus ar chláir athshlánaithe i Muinseo.
- 9.3** I mí Eanáir 2005, cheannaigh an tSeirbhís Phríosúin láithreán ar a raibh 150 acra ar an iomlán i mBaile na Sceach i dtuaisceart chontae Bhaile Átha Cliath, suite 1.6 ciliméadar ón N2 agus gar don M50, ar chostas €29.9 milliún.² Ceannaíodh tuilleadh talún in aice láimhe in 2007 mar seo a leanas
- 6 acra ar chostas €0.8 milliún, chun láithreán slán a thabhairt le haghaidh saoráidí eile a bhain le ceartas coiriúil, agus
 - 8.7 acra ar chostas €1.3 milliún, chun bealach isteach a chur ar fáil chuig an gcoimpléasc atá beartaithe a thógáil ag Baile na Sceach a cuireadh ar fáil trí uirill ón bpobal áitiúil maidir le himní faoi bhreis tráchta a chruthófaí nuair a bheadh an príosún á thógáil.
- 9.4** I mí Meithimh 2008, rith an tOireachtas an tAcht um Fhorbairt Príosúin (Rúin a Dhaingniú) 2008, lenar ceadaiódh forbairt príosúin ar láithreán Bhaile na Sceach.³
- 9.5** Tá roinnt oibre déanta ag ullmhú an láithreáin agus roinnt oibre déanta lasmuigh de, mar aon le hobair ar an mbealach isteach ón mbóthar. Mar sin féin, níl aon obair déanta ar fhoirgneamh an phríosúin féin go fóill. Faoi láthair, úsáidtear an láithreán le haghaidh togra gortóireachta don phríosún, agus bhí 120 príosúnach rannpháirteach ann ó cuireadh an togra ar bun.
- 9.6** Faoi láthair, tá grúpa oibre i mbun athbhreithnithe ar thionscadal Bhaile na Sceach agus bhíothas ag súil go dtabharfadh an grúpa a dtuarascáil faoi shamhradh na bliana 2015. Níl aon téarmaí tagartha foirmiúla ann don ghrúpa. Tá sé ráite ag an Roinn gur iarradh ar an ngrúpa féachaint ar roghanna a thabharfadh an luach is fearr a d'fhéadfaí don Stát san úsáid a bhainfí as sa todhchaí.

1 Leagtar amach san iarscríbhinn na príomhimeachtaí go dtí seo maidir leis an tionscadal.

2 Rinneadh imscrúdú i dTuarascáil 2005 an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar fháil an láithreáin, inar áiríodh mar aon leis an talamh, Halla Bhaile na Sceach a bhí liostaithe.

3 Faoi Alt 181 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, tá forbairtí áirithe a dhéanann údaráis an Stáit nó a dhéantar thar a gceann eisiata ó fheidhmiú an chóid phleanála ar mhaithe le slándáil náisiúnta nó riar an chirt. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí talamh talmhaíochta a chomhlíon riachtanais na Seirbhíse Príosúin a mheas i gcomhair forbartha.

- 9.7** Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar chaiteachas ar thionscadal Bhaile na Sceach agus déantar imscrúdú ar an gcuntasaíocht a bhain le luach na n-oibreacha caipitil i gcuntas leithreasa na Seirbhíse Príosúin.

Costais Thionscadal Bhaile na Sceach

- 9.8** Nuair a shocraigh an Rialtas cead a thabhairt an láithreán a fháil in 2004, luadh go bhféadfadh costas tógála táscach le haghaidh coimpléasc nua príosúin ar láithreán úrnua a bheith thart ar €150 milliún (nó €150,000 in aghaidh an spáis¹) thar cúig bliana, rud a dhéanfaí a fhritháireamh i bpáirt le díol phríosún Chaisleán Sheangánaí agus choimpléasc Mhuinseo. Ina theannta sin, bhíothas ag súil go bhféadfaí coigiltis bhliantúla de suas le €18 milliún ar chostais oibriúcháin a bhaint amach.
- 9.9** In 2006, tar éis cás gnó mionsonraithe a ullmhú le haghaidh scóip an tionscadail a leathnú go suntasach agus costas gairmiúil an togra, mhéadaigh an meastachán maidir le costas an togra go dtí €525 milliún. Ba é an figiúr €525 milliún an costas caipitil measta a thabhófaí faoi Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP) le haghaidh fónas deartha/tógála/lasmuigh den láthair/árachas agus boilsciú foirgnimh an tionscadail gan CBL san áireamh. Tar éis machnamh a dhéanamh ar roinnt roghanna, shocraigh an Rialtas dul ar aghaidh leis an tionscadal, agus lorgaíodh tairiscintí ó ghnólachtaí a raibh spéis acu an tionscadal a sheachadadh faoi shamhail PPP. Aimsíodh an tairgeoir tosaíocht go luath in 2007 tar éis an chomórtais sin.
- 9.10** Gné lárnach de shamhail PPP ná go n-aimsíonn an chuideachta a bhíonn ag seachadadh an tionscadail formhór den chistiú riachtanach ó na margaí airgeadais. Mar sin féin, ó thosaigh an ghéarchéim airgeadais tá deacrachtaí ag an tairgeoir tosaíochta le costas an PPP a mhaoiniú. Mhéadaigh an costas measta an mhuirir bhliantúil ar an tSeirbhís Phríosúin (íocaíocht aonadach faoi PPP) de os cionn 30% ón tairiscint a chuir an tairgeoir tosaíochta isteach. Cuireadh deireadh leis na cainteanna a bhí ar bun leis an gcuideachta PPP ina dhiaidh sin i mí Bealtaine 2009. Ag glacadh leis an méadú ar an gcostas measta, socraíodh in 2010 samhail traidisiúnta chistithe an Stáitchiste a úsáid. Mar sin féin, mar gheall ar srianta buiséid, níorbh fhéidir an tionscadal a mhaoiniú.

¹ Tugann sé sin soláthar de thart ar 1,000 spás le fios.

- 9.11** Tugtar cuntas sa bhfíor seo a leanas ar an gcaiteachas a rinne an tSeirbhís Phríosúin ar an bhforbairt ag an láithreán go dtí mí Bealtaine 2015.

Fíor 9.1 Caiteachas ar tionscadal Bhaile na Sceach de réir catagóire, amhail mí Bealtaine 2015

Catagóir caiteachais	Caiteachas go Bealtaine 2015
	€000
An chéad láithreán	29,900
Ceannacháin talún eile	2,096
Forbairt ar bhealach isteach	3,464
Obair lasmuigh den láithreán ^a	2,671
Ullmhú agus suirbhéanna ar an láithreán	3,082
Táillí teicniúla	5,991
Táillí dlí	1,419
Táillí airgeadais	460
Tírdhreachú, cothabháil agus deisiúcháin	983
Slándáil	563
Iomlán	50,629

Foinse: An tSeirbhís Phríosúin

Nóta: a I measc na n-oibreacha lasmuigh den láithreán a rinneadh ag Baile na Sceach bhí soláthar seirbhísí uisce, teileachumarsáide agus séarachais. Leagadh síos freisin le hais an bhóthair (R135) thart ar 4.8km de phríomhphíopa uisce poiblí agus ceangail, méadair uisce, comhlai agus dúnphoil, agus príomhphíobán aníos pumpála uisce bréan chun freastal ar an bpríosún atá beartaithe. Áirítear leis sin costais ghaolmhara chun linteireacht a dhéanamh ar shruthanna, obair claíocha, draenáil agus cóiriú tírdhreacha.

- 9.12** Dúirt an Roinn go raibh sé tugtha le fios ag an tSeirbhís Phríosúin gurb é an costas athfhillteach a bhain leis na tailte agus an mhaoín ag Baile na Sceach a chothabháil in 2014 ná €108,776. Éiríonn an caiteachas sin as an ngá Halla Bhaile na Sceach a chothabháil, ar struchtúr cosanta é. Bhí droch-bhail ar an teach nuair a fuarthas an láithreán. Rinne obair mhór, agus b'éigean athsreangú a dhéanamh agus córas teas lárnach a chur isteach, cuireadh urláir nua isteach agus rinneadh obair struchtúrach lena n-áirítear soilse éigeandála agus cuireadh córais dóiteáin agus shlándála isteach. Tá buiséad uasta €40,000 tugtha chun an teach agus na tailte a chothabháil in 2015.

Cuntas ar an Infheistíocht Chaipitiúil

- 9.13** Tá na rialacha cuntasáíochta le haghaidh ranna agus oifigí rialtais leagtha amach in Public Financial Procedures agus i gclárcláin ábhartha arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Éilítear leis na rialacha sin go nochtann na ranna i nóta leis an gcuntas leithreasa sócmhainní agus dliteanais áirithe lena n-áirítear a luach ag deireadh na bliana airgeadais.

9.14 I gcás sócmhainní caipitil lena n-áirítear talamh agus foirgnimh, éilítear sa bheartas cuntasáíochta luaite go nochtfaí na sócmhainní sa nóta leis an gclár comhardaithe agus gur chóir iad a luacháil ag

- a gcostas stairiúil lúide an dímheas carntha ó dháta na fála, nó
- a luach reatha a sainítear mar an costas is ísle athsholáthair nó an méid inghnóthaithe.

Nuair a úsáidtear an luach reatha in ionad an chostais stairiúil tugtar faisnéis a d'fhéadfadh a bheith níos ábhartha d'úsáideoirí maidir leis na cuntais ó thaobh luach na sócmhainní a thomhas agus athruithe ar na luachanna sin sa bhliain airgeadais.

9.15 Nochtar sa chuntas leithreasa le haghaidh Vóta 21 Príosúin go raibh an talamh go léir a bhí in úsáid ag an tSeirbhís Phríosúin ach ar leis an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais é luacháilte i rith 2014 ag an Oifig Luachála ag a luach úsáide reatha nó ag luach margaidh (mura raibh sé in úsáid) cé is moite den talamh ag Baile na Sceach. Sa chás sin, leantar ag luacháil na talún ag a chostas stairiúil carntha de €50.6 milliún ina n-áirítear an infheistíocht i mbonneagar agus seirbhísí, ag feitheamh ar athbhreithniú ar a luach féideartha agus ar an tairbhe don Stát.

9.16 Chuir tuarascáil ón Oifig Luachála le haghaidh na Seirbhíse Príosúin i mí Feabhra 2015 luach ar an talamh ag Baile na Sceach ag €2.4 milliún.¹ Roinneadh an talamh sa luacháil idir

- talamh nach raibh in úsáid agus a measadh nár theastaigh níos mó (thart ar 140 acra) a luacháladh ag €2.24 milliún ar bhonn luachmargaidh na talún ina riocht reatha (agus na seirbhísí a bhí ar fáil á gcur san áireamh)
- talamh nach raibh cumhdaithe ag foirgnimh ach a bhí in úsáid ag an tSeirbhís Phríosúin (thart ar deich n-acra) a luacháladh ag €0.16 milliún ar bhonn a chuid úsáide reatha.

Dá bhrí sin, dá nglacfaí na luachanna sin thiocfadh laghdú suas le €48 milliún ar an luacháil a cuireadh san áireamh sa chuntas leithreasa le haghaidh maoin Bhaile na Sceach. Mar sin féin, i gcás go n-aithnítear úsáid eile, ansin d'fhéadfadh an Stát roinnt de na costais a infheistíodh go dtí seo a athúsáid.

¹ Ní chuirtear an 14.7 acra a fuarthas in 2007 ar €2.1 milliún san áireamh sa luacháil.


Ceanglais maidir le hAcmhainn an Phríosúin a Mheas

9.17 D'athraigh méid agus fairsinge an choimpléisc príosúin beartaithe ag Baile na Sceach de réir a chéile.

- Sa chéad togra in 2003 bhí sé beartaithe príosún nua le 600 áit a thógáil in ionad príosún na bhfear i Muinseo.
- Agus suíomh á lorg in 2004, dúirt an Roinn go rabhthas ag iarraidh cóiríocht aon chillín amháin agus saoráidí a sholáthar don líon príosúnach i gcoimpléasc Mhuinseo (943 ag an am) agus cead a thabhairt an príosún nua a leathnú sa todhchaí, chomh maith leis an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar a athlonnú chuig an suíomh.
- Tar éis cás gnó mionsonraithe a chur i gcrích in 2006, sonraíodh sna critéir a bhí leagtha síos sa chomórtas PPP gur chóir go mbeadh cóiríocht sa choimpléasc do 1,400 príosúnach in 1,400 cillín, agus go mbeadh an tsolúbthacht oibríochta aige (trí áitiú na gcillíní a 'dhúbailt') chun freastal ar suas le 2,200 príosúnach. Áiríodh príosún nua do mhná ina measc sin le hacmhainn do 170 bean. Bhí an tsolúbthacht bhreise maidir le hacmhainn ann chun freastal ar mhéadú measta de 14% ar líon na bpríosúnach faoin mbliain 2015. D'aontaigh an Rialtas leis i bprionsabal freisin, faoi réir breis staidéir, gur chóir an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar a aistriú go Baile na Sceach. Bhí thart ar 76 othar ar an meán ann ag an am sin.
- Socraíodh in 2010 go gcuirfí an tionscadal ar fáil (1,400 cillín ina mbeadh suas le 2,200 príosúnach) i dtrí chéim agus go gcuirfí 400 cillín ar fáil faoin gcéad chéim le haghaidh suas le 700 príosúnach.
- In 2011, mhol grúpa athbhreithnithe go ndéanfaí forbairt ar an bpríosún nua ar shuíomh Bhaile na Sceach ar scála níos lú ná mar a samhlaíodh roimhe sin le haghaidh Chéim 1 (300 cillín a bheadh in ann freastal ar 500 príosúnach agus 20 saoráid íoschéimnithe slán a bheadh in ann freastal ar suas le 200 príosúnach i gcineál socrú príosúin oscailte).

9.18 Samhlaíodh sa tionscadal go ndéanfaí na ceithre phríosún ar champas príosúin Mhuinseo a athsholáthar (príosún na bhfear, Institiúid Naomh Pádraig, an tAonad Oiliúna agus ionad Dóchas le haghaidh ban). Tá cuntas i Fíor 9.2 ar an daonra príosúnach ar an meán sna ceithre phríosún seo ó 2005 i leith.

Fíor 9.2 Líon laethúil na bpríosúnach ar an meán i gCoimpléasc Mhuinseo, 2005 go 2014^a



Foinse: An tSeirbhís Phríosúin

Nóta: a Mar thoradh ar chinneadh Rialtais, dúnadh Institiúid Naomh Pádraig i rith 2014 agus bogadh na ciontóirí óga chuig cóiríocht níos oiriúnaí i bpríosún Pháirc na Cruithneachta agus ar Champas Bhaile an Oibricigh. Bhí 200 ciontóir óg ar an meán san institiúid sin idir 2005 agus 2012.

Bearta Eile chun dul i ngleic le Saincheistanna ag Coimpléasc Mhuinseo

- 9.19** Toisc go bhfuil sé ag tógáil chomh fada aon dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal Bhaile na Sceach, glacadh roinnt beart chun dul i ngleic leis na fadhbanna a tugadh faoi deara ag coimpléasc Mhuinseo. Ó 2010 go dtí 2014, bhí €28.7 milliún caite ar oibreacha caipitil i gcoimpléasc Mhuinseo.
- 9.20** Tá clár leanúnach d'athchóiriú na sciathán i bpríosún na bhfear i Muinseo ar tí críochnú in 2015 ar chostas breise €0.6 milliún. Tá achoimre thíos ar chomh mór is a théann na bearta sin i ngleic leis an gcéad imní a bhí ann maidir le coimpléasc Mhuinseo.

Fíor 9.3 Anailís ar a mhéid is atá na cuspóirí bunaidh bainte amach

	Stádas
Plódú i bpríosúin	●
deireadh a chur leis 'na fualáin a fholmhú'	●
Saincheistanna slándála	●
Gan fáil ar ghníomhaíochtaí agus ar chlár athshlánaithe	○
Cóiríocht aon chillín amháin agus saoráidí do 900 príosúnach	○
Spás i gcomhair leathnaithe	✕

Foinse: An tSeirbhís Phríosúin

Tabhair faoi deara: ● Pléite i bpríosúin; ○ Pléite i bpáirt; ✕ Gan aon phlé déanta ina leith

9.21 Leis an infheistíocht go dtí seo

- Laghdaíodh an plódú i Muinseo trí 92 cillín breise a chur ar fáil. Tá sé ráite ag an tSeirbhís Phríosúin freisin gur laghdaíodh an brú ar phlódú thar an gcóras príosúin ar fad toisc gur lean líon laethúil (ar an meán) na bpríosúnach faoi choimeád ag titim, titim de 11% ón mbuaic-mheán de 4,390 in 2011.
- Cuireadh deireadh leis na fualáin a fholmhú, toisc go bhfuil sláintíocht istigh sa 525 cillín ar fad anois.
- Cuireadh feabhas ar shlándáil trí cheamaraí breise CCTV a sholáthar, trí eangach frith-chontrabhanna a fheistiú os cionn na gclós aclaíochta, agus trí léitheoirí boise uathoibrithe a thabhairt isteach i sciathán C.
- Cuireadh rochtain fheabhsaithe ar ghníomhaíochtaí agus ar chlár athshlánaithe mar gheall ar an laghdú ar líon na bpríosúnach.
- Tugadh isteach cóiríocht cosúil le dórtúr san ionad Dóchas a chuaigh i ngleic ar bhealach éigin le ceist na cóiríochta. Ina theannta sin, rinneadh uasghrádú ar phríosún Dóchas chun 20 spás cóiríochta breise a chur ar fáil do phríosúnaigh.
- Rinneadh athchóiriú ar sciatháin A, B, C agus D lena n-áirítear fuinneoga nua ar na cinn staighre/cillíní go léir, doirse nua ar na cillíní ar fud an phríosúin, leagadh an staighre iarainn theilgte reatha, ceann staighre agus siúlbealaí i sciathán B agus C agus tógadh staighre agus urlár nua cruach.
- Cuireadh isteach córas nua díláraithe teasa atá níos tíosaí ar fhuinneamh agus níos sábháilte ná an seanchóras – measann an tSeirbhís Phríosúin go mbainfear amach coigilteas bliantúil de €0.13 milliún leis an gcóras nua agus go laghdófar an lorg carbóin.

9.22 In 2012, tógadh sciathán príosúin nua 300 spás sa phríosún Lár Tíre. Tá 175 cillín sa sciathán le sláintíocht iomlán taobh istigh sna cillíní. Chosain an tionscadal thart ar €25 milliún agus áiríodh leis saoráidí nua oideachais, lónadóireachta agus cuairte, mar aon le uasghrádú iomlán ar na córais shlándála agus balla agus clós aclaíochta leathan nua.

9.23 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur chuidigh an sciathán nua seo ag príosún Lár Tíre chun an brú a bhí ar phríosún Mhuinseo a laghdú agus dá réir sin gur chuidigh sé go mór leis an gcumas a bhí ann gach sciathán i Muinseo a dhúnadh d'fhonn an clár leathan athchóirithe a éascú.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

Ag Dul i nGleic leis na Fadhbanna ag Coimpléasc Mhuinseo

9.24 Mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur mhol Bord Eatramhach an Údaráis Phríosúin (PAIB) in 2003, gur chóir príosún nua a thógáil ar láithreán úrnua i gceantar Bhaile Átha Cliath in ionad champas phríosúin Mhuinseo. Rinneadh an moladh sin i gcoinne cúlra inar cháin an Coiste Eorpach in Aghaidh Céastóireachta agus in Aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Mídhaonna nó Táireach (CPT) dálaí i bpríosúin, lena n-áirítear rochtain ar dhrugaí istigh sna príosúin agus plódú ina thuarascálacha in 1998 agus 2002. Freisin, d'iarr Cigire na bPríosún ina thuarascáil bhliantúil le haghaidh 2003/4 go leagfaí agus go dtógfaí príosún nua in ionad príosúin Mhuinseo.

- 9.25** Samhlaíodh go soláthródh an príosún nua réimeas nua-aimseartha príosúin a bheadh ag feidhmiú go héifeachtúil dírithe ar phrionsabail dea-chleachtais maidir le normalú, forchéimniú agus athshlánú agus na prionsabail sin mar bhonn taca aige. Mhol an PAIB freisin go gcuirfí campas phríosún Mhuinseo as feidhm agus go ndólfáí tailte príosúin a bheadh fanta ag Caisleán Sheangánaí chun cuid d'fhorbairt an champais nua príosúin a mhaoiniú.
- 9.26** Bhíothas ag súil freisin le campas príosúin Bhaile na Sceach, mar aon le dhul i ngleic leis an bhfadhb a bhí leis na fualáin a fholmhú agus le saincheisteanna slándála cosúil le drugaí a bheith á gcaitheamh isteach i bpríosún Mhuinseo, go sábhálfaí go leor airgid ar chostas oibríochta trí theicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach, feidhmeanna riaracháin agus oibríochta láir a chomhroinnt, agus costais chothabhála laghdaithe, na cúiseanna go léir a raibh géarghá le campas nua príosúin a fhorbairt.
- 9.27** Anuas air sin, thabharfaidh an láithreán deis don tSeirbhís Phríosúin pleanáil don todhchaí, ag cur an ardaithe réamh-mheasta ar dhaonra an phríosúin ag an am san áireamh. Cé go raibh líon na bpríosúnach sách cobhsaí sa tréimhse 2001 go dtí 2005 bhí méadú suntasach leanúnach ar dhaonra an phríosúin idir 2005 agus 2010, méadú os cionn 50%. Ina theannta sin, rinneadh Ollscoil Luimnigh taighde neamhspleách ar réamh-mheastacháin maidir le daonra an phríosúin in 2009. Ullmhaíodh réamh-mheastachán íseal, meánach agus ard. Mhéadaigh a réamh-mheastachán le haghaidh 2010 ó fhiigiúr íseal de 3,631 faoi choimeád go dtí fiigiúr ard de 4,045. Ba é an fiigiúr iarbhir an 1 Meitheamh 2010 ná 4,256, rud a chiallaigh go raibh an réamh-mheastachán ab airde a rinne siad sáraithe cheana féin.
- 9.28** Dúirt sé go ndeachthas i ngleic go hiomlán leis na ceisteanna sin i dtuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Thionscadal Bhaile na Sceach a d'fhoilsigh an Roinn i mí Iúil 2011.
- 9.29** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach bhfuil aon chinneadh foirmiúil glactha ag an Rialtas chun tionscadal Bhaile na Sceach a chur ar ceal, ach bunaíodh grúpa oibre i mí Eanáir 2015 chun imscrúdú a dhéanamh ar na roghanna maidir le húsáid láithreán Bhaile na Sceach amach anseo, lena n-áirítear na roghanna a shaothródh an luach ab fhearr don Stát. Bhí roinnt cruinnithe ag an ngrúpa go dtí seo le comhlachtaí ábhartha agus tá siad i mbun dréachtú tuarascála bunaithe ar thorthaí na gcomhairliúchán atá ar siúl aige.
- 9.30** In éineacht leis na roghanna a d'aithin an grúpa, is fíor a rá gur stór talún iomlán seirbhísithe é láithreán Bhaile na Sceach atá fós ar fáil don Stát i gcomhair úsáide iomchuí agus é fós mar rogha don tSeirbhís Phríosúin i gcás go dtiocfaidh méadú mór ar líon na bpríosúnach sa todhchaí. Ina theannta sin, tá ceist ann faoi cibé an n-úsáidfear an láithreán mar shuíomh d'ionad ollmhór riaracháin le saoráidí coimhdeacha gaolmhara le haghaidh comhlacht ceartais eile a chaithfidh a shuíomh i lár na cathrach a fhágáil agus tá sé sin fós á bhreithniú.
- 9.31** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go measann an Roinn, i gcomhthéacs sainchúram an-leathan na Roinne, gur sócmhainní straitéiseach shuntasach í an mhaoín mar shuíomh i gcúlchríoch an ionaid dhaonra is mó atá ag an Stát. Is rogha eile ar ndóigh í a dhíol le leasanna príobháideacha nó nach bhfuil sa tseirbhís poiblí ach tabharfar tús-áite i gcónaí do luach na sócmhainne don Stát a uasmhéadú. Dúirt sé go dtabharfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí treoir don Roinn chuige sin, dream a dhéanann maoirseacht ar úsáid straitéiseach phunann eastáit an Stáit.

Costas Measta an Tionscadail

- 9.32** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíocht nár measadh riamh gurb é an figiúr de €150 milliún dar tagraíodh in 2004 i dtaca leis an tionscadal a bhí beartaithe don phríosún an costas iarbhír a bhain leis an tionscadal a chur i gcrích, agus nach raibh ann díreach le líne buiséid a bheadh le coinneáil i gcomhthéacs an chlúdaigh caipitil iomláin le haghaidh 2004. Dúirt sé go raibh measúnú níos cruinne maidir leis na costais chaipitil áirithe i gcás gnó an tionscadail a cuireadh i gcrích in 2006.
- 9.33** Ag tagairt don chostas a bheadh le dhul i ngleic leis na fadhbanna i gcoimpléasc Mhuinseo, dúirt sé go raibh roinnt moltaí sonracha i dtuarascáil Ghrúpa Athfhorbartha Mhuinseo in 2001 maidir le forbairt sa todhchaí agus úsáid an láithreáin atá cheana féin i Muinseo, agus chun soláthar a dhéanamh le haghaidh príosún nua 723 áit in éineacht le príosún na mban.
- 9.34** Sa rogha a bhain le láithreán reatha Mhuinseo a fhorbairt leagfaí go hiomlán an campas agus thógfaí príosún úrnua ar an láithreán atá ann cheana. Bhí meastachán den chostas caipitil a bhainfeadh leis an bhforbairt beartaithe a thógáil, a d'ullmhaigh comhlacht suirbhéirí thar ceann an OPW in 2001, ag €336 milliún ar an iomlán. Measadh ina dhiaidh sin in 2005 go gcosnódh sé os cionn €400 milliún mar gheall ar chostais thógála a bhí ag dul i méid go tapa agus go dtógfadh sé seacht mbliana an fhorbairt a chur i gcrích.
- 9.35** Dúirt sé freisin nach ndeachaigh an fhorbairt sin, arbh léir go raibh i bhfad níos mó i gceist leis ná sláintíocht sna cillíní a sholáthar, ar aghaidh ar bhonn na gcostas ach freisin mar gheall go dtiocfadh laghdú ar líon na n-áiteanna sa phríosún dá bharr, rud a chuirfeadh go mór leis an bhfadhb plódaithe sa chóras príosúin. Ina theannta sin, ní raibh dóthain acmhainne nó spáis i bpríosúin eile chun daonra phríosúin Mhuinseo a choinneáil fad is a dhéanfaí é a athfhorbairt – níor cuireadh an spás breise sa phríosún Lár Tíre go dtí 2012.
- 9.36** Dúirt sé gur baineadh amach go leor ó shin i dtéarmaí athchóiriú Mhuinseo .i. athchóiriú iomlán ar sciatháin A, B, C agus D de phríosún Mhuinseo. Chuathas i ngleic le plódú agus tá líon na leapacha ag teacht leis an bhfigiúr a mhol Cigire na bPríosún, is é sin 554. Tá deireadh curtha leis an gcleachtas na fualáin a fholmhú, tá rochtain níos fearr ag príosúnaigh ar ghníomhaíochtaí stuama agus táthar ag dul i ngleic le saincheisteanna slándála trí cheamaraí breise CCTV a sholáthar chomh maith le bearta eile ionas nach dtiocfaidh contrabhanna isteach sna clóis aclaíochta. Anuas air sin, rinneadh an obair sin ag tráth a raibh costais thógála níos ísle ná mar a bhí siad nuair a tugadh an chéad mheastachán maidir le hathfhorbairt Mhuinseo. Éascaíodh é sin freisin trí pháirt-dhúnadh Institiúid Naomh Pádraig agus a athdhearadh mar chuid de phríosún Mhuinseo faoi Achtanna na bPríosún.
- 9.37** Dúirt sé, cé gur léir go bhfuil feabhsúcháin mhóra déanta, go bhfuil sé tábhachtach a rá fiú leis na hoibreacha móra athchóirithe atá déanta, gur sean-phríosún amach is amach é Príosún Mhuinseo agus é an-chostasach é a rith agus is cumas cén fhorbairt a dhéantar air ní fhéadfaí é a chur i gcomparáid leis an rud a d'fhorbrófaí i mBaile na Seach ó thaobh saoráidí, réimse, oiliúint oibre, oideachas agus an saol ó lá go lá agus an timpeallacht oibre a bheadh i bpríosún nua ar láithreán Bhaile na Sceach.

Cuntas ar an Infheistíocht Chaipitiúil

- 9.38** Maidir le comhsheasmhacht i dtaca leis an gcaoi a láimhseáiltear sócmhainní an phríosúin, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go nochtann an cuntas leithreasa go bhfuiltear ag caitheamh le Baile na Sceach ar bhealach difriúil, ag feitheamh athbhreithnithe ar a luach agus a thairbhe féideartha don Stát.
- 9.39** Dúirt sé go bhfuil láithreán Bhaile na Sceach difriúil do na réadmhaoine eile atá ag an tSeirbhís Phríosúin. Den chuid is mó, is príosúin atá iomlán feidhmiúil iad na réadmhaoine eile. Is láithreán atá iomlán seirbhísithe é Baile na Sceach go bunúsach go dtí go bhforbrófar é nó go dtí go bhfaighfear amach cén tairbhe a bhainfear as a úsáid amach anseo. Mar thoradh air sin, mothaíodh gurb é an bealach is stuama agus is trédhearcáí a léireofaí Baile na Sceach ná trí costas stairiúil na sócmhainne a ionchorprú i gcónaí sa ráiteas maidir le sócmhainní caipitil go bhfeicfí cén toradh a bheadh ar an athbhreithniú maidir le luach úsáide an láithreáin amach anseo.
- 9.40** Dúirt sé go bhfuil luach agus tairbhe féideartha ann don Stát an talamh a úsáid. Sa deireadh thiar, is stór talún straitéiseach iomlán seirbhísithe é láithreán Bhaile na Sceach atá fós ar fáil don Stát i gcomhair úsáide iomchuí agus é fós mar rogha don tSeirbhís Phríosúin i gcás go dtiocfaidh méadú mór ar líon na bpríosúnach sa todhchaí.

Conclúidí

- 9.41** Ceannaíodh láithreán Bhaile na Sceach chun dul i ngleic le fadhbanna a bhí le coimpléasc Mhuinseo go háirithe an plódú, agus chun deireadh a chur le folmhú na bhfualán agus na saincheisteanna slándála. Dúradh leis an Rialtas go gcosnódh sé €150 milliún coimpléasc nua príosúin a thógáil ar láithreán úrnua in ionad Mhuinseo, ina raibh thart ar 950 príosúnach. Ó 2010, tá cuid mhaith de na fadhbanna a bhí i Muinseo réitithe ar chostas i bhfad níos ísle ná mar a ceapadh ar dtús príosún nua a thógáil ar láithreán Bhaile na Sceach.
- 9.42** Ina dhiaidh sin, leathnaíodh scála beartaithe na forbartha ag Baile na Sceach chun 1,400 cillín a sholáthar (47% níos mó ná i Muinseo), agus solúbthacht chun suas le 2,200 príosúnach a choinneáil. Ba é costas measta na forbartha níos mó ná €525 milliún – thart ar 3.5 huaire níos mó ná an costas a tugadh le fios nuair a ceadaíodh ceannach láithreán Bhaile na Sceach an chéad lá riamh. Mar bhonn is mar thaca ag an gcinneadh sin bhí an anailís uireasach a rinneadh ar na costais is dóigh a bhainfeadh le príosún nua a fhorbairt, figiúirí de réir dealraimh a bhí i bhfad ró-íseal, agus is cosúil go raibh na costais a bhain le dhul i ngleic leis na fadhbanna ag coimpléasc Mhuinseo, i bhfad ró-ard.
- 9.43** Cuirtear luachálacha atá ar neamhréir le chéile i láthair sa chuntas leithreasa maidir le talamh an foirgnimh an phríosúin, agus caitear ar bhealach difriúil leis an maoin ag Baile na Sceach le hais maoin den chineál céanna atá ag an tSeirbhís Phríosúin in áit éigin eile. I gcoibhneas le réadmhaoine eile, tá meas os cionn a luach tugtha don réadmhaoine ag Baile na Sceach sa chuntas.

Iarscríbhinn – Garspriocanna i dTionscadal Phríosún Bhaile na Sceach


Bliain	Imeachtaí
2003	Molann fochoiste den PAIB gur chóir príosún nua a thógáil ar láithreán úrnua i gceantar Bhaile Átha Cliath in ionad na saoráidí príosúin i Muinseo mar gheall ar an droch-chóiríocht.
2004	Comhaontaíonn an Rialtas i bprionsabal príosún nua a thógáil in ionad choimpléasc Mhuinseo. Is é €150 milliún an chéad chostas tógála a tugadh. Cuireann an tSeirbhís Phríosúin fógraí amach chun talamh oiriúnach a aimsiú. Cuireann coiste roghnaithe suímh trí láithreán mholta ar an ngearrliosta. Cuirtear cainteanna ar bun maidir le láithreán tosaíochta ach tarraingítear an láithreán siar as an díolachán ina dhiaidh sin. Tairgtear láithreán Bhaile na Sceach don tSeirbhís Phríosúin. Réadaíonn páirt-dhíolachán láithreán Chaisleán Sheangánaí €9 milliún.
2005	Molann an coiste roghnaithe suímh go gceannófaí láithreán Bhaile na Sceach. Aontaíonn an tSeirbhís Phríosúin é a cheannach ar €29.9 milliún.
2006	Ullmhaíonn an tSeirbhís Phríosúin cás gnó ina mbreithnítear roinnt roghanna lena n-áirítear ‘gan aon rud a dhéanamh’, Muinseo a athfhorbairt, nó ionad nua in áit Mhuinseo ar láithreán úrnua. Is é an rogha is fearr ná ionad nua in áit Mhuinseo agus príosún nua a thógáil ag Baile na Sceach. Leagtar síos acmhainn bheartaithe ag 1,400 spás i sonraíocht mhionsonraithe costáilte le haghaidh choimpléasc Bhaile na Sceach, agus meastar an costas iomlán caipitil ag €525 milliún agus é le bheith tógtha faoin mbliain 2010. Táthar ag súil go dtabharfar breis is €400 milliún isteach nuair a dhólfar an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalair ach ní úsáidfear é sin chun costas thionscadal Bhaile na Sceach a fhritháireamh. Díoladh talamh eile ag Seangánach ar chostas €20.6 milliún. Ceadaíonn an Rialtas comórtas tairisceana chun an coimpléasc nua príosúin a dhearadh, a thógáil, a chothabháil agus a mhaoiniú faoi chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (PPP).
2007	Tar éis an phróisis tairisceana, ceadaíonn an Rialtas tús a chur le cainteannaleis an tairgeoir roghnaithe.
2008	Bronnadh cead pleanála don fhorbairt san Acht um Fhorbairt Príosúin (Rúin a Dhaingniú) 2008 a hachtaíodh i mí Iúil 2008. I ndiaidh cainteanna, déanann an tairgeoir roghnaithe togra ina meastar costas an tionscadail ag beagnach €700 milliún.
2009	Diúltaítear an togra sin toisc nach meastar go bhfuil sé inacmhainne mar gheall ar mhéadú suntasach ar chostais. I mí an Mheithimh 2009, d’aontaigh an Rialtas go leanfadh an tionscadal ar aghaidh ar bhonn céimnithe agus chuimseofaí le céim a haon réamhoibreacha riachtanacha chun tacú le forbairt an phríosúin .i. an bóthar isteach agus an t-íosbhealach a thógáil, seirbhísí a shuiteáil lasmuigh den láithreán (uisce, príomhphíobán uisce bréan, TFC), agus go dtógfaí balla imlíne, ag úsáid nósanna imeachta soláthair traidisiúnta. Fad is a bhí céim a haon ar siúl, bhí cainteanna le bheith ar siúl leis an Roinn Airgeadais agus leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais maidir leis an gcineál beacht soláthair a bheadh i gceist le haghaidh fhoirgnimh an phríosúin.

2010	Shocraigh an Rialtas gur chóir go leanfadh an fhorbairt ar aghaidh ar bhonn céimnithe ag úsáid modhanna soláthair traidisiúnta agus go maoineofaí é leis an gclár forbartha caipitiúil seachas ar bhonn PPP, mar gheall ar an éiginnteacht leanúnach a bhain le maoiniú tráchtála a aimsiú faoin tsamhail sin. I ndiaidh comórtais thairisceana ar leithligh, bronnadh conarthaí oibre maidir le hoibreacha lasmuigh den láithreán agus maidir leis an mbóthar isteach. Cé gur cuireadh comórtas tairisceana ar bun maidir le tógáil an bhalla imlíne, níor bronnadh aon chonradh ag feitheamh ar athbhreithniú ar an bhforbairt príosúin beartaithe.
2011	Mar chuid de Chlár Téarnaimh Náisiúnta an Rialtais, bunaíodh grúpa athbhreithnithe san Aibreán chun athbhreithniú a dhéanamh ar an moladh maidir le príosún nua a thógáil chun féachaint ar roghanna eile. Molann an grúpa athbhreithnithe go bhforbrófaí príosún nua ar an láithreán ach ar scála níos lú ná a ceapadh roimhe sin sa chéad chéim. Faoin ngné breithmheasa caipitil den chlár meastachán ilbhliantúil socraíodh nach mbeadh cistiú ar fáil don tionscadal go meántéarmach.
2015	Bhunaigh an Roinn grúpa oibre i mí Eanáir chun imscrúdú a dhéanamh ar roghanna maidir le húsáid na talún agus an tí ag Baile na Sceach amach anseo.

10 Cistiú Údarás Áitiúil an Rialtais Láir

- 10.1** Faigheann údaráis áitiúla cuid shubstainteach dá gcistiú bliantúil ó réimse ranna agus ghníomhaireachtaí an rialtais láir, faoi mar a thugtar le fios i bhFíor 10.1. Is é bunchuspóir na tuarascála seo chun forbheathnú a sholáthar ar na cistí a shreabhann ó fhoinsí an rialtais láir, agus tríothu, chuig údaráis áitiúla, agus ar na cuspóirí dá soláthraíodh na cistí.


Fíor 10.1 Forbheathnú ar shreabhadh chistiú an rialtais láir chuig údaráis áitiúla



Aistrithe an Rialtais Láir in 2014

- 10.2** In 2014, b'ionann an cistiú a soláthraíodh d'údaráis áitiúla ó fhoinsí an rialtais láir agus €1.7 billiún, arb ionann sin agus laghdú 28% ar an mbliain 2013¹. Ba chistiú ón Státhiste 60% den iomlán seo i dtosach báire. Soláthraíodh an t-iarmhéid tríd an gCiste Rialtais Áitiúil agus tríd an gCiste Comhshaoil (féach Fíor 10.2), a dhéanann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) an dá cheann a riaradh.

Fíor 10.2 Foinsí de mhaoiniú an rialtais láir d'údaráis áitiúla, 2014



Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 10.3** In 2014, bhí Ciste an Rialtais Láir maoinithe go príomha ag na fáltais €1.2 billiún ón mhótarcháin agus ag fáltais €491 milliún ón gcáin mhaoine áitiúil (CMÁ). Déanann na Coimisinéirí Ioncaim an CMÁ, a bhí iníoctha ó Iúil 2013 i leith, a riaradh agus a bhailiú. Íoctar fáltais CMÁ isteach sa Lárchiste. Ón mbliain 2014 ar aghaidh, ceanglaítear ar an Aire Airgeadais suim ar chomhionann leis an CMÁ a fócadh isteach sa Lárchiste a fóc isteach i gCiste an Rialtais Láir.²
- 10.4** Soláthraíonn Ciste an Rialtais Áitiúil cistiú d'údaráis áitiúla go príomha dá ngníomhaíochtaí laethúla (deontais 'ilchuspóireacha') agus chun cothabháil a dhéanamh ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla.
- 10.5** Rinneadh na comhairlí baile agus na comhairlí buirge a dhíscáoileadh in 2014 i ndiaidh gur achtaíodh an tAcht Rialtais Áitiúil (Leasú), 2014. In 2014, rómhtar leithdháiltí deontais ilchuspóirigh ó Chiste an Rialtais Láir ar bhonn cathrach agus contae, agus rinneadh leithdháiltí ar leith i dtaobh comhairlí baile i mblianta roimhe seo, ina ionad sin.
- 10.6** A Fhad le 2014, áiríodh gné de chistiú le deontais ilchuspóireacha le haghaidh caiteachas athfhillteach seirbhísí uisce. In 2014, fuair Uisce Éireann €439 milliún ón gCiste Rialtais Áitiúil maidir le costas a bhain le seirbhísí uisce a sholáthair údaráis áitiúla roimhe seo.³ Níor aistríodh iasachtaí caipitil do sheirbhísí uisce a bhí ag údaráis áitiúla chuig Uisce Éireann. Sholáthair an Roinn deontais €47 milliún ar an iomlán d'údaráis áitiúla ó Chiste an Rialtais Láir in 2014 i dtaca le costas na n-iasachtaí seo.

¹ Áirítear leis seo aistrithe a sainaitníodh atá os cionn €1 milliún. D'fhéadfadh roinnt aistrithe breise níos lú a bheith ann nár cuireadh san áireamh.

² Alt 157 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012. Ó Iúil 2013, iompaíodh aon mhuirear teaghlaigh nár fócadh as ina mhuirear CMÁ agus ghlac na Coimisinéirí Ioncaim leis an bhfreagracht as a bhailiú.


³ Leagtar amach sonraí faoin gcistiú rialtais áitiúil go léir de chuid Uisce Éireann i gCaibidil 11.

- 10.7** Úsáidtear an Ciste Comhshaoil, go príomha, chun tacú le tionscnaimh, feachtais agus cláir chomhshaoil, a n-eagraítear go leor díobh ar leibhéal áitiúil faoi choimirce údaráis áitiúla. Íoctar fáiltais an tobhaigh mhálaí plaisteacha, a íocann tomhaltóirí agus a bhailíonn na Coimisinéirí loncaim ó mhiondíoltóirí, isteach sa Chiste. Anuas air sin, íoctar fáiltais ón tobhach líonta talún isteach sa Chiste. Tá íocaíochtaí amach ón gCiste in ainm is cabhrú le tionscadail a bhfuil de chuspóir acu an comhshaoil a chosaint nó a fheabhsú.

Cistiú an Rialtais Láir a Chur i bhFeidhm

- 10.8** Ní mór formhór an chistithe atá foinsithe ón rialtas láir agus a sholáthraítear d'údaráis áitiúla a úsáid do sheirbhísí sonracha údaráis áitiúil. Féadtar iad seo a ghrúpáil isteach i sé chatagóir fhairsinge chláir. Tugtar miondealú i bhFíor 10.3 ar na haistrithe chuig údaráis áitiúla don tréimhse ó 2007 go 2014, ina dtaispeántar na cláir a bhfuiltear ag tacú leo (tá fáil ar mhiondealú mionsonraithe ag larscríbhinn A).
- 10.9** In 2014, rinneadh 87% den soláthar iomlán cistithe ón rialtas láir d'údaráis áitiúla a chuimsiú faoi thrí chatagóir. Ina measc seo, bhí iompar (37%), cláir thithíochta agus athghiniúna uirbí (34%) agus deontais ilchuspóireacha (16%).

Fíor 10.3 Aistrithe ón rialtas láir chuig údaráis áitiúla, de réir clár caiteachais, ó 2007 go 2014




Foinse: Féach larscríbhinn A

Infheistíocht in Iompar

- 10.10** Tá an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta freagrach as feabhas a chur agus cothabháil a dhéanamh ar bhóithre náisiúnta. Oibríonn an tÚdarás faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Is gnách go n-úsáideann an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta údaráis áitiúla mar a ngníomhairí chun na tionscadail a sholáthar, agus is gnách go ndéantar caiteachas a threorú tríothu.

- 10.11** Faigheann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leithdháileadh chun cothabháil a dhéanamh ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla ó Chiste an Rialtais Láir. Soláthraíonn siad cistiú d'údaráis áitiúla agus córas íocaíochta an Údaráis um Bóithre Náisiúnta á úsáid.
- 10.12** Déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair, a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chomh maith, údaráis áitiúla a chistiú chun tabhairt faoi fheabhas a chur ar an gcóras iompair phoiblí. I measc na gcuspóirí cistithe, tá inrochtaineacht mhéadaithe do dhaoine breacaosta, sreafaí feabhsaithe tráchta, níos mó bealaí le haghaidh rothaithe agus coisithe agus rochtain níos fearr do bhusanna agus do thacsaithe.
- 10.13** Taispeántar i bhFíor 10.4 an treocht sa leibhéal cistithe ó fhoinsí an rialtais láir a soláthraíodh d'údaráis áitiúla maidir leis na príomhlimistéir iompair.


Fíor 10.4 Cistiú d'údaráis áitiúla don bhonneagar iompair, ó 2007 go 2014



Foinse: Féach larscríbhinn A

Tithíocht agus Athghinúint Uirbeach


- 10.14** Soláthraíonn an Roinn formhór mór an chistithe le haghaidh tithíochta agus athghinúint uirbeach go díreach d'údaráis áitiúla ó chistí vótáilte. Úsáideann údaráis áitiúla an cistiú chun tithíocht shóisialta, anuas ar obair athghiniúna agus feabhais, cóiríocht don lucht siúil, tithíocht dheonach agus comharthithíocht, an Scéim um Chóiríocht ar Cíos, deontais oiriúnaithe tithíochta, agus cóiríocht do dhaoine gan dídean a sholáthar. Tugtar le fios i bhFíor 10.5 an treocht sa leibhéal cistithe do sholáthar tithíochta.

Fíor 10.5 Cistiú d'údaráis áitiúla chun infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht agus in athghiniúint uirbeach, ó 2007 go 2014


Foinse: Féach Iarscríbhinn A

Deontais Ilchuspóireacha

- 10.15** Soláthraítear cistiú d'údaráis áitiúla ó Chiste an Rialtais Láir chun cabhrú leo an bhearna idir a bhfoinsí ioncaim agus costas na seirbhísí a sholáthraíonn siad a líonadh, a gcostais féin riaracháin san áireamh. Léirítear i bhFíor 10.6 an treocht sa leibhéal cistithe maidir le deontais ilchuspóireacha.
- 10.16** In 2014, tháinig laghdú suntasach ar an leibhéal de dheontais ilchuspóireacha a íocadh le húdaráis áitiúla mar gheall gur aistríodh feidhmeanna seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann. In 2015, cuireadh deireadh le híocaíochtaí deontais ilchuspóirigh le húdaráis áitiúla agus tháinig leithdháiltí cáin mhaoine áitiúil ina n-ionad.


Fíor 10.6 Iomlán na ndeontas ilchuspóireach a íocadh le húdaráis áitiúla, ó 2007 go 2014


Foinse: Féach Iarscríbhinn A

Tionscnaimh Chomhshaoil

- 10.17** Taispeántar i bhFíor 10.7 an treocht sa leibhéal cistithe ó fhoinsí an rialtais láir a soláthraíodh d'údaráis áitiúla maidir le tionscnaimh chomhshaoil. Tháinig laghdú suntasach ar thionscadail infheistíochta i seirbhísí uisce agus sláintíochta a chistiú in 2014 mar gheall gur aistríodh na feidhmeanna seo ó údaráis áitiúla chuig Uisce Éireann.

Fíor 10.7 Cistiú d'údaráis áitiúla do thionscnaimh chomhshaoil, ó 2007 go 2014




Foinse: Féach Iarscríbhinn A

- 10.18** Áirítear le cistiú do thionscnaimh chomhshaoil in 2014 cistí d'oibreacha rilífe tuile a sholáthair Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Seirbhísí Oideachais agus Fostaíochta


- 10.19** Roimh 2012, bhronn an coiste ábhartha gairmoideachais (CGO) nó an t-údarás áitiúil ábhartha deontais ardoideachais. Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna costas na ndéontas a bhronn údaráis áitiúla a aisíoc. Le héifeacht ón mbliain acadúil 2012/2013, ní mór do gach mac léinn nua iarratais a sheoladh ar aghaidh chun tacaíocht a fháil faoin scéim deontais mhac léinn chuig údaráis náisiúnta bronnta deontas (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn). Mar thoradh air sin, tá laghdú suntasach tagtha ar an méid cistithe a sholáthraítear d'údaráis áitiúla do dheontais ardoideachais (féach Fíor 10.8). Cuirfear deireadh leis an gcistiú seo a sholáthar d'údaráis áitiúla amach anseo.
- 10.20** Anuas air sin, rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna údaráis áitiúla a aisíoc roimhe seo maidir le costais sochair aoisliúntais agus aisce d'fhoireann na CGOanna agus na n-institiúidí teicneolaíochta a bhí imithe ar scor agus nach raibh ag múineadh, ar comhaltaí iad de Scéim Aoisliúntais Mhúinteoirí Gairmoideachais nó de Scéim Aoisliúntais Earnáil an Oideachais, faoi seach. Ó dheireadh 2013 ar aghaidh, aistríodh an fhreagracht as na hiocaíochtaí aoisliúntais agus aisce seo ó údaráis áitiúla go dtí an Rannóg Pinsean an Phámháistir Ghinearálta sa Roinn Airgeadais. Íocann an vóta Oideachais agus Scileanna as na costais phinsin.
- 10.21** Aisíocann an Roinn Coimirce Sóisialaí údaráis áitiúla as caiteachas a thabhaítear ar thionscadail áirithe fostaíochta pobail agus tionscnamh post.

Fíor 10.8 Cistiú d'údaráis áitiúla do sheirbhísí oideachais agus fostaíochta, ó 2007 go 2014

Foinse: Féach Iarscríbhinn A

Caitheamh Aimsire agus Seirbhísí Áitiúla Eile

- 10.22** Cistíonn comhlachtaí an rialtais láir údaráis áitiúla, chomh maith, chun cabhrú le seirbhísí ar nós tionscadail spóirt agus chultúrtha, seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, seirbhísí oidhreacht agus seirbhísí leabharlainne agus cartlainne a sholáthar. Léirítear i bhFíor 10.9 an treocht sa leibhéal cistithe maidir leis na seirbhísí sin.

Fíor 10.9 Cistiú d'údaráis áitiúla do sheirbhísí caitheamh aimsire agus áitiúla eile, ó 2007 go 2014


Foinse: Féach Iarscríbhinn A

Nóta: Áirítear leis an gcatagóir eile seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, seirbhísí leabharlainne agus seirbhísí míchumais.

Treochtaí i gCaiteachas Údaráis Áitiúil, ó 2006 go 2014

- 10.23** B'ionann an caiteachas comhiomlán ag údaráis áitiúla in 2013 (an bhliain dheireanach ina raibh faisnéis iomlán iniúchta ar fáil) agus €5.8 billiún.¹ Bhí thart ar €1.5 billiún i gcaiteachas caipitil, agus thart ar €4.3 billiún i gcaiteachas reatha ann seo (féach Fíor 10.10). Is é an caiteachas measta don bhliain 2014 €5.3 billiún – €1.1 billiún de chaiteachas caipitil agus €4.2 billiún de chaiteachas reatha.²
- 10.24** Is éard is caiteachas caipitil údaráis áitiúil ná caiteachas as a n-eascraíonn sócmhainní a chruthú nó a fháil a bhfuil siad fós á n-úsáid i ndiaidh na bliana ina soláthraítear iad, e.g., tógáil bóithre, tithe a thógáil nó a cheannach, fónais áitiúla a chruthú, etc. Déantar cláir chaipitil údaráis áitiúil a mhaoiniú den chuid is mó ó dheontais Stáit ó fhoinsí éagsúla, agus is ó iasachtaí, tobhaigh forbartha, acmhainní féin inmheánacha agus réadmhaoin a dhíol atá roinnt cistithe.
- 10.25** Cuimsíonn caiteachas reatha (a dtagraítear dó amanna mar chaiteachas ioncain) reáchtáil laethúil údaráis áitiúil, tuarastail foirne, cothabháil tithíochta agus pinsin ina measc. Cistítear caiteachas reatha ó thrí phríomhfhoins. In 2013, áiríodh leo seo deontais an Stáitchiste agus Chiste an Rialtais Láir (thart ar 33% den iomlán),³ rátaí údaráis áitiúil (thart ar 33%) agus muirir ar earraí agus seirbhísí, ar nós muirir uisce tráchtála, cíosanna tithíochta agus muirir pháirceála (thart ar 26%).⁴ Is éagsúil a bhíonn an ranníocaíocht le caiteachas reatha ó na foinsí éagsúla ioncain i measc na n-údarás.
- 10.26** Faoi mar a léirítear i bhFíor 10.10, tá meath ag teacht ar chaiteachas caipitiúil ag údaráis áitiúla bliain i ndiaidh bliana ó bhain sé a bhuaicleibhéal €6.8 billiún amach in 2007. Tháinig laghdú 18% ar chaiteachas caipitil in 2013, agus tháinig laghdú an-bheag ar chaiteachas reatha údaráis áitiúil i gcaitheamh na tréimhse céanna.

Fíor 10.10 Caiteachas údaráis áitiúil de réir saghais, ó 2006 go 2014



1 Áirítear caiteachas ag na 29 comhairle contae, na cúig chomhairle cathrach, na cúig chomhairle buirge agus 75 comhairle baile leis seo.

2 Ní raibh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tar éis bailiú torthaí caiteachais údaráis áitiúil don bhliain 2014 a chríochnú ag tráth foilsithe na tuarascála seo.

3 Is ionann asbhaintí pinseanbhainteacha ó thuarastail foirne a bhí á gcoimeád ag na húdaráis áitiúla agus 2% sa bhreis air seo agus tagann siad in ionad suim chomhionann de chistiú deontais.

4 Is ó ranníocaíochtaí agus muirir idir údaráis áitiúla a thagann an cistiú eile (6%).

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Meastacháin iad na figiúirí don bhliain 2014. I gcás blianta roimhe sin, úsáidtear figiúirí iniúchta.

Socruithe Iniúchta agus Maoirseachta Údaráis Áitiúil

- 10.27** Ceanglaíonn an tAcht Rialtais Áitiúil, 2009 ar gach údarás áitiúil chun ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an gcód cleachtais chuntasaíochta a eisíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an tAire).

Foinsí Cistithe a Nochtadh

- 10.28** Soláthraítear i ráitis airgeadais údarás áitiúil anailís ar ioncam ó dheontais agus ó fhóirdheontais in aguisín. I dtaca le deontais ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, soláthraítear anailís ar ioncam deontais de réir catagóire. Ar a shon sin, ní dhéantar anailís ar dheontais ó ranna agus gníomhaireachtaí eile ach de réir catagóire ar bhonn comhiomlán – ní nochtar suimeanna a sholáthraíonn gach roinn nó gníomhaireacht.
- 10.29** Ceanglaítear i bhforálacha a rinneadh le déanaí i dtaobh nósanna imeachta airgeadais go bhfuil sé mar choinníoll ag cistiú go ndéanann na comhlachtaí a dtugtar deontais dóibh tuairisciú ina ráitis airgeadais ar an méid a leanas¹:
- ainm na roinne nó na gníomhaireachta a sholáthraíonn an cistiú
 - ainm an chláir dheontais
 - suim agus téarma an deontais agus an méid a chuirtear i gcuntas sna ráitis airgeadais reatha (más lú seo ná an tsuim iomlán a fhaightear)
 - méid aon deontais chaipitil agus na beartais tuairiscithe le haghaidh tráthchodanna reatha agus amach anseo
 - sonraí ar aon srianta ar an deontas.
- 10.30** Tá ar ranna agus gníomhaireachtaí a thugann deontais, go príomha, a chinntiú go ndéanann iad siúd a fhaigheann deontais an nochtadh riachtanach ina ráitis bhliantúla airgeadais.
- 10.31** Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag grúpa oibre ar na riachtanais bhreise tuairiscithe a eascraíonn ón gcreatlach leasaithe chun deontais ón Státchiste a bhainistiú agus a chur i gcuntas ó chistí an Státchiste, faoi mar a leagtar amach i gcioclán 13/2014. Tá ionadaithe ón Roinn, Seirbhís Iniúcháireachta an Rialtais Áitiúil (an SIRÁ) agus roinnt cinn airgeadais ó údaráis áitiúla sa ghrúpa oibre.

Seirbhís Iniúcháireachta an Rialtais Áitiúil

- 10.32** Déanann an SIRÁ iniúchadh ar ráitis airgeadais gach údaráis áitiúil. Déantar tuairim an iniúchta agus aon cheisteanna a eascraíonn ón iniúchadh a thuairisciú don údarás ábhartha áitiúil. Seoltar cóip de gach tuairisc iniúchta chuig an Aire agus foilsítear í ar láithreán gréasáin na Roinne. Thug an Roinn le fios go dtéitear i ngleic le saincheisteanna atá ar fud na hearnála a shainaithnítear i dtuairiscí iniúchta agus go ndéanann siad teagmháil le húdarás áitiúil sa chás go dteastaíonn faisnéis uathu ar shaincheist ar leith.
- 10.33** Sa mhullach air sin, tugann an SIRÁ faoi iniúchtaí ar luach ar airgead ar oibríochtaí údaráis áitiúil. Déantar torthaí na n-iniúchtaí siúd a thuairisciú don Aire.

¹ Féach ciorclán 13 ón mbliain 2014 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Soláthraítear breis sonraí i gCaibidil 5 ar fhorálacha an chiorcláin seo.

10.34 Foilsítear tuarascáil ghníomhaíochta an SIRÁ gach bliain. Déantar achoimriú inti ar thorthaí an iniúchta i dtaca le ráitis bhliantúla airgeadais gach údaráis áitiúil. Foilsíodh an tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil is déanaí i Márta 2015 agus áirítear léi torthaí na n-iniúchtaí ar ráitis airgeadais 2013.¹ Tugtar chun solais sa tuarascáil saincheisteanne eárnála agus a bhaineann le húdaráis ar leith, ar nós ioncaim agus caiteachais don eárnáil, staid ioncaim charnagh gach údaráis áitiúil, agus an fheidhmíocht bhailithe ioncaim. Sonraítear sa tuarascáil na saincheisteanne ginearálta a leanas i dtaca le hiniúchtaí 2013.

- An Staid Airgeadais ag deireadh na bliana – bhí iarmhéideanna suntasacha fiachais ag roinnt údaráis áitiúla, Comhairle Contae Shligigh (€21.7 milliún) agus Comhairle Contae Dhún na nGall (€17.8 milliún) ina measc.
- Bailiú ioncaim – bhí cásanna ann ina raibh an fheidhmíocht bhailithe ag dul chun donais.
- Iniúchadh inmheánach – bhí cásanna ann nach raibh dóthain acmhainní á soláthar don fheidhm iniúchta inmheánaigh, agus d'imir seo tionchar tromchúiseach ar éifeachtacht choistí iniúchta.
- Iarmhéideanna caipitil – b'ionann iarmhéideanna nár sainaithníodh foinse cistithe go dtí seo dóibh agus €412 milliún ag deireadh na bliana 2013. I measc na bhfoinsí cistithe amach anseo a sainaithníodh mar fhreagairt ar thuairiscí iniúchóirí i dtaca leis na hiarmhéideanna seo, bhí tobhaigh forbartha, aistrithe ón gcuntas ioncaim, sócmhainní gaolmhara a dhíol agus aisghabhálacha ón Roinn.
- Tionscadail chaipitiúla – saincheisteanne maidir le héilimh chonraitheora ar bhreis costas; moilleanna ar thionscadail; iasachtaí nár íocadh astu go fóill; agus iarmhéid codarsnach d'aonaid tithíochta inacmhainne nár díoladh.
- Ranníocaíochtaí forbartha – an deighilt idir féichiúnaithe fadtéarmacha agus gearrthéarmacha; an dóchúlacht go ndéanfaidh roinnt forbairtí dul chun cinn agus an gá atá le cigireachtaí rialta; an gá atá le hathbheithniú rialta a dhéanamh ar iarmhéideanna féichiúnaí agus leordhóthanacht na soláthairtí drochfhiachais.
- Soláthar – an gá atá le treoirlínte a nuashonrú, an gá atá le haonaid soláthair a fhairsingiú nó a fheabhsú, cásanna de neamh-chomhlíonadh na dtreoirlínte agus limistéir a shainithint óna dteastaíonn aird ar leith, ar nós seirbhísí dlí a sholáthar.
- Sócmhainní seasta – cláir neamhiomlána sócmhainní seasta; ní dhéantar talamh agus réadmhaoin a chlárú.
- Cuideachtaí údaráis áitiúil – an gá atá le feabhas a chur ar shocruithe rialachais, caillteanais channacha (€14 milliún do Chomhairle Contae Chill Chainnigh san áireamh) agus neamhfháil ar ráitis iniúchta airgeadais.
- Iasachtaí iníoctha – an t-ús a shuimiú le hiasachtaí chun talamh a cheannach, Comhairle Cathrach Chorcaí (€37 milliún), Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (€37 milliún) agus Comhairle Contae Chill Mhantáin (€25 milliún).
- Moilleanna – moilleanna ar ráitis airgeadais a sheoladh ar aghaidh go ndéanfar iniúchadh orthu i gcás roinnt údaráis áitiúla. Do bhliain chuntais 2013, bhí 12 de na 32 ráiteas seolta faoin dáta a shonraítear sa chód cleachtais chuntasaíochta (an 31 Márta 2014).

¹ Seirbhís Iniúcháireachta an Rialtais Áitiúil, Forbhreathnú ar Obair na nIniúchóirí Rialtais Áitiúil, Márta 2015.

Coistí Iniúcháireachta Údaráis Áitiúil

- 10.35** Ceanglaítear in Alt 59 den Acht Rialtais Áitiúil, 2014 ar gach údarás áitiúil coiste iniúcháireachta a bhunú. I measc fheidhmeanna an choiste iniúcháireachta, tá athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais, iniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca agus luach ar airgead gach údaráis áitiúil faoi seach. Anuas air sin, déanann siad breithniú ar thuarascáil an SIRÁ agus déanann siad measúnú ar ghníomhartha a glacadh mar fhreagairt ar an tuarascáil sin. Ceanglaítear ar an gcoiste iniúchta breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil iniúchta a luaithé agus is praiticiúil i ndiaidh go bhfaightear í. Ceanglaítear ar an iniúcháir a thug faoin iniúchadh chun freastal ar an gcruinniú sin. Ansin tá ar an gcoiste tuairisciú foirmiúil a dhéanamh leis an gcomhairle ar a dtorthaí. Tugtar le fios sa treoir do choistí iniúchta údaráis áitiúil gur cheart don choiste ceisteanna a shainaithint sa tuarascáil a measann siad a dteastaíonn gníomhartha nó feabhsúcháin uathu, conas a d'fhreagair an bhainistíocht d'aon saincheisteanna a tháinig chun solais, agus moltaí a dhéanamh maidir leis na bearta atá le glacadh.¹

An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta

- 10.36** Bunaíodh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (an Coimisiún) in Iúil 2014.² Tá réimse leathan feidhmeanna ag an gCoimisiún atá dírithe ar iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmíocht an rialtais áitiúil, a bhfeidhmíocht airgeadais san áireamh.
- 10.37** Luaigh an Coimisiún, ina straitéis, go ndéanfaidh siad iniúchadh neamhspleách ar fheidhmíocht údaráis áitiúil trí thuarascálacha téamacha agus, nuair a cheadaítear, éisteachtaí ó bhéal, ar cheisteanna atá laistigh dá sainchúram. Díreoidh siad ar an réimse fairsing de chórais soláthair seirbhísí in údaráis áitiúla agus i dtionóil réigiúnacha. Tuarascálacha foilsithe a bheidh i gceist lena bpríomh-aschuir, a chuirfear faoi bhráid Choistí ábhartha an Oireachtais chomh maith. Tá sé beartaithe acu monatóireacht a dhéanamh ar thoradh a n-oibre i dtaobh chur i bhfeidhm a gcuid moltaí.
- 10.38** Leagtar amach i gcéad tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin a straitéis agus déantar tuairisciú ar a ngníomhaíochtaí go dtí seo.³ Cuirtear a n-obair thosaigh san áireamh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar tháscairí feidhmíochta a úsáideadh chun tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíocht údaráis áitiúil – d'fhorbair siad liosta leasaithe de tháscairí atá le húsáid chun tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíocht 2014 agus mar bhonn le haghaidh na bliana 2015. Leanann siad ag oibriú ar tháscairí níos cáilíochtúla agus ar tháscairí atá dírithe níos mó ar thoradh a fhorbairt, a soláthraíonn na hathbhreithnithe éagsúla téamacha faoina dtabharfaidh siad eolas dóibh.
 - Athbhreithniú téamach ar thithíocht – díreoidh an t-athbhreithniú ar cheithre limistéar. Táthar le tabhairt faoi athbhreithnithe ar thithíocht údaráis áitiúil a chothabháil agus a bhainistiú, agus ar chigireachtaí údaráis áitiúil ar thithíocht phríobháideach ar cíos in 2015. Táthar le tabhairt faoi athbhreithniú ar mheasúnú agus ar leithdháileadh tithíochta sóisialta in 2016. Meastar go nglacfaidh sé roinnt blianta chun athbhreithniú ar sholáthar tithíochta a chur ar fáil a chríochnú.
 - Suirbhé ar fheasacht custaiméirí údaráis áitiúil – tugadh an chéad chéim den suirbhé chun críche in 2014 agus úsáidfear na torthaí le scála agus sonraí suirbhéanna náisiúnta a dheimhniú, a dhéanann léiriú ar gach údarás áitiúil, agus chun lámh chúnta a thabhairt chun an chreatlach shamplach a dhearadh.

1 Treoir do Choistí Iniúcháireachta in Údaráis Áitiúla, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Meitheamh 2014.

2 Foráiltear bunú an Choimisiúin san Acht Rialtais Áitiúil (Leasú), 2014. Bhunaigh Ionstraim Reachtuil 297 de 2014 an Coimisiún go foirmiúil.

3 Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin Náisiúnta Mhaoirseachta agus Iniúcháireachta 2014

- 10.39** Déanann an Ciste Rialtais Áitiúil obair an Choimisiúin a chistiú. B'ionann an caiteachas in 2014 agus €47,000 agus ba tháillí comhaltaí a bhí i gceist leis den chuid ba mhó. Is é €200,000 a leithdháileadh don bhliain 2015. Tá triúr foirne a sholáthraíonn an Roinn i rúnaíocht an Choimisiúin. B'ionann costas na foirne seo, a n-íocann vóta na Roinne as, agus €88,000 in 2014.

Conclúidí

- 10.40** Cruthaíonn cistiú an rialtais láir d'údaráis áitiúla íomhá fhíor-chasta mar gheall go mbíonn aistrithe ag teacht ó roinnt ranna agus ar réimse cuspóirí. Soláthraítear sreafaí cistithe go díreach ó ranna cistithe chuig údaráis áitiúla, agus atreoraítear cinn eile trí ghníomhaireachtaí roinne.
- 10.41** B'ionann luach na n-aistrithe cistithe ó fhoinsí an rialtais láir chuig údaráis áitiúla in 2014 agus thart ar €1.7 billiún. Cuirtear seo i gcomparáid le haistrithe €5.8 billiún in 2008. Tharla cuid mhór den laghdú a tháinig ar leibhéil chistithe mar thoradh ar aistriú na bhfreagrachtaí ó údaráis áitiúla chuig gníomhaireachtaí eile.
- 10.42** Cuireadh socruithe suntasacha nua chun maoirseacht a dhéanamh ar údaráis áitiúla i bhfeidhm in 2014, a chuir leis an SIRÁ reatha. Tá sé fós ró-luath leis an tionchar a d'imir na socruithe siúd ar fhreagracht agus ar thrédhearcacht mhaoiniú an rialtais áitiúil a dheimhniú.

Iarscríbhinn A Aistrithe ón rialtas láir chuig údaráis áitiúla, de réir clár caiteachais, ó 2007 go 2014

Catagóir Caiteachais	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014
	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Infheistíocht in iompar								
Feabhsú bóithre náisiúnta	1,476	1,374	1,218	893	516	503	232	228
Feabhsú bóithre réigiúnacha agus áitiúla	622	616	455	412	451	376	399	357
Iompar poiblí (íocaíochtaí caipitil)	48	70	63	56	83	62	57	51
	2,146	2,060	1,736	1,361	1,050	941	688	636
Tithíocht agus athghiniúint uirbeach								
Tithíocht shóisialta a sholáthar sholáthar	1,382	1,571	1,297	961	655	598	529	536
Tithíocht inacmhainne, etc.	64	89	94	84	68	58	43	39
Tacaíochtaí tithíochta eile	6	7	4	6	4	3	1	5
Athghiniúint uirbeach	20	5	1	–	–	–	–	–
	1,472	1,672	1,396	1,051	727	659	573	580
Tionscnaimh chomhshaoil								
Seirbhísí uisce agus sláintíochta	529	544	558	535	462	343	293	42
Oibreacha rilife tuilte	14	3	5	17	8	22	10	27
Bainistíocht dramhaíola	28	27	8	11	11	5	9	5
Athchúrsáil	12	22	14	14	12	4	8	2
Bearta comhshaoil eile	11	15	29	16	18	11	11	13
	594	611	614	593	511	385	331	89
Seirbhísí oideachais agus fostaíochta								
Deontais ardoideachais	126	137	160	172	184	146	70	39
Costais aoisliúntais agus aisce	146	164	219	217	171	15	–	–
Scéimeanna fostaíochta	12	11	10	9	9	8	8	8
	284	312	389	398	364	169	78	47
Caitheamh aimsire agus seirbhísí áitiúla eile								
Linnte snámha	28	20	11	3	10	8	5	–
Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála	24	24	20	19	12	6	5	7
Seirbhísí leabharlainne	17	15	9	6	7	6	4	2
Deontais spóirt, faichí súgartha agus tionscadail chultúrtha	8	5	11	21	9	6	3	11
Seirbhísí oidhreacht (oidhreacht ailtireachta)	7	8	6	5	1	1	1	5
Seirbhísí míchumais	15	15	12	7	–	–	–	–
Seirbhísí ilghnéitheacha caipitil	24	40	14	18	11	16	11	9
Seirbhísí ilghnéitheacha ^a	32	40	23	22	24	26	23	38
	155	167	106	101	74	69	52	72
Deontais ilchuspóireacha	948	999	833	763	700	638	642	281
Cistiú iomlán arna sholáthar d'údaráis áitiúla	5,599	5,821	5,074	4,267	3,426	2,861	2,364	1,705

Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí; an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; an Roinn Oideachais agus Scileanna; an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta; an Roinn Sláinte; an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; an Roinn Talmhaíochta agus Mara; an Roinn Coimirce Sóisialaí; an Roinn Cosanta; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; ráitis airgeadais an Chiste Rialtais Áitiúil agus an Chiste Comhshaoil (níl iniúchtaí 2014 críochnaithe go fóill).

Nóta: a Ní chuirtear na coigeartuithe a rinneadh ar na suimeanna ar a ndearnadh tuairiscíu roimhe seo do bhlianta roimh 2014 san áireamh.

11 Cistiú Uisce Éireann an Rialtais Láir

- 11.1** Rinne an Rialtas an cinneadh i Nollaig 2011 chun fóntas uisce poiblí a bhunú chun ceannas a ghlacadh ar sholáthar agus oibriú seirbhísí uisce ó údaráis áitiúla.¹ Bhí sé mar chonclúid ag measúnú neamhspleách ar an aistriú pleanáilte go bhféadfadh fóntas poiblí eifeachtúlacht agus barainneacht scála níos mó a bhaint amach i gcomparáid lena mhalairt de shamhlacha soláthair agus go laghdóidís, agus go ndíbreoidís, ar deireadh, an t-ualach atá ar an Státchiste mar gheall ar leanúint le seirbhísí uisce a chistiú.² Luadh sa mheasúnú gur phríomhthoisic nuair a bhí measúnacht á déanamh ar fhiúntais an fhóntais ná an fhéidearthacht go mbeadh a iasachtaíocht lasmuigh d'fhiachas ginearálta an rialtais.
- 11.2** In 2013, bunaíodh Uisce Éireann mar chuideachta thráchtála leathstáit agus mar fhochuideachta de chuid of Ervia (Bord Gáis Éireann roimhe seo). Faoi struchtúr scairsheilbhe Uisce Éireann, tá scair 'A' amháin ag Ervia le cearta iomlána vótála gan aon chearta geilleagracha, agus tá scair 'B' amháin ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an tAire Airgeadais le cearta iomlána geilleagracha ach gan aon chearta vótála.
- 11.3** Le héifeacht ón 1 Eanáir 2014, aistríodh an fhreagracht as seirbhísí uisce a sholáthar ó na 34 údarás áitiúil go dtí Uisce Éireann. I ndiaidh an aistrithe, soláthraíonn gach údarás áitiúil seirbhísí d'Uisce Éireann faoi chomhaontú aonair leibhéil na seirbhíse.³
- 11.4** Leagtar amach na bunsocruithe rialachais d'Uisce Éireann sna hAchtanna um Sheirbhísí Uisce, 2007-2014, agus i meabhrán agus in airteagail chomhlachais na cuideachta. Anuas air sin, baineann an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit le hUisce Éireann, chomh maith. I Meán Fómhair 2013, rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil comhaontú ar mheabhrán tuisceana le hUisce Éireann a dhéileáil lena mbunú agus lena bhforbairt. Comhaontaíodh meabhrán tuisceana ar leith in Iúil 2013 i dtaca leis an gclár méadraithe.⁴
- 11.5** Foráiltear san Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 go mbeidh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (an CER) mar rialtóir geilleagrach na hearnála uisce agus fuolluisce poiblí. Áirítear le ról an CER leasanna custaiméirí uisce a chosaint, a chinntiú go soláthraítear seirbhísí uisce ar bhealach slán, sábháilte agus inmharthana agus go n-oibríonn Uisce Éireann ar bhealach geilleagrach agus éifeachtúil. I measc na bhfreagrachtaí atá ar an CER, tá athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna a sheol Uisce Éireann ar aghaidh le haghaidh muirir uisce, agus tagairt á déanamh do na costais is dócha a thabhoídís Uisce Éireann agus a bpleananna infheistíochta. Féadfaidh an CER an plean muirir uisce a fhaomhadh (le mionathrú nó gan mionathrú a dhéanamh) nó é a chuileáil.
- 11.6** Soláthraíodh cistiú d'Uisce Éireann ó roinnt foinsí an rialtais láir i rith 2014, agus táthar ag súil leis go leanfaidh roinnt focaíochtaí ar feadh roinnt blianta. Mar gheall ar na hathruithe suntasacha ar chistiú agus ar chuntasaíocht a bhí i gceist, cuireadh an tuarascáil seo i dtoll a chéile chun forbheathnú a sholáthar ar an gcistiú sin, agus ar na rialuithe atá á gcur i bhfeidhm.

1 Sa tuarascáil seo, tagraíonn an téarma 'seirbhísí uisce' do chóireáil agus soláthar uisce, agus camras/fuolluisce a bhaint.

2 Uisce Éireann: Tuarascáil Chéim 1, PwC, Samhain 2011

3 Ceanglaíonn téarmaí an chomhaontaithe leibhéil seirbhíse (CLS) ar Uisce Éireann chun aisiocaíocht a thabhairt do gach údarás áitiúil as costais foirne faoin CLS, fad a sholáthraíonn údaráis áitiúla feidhmeanna uisce (feidhmeanna oibríochtúla agus cothabhála) thar ceann Uisce Éireann.

4 Thug an Roinn le fios go dtiocfaidh creatlach nua feidhmíochta ina n-ionad seo tar éis go dtabharfar Cód Cleachtais leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit chun críche, atá á dhréachtú faoi láthair.

Sócmhainní agus Dliteanais a Aistriú

- 11.7** Foráiltear san Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 do shócmhainní agus dliteanais údarás áitiúil a aistriú chuig Uisce Éireann ar dháta(i) a shonraíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Rinne an tAire roinnt orduithe maidir leis na haistrithe. Ó 2014 ar aghaidh, ghlac Uisce Éireann le freagracht as na ceangaltas chaipitil a chistigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil roimhe seo faoi Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce.

Luach an Bhonneagair

- 11.8** Go dtí seo, rinne Orduithe ón Aire gach sócmhainn faoi thalamh agus 634 plean cóireála a aistriú. Tá an próiseas sainaitheanta agus aistrithe sócmhainní ar bun go leanúnach.
- 11.9** Bhí glanluach leabhar €11.4 billiún ar na sócmhainní fisiciúla a bhain le huisce i gcuntas na n-údarás áitiúil ag deireadh 2013. Áiríodh leis seo roinnt sócmhainní draenála huisce dromchla (draenacha bóthair) nach bhfuil á n-aistriú chuig Uisce Éireann. Ceanglaítear ar údarás áitiúla chun ráitis bhliantúla airgeadais a sheoladh chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoin 31 Márta an bhliain i ndiaidh bhliain an chuntais. Iarradh ar an Roinn chun faisnéis a sholáthar maidir le glanluach leabhar shócmhainní seirbhísí uisce gach údarás áitiúil ag deireadh 2014 ó na ráitis airgeadais seo nó, ó ráitis iniúchta airgeadais, má tá fáil orthu. Ní raibh sé ar chumas na Roinne an fhaisnéis seo a sholáthar. Leagtar amach in Iarscríbhinn A sonraí faoi ghlanluach leabhar shócmhainní seirbhísí uisce gach údarás áitiúil ag deireadh 2013. Léirítear na suimeanna iarmharacha ag deireadh 2014 do na húdarás áitiúla sin sa chás gur tugadh iniúchtaí ar ráitis airgeadais chun críche.
- 11.10** Déantar luacháil i ráitis airgeadais Uisce Éireann ar an réadmhaoín, an gléasra agus an trealamh a aistríodh ó údarás áitiúla ar €128 milliún. D'aithin Uisce Éireann na sócmhainní seo ar 'luach cóir' i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta tuairiscithe airgeadais. Leagtar amach i ráitis airgeadais Uisce Éireann an bonn a leanas don luacháil.
- Is ionann luach cóir agus an praghas a gheofaí chun sócmhainn a dhíol nó an praghas a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe sa mhargadh ag dáta an tomhais a dheimhnítear agus sreafaí lascainithe airgid thirim, luachanna margaidh, nó luachanna ionaid á n-úsáid.
 - Déanann cinntí an CER na gnéithe a fhorordú ar a mbunaítear ioncaim rialáilte Uisce Éireann. Deimhníonn na hioncaim siúd brabúsacht ghnó Uisce Éireann. Mar gheall go bhfuil luach shócmhainní Uisce Éireann díorthaithe ó thorthaí geilleagracha ionchasacha amach anseo, baineann ríthábhacht leis an gcóras rialála seo maidir le luacháil a dhéanamh ar na sócmhainní a aistrítear.
 - Tá an luach a chuirtear ar réadmhaoín, gléasra agus trealamh tosaigh bunaithe ar an toradh amach anseo dá bhforáiltear sa chóras rialála - ina bhfuil dliteanais, den chuid is mó, atá ceangailte leis na sócmhainní tosaigh lena ghlac Uisce Éireann, ar chuir an rialtóir toradh amach anseo san áireamh ina leith.

Sócmhainní Airgeadais

- 11.11** Tobhaigh neamh-leithdháilte forbartha a bhailíonn údaráis áitiúla, den chuid is mó, atá i gceist leis na sócmhainní airgeadais atá le haistriú chuig Uisce Éireann. Foráiltear san Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 do thobhaigh forbartha a fhaigheann údaráis áitiúla ar mhaithe le hinfheistíocht a dhéanamh i seirbhísí uisce a aistriú chuig Uisce Éireann. Rinne Ordú Aire foráil do thobhaigh forbartha a fuarthas nó a bhí dlite lena bhfáil a aistriú ó údaráis áitiúla chuig Uisce Éireann.¹ Tá obair dhíchill chuí ar bun chun na suimeanna a dheimhniú atá le haistriú. Rinneadh comhaontú ar na suimeanna le roinnt údaráis áitiúla agus tá Uisce Éireann i mbun teagmhála leis na húdaráis áitiúla eile.

Iasachtaí a Bhaineann le Seirbhísí Uisce

- 11.12** Fuair tromlach na n-údarás áitiúil cistí ar iasacht chun infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí uisce. Ní raibh na hiasachtaí siúd in-aistrithe chuig Uisce Éireann. Sholáthair an Ciste Rialtais Áitiúil €47 milliún ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le costas seirbhíse na n-iasachtaí seo in 2014.
- 11.13** Foráiltear san Acht um Sheirbhísí Uisce, 2014 gur féidir íocaíochtaí a mhéid le €460 milliún a dhéanamh le húdaráis áitiúla ó Lárchiste an Státchiste ar mhaithe le hiasachtaí a bhaineann le huisce a fuarthas ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe nár íocadh astu a aisíoc.
- 11.14** In Iúil 2015, bhíothas ag tabhairt faoi iasachtaí a bhaineann le huisce a fuair údaráis áitiúla ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe a aisíoc (€427 milliún, ús san áireamh). Léireoidh údaráis áitiúla fuascailt na n-iasachtaí seo ina gcuntas 2015.
- 11.15** Tá €140 milliún sa bhreis d'iasachtaí a bhaineann le huisce ó iasachtóirí tráchtála á gcoimeád ag údaráis áitiúla. Tá seirbhísí na n-iasachtaí seo á chistiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Cistiú Uisce Éireann an Rialtais Láir

- 11.16** Tá Uisce Éireann cistithe ag meascán den mhéid a leanas
- deontais ón rialtas láir (i bhfoirm fóirdheontas oibriúcháin), ranníocaíochtaí agus iasachtaí caipitil
 - fáiltais ó chustaiméirí intíre agus neamh-intíre
 - iasachtaí tráchtála.
- 11.17** Foráiltear san Acht um Sheirbhísí Uisce, (Uimh. 2), 2013 gur féidir leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil deontais a dhéanamh le hUisce Éireann ó airgead a sholáthraíonn an tOireachtas agus gur féidir leis an Aire Airgeadais réamhíocaíochtaí a dhéanamh le hUisce Éireann ón Lárchiste, faoi réir na gcoinníollacha siúd is féidir a dheimhniú. Foráiltear san Acht, chomh maith, gur féidir le hUisce Éireann a mhéid le €2 billiún a fháil ar iasacht faoi réir fhaomhadh na nAirí ábhartha.²
- 11.18** In 2013 agus 2014, fuair Uisce Éireann €1.2 billiún, ar an iomlán, i ndeontais, iasachtaí agus ranníocaíochtaí caipitil ón rialtas láir. Táthar ag súil le cistiú breise €1.4 billiún in 2015 agus in 2016 (féach Fíor 11.1).

1 I.R. Uimh. 112 de 2015

2 An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, an tAire Airgeadais agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Fíor 11.1 Cistiú Uisce Éireann an Rialtais Láir, ó 2013 go 2016

	Iarbhír		Measta	
	2013	2014	2015	2016
	€m	€m	€m	€m
Deontais agus ranníocaíochtaí caipitil				
Fóirdheontais Chiste an Rialtais Áitiúil	–	439	399	479
An Vóta Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	1	–	–	–
Ranníocaíochtaí caipitil an Lárchiste	–	407 ^a	–	184
	1	846	399	663
Iasachtaí				
Iasacht chomhshóite	–	54	–	–
Iasachtaí an Lárchiste	–	–	96	58
An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean/Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann ^b	250 ^c	50 ^c	150 ^d	–
	250	104	246	58
Iomlán	251	950	645	721

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

- Nótaí:
- a Baineann €222 milliún den tsuim seo le caitheamh caipitil a tabhaíodh in 2015.
 - b Aistríodh iasachtaí an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean chuig Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann le héifeacht ón 22 Nollaig 2014 de bhun an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014.
 - c Rinneadh an tsaoirid chomhiomlán €300 milliún a soláthraíodh in 2013 agus 2014 a athmhaoiniú agus a ionadú le saoirid nua €300 milliún i Meán Fómhair 2015.
 - d Saoirid bhreise iasachta a bhfuil súil léi.

Fóirdheontas Chiste an Rialtais Áitiúil

- 11.19** Soláthraíonn Ciste an Rialtais Áitiúil deontais ilchuspóireacha d'údarais áitiúla chun gníomhaíochtaí laethúla a chistiú. A fhad le 2013, áiríodh leis na gníomhaíochtaí cistithe seirbhísí uisce, ach níor sonraíodh gné na ndeontas a bhain le huisce. Tháinig laghdú €360 milliún ar na deontais iomlána ilchuspóireacha a íocadh le húdarais áitiúla in 2014 i gcomparáid le 2013, go príomha mar gheall gur aistríodh an fhreagracht as seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann.¹

1 Tháinig leithdháiltí cáin mhaoine áitiúil in ionad deontais ilchuspóireacha in 2015.

- 11.20** In 2014, fuair Uisce Éireann fóirdheontas €439 milliún ón gCiste Rialtais Áitiúil.¹ Deimhníodh an tsuim trí thagairt a dhéanamh d'acmhainní a bheadh leithdháilte ón gCiste Rialtais Áitiúil ar sheirbhísí uisce phoiblí faoi shocruithe cistithe roimhe seo. Cheangail na coinníollacha a bhain leis an gcistiú go soláthródh Uisce Éireann an méid a leanas don Roinn
- cóipeanna de na buiséid lenar comhaontaíodh le hUisce Éireann agus le húdaráis áitiúla don bhliain 2014
 - tuairiscí demhíosúla caiteachais agus caiteachas measta a fhad le deireadh na bliana
 - tuairiscí démhíosúla sreabhaidh airgid le réamh-mheastacháin a fhad le deireadh na bliana
 - deimhniú (ag tráth gach tuarascála) i dtaobh an mhéid a leanas
 - cuireadh an caiteachas go léir i gcuntas i gceart agus bhí sé ar aon dul leis an mbuiséad
 - bhí an soláthar go léir i gcomhréir leis na rialacha maidir le soláthar poiblí agus leanadh Cód Caiteachais Phoiblí (na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe).
- 11.21** Ón mbliain 2015 ar aghaidh, déanann fóirdheontas an Chiste Rialtais Áitiúil, atá le híoc i riaráistí ráithiúla, an méid a leanas a chistiú maidir le custaiméirí intíre
- fóirdheontas táirgí – íocaíocht bunaithe ar thoirt d'fhonn nach sáraíonn na suimeanna a ghearrtar ar chustaiméirí in aghaidh gach 1,000 lítear iad siúd a leagtar amach san Acht um Sheirbhísí Uisce, 2014
 - costas caidhpeála – an costas atá ar uisce a cheannach go mbeifear in ann na muirir uasta bhliantúla in aghaidh an teaghlaigh a leagtar amach san Acht um Sheirbhísí Uisce, 2014 i bhfeidhm
 - liúntais leanaí – an costas atá ar liúntas 21,000 lítear uisce in aghaidh an linbh faoi ocht mbliana déag d'aois.
- 11.22** Ceanglaítear sna hiarratais ó Uisce Éireann ar an Roinn chun cistiú a tharraingt anuas chun na suimeanna atá inchurtha i leith gach catagóire a shainaithint. Braithfidh an méid iarbhir cistithe a sholáthrófar ar an toirt iarbhir uisce, an líon teaghlach agus an líon leanaí. Ní sháróidh an cistiú a sholáthrófar na suimeanna faofa do gach bliain, áfach, (i.e. €399 milliún don bhliain 2015 agus €479 milliún don bhliain 2016).
- 11.23** In 2015, meastar go mbainfidh beagán os cionn leath an fhóirdheontais uasta €399 milliún (€211 milliún) le fóirdheontas táirgí, go mbeidh timpeall an tríú cuid de (€128 milliún) i dtaca leis an gcostas caidhpeála agus go mbeidh an 15% eile (€60 milliún) i dtaca le liúntas leanaí.
- 11.24** Ríomhadh fóirdheontas measta 2015 ar bhunachar sonraí custaiméirí 1.5 milliún teaghlach. Léirítear anailís ar chustaiméirí intíre Uisce Éireann amhail an 31 Lúnasa 2015 i bhFíor 11.2.

¹ Foráiltear in Alt 6 (2CA) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 d'íocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste Rialtais Áitiúil le hUisce Éireann.

Fíor 11.2 Uisce Éireann – clárúcháin teaghlaigh amhail an 31 Lúnasa 2015

	Líon na dteaghlach
Custaiméirí Uisce Éireann	
Cláraithe le hUisce Éireann	1,099,545
Neamhchláraithe	422,455
Bonn iomlána custaiméirí Uisce Éireann	1,522,000
Teaghlaigh ag a bhfuil a soláthar uisce agus a gcóireáil fuíolluisce féin/grúpa	
Cláraithe le hUisce Éireann	284,327
Neamhchláraithe (measta)	101,857
Iomlán	1,908,184

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Iasachtaí ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean


- 11.25** Nuair a forbraíodh tograí i dtosach chun fóntas uisce a fhorbairt, chomhaontaigh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CCNP) (in 2010) chun saoráid iasachta a sholáthar don fhóntas a beartaíodh chun suiteáil méadraithe a chistiú, faoi réir réamhchoinníollacha áirithe, bunú córas rialála san áireamh.
- 11.26** De réir mar a tháinig forbairt ar chlár Uisce Éireann, tháinig riachtanas chun solais chun costais bhunaíochta a chistiú sular tugadh isteach muirir tí. Cuireadh an plé chun cinn leis an CCNP ar bhonn an clár méadraithe agus costais bhunaíochta araon a chistiú.
- 11.27** In Iúil 2013, d'iontráil Uisce Éireann isteach i saoráid iasacht idirlinne €250 milliún leis an CCNP. I Samhain 2014, méadaíodh an tsaoráid aníos go dtí €300 milliún. Rinneadh an tsaoráid €300 milliún a tharraingt anuas go hiomlán agus bhí sí in-aisíoctha an 2 Meán Fómhair 2015. Faoi théarmaí shaoráid an CCNP, rinneadh táillí úis agus ceangaltais a chaipitliú. B'ionann an ráta úis a bhí iníoctha ar gach tráinse agus 2% os cionn ráta Euribor ag dáta na tarraingthe anuas. Sholáthair an tAire Airgeadais ráthaíocht don CCNP maidir leis an iasacht. Aithnítear seo sna Cuntais Airgeadais. Chomhaontaigh Uisce Éireann chun táille ráthaíochta 2% sa bhliain den tsaoráid a tarraingíodh anuas a íoc leis an Státchiste. Is í an táille iomlán ráthaíochta atá le híoc €10.3 milliún, agus tá an tráthchuid deiridh iníoctha i nDeireadh Fómhair 2015.
- 11.28** Aisiocadh an tsaoráid €300 milliún faoi ráthaíocht ar an dáta aibíochta agus athmhaoiníodh í le saoráid neamhráthaithe €300 milliún de chuid Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ar ráta 1.9%.
- 11.29** Meastar go soláthróidh CISÉ saoráid bhreise iasachta le haghaidh €150 milliún ar ráta 2.4% in 2015.

Ranníocaíochtaí Caipitil agus Iasachtaí an Lárchiste

11.30 Tá ranníocaíochtaí caipitil agus iasachtaí á soláthar ag an Státhiste d'Uisce Éireann, chomh maith.¹

11.31 Sular bunaíodh Uisce Éireann, bhí na húdaráis áitiúla freagrach as bonneagar caipitiúil seirbhísí uisce a sholáthar ar sholáthair an Roinn cistiú dó faoi Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce (CISU). B'ionann costas iomlán an chlár ón mbliain 2007 go dtí 2013 agus €2.9 billiún, caiteachas €241 milliún in 2013 san áireamh (féach Fíor 11.3). Áiríodh le CISU roinnt cistithe le haghaidh tionscadal agus bonneagair ar ghníomhaíochtaí nár aistríodh chuig Uisce Éireann, ar nós pleananna bainistíochta abhantraí agus thionscadail chlár athchóirithe na hearnála uisce. Sholáthair an Clár Uisce Tuaithe roinnt cistithe do scéimeanna uisce agus séarachais níos lú.

Fíor 11.3 Infheistíocht i seirbhísí uisce, ó 2007 go 2015



Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Íocadh ranníocaíocht chaipitil €222 milliún in 2014 i dtaca le hinfeistíocht chaipitil 2015.

Ranníocaíochtaí Caipitil

11.32 B'ionann ranníocaíocht iomlán chaipitil an Státhiste in 2014 agus €407 milliún. As seo, bhí €185 milliún bunaithe ar an leibhéal de chistiú caipitil a soláthraíodh don earnáil uisce in 2013 (nuair a cuireadh san áireamh é le hiasacht chomhshóite €54 milliún – féach thíos). Ríomhadh an €222 milliún eile, a soláthraíodh i Nollaig 2014, mar an bhearna idir an cistiú réamh-mheasta a bhí ar fáil ag Uisce Éireann le haghaidh infheistíocht chaipitil 2015 (ó shreabhadh airgid thirim agus fiachas réamh-mheasta a tharraingt anuas) agus a riachtanas iomlán cistithe, bunaithe ar thiomhdá airgeadais ar chostais agus ioncain. Léirítear ranníocaíocht bhreise chaipitiúil €184 milliún i samhail chistithe Uisce Éireann don bhliain 2016.

Iasachtaí

11.33 In 2014, soláthraíodh nóta iasachta comhshóite €54 milliún d'Uisce Éireann ar ráta toraidh 2.5% sa bhliain. Tá an iasacht in-chomhshóite ina gnáthscair faoi lánrogha an Aire Airgeadais agus oibleagáid neamhurraithe de chuid Uisce Éireann atá inti.

¹ Íocaíocht neamh-inchúlghairithe, neamh-in-aisíochta agus neamhchoinníollacha atá i ranníocaíocht chaipitil ó scairshealbhóir leis an gcuideachta ina bhfuil scaireanna á gcoimeád acu.

- 11.34** Ina theannta sin, faomhadh iasachtaí ón státchiste chun caipiteal oibre a sholáthar i gcomhthéacs na difríochta uainithe idir costais a thagann chun solais agus an t-ioncam atá á fháil ó mhuirir uisce i mblianta luatha an oibrithe. Is iad na suimeanna ar tugadh fógra d'Uisce Éireann fúthu don chuspóir seo €96 milliún don bhliain 2015 agus €58 milliún don bhliain 2016.

Ioncam Ceadaithe

- 11.35** Nuair a fhaomhtar an leibhéal muirir uisce, deimhníonn an CER an 'leibhéal éifeachtúil' costas (dímheas agus toradh ar an gcaipiteal a úsáideadh san áireamh) a thabhaíonn Uisce Éireann i bhfeidhmiú a ngníomhaíochtaí. Tugtar an t-ioncam ceadaithe ar an tsuim iomlán atá le haisghabháil. Aisghabhtar seo trí mheascán de mhuirir a ghearradh ar chustaiméirí (a fhaomhann an CER) agus d'fhóirdheontas ón Rialtas.
- 11.36** I Meán Fómhair 2014, d'fhaomh an CER ioncam ceadaithe €2.1 billiún (i dtaobh an luacha reatha) d'Uisce Éireann don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2014 go dtí an 31 Nollaig 2016, ar laghdú 8.2% é seo ar aisghabháil bheartaithe costais €2.3 billiún Uisce Éireann don tréimhse.
- 11.37** Mar thoradh ar an Acht um Sheirbhísí Uisce, 2014, rinne Uisce Éireann athruithe áirithe ar an bplean faofa muirir uisce. D'fhaomh an CER leasaithe muirir uisce i Márta 2015. Thug an tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2014 díolúine d'Uisce Éireann ó rátaí tráchtála a ghearradh ar bhonneagar uisce.¹ Ba é an tionchar a d'imir seo ná gur laghdaigh sé a gcuid costais bhliantúla faoi thart ar €59 milliún. D'eascair ioncam leasaithe iomlán ceadaithe €2 billiún as seo don tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2014 go dtí Nollaig 2016, ar laghdú 8.5% é seo ar aisghabháil bheartaithe costais Uisce Éireann.

Deontas Caomhnaithe Uisce

- 11.38** Áirítear leis na beartas maidir le seirbhísí uisce a d'fhógair an Rialtas i Samhain 2014 deontas bliantúil caomhnaithe uisce €100 atá iníoctha maidir le gach áit chónaithe phríomha le teaghlaigh a chláraigh le hUisce Éireann faoin 30 Meitheamh 2015. Tá an deontas á riaradh ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, thar ceann na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Meastar go mbeidh an deontas caomhnaithe uisce oibríochtúil faoi Mheán Fómhair 2015. Áirítear le réamh-mheastachán vóta na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil don bhliain 2015 soláthar €130 milliún don deontas caomhnaithe uisce. Tá soláthar an chistithe bunaithe ar mheastachán go bhféadfadh a mhéid le 1.3 milliún teaghlach iarratas a dhéanamh ar an deontas.

Rangú Margaidh Uisce Éireann

- 11.39** Comhábhar suntasach sa straitéis chun Uisce Éireann a bhunú is ea go rangófaí iad mar chorpáid mhargaidh faoi rialacha Eurostat, ina bhfágfaí cistiú oibriúcháin (seachas aon fhóirdheontas rialtais eile) agus fiachas tríú páirtí as an áireamh nuair a bheadh iarmhéid ginearálta an rialtais á ríomh.² Chuirfeadh an rangú sin ar chumas Uisce Éireann chun iasacht a fháil ó iasachtóirí tráchtála chun infheistíocht a dhéanamh, ar a mhacasamhail de bhealach a dhéanann comhlachtaí tráchtála stáit eile, gan tionchar a imirt ar iarmhéid nó fiachas ginearálta an rialtais.

¹ Déanfar údarais áitiúla a chúiteamh tríd an gCiste Rialtais Áitiúil as an gcaillteanas seo ioncaim.

² Is é Eurostat oifig staitistiúil an Aontais Eorpaigh. Is é an tasc atá le comhlíonadh acu ná staitisticí a sholáthar a éascaíonn comparáidí iontaofa a dhéanamh idir tíortha agus réigiúin.

- 11.40** Fuarthas rialáil Eurostat ar rangú margaidh Uisce Éireann in Iúil 2015. Luadh inti seo, ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil, go measann Eurostat gur cheart Uisce Éireann a rangú laistigh d'earnáil an rialtais. Tá idirchaidreamh á dhéanamh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh le Eurostat chun saincheisteanna léirmhínte a shoiléiriú a bhaineann leis an rialáil. Déanfar athbhreithniú arís eile ar an rialáil rangaithe in 2016 mar chuid de phróiseas nós imeachta easnaimh iomarcaigh an Aontais Eorpaigh, agus na sonraí is cothroime le dáta á n-úsáid.

Conclúid

- 11.41** Fóirdheontas ón gCiste Rialtais Áitiúil atá ar an ngné is suntasaí de chistiú Uisce Éireann an rialtais láir. Bhí fóirdheontas 2014 €439 milliún bunaithe ar an tsuim a soláthraíodh roimhe seo d'údaráis áitiúla chun seirbhísí uisce a sholáthar a aistríodh chuig Uisce Éireann. Tá scrúdú á dhéanamh ag an iniúchadh ar Chiste Rialtais Áitiúil 2014 ar cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na coinníollacha a bhain leis an gcistiú sin.
- 11.42** Meastar nach sáróidh an fóirdheontas iomlán ón gCiste Rialtais Áitiúil in 2015 agus 2016 €878 milliún. Beidh ríomh mhéid iarbhrí an fhóirdheontais i ngach bliain casta mar gheall go mbraithfidh sé ar an toirt iarbhrí uisce a úsáideann custaiméirí tí Uisce Éireann, ar an líon teaghlaigh chustaiméara agus ar an líon leanaí a bhfuil liúntas uisce dlite dóibh. Déanfar scrúdú ar íocaíocht an fhóirdheontais mar chuid den iniúchadh ar an gCiste Rialtais Áitiúil ó 2015 ar aghaidh.

Iarscríbhinn A Glanluach leabhar sócmhainní seirbhísí uisce údaráis áitiúil, ó 2013 go 2014

Údarás Áitiúil	Glanluach leabhar amhail an 31 Nollaig 2013	Glanluach leabhar amhail an 31 Nollaig 2014
	€m	€m
Comhairlí Contae		
Ceatharlach	123.1	n/b
An Cabhán	144.8	–
An Clár	407.5	n/b
Corcaigh	829.5	n/b
Dún na nGall	342.6	–
Fine Gall	778.8	109.9
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	282.3	85.7
Gaillimh	222.8	n/b
Ciarraí	471.2	–
Cill Dara	420.0	n/b
Cill Chainnigh	128.0	n/b
Laois	77.3	n/b
Liatroim	107.5	n/b
Luimneach	277.6	n/b
An Longfort	126.6	n/b
Lú	161.5	n/b
Maigh Eo	566.0	n/b
An Mhí	318.0	n/b
Muineachán	122.6	n/b
Tiobraid Árann Thuaidh	163.7	n/b
Uíbh Fhailí	219.7	–
Ros Comáin	203.9	n/b
Sligeach	269.8	n/b
Baile Átha Cliath Theas	635.4	n/b
Tiobraid Árann Theas	247.3	n/b
Port Láirge	170.1	n/b
An Iarmhí	248.9	n/b
Loch Garman	232.0	n/b
Cill Mhantáin	191.4	n/b
Comhairlí Cathrach		
Corcaigh	360.0	n/b
Baile Átha Cliath	2,000.0	456.6
Gaillimh	150.4	–
Luimneach	263.7	n/b
Port Láirge	139.2	n/b
Iomlán	11,403.2	n/b

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nóta: n/b Ní raibh sé ar chumas na Roinne an fhaisnéis seo a sholáthar.

12 Socraíochtaí Cánach ar Íocaíochtaí Áirithe le Múinteoirí agus le Daoine Eile

- 12.1** In 2015, rinneadh íocaíochtaí €12.25 milliún ón Vóta Oideachais agus Scileanna chun dlíteanais chánacha a shocrú a thabhaigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcaitheamh na tréimhse ó 2010 go 2014. Tugtar cuntas sa tuarascáil seo ar an gcúlra a bhí leis na híocaíochtaí siúd. Anuas air sin, déantar breithniú ar shaincheist ghaolmhar maidir le teagasc a sholáthar atá bunaithe sa seomra ranga ag soláthraithe speisialtóra.
- 12.2** Ceanglaítear ar fhostóirí chun asbhaintí cuí cánach a dhéanamh maidir le híocaíochtaí a dhéanann siad le fostaithe. Tugann na Coimisinéirí loncaim faoi iniúchtaí sa chás go roghnaítear cásanna ar bhonn próifíliú riosca nó go fánach. Sa chás nach nglactar le tuairisceáin a dhéanann an cáinócóir, déanann na Coimisinéirí loncaim méid an ghearrmhuirir mheasúnaithe a chainníochtú agus lorgaíonn siad chun comhaontú a dhéanamh ar shuim shocraíochta chun íoc as dlíteanas an cháinócóra, na muirir agus pionóis chuí san áireamh.
- 12.3** Foráiltear sa reachtaíocht chánachais chun ús a chur i bhfeidhm ar íocaíocht dhéanach cánach, agus do phionóis a ghearradh sa chás nár íocadh an cháin a bhí dlite. Níl aon fhoráil ann chun ús ar íocaíocht dhéanach a mhaolú. I gcodarsnacht leis sin, tá an lánrogha ag na Coimisinéirí loncaim chun pionóis a mhéid le 50% a mhaolú. Ní chuirtear aon phionóis i bhfeidhm faoi chúinsí ina bhfuil cáin bhreise le híoc mar gheall ar choigeartú teicniúil nó ar earráid shaonta a chuirtear ina ceart ag an gcéad deis.
- 12.4** Thug na Coimisinéirí loncaim faoi iniúchtaí ar leith ar íocaíochtaí a rinne CSS agus an Roinn. Bhain na príomh-shaincheisteanais leis an méid a leanas
- íocaíochtaí a rinne CSS chun foireann a chonrú maidir le costas taistil a bhaineann le scrúduithe Stáit
 - íocaíochtaí a rinne an Roinn maidir le teagasc baile, agus táillí a d'íoc an Roinn le comhaltaí éagsúla boird agus coiste.
- 12.5** Cistíodh na socraíochtaí cánach ó leithdháileadh sonrach aonuaire a cuireadh san áireamh i Meastacháin Leasaithe ar Sheirbhísí Poiblí 2015.

Socraíocht Chánach Choimisiún na Scrúduithe Stáit

- 12.6** Cuireadh tús le hiniúchadh na gCoimisinéirí loncaim ar CSS i mBealtaine 2012, agus díríodh i dtosach báire ar an mbliain airgeadais 2010, agus tugadh chun críche go foirmiúil é i mBealtaine 2015. Rinne an t-iniúchadh athbhreithniú ar 37 catagóir d'fhoireann chonartha, ar nós lucht dréachtaithe na bpáipéar scrúdaithe, socraitheoirí, feitheoirí agus scrúdaitheoirí, a bhí fostaithe ag CSS chun scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta a sholáthar.
- 12.7** Íoctar táillí leis an bhfoireann chonartha atá faoi réir asbhaint cánacha ag an bhfoinse. Sa chás go dtugann siad faoi dhualgaís chonartha amach óna ngnátháit oibre, íocann CSS costais leo ar aon dul le rátaí caighdeánacha taistil agus cothabhála na seirbhíse poiblí.

- 12.8** Bhí CSS faoin tuairim gurb é gnátháit oibre na bhfoirne conartha a bhí fostaithe cheana féin mar mhúinteoirí an scoil ina múineann siad nó, i gcás múinteoirí dífhostaithe, múinteoirí ionaid nó múinteoirí ar scor, a dteach.
- 12.9** Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, go bhfuil foireann chonartha fostaithe ag CSS faoi chonarthaí ar leith fostaíochta óna bpríomhról mhúinteoireachta, agus i gcás feitheoirí agus scrúdaitheoirí béil agus praiticiúla, is é an ghnátháit oibre nuair a thugann siad faoi dhualgais scrúdaithe an scoil/na scoileanna a sannann CSS nó oifigigh CSS di/dóibh. Ar an mbonn sin, dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim gurb ionann íocaíochtaí leis an bhfoireann chonartha seo chun íoc as costais a thabhaítear agus iad ag taisteal go dtí oifigí CSS i mBaile Átha Luain nó chuig an scoil/na scoileanna a gcuireann CSS chuici/chucu iad chun tabhairt faoi obair scrúdaithe agus costais incháinithe faoi réir ÍMAT, ÁPC agus MSU a asbhaint.
- 12.10** Níl costais a íoctar chun freastal ar chomhdhála oiliúna, chun ábhar a thabhairt chuig oifig an phoist, chun páipéir scrúdaithe a bhailiú ó stáisiúin na nGardaí, agus taisteal idir scoileanna incháinithe. B'ionann céatadán na gcostas a gcaitear leo amhail bheith incháinithe agus 83.5% i gcás feitheoirí, 85.55% i gcás scrúdaitheoirí béil, 72.94% i gcás scrúdaitheoirí praiticiúla, agus 100% i gcás scrúdaitheoirí praiticiúla ar sannadh iad do Bhaile Átha Luain.
- 12.11** Ag deireadh an iniúchta, rinne iniúcháir na gCoimisinéirí Ioncaim breithniú ar an dlíteanas cánach do na blianta ó 2010 go 2013. Rinne CSS meastachán ar an dlíteanas don bhliain 2014 ar iarraidh na gCoimisinéirí Ioncaim, bunaithe ar an oibriú a d'úsáid na Coimisinéirí Ioncaim i gcaitheamh na mblianta roimhe sin. B'ionann an dlíteanas deiridh lenar comhaontaíodh don tréimhse ó 2010 go 2014 agus €10.89 milliún, ús reachtúil €1.4 milliún san áireamh do na blianta ó 2010 go 2013. Níor gearradh aon phionós mar gheall go raibh na Coimisinéirí Ioncaim sásta gur ghlac CSS an cúram mar ba cheart agus mar gheall gur choigeartú teicniúil a bhí sa chóireáil a bhí i gceist a d'eascair ó thuiscint mhícheart a bhaint as an dlí.

Tuairimí Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin CSS

- 12.12** Luaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gur chuir CSS i gcoinne chinneadh iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim. Le linn a n-idirghníomhartha leis na Coimisinéirí Ioncaim, leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le feitheoirí agus scrúdaitheoirí a shannadh do scoileanna nach bhfuil ina ngnátháit oibre nó i láthair a mbaile, d'fhonn sláine agus cothroime an chórais scrúdaithe a choimeád.
- 12.13** Creideann CSS gur tabhaíodh na costais a íocadh go hiomlán, go heisiach agus go riachtanach i bhfeidhmiú na ndualgas a bhaineann le cineál an tsannacháin. Tá dlúthnasc ag na ról scrúdaithe faoinar tugadh le hobair na múinteoirí. Sa mhullach air sin, ról cúnta agus forlíontach atá sna ról scrúdaithe ar feadh tréimhse ghearr ama (13 lá ar a mhéid) i rith na scoilbhliana anuas ar an bpríomhról mhúinteoireachta ar feadh 179 lá gach bliain. Ní mór don fhoireann chonartha, faoi mar is cuí, faomhadh foirmiúil lucht bainistíochta a scoile a fháil maidir lena n-asláithreacht chun tabhairt faoi dhualgais scrúdaithe.
- 12.14** Nuair a bhí breithniú á dhéanamh ar thoradh na gCoimisinéirí Ioncaim, lorg CSS comhairle ghairmiúil ar chomhairleoireacht cánachais. Ar a bharr sin, agus mar aitheantas ar an tionchar ar shaincheistean rithábachtacha a d'imir soláthar leanúnach na scrúduithe Stáit agus cistiú Stáit, rinne CSS idirchaidreamh leis an Roinn, agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an Roinn Airgeadais.

- 12.15** Nuair ba léir nach bhféadfadh CSS fiúntais a gcáis a chur ina luí ar na Coimisinéirí Ioncaim, ba é an t-aon rogha a bhí fanta ná chun glacadh le cinneadh na gCoimisinéirí Ioncaim nó chun achomharc a sheoladh ar aghaidh go foirmiúil. Cuireadh in iúl do CSS, i gcomhthéacs oibriú na scrúduithe stáit, gur bhain fiúntas leis an gcur chuige a bhí acu le fada i leith costais a íoc maidir le múinteoirí a shannadh amach ón áit a n-oibríonn agus a gcónaíonn siad, ach go mbeadh deacracht acu argóint a dhéanamh i bhfabhar na n-íocaíochtaí seo a dhéanamh ar bhonn saor ó cháin i gcomhthéacs na reachtaíochta cánachais. Ba léir, chomh maith, go dtabhófaí costais shuntasacha dlí dá ndéanfaí aon agóid tríd an bpróiseas achomharc. Glacadh le cinneadh na gCoimisinéirí Ioncaim ar an mbonn sin agus rinneadh comhaontú ar an tsocraíocht.
- 12.16** Nuair a chuirtear san áireamh nár tugadh an t-iniúchadh chun críche ach go dtí Bealtaine 2015, ní raibh ar chumas CSS na hathruithe riachtanacha a dhéanamh, ar na córais agus ar na téarmaí agus coinníollacha chun foireann chonartha a earcú, go tráthúil do scrúduithe 2015. Dá réir, beartaíonn CSS an dliteanas ábhartha cánach a íoc maidir le scrúduithe 2015, a meastar gurb ionann iad agus idir €1.9 milliún agus €2 milliún sa bhreis.

Socraíocht Chánach na Roinne Oideachais agus Scileanna

- 12.17** In 2011, chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le rialacha cánachais a chur i bhfeidhm ar ÍMAT, ÁSPC, CBL, cáin chonarthaí iomchuí (CCI), agus cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla (CSSG) a asbhaint ag an Roinn. Chuimsigh an t-iniúchadh na blianta ó 2010 go 2013, agus dheimhnigh sé gurbh ann do dhliteanas cánach maidir le híocaíochtaí le daoine aonair a raibh seirbhísí teagasc baile á sholáthar acu, agus táillí a íocadh le comhaltaí bord agus coistí, anuas ar líon beag daoine eile.
- 12.18** I ndiaidh idirchaidreamh fairsing a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim, chomhaontaigh an Roinn ar shuim shocraíochta €1.359 milliún, ús €222,000 san áireamh, a rinneadh a dhíscaoileadh le híocaíocht i Márta 2015. Chaith na Coimisinéirí Ioncaim leis an tsocraíocht mar choigeartú teicniúil, ar an mbonn go raibh difríocht idir léirmhíniú nó i gcur i bhfeidhm na reachtaíochta. Dá réir, níor gearradh aon phionós.

Cúnamh Teagasc Baile

- 12.19** Soláthraíonn an Roinn cistiú faoi roinnt scéimeanna a sholáthraíonn cúnamh le teagasc a sholáthar do na daoine a leanas
- leanaí réamhscoile a bhfuil uathachas orthu
 - leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu atá ar feithreamh le socrúchán scoile
 - leanaí nach bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu ach a bhfágтар iad gan áit scoile agus nuair atá socrúchán scoile á lorg go gníomhach ag na tuismitheoirí
 - daltaí a bhíonn thíos le cur isteach suntasach ar fhreastal scoile mar gheall ar riochtaí leighis nó ar asláithreacht a bhaineann le máithreachas.
- 12.20** Is gnáiche go soláthraítear teagasc ar bhonn duine ar dhuine i dteach an teaghlaigh, áit a bhfostaíonn tuismitheoirí teagascóirí bunaithe ar chritéir a shonraíonn an Roinn. Íocann na tuismitheoirí táillí leis na teagascóirí as deontais a n-íocann an Roinn leo.

- 12.21** Faoi dhá cheann de na scéimeanna teagasc baile, íocann an Roinn na teagascóirí go díreach. Is iad seo na scéimeanna le haghaidh asláithreachta a bhaineann le máithreachas agus do leanaí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu nach mbíonn áit scoile acu go sealadach. Go dtí Eanáir 2015, rinne an Roinn na híocaíochtaí seo gan cánacha a asbhaint ag an bhfoinse. Ó Eanáir 2015, tá gach asbhaint reachtúil á déanamh ag an bhfoinse ó na híocaíochtaí sin.
- 12.22** Anuas air sin, tá líon beag teagascóirí baile fostaithe i scoileanna mar mhúinteoirí bunscoile. I gcás na dteagascóirí seo, íocann an Roinn na táillí teagaisc ar chóras párolla na múinteoirí bunscoile, agus déantar na hasbhaintí éagsúla reachtúla ag an bhfoinse.
- 12.23** In ionad teagasc baile, faigheann tuismitheoirí áirithe leanaí réamhscoile a bhfuil uathachas orthu teagasc a chuireann soláthraithe speisialtóra ar fáil, sa chás go soláthraítear teagasc i suíomhanna seomra ranga do ghrúpaí idir triúr agus seisear leanaí.
- 12.24** Ar an meán, tá thart ar 1,200 teagascóirí fostaithe i dteagasc baile a sholáthar. In 2014, b'ionann an costas iomlán agus €10.9 milliún, agus íocadh thart ar €7 milliún le teagascóirí baile agus íocadh an t-iarmhéid le soláthraithe speisialtóra (féach Fíor 12.1.)

Fíor 12.1 Íocaíochtaí faoi scéimeanna teagasc baile, ó 2010 go 2014

	2010	2011	2012	2013	2014
	€000	€000	€000	€000	€000
Teagasc arna sholáthar sa bhaile					
Deontais a íocadh le tuismitheoirí chun íoc as teagascóirí	5,574	7,271	7,388	7,073	6,023
Teagascóirí arna n-íoc ag an Roinn gan cánacha a asbhaint	1,102	988	614	599	588
Teagascóirí ar phárolla na múinteoirí bunscoile	611	528	391	412	313
Teagasc arna sholáthar i suíomhanna seomra ranga					
Soláthraithe arna n-íoc ag an Roinn	2,027	1,561	1,151	2,156	3,991
Iomlán	9,314	10,348	9,544	10,240	10,915

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Teagasc arna Sholáthar ag Teagascóirí

- 12.25** Is ionann beagán os cionn 78% de na costais teagasc baile i gcaitheamh na gcúig bliana ó 2010 go 2014 agus íocaíocht le múinteoireacht a soláthraíodh sa bhaile ar bhonn duine ar dhuine. Níor íocadh ach céatadán beag de na táillí seo, thart ar 6%, ar chóras párolla agus faoi réir gnáth-asbhaint cánacha ag an bhfoinse.

- 12.26** Deimhníodh in iniúchadh na gCoimisinéirí loncaim go bhfuil gach íocaíocht as teagasc duine ar dhuine faoi dhliteanas cánacha a asbhaint ag an bhfoinse, agus go bhfuil an Roinn freagrach, faoin dlí cánach, as na hasbhaintí reachtúla seo a dhéanamh.
- 12.27** Ríomh iniúcháir na gCoimisinéirí loncaim go raibh suim €789,000, ús reachtúil €129,000 san áireamh, le hóc maidir le teagascóirí ar íocadh thart ar €3.3 milliún leo i gcaitheamh na mblianta ó 2010 go 2013, nár asbhain an Roinn cánacha ag an bhfoinse ina thaobh. Níor tugadh dliteanas chun solais maidir leis an mbliain 2014.
- 12.28** Anuas air sin, níor thug na Coimisinéirí loncaim dliteanas chun solais maidir le híocaíochtaí a rinne tuismitheoirí ó chistí ar íoc an Roinn leo don chuspóir sin i gcaitheamh na mblianta ó 2010 go 2013.¹ I ndiaidh idirthrémhse chun ligean don Roinn na hathruithe riachtanacha oibríochtúla go léir a dhéanamh, áfach, asbhainfidh an Roinn cánacha ag an bhfoinse ó na híocaíochtaí siúd.
- 12.29** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta, cé gur chuir an Roinn i gcoinne léirmhíniú na gCoimisinéirí loncaim ar chatagóirí teagascóirí baile, measadh, tar éis gach rud a chur san áireamh, gur fearr an t-iniúchadh a thabhairt chun críche agus chun an íocaíocht riachtanach a dhéanamh.
- 12.30** D'aistrigh an Roinn íocaíochtaí le teagascóirí baile a d'íoc an Roinn ar an bpárolla foirne neamh-mhúinteoireachta le héifeacht ó Eanáir 2015.
- 12.31** Ar feitheamh go bhforbrófaí réiteach níos cuimsithí agus níos buaine, tá rannóg TF na Roinne ag oibriú chun réiteach eatramhach a fhorbairt chun teagascóirí a íocann tuismitheoirí a aistriú chuig an bpárolla foirne neamh-mhúinteoireachta a luaithe is féidir. I measc na saincheisteanna a bhfuiltear le déileáil leo, tá stádas fostaíochta na dteagascóirí, ar theastaigh soiléiriú uaidh ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ó na Coimisinéirí loncaim, mar aon le comhairle ó Oifig an Ard-Aighne.
- 12.32** Socraíocht iomlán agus chríochnúil a bhí sa tsocraíocht lenar comhaontaíodh leis na Coimisinéirí loncaim, agus glacadh leis, mar chuid den tsocraíocht sin, cé go n-aistreofaí gach teagascóir baile chuig an bpárolla, go mba ghá seo a dhéanamh ar bhonn céimnithe, agus ní aistreofaí roinnt teagascóirí chuig an bpárolla go dtí bliain acadúil 2015/16.

Teagasc arna Sholáthar ag Soláthraithe Speisialtóra

- 12.33** Soláthraíonn soláthraithe speisialtóra roinnt teagaisc do leanaí réamhscoile a bhfuil uathachas orthu i suíomh seomra ranga ar íoc an Roinn thart ar €4 milliún as in 2014. I limistéir ina bhfuil na seirbhísí sin ar fáil, is faoi na tuismitheoirí atá sé a rogha a dhéanamh idir teagasc a sholáthraíonn teagascóir sa bhaile agus teagasc a sholáthraítear i seomra ranga.
- 12.34** Fostaíonn na soláthraithe speisialtóra teagascóirí, agus ceist atá i gcánachas a n-íocaíochtaí tuarastail a bhfuil ar na soláthraithe plé léi, agus dá réir, ní raibh sé laistigh de scóip iniúchadh na gCoimisinéirí loncaim.

¹ I gcaitheamh na gceithre bliana ar a ndearnadh iniúchadh, b'ionann na híocaíochtaí siúd agus os cionn €27 milliún, ar an iomlán.

- 12.35** Ní thugann an Roinn faoi phróiseas soláthair iomaíoch chun teagasc sa seomra ranga a sholáthar ag soláthraithe speisialtóra. Ina ionad sin, déanann an Roinn comhaontú, gach bliain, ar bhonn táillí leis na soláthraithe speisialtóra maidir le teagasc a soláthraíodh do leanaí a faomhadh le haghaidh teagasc baile. Seolann na soláthraithe sonrasc chuig an Roinn go díreach do na seirbhísí a soláthraíodh. Ní sháraíonn na táillí lenar comhaontaíodh leis na soláthraithe comhchostas an teagaisc duine ar dhuine do líon comhionann de leanaí.
- 12.36** Gach bliain, soláthraíonn an Roinn sonraí faoi chonarthaí soláthair os cionn €25,000 a bronnadh gan próiseas iomaíoch don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Níor áiríodh an teagasc sa seomra ranga a sholáthair soláthraithe speisialtóra sna tuairisceáin a seoladh ar aghaidh.

Íocaíochtaí le Comhaltaí Boird agus Coiste

- 12.37** Rinne iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim scrúdú ar tháillí móide íocaíochtaí taistil agus cothabhála a rinneadh i gcaitheamh na mblianta ó 2010 go 2013. I gcás na mblianta ó 2010 go 2012, tháinig íocaíochtaí le 79 duine, ar an meán, faoi chuimsiú scóip an iniúchta. Tháinig íocaíochtaí le comhaltaí an Bhoird Sásamh d'Institiúidí Cónaithe agus dá gCoiste Athbhreithnithe laistigh de scóip an iniúchta don bhliain 2013. Liostaítear i bhFíor 12.2 na boird agus na coistí atá i gceist.

Fíor 12.2 Boird agus coistí a tháinig faoi chuimsiú scóip iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim

Coiste Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Oideachais agus Scileanna

An Bord Airgeadais Oideachais

An Bord Achomhairc um Chreidmheas Incriminteach

An Bord Achomhairc Iar-Bhunscoileanna maidir le Leithdháiltí Foirne Múinteoireachta

An Bord Achomhairc Bhunscoileanna maidir le Leithdháiltí Foirne Múinteoireachta

An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe agus Coiste Athbhreithnithe

Coiste Athbhreithnithe maidir le Múinteoirí a chur ar Fionraí agus a Dhífhostú

Coiste maidir le hEisiamh, Fionraí, agus Neamhchlárú Daltaí

An Bord Achomhairc Iompar Scoile

An Stiúrthóir um Ath-Imlonnú Múinteoirí agus Ath-Imlonnú Oifigigh an Phainéil

An tOifigeach Fiosrúcháin faoi Alt 105 den Acht Gairmoideachais, 1930

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

- 12.38** D'asbhain an Roinn CCSG agus CBL ag an bhfoinse ó tháillí agus costais chomhaltaí an bhoird agus an choiste, sa chás gur chuíf. Ina ionad sin, dheimhnigh iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim gur cheart ÍMAT, ÁSPC agus MSU a asbhaint ó na táillí agus costais, sa chás gurbh infheidhme.

Fíor 12.3 Táillí agus costais a íocadh le comhaltaí boird agus coiste, ó 2010 go 2013

Bliain	Táillí	Costais taistil	Iomlán	Asbhaintí CCSG
	€000	€000	€000	€000
2010	1,681	132	1,813	309
2011	1,295	111	1,406	256
2012	1,254	176	1,430	246
2013	997	55	1,052	199
Iomlán	5,227	474	5,701	1,010

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 12.39** Chomhaontaigh an Roinn chun íocaíocht socraíochta €570,000 a dhéanamh chun íoc as an dliteanas cánach do na ceithre bliana ó 2010 go 2013, ús reachtúil €93,000 san áireamh. Rinneadh an glanús a measúnaíodh a ríomh agus aird ar an €1.01 milliún de CCSG a asbhaineadh cheana féin ag an bhfoinse. Ó 2013 ar aghaidh, bhí íocaíochtaí táillí le formhór na gcomhaltaí boird agus coiste faoi réir laghdú reachtúil ÍMAT, ÁSPC agus MSU. Bhí íocaíochtaí le comhaltaí an Bhoird Sásamh d'Institiúidí Cónaithe agus a gCoiste Athbhreithnithe faoi réir laghdú reachtúil ÍMAT, ÁSPC agus MSU ón mbliain 2014 ar aghaidh. Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil an fhreagracht ar an Roinn faoin dlí cánachais as a chinntiú go n-asbhaintear an cháin chuíf, seachas ar na comhaltaí aonair boird agus coiste.
- 12.40** I dtaca le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil íocaíochtaí taistil agus cothabhála a dhéantar le comhaltaí boird agus coiste díolmhaithe ó cháin, thug an tOifigeach Cuntasaíochta faoi deara gur thagair iniúchóir na gCoimisinéirí Ioncaim go príomha don ráiteas ábhartha faoi chleachtas¹ agus d'alt 195A den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997. Bronntar díolúine ó cháin in alt 195A ar aisíocaíocht an chostais taistil agus cothabhála do chomhaltaí áirithe bord agus comhlachtaí rialachais aonáin neamhthráchtála, san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon, maidir le freastal ar chruinnithe na n-aonán siúd. Chun cáiliú don díolúine, ní mór nach sáraíonn luach saothair bliantúlaithe comhalta ón aonán €24,000 i gcás an chathaoirligh nó €14,000 i gcás comhaltaí eile. Cuimsíonn an díolúine costais a fhad le rátaí caighdeánacha na státseirbhíse.
- 12.41** Agus aird ar na socruithe éagsúla atá i bhfeidhm maidir leis na boird agus na coistí éagsúla atá faoi choimirce na Roinne, mhol iniúchóirí na gCoimisinéirí Ioncaim, i gcásanna éiginnteachta, gur cheart treoir shonrach a lorg ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an gcóireáil chuíf íocaíochtaí taistil agus cothabhála. Cinntíonn an Roinn anois go lorgaíonn rannóga na Roinne atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na boird agus na coistí éagsúla comhairle ó na Coimisinéirí Ioncaim i gcásanna nach bhfuil an chóireáil chuíf chánach soiléir.

¹ Ráiteas Cleachtais SP IT-2-07 na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cóireáil chánach aisíocaíocht costais taistil agus cothabhála le sealbhóirí oifige agus le fostaithe.

Conclúidí agus Moltaí

- 12.42** D'eascair caiteachas breise Vóta €14.25 milliún as iniúchtaí na gCoimisinéirí Ioncaim, ar íocadh €12.25 milliún den tsuim cheana féin, agus a bhfuiltear ag súil le híocaíocht bhreise €2 milliún a dhéanamh. Íocfaidh CSS as €12.89 milliún den tsuim seo, agus íocfaidh an Roinn as €1.36 milliún.
- 12.43** Ghlac CSS agus an Roinn as dliteanas as ganníocaíocht na gcánacha roimhe seo. Ní aisghabhfar na suimeanna socraíochta seo ó na daoine aonair atá i gceist.
- 12.44** Níl próiseas i bhfeidhm ag an Roinn chun teagasc sa seomra ranga a sholáthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar bhonn iomaíoch. Tá rioscaí ann nach mbainfí an luach ab fhearr amach sa chás nach leantar nósanna imeachta iomaíocha, agus go ndéantar soláthraithe áirithe a roghnú go fabhrach.

Moladh 12.1

Ba cheart don Roinn comhairle a lorg ar cibé acu an gá nó nach gá seirbhísí teagasc sa seomra ranga a sholáthar ag soláthraithe speisialtóra do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais teacht faoi chuimsiú an tsainmhínithe a thugtar ar sholáthar faoi na treoirlínte náisiúnta. Ba cheart don Roinn an úsáid a bhaintear as creatlacha soláthair a fhiosrú, a éascaíonn comhaontú a dhéanamh ar struchtúr praghsála, ach atá solúbtha i dtaobh mhéid agus tharraingt anuas na seirbhíse.


Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear. Glacann an Roinn leis an moladh agus tá comhairle á lorg go gníomhach acu ar cibé acu an gá nó nach gá socruithe maidir le teagasc sa seomra ranga a sholáthar do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais teacht faoi chuimsiú an tsainmhínithe a thugtar ar sholáthar faoi na treoirlínte náisiúnta. Anuas air sin, tá fiosrú á dhéanamh acu ar an úsáid a bhaintear as creatlacha soláthair ina leith seo.

13 Forbairt Eircode, an Córas Náisiúnta Postchóid

- 13.1** Is é an sainmhíniú a thugtar ar phostchód 'cód ina bhfuil uimhreacha nó carachtair, nó uimhreacha agus carachtair eile araon, a shainaithníonn ceantar áitiúil seolta agus, sa chás gur cuí, láthair thíreolaíoch sheotla'.¹
- 13.2** Cé gur mheas an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náisiúnta (an Roinn) go bhfuil an seoladh céanna ag os cionn 35% de sheoltaí Éireannacha le réadmhaoin amháin eile, ar a laghad (i.e. níl siad uathúil), bhí Éire i measc dornán beag tíortha forbartha nach raibh córas postchód inti. Cuireadh tús leis an obair chun córas postchód a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in 2005.
- 13.3** Foráladh san Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011 go n-iontrálfadh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an tAire) i gconradh chun córas náisiúnta postchóid a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a choimeád. Ag deireadh 2013, iontráladh i gconradh ar feadh tréimhse deich mbliana (ina raibh an rogha chun an tréimhse seo a shíneadh ar feadh cúig bliana breise) le Capita Business Support Services Ireland Limited a ceapadh mar shealbhóir ceadúnais bhainistíochta postchóid (an sealbhóir ceadúnais).² Seoladh an córas nua postchód, dá dtagraítear mar Eircode, go hoifigiúil in Aibreán 2014 agus cuireadh tús le postchóid a scaipeadh in Iúil 2015. Meastar gur cheart go mbeadh gach seoladh in Éirinn tar éis a bpostchód uathúil a fháil anois.
- 13.4** Cód ina bhfuil seacht gcarachtar atá in eircode agus tá eircode uathúil ag gach seoladh. Léirítear struchtúr eircode i Fíor 13.1. Tá an cód neamhsheicheamhach agus beartaítear go n-éascóidh seo breis fairsingiú a dhéanamh agus chun an gá a sheachaint atá le cóid a sannadh a athrú amach anseo. Úsáidtear eircode go deonach.

Fíor 13.1 Struchtúr uimhir eircode



Foinse: Eircode

¹ An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011.

² Déanann an sealbhóir ceadúnais gnéithe an tionscadail a chonrú le líon comhpháirtithe agus fochonraitheoirí tionscadail.

Fíor 13.2 Príomh-shaintréithe postchód i roinnt tíortha Eorpacha

	An RA	An Danmhairg	An Ghearmáin	An Eilvéis	An Ostair
Formáid an phostchóid	5-7 gcarachtar	4 dhigit	5 dhigit	4 dhigit	4 dhigit
Leibhéal an dí-chomhbhailithe	Líon seoltaí	Ceantar	Cuid de shráid	Ceantar	Ceantar
Ar fáil go poiblí	Tá	Tá	Níl	Tá	Tá
An dáta ar tugadh é	1959	1967	1963	Go luath sna 1960idí	Go luath sna 1960idí
Bunachar sonraí á choimeád ag	Royal Mail	Post na Danmhairge	Post na Gearmáine	Post na hEilvéise	Post na hOstaire

Foinse: Tuarascáil Ghrúpa Oibre 2005

- 13.5** Ghlac Éire le postchóid go déanach. Bhí postchóid i bhfeidhm ag go leor tíortha Eorpacha eile ó na 1960idí ar aghaidh.
- 13.6** Leagtar amach i bhFíor 13.2 príomh-shaintréithe na bpostchód a úsáidtear i líon tíortha Eorpacha eile. Is éagsúil a bheidh an eircode ó na postchóid sna tíortha seo mar gheall go mbeidh gaol idir an eircode agus an seoladh. Anuas air sin, ní dhéanfaidh an tseirbhís náisiúnta phoist cothabháil ar bhunachar sonraí postchód na hÉireann.
- 13.7** Léirigh páirtithe leasmhara tuairimí malartacha maidir le Eircode i gcomhfhreagras le Comhchoiste um Iompar agus Cumarsáid an Oireachtais. Mar shampla, luaigh an gnóthas seachadta, Nightline, go bhfuil Eircode inoibrithe agus go n-oireann sé do na cúinsí ar leith in Éirinn. Luaigh an Comhlachas Iompair Lastais, cé go bhfuil Eircode áisiúil mar aitheantóir seolta, níl sé in ann feidhmiú ar an mbealach sin a mbítear ag súil leis go bhfeidhmeodh 'postchód nua-aimseartha'.¹
- 13.8** Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar an méid a leanas
- struchtúr bainistíochta an tionscadail agus amscála an tionscadail
 - caiteachas an tionscadail
 - an cás gnó a fhorbairt don tionscadal, agus go háirithe, measúnú a dhéanamh ar na costais agus na sochair
 - na soláthairtí éagsúla a bhaineann leis an tionscadal.

Ní dhéantar scrúdú sa tuarascáil ar fhiúntais choibhneasta na samhlacha éagsúla postchóid a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm.

1 Comhlachas trádála comhaltachta neamhbhrabúis is ea an Comhlachas Iompair Lastais do chuideachtaí lóistíochta agus lastais na hÉireann.

Bainistíocht Tionscadail

- 13.9** Íocann an Vóta Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha as an gcostas atá ar chóras Eircode a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chothú. Ar an ábhar sin, tá an tOifigeach Cuntasaíochta don Vóta sin freagrach go hiomlán as rialachas agus maoirseacht an chórais.
- 13.10** Ní dhearna coiste comhairleach bainistíochta na Roinn cinntí maidir le bainistíocht laethúil an tionscadail, ach tugadh nuashonrú rialta dóibh ar stádas an tionscadail agus bhí baint acu le tograí cistithe a fhaomhadh don tionscadal mar chuid den phróiseas meastachán.

Ó 2005 go 2009 – Forbairt an Tionscadail

- 13.11** Bunaíodh bord náisiúnta tionscadail phostchóid (Bord an Tionscadail) in 2005 chun an togra a chur chun cinn chun postchód a thabhairt isteach go dtí go raibh sonraíocht theicniúil i gceist, anailís ar chostas is tairbhe, plean tionscadail agus struchtúr comhaontaithe d'úinéireacht, bainistíocht agus cistiú an chórais. I dtuarascáil leis an Aire in 2006, leag Bord an Tionscadail moltaí amach faoi conas leanúint ar aghaidh leis an tionscadal. Ina dhiaidh seo, ghlac an Roinn le freagracht as an tionscadal.

Ó 2010 go 2013 – Pleanáil an Tionscadail

- 13.12** Bunaíodh grúpa stiúrtha an tionscadail agus chas siad ar a chéile den chéad uair i bhFeabhra 2010. Bhí roinnt fostaithe den roinn agus beirt chomhaltaí sheachtracha sa ghrúpa seo – fostaí de chuid ComReg agus sainchomhairleoir gnó. In 2010, i ndiaidh PA Consulting a fhostú chun seirbhísí bainistíochta tionscadail a sholáthar, ceapadh beirt ionadaithe den chuideachta sin leis an ngrúpa stiúrtha. Bunaíodh grúpa idir-rannach postchóid i Samhain 2010. Ní raibh ach cumas plé ag an ngrúpa seo.
- 13.13** Ba iad an grúpa stiúrtha an fóram um chur i bhfeidhm agus déanta cinntí don tionscadal i rith na tréimhse ó Fheabhra 2010 go dtí Meán Fómhair 2013. Sholáthair siad treorú, treoir agus monatóireacht ar dhul chun cinn an tionscadail, agus lorg siad faomhadh ó Ard-Rúnaí na Roinne nó an Aire, sa chás gur cuí.

Ó 2014 go dtí seo – Cur i bhfeidhm an Tionscadail

- 13.14** I ndiaidh gur ceapadh an sealbhóir ceadúnais i Nollaig 2013, cuireadh struchtúr leasaithe rialachais i bhfeidhm. Bunaíodh grúpa nua stiúrtha i bhFeabhra 2014, ina raibh ionadaithe ón Roinn, BSL, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim, DX Delivery, ComReg, Nasc Tuaithe na hÉireann agus An Post. Gníomhaíonn an grúpa seo i gcáil chomhairleach amháin agus cabhraíonn siad le saincheisteanna agus coimhlintí tionscadail.
- 13.15** Bunaíodh bord an chláir i Márta 2014 ina bhfuil ionadaithe ón Roinn agus an sealbhóir ceadúnais. Faomhann bord an chláir pleananna oibre an tionscadail, déanann siad monatóireacht ar dhul chun cinn, déanann siad measúnú ar bhaint amach garspriocanna agus déanann siad leasuithe ar scóip an tionscadail. Bunaíodh dhá fhoireann tionscadail, ina bhfuil ionadaithe ón Roinn agus an sealbhóir ceadúnais, chomh maith.


Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

- 13.16** In 2006, chuaigh Bord an Tionscadail i gcomhairle le páirtithe leasmhara i roinnt earnálacha (postas poiblí agus príobháideach, árachas, baincéireacht agus fónais). Dheimhnigh siad go raibh nach mór 90% díobh siúd a ndeachthas i gcomhairle leo i bhfabhar córas postchóid a thabhairt isteach.
- 13.17** In 2008, fostaíodh PA Consulting chun lámh chúnta a thabhairt le measúnú a dhéanamh ar thogra an tionscadail. Chuaigh siad i gcomhairle le sé roinn ar sainaithníodh gur dóchúil go mbainfeadh na tairbhí féideartha ba mhó acu chun tuiscint a fháil ar na tairbhí don earnáil phoiblí agus chun iad a chainníochtú.¹ Dheimhnigh an comhairliúchán sin an méid a leanas
- thacaigh gach roinn, seachas roinn amháin, le postchóid a thabhairt isteach
 - bhí ábhair bhuartha ag dhá roinn maidir le cé acu arbh í nó nárbh í an tsamhail phostchóid an ceann b'oiriúnaí
 - tugadh buarthaí chun solais i dtaca le haon chostais um chur i bhfeidhm a mbeadh ar an roinn fóc astu a chistiú.
- 13.18** I Samhain 2010, sular cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair don sealbhóir cuntais, thug PA Consulting faoi chleachtas eile idirchaidrimh leis na páirtithe leasmhara. Ba iad na hearnálacha a ndeachthas i gcomhairle leo an tseirbhís phoiblí, na seirbhísí seachadta poist/teachtairí, seirbhísí airgeadais, miondíol, teileachumarsáid agus fónais. Chuir na sainchomhairleoirí i gcuntas, ar an iomlán, gur caitheadh le tabhairt isteach postchód mar rud dearfach, agus thuairiscigh siad gurbh iad seo a leanas na príomhphointí aiseolais
- ba cheart postchód ag a bhfuil cumas cóid láthairbhunaithe a fhorbairt, agus dá chruinne an postchód is é is mó a bheidh na tairbhí féideartha measúnaithe
 - ba cheart go n-éascódh postchód oibríochtaí feabhsaithe seirbhís poist
 - ba cheart oideachas a chur ar mhuintir an phobail ar phostchóid a úsáid
 - ba cheart go mbeadh an bunachar sonraí seoltaí postchóid ar fáil ag an bpobal.

Amscála an Tionscadail

- 13.19** I rith shaolré an tionscadail, leagadh amach roinnt spriocdhátaí chun an córas postchód a chur i bhfeidhm (féach Fíor 13.3).

Fíor 13.3 Spriocdhátaí chun tús a chur le postchóid, ó 2006 go 2015



1 An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Sláinte agus Leanaí; an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; an Roinn Coimirce Sóisialaí; agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

- 13.20** Cuireadh isteach nó cuireadh moill ar dhul chun cinn an tionscadail go gcríochnófar é laistigh de na hamscálaí mar gheall ar an méid a leanas
- rinneadh anailís costais is tairbhe in 2006 a thug le fios go gcosnódh an tionscadal €96 milliún ar an iomlán, as ar eascair cinneadh rialtais gan an tionscadal a chur chun cinn ag an gcéim sin
 - bhí deacrachtaí maidir le comhaontú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha le GeoDirectory
 - bhí ceanglas ann chun reachtaíocht um chosaint sonraí a achtú
 - bhí deacrachtaí le sealbhóir ceadúnais a thairiscint/a sholáthar.

Rochtain ar GeoDirectory

- 13.21** Bunachar sonraí is ea GeoDirectory atá á choimeád ag An Post GeoDirectory, cuideachta a bhunaigh An Post agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a choimeádann seoladh agus láthair gach réadmhaoine cónaithe agus tráchtála sa Stát. In 2006, mhol Bord an Tionscadail go n-úsáidfí GeoDirectory mar na bonnsonraí chun postchóid a fhorbairt agus a thabhairt isteach.
- 13.22** In 2010, chuir an Roinn agus An Post tús le plé a bhain le húsáid a bhaint as GeoDirectory ag an sealbhóir ceadúnais ar mhaithe le bunachar seoltaí postchóid a bhunú agus postchóid náisiúnta a thabhairt isteach.
- 13.23** Bhí plé agus idirbheartaíocht ar bun i rith an phróisis sholáthair don sealbhóir ceadúnais. Mar gheall go raibh na téarmaí ar a gcuirfí GeoDirectory ar fáil don sealbhóir ceadúnais ina ngné thábhachtach den phróiseas soláthair, ba thoisc a bhí san idirbheartaíocht fhadálach san fhad ama a ghlac sé chun an próiseas sin a chríochnú. Cé nach raibh úsáid GeoDirectory ag an sealbhóir ceadúnais éigeantach, measadh gurbh é an fhoinsé sonraí ba dhóchúla don phostchód.
- 13.24** Luaigh an Roinn, mar gheall ar dhifríochtaí sa léirtheiscint maidir leis na téarmaí a chuirfí ar tairiscint don sealbhóir ceadúnais, níor baineadh comhaontú amach go dtí Lúnasa 2014.
- 13.25** Déantar coinníoll sna téarmaí deiridh go n-íocfaidh an sealbhóir ceadúnais An Post GeoDirectory na suimeanna a leanas
- táille bhliantúil sheasta of €35,910
 - táille athdhíoltóir breislúacha (go n-úsáidfídh dáileoir sealbhóir ceadúnais GeoDirectory) bunaithe ar an méid úsáide a bhaintear as, ar a gcuirtear uasteorainn €976,835 sa bhliain
 - táille úsáideora deiridh (go n-úsáidfídh úsáideoirí deiridh GeoDirectory) bunaithe ar an méid úsáide a bhaintear as, ar a gcuirtear uasteorainn €913,481 sa bhliain
 - táille ríchiosa 5% den ioncam incriminteach ón bpointe ag a mbaintear an chaidhp mhéide amach.
- 13.26** Seachas an táille ríchiosa, tá na híocaíochtaí comhiomlána bliantúla a dhéanann an sealbhóir ceadúnais le GeoDirectory faoi réir suim íosta €100,000 agus suim uasta €1,926,226.

- 13.27** Tá GeoDirectory i dteideal na táillí atá iníoctha go bliantúil a mhéadú, seachas i gcás na táille ríchiosa. Tá an méid teoranta i leith an mhéadaithe ar an bpraghasinnéacs custaiméara. Sa mhullach air sin, tá na táillí athdhíoltóir breisluacha agus úsáideoirí deiridh faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla praghais.
- 13.28** Tháinig breis saincheistanna chun solais i ndiaidh gur síníodh an comhaontú a bhain le dífríochtaí i léirthuiscint téarmaí maidir le tráchtálú a dhéanamh ar mhaoín intleachtúil i mbunachar sonraí GeoDirectory. Luaigh an Roinn gur chreid GeoDirectory nár áiríodh tráchtálú le rochtain iomlán ar na cearta i leith na maoine intleachtúla, agus chreid an sealbhóir ceadúnais gur áiríodh tráchtálú leis na cearta, i bhfrinne.¹ Réitíodh na saincheistanna seo i bhFeabhra 2015.

Cosaint Sonraí

- 13.29** Rinne Bord an Tionscadail, a bunaíodh in 2005, breithniú ar réimse fairsing de roghanna na samhla postchóid. Rinneadh breithniú mionsonraithe ar thrí shamhail, corpraíodh in dhá cheann díobh – an 'eangach sheasta' agus an 'teorainn baile poist' - baint dhlúth idir postchód agus réadmhaoín aonair. Ní raibh baint dhlúth ag an tríd samhail, samhail 'na hearnála poist', le réadmahoín. Ina ionad sin, bhí sí bunaithe ar aonad tíreolaíoch a shainaithint, ina raibh líon athraitheach réadmhaoine.
- 13.30** In 2006, thug Bord an Tionscadail, i ndiaidh dóibh dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí, faoi deara go bhféadfadh go dteastódh reachtaíocht ó bhunachar sonraí postchóid atá inrochtana go poiblí agus inúsáidte ag an bpobal, agus go dtabharfadh postchód a bhfuil baint dhlúth aige le réadmhaoín saincheistanna um chosaint sonraí chun solais. Rinne Bord an Tionscadail an cinneadh gur cheart samhlacha na 'heangaí seasta' agus na 'teorainn baile poist' a fhágáil as an áireamh ón bpróiseas measúnaithe. Bhí sé ina chonclúid go gcuirfeadh postchód 'earnáil phoist' sé charachtar luach le geilleagar na hÉireann agus go bhféadfaí é a chur ar fáil don phobal.
- 13.31** Thuairiscigh PA Consulting i Samhain 2010, mar chuid den chleachtadh comhdhlúthaithe dearaidh, gur ghá breithniú a dhéanamh ar an tsamhail phostchóid a athrú chun gné bhreise a chur san áireamh a shainaithneoidh láthair gach foirgnimh go huathúil. Luadh sa tuarascáil go gcuirfeadh seo ar chumas sealbhóir ceadúnais chun roinnt seirbhísí breisluacha a sholáthar do chliaint tráchtála.
- 13.32** Rinne grúpa stiúrtha an tionscadail an cinneadh chun glacadh le samhail sheoladhshonrach, a chuirfeadh gach árasán i mbloc árasán a tógadh le sainchuspóir a chur san áireamh, i Márta 2012. Luaigh an Roinn gurbh í an phríomhchúis gur roghnaíodh an tsamhail seo ná mar gheall ar an gcomhréir sách ard de sheoltaí neamhuathúla atá in Éirinn.
- 13.33** Thug an Roinn le fios gur iarr an Coimisinéir Cosanta Sonraí ar fhaisnéis maidir leis na postchóid bheartaithe i Márta 2014. Ag cruinniú in Aibreán 2014, an mhí inar seoladh Eircode, chuir an Coimisinéir Cosanta Sonraí in iúl don Roinn gur mheas sé gurbh ionann cód seoladhshonrach agus sonraí pearsanta. Mar thoradh air sin, chuir an Roinn tús le tograí reachtaíochta a fhorbairt chun dul i ngleic le saincheistanna um chosaint sonraí.
- 13.34** Cuireadh tús feidhme leis an Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2015 an 6 Iúil 2015. Tá sé de chuspóir ag an Acht dul i ngleic le haon saincheistanna féideartha um chosaint sonraí agus lena chinntiú go gcuirtear córas cuimsitheach um chosaint sonraí i bhfeidhm maidir le eircodeanna.

¹ Áirítear le tráchtálú an fhaisnéis sa bhunachar sonraí a dhíol nó muirir ar rochtain.

Caiteachas an Tionscadail

- 13.35** Nuair a d'fhaomh an Rialtas an tionscadal chun córas náisiúnta postchód a fhorbairt in 2009, b'ionann a chostas tuartha ar an Stáitchiste agus €18 milliún i gcaitheamh tréimhse 18 mí.¹ Nuair a d'fhaomh an Rialtas seoladh an chórais i nDeireadh Fómhair 2013, measadh gurbh ionann an costas ar an Stáitchiste agus €31 milliún i gcaitheamh tréimhse deich mbliana d'oibriú an cheadúnais.
- 13.36** I Lúnasa 2015, b'ionann costas tuartha an tionscadail agus €38 milliún. Is ionann an méid atá le híoc go dtí seo agus €18.6 milliún. Baineann tromlach na gcostas go dtí seo, €15.7 milliún, le híocaíochtaí leis an sealbhóir ceadúnais (féach Fíor 13.4).

Fíor 13.4 Costais Thuartha Eircode ar an Stáitchiste, amhail Lúnasa 2015

	Méid an chonartha	An méid a íocadh a fhad le Lúnasa 2015	Costais thuartha amach anseo	Iomlán tuartha
	€000	€000	€000	€000
Sealbhóir ceadúnais	33,533 ^a	15,682	17,851	33,533
PA Consulting	1,408	1,315	210	1,525
Comhairle theicniúil	229	229	–	229
Comhairle dlí	118	207	–	207
Iníúcháir próisis	9	44	–	44
Seirbhísí tacaíochta	442	282	200	482
Costas fhoireann na roinne ^b	n/b	700	1,092	1,792
Iasachtú	217	196	21	217
Iomlán	35,956	18,655	19,374	38,029

Foinse: An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha.

Nótaí: a Áirítear leis seo glanchostas trí athrú conartha i ndiaidh gur síníodh an conradh.

b Níl fáil ar chostas acmhainní fhoireann na roinne ar an tionscadal go dtí seo. Mar chuid den scrúdú seo, measadh gurbh ionann na costais siúd agus €700,000 go dtí seo.

Ról an tSealbhóra Ceadúnais

- 13.37** Is é ról an tsealbhóra ceadúnais chun córas postchóid agus an bunachar sonraí seoltaí postchóid a dhearadh, a fhíorú, a scaipeadh agus a choimeád.² Soláthraíonn Capita, mar an sealbhóir ceadúnais, an tseirbhís seo óna n-áitreabh féin. Déileálfaidh Capita le gach fiosrúchán maidir le postchóid agus tá ionad glaonna ar fáil acu chun buaicéilimh a láimhseáil, ar nós cathain a seoladh postchóid go poiblí. Luaigh an Roinn go raibh os cionn 100 comhalta foirne ag oibriú don sealbhóir ceadúnais ar Eircode i rith na céime dearaídh agus um chur i bhfeidhm agus go mbeidh idir 20 agus 25 comhalta foirne ag oibriú ar bhonn leanúnach.
- 13.38** Nuair a chuirtear seoladh le GeoDirectory, cuirtear Capita ar an eolas (ar an seoladh, an baile poist agus na geo-chomhordanáidí) agus sanntar an postchód don seoladh sin. Ansin cuirtear an seoladh, an baile poist agus an t-aitheantas GeoDirectory le bunachar sonraí Eircode.

¹Cuirtear CBL san áireamh le suimeanna caiteachais an tionscadail sa tuarascáil seo, mura luaitear a mhalairt.

²Féadfaidh muintir an phobail a mhéid le 15 sheoladh gach lá a sheiceáil saor in aisce. Má íoctar táille, féadfaidh muintir an phobail rochtain níos fairsinge a bheith acu ar an mbunachar sonraí.

13.39 Foráiltear i dtéarmaí chonradh an tsealbhóra ceadúnais go ndílsítear gach ceart, teideal agus leas in aon mhaoin intleachtúil go huathoibríoch ar chruthú dóibh leis an Aire mar an t-úinéir aonair agus tairbhiúil, saor ó aon eirí. Luaitear sa chonradh go gcoimeádfaidh an sealbhóir ceadúnais clár agus cáipéisíocht sócmhainní ina sonraítear an bonneagar teicniúil a cheadóidh an tAire, nó sealbhóir ceadúnais ionaid, chun tuiscint a fháil ar conas a sholáthraítear an tseirbhís. Leagtar amach sa chonradh, chomh maith, na socrúithe atá le cur i bhfeidhm i gcás fhoirceannadh nó éag an chonartha, ullmhú plean scoir ina measc ina gcuimseofar an méid a leanas

- conas a chomhlíonfaidh an sealbhóir ceadúnais a ndualgais reachtúla chun an fhoireann a aistriú chuig an sealbhóir ceadúnais ionaid, agus
- struchtúr rialachais agus scóip na ngníomhaíochtaí i rith an aistrithe agus na tréimhse scoir.

Téarmaí Conartha an tSealbhóra Ceadúnais

13.40 Mairfidh an conradh ar feadh tréimhse deich mbliana agus beidh an rogha ann chun é sin a shíneadh ar feadh cúig bliana sa bhreis air sin.

13.41 Déantar foráil sa chonradh go ndéanfaidh an Roinn íocaíochtaí leis an sealbhóir ceadúnais ar chríochnú gharspriocanna an tionscadail. Tá ocht ngarsprioc ann agus is ionann an íocaíocht charnach chun na hocht ngarsprioc a chríochnú agus beagán de bhreis ar €18 milliún (thart ar 54% de luach an chonartha).¹ Tá íocaíocht gharsprice amháin arb ionann í agus €162,124 le haisíoc ag an Roinn leis an sealbhóir ceadúnais i dtaca le maoin intleachtúil i gcaitheamh shaolré an chonartha.

13.42 Tá dualgas ar an Roinn, chomh maith, faoin gconradh chun trí íocaíocht a dhéanamh gach bliain leis an sealbhóir ceadúnais

- muirear seirbhíse chun d'fhógraíocht agus do na meáin chumarsáide – €184,500
- muirear seirbhíse do scaipeadh leanúnach – €123,000
- íocaíocht maidir le costas na rochtana ar GeoDirectory – €1,167,750.²

13.43 Ceanglaítear sa chonradh go lorgaíonn an sealbhóir ceadúnais deiseanna chun seirbhísí breisluacha a fhorbairt agus a mhargú, chun an úsáid a bhaintear as postchóid a mhéadú agus chun ioncam a dhíorthú. Foráiltear sa chonradh go bhfaigheann an Roinn 50% de bhrabús barrachais bliantúil an tsealbhóra ceadúnais. Gníomhachtófar an socrú roinnte brabúis seo in aon bhliain ina bhfuil an brabús carnach os cionn neamhní. Is ionann an brabús barrachais agus an difríocht idir brabús bliantúil agus leath an ioncaim bhliantúil. Leagtar amach sampla den bhealach a oibreoidh an socrú roinnte brabúis sa chonradh leis an sealbhóir ceadúnais (féach Fíor 13.5).

1 Glacann seo leis go mairfidh an conradh ar feadh deich mbliana.

2 Faoi théarmaí an chonartha, tá an íocaíocht seo faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil ar aon dul leis an gcomhaontú idir GeoDirectory agus a sealbhóir ceadúnais.

Fíor 13.5 Socrú roinnte brabúis – samplach léiritheach

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
	€m	€m	€m
Ioncam bliantúil	5	13	10
Costas bliantúil	8	4	4
Brabús/(caillteanas) bliantúil	(3)	9	6
Brabús/(caillteanas) carnach	(3)	6	12
Brabús barrachais	–	2.5	1
Sciar na Roinne den bhrabús	–	1.25	0.5
Sciar an tSealbhóra Ceadúnais den bhrabús	–	7.75	5.5

Foinse: Conradh an tSealbhóra Ceadúnais

13.44 I ndiaidh gur síníodh an conradh, rinneadh comhaontú ar thrí iarratas ar athrú idir an Roinn agus an sealbhóir ceadúnais. Mar thoradh ar na hathruithe seo, tháinig glanmhéadú €686,000 ar chostas an chonartha. Bhain na hathruithe leis an méid a leanas

- Nuashonrú bunachair shonraí phoiblí – bhí an íocaíocht maidir leis an ngarsprioc seo bunaithe ar nuashonrú a dhéanamh ag an sealbhóir ceadúnais ar 60% de 92 milliún taifead, ar a laghad, a mheastar bheith i mbunachair shonraí deich ngníomhaireacht rialtais. Dheimhnigh athbhreithniú ar na bunachair shonraí siúd go raibh líon na dtaifead a bhí le nuashonrú i bhfad ní ba lú ná a measadh. Cé gur cuireadh bunachair shonraí líon gníomhaireachtaí breise rialtais leis, tháinig glanlaghdú 12 mhilliún ar an líon iomlán taifead a bhí le nuashonrú. B'ionann an ghlanchoigilt agus €146,000. I gcomhar leis an athrú a tháinig ar an líon seoltaí, rinneadh leasú ar an leibhéal gaolmhar seirbhíse chomh maith agus ceanglaíodh go ndearnadh 92% de na taifid a raibh seoladh uathúil agus meaitseáil dhíreach acu le Eircode a nuashonrú le eircode.
- Feachtas for-rochtana – feachtas atá ann seo chun cabhrú leo siúd a measadh atá leochaileach agus deacair le haimsiú, a bhféadfadh an feachtas margaíochta agus cumarsáide iad a sheachaint, nó iad siúd a bhfuil mearbhall nó imní orthu faoi phostchóid a thabhairt isteach. Ar iarraidh na Roinne, d'ullmhaigh an sealbhóir cuntais togra d'fheachtas for-rochtana. Ba é an togra ná go dtabharfadh an eagraíocht charthanais, The Wheel, faoin bhfeachtas.¹ Níor chuir an sealbhóir cuntais an feachtas seo amach ar tairiscint. Rinneadh comhaontú go gcosnódh sé €492,000 ar an Roinn.
- Athrú ar an dáta seolta – rinneadh comhaontú leis an sealbhóir ceadúnais ar dháta táscach seolta, deireadh mhí na Bealtaine 2015. Mar gheall ar mhoilleanna a bhain go príomha le reachtaíocht um chosaint sonraí a thabhairt isteach, rinneadh comhaontú ar dháta leasaithe an 6 Iúil 2015. Athraíodh an dáta seo, ina dhiaidh sin, chuig an 13 Iúil 2015. Lorg an sealbhóir ceadúnais cúiteamh €1.2 milliún i dtaca le costais bhreise agus le hioncam tarscaoilte ón athrú a rinneadh ar an dáta seolta. Chomhaontaigh an Roinn chun €340,000 a íoc, ina raibh €160,000 mar shocraíocht éileamh an tsealbhóra ceadúnais, €175,000 in íocaíochtaí breise le tríú páirtithe (i dtaca le muirir phostais agus le stóráil – €91,000, agus an feachtas for-rochtana – €84,000) agus €5,000 i dtaca le costais a bhain le cumarsáid.

¹ Déanann The Wheel tacaíocht a thabhairt agus ionadaíocht a dhéanamh don earnáil dheonach agus charthanúil.

Ag Lúnasa 2015, is ionann íocaíochtaí iomlána a rinneadh i dtaca leis an bhfeachtas for-rochtana agus €527,000.

13.45 Léirítear na téarmaí íocaíochta (muirir conartha ina measc) agus na suimeanna a íocadh a fhad le Lúnasa 2015 i bhFíor 13.6.

Fíor 13.6 Íocaíochtaí leis an sealbhóir ceadúnais a fhad le Lúnasa 2015

Garsprioc	Méid an chonartha	An méid a íocadh a fhad le Lúnasa 2015
	€000	€000
Ceadúnú mhaoin intleachtúil an Stáit (gan GeoDirectory) a áireamh	162	159
Críochnú dhearadh mionsonraithe an phostchóid	1,999	1,999
Fíor agus bailíochtú an bhunachair shonraí postchóid	1,221	1,221
Bunachair shonraí na hearnála poiblí a nuashonrú ^a	11,637	11,520
Feachtas meán um thabhairt isteach poiblí		
– ar thosú	181	–
– ar chríochnú	742	–
Scaipeadh um thabhairt isteach poiblí		
– ar thosú	1,216	–
– ar chríochnú	936	–
Íocaíochtaí iomlána garsprice	18,094	14,899
Íocaíochtaí bliantúla		
Muirir Sheirbhíse – €307,500 sa bhliain ar feadh deich mbliana	3,075	–
Rochtain ar GeoDirectory – €1,167,750 sa bhliain ar feadh deich mbliana^b	11,678	–
Íocaíochtaí iomlána bliantúla i gcaitheamh shaolré an chonartha	14,753	–
Íocaíochtaí iomlána	32,847	14,899
Iarratais ar an gconradh a athrú		
Coigilt a baineadh amach mar gheall go raibh ní ba lú taifead ná a raibh súil leis^a	(146)	–
Íocaíocht bhreise le haghaidh clár for-rochtana pobail	492	443
Íocaíocht chúitimh as an moill atá ar phostchóid a sheoladh/a scaipeadh	340	340
Costas reatha an chonartha	33,533	15,682

Foinse: An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha

Nótaí: a Mar thoradh ar athrú ar an gconradh, baineadh coigiltí €146,000 amach, agus laghdaigh sin an costas bunúil €11.637 milliún anuas go dtí €11.491 milliún. Is é an t-iomlán atá íoctha a fhad le Lúnasa 2015 €11.52 milliún.

b Tá an íocaíocht seo faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil.

- 13.46** Tá íocaíocht an mhuirir sheirbhíse bhliantúil iníoctha i riaráistí agus braitheann sé ar fhaomhadh ag an Roinn ar thuarascáil bhliantúil feidhmíochta a léiríonn gur bhain an sealbhóir ceadúnais leibhéil fhorordaithe seirbhíse amach. Anuas air sin, íoctar an íocaíocht bhliantúil a bhaineann le rochtain a fháil ar GeoDirectory i riaráistí, chomh maith, agus braitheann sé go soláthraíonn an sealbhóir ceadúnais cruthúnas go ndearnadh íocaíochta le GeoDirectory don Roinn agus go mbaintear amach gach garspíoc i rith na tréimhse. Amhail dheireadh Lúnasa 2015, níor íocadh aon suimeanna leis an sealbhóir ceadúnais maidir leis na híocaíochtaí bliantúla dá bhforáiltear sa chonradh.

Cás Gnó

- 13.47** Gné ríthábhachtach den chás gnó do thionscadal caipitil atá cistithe go poiblí is ea anailís a dhéanamh ar na roghanna inmharthana chun an tionscadal a sholáthar agus, go háirithe, chun measúnú a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le gach rogha. Tugtar cuntas sa phainéal thíos ar an bpróiseas atá i gceist le hanailís costais is tairbhe a ullmhú, meastacháin ina measc, agus glanluach reatha (GLR) á úsáid. Modheolaíocht chaighdeánach anailíse gnó is ea seo a mbaintear úsáid fairsing aisti i gcinnteoireacht infheistíochta na hearnála poiblí.
- 13.48** Ullmhaíodh anailís costais is tairbhe don tionscadal den chéad uair in 2006. Rinneadh athbhreithniú uirthi seo in 2008 agus arís eile in 2010. Leagtar amach na costais agus na tairbhí a úsáideadh chun GLR a ríomh in Iarscríbhinn A. Tháinig athrú ar an GLR tuartha ó €96 milliún diúltach in 2006 (i.e. glanchostas láithreach) go dtí €20 milliún dearfach in 2010. Úsáideadh costais na hanailíse costais is tairbhe chun tograí a chur i láthair an Rialtais chun faomhadh a fháil chun leanúint ar aghaidh leis an tionscadal. Leagtar amach sonraí achomair ar gach anailís costais is tairbhe amach i bhFíor 13.7.

Anailís Costais is Tairbhe

Teicníc lárnach bhreithmheasa gheilleagraigh atá in anailís costais is tairbhe a d'fhéadfadh bonn áisiúil a sholáthar chun cinntí a dhéanamh. Teastaíonn ó anailís costais is tairbhe go ndéantar tairbhí agus costais bhealaí eile chun tionscadal a bheartaítear a chur i bhfeidhm a shainaithint agus a chainníochtú. Éascaíonn seo roghanna indéanta eile a chur i gcomparáid lena chéile.

Ní mór an t-uainiú a shainaithint i dtaobh cathain a bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar tairbhí agus costais a fhíorú i gcaitheamh shaolré an tionscadail i dtaobh gach rogha eile. Soláthraíonn seo sreafaí airgid do roghanna an tionscadail. Chun 'luach ama' airgid a aithint, cuirtear fachtóir lascaire i bhfeidhm ar gach sreabhadh airgid chun CLR a sholáthar. Is ionann an fachtóir reatha lascaire a úsáidtear do thionscadail na hearnála poiblí agus 5%.

Cuirtear san áireamh sa chinneadh ar indéantacht an tionscadail a bheartaítear cé acu an sáraíonn nó nach sáraíonn suim na dtairbhí lascainithe suim na gcostas lascainithe, i.e. tá GLR aige. Sa chás go sáraíonn na costais lascainithe na sochair lascainithe, tá GLR diúltach, nó glanchostas reatha diúltach ag an tionscadal.

Foinse: Bunaithe ar Chód ar Chaitheamh Poiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Meán Fómhair 2013).

Fíor 13.7 Forbhreathnú ar anailís costais is tairbhe don tionscadal postchóid

Bliain an ACT	GLR ríofa €m	Ráta lascaine a úsáideadh	Saolré an tionscadail	Príomhthoimhdí
2006	(96)	8%	15	Bainfear amach na tairbhí iomlána agus tabhófar costais chothabhála i mbliain 2. Aisghabhfar costais chothabhála an tsealbhóra ceadúnais trí ioncam.
2008	6	8%	15	Tairbhí ar bith i mbliain 1, fabhrófar 25% de na tairbhí i mbliain 2, 50% i mbliain 3, 75% i mbliain 4 agus 100% i mbliain 5. Bainfear tairbhí An Post amach i mbliain 5. Tabhófar costais iomlána chothabhála ó bhliain 2 ar aghaidh. Aisghabhfar costais chothabhála an tsealbhóra ceadúnais trí ioncam.
2010	20	4% 8% ^a	15	Tairbhí ar bith i mbliain 1, 25% i mbliain 2, 50% i mbliain 3, 75% i mbliain 4 agus 100% i mbliain 5 (An Post san áireamh). Tabhófar costais iomlána chothabhála ó bhliain 2 ar aghaidh. Íocfaidh an Stát ranníocaíocht bhliantúil €962,000 i dtreo chostais chothabhála an tsealbhóra ceadúnais agus aisghabhfar iarmhéid na gcostas trí ioncam.

Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a In 2010, b'éagsúil an ráta lascaine a cuireadh i bhfeidhm ar chostais agus tairbhí na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí – úsáideadh 4% don eárnáil phoiblí agus úsáideadh 8% don eárnáil phríobháideach.

13.49 I measc na bpríomhchostas agus na bpríomhthairbhí a bhí mar chúis leis an GLR athbhreithnithe don tionscadal, bhí an méid a leanas

- laghdú tuartha ar chostais um chur i bhfeidhm agus chothabhála An Post ó €45 milliún go dtí €7 milliún, anuas ar mhéadú ar thairbhí do An Post (aníos ó neamhní go dtí €2.3 milliún)
- tháinig méadú ar na costais tuartha um chur i bhfeidhm a bhaineann le seirbhísí aníos ó €2.4 milliún go dtí €6.6 milliún agus tháinig tairbhí airgeadaíochta aníos ó €563,000 go dtí €4 milliún
- tháinig méadú ar íocaíochtaí tuartha leis an sealbhóir ceadúnais chun an tionscadal a chur i bhfeidhm aníos ó €13.1 milliún go dtí €17.5 milliún.

13.50 In 2015, rinneadh anailís costais is tairbhe a chur i dtoll a chéile. Idir 2010 agus 2015, tháinig laghdú ar GLR an tionscadail ó €20 milliún go dtí €16 milliún. Bhraith ríomh 2015 ar roinnt bonnfhigiúirí ó 2006, 2008 agus 2010 agus rinneadh cuid díobh a choigeartú le haghaidh boilsciú.

Costais Thuartha

- 13.51** Theastaigh ón Roinn Airgeadais go gcuirfí scáthchostas cistí poiblí 150% i bhfeidhm ar chistí a bhí foinsithe ón státchiste nuair a tugadh faoi ríomh na hanailíse costais is tairbhe sa bhliain 2010.¹ Cuireadh an t-ardú seo costas i bhfeidhm mar ba cheart ar gach costas a bhain le seirbhísí rialtais agus ar chur i bhfeidhm chostais an tsealbhóra ceadúnais.
- 13.52** Sainaithníodh le linn scrúdú a dhéanamh ar ríomhanna an GLR, áfach, nár cuireadh an t-ardú i bhfeidhm ar na costais bhliantúla chothabhála €962,000 a bhain leis an sealbhóir ceadúnais. Dá gcuirfí an costas seo i bhfeidhm faoi mar a theastaigh, chosnódh GLR an tionscadail thart ar €5 milliún ní ba lú.
- 13.53** Toimhde a bhuntacaigh le hanailís costais is tairbhe 2006 agus 2008 ná go n-aisghabhfaí costais chothabhála an tsealbhóra ceadúnais trí ioncam, agus níor áiríodh na costais seo, dá bharr, i ríomhanna an GLR, ar an ábhar sin. In 2010, cuireadh ranníocaíocht Stáit san áireamh i dtreo costais chothabhála. Cuimsítear i gconradh an tsealbhóra ceadúnais (a síníodh i Nollaig 2013) foráil go n-íocfaidh an Roinn thart ar €1.5 milliún sa bhliain leis an sealbhóir ceadúnais, arbh ionann seo agus €538,000 ní ba mhó ná mar a measadh in 2010.
- 13.54** Luaigh an Roinn, mar chuid den phróiseas idirphlé iomaíoch, léirigh gach tairgeoir an gá atá le ranníocaíocht Stáit i dtreo chostais leanúnacha na n-oibríochtaí mar gheall gur bhain an iomad riosca agus éiginnteacht tráchtála leo. Bhí sé ina chonclúid gur theastaigh an méid ní b'airde chun tacú le hinmharthanacht an phróisis soláthair.
- 13.55** Níor cuireadh na costais dhíreacha soláthair foirne a raibh ar an Roinn íoc astu chun an tionscadal postchóid a fhorbairt – ar measadh gurbh ionann iad agus €2 milliún – agus níor cuireadh costais sainchomhairleora €2.5 milliún san áireamh nuair a bhí measúnú á dhéanamh ar chostais an tionscadail.

Tairbhí Thuartha

- 13.56** In 2008, rinneadh luacháil €9.9 milliún ar na tairbhí bliantúla tuartha a bhain le córas postchóid a thabhairt isteach. Bhain luach €4 milliún le seirbhísí Rialtais de na tairbhí measta siúd, tairbhe measta €3.6 milliún do na Coimisinéirí loncaim san áireamh. Bhain formhór na dtairbhí measta do na Coimisinéirí loncaim le meaitseáil fhéideartha fheabhsaithe sonraí seoltaí, go háirithe i dtaobh foinsí tríú páirtí de shonraí.
- 13.57** Mar chuid den scrúdú seo, sholáthair na Coimisinéirí loncaim nuashonrú maidir leis na tairbhí a raibh súil leo. Tugadh an méid a leanas faoi deara
- bhí an chuid ba mhó de na tairbhí ó mheaitseáil fheabhsaithe sonraí tuairisceán tríú páirtí fíoraithe cheana féin mar gheall ar phróisis fheabhsaithe na gCoimisinéirí loncaim agus ar bhunachar sonraí seoltaí/réadmhaoina a fhorbairt i ndiaidh gur tugadh an Cháin Mhaoina Áitiúil isteach
 - bhí luacháil na dtairbhí in 2008 an-sealadach agus bhí sí bunaithe ar ghlacadh fairsing le postchóid, a ndearnadh talamh slán de, go háirithe i measc soláthraithe tuairisceán tríú páirtí
 - ní thiocfaidh tairbhí chun solais ach nuair a bhaintear pointe claochlaithe amach in úsáid postchód, ar dócha go mbeidh próiseas céimseach i gceist leis.

¹ Cuirtear scáthchostas cistí poiblí i bhfeidhm d'fhonn tionchar saofa an chánachais a chur san áireamh. Tosaíochtaí Infheistíochta Bonneagair 2010-2016, an Roinn Airgeadais.

13.58 Bhain fuílleach na dtairbhí a raibh súil leo le An Post (€2.9 milliún) agus leis an earnáil phríobháideach (€3 milliún).

- Shainaithin An Post na tairbhí in 2007 mar mhéadú a raibh súil leis ar ioncam ó bhorradh a bheith ag teacht ar mhéideanna poist. Bhíothas ag súil leis go dtiocfadh an borradh ar mhéideanna poist cúig bliana i ndiaidh go gcuirfí postchóid i bhfeidhm. Rinne PA Consulting athbhreithniú ar na tairbhí tuartha do An Post anuas go dtí €2.3 milliún in 2010.
- Rinneadh meastacháin ar na tairbhí don earnáil phríobháideach in 2006 agus ní dhearnadh iad a choigeartú ina dhiaidh sin, seachas i dtaca le boilsciú. I gcás seirbhísí poist na hearnála príobháidí, bhain na tairbhí le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht fheabhsaithe an phróisis. I gcás earnálacha eile, bhíothas ag súil leis go dtiocfaidh tairbhí chun solais ó iomaíocht fheabhsaithe sa mhargadh poist.

Modheolaíocht Anailís Costais is Tairbhe a Chur i bhFeidhm

13.59 Áirítear le hanailís costais is tairbhe anailís ar íogaireacht. Tugann seo le fios, dá dtiocfadh méadú 15% ar chostais agus dá dtiocfadh laghdú 15% ar thairbhí, bhainfeadh GLR leis an tionscadal ar éigean a mbeadh sé dearfach.

13.60 Rinne an scrúdú athbhreithniú ar an gcáipéisíocht ábhartha tacaíochta cúltaca i gcás gach cinn de na figiúirí a cuireadh san áireamh san anailís costais is tairbhe. I dtaca le hanailís costais is tairbhe 2010, ní thacaíonn an cháipeisíocht a cuireadh ar fáil lena scrúdú go hiomlán leis na suimeanna tuartha don mhéid a leanas

- Íocaíochtaí leis an sealbhóir ceadúnais
- costais agus tairbhí a bhaineann le seirbhísí rialtais
- costais agus tairbhí a bhaineann le An Post
- costais agus tairbhí a bhaineann leis an earnáil phríobháideach.

I gcásanna áirithe, rinneadh luachanna measta a thar-rolladh ó anailís costais is tairbhe a rinneadh ní ba luaithe, agus rinneadh roinnt coigeartuithe le haghaidh boilsciú nó scáthchostas. Ní raibh tacaíocht leis na figiúirí bunúla i gceist i ngach cás, áfach.

13.61 B'ionann an fachtóir lascaine a úsáideadh in 2006 agus 3% ní ba mhó ná an ráta molta do thionscadail na hearnála poiblí agus in 2008, b'ionann í agus 4% ní ba mhó. Luaigh an Roinn gur laghdaigh an ráta ní b'airde an GLR agus measadh gur stuama dó seo agus aird ar chineál úrnua an tionscadail.

13.62 Cé gurb é cuspóir anailís costais is tairbhe chun roghanna difrithe a fhiosrú, ní raibh aon chinn den anailís costais is tairbhe bunaithe ar an gcóras seoladhshonrach a cuireadh i bhfeidhm. Ina ionad sin, déanann gach anailís scrúdú ar chostais agus tairbhí shamhail 'na hearnála poist'. Luadh sa tuarascáil ar anailís costais is tairbhe 2010, áfach, go gcosnódh samhail sheoladhshonrach beagán ní ba lú lena cur i bhfeidhm ná samhail 'na hearnála poist' (thart ar €100,000).

Saincheisteanna Soláthair

13.63 Cheangail an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011 faomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil sula n-iontrálfaí an conradh leis an sealbhóir ceadúnais. Rinneadh an faomhadh, a soláthraíodh ar an dáta céanna a síníodh an conradh, ar an mbonn gur tugadh faoin bpróiseas soláthair i gcomhréir le riachtanais soláthair phoiblí, gur bhain an conradh luach ar airgead amach, go n-íocfaí as na costais laistigh de Vóta na Roinne agus gur comhlíonadh gach ceanglas reachtaíochta.

13.64 Sainaithníodh sa scrúdú líon saincheisteanna i dtaca le cuid de na soláthairtí a bhain leis an tionscadal.

Sealbhóir Ceadúnais

13.65 Áiríodh le soláthar an tsealbhóra ceadúnais próiseas soláthair a bhí bunaithe ar chaidreamh, ina raibh cleachtadh ina rachfaí i ngleic leis an margadh chun an méid a leanas a dhéanamh

- samhlacha féideartha postchóid a shainaithint a raibh dlúthbhaint acu le seoladh
- soláthraithe ionchasacha a shainaithint
- idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal páirtithe leasmhara níos fairsinge.

13.66 Cuireadh tús leis an bpróiseas in Eanáir 2011 tar éis gur foilsíodh ceistneoir réamhcháilithe tairisceana. Cuimsíodh amlíne tháscach ann seo don phróiseas soláthair agus sonraíodh an dáta Meán Fómhair 2011 chun tús a chur leis an gconradh. Fuarthas cúig fhreagairt don cheistneoir réamhcháilithe, agus measadh gur chomhlíon triúr iarrthóirí na critéir cháilithe. Eisíodh cuireadh chun páirt a ghlacadh sa phlé agus eisíodh cuireadh, ina dhiaidh sin, chun tairiscint deiridh a sheoladh ar aghaidh, don triúr iarrthóirí. Níor sheol ach beirt iarrthóirí tairiscint deiridh ar aghaidh.

13.67 Ghlac an próiseas soláthair i bhfad ní b'fhaide ná mar a raibh súil leis. Mheas an ceistneoir réamhcháilithe go nglacfaidh an próiseas soláthair thart ar ocht mí. Níor síníodh an conradh ach go dtí Nollaig 2013 – 35 mí i ndiaidh gur cuireadh tús leis an bpróiseas, agus b'ionann seo agus ceithre huaire an fhaid a measadh.

Gearán maidir le Próiseas Soláthair an tSealbhóra Ceadúnais

13.68 I bhFeabhra 2011, go gairid i ndiaidh gur cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair, thug cuideachta buarthaí chun solais leis an Roinn faoin bpróiseas agus d'iarr siad go gcuirfí deireadh leis. I mBealtaine 2012, chuir an chuideachta gearán faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh (CE). Chuir an CE na húdaráis Éireannacha ar an eolas ar an ngearán i Lúnasa 2012 inar leagadh amach a mbreathnóireacht ar na saincheisteanna a tugadh chun solais, agus d'iarr siad ar bhreis faisnéise. Dhírigh an fógra ar thrí shaincheist

- an t-iarratas ar ráitis iniúchta airgeadais na máthairchuideachta deiridh do na trí bliana roimhe sin, más fochuideachta d'fhiontar eile a bhí sa chuideachta
- láimhdeachas íosta riachtanach €40 milliún do gach comhalta de chuibhreannas tairgthe
- coimhlint fhéideartha leasa ina mbeadh baint ag comhaltaí Bhord an Tionscadail, a raibh réamhcháiliú á lorg ag a gcuideachtaí.

13.69 D'fhreagair an Roinn don CE i nDeireadh Fómhair 2012 agus i bhFeabhra 2013. I Samhain 2013, dhúin an CE an cás. Agus amhlaidh á dhéanamh, leag siad a seasamh amach, chomh maith, maidir leis na ceisteanna a leanas.

- Níorbh fhéidir leis an CE a dheimhniú cé acu an raibh nó nach raibh sé díréireach chun glacadh le táirgeoirí a líomhnaítear a bhain buntáiste iomaíoch amach mar gheall gur ghlac a bhfostaithe páirt i mBord an Tionscadail ag céim ní ba luaithe.
- Mheas an CE gur dhealraitheach gur chuir soláthar na Roinne i dtaca le láimhdeachas íosta riachtanach (€40 milliún do gach comhalta de chuibhreannas) srian ar chumas comhaltaí cuibhreannais ó bhrath ar chumas comhaltaí eile, ar cumas é seo a cheadaítear go sonrach faoi Airteagal 47(3) de Threoir 2004/18/CE.¹ Iarradh ar na húdaráis Éireannacha chun glacadh le bearta chun a mhacasamhail d'earráidí a sheachaint amach anseo agus chun an CE a chur ar an eolas ar na bearta siúd.

13.70 I nDeireadh Fómhair 2014, chuir an Roinn an CE ar an eolas ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun déileáil le tairseacha láimhdeachais íosta. Luadh go raibh na bearta i bhfoirm chiorcláin a d'eisigh an Roinn Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe – Ciorclán 10/2014 maidir le Tionscnaimh chun cabhrú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) chun tabhairt faoi Sholáthar Poiblí. In Aibreán 2015, chuir an CE an Roinn ar an eolas nár mheas siad go ndeachaigh an ciorclán i ngleic leis na buarthaí a tugadh chun solais.

13.71 I Meitheamh 2015, sholáthair an Oifig um Sholáthar Rialtais ábhar d'fhreagairt bhreise don CE a thug le fios go bhfuil na húdaráis Éireannacha ag spreagadh agus ag cabhrú go gníomhach le FBManna chun páirt a ghlacadh in iomaíocht tairisceana. Mínítear sa fhreagairt na ciorcláin, socruithe riaracháin agus na seirbhísí éagsúla comhairleacha atá i bhfeidhm chun seo a dhéanamh. Anuas air sin, luaitear go n-áirítear leis an gcuibhreannas ar bronnadh an conradh orthu FBM.²

Comhairleoirí Tionscadail a Sholáthar

13.72 Ó 2006 i leith, fostaíodh PA Consulting faoi cheithre chonradh, ar a bhfuil luach iomlán measta €1.5 milliún, as a n-eascraíonn a mbaint éifeachtach leanúnach sa tionscadal. Tugadh na saincheisteanna a leanas faoi deara sa scrúdú i dtaca le bronnadh dhá cheann de na conarthaí sin ag an Roinn.

- Bronnadh conradh in 2008 ar a raibh luach €54,000 gan próiseas iomaíoch. Measann an Roinn go raibh ar a gcumas acu, mar gheall ar an gcur amach a bhí ag PA Consulting leis an tionscadal i ngeall ar an mbaint a bhí acu ní ba luaithe leis, chun fad an chonartha seo a íoslaghdú agus go mbainfí coigiltí costais amach dá bharr.
- Fuarthas ceithre thairiscint go luath in 2014 chun comhairle theicniúil agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar. Bhí sé ina choinníoll san iarratas ar thairiscintí go ndéanfaí íocaíocht bunaithe ar na garspriocanna a baineadh amach. Bronnadh an conradh ar PA Consulting, ar an mbonn go ndéanfaí an íocaíocht tar éis sonraisc mhíosúla a fháil don tacaíocht a soláthraíodh an mhí roimhe sin, seachas ar bhonn na ngarspriocanna, faoi mar a theastaíonn san iarratas ar thairiscintí. Measann an Roinn gurb ionann a bheidh na híocaíochtaí iomlána faoin gconradh seo agus €399,000.

¹ Déileálann an treoir seo leis na nósanna imeachta bronnata le haghaidh conarthaí poiblí.

² Bronnadh an ceadúnas ar Capita, a rinne gnéithe na hoibre a ligeann ar fochonradh do líon cuideachtaí.

Sainchomhairleoirí Eile a Fostaíodh gan Próiseas Iomaíoch

- 13.73** Iontráladh i líon conarthaí le seisear sainchomhairleoirí eile gan próiseas iomaíoch a úsáid. Is ionann an méid iomlán a íocadh a fhad le Lúnasa 2015 agus €423,520.

Sainchomhairleoir A

- 13.74** Fostaíodh Sainchomhairleoir A – fostaí sa tseirbhís phoiblí atá ar scor – faoi cheithre chonradh. Cé gur soláthraíodh an chéad chonradh chun síneadh a chur leis an gconradh ar na téarmaí céanna, rinneadh comhaontú ar mhéadú dhá thrian a chur ar an ráta laethúil atá iníoctha le haghaidh conarthaí ina dhiaidh sin. Conarthaí ceann i ndiaidh a chéile a bhí sna trí shíneadh. Leagtar amach achoimre ar na ceithre chonradh i bhFíor 13.8.

Fíor 13.8 Achoimre ar chonartha a bronnadh ar shainchomhairleoir A

Dáta an chonartha	Téarmaí an chonartha	Ráta laethúil	Méid an chonartha	Íoctha go dtí seo
Deireadh Fómhair 2013 ^a	40 lá	€362	€14,500	€19,000
Feabhra 2014 ^a	3 lá sa tseachtain ar feadh 6 mhí	€604	€43,500	€41,000
Meán Fómhair 2014 ^b	3 lá sa tseachtain ar feadh 4 mhí	€604	€29,000	€28,000
Eanáir 2015 ^b	3 lá sa tseachtain ar feadh 7 mí	€604	€52,000	€49,000
			€139,000	€137,000

Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Conarthaí chun seirbhísí tacaíochta bainistíochta tionscadail a sholáthar.

b Conarthaí chun obair scaipthe, mhargaíochta agus chumarsáide a dhéanamh.

Sainchomhairleoir B

- 13.75** Fostaíodh Sainchomhairleoir B – státseirbhíseach ar scor – i Samhain 2013 chun seirbhísí tacaíochta bainistíochta tionscadail a sholáthar. Comhaontaíodh ar ráta laethúil €800 do 1.5 lá sa tseachtain a fháil le Meitheamh 2015 – arb ionann seo agus luach iomlán conartha €103,000. Go dtí Lúnasa 2015, íocadh €145,000.

Sainchomhairleoir C

- 13.76** Fostaíodh Sainchomhairleoir C – atá ina státseirbhíseach ar scor, chomh maith – i Márta 2011 mar iniúchóir próisis chun cúig lá oibre a sholáthar i gcaitheamh tréimhse sé mhí ar ráta laethúil €1,230.¹ B'ionann na híocaíochtaí agus thart ar €6,000. Rinneadh breis oibre a chonrú i Márta 2012 tar éis faomhadh a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do 'tháille uilechuimsitheach' €2,000. B'ionann na híocaíochtaí iomlána, áfach, agus €38,000.

¹ Fostaíodh an t-iniúchóir próisis lena sheiceáil gur cloíodh le nósanna imeachta agus próisis chearta le linn sholáthar an tsealbhóra ceadúnais agus le comhlíonadh cheanglais rialála náisiúnta agus AE a chinntiú.

Sainchomhairleoir D

- 13.77** Rinneadh comhaontú ar chonradh chun measúnú eatramhach tionchair príobháideachta a dhréachtú le Sainchomhairleoir D i Meán Fómhair 2014. B'ionann méid an chonartha agus €24,000, bunaithe ar 15 lá ar ráta laethúil €1,605. Ba é an méid iomlán a íocadh faoin gconradh seo €51,520.
- 13.78** Luaigh an Roinn, anuas air sin, nach ceanglas reachtúil iad measúnuithe tionchair príobháideachta in Éirinn agus, ar an ábhar sin, bhí saineolas teoranta ar fáil chun tabhairt faoin measúnú a theastaigh laistigh d'amfhráma an-ghearr. Bhí Sainchomhairleoir D ar fáil chun tabhairt faoin obair seo agus bhí a mhacasamhail d'obair déanta acu don Choimisiún um Rialáil Fuinnimh. Theastaigh obair bhreise anuas air sin a raibh coinne leis i dtosach.

Sainchomhairleoir E

- 13.79** Bhí Sainchomhairleoir E fostaithe i Lúnasa 2014 chun seirbhísí comhairleacha dlí a sholáthar agus chun leasuithe reachtaíochta a dhréachtú chun cur i bhfeidhm an chórais phostchóid a chur i bhfeidhm. Rinne an conradh soláthar d'íocaíocht uasta €30,750. Fuair Sainchomhairleoir E €46,000 don obair a soláthraíodh faoin gconradh seo.
- 13.80** Thug an Roinn le fios go raibh baint ag Sainchomhairleoir E chun an conradh postchóid a dhréachtú agus, ar an ábhar sin, bhí eolas domhain acu ar an tionscadal. Chomh maith leis sin, bhí Sainchomhairleoir E ar fáil chun tús a chur leis an obair tar éis fógra gearr a fháil agus nuair a chuirtear san áireamh an ardchéim a bhí bainte amach ag an tionscadal, ní raibh dóthain ama ann chun an tseirbhís a chur amach ar tairiscint.

Sainchomhairleoir F

- 13.81** Bhí Sainchomhairleoir F fostaithe ag Ervia mar chonraitheoir seirbhíse i Lúnasa 2012. Thosaigh sé ag oibriú leis an Roinn ar an tionscadal postchóid i bhFeabhra 2014. Dréachtaíodh litir fostaíochta agus comhaontú idir Ervia agus an Roinn, ach go dtí seo, níl an litir sin tugtha chun críche. Luaigh an Roinn gur sheol Ervia sonrasc do shuim €115,000 ar aghaidh d'obair a chríochnaigh an sainchomhairleoir i gcaitheamh na tréimhse ó Mheitheamh go Nollaig 2014, ach níor íocadh an sonrasc go fóill. Measann an Roinn gurb ionann costas an tsainchomhairleora agus thart ar €200,000.

Soláthar Neamhiomaíoch a Thuairisciú

- 13.82** Ceanglaítear ar ranna rialtais ráiteas bliantúil conarthaí a ullmhú a bhronntar gan próiseas iomaíoch sa chás gur sháraigh luach an chonartha €25,000 (gan CBL a áireamh). Tá an ráiteas le seoladh ar aghaidh chuig Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chomhlíon seacht gcinn de na conarthaí sainchomhairleoireachta na critéir atá le cur san áireamh i ráitis na Roinne don bhliain 2008, 2013 agus 2014, ach níor cuireadh san áireamh ach dhá cheann de na conarthaí.

Conclúidí agus Moltaí

- 13.83** Bhí moilleanna suntasacha ar an tionscadal postchóid ó beartaíodh i dtosach é. In 2006, measadh go mbeadh na postchóid i bhfeidhm faoi 2008. Nuair a thug an Rialtas a bhfaomhadh chun leanúint ar aghaidh chun sealbhóir ceadúnais a sholáthar i Nollaig 2010, bhíothas ag súil leis go mbeadh na postchóid i bhfeidhm faoi lár 2012. Cuireadh tús le scaipeadh na bpostchód in Iúil 2015.
- 13.84** Sainaithníodh rioscaí i leith an tionscadail ag luathchéim, agus tugadh rochtain ar GeoDirectory agus comhlíonadh na gceanglas um chosaint sonraí faoi deara in 2006. In ainneoin na rioscaí aitheanta seo, níor dhéileáil an Roinn leo ar bhealach tráthúil. Níor réitíodh saincheistanna a bhain le GeoDirectory go dtí Feabhra 2015 agus níor aachtaíodh an reachtaíocht um chosaint sonraí ach go dtí Iúil 2015.
- 13.85** Bhí socruithe an rialtais don tionscadal postchóid i bhfeidhm ó 2005 ar aghaidh, agus rinneadh athruithe ar na socruithe siúd i gcaitheamh ama. Ghlac sé go leor ama ar an Roinn chun grúpa stiúrtha an tionscadail a bhunú. Nuair a bunaíodh é in 2010, ó bhonn caol a bhí an chomhaltacht tosaigh. Rinne an grúpa maoirseacht ar an tionscadal go dtí Meán Fómhair 2013. Ní raibh aon ghrúpa stiúrtha i bhfeidhm ar feadh tréimhse cúig mhí go dtí gur bunaíodh grúpa stiúrtha nua i bhFeabhra 2014. Bunaíodh bord cláir ar a raibh ionadaithe ón Roinn agus an sealbhóir ceadúnais i ndiaidh gur ceapadh an sealbhóir ceadúnais.

Moladh 13.1

Ba cheart don Roinn a chinntiú go bhfuil struchtúir leordhóthanacha rialachais ag a bhfuil comhaltacht atá fairsing a dhóthain, páirtithe saechtracha na hearnála poiblí agus príobháidí ina measc, i bhfeidhm do gach tionscadal amach anseo. Ba cheart na struchtúir sin a bhunú go luath sa tionscadal agus ba cheart dóibh leanúint ar aghaidh agus níor cheart cur isteach orthu a fhad le deireadh an tionscadail.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear. Tugann an Roinn tús áite do shocruithe daingne rialachais a chur i bhfeidhm maidir le gach tionscadal mór. Anuas ar na socruithe rialachais a leagtar amach sa tuarascáil seo, glacadh le cur chuige foirmiúil bainistíochta chun an tionscadal a chur i bhfeidhm ina ndéantar na garspriocanna, spriocanna inghnóthaithe, costais, acmhainní agus saincheistanna/rioscaí go léir a rianú agus a bhainistiú.

- 13.86** Ar aon dul leis na moilleanna, tá méadú suntasach tagtha ar chostais i gcoibhneas leis na meastacháin ar a mbunaítear na cinntí. In 2009, b'ionann costas measta an tionscadail a cuireadh in iúl don Rialtas agus €18 milliún i gcaitheamh 18 mí. Bhí an costas measta bunaithe ar na híocaíochtaí tuartha a dhéanfaí leis an sealbhóir ceadúnais. Níor cuireadh san áireamh costas acmhainní foirne na Roinne ná costas sainchomhairleoirí. Meastar gurb ionann iad seo agus thart ar €4.5 milliún.
- 13.87** Tháinig méadú aníos go dtí €31 milliún ar chostas measta an tionscadail a cuireadh in iúl don Rialtas in 2013, i gcaitheamh tréimhse cheadúnais deich mbliana. Bunaithe ar athbhreithniú ar na costais go dtí seo agus ar na dualgais nár comhlíonadh go dtí seo ar chonarthaí reatha, meastar gurb ionann an costas agus thart ar €38 milliún. Áirítear leis seo costas €686,000 a bhaineann le hathruithe a dhéanamh ar chonradh an tsealbhóra ceadúnais sula sínítear an conradh.

Moladh 13.2

Nuair a chuirtear tograí le haghaidh tionscadal faoi bhráid an Rialtais, ba cheart don Roinn gach costas, idir costais iarbhír agus mheasta, a bhaineann leis an tionscadal a chur in iúl don Roinn.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear. Cuireann an Roinn anois gach costas mór san áireamh, sa chás gur féidir iad seo a mheas, nuair a lorgaítear faomhadh an Rialtais do thionscadal. Aithnítear nár aithníodh san fhaisnéis a cuireadh faoi bhráid an rialtais costais fhoireann na roinne, seachas a lua go n-íocfaí astu laistigh d'acmhainní reatha foirne na Roinne.

- 13.88** In 2007, rinne an Rialtas an cinneadh gan an tionscadal a fhaomhadh mar gheall nár shainaithin an anailís na tairbhí a bhí ag eascairt as an tionscadal ar mhó iad ná na costais mheasta. Mheas anailís bhreise in 2008 agus 2010 go mbainfeadh an tionscadal glantairbhí €6 milliún agus €20 milliún (GLR), faoi seach. Sainaithníodh roinnt easnamh leis an anailís sin, áfach
- bhí an anailís bunaithe ar shamhail 'na hearnála poist' seachas ar an tsamhail sheoladhshonrach a forbraíodh ar deireadh
 - níor cuireadh costais acmhainní na Roinne ná costais na sainchomhairleoirí san áireamh
 - ní raibh an fachtóir lascaire a úsáideadh in 2006 agus 2008 ar aon dul leis an bhfachtóir a mhol an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do thionscadail na hearnála poiblí
 - níor cuireadh scáthchostas cistí poiblí i bhfeidhm ar chostais chothabhála a chistigh an Stát a cuireadh san áireamh in anailís 2010, i gcodarsnacht leis na treoirlínte breithmheasa chaipitiúil
 - ní raibh dóthain cáipéisíochta ann chun tacú go hiomlán leis an iomaí toimhde a úsáideadh sna tuartha.
- 13.89** Ní raibh sé soiléir go mbainfear amach tairbhí a bheidh ar an luach tuartha mar thoradh ar Eircode a chur i bhfeidhm. Bhí coinne leis go mbeadh meaitseáil fheabhsaithe sonraí ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an bpríomhthairbhe don earnáil poiblí. Thug an Coimisinéirí Ioncaim le fios gur baineadh an tairbhe seo amach den chuid ba mhó trí fhorbairtí eile a bhaineann le seoladh, ar nós an chláir Cháin Mhaoine Áitiúil agus próisis fheabhsaithe meaitseála sonraí.

Moladh 13.3

Sa chás go ndéantar athrú ábhartha ar thionscadal, ba cheart tabhairt faoi anailís leasaithe costais is tairbhe go mear le hindéantacht leanúnach an tionscadail a dheimhniú. Sa chás go dtiteann moilleanna ábhartha tionscadail amach, ba cheart an anailís a nuashonrú chun forbairtí ábhartha a chur i gcountas.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear. Leanann an Roinn lena gcur chuige a chuíchóiriú maidir le hanailís costais is tairbhe. Mar shampla, maidir leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, ullmhaíodh an anailís costais is tairbhe i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus déantar í a nuashonrú go rialta chun athruithe ábhartha a chorprú i ndearadh agus i gcoinníollacha margaidh an tionscadail. Anuas air sin, déantar tuartha costais a leasú sa chás

go dteastaíonn chun torthaí a léiriú ó anailís samhaltaithe airgeadais agus theicniúil an tionscadail.

Moladh 13.4

Ba cheart don Roinn a chinntiú, sa chás go dtugtar faoi anailís costais is tairbhe do thionscadal, go gcuirtear gach costas ar féidir iad a shannadh agus a shannfar don tionscadal san áireamh san anailís a sholáthraíonn glanluach iomlán agus cruinn reatha don tionscadal leis sin. Chomh maith leis sin, tá sé ríthábhachtach gur féidir gach costas agus tairbhe a úsáidtear a mhíniú agus údar a thabhairt leo i dteannta an ábhair leordhóthanaigh thacaíochta. Ba cheart go mbeadh an fachtóir lascaine a úsáideadh agus an scáthchostas a cuireadh i bhfeidhm ar aon dul leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear. Cloífidh an Roinn le treoirlínte infheidhme na hearnála poiblí agus cuirfidh siad gach costas ábhartha san áireamh in anailís costais is tairbhe a dhéanfar amach anseo. Maidir leis na saincheisteanna sonracha a tugadh chun solais

- measadh go raibh na costais bhreise a bhí ar shamhail sheoladhshonrach imeallach agus nár imir siad tionchar suntasach ar an anailís
- bheadh glanluach reatha dearfach ar an tionscadal, fós féin, dá gcuirfí costais sainchomhairleoirí agus foirne san áireamh
- nuair a chuirtear próifíl na gcostas agus na dtairbhí san áireamh, laghdaigh ráta níos airde lascaine an glanluach reatha agus measadh go raibh sé coimeádach.

13.90 Bhí roinnt gnéithe den soláthar a bhain leis an tionscadal míshásúil, ina measc

- buarthaí an AE maidir leis na critéir cháilitheacha i dtairiscint an tsealbhóra ceadúnais
- imeacht ó na téarmaí de chuid iarratais ar thairiscint i gconradh a bronnadh ar PA Consulting in 2014
- patrún de thairiscintí neamhiomaíocha le haghaidh sainchomhairleoirí a bhí fostaithe ar an tionscadal.

Moladh 13.5

Ba cheart don Roinn a chinntiú go bhfuil gach próiseas soláthair cothrom, trédhearcach agus ar aon dul le treoirlínte náisiúnta agus AE. Ba cheart don Roinn a mheabhrú don fhoireann go léir an tábhacht a bhaineann le cloí le nósanna imeachta iomaíocha soláthair agus a chinntiú go bhfuil an fhoireann ar an eolas ar gach ciorclán agus treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus, go háirithe, le soláthar neamhiomaíoch.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear. Bhunaigh an Roinn Aonad Soláthair tiomnaithe ina Rannóg Airgeadais a chabhraíonn le pleanáil agus seachadhadh an tsoláthair. Déanann an t-aonad teagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus cinntíonn siad go gcuirtear creatchonarthaí atá ar fud na hearnála poiblí ar fáil don fhoireann nuair atá siad ar fáil. Coimeádann an t-aonad clár conarthaí do chonarthaí os cionn €25,000 a chuireann príomhshonraí i dtaifead, ina measc, cibé acu ar úsáideadh nó nár úsáideadh próiseas iomaíoch agus cuireann siad comhairle ar Rannóga aonair maidir le sonraíocht tairisceana, dearadh conarthaí, creatchonarthaí a úsáid, etc.

Ag tosú i Meán Fómhair 2015, ní mór sonraí faoi gach soláthar a bheartaítear a chur faoi bhráid an aonaid soláthair sula gcuirtear tús leis an bpróiseas. Cinnteoidh seo go seachnófar soláthar neamhiomaíoch más féidir in aon chor. Sa chás go meastar gur riachtanach agus nach féidir é a sheachaint, cuirfear sonraí san áireamh faoin soláthar sin i dtuairisceán bhlaintúil na Roinne i dtaca le ciorclán 40/2002 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Coimeádtar gach reachtaíocht, treoirlíne, treoirlíne chonartha agus gach teimpléad ar inlíon na Roinne. Reáchtálann an Roinn cúrsaí oiliúna soláthair lena chinntiú go mbíonn an fhoireann go hiomlán feasach ar na rialacha soláthair agus an deachleachtas sa limistéar. I gcás tionscadail mhórscála, coimeádtar saineolas seachtrach soláthair sa chás gur riachtanach. I dtaobh an tionscadail phostchóid, ceapadh iniúchóir seachtrach próisis chun maoirseacht agus chun bailíochtú a dhéanamh ar phróiseas soláthair an tsealbhóra ceadúnais.

Iarscríbhinn A

Tábla A1 Costais agus tairbhí de réir catagóire i ríomh GLR 2006

Catagóir	Costais um	Costais	Tairbhí
	chur i bhfeidhm	chothabhála	
	(aonuaire)	(bliantúil)	(bliantúil)
	€000	€000	€000
Sealbhóir ceadúnais	13,106	–	–
Seirbhísí rialtais	2,430	32	563
An Post	37,514	7,620	–
An earnáil phríobháideach	6,110	296	2,833
Iomlán	59,160	7,948	3,396

Foinse: An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

Tábla A2 Costais agus tairbhí de réir catagóire a cuireadh san áireamh i ríomh GLR 2008

Catagóir	Costais um	Costais	Tairbhí
	chur i bhfeidhm	chothabhála	
	(aonuaire)	(bliantúil)	(bliantúil)
	€000	€000	€000
Sealbhóir ceadúnais	14,322	–	–
Seirbhísí rialtais	4,393	21	3,961
An Post	27,477	424	2,864
An earnáil phríobháideach	6,676	322	3,095
Iomlán	52,868	767	9,920

Foinse: An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

Tábla A3 Costais agus tairbhí de réir catagóire a cuireadh san áireamh i ríomh GLR 2010

Catagóir	Costais um	Costais	Tairbhí
	chur i bhfeidhm	chothabhála	
	(aonuaire)	(bliantúil)	(bliantúil)
	€000	€000	€000
Sealbhóir ceadúnais	17,504	962	–
Seirbhísí rialtais	6,587	31	3,961
An Post	6,497	329	2,300
An earnáil phríobháideach	6,673	322	3,095
Iomlán	37,261	1,644	9,356

Foinse: An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

14 Blianachtaí Talún a Bhailiú

- 14.1** Ó thráth déanach sa naoú haois déag a thagann blianachtaí ceannaigh talún agus ceapadh iad chun aisíocaíocht iasachtaí a éascú i measc feirmeoirí a ndearna Iar-Choimisiún na Talún iad a réamhíoc leo chun talamh a cheannach faoi na hAchtanna Talún. Riarann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (an Roinn) an córas chun blianachtaí a bhailiú.
- 14.2** B'ionann luach caipitiúil na mblianachtaí talún a bhí le fuascailt go fóill ag deireadh Mheitheamh 2015 agus beagán faoi bhun €3 milliún agus bhí 344 blianachtóir fós ann ag an dáta sin. Tá an bhlianacht dheireanach le héag in 2052.
- 14.3** Ullmhaíonn an Roinn cuntais bhliantúla Choimisiún na Talún. Ina measc seo, tá an méid a leanas
- an Cuntas Ginearálta Ceannaigh Talún ina gcuirtear i dtaifead fáltais bhlianachta ceannaigh talún, agus
 - an Cuntas Creidmheasanna agus Eastát ar Leith ina gcuirtear cistí i gcuntas atá á gcoimeád chun ceannach tailte ag Coimisiún na Talún a chríochnú sa chás nárbh fhéidir a dheimhniú go fóill go raibh teideal soiléir ag an díoltóir/na díoltóirí don talamh. Is ionann an t-iarbhéid ar an gcuntas agus an praghas ceannaigh go léir nó cuid de, móide aon ús carnach.

Blianachtaí Talún a Bhailiú

- 14.4** Foráiltear san Acht Talún, 2005 chun suimeanna a dhíscríobh a bhí neamheacnamaíoch lena mbailiú; tráthchodanna leathbhliantúla €100 nó ní ba lú a bhí iontu seo. Laghdaigh seo an líon blianachtóirí anuas ó 4,500 go dtí 2,300. Tugadh tairiscint do na blianachtóirí eile chun a bpraghas fuascailte a lascainiú ('ceannach amach') faoi 25% a fhad agus a glanadh na riaráistí go léir, agus ghlac 1,650 de na blianachtóirí leis an tairiscint seo.
- 14.5** B'ionann an bhlianacht iomlán chomhiomlánaithe a gearradh ar úinéirí talún agus thart ar €337,000 in 2014. Tá an figiúr seo ag dul i laghad gach bliain de réir mar a dhéantar na cuntais a fhuascailt. Leagtar amach i bhFíor 14.1 faisnéis airgeadais ar bhailiú blianachtaí talún le ceithre bliana anuas.

Fíor 14.1 Faisnéis airgeadais faoi bhlianacht talún

	2014	2013	2012	2011
	€000	€000	€000	€000
Muirear blianachta	337	361	371	375
Fáltais bhlianachta	400	520	352	383
Fuascailtí	51	84	722	30
Riaráistí (ag deireadh na bliana)	1,665	1,728	1,886	1,866

Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

14.6 Foráiltear in Acht 2005 an méid a leanas, chomh maith

- Ceadaítear don Roinn deontais atá infoctha leo ag blianachtóir a sheach-chur i leith na muirear blianachta atá dlite. Is é uasmhéid an deontais a cheadaítear lena sheach-chur 50% den deontas atá dlite.
- Ní féidir leis an Údarás Clárúcháin Maoine aon aistriú talún atá faoi réir blianachta a chlárú gan deimhniú a fháil gur íocadh na riaráistí go léir.

14.7 As na riaráistí a bhí ann an 31 Nollaig 2014, bhí thart ar €1.2 milliún dlite ar feadh breis agus sé bliana agus bhí roinnt riaráistí le hóc ar feadh breis agus 20 bliain. Ní fhoráiltear san Acht d'ús pionóis a ghearradh ar riaráistí. B'ionann na riaráistí ba mhó a bhí dlite ag na 40 féichiúnaí ba mhó an 31 Nollaig 2014 agus €0.9 milliún (2013: € 1 milliún) agus b'ionann seo agus 57% (2013: 58%) den fhiachas a bhí le hóc go fóill.

14.8 Ghlac an Roinn le líon beart chun feabhas a chur ar bhailiú riaráistí.

- Eisítear éilimh ar íocaíocht ina léirítear staid íocaíochta chothrom le dáta an bhlianachtóra do bhlianachtóirí gach sé mhí. Anuas air sin, eisíonn an Roinn litreacha leis an éileamh ar íocaíocht do gach blianachtóir arb ionann a riaráistí agus os cionn €4,500. In 2014, d'eisigh an Roinn de bhreis ar 130 de na litreacha siúd.
- Cuireadh na coigiltí féideartha a d'fhéadfaí a bhaint in iúl do na blianachtóirí dá ndéanfaidís na blianachtaí a fhuascailt go luath – fuasclaíodh 18 gcuntas go hiomlán in 2014 arb ionann iad agus €50,561 (2013: €84,828).
- Fuasclaíodh €193,036, ar an iomlán (48% de na fáltas a fuarthas sa bhliain) trí sheach-chur in 2014 i gcomhréir leis an Acht Talún, 2005. B'ionann an seach-chur in 2013 agus €203,000.

Dul chun Cinn chun Teideal a Dheimhniú i leith Talún ar Glacadh Seilbh uirthi

14.9 Léirítear sa chuntas iniúchta don bhliain 2014 iarmhéid carnach €8,862,224 sa Chuntas Creidmheasanna agus Eastát ar Leith ag deireadh na bliana.

14.10 Scaoileadh níos lú ná €28,000 ón gcuntas le deich mbliana anuas, sa chás gur deimhníodh teideal (féach Fíor 14.2).

Fíor 14.2 Luach na n-eastát a díscaoileadh

Bliain	€000
2014	4.7
2013	–
2012	0.4
Ó 2009 go 2011	–
2008	22.6
Ó 2005 go 2007	–

Foinse: Cuntais bhliantúla iniúchta Choimisiún na Talún

Costais Riaracháin

- 14.11** Íocann Vóta na Roinne as costas chlár Choimisiún na Talún. Mheas an Roinn gurbh ionann an costas a bhí ar an gclár a riaradh agus thart ar €172,000 in 2014. I measc na gcostas seo, tá tuarastail, aoisliúntas, ÁSPC agus forchostais. Measadh gurbh ionann an costas in 2013 agus €328,000. Mhínigh an Roinn gurbh i ngeall ar ghanntanais foirne as a n-eascaíonn go bhfághtar poist gan líonadh a bhí an laghdú idir 2013 agus 2014 le sonrú. Is ionann an costas a bhí ar na blianachtaí talún a riaradh in 2014 agus os cionn 38% de na suimeanna a bailíodh i gcaitheamh na bliana.

Conclúid

- 14.12** Ba cheart formhór riaráistí na mblianachtaí talún a bhailiú, mura mbailítear iad go léir, trí úsáid cheart a bhaint as na forálacha san Acht a cheanglaíonn ar gach riaráiste blianacht talún a íoc sular féidir aistriú an teidil a chlárú. D'fhéadfadh an bailiú go leor blianta a ghlacadh, áfach, agus leanann an Roinn le hardchostais riaracháin a thabhu maidir le suimeanna gan íoc a bhailiú.
- 14.13** Dhíscail an Roinn beagán os cionn 0.25% de na hiarmhéideanna a choimeádtar sa Chuntas Creidmheasanna agus Eastát ar Leith le deich mbliana anuas. Nuair a chuirtear an ráta sin san áireamh, ní dóchúil go ndéanfar gach cás a dhíscailleadh.

Moladh 14.1

Ba cheart don Roinn imscrúdú a dhéanamh, ó pheirspictíocht luach ar airgead, ar an gcomhréireacht atá i gceist leis an gcostas atá ar riaráistí blianachta nár íocadh astu go fóill agus ioncam reatha.

Anuas air sin, ba cheart don Roinn breithniú a dhéanamh ar bhearta chun dul i ngleic leis an easpa dul chun cinn agus eastáit á ndíscailleadh, cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí meicníocht costéifeachtúil a thabhairt isteach chun díscailleadh na dteideal atá fanta a chríochnú agus cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí na cistí a thabhairt suas don Státchiste.


Freagairt an Oifigigh Chuntasáochta

Comhaontaítear. Tá breithniú á dhéanamh faoi láthair ar bhlianachtaí a bhailiú d'fhonn an bealach is oiriúnaí chun cinn a dheimhniú agus cruthóidh na moltaí agus na ráitis a dhéantar maidir le riaráistí cuid den phróiseas seo. Ar an gcuma chéanna, tá breithniú á dhéanamh ar an tsaincheist maidir le díscailleadh na dteideal eile eastáit mar gheall gur dóchúil nach réiteofar ceist an teidil sna cásanna seo. Mar chuid den bhreithniú seo, tá plé á dhéanamh ar thabhairt suas na gcistí i gcuntas Choimisiún na Talún chuig an Státchiste.

15 Cistiú an Chiste Árachais Shóisialaigh

- 15.1** Bunaíodh an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS) faoi fhorálacha an Achta Leasa Shóisialaigh, 1952. Soláthraíonn sé na sochair agus na teidlíochtaí do réimse daoine atá faoi árachas, a chistítear trí ranníocaíochtaí árachais shóisialta phá-choibhneasta (ÁSPC). Sa chás go bhfuil cistí neamhleordhóthanacha ó ranníocaíochtaí, is féidir an t-easnamh a chur ina cheart ó Vóta na Roinne Coimirce Sóisialaí (an Roinn). Leagtar amach anois na príomhfhorálacha reachtaíochta a bhaineann le hoibriú an CÁS san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005.
- 15.2** Faoi théarmaí Acht 2005, coimeádtar acmhainní an CÁS
- i gcuntas reatha, a bhainistíonn an tAire Coimirce Sóisialaí, agus
 - i gcuntas infheistíochta, a bhainistíonn agus a rialaíonn an tAire Airgeadais, a choimeádtar sa Bhanc Ceannais.
- 15.3** Foráiltear in Acht 2005 do ranníocaíochtaí a íoc leis an CÁS isteach sa chuntas infheistíochta nó sa chuntas reatha (féach Fíor 15.1). Anuas air sin, ceanglaíonn sé chun cistí barrachais atá sa chuntas reatha a aistriú isteach sa chuntas infheistíochta, chun ligean d'acmhainní nach dteastaíonn do chaiteachas reatha a infheistiú.

Fíor 15.1 Cistiu an Chiste Árachais Shóisialaigh




Nóta: a Gníomhaíonn cuntas soláthair Vóta an PMG mar chuntas bainc na Roinne. Soláthraíonn an Státhchiste cistiú do chuntas an PMG maidir leis na seirbhísí a leagtar amach i meastachán bliantúil na Roinne.

- 15.4** Íocadh ranníocaíochtaí ÁSPC a bhailigh na Coimisinéirí Ioncam isteach i gcuntas infheistíochta an CÁS a fhad le deireadh 2014. Ón 1 Eanáir 2015, íoctar ranníocaíochtaí ÁSPC go díreach le cuntas reatha an CÁS, ar cuntas bainc thráchtála é a rialaíonn an Roinn. Cuireadh an t-athrú seo i bhfeidhm chun aon mhuirear úis dhiúltaigh a sheachaint a ghearrfadh an Banc Ceannais Eorpach in 2014 ar éarlaisí áirithe a bhí á gcoimeád laistigh de bhainc cheannais.

Fóirdheontais an Stáitchiste

- 15.5** Ón mbliain 2008 i leith, ba dhóthain na ranníocaíochtaí ÁSPC a fuarthas chun íoc as caiteachas an Chiste. Úsáideadh barrachais channacha a bhí á gcoimeád sa chuntas infheistíochta i dtosach chun an t-easnamh a chistiú, ach ón mbliain 2010 i leith, sháraigh an Vóta an t-easnamh trí fhóirdheontas bliantúil.¹

Fíor 15.2 Barrachas/Easnamh an Chiste Árachais Shóisialaigh, ó 2006 go 2014



Foinse: Ráitis Airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh, ó 2006 go 2014

Nóta: Ní chuirtear san áireamh sa bharrachas/easnamh thuas gluaiseacht na n-iarmhéideanna a bhaineann le Ranníocaíochtaí Sláinte agus an Ciste Náisiúnta Oiliúna.


- 15.6** Níor theastaigh ranníocaíochtaí ón stáitchiste leis an CÁS i gcaitheamh na tréimhse ó 1997 go 2007, na blianta siúd san áireamh, tráth a sháraigh an t-ioncam árachais shóisialaigh an caiteachas. In 2008, d'aistrigh iarmhaid reatha tosaigh an CÁS isteach ina easnamh nuair a sháraigh an caiteachas an t-ioncam faoi €255 milliún. Chuaigh an t-easnamh seo i méid in 2009 nuair a bhain sé €2.49 billiún amach agus tháinig méadú breise air gur bhain sé €2.75 billiún amach in 2010. Ó shin i leith, theastaigh fóirdheontas bliantúil. Bhain seo buaicphointe amach in 2012. In 2008 agus 2009, d'íoc cúlchistí carnacha as an easnamh (a bhí á gcoimeád sa chuntas infheistíochta) agus níor theastaigh aon fhóirdheontas. Rinne na cúlchistí eile €890 milliún an t-easnamh in 2010 a sheach-chur go páirteach. Ó shin i leith, d'íoc fóirdheontas an Stáit as suim an easnaimh. B'ionann meastachán an fhóirdheontais don bhliain 2015 agus €180 milliún.

¹ Is ionann méid an fhóirdheontais don bhliain agus an difríocht idir ioncam agus caiteachas an CÁS.

An Gá atá le Saoráid Shealadach Chistithe

- 15.7** Tá caiteachas an CÁS leata ar fud na míosa, agus faightear ioncam ÁSPC i laethanta deireanacha gach míosa den chuid is mó. Mura mbíonn aon chúlchiste carnach ann ar féidir tarraingt as chun íoc as caiteachas de réir mar a thagann sé chun solais, bheadh an difríocht uainithe seo ina húdar le riachtanas sealadach sreabhaidh airgid don CÁS.
- 15.8** Thug athbhreithniú ar íocaíochtaí ÁSPC le fios go bhfuarthas nach mór 60% de na ranníocaíochtaí iomlána ÁSPC ó na Coimisinéirí Ioncaim in 2011 isteach sa CÁS laistigh de na cúig lá oibre dheireanacha i ngach mí. Tháinig méadú air seo aníos go dtí 75% de na fáiltais ÁSPC in 2014 (féach Fíor 15.3)

Fíor 15.3 Uainiú sreafaí ioncam ÁSPC, an meánmhéid de réir gach seachtaine sa mhí, 2014



Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 15.9** Ó lár 2010 ar aghaidh, úsáideadh réamhíocaíochtaí tréimhsiúla ó cuntas soláthair PMG na Roinne chun an t-easnamh sreabhaidh airgid a líonadh. (Úsáideadh na réamhíocaíochtaí siúd chomh maith i gcaitheamh na tréimhse ó 1953 go 1996 nuair a bhí fóirdheontas á fháil ag an CÁS chomh maith.) I Nollaig 2010, thug an Roinn Airgeadais faoi deara go raibh réamhíocaíochtaí a íocadh leis an CÁS ina n-údar le ró-eisiúint of €110 milliún ar chuntas soláthair an PMG.¹ Tháinig saincheistanna ró-eisiúna eile chun solais in 2011 agus 2014.


Réamhíocaíochtaí an Státhchiste

- 15.10** Foráiltear in Alt 18 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2012, go gcoimeádann cuntas nua speisialta an CÁS réamhíocaíochtaí mar fhoinsé chun airgead a sholáthar do chuntas reatha an CÁS nuair nach leor an t-iarmhéid ratha chun íoc as suimeanna atá iníoctha.
- 15.11** B'ionann an chéad tarraingt anuas de chistiú díreach ón Státhchiste agus €300 milliún i Nollaig 2012. Aisíocadh seo go hiomlán roimh dheireadh na bliana 2012.

¹ Tarlaíonn ró-eisiúint nuair a sháraíonn an méid a d'eisigh an státhchiste an caitheamh taifeadta ag gach Roinn ag deireadh na míosa.

- 15.12** Ó Eanáir 2012 ar aghaidh, thosaigh an CÁS le réamhíocaíochtaí an PMG a aisíoc ar bhonn míosúil mar iarracht chun breis ró-eisiúintí a sheachaint ar chuntas soláthair an PMG. Ba é an tionchar a d'imir seo ná gur méadaíodh a leibhéal foriomlán de réamhíocaíochtaí a tarraingíodh anuas in 2012 agus i dtréimhsí dá éis sin. Léirítear i bhFíor 15.4 gur chuaigh an réiteach sin ag an Roinn i méid agus gur tháinig laghdú ar an bhfóirdheontas a theastaigh ón mbliain 2012 i leith. Níor thug athbhreithniú ar iarmhéideanna laethúla airgid thirim le fios go ndearna an Roinn tarraingt anuas iomarcach réamhíocaíochtaí.

Fíor 15.4 Réamhíocaíochtaí agus an muirear bliantúil fóirdheontais, ó 2010 go 2014



Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 15.13** In ainneoin fhorálacha Alt 18 d'Acht 2012, lean an Roinn le húsáid a bhaint as an dá shreabhadh cistithe – réamhíocaíochtaí ó chuntas an PMG agus ón Stáitchiste – chun easnamh shealadacha sreabhaidh airgid sa CÁS a chistiú.
- 15.14** In 2014, d'aisíoc an CÁS an tarraingt anuas iomlán €4 billiún ón Stáitchiste ar mhaithe le cuspóirí sreabhaidh airgid, mar aon le hiarmhéid 2013 €15 milliún a tugadh anonn.

Tuairimí an Oifigh Chuntasaíochta

- 15.15** Tugadh an tsaoráid iasachta a fhoráiltear in Alt 18 d'Acht 2012 isteach chun cabhrú le comhlíonadh rialacha cuntasaíochta an rialtais chun an baol i leith ró-eisiúintí a laghdú ar chuntas soláthair an PMG. In éagmais cistiú díreach ón Stáitchiste, d'fhéadfadh ró-eisiúint eascairt go príomha mar thoradh ar an athrú ar an bpatrún de mhodhanna íocaíochta i gcaitheamh na tréimhse le deich mbliana anuas (seiceanna agus orduithe iníoctha), go dtí íocaíochtaí réamhchistithe leictreonacha atá ina ngnáthnós imeachta i dtaobh caiteachas scéim leasa shóisialaigh.

- 15.16** Ó tugadh isteach Alt 18, d'úsáid an Roinn an fhoráil reachtaíochta seo chun cistiú sreabhaidh airgid a fháil, i dtosach ag deireadh na bliana agus níos minice anois ar bhonn míosúil, de bhun comhaontú leis an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Laghdaigh úsáid chistiú díreach an Státchiste go mór an gá atá le réamhíocaíochtaí fóirdheontais a ghlacadh, a bhfuil gá leo go fóill. Tá an dá shreabhadh cistithe neodrach maidir leis an Státchiste ó pheirspictíocht chostas cistithe an Stáit agus an rialtais ghinearálta.


Conclúid

- 15.17** Táthar ag súil leis go dtiocfaidh laghdú ar an bhfóirdheontas ón Vóta in 2015 go dtí €180 milliún, faoi mar a leagtar amach in imleabhar mheastacháin leasaithe 2015. Is dóchúil go leanfaidh na saincheisteanna uainithe sreabhaidh airgid atá sa mhullach ar an CÁS, áfach, go dtí go dtéann barrachas substainteach ranníocaíochtaí i méid.
- 15.18** Éascaíonn an fhoráil reachtúil do réamhíocaíochtaí Státchiste cabhair a thabhairt le heasnamh sreabhaidh airgid an CÁS agus tarraingt anuas thrédhearcach cistithe, agus ba cheart go ndíbreoidís an gá atá le brath ar réamhíocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar mhaithe le cuspóirí sreabhaidh airgid.

16 Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

- 16.1** Ceanglaítear ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a chinntiú gur úsáideadh an caiteachas a fhabhraíonn siad do na cuspóirí ar cuireadh an t-airgead ar fáil dóibh ag Dáil Éireann, agus go gcloíonn a n-idirbheartaíochtaí leis na húdaráis faoina n-airbheartaíonn siad gur tugadh fúthu. Meastar go bhfuil idirbheartaíochtaí airgeadais 'rialta' nuair a shásaítear an dá choinníoll seo.
- 16.2** Thagair mé i mo dheimhnithe iniúchta ar Chuntas Leithreasa 2014 le haghaidh Vóta 37 agus Cuntas 2014 an Chiste Árachais Shóisialaigh do leibhéal neamhrialtachta íocaíochtaí na scéime, a mheasaim atá ábhartha i gcomhthéacs gach cuntais.
- 16.3** Is ionann íocaíochtaí de bhreis ar an teidlíocht faoi théarmaí scéimeanna leasa agus 'neamhrialtachtaí'. Féadfaidh na híocaíochtaí sin eascairt mar gheall ar an méid a leanas
- claimant fraud – where the claimant intentionally provides incomplete or inaccurate information in order to receive benefits, or deliberately fails to inform the Department of relevant changes in circumstances
 - claimant error – which arises when the claimant has provided inaccurate or incomplete information, or failed to report a relevant change in circumstances (such as an increase in means or a change in medical condition), but there is no clear fraudulent intent on the claimant's part
 - departmental or administrative error – where benefits are paid incorrectly due to inaction, delay or mistakes made by the Department's staff.¹
- 16.4** Sa chás go dtagann íocaíochtaí barrachais chun solais, is é cuspóir na Roinn chun an íocaíocht bharrachais a shainaithint go pras agus leibhéal na híocaíochta a choigeartú dá réir. Sa chás go ndeimhníonn oifigeach breithiúnachta gur tharla íocaíocht bharrachais, lorgaíonn an Roinn chun an ró-íocaíocht a aisghabháil ón éilitheoir.
- 16.5** Féadtar breithniú áisiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht na Roinne chun an baol i leith íocaíocht bharrachais a bhainistiú ó thrí pheirspictíocht, faoi mar a dtugtar cuntas orthu i bhFíor 16.1
- leibhéal foriomlán na n-íocaíochtaí barrachais i measc na scéimeanna leasa,
 - rath na Roinne chun cásanna d'íocaíocht bharrachais a bhrath, a bhaineann leis an bhfadhb bhunúsach,
 - tionchar díspreagthach fhreagairt na Roinne do chásanna íocaíocht bharrachais a bhraitheann siad, aisghabháil ró-íocaíochtaí ina measc.

¹ I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go bhfaigheann éilitheoirí níos lú ná mar a bhíonn siad i dteideal a fháil mar thoradh ar earráid éilitheora agus roinne

Fíor 16.1 Íocaíochtaí barrachais leasa a bhainistiú agus a thomhas

Source: Office of the Comptroller and Auditor General

Suirbhéanna ar 'Chalaois agus Earráid'

- 16.6** Tugann an Roinn faoi shuirbhéanna ar chalaois agus earráid ar scéimeanna leasa shóisialaigh. Tomhais phointe ama iad seo ar chalaois agus earráid i scéimeanna. Is éard a bhíonn i gceist leis na suirbhéanna ná sampla randamach d'éilimh atá á n-íoc lena dheimhniú an bhfuil an t-éilitheoir i dteideal na n-íocaíochtaí atá á bhfáil acu agus má tá, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tsuim cheart á h-íoc. Cabhraíonn na suirbhéanna leis an Roinn chun rioscaí scéime a shainaithint agus an gá le haon athruithe ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm.
- 16.7** Leag an Roinn a gclár suirbhéanna ar chalaois agus earráid amach a bhfuil siad le tabhairt fúthu sna chéad chúig bliana amach rompu ina Straitéis Chomhlíonta agus Frithchalaoise 2014-2018 a foilsíodh in Aibreán 2014. Ó shin i leith, tá athbhreithniú agus leasú déanta acu ar an sceideal. Tá an sceideal iomlán de shuirbhéanna a bheartaítear (amhail Meán Fómhair 2015) leagtha amach ag Iarscríbhinn A.

Meastacháin ar Íocaíochtaí a Sháraíonn Teidlíocht

- 16.8** Mar gheall go bhfuil suirbhéanna ar chalaois agus earráid dírithe ar chásanna a roghnaítear go randamach atá á n-íoc, soláthraíonn torthaí na suirbhéanna bonn chun an bunleibhéal íocaíochtaí a mheas a sháraíonn an teidlíocht le haghaidh gach scéime ar a ndéantar suirbhé.

- 16.9** Leagtar amach i bhFíor 16.2 meastacháin ar an scála íocaíochtaí barrachais a sainaitníodh le haghaidh scéimeanna inar tugadh faoi shuirbhéanna.

Fíor 16.2 An Leibhéal measta d'íocaíochtaí barrachais i scéimeanna ar a ndearnadh suirbhé

Cuntas agus scéim	Bliain an tsuirbhé ^a	An Leibhéal measta d'íocaíochtaí barrachais		Costas na scéime 2014
		Scéim ^b	Roinn ^c	€m
Scéimeanna vóta				
Forlíonadh Cíosa	2013	6.0%	5.0%	338
Sochar Linbh	2012	0.5%	0.5%	1,902
Liúntas Cuardaitheora Poist	2012	4.6%	3.1%	2,923
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	2011	7.1%	2.7%	867
Liúntas Míchumais	2010	18.4% ^d	4.1% ^d	1,238
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	2007	1.9%	n/a	954
Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	2005	3.3%	n/a	298
Scéimeanna an Chiste Árachais Shóisialaigh				
Sochar Breoiteachta	2014	13.3% ^d	5.9% ^d	626
Pinsean Easláine	2014	2.8% ^d	1.5% ^d	652
Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	2013	0.8%	0.7%	1,370
Sochar Cuardaitheora Poist	2011	2.5%	1.6%	420
Pinsean Stáit (ranníocach/aistriú)	2008	1.1%	n/a	4,259

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

- Nótaí:
- a An bhonnbhliain do shuirbhé na scéime is déanaí. Tugadh faoi bhreis agus suirbhé amháin le haghaidh roinnt scéimeanna.
 - b Áirítear leis cásanna ina ndearnadh achomharc rathúil ina dhiaidh sin.
 - c Glanchoillteanas leis an gcóras leasa agus cásanna san áireamh ina dtagann éilimh/íocaíochtaí spleácha ar scéimeanna eile in ionad éilimh dhícheadaithe scéime nó sa chás go n-éiríonn le hachomhairc. Ní dhéanann tuarascálacha an tsuirbhé imdhealú ar an dá chatagóir seo.
 - d Áirítear leis seo cásanna a measadh a bhí neamh-incháilithe.

- 16.10** Cistítear scéimeanna leasa tríd an Vóta le haghaidh Coimirce Shóisialach agus an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS). Cúnamh sóisialta a bhíonn i gceist le scéimeanna atá cistithe ag vóta, agus is minic a bhunaítear iad ar thástálacha maoiné. Árachas sóisialta a bhíonn i gceist le scéimeanna CÁS sa mhéid go mbraitheann teidlíocht ar leibhéal ranníocaíochtaí ÁSPC an éilitheora. Imríonn cineál na scéimeanna agus a gcritéir incháilitheachta tionchar ar an bhféidearthacht go dtiocfaidh íocaíochtaí barrachais chun solais

Scéimeanna atá Cistithe ag Vóta

- 16.11** Tá athrúchán fairsing ar an leibhéal íocaíochtaí barrachais a aimsíonn suirbhéanna ar scéimeanna atá cistithe ag Vóta. Seachas ó shochar linbh, arb íocaíocht uilíoch é (i.e. ní dhéantar tástáil mhaoine air), idir 1.9% de chaiteachas na scéime i gcás an phinsin neamh-ranníocaigh Stáit agus 18.4% do scéim an liúntais mhíchumais (neamh-incháilitheacht leighis san áireamh) atá na meastacháin. Áirítear le suirbhéanna a rinneadh i mblianta ní ba dhéanaí coigeartú ar an meastachán chun cásanna a ndearnadh achomharc rathúil orthu nó a deimhníodh a bhí neamh-incháilithe don scéim ach a bhí i dteideal íocaíocht a fháil faoi scéim eile, cibé acu mar an t-éilitheoir nó mar chleithiúnaí éilitheora eile a chur i gcuntas. I gcás scéim an liúntais mhíchumais, laghdaíonn an coigeartú seo an meastachán anuas chuig glanráta íocaíocht bharrachais 4.1%.
- 16.12** Is ionann scéimeanna an Vóta ar a ndearnadh suirbhé agus €8.5 billiún de chaiteachas 2014. Ní fios méid na calaoise agus na hearráide i scéimeanna nach ndearnadh suirbhé orthu riamh agus arb ionann iad agus €2.5 billiún de chaiteachas.

Scéimeanna atá Cistithe ag an CÁS

- 16.13** Tá athrúchán, chomh maith, ar an leibhéal d'íocaíocht bharrachais i scéimeanna an CÁS ar a ndearnadh suirbhé. Idir 0.8% i dtaobh pinsean ranníocaíoch baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh agus 13.3% i gcás sochar breoiteachta (neamh-incháilitheacht leighis san áireamh) atá na meastacháin. B'ionann agus 1% scéimeanna an CÁS ar a ndearnadh suirbhé ag a raibh leibhéil mheasta d'íocaíochtaí barrachais os cionn 1% agus 73% de chaiteachas €8.2 billiún scéim an CÁS in 2014.

Neamh-Incháilitheacht Leighis

- 16.14** Príomhchritéar cáilithe d'íocaíocht faoi scéimeanna áirithe leasa is ea neamh-incháilitheacht leighis. Mar shampla,
- ní mór go bhfuil éilitheoirí liúntas míchumais ag fulaingt le gortú, galar nó míchumas fisiceach nó meabhrach a mhair nó a bhféadfaí a bheith ag súil leis go mairfidh sé ar feadh bliain amháin, ar a laghad.
 - ní mór nach bhfuil éilitheoirí sochar breoiteachta in ann oibriú mar gheall ar bhreoiteacht nó gortú – ní mór dá L.G. deimhniú seachtainiúil nó míosúil i leith a neamhábaltachta chun oibre a sholáthar don Roinn agus ní mór deimhniú deiridh leighis a sholáthar don Roinn sula bhfilleann siad ar an obair, agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht ag an bpointe sin,
 - ní mór go bhfuil éilitheoirí pinsean easláine neamhábaltachta chun obair a dhéanamh go buan, nó go raibh siad neamhábaltachta chun obair a dhéanamh ar feadh 12 mhí ar a laghad agus gur dócha go mbeidh siad neamhábaltachta chun obair a dhéanamh ar feadh 12 mhí sa bhreis, ar a laghad.
- 16.15** Mar gheall gur féidir le riocht leighis éilitheoir leasa athrú le himeacht ama, tagann an cheist chun solais maidir le cibé acu an féidir nó nach féidir conclúid de neamhincháilitheacht leighis mar thoradh ar athbhreithniú leighis a chatagóiriú mar chalaois nó mar earráid.

- 16.16** Áirítear leis na rátaí d'íocaíocht bharrachais a thugtar faoi deara i bhFíor 16.2 do scéimeanna liúntas míchumais, sochar breoiteachta agus pinsean easláine rátaí neamh-incháilitheachta leighis 15.3%, 12.9% agus 2.3%, faoi seach. Dá gcuirfí cásanna atá neamh-incháilithe i dtaobh leighis de san áireamh, b'ionann a bheadh rátaí íocaíocht bharrachais na scéime agus 3.1% i gcás liúntas míchumais, 0.4% i gcás sochar breoiteachta agus 0.5% i gcás pinsean easláine. B'ionann a bheadh rátaí íocaíocht bharrachais na Roinne agus 2.1% i gcás liúntas míchumais, 0.3% i gcás sochar breoiteachta agus 0.5% i gcás pinsean easláine.
- 16.17** Ní mheasann an Roinn gurb ionann athbhreithniú ina ndeimhnítear go bhfuil éilitheoir neamh-incháilithe i dtaobh cúrsaí leighis de agus earráid nó calaois íocaíochta i ngach cás. Measann an Roinn, a fhad le tráth an athbhreithnithe leighis, go dtacaíonn fianaise leighis roimhe seo leis an íocaíocht. Dar leo, ní léiríonn an t-athrú a dheimhnítear ar athbhreithniú leighis earráid íocaíochta ag an Roinn nó ag an gcustaiméir mar gheall go raibh siad ag gníomhú le hintinn mhaith, agus gur thacaigh fianaise leighis leis sin a fhad leis an bpointe seo.
- 16.18** Cé gur féidir le héilitheoir teidlíocht a chailleadh d'íocaíocht leasa má thagann feabhas ar riocht sláinte, léiríonn sainaitheint na gcásanna siúd mar iarmhairt ar athbhreithniú teidlíochta gurb ann d'íocaíocht a sháraíonn teidlíocht agus ba cheart seo a chur san áireamh sa mheastachán ar leibhéil íocaíocht bharrachais.

Na Torthaí is Déanaí ar Shuirbhéanna

- 16.19** Chríochnaigh an Roinn suirbhéanna calaoise agus earráide ar dhá scéim in 2015 – sochar breoiteachta agus pinsean easláine. Bhí an dá shuirbhé sceidealaithe i dtosach don bhliain 2013. Leagtar amach anailís ar thorthaí na suirbhéanna sin i bhFíor 16.3 thíos.
- 16.20** Mar gheall nach raibh torthaí na suirbhéanna ar fáil den chéad uair ach i Lúnasa 2015, níorbh fhéidir iniúchadh a dhéanamh ar an bpróiseas suirbhé sular críochnaíodh an tuarascáil seo. Déanfar iniúchadh ar thuarascálacha an tsuirbhé i gcoinne na gcrítéar ábhartha agus déanfar tuairisciú ar an torthaí in am agus i dtráth.

Fíor 16.3 Leibhéal measta d'íocaíochtaí a sháraigh teidlíocht – sochar breoiteachta agus pinsean easláine, Lúnasa 2015

	Céatadán na n-íocaíochtaí éilimh a deimhníodh a sháraigh teidlíocht		
	Ráta na scéime	Éilimh athbhunaithe nó aistrithe	Glanráta na roinne
Sochar breoiteachta			
Mar gheall ar chalaois	0.3%	–	0.3%
Mar gheall ar earráid			
– An Roinn ^a	–	–	–
– Éilitheoir	0.1%	0.1%	–
Neamh-Incháilitheacht Leighis ^b	12.9%	7.3%	5.6%
Iomlán	13.3%	7.4%	5.9%
Pinsean easláine			
Mar gheall ar chalaois	0.1%	–	0.1%
Mar gheall ar earráid			
– An Roinn ^c	–	–	–
– Éilitheoir	0.4%	–	0.4%
Neamh-Incháilitheacht Leighis ^b	2.3%	1.3%	1.0%
Iomlán	2.8%	1.3%	1.5%

Foinse: Tuarascálacha Suirbhé ar Chalaois agus Earráid, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Lúnasa 2015

Nótaí: a Glanluacháladh ró-íocaíochtaí agus ganníocaíochtaí i leith a chéile nuair a bhí an ráta foriomlán d'earráid roinne á ríomh, agus chealaigh siad a chéile, leis sin, i gcás na scéime sochar breoiteachta. Bhí an ráta i ngach cás an-íseal (0.05%).

b Roghnaíodh foshampla 300 cás le haghaidh athbhreithniú leighis as an sampla iomlán suirbhé 1,000 cás.

c D'eascair ró-íocaíochtaí 0.01% as earráidí na Roinne i gcás na scéime pinsean easláine. Níor sainaithníodh aon ghanníocaíochtaí sa suirbhé.

Sochar Breoiteachta

16.21 Íocaíocht sheachtainiúil ghearrthéarmach is ea sochar breoiteachta a íoctar le daoine nach bhfuil ag oibriú mar gheall ar bhreoiteacht nó ar ghortú agus atá cumhdaithe ag árachas sóisialta (ÁSPC). D'fhéadfadh duine cáiliú le haghaidh sochar breoiteachta

- mura bhfuil siad in ann oibriú mar gheall ar bhreoiteacht
- má shásaíonn siad coinníollacha na ranníocaíochta ÁSPC agus
- má tá siad faoi 66 bliain d'aois.

Príomhchritéar cáilithe, ar an ábhar sin, atá i dteidlíocht leighis, do theidlíocht don íocaíocht faoin scéim.

16.22 Ag deireadh 2014, bhí sochar breoiteachta á fháil ag 57,024 duine. B'ionann an caiteachas in 2014 agus €626 milliún. Cé gur féidir le roinnt éileamh leanúint ar feadh tréimhse shínte (dhá bhliain ar a mhéid), tá ardleibhéal d'athrúchán ar an scéim. Sa tréimhse ó Eanáir go Lúnasa 2015, dúnadh 11,000 cás, ar an meán, gach mí.

- 16.23** Roghnaíodh sampla randamach 1,000 éileamh a bhí á n-íoc sa tseachtain dheireanach i Samhain 2014 le hathbhreithniú a dhéanamh orthu mar chuid den suirbhé ar chalaois agus earráid. Roghnaíodh foshampla 300 de na cásanna seo go randamach le haghaidh measúnú leighis, ina dhiaidh sin. Ar an iomlán, ghlac an suirbhé thart ar naoi mí lena chríochnú. Tháinig feabhas suntasach ar an amfhráma a ghlac sé chun an suirbhé deireanach a chríochnú ina raibh athbhreithniú leighis i gceist (an scéim liúntas míchumais) a ghlac 22 mí lena chríochnú.
- 16.24** B'ionann méid na híocaíochta barrachais a shainithin an suirbhé agus 13.3% den chaiteachas, lena n-áirítear ráta neamh-incháilitheachta leighis 12.9%.
- 16.25** Nuair a chuirtear san áireamh na cásanna a rinneadh a achomharc go rathúil nó a aistríodh chuig scéimeanna eile leasa shóisialaigh, is é 5.9% an glanráta íocaíocht bharrachais sa suirbhé is déanaí.
- 16.26** Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé, mheas an Roinn gurbh ionann an glanmhéid d'íocaíocht bharrachais sa scéim sochar breoiteachta agus €1.5 milliún.¹
- 16.27** I ngach suirbhé ar chalaois agus earráid, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann inar gá cásanna a roghnaíodh le haghaidh athbhreithniú a fhágáil as an áireamh, ar nós sa chás go bhfuair duine bás nó nach raibh sé ar chumas ar an gcigire leasa shóisialaigh an cás a athbhreithniú. Sa chás go dtagann líon suntasach de na cásanna siúd chun solais, féadtar róshampláil a úsáid.
- 16.28** As na 1,000 cás ar a ndearnadh suirbhé, rangaíodh 190 (ina measc 69 cás a roghnaíodh le haghaidh athbhreithniú leighis) mar chásanna 'gnáthghluaiseachta'. Cásanna a bhí iontu seo, go príomha, inar fhág éilitheoirí an scéim (d'éag an incháilitheacht leighis nó an teidlíocht sochair) nó d'aistrigh siad chuig scéimeanna eile i ndiaidh dháta an roghnaithe samplála. Tugtar gné dhébhí isteach sa phróiseas suirbhé trí chásanna a rangú mar chásanna 'gnáthghluaiseachta'. Mar shampla
- tháinig athrú ar na rátaí íocaíochta leasa i measc 121 de na 190 cás, ach measadh gur eascair seo as 'gnáthghluaiseacht', seachas as aon chalaois nó earráid. Soláthraíodh teastais dochtúra i measc seachtó díobh seo óna ndochtúir deimhnithe agus tá an Roinn sásta go raibh siad incháilithe i dtaobh cúrsaí leighis de a fhad leis an tráth sin ama.
 - bhí athruithe ráta i gceist le hocht gcás leanadh lena n-íoc faoin scéim, measadh go raibh 'gnáthghluaiseacht' i gceist leo mar gheall gur sholáthair an t-éilitheoir faisnéis go rialta.
 - theip ar 13 chás an fhoirm riachtanach athbhreithnithe IBFE3 a eisíodh dóibh a sheoladh ar ais mar chuid de phróiseas an tsuirbhé. Caitheadh leis na cásanna seo mar 'ghnáthghluaiseacht' cé nach ndearnadh athbhreithniú orthu.
- 16.29** Seachas na cásanna 'gnáthghluaiseachta', bhí 52 cás ann ar an iomlán ina rabhthas in amhras ar chalaois, earráid nó neamh-incháilitheacht leighis (ceithre chás calaoise, dhá chás d'earráid chustaiméara, cúig chás d'earráid roinne agus 41 cás de neamh-incháilitheacht leighis). Nuair a chuirtear san áireamh na cásanna a rinneadh a achomharc go rathúil nó a aistríodh chuig scéimeanna eile leasa shóisialaigh, ba é 29 an glanlíon cásanna ina raibh earráidí íocaíochta.²

1 Ríomhadh réimsí an eatraimh mhuiníne ar leithligh – idir €5,000 agus €103,000 i dtaobh calaoise agus earráide agus idir €1 milliún agus €1.9 milliún i dtaobh cásanna a bhí neamh-incháilithe ar chúiseanna leighis.

2 Bhí ocht gcás achomhairc fós á n-athbhreithniú ag dáta críochnaithe na tuarascála. I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar gach cás, rangaigh an Roinn, ar mhaithe le cuspóirí an tsuirbhé, sé cinn de na hocht gcás amhail gur dócha go n-athshlánaítear iad chun íoctha ar achomharc, agus rangaíodh an dá cheann eile amhail gur dócha go ndeimhneofar a neamh-incháilitheacht tosaigh. Áirítear an dá chás seo sna figiúirí a thugtar anseo.

Pinsean Easláine

- 16.30** Íocaíocht is ea pinsean easláinte do dhaoine atá faoi árachas nach féidir leo oibriú mar gheall ar bhreiteachta nó míchumas fadtéarmach. Chun cáiliú, ní mór do dhuine coinníollacha árachais shóisialta (ÁSPC) agus leighis araon a shásamh.
- 16.31** B'ionann an caiteachas ar phinsean easláine in 2014 agus €652 milliún agus ag deireadh 2014, bhí thart ar 54,223 faighteoir ann.
- 16.32** Roghnaíodh sampla randamach 1,000 éileamh a bhí á n-íoc sa tseachtain dheireanach i Samhain 2014 le hathbhreithniú a dhéanamh orthu mar chuid de phróiseas an tsuirbhé ar chalaiois agus earráid. Roghnaíodh foshampla 300 de na cásanna seo go randamach le haghaidh measúnú leighis, ina dhiaidh sin. Ghlac an suirbhé thart ar ocht mí lena chríochnú. Tugadh faoi i gcomhthráth leis an tsuirbhé ar shochar breiteachta.
- 16.33** B'ionann agus 2.8% den chaiteachas an t-ollráta d'íocaíocht bharrachais a shainaithin an tsuirbhé. Áiríodh leis seo ráta neamh-incháilitheachta leighis 2.3%. Nuair a chuirtear san áireamh na cásanna a rinneadh a achomharc go rathúil nó a aistríodh chuig scéimeanna eile leasa shóisialaigh, is é 1.5% an glanráta íocaíocht bharrachais. Bhí seo ar an gcéad suirbhé faoinar tugadh ar an scéim pinsean easláine.
- 16.34** Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé, mheas an Roinn gurbh ionann an glanmhéid seachtainiúil d'íocaíocht bharrachais sa scéim pinsean easláine agus €348,000.1
- 16.35** As na 1,000 cás ar a ndearnadh suirbhé, rangaíodh 15 (ina measc sé chás a roghnaíodh le haghaidh athbhreithniú leighis) mar chásanna 'gnáthghluaiseachta'. Cásanna a bhí iontu seo, go príomha, inar fhág éilitheoirí an scéim i ndiaidh dháta na samplála (e.g. d'aistrigh siad chuig scéimeanna eile leasa shóisialaigh, ar nós pinsean Stáit ag aois 66 bliain, nó fuair siad bás). Caitheadh leis na cásanna seo mar chásanna 'gan athrú' ar mhaithe le cuspóirí an tsuirbhé agus áiríodh iad i ríomh foriomlán na rátaí calaoise agus earráide. Mar gheall go raibh na líonta íseal sa chás seo, ní dóchúil gur imir siad tionchar suntasach ar ríomh na n-íocaíochtaí barrachais.
- 16.36** Ar an iomlán, shainaithin an Roinn 39 cás de chalaiois, earráid nó neamh-incháilitheacht amhrasta (ocht gcás calaoise, 23 cás earráid chustaiméara, cás amháin d'earráid roinne agus seacht gcás de neamh-incháilitheacht leighis). Anuas ar na cásanna neamh-incháilitheacht leighis, go ginearálta, bhain na saincheistean le liúntais bhreise a íoc nach raibh éilitheoirí i dteideal a fháil (e.g. an íocaíocht ar a ndéantar tástáil mhaoine do dhaoine fásta cáilithe nó an liúntas breosla saor in aisce ar a ndéantar tástáil mhaoine nó an liúntas maireachtála aonair).
- 16.37** Shainaithin an Roinn gurbh iad na hathróa a d'imir an tionchar dá threise ar an dóchúlacht go mbeadh breis íocaíochtaí i gceist le cás
- cúinsí teaghlaigh an éilitheora – cé acu an raibh nó nach raibh liúntais bhreise á bhfáil ag an éilitheoir maidir le daoine fásta cleithiúnacha cáilithe
 - láthair an éilitheora – bhí dóchúlacht ní b'airde ann i measc éilitheoirí a raibh seoladh i mBaile Átha Cliath acu íocaíochtaí bharrachais a fháil i gcomparáid le héilitheoirí i gcontaetha eile.

2 Ríomhadh réimsí an eatraimh mhuiníne ar leithligh – idir €28,000 agus €96,000 i dtaobh calaoise agus earráide agus idir €70,000 agus €503,000 i dtaobh neamh-incháilitheachta.

Conclúidí agus Moltaí

- 16.38** Cuireadh tús leis na suirbhéanna in 2014 agus tugadh chun críche iad ní ba thapúla ná suirbhéanna roimhe sin. Is dóchúil gur fheabhsaigh seo iontaofacht thorthaí an tsuirbhé.
- 16.39** Éiríonn léirthuisint thorthaí an athbhreithnithe níos casta mar gheall ar an ngá le hincháilitheacht leighis a dheimhniú i dtaobh íocaíochtaí áirithe scéime. Féadfaidh athrú teacht ar riocht sláinte éilitheoirí, go háirithe sa scéim sochar breoiteachta a bhíonn ar fáil ag go leor daoine agus a aistrítear go leor daoine ón scéim. I dtaobh thart ar 19% den sampla a roghnaíodh don suirbhé ar an scéim sin, athraíodh rátaí íocaíochta na bhfaighteoirí nó d'fhág siad an scéim ina dhiaidh sin. Caitheadh leo seo mar chásanna 'gnáthghluaiseachta' – agus níor rangaíodh iad mar earráidí íocaíochta. Deimhníodh nár shásaigh líon suntasach cásanna, arb ionann iad agus 12.9% den chaiteachas leasa sa sampla, na critéir incháilitheachta leighis agus cuireadh deireadh lena n-íocaíochtaí. I ndiaidh achomhairc a dhéanamh agus teidlíocht d'íocaíochtaí a dheimhniú faoi scéimeanna eile, deimhníodh gurbh ionann an ráta incháilitheachta leighis do shochar breoiteachta agus 5.6% den chaiteachas sa sampla. Ba iad a luachanna comhfhreagracha do phinsean easláine 2.3% agus 1%. Cé go bhféadfadh seo fíor-athrú a thabhairt le fios i roinnt cásanna ar chúinsí leighis i gcaitheamh ama, faoi chúinsí eile d'fhéadfadh sé easpa athbhreithniú tráthúil leighis a léiriú, atá ina phríomh-chóimheastóir i scéimeanna atá bunaithe ar incháilitheacht leighis.
- 16.40** Sainaithníodh i dtuarascáil roimhe seo ar phinsean easláine an gá atá lena chinntiú nár sannadh stádas athbhreithnithe leighis ar gach cás (a thugann le fios más ceart tabhairt faoi athbhreithniú amach anseo, agus más ceart, cathain ar cheart tabhairt faoin athbhreithniú sin) agus go dtugtar faoi athbhreithnithe leighis, a mhéid is féidir, faoi mar a sceidealaítear iad.¹ Ag an tráth sin, thug an Roinn le fios go raibh siad feasach ar an ngá a bhí lena gcumas a mhéadú chun tabhairt faoi athbhreithnithe cóimheastóra leighis.

¹ Caibidil 20, Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2012

Moladh 16.1

Nuair a chuirtear torthaí an tsuirbhé san áireamh i dtaca le minicíocht neamh-incháilitheachta leighis i dtaobh íocaíochtaí scéime, ba cheart don Roinn athmhachnamh a dhéanamh ar cé acu an leordhóthanach nó nach leordhóthanach na cóimheastóirí atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca leis na scéimeanna siúd agus ba cheart dóibh tabhairt faoi dhul i ngleic le haon easpaí arb ann dóibh ina gcáil chun tabhairt faoi athbhreithnithe cóimheastóra leighis.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear. Tugann an Roinn faoi athbhreithnithe cóimheastóra ar incháilitheacht leighis i ngach scéim ábhartha i gcomhréir le beartas riosca gach scéime agus an cumas atá ar fáil chun tabhairt faoi na hathbhreithnithe siúd. I gcás sochar breoiteachta, tacaítear le gach íocaíocht trí dheimhniú seahctainiúil nó míosúil ag dochtúir cáilithe leighis. I gcás pinsean easláine, déantar tástáil thábhachtach incháilitheachta leighis sula mbronnar an íocaíocht mar gheall go meastar gurb íocaíocht fhadtéarmach leighis í.

Teastaíonn infheistíocht mhór acmhainní i bhfoirmeacha oifigigh bhreithiúnachta, measúnóirí leighis agus oifigigh achomhairc ó athbhreithnithe cóimheastóra a dhéanamh ar incháilitheacht leighis agus i dtaobh íocaíocht a dhéanamh leis an gcliaint, chomh maith, tá ar dhochtúirí na tuairiscí riachtanacha leighis/diagnóise a chomhlánú. Anuas air sin, is gnách go nglacann na hathbhreithnithe seo fad suntasach ama ón tráth a thosaítear go dtí an tráth a chríochnaítear iad.

Ó 2012 i leith, tá méadú tagtha ar líonta na n-éileamh nua ar mhíchumas fadtéarmach agus scéimeanna cúraim. Cuirimis i gcás, tá 37% níos mó d'éilimh nua á ndéanamh ar liúntas míchumais sa tseachtain in 2015 ná mar a bhí in 2012. Tá méadú tagtha ar na líonta atá rannpháirteach i scéimeanna incháilitheachta leighis, chomh maith, i gcaitheamh na tréimhse, mar shampla, tháinig méadú 14% ar scéimeanna liúntas míchumais agus cúram baile, tháinig méadú 18% ar liúntas cúramóra agus tháinig méadú 10% ar an scéim pinsean easláine.

Dúshlán leanúnach don Roinn is ea líonta reatha na measúnóirí leighis a choimeád agus tá sé fíor-dheacair orthu chun measúnóirí ionaid nó breise leighis a earcú agus a choimeád. Chríochnaigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iomaíocht earcaíochta measúnóirí leighis ní ba luaithe i mbliana agus tá sannacháin á ndéanamh faoi láthair. Beidh iomaíocht bhreise earcaíochta ar siúl in 2016. Anuas air sin, tá tairiscintí á lorg ag an Roinn faoi láthair ó ghníomhaireachtaí seachtracha chun measúnóirí leighis a bhfuil na cáilíochtaí cuí bainte amach acu (dochtúirí agus alraí) nuair a theastaíonn siad. Tá súil leis go mbeidh conradh do na seirbhísí siúd i bhfeidhm sa chéad ráithe in 2016.

Chun feabhas a chur ar a nósanna imeachta rialaithe leighis, thug an Roinn faoi líon tionscnamh chomh maith atá dírithe ar an ngairm leighis (liachleachtóirí go ginearálta) trí chomhlachtaí ar nós Chumann Leighis na hÉireann agus Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann. Tá iad seo i limistéir soláthair treoirlínte agus oideachais faoi scéimeanna na Roinne agus a gcoinníollacht. Leagann an fhaisnéis bhreise seo an bhéim ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Roinn chun bearta cuí costéifeachtúla agus rioscabhunaithe rialaithe a choimeád i dtaca lena scéimeanna ag a bhfuil coinníollacha incháilitheachta leighis i dtimpeallacht fhíor-dhúshlánach acmhainní.

Iarscríbhinn A Sceideal na suirbhéanna calaoise agus earráid, 2015 go 2018^a

Uainiú pleanáilte an tsuirbhé		Scéim	Bliain an tsuirbhé roimhe seo
Tosach	Críoch		
R4 2015	R2 2016	Cúnamh Feirme	–
R4 2015	R2 2016	Pacáiste Sochair Teaghlaigh	–
R4 2015	R2 2016	Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	2005
R1 2016	R4 2016	Pinsean Stáit (ranníocach)	2008
R1 2016	R2 2017	Liúntas Cúramóra	–
R3 2016	R3 2017	Liúntas Leasa Forlíontach	–
R1 2017	R4 2017	An Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair	–
R1 2017	R1 2018	Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	2007
R4 2017	R1 2019	Liúntas Míchumais	2010
R1 2018	R2 2019	Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	2011

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Amhail a pleanáladh ag Meán Fómhair 2015

17 Neamhrialtachtaí in Íocaíochtaí Scéim na mBéilí Scoile

17.1 Soláthraíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) cistiú i dtreo béilí a sholáthar do leanaí scoile atá faoi mhíbhuntáiste trí dhá scéim

- scéim reachtúil na mbéilí scoile uirbí, agus
- scéim neamhreachtúil na mbéilí scoile uirbí (tionscadail áitiúla).

17.2 Deimhníodh go raibh neamhrialtachtaí íocaíochta i gceist i líon eagraíochtaí a ghlac páirt sa scéim neamhreachtúil.

Cúlra

17.3 Tá an scéim neamhreachtúil á riar agus á hoibriú ag údaráis áitiúla, agus soláthraíonn sí béilí do bhunscoileanna amháin. Luaigh an Roinn go nglacann siad le moltaí údarás áitiúil chun scoileanna a chur san áireamh sa scéim reachtúil agus aisíocann siad a mhéid le 50% de chostais an bhia leis an údarás áitiúil.

17.4 Tugadh an scéim neamhreachtúil in 2000 chun cabhrú le tionscadail na mbéilí scoile a oibríonn lasmuigh den scéim reachtúil agus tá sí maoinithe go hiomlán ag an Roinn. Soláthraíonn sí cistiú go díreach do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, grúpaí áitiúla agus eagraíochtaí, a oibríonn a dtionscadail féin bhéilí scoile. Cuireadh síneadh leis an scéim in 2004 chun grúpaí neamhbhrabúis, naíolann agus naíonraí neamhthráchtála a áireamh. Ní bhaineann an scéim le gnóthais tráchtála.

17.5 Is féidir le scoil ar bith iarratas a dhéanamh chun páirt a ghlacadh sa scéim ábhartha. Áirítear leis seo scoileanna a ghlacann páirt i gclár DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna, a dhíríonn ar dhul i ngleic le riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste.¹

17.6 Féadfaidh scoil neamhspleách, nó clár críochnaithe scolaíochta a bheith i gceist le heagraíocht a ghlacann páirt, nó féadfaidh siad ionadaíocht a dhéanamh do roinnt scoileanna nó aonán. Faomhadh 1,081 eagraíocht rannpháirteach do chistiú don scoilbhliain 2013/14, a chuimsigh 1,128 scoil agus 181 comhlacht eile (naíonraí, naíolann neamhthráchtála nó grúpaí neamhbhrabúis). Léirítear i bhFíor 17.1 an cistiú agus saghas na n-eagraíochtaí rannpháirteacha do scoilbhliain 2013/14.

¹ Tá creatlach DEIS á hathbhreithniú faoi láthair ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi láthair.

Fíor 17.1 Cistiú agus saghas na n-eagraíochtaí i scoilbhliain 2013/14

Saghas na heagraíochta	Líon na n-eagraíochtaí	Cistiú	Meánchistiú in aghaidh na heagraíochta
		€000	€
Eagraíochtaí DEIS	591	19,704	33,300
Eagraíochtaí neamh-DEIS	132	3,031	23,000
Eagraíochtaí speisialta scoile	57	772	13,500
Naíonraí agus eagraíochtaí neamhbhrabúis	150	1,943	13,000
Eagraíocht ilaonáin	151	6,596	43,700
Iomlán	1,081	32,046	29,600

Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: Leithdháileadh €0.97m faoin scéim reachtúil i mbliain airgeadais 2014 ar 346 scoil a ghlac páirt sa scéim. B'ionann an meánchistiú in aghaidh na scoile agus €2,800.

Cuspóirí na Scéime

- 17.7** Is é cuspóir na scéime neamhreachtúla chun bia rialta scamhardach a sholáthar do leanaí nach bhfuil in ann leas iomlán a bhaint as an oideachas a soláthraítear dóibh go hiomlán mar gheall ar easpa bia atá ar chaighdeán maith. Tá an cistiú in ainm is díriú ar leanaí atá faoi mhíbhuntáiste nó leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta, agus ní féidir an cistiú a úsáid ach d'earraí bia amháin.
- 17.8** Déanann na heagraíochtaí rannpháirteacha cinneadh ar shaghas agus réimse na mbéilí a sholáthraítear, mar aon leis an modh agus an lóistíocht a bhaineann le soláthar na mbéilí. Ní mór don eagraíocht rannpháirteach fóc as na costais riaracháin.
- 17.9** Níl aon treoirilínte i bhfeidhm ag an Roinn maidir le conas ar cheart leanaí atá faoi mhíbhuntáiste a shainaithint i scoileanna neamh-DEIS – is faoi lánrogha an phríomhoide atá seo. Níor thug an Roinn ná an Roinn Oideachais agus Scileanna le fios conas ar cheart na leanaí siúd a shainaithint, nó conas ar cheart don chlár díriú orthu.
- 17.10** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go measann an Roinn, i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scoileanna, gur fearr is féidir le príomhoidí riachtanais daltaí a dheimhniú, i gcomhthéacs na scéime.
- 17.11** Tá an cistiú faoin scéim bunaithe ar ráta in aghaidh an linbh in aghaidh an lae, ag brath ar shaghas an bhéile atá á sholáthar. Is iad na huasrátaí reatha €0.60 do bhriceasta nó do sneaic, €1.40 do lón nó do bhéile beag agus €1.90 do dhinnéar nó do bhéile te.
- 17.12** Mar gheall ar shrianta buiséid, ní féidir leithdháiltí cistithe a dhéantar ar eagraíochtaí reatha do scoilbhliain an leibhéil cistithe a sholáthraíodh i gcaitheamh na scoilbhliana roimhe sin a sháru. Ó 2008 ar aghaidh, cuireadh srian ar an scéim, agus níor ceadaíodh cistiú a dhéanamh ach d'iarraitasóirí a bhí ainmnithe mar iarraitasóirí DEIS.

- 17.13** Tá fáil ag gach saghas de scoileanna DEIS (bunscoileanna uirbeacha/tuaithe agus iar-bhunscoileanna) ar chlár na mbéilí scoile. Tá gach leanbh a fhreastalaíonn ar scoil DEIS incháilithe chun páirt a ghlacadh sa scéim, gan aird ar cibé acu an bhfuil siad faoi mhíbhuntáiste nó nach bhfuil. Tugtar réimse de thacaíochtaí eile cistithe do scoileanna DEIS nach mbaineann le béilí dalta a sholáthar, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó Túsla.¹

Fíor 17.2 Miondealú ar scoileanna DEIS agus iad siúd a ghlac páirt i scéim na mbéilí scoile (tionscadal áitiúil), ó 2009/10 go 2013/14

Scoilbhliain	Líon iomlán na scoileanna DEIS	Scoileanna DEIS sa scéim	An % a ghlac páirt
2013/14	850	733	86%
2012/13	860	676	79%
2011/12	866	659	76%
2010/11	877	672	77%
2009/10	878	592	67%

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Coimirce Sóisialaí – anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Leithdháileadh Cistithe

- 17.14** Ag céim an iarratais, luann eagraíochtaí stáit na meánlíonta a mbítear ag súil leis go nglacann siad páirt sa scéim ar bhonn laethúil. Ag deireadh na bliana, seolann an eagraíocht tuarascáil ioncaim agus caiteachais ina leagtar amach an caiteachas iomlán in aghaidh na míosa agus an t-ioncam a fhaightear ó gach foinse, scéim na mbéilí scoile san áireamh. Ní theastaíonn ón tuarascáil go ndearbhaítear na líonta iarbhair a ghlac páirt sa scéim, agus ní thugann an Roinn faoi aon nós imeachta chun na líonta ar a ndearnadh iarratas a réiteach i gcoinne na líonta siúd a ghlac páirt. Ní cheanglaítear go luaitear ar an bhfoirm iarratais ná ar an tuarascáil ioncaim agus chaiteachais na líonta iomlána atá cláraithe sa scoil.
- 17.15** Leagtar amach i bhFíor 17.3 an cistiú a soláthraíodh don líon daltaí a ndearnadh iarratas orthu, mar aon le cistí barrachais atá ar láimh in eagraíochtaí cistithe ag deireadh gach scoilbhliana.

Fíor 17.3 Caiteachas ar scéim na mbéilí scoile de réir scoilbhliana, ó 2009/10 go 2013/14

Scoilbhliain	Líon na ndaltaí ar a ndearnadh iarratas	Iomlán	Cistí barrachais a tuairiscíodh
		€m	€m
2013/14	151,292	32.0	1.9
2012/13	146,981	30.1	2.2
2011/12	136,884	29.7	3.4
2010/11	135,243	29.9	4.5
2009/10	144,582	31.5	3.8

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

1 Is iad Túsla an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

- 17.16** B'ionann cistí nár caitheadh ag deireadh na scoilbhliana agus os cionn 10% den chistiú a soláthraíodh gach bliain ó 2009/10 go 2011/12. B'ionann an barrachas ag deireadh na bliana 2013/14 agus 6% den chistiú a soláthraíodh. Déantar barrachais a sheach-chur i gcoinne leithdháiltí cistithe don scoilbhliain ina dhiaidh sin.

Neamhrialtachtaí Íocaíochta

- 17.17** Chuir aonad iniúchta inmheánaigh (an AII) na Roinne tús le hiniúchtaí ar íocaíochtaí na scéime in 2008, a rinne scrúdú ar thrí scoil i dtosach báire. I ndiaidh gur cuireadh faisnéis ar a n-aird ó fhoinsé eile, rinne siad an t-iniúchadh a fhairsingiú chun scoil eile a imscrúdú in 2011 mar gheall ar bhuarthaí maidir le líonta méadaithe daltaí agus costais mhéadaithe soláthraí. D'aimsigh an t-iniúchadh neamhrialtachtaí thart ar €802,000 in dhá scoil.
- 17.18** Rinne an Roinn a scrúdú ar an scéim a fhairsingiú trí iarraidh ar an AII chun iniúchadh a dhéanamh ar roinnt scoileanna eile. In 2011, rinne an AII iniúchadh ar 11 scoil agus i gcás amháin, braitheadh neamhrialtachtaí de shuim os cionn €102,000 agus rinneadh an cas seo a chur faoi bhráid an Gharda Síochána.
- 17.19** Anuas air sin, chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna faisnéis ar fáil in 2011 maidir le scoil amháin, a bhain le líomhaintí maidir le tuairisceáin bhréagacha faoin scéim. Baineadh de thátaí as gur tharla neamhrialtacht €57,713 i dtaca le béilí scoile.
- 17.20** De bhun na neamhrialtachtaí a sainaithníodh, thug an Roinn clár cigireachta isteach in 2012. Sula gcuirfí tús le cigireacht i scoil mar chuid de chlár cigireachta 2013, tuairiscíodh gníomhaíocht amhrasta chalaoise a bhain leis an gcistiú a soláthraíodh don scoil a fuarthas faoi scéim na mbéilí scoile, don Roinn. Nocht scoil cás eile de neamhrialtacht íocaíochta don Roinn de bhun cigireachta in 2013, nuair a rinneadh áibhéil de líon na ndaltaí agus den mhéid a caitheadh ar bhia.

17.21 Cuirtear achoimrí de na sé chás neamhrialtachta i láthair i bhFíor 17.4.**Fíor 17.4 Achoimre ar chásanna tromchúiseacha neamhrialtachta**

	Cás 1	Cás 2	Cás 3	Cás 4	Cás 5	Cás 6
An bhliain a sainithníodh é	2011	2011	2011	2011	2013	2013
Luach	€	€	€	€	€	€
Íocaíochtaí iomlána	398,871	402,873	102,441	57,713	73,320	368,727
Lúide aisíocaíochtaí díreacha	–	164,666	102,441	57,713	–	368,727
Lúide fritháirimh	130,299	108,873	–	–	–	–
Iarmhéid dlite ag deireadh scoilbhliain 2013/14	268,572	129,334	–	–	73,320	–
Conas a d'eascair an ró-íocaíocht						
Líonta méadaithe daltaí/tuairisceáin bhréagacha	✓		✓	✓	✓	✓
Caiteachas ar earraí neamhbhí	✓	✓	✓			
Teip ar ioncam ó fhoinsí/bharrachais eile a nochtadh	✓		✓			
Taifid neamhleora ar rannpháirtithe agus/nó soláthairtí	✓	✓		✓		
Stádas an cháis						
Arna thuairisciú don Gharda Síochána	✓	✓	✓	✓	✓	✗
Ionchúiseamh arna lorg	✗	✗	✗	✗	✓	✗
Páirt fós á glacadh sa scéim	✓	✓	✗	✓	✗	✗
Stádas reatha	Á athbheith hníú	Á athbheith hníú	Dúnadh an chás	Dúnadh an chás	Cás cúirte ar feitheamh	Dúnadh an chás

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí – anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

17.22 Ceadaíodh ró-íocaíochtaí 'plantha' do scoileanna trí leanúint le híoc as scéim na mbéilí scoile ina scoileanna trína n-acmhainní féin gan cistiú bliantúil ón Roinn. Agus amhlaidh á dhéanamh, lorgaíonn an Roinn chun cothromaíocht a bhaint amach i gcónaí idir leanúint le seirbhís a sholáthar do leanaí óna dteastaíonn tacaíocht, agus ró-íocaíochtaí barrachais a aisghabháil.

17.23 Ní chuireann an Roinn íocaíochtaí nó ró-íocaíochtaí sainaitheanta neamhrialta i gcuntas ar a gcórais. Sa chás gurb infheidhme, asbhaineann an Roinn an ró-íocaíocht i gcoinne éilimh a dhéantar ina dhiaidh sin. Sna cásanna i Fíor 17.4 ina raibh ró-íocaíochtaí fós le haisghabháil ag deireadh scoilbhliain 2013/14 (cásanna 1, 2 agus 5), mar seo a leanas a bhí an dul chun cinn chun na ró-íocaíochtaí a aisghabháil.

- I gCás 1, is ionann aisghabhálacha bliantúla trí sheach-chur agus thart ar €26,000. Bunaithe ar an ráta seo, d'fhéadfadh sé a fhad le deich mbliana a ghlacadh chun an ró-íocaíocht a aisghabháil ina hiomláine.
- I gCás 2, fuair an scoil cistiú €40,000 i scoilbhlianta 2013/14 agus 2014/15 in ainneoin go raibh iarmhéid mór fós le híoc acu leis an Roinn.
- I gCás 5, níor lorg an Roinn aon aisghabháil mar gheall go bhfuil cás cúirte ar feitheamh.

17.24 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil cothromaíocht le baint amach ag an Roinn i dtaobh srian a chur ar íocaíochtaí le scoileanna agus leanúint le seirbhís a sholáthar do na leanaí atá sna scoileanna siúd.

- Maidir le Cás 1, tá plean aisghabhála i bhfeidhm bunaithe ar chumas na scoile chun íoc agus a chinntiú, i gcomhthráth, go leantar leis an tseirbhís a sholáthar. Lorg an Roinn aisíocaíochtaí cnapshuime ón scoil nach bhfuil tagtha i gcrích mar gheall ar chistí neamhleora.
- I dtaca le Cás 2, tá plean aisghabhála i bhfeidhm leis an scoil agus táthar ag cloí leis an bplean sin. Rinne an scoil aisíocaíocht shubstainteach chnapshuime €100,000 leis an Roinn, anuas ar aisíocaíochtaí bliantúla os cionn €32,000 i gcaitheamh thréimhse sé bliana ó Mheán Fómhair 2013 ar aghaidh.

Clár Cigireachta na Roinne Coimirce Sóisialaí

17.25 Is éard a bhí sa chlár cigireachta ar chuir an Roinn tús leis in 2012 ná cigireachtaí ar an suíomh i sampla randamach d'eagraíochtaí rannpháirteacha lena dheimhniú go bhfuiltear ag cloí le rialacha na scéime.

17.26 Braitheann an Roinn ar an gclár cigireachta lena dheimhniú gur caitheadh an cistiú a soláthraíodh d'eagraíochtaí rannpháirteacha i gcomhréir le cuspóir agus rialacha na scéime, mar aon le scrúdú a dhéanamh ar fhoirmeacha iarratais agus ar thuarascálacha ioncaim agus caiteachais a sheol na heagraíochtaí ar aghaidh gach bliain. Chomh maith leis sin, iarrtar ar eagraíochtaí rannpháirteacha chun cáipéisíocht tacaíochta a sheoladh ar aghaidh ar feadh mí amháin nuair a bhíonn a dtuarascálacha ioncaim agus caiteachais á seoladh ar aghaidh acu. Roghnaíonn an eagraíocht rannpháirteach an mhí agus tugann an Roinn faoi athbhreithnithe deisce ar an gcáipéisíocht.

17.27 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go dtreisíonn agus go dtacaíonn an clár cigireachta, ar cuireadh tús leis in 2012 agus ina dtugann Cigirí Leasa Shóisialaigh cuairteanna ar an suíomh, leis na rialuithe atá i bhfeidhm. Áirítear leis na rialuithe seo scrúdú a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais (a theastaíonn gach bliain) óna dteastaíonn beirt sínitheoirí ón eagraíocht, tuarascálacha ioncaim agus caiteachais a sholáthar chun caiteachas a dheimhniú mar aon le cáipéisíocht tacaíochta ar feadh mí amháin i dtaca leis an mbia a ceannaíodh. Roghnaíonn an eagraíocht an mhí agus tugann an Roinn faoi athbhreithnithe deisce ar an gcáipéisíocht.

17.28 Leagtar amach i bhFíor 17.5 achoimre ar an ngníomhaíocht chigireachta. Tá na cigireachtaí siarghabhálacha. Cuireadh tús leis an gclár cigireachta do scoilbhliain 2013/14 i Lúnasa 2015.

Fíor 17.5 Ráta cigireachtaí agus torthaí, ó 2010/11 go 2012/13

Bliain thagartha	2010/11	2011/12	2012/13
Líon iomlán na n-eagraíochtaí sa scéim ^a	1,020	999	997
Líon iomlán na n-eagraíochtaí ar a ndearnadh cigireacht	60	105	81
Ráta na gcigireachtaí	5.8%	10.5%	8.1%
Líon na dtuarascálacha a críochnaíodh	59	103	79
Toradh			
Saincheisteanna tromchúiseacha ^b	1	1	–
Saincheisteanna nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna ^c	7	7	17
Ag oibriú go sásúil	51	95	62

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí – anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Tá líon na scoileanna aonair ar a ndearnadh cigireacht níos airde, mar gheall go soláthraíonn roinnt eagraíochtaí seirbhísí do líon scoileanna.
 - b Is ionann saincheisteanna tromchúiseacha agus cásanna ina bhfuil calaois amhrasta, nó ina bhfuil earráid nó neamhrialtacht shuntasach.
 - c Is éard atá i gceist le saincheisteanna nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna ná neamhchomhlíonadh rialacha na scéime nó earráidí ina bhfuil mionsuimeanna i gceist.

Scrúdú an Iniúchta

17.29 Tugadh an méid a leanas faoi deara nuair a rinneadh athbhreithniú ar íocaíochtaí le 23 eagraíocht faoin scéim neamhrechtúil do scoilbhliain 2013/14.

- Eisíodh cistiú do bhlianta acadúla ina dhiaidh sin gan seiceálacha a dhéanamh lena dheimhniú cibé acu an raibh nó nach raibh barrachais ann i rith na bliana roimhe sin. I gcás amháin, thug an t-iniúchadh faoi deara go raibh cistí barrachais €50,000 ag an eagraíocht rannpháirteach ina gcuntas bainc, ach ní dhearna an Roinn imscrúdú ar fhoinsé na gcistí sula ndearnadh an íocaíocht leo.
- I gcás scoileanna DESI, tá teidlíocht ann chun éileamh a dhéanamh ar an líon iomlán daltaí atá cláraithe, má tá béilí á bhfáil acu go léir. Dheimhnigh comparáid a rinneadh idir líonta na ndaltaí a bhí cláraithe sa scoil agus na líonta iarbhír a éilíodh go raibh na líonta a éilíodh agus a ndearnadh íocaíocht dóibh ní b'airde ná líonta na ndaltaí a bhí cláraithe in ocht scoil as 20 scoil DEIS. Meastar gurbh ionann an méid iomlán a ró-éiligh na scoileanna agus thart ar €42,000, nó 7.8% den mhéid a íocadh.
- I ndiaidh na cigireachta, laghdaigh scoil amháin líon na ndaltaí a raibh iarratas á dhéanamh acu dóibh faoi 9%. Tháinig laghdú anuas ó 340 in 2013/14 go dtí 310 in 2014/15. Mar chomhréir de rollú iomlán na scoile, tháinig laghdú ar an gcéatadán daltaí a raibh iarratas á dhéanamh dóibh anuas ó 96% go 86%.

17.30 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta an méid a leanas

- i dtaca leis an gcéad chás a sainaitníodh – bunaithe ar athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil ioncaim agus caiteachais a shínigh príomhoide na scoile, agus ar na sonraisc thacaíochta a seoladh ar aghaidh, bhí an Roinn sásta ag an tráth a rinneadh na híocaíochtaí gur cuireadh cistiu na mbéilí scoile i gcuntas
- i dtaca leis na líonta a bhí cláraithe i dtaobh ocht gcás, bhí an meánlíon daltaí a soláthraíodh ar an bhfoirm iarratais i dtaobh seacht gcinn de na cásanna seo beagán ní b'airde (níos lú ná deichniúr daltaí) ná na líonta a bhí rollaithe. Féadann sé a bheith deacair ar scoileanna glacadh na mbéilí scoile a thuar roimh ré mar gheall ar athruithe a thagann ar iontrálacha daltaí, asláithreacht daltaí agus dúnadh na scoile, mar gheall ar dhrochaimsir, mar shampla.

Rinneadh an leithdháileadh do gach scoil don scoilbhliain amach romhainn a choigeartú ar aon dul le líonta iarbhair na ndaltaí i gcaitheamh na scoilbhliana roimhe sin faoi mar a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna, seachas i gcásanna inar féidir a dheimhniú gur tháinig méadú mór ar líon na ndaltaí sa scoil.

Conclúidí agus Moltaí

- 17.31** Ní dhearna an Roinn measúnacht riamh ar scéim na mbéilí scoile lena dheimhniú a mhéid a aimsíonn an scéim leanaí atá faoi mhíbhuntáiste, nó cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil tionchar tairbhiúil á imirt ag an scéim ar na leanaí siúd, agus a chur ar a gcumas acu, leis sin, chun leas iomlán a bhaint as an oideachas atá á sholáthar dóibh. Ina theannta sin, níl aon treoirlínte i bhfeidhm ag an Roinn maidir le conas ar cheart leanaí atá faoi mhíbhuntáiste a shainaithint i scoileanna neamh-DEIS. Ceadáíonn an scéim do gach leanbh i scoileanna DEIS chun an fóirdheontas a fháil, gan aird ar a leibhéal míbhuntáiste.

Moladh 17.1

Ba cheart don Roinn measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhaineann scéim neamhrechtúil na mbéilí scoile a gcuipóirí amach chun bia rialta scamhardach a sholáthar do leanaí nach bhfuil in ann leas iomlán a bhaint as an oideachas a sholáthraítear dóibh, agus luach ar airgead a bhaint amach. Anuas air sin, ba cheart don Roinn breithniú a dhéanamh ar a mhéid a dhírítear cistiú ar leanaí atá faoi mhíbhuntáiste nó ar leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear go páirteach. Comhaontaíonn an Roinn i bprionsabal gur cheart tabhairt faoi mheasúnú chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá a cuspóirí á mbaint amach ag an scéim agus luach ar airgead a chinntiú i gcomhthráth. Leanfaidh an Roinn le hathbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte i dtaca le saghas an bhia atá le soláthar agus an luach ar airgead atá á bhaint amach. Ceist ar cheart don Roinn Oideachais agus Scileanna plé léi is ea measúnú ar thorthaí oideachais.

- 17.32** Ní thugann an Roinn faoi aon seiceálacha faoi láthair ar scoileanna a ghlacann páirt i scéim reachtúil agus neamhrechtúil na mbéilí scoile araon lena chinntiú nach ndéantar iarratas faoi dhó ar chistiú. Sa mhullach air sin, níl aon seiceálacha i bhfeidhm chun deimhniú neamhspleách a dhéanamh ar an líonta daltaí a ndéanann eagraíochtaí éileamh dóibh; seiceáiltear líonta rannpháirtíochta i rith cigireachtaí, ach ní thugtar faoi aon réiteach idir na líonta a n-éilítear dóibh agus na líonta a ghlacann páirt.

- 17.33** Is gá seiceáil agus deimhniú neamhspleách a dhéanamh i leith na faisnéise a sholáthraítear ar gach foirm a sheoltar chuig rannóg na mbéilí scoile. Faoi láthair, ní theastaíonn sonraí faoi iarmhéideanna cuntas bainc, chun barrachais/easnaimh a dheimhniú, agus ní theastaíonn sonraí faoin líon daltaí féin a ghlac páirt sa scéim. Déantar ioncam ó fhoinsí eile ar bhonn féindhearbhúcháin. Ní dhéanann rannóg na mbéilí scoile ach athbhreithniú ar fháltais mí amháin, agus bíonn an rogha míosa faoi lánrogha na heagraíochta/na scoile.
- 17.34** Riartar córas na mbéilí scoile de láimh go príomhúil le tacaíocht ó bhunachar sonraí neamhspleách. Ní dhéantar ró-íocaíochtaí, agus stádas na ró-íocaíochtaí siúd i dtaifead ar aon chóras TF na roinne; is deacair don Roinn, ar an ábhar sin, chun rialú leordhóthanach a fheidhmiú ar na suimeanna a bhíonn i gceist agus a n-aisghabháil. As na ró-íocaíochtaí a tugadh faoi deara san achoimre ar chásanna neamhrialta (féach Fíor 17.4), ní dhearnadh ach trí cinn a aisghabháil go hiomlán. Tá aisghabháil trí sheach-chur in dhá chás mall.

Moladh 17.2

Ba cheart tabhairt faoi athbhreithniú ar na rialuithe ar an scéim, measúnú riosca ina measc. Ba cheart don Roinn cáipéisíocht tacaíochta a lorg do gach foirm a sheolann eagraíochtaí ar aghaidh. Ba cheart cros-seiceáil a dhéanamh ar mheánlíonta na ndaltaí a ndearnadh éileamh dóibh i gcoinne na líonta faoi mar atá rollaithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna a chorprú isteach sna rialuithe. Sa mhullach air sin, ba cheart do rannóg na mbéilí scoile an mhí chun fáltais a sheoladh ar aghaidh a roghnú, i ndiaidh go bhfaightear an tuarascáil ioncaim agus chaiteachais. Ina theannta sin, ba cheart don Roinn ró-íocaíochtaí a chur i gcuntas ar a gcóras bainistíochta fiachais lena chinntiú go gcuirtear i dtaifead i gceart iad agus go ndéantar monatóireacht cheart orthu agus go n-aisghabhatar i gceart iad.

Freagairt an Oifigigh Chuntasáochta

Comhaontaítear. Glacann an Roinn leis an moladh seo a fheabhsóidh agus a threiseoidh na rialuithe agus na nósanna imeachta reatha atá i bhfeidhm. Tabharfar faoi mheasúnú riosca ar an scéim roimh an bpróiseas iarratais do bhliain acadúil 2016/17.

Roghnóidh an Roinn an mhí dá soláthrófar fáltais ag tosú sa bhliain acadúil reatha. Tá ar gach iarratasóir nua ar an scéim ó Mheán Fómhair 2015 ar aghaidh cuntas bainc a shocrú go sonrach do bhéilí scoile. Beidh ar scoileanna reatha nach n-oibríonn cuntas ar leith bainc do chistiú béilí scoile, agus sa chás go sáraíonn na híocaíochtaí a fhaightear €10,000 sa bhliain, cuntas bainc ar leith a bheith i bhfeidhm ag tús scoilbhliain 2016/17. Ag tosú ó thús scoilbhliain 2017/18, lorgóidh an Roinn ráitis bhainc, chomh maith, mar chuid den phróiseas bliantúil iarratais anuas ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

Tá cistiú béilí scoile don bhliain acadúil bunaithe ar an bhfigiúr iarbhrí rollaithe don scoilbhliain roimhe sin faoi mar a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna, seachas i gcásanna inar féidir a dheimhniú gur tháinig méadú mór ar líon na ndaltaí sa scoil.

Déantar ró-íocaíochtaí a thabhairt chun solais faoi mar is cuí, cuirtear i gcuntas de láimh iad agus tá socruithe comhaontaithe aisghabhála i bhfeidhm le scoileanna. Tá monatóireacht á déanamh ar na socruithe seo agus táthar ag cloí leo.

Riartar córas na mbéilí scoile de láimh go príomhúil le tacaíocht ó bhunachar sonraí neamhspleách. Chuir an Roinn tús le cleachtadh scóipeála chun an próiseas iarratais bhéilí scoile a aistriú chuig a n-ardán lárnach TF, a chuirfear chun cinn, anuas ar mhuirir ar an gcóras lárnach ró-íocaíochtaí, i gcomhthéacs na mbeartas iomaíoch.

Sa mhullach air sin, ta an clár cigireachta a tosaíodh in 2012 á fhairsingiú agus tá clár trí bliana á chur i bhfeidhm chun cigireacht gach scoile a chumhdach, ag tosú i rith Mheán Fómhair 2015. Chun tacú leis an gclár cigireachta seo, leithdháileadh acmhainní breise foirne do rannóg béilí scoile na Roinne.

- 17.35** Deimhníonn na cigireachtaí reatha gurb ann do ráta sách ard de chomhlíonadh ag eagraíochtaí cistithe i dtaobh choinníollacha na scéime. Sa chás gur tháinig cásanna tromchúiseacha de neamhrialtacht chun solais, ní raibh cur chuige comhsheasmhach ann i leith gníomh leantach, e.g. tuairiscí i leith calaoise a cuireadh faoi bhráid an Gharda Síochána. Chomh maith leis sin, ní sheoltar tuairiscí de chigireachtaí i gcásanna neamhrialtachta chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna chun iad a chur ar an eolas i dtaobh na maoirseachta a dhéanann siad ar scoileanna.
- 17.36** Níor gearradh pionóis nó smachtbhannaí ar eagraíochtaí as aon cheann de na saincheisteanna éagsúla a d'eascair ó na tuarascálacha cigireachta. Aisghabhadh suimeanna a ró-íocadh ó scoileanna trí aisíocaíochtaí díreacha agus trí leithdháiltí a shiarchoinneáil araon. I dtaobh leithdháiltí a shiarchoinneáil, tugann an Roinn faoina chinntiú go leanann an scéim ag dul chun sochair leanaí atá i dteideal fáil a bheith acu ar thacaíocht scéim na mbéilí scoile. Níor bhain an Roinn aon eagraíocht ón scéim.

Moladh 17.3

Ba cheart don Roinn tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí tuairiscí cigireachta a thugann neamhrialtacht chun solais don Roinn Oideachais agus Scileanna ar mhaithe le faisnéis.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear. Glacann an Roinn leis an moladh seo agus tuairisceoidh siad ar bhonn leanúnach ar thoradh an phróisis chigireachta don Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá sonraí faoi na cásanna troncúiseacha neamhrialtachta dá dtagraítear i bhFíor 17.4 curtha ar fáil anois don Roinn Oideachais agus Scileanna.

18 Fiachais na Scéime Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta a Bhainistiú

18.1 Tá dhá scéim á n-oibriú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) i dtaca le híocaíochtaí le fostaithe a ndearnadh iomarcach iad.

- Bunaíodh an scéim íocaíochtaí iomarcaíochta faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2011 lena chinntiú go bhfaigheann oibrithe a chailleann a bpost mar gheall ar iomarcaíocht (ar a laghad) íosleibhéil chúitimh – dá dtagraítear mar 'iomarcaíocht reachtúil'.
- Oibrítear an scéim íocaíochtaí dócmhainneachta faoi na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), ó 1984 go 2007 agus tá sí in ainm is teidlíochtaí áirithe reachtúla nár comhlíonadh a chosaint – riaráistí pá, pá saoire, etc. – atá dlite ag fostaithe i gcás dhócmhainneacht a bhfostóra.

18.2 Íoctar íocaíochtaí iomarcaíochta agus dócmhainneachta ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS), a riarann an Roinn.¹ B'ionann a leanas an caiteachas a thabhaigh an CÁS in 2014 maidir leis an dá scéim

- Íocadh €64.6 milliún faoin scéim íocaíochtaí iomarcaíochta
- Íocadh €23.6 milliún faoin scéim íocaíochtaí dócmhainneachta.

Ar a bharr sin, gearradh costais €1.3 milliún ar an iomlán ar an CÁS in 2014 i dtaca le riaradh na scéimeanna.

18.3 Roimhe seo, bhí fostóirí a rinne íocaíochtaí iomarcaíochta i dteideal aisíocaíocht a éileamh ón CÁS. A fhad leis an mbliain 2011 agus an bhliain sin san áireamh, b'ionann seo agus 60% den mhéid iomarcaíochta reachtúla. In 2012, laghdaíodh an aisíocaíocht anuas go dtí 15% den mhéid iomarcaíochta reachtúla. Ó 2013, ní raibh aon aisíocaíocht iníoctha.

18.4 Sa chás nach bhféadfadh fostóir iomarcaíocht reachtúil a íoc, cuireadh an méid a d'íoc an Roinn thar ceann an fhostóra (glan ar mhéid atá ar chomhionann leis an aisíocaíocht) mar fhiachas leis an CÁS. Má chreid an Roinn go raibh ar chumas fostóra íoc ach mura ndearna siad amhlaidh, sannadh iad mar 'mhainnitheoirí' agus bhí 100% den fhiachas in-aisíoctha.

18.5 Ní ghearrtar aon ús nó muirir ar fhiachais fostóra.

18.6 Lorgaíonn an Roinn chun na híocaíochtaí a aisghabháil a rinneadh faoi na scéimeanna ó na fostóirí ábhartha. Tá deacrachtaí airgeadais cheana féin ag fostóirí a théann i muinín an CÁS chun íocaíochtaí iomarcaíochta/dócmhainneachta a dhéanamh, áfach, mar sin, is annamh go mbítear in ann aisghabháil iomlán a dhéanamh. D'fhéadfaí fiachas a aisghabháil faoin scéim iomarcaíochta i gcásanna inar féidir leis an bhfostóir trádáil a dhéanamh as a gcuid deacrachtaí.

18.7 I gcásanna de dhócmhainneacht chuideachta, creidiúnaí tosaíochta atá san Aire Coimirce Sóisialaí mar aon leis na Coimisinéirí Ioncaim agus na húdaráis áitiúla. Ní bhíonn siad i dteideal íocaíochtaí a fháil ach i ndiaidh gur díscailleadh costais chreidiúnaithe urraithe (bainc) agus leachtaithe. Braitheann an méid atá in-aisghabhála go gcuirtear barrachas ar fáil lena leithdháileadh i ndiaidh go gcríochnaítear leachtú na cuideachta.

¹ Roimh an 1 Eanáir 2011, riar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta na scéimeanna, ach gearradh na costais ghaolmhara ar an CÁS.


- 18.8** Measann an Roinn go dteastóidh díscríobh ó thart ar 90% den fhiachas €469 milliún a cuireadh i dtaifead amhail bheith gan íoc ag deireadh 2014 nuair a chuirtear san áireamh gur bhain sé den chuid ba mhó le cuideachtaí dócmhainneacha a bhí faoi leachtú.

Anailís ar Threochtaí Caiteachais agus Fiachais


- 18.9** Tá laghdú géar tagtha ar an líon fostaithe a fuair íocaíochtaí reachtúla iomarcaíochta le blianta beaga anuas, ó bhuaicphointe 77,000 in 2009 (féach Fíor 18.1). I gcodarsnacht leis sin, is ionann líon na bhfostaithe a raibh an rogha acu chun íocaíochtaí a bhain le dócmhainneacht a fháil agus thart ar 10,000 sa bhliain (gan buaicphointe in 2009 a áireamh).
- 18.10** Léiríonn na híocaíochtaí comhiomlána faoin scéim líon na n-oibrithe agus na bhfostóirí atá i dteideal fáil a bheith acu ar na tairbhí, agus ar an laghdú ar an leibhéal d'aisíocaíocht atá ar fáil d'fhostóirí.

Fíor 18.1 Líon na n-éileamh agus caiteachas na scéime, ó 2007 go 2014

Líon na dtairbhíthe (mílte)



Luach na n-íocaíochtaí^a €m



Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí – anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Luaitear luach na n-íocaíochtaí glan ar aisghabháil gach bliain.

- 18.11** Leagtar amach i bhFíor 18.2 an ghluaiseacht in íocaíochtaí mainneachtana fostóra, aisghabhálacha a fuarthas ó fhostóirí, agus díscríobh a rinneadh le sé bliana anuas.

Fíor 18.2 Suimeanna carnacha a cuireadh i dtaifead lena n-aisghabháil ó fhostóirí, ó 2009 go 2014

	2009	2010	2011	2012	2013	2014
	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Iarmhéid ag tús na bliana	103.1	144.7	196.4	242.9	393.1	460.5
Fiachais fostóra a cuireadh i gcuntas	57.0	64.4	60.0	156.0	98.6	82.1
Méideanna a aisghabhadh	(6.3)	(3.9)	(4.5)	(5.8)	(7.0)	(10.2)
Méideanna a díscríobhadh ^a	(9.1)	(8.8)	(9.0)	–	(24.2)	(63.5)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	144.7	196.4	242.9	393.1	460.5	468.9

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Áirítear le díscríobh 2009 agus 2010 coigeartuithe €0.4 milliún agus €0.6 milliún, faoi seach, ar an dliteanas i ndiaidh go ndearna an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ceartúcháin.

- 18.12** Cuirtear íocaíochtaí iomarcaíochta agus dócmhainneachta i gcuntas i gcuntas an CÁS ar bhonn fáltais airgid thirim agus íocaíochtaí. Is ionann an t-iarmhéid atá dlite ó fhostóirí ag deireadh na bliana agus glanluach leabhar fiachas nár aisghabhadh nó nár díscríobhadh. Measann an Roinn, áfach, ar an meán, go bhfuil deis réalaíoch níos lú ná 10% ann go n-aisghabhfar an t-iarmhéid gan íoc. Mar gheall ar éiginnteacht an bhailithe, ní aithníonn an Roinn an fiachas mar shócmhainn i gclár comhardaithe an CÁS. Ina ionad sin, díscríobhtar an méid atá gan íoc trí nóta a bhreacadh sa chuntas.

An Fheidm Bhainistíochta Fiachais

- 18.13** Baineann gnáthrialacha reacht na dtréimhsí chun fiachas a aisghabháil, i.e. má tá an fiachas ann ar feadh breis agus sé bliana agus lá amháin, agus murar thug an Roinn faoi aon bheart um aisghabháil fiachais i rith na tréimhse sin, ní féidir tabhairt faoi aon chaitheamh dlí ina dhiaidh sin chun an fiachas a aisghabháil.
- 18.14** Is éard atá i mbainistíocht fiachais ná sraith gníomhaíochtaí lena chinntiú go mbailítear fiachais ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil agus go n-áirítear leo an méid a leanas
- beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe bainistíochta fiachais
 - bailiú agus cothabháil luath agus chruinn sonraí
 - córas tiomnaithe faisnéise, lena n-áirítear amharc ar an bhféichiúnaí aonair agus anailís aoise an fhéichiúnaí
 - teagmháil thráthúil leis an bhféichiúnaí
 - teagmháil chuí le gníomhaireachtaí stáit eile.

18.15 Oibríonn an Roinn aonad bainistíochta sonraí (abs) mar chuid de riaradh na scéimeanna, nach ndéileálann ach le bainistiú na bhfiachas iomarcaíochta agus dócmhainneachta. Tugadh an méid a leanas faoi deara

- Níl aon bheartais nó ráiteas nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn maidir le bainistíocht fiachas iomarcaíochta agus dócmhainneachta. Tá iad seo go léir á ndréachtú faoi láthair.
- Seachas sa chás go gcuirtear fiachas nua i dtaifead i gcoinne féichiúnaí, níor chuir an Roinn tús le haon teagmháil le féichiúnaithe maidir le fiachas leagáide a aistríodh anonn ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta in 2011.
- Níor sheol an Roinn meabhrúcháin chuig féichiúnaithe sa chás nach bhfuarthas aon fhreagairt ar an gcumarsáid tosaigh aisghabhála fiachais maidir le fiachas a chuir an Roinn i gcuntas a fhad leis an 31 Deireadh Fómhair 2014.
- Cineál ad hoc atá i gceist le hidirchaidreamh na Roinne le gníomhaireachtaí eile (e.g. na Coimisinéirí Ioncaim, Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann).

Cruinneas na Sonraí Fiachais

18.16 Cé gur aistríodh riar na scéimeanna chuig an Roinn an 1 Eanáir 2011, lean an Roinn le híocaíochtaí na scéime a phróiseáil ar chóras na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta a fhad le deireadh Mheán Fómhair 2011. Ó thús Dheireadh Fómhair 2011, aistríodh próiseáil íocaíochta chuig an Roinn.

- Sholáthair an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta tuarascáil don Roinn inar tugadh liosta den fhiachas a bhí le híoc leis an CÁS amháil an 30 Meán Fómhair 2011, arb ionann é agus €245.3 milliún. Le himeacht ama, aistríodh thart ar leath na bhfiachas seo chuig córas bainistíochta ró-íocaíochtaí agus fiachais (BRF) na Roinne, mar ar tháinig fiachas nua chun solais maidir le féichiúnaí a aistríodh nó go bhfuarthas aisghabháil maidir le fiachas. Díscríobhadh an fuílleach, agus tá suim €27.8 milliún fós le híoc mar fhiachas gan íoc. Níor cuireadh an tsuim seo i gcuntas ar an BRF ach coimeádtar é i bhformáid scarbhíleoige.
- I Samhain 2014, thug an Roinn córas nua cuntasaíochta fiachais agus fáltas (DRAS) isteach. Tugadh an fiachas go léir a bhí ar an BRF roimhe seo anonn chuig an DRAS an 1 Samhain 2014. B'ionann an fiachas iomlán a cuireadh i gcuntas ag deireadh 2014 ar an DRAS agus €396.3 milliún.

18.17 Léirigh na figiúirí a réitigh rannóg cuntas na Roinne do chuntas CÁS 2014 gurbh ionann an fiachas a bhí gan íoc ag deireadh 2014 agus €468.90 milliún. Is ionann iomlán na bhfigiúirí ar an DRAS agus ar na scarbhíleoga ag deireadh 2014 agus €424.1 milliún ar an iomlán, a chruthaíonn difríocht €44.8 milliún. Níorbh fhéidir leis an roinn an difríocht seo a mhíniú.

Anailís Aosta an Fhiachais

18.18 Príomhthoisic atá in athbhreithniú agus measúnú leantach a dhéanamh ar fhiachais chun aisghabhálacha fiachais níos airde á mbaint amach. Cuid thábhachtach den phróiseas seo is ea anailís aosta na bhfiachas ina leagtar amach an féichiúnaí, na suimeanna agus fad an fhiachais.

18.19 Féadfaidh DRAS na Roinne anailís aosta fiachais nua a chur i dtoll a chéile a cuireadh i dtaifead ó Dheireadh Fómhair 2011. Tá luach €243.2 milliún air seo, arb ionann seo agus 57% den fhiachas a chuirtear i dtaifead. Ní féidir tomhas cruinn a dhéanamh ar aois an €153.1 milliún den fhiachas atá fós le híoc a cuireadh i dtaifead ar an DRAS

mar gheall gur aistríodh é ó scairbhileoga chuig an DRAS le dáta an bhreactha seachas leis an mbundáta a cuireadh an fiachas i dtaifead. Tá €27.8 milliún curtha i dtaifead ar na scairbhileoga nach gcuireann an bundáta i dtaifead.

Fiachais gan Íoc a Aisghabhail

- 18.20** Is é ráta aisghabhála fiachas gan íoc an príomhbheart feidhmíochta do bhainistíocht fiachais. Go hidéalach, ba cheart measúnú a dhéanamh ar aisghabhálacha i gcoibhneas le meastachán réalaíoch ar fhiachas in-aisghabhála.
- 18.21** Cé go bhfuil sé de chuspóir ag an Roinn chun a mhéid fiachas fostóra is féidir a aisghabháil, níl aon spriocanna foirmiúla acu chun suimeanna atá gan íoc a aisghabháil.
- 18.22** Ar an meán, is ionann ráta aisghabhála d'fhiachais fostóra na Roinne agus thart ar idir 2% agus 3% den leibhéal tosaigh fiachais gan íoc a cuireadh i gcuntas gach bliain ó 2010 go 2014. Mar gheall go n-áirítear leis an leibhéal tosaigh fiachais leibhéal neamhdheimhnithe de sin atá ina fhiachas neamh-inbhailithe, i bhfrinne, áfach, cruthaíonn seo íomhá dhíchumtha d'fheidhmíocht aisghabhála fiachais na Roinne.
- 18.23** Nuair a ríomhtar ráta na haisghabhála bunaithe ar fhiachas a aisghabhadh i mbliain (gan aird ar aois), i gcoibhneas leis an leibhéal fiachais a cuireadh i gcuntas sa bhliain, tugtar le fios go raibh meánráta aisghabhála bliantúil 7.4% i gceist i gcaitheamh na tréimhe ó 2010 go 2014.¹
- 18.24** Cruthaíonn seo íomhá dhíchumtha, freisin, den fheidhmíocht aisghabhála, mar gheall nach é go bhfuil an fiachas a bailíodh bainteach leis an bhfiachas a cuireadh i dtaifead amhail bheith bailithe, agus nach gcuireann sé i gcuntas tabhairt anonn an fhiachais inbhailithe ó thréimhsí roimhe sin.

Díscríobh

- 18.25** Baineann tábhacht leis an bpróiseas chun fiachais a dhíscríobh maidir le bainistíocht cheart fiachas leis an méid a leanas a chinntiú
- tugann luach na riaráistí fiachais íomhá chruinn ar na méideanna a bhfuiltear ag súil leis atá ina méideanna in-aisghabhála
 - féadtar acmhainní bainistíochta fiachais a dhíriú ar fhiachais ag a bhfuil deis níos mó go n-aisghabhfar iad.
- Níor cheart go ndéanfaí díscríobh ach sa chás nach bhfuil aon ionchas réasúnta ann go ndéanfar aisghabháil.
- 18.26** Déileálann an BRF le díscríobh fiachais don dá scéim, sa chás go meastar go bhfuil an fiachas neamh-inchúlghairithe. Tugtar faoi dhíscríobh faoi chead tarmligthe ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

¹ Nuair a chuirtear a mhacasamhail de ríomh i bhfeidhm ar shonraí ó Chuntais Chiste Náisiúnta Árachais na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, baintear meáin chomparáideacha 10.1% agus 8.4%, faoi seach, amach.

18.27 Tarlaíonn díscríobh ar na cúiseanna a leanas


- cásanna inar críochnaíodh leachtú agus/nó inar díscríobhadh na cuideachtaí atá i gceist de chlár na gcuideachtaí
- cásanna inar críochnaíodh glacadóireacht agus ina ndearnadh an faighteoir gach sócmhainn de chuid na cuideachta a dhiúscairt
- cásanna ina bhfuil féimheacht i gceist
- cásanna ar nós comhpháirtíochtaí agus trádálaithe aonair a chuir deireadh le trádáil agus sa chás go ndeimhníonn an Roinn nach féidir an fiachas a aisíoc.
- cásanna ina ndearna an Ard-Chúirt cuideachta a dhíscríobh nó a dhíscáoileadh
- cásanna ina bhfuil an fiachas breis agus sé bliana d'aois.

18.28 Tugtar faoi dhíscríobh mar nós imeachta riaracháin amháin, agus ní dhíscáoileann díscríobh fiachais dliteanas an fhéichiúnaí don CÁS. Sa chás go mbaintear aisghabháil amach i ndiaidh díscríofa, glactar leis an íocaíocht. Is annamh a tharlaíonn seo, ar nós díbhinn a íoctar nuair a thugtar leachtú chun críche sa chás gur cuireadh an Roinn ar an eolas roimhe seo nach mbeadh aon díbhinn iníoctha.

18.29 Tugadh faoi deara san iniúchadh nach bhfuil beartas scríofa ag an Roinn ina leagtar amach na tairseacha agus an t-údarás gaolmhar chun fiachais a dhíscríobh.

18.30 Tugtar le fios i bhFíor 18.3 an ráta díscríofa le cúig bliana anuas.

Fíor 18.3 Ráta fiachas fostóra a dhíscríobh, ó 2010 go 2014



Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: Ríomhtar an ráta díscríofa mar an méid a dhíscríobhtar mar chéatadán den iarmhéid ag tús na bliana.

Aisíocaíochtaí a Ró-Íoc

- 18.31** Nuair a tháinig athrú ar an ráta aisíocaíochtaí le fostóirí ó 60% go 15% in 2012, thug aonad iniúchta inmheánaigh na Roinne faoi chleachtadh do na chéad trí mhí den bhliain lena chinntiú go raibh an ráta ceart aisíocaíochta á chur i bhfeidhm. Shainaithin sé ró-íocaíochtaí le fostóirí arbh ionann iad agus €220,000 i sampla de chás ón mbliain 2012, mar gheall gur cuireadh an ráta mícheart i bhfeidhm. Anuas air sin, deimhníodh i líon cásanna nárbh fhéidir leis an bhfostóir an iomarcaíocht a íoc, gur ríomhadh an dliteanas don CÁS go mícheart – a rinne ganniontráil €33,000 ar an dliteanas. Bhí thart ar €157,000 den ró-íocaíocht aisghafa faoin 31 Nollaig 2014, agus bhí €63,000 fós le híoc.
- 18.32** Níor thug an Roinn faoi iniúchadh inmheánach dá macasamhail don chuid eile den bhliain 2012, nó don bhliain 2013 nuair a tháinig athrú ar an ráta aisíocaíochta ó 15% go 0%. Ina ionad sin, thug an Roinn faoi sheiceálacha cáilíochta lena chinntiú gur cuireadh an ráta ceart aisíocaíochta i bhfeidhm.

Conclúidí agus Moltaí

- 18.33** Tá méid an fhiachais iomarcaíochta agus dócmhainneachta a cuireadh i dtaifead amhail bheith gan íoc ag dul i méid bliain i ndiaidh bliana – ó bheagán faoi bhun €200 million ag deireadh 2010 go dtí nach mór €470 milliún ag deireadh 2014.
- 18.34** Tá neamhréiteach os cionn €44 milliún ann idir an figiúr a chuir rannóg cuntas na Roinne i dtaifead agus a tuairiscíodh sa CÁS mar shócmhainn theagmhasach, agus i dtaifid fiachais na Roinne.

Moladh 18.1

Is gá tabhairt faoi athbhreithniú ar an bhfigiúr fiachais gan íoc lena chinntiú go nochtar íomhá iomlán agus chruinn den mhéid atá dlite lena aisghabháil.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear. Cuireadh tús i nDeireadh Fómhair 2014 le hathbhreithniú cuimsitheach ar iarmhéideanna fiachais fostóra agus tá seo ar bun go leanúnach. Tá an Roinn ag tabhairt faoi na hiarmhéideanna leagáide uile a aistriú chuig an DRAS agus tabharfaidh siad faoi scrúdú iomlán ar na hiarmhéideanna sin. Nuair a chríochnófar an obair seo, beidh catagóiríú soiléir ag an Roinn ar na hiarmhéideanna leabhar go léir agus beidh sé ar a gcumas acu cásanna a shainaithint lena ndíscríobh. Anuas air sin, beidh siad in ann figiúr a sholáthar d'fhiachas fostóra atá níos ionadaíche d'fhiachas iarbhír in-aisghabhála. Meastar go gcríochnófar an obair faoi Mheitheamh 2016.

Mar chuid den phróiseas seo, fuair an Roinn cead cothrom le dáta ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do dhíscríobh fiachais fostóra in 2013 agus 2014. Ina theannta sin, dheonaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cead tarmilgthe chun suimeanna neamh-inchúlghairithe atá dlite ó fhóistoirí ar bhonn bliantúil i gcomhréir leis an mbeartas bainistíochta agus díscríofa fiachais.

- 18.35** Níor leag an Roinn beartais agus nósanna imeachta amach go foirmiúil atá le leanúint do bhainistíocht agus díscríobh fiachais fostóra, agus ní leagann siad spriocanna feidhmíochta le haghaidh bainistíochta fiachais amach, cé go bhfuil ceithre bliana imithe thart ó ghlac siad le riaradh díreach na scéimeanna.

Moladh 18.2

Ba cheart don Roinn beartais agus nósanna imeachta foirmiúla a leagann amach do bhainistíocht agus díscríobh fiachais a bhaineann le fostóirí.

Freagairt an Oifigigh Chuntasafóichta

Comhaontaítear. Chríochnaigh agus thosaigh an Roinn le beartas agus treoirlínte nua bainistíochta agus díscríofa fiachais a chur i bhfeidhm do na scéimeanna iomarcaíochta agus dócmhainneachta. Soláthraíonn an beartas agus na treoirlínte an chreatlach do na próisis leanúnacha bhainistíochta, aisghabhála agus díscríofa fiachais i dtaca le fiachas fostóra don CÁS.

- 18.36** Tá na hiarmhéideanna atá dlite don CÁS faoi réir rialacha ghnáthreacht na dtréimhsí. Ar an ábhar sin, sa chás nár chuir an Roinn tús le haon teagmháil le féichiúnaithe (maidir le fiachas leagáide a aistríodh ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus nár cuireadh i gcuntas ar an BRF a fhad leis an 1 Deireadh Fómhair 2014), tá teorainn á leagan ag an Roinn ar an amfhráma atá acu chun tabhairt faoi na fiachais seo. D'fhéadfadh go bhfuil urchosc á chur ag an reacht orthu cheana féin.

19 Comhlíonadh na Reachtaíochta um Íoc Pras san Earnáil Sláinte

19.1 Íocann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (an FSS) agus eintitis atá maoinithe aici mórchuid airgid do sholáthraithe earraí agus seirbhísí. Sa bhliain 2014, thabhaigh an FSS caiteachas iomlán a bhí beagán faoi bhun €13.6 billiún. Meastar gur bhain €4 bhilliún (29%) den chaiteachas sin le soláthar earraí agus seirbhísí.¹ Cuireann an FSS maoiniú ar fáil do 2,300 gníomhaireacht a chuireann lear mór earraí agus seirbhísí ar fáil freisin.

An Reachtaíocht um Íoc Pras

- 19.2 Ceapadh an reachtaíocht ghinearálta lena chinntiú go n-íoctar soláthraithe go pras agus nuair a bhíonn moill ann maidir le híocaíocht go dtugtar cúiteamh cuí don soláthraí.
- 19.3 Achtaíodh reachtaíocht den chéad uair in 1997 chun pionóis a ghearradh go huathoibríoch toisc íocaíocht dhéanach a dhéanamh le soláthraithe.² Leasaíodh an reachtaíocht roinnt uaireanta ó shin.
- Bhí foráil sa reachtaíocht tosaigh (ar cuireadh tús léi i mí Eanáir 1998) go n-íocfadh eintitis na hearnála poiblí ús go huathoibríoch sa chás nár íocadh na soláthraithe laistigh de 45 lá ón am a bhfuarthas na sonraisc ábhartha.
 - Leasaíodh an reachtaíocht in 2002 chun go mbeadh feidhm aici le ceannaitheoirí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach agus sainíodh gur íocaíochtaí déanacha iad siúd nár íocadh laistigh de 30 lá tar éis dóibh na sonraisc ábhartha a fháil.³ Ar mhaithe le héifeachtúlacht, níor ghá íocaíochtaí úis níos lú ná €5 a íoc (in aghaidh an tsonraisc).
 - Leasaíodh an reachtaíocht um íoc pras tuilleadh le héifeacht ó Mhárta 2013. Bhí foráil sa leasú sin go n-íocfaí cúiteamh idir €40 go €100, ag brath ar luach an tsonraisc (féach Fíor 19.1), chomh maith le hús, i gcás nach ndearnadh an íocaíocht laistigh de 30 lá ón am a fuarthas an sonraisc ábhartha nó ag teacht le téarmaí creidmheasa na gconarthaí.⁴ Cuireadh deireadh leis an tairseach íosta €5 freisin. Is é an ráta úis inmhuirearaithe príomhráta athmhaoinithe Bhanc Ceannais na hEorpa móide ocht bpointe céatadáin.

1 Áirítear leis seo íocaíochtaí a rinneadh le soláthraithe, drugaí ar íocadh astu faoin tSeirbhís Aisíocaíochta do Cúram Príomhúil agus íocaíochtaí a rinneadh le tithe altranais príobháideacha faoi Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais.

2 An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

3 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 (IR Uimh. 388/2002)

4 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 (IR Uimh. 580/2012)

Fíor 19.1 Méid an chúitimh is iníoctha ar íocaíocht dhéanacha

Luach an idirbhirt	An cúiteamh iníoctha
	€
Méid nach mó ná €1,000	40
Níos mó ná €1,000 ach gan níos mó ná €10,000	70
Méid níos mó ná €10,000	100

Foinse: Rialacháin 2012 na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) (IR Uimh. 580 de 2012).

Nóta: a Bíonn cúiteamh iníoctha de bhreis ar ús dlíte.

- 19.4** Chomh maith leis an reachtaíocht a tugadh isteach faoi threoirlínte in 2009 tar éis don Rialtas cinneadh a dhéanamh, ceanglaíodh ar gach roinn de chuid an Rialtais láir a gcuid soláthraithe gnó a íoc laistigh de 15 lá tar éis sonrasc bailí a fháil. Leathnaíodh an riachtanas seo in 2011 le go gcuimseodh sé an FSS, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus gach comhlacht eile san earnáil phoiblí, ach amháin comhlachtaí tráchtála leathstáit. Níl tionchar ag na treoirlínte seo ar na híocaíochtaí reachtúla cúitimh agus úis.
- 19.5** Sa tuarascáil seo scrúdaítear comhlíonadh na reachtaíochta um íoc pras i gcás an FSS agus an dá eintiteas atá maoinithe ag an FSS agus a ndéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste a ráitis airgeadais a iniúchadh. Ba iad sin Ospidéal Beaumont agus Ospidéal San Séamas.

Rialacháin Airgeadais Náisiúnta an FSS

- 19.6** Tá sé i gceist go dtabharfar breac-chuntas i Rialacháin Airgeadais Náisiúnta an FSS ar an gcreat ardleibhéil ina gcuirtear córas rialaithe airgeadais inmheánach an FSS i bhfeidhm. Ullmhaítear na rialacháin lena chinntiú go bhfuil na rialuithe airgeadais atá i bhfeidhm laistigh den FSS ag teacht le riachtanais reachtúla na hÉireann agus an AE.
- 19.7** Tá na rialacháin iomchuí maidir le híoc pras soláthraithe atáirgthe i bhFíor. Níl na rialuithe is gá lena chinntiú go n-íoctar go hiarbhír an t-ús agus an cúiteamh atá dlite do sholáthraithe leagtha amach i rialacháin an FSS.

Fíor 19.2 Rialachán Airgeadais Náisiúnta an FSS i ndáil le híoc úis phras

Ní mór do shealbhóirí buiséad a chinntiú agus iad ag dearadh, ag cur i bhfeidhm agus ag déanamh monatóireachta ar a gcuid socruithe ceannaigh, go dtuigeann siad ceanglais na reachtaíochta um íoc pras go hiomlán agus go gcomhlíonann siad go hiomlán iad.

- Is é an rud is tábhachtaí maidir le híoc pras (chomh fada is a bhaineann leis an bpróiseas ceannaigh) a chinntiú go bhfuil soiléireacht ann faoi cad iad na téarmaí íocaíochta a bhaineann le haon ordú ceannaigh nó conradh a eisítear chuig aon soláthraí.
- Is iad téarmaí íocaíochta caighdeánacha an FSS maidir le gnáthsholáthraithe, a dtugtar minic 'Trádálaithe' go minic orthu, ná iad a íoc idir 30 agus 45 lá ón am a fhaightear sonrasc nó ón am a sheachadtar na hearraí nó a gcuirtear na seirbhísí ar fáil, cibé acu is déanaí.
- Ba cheart na téarmaí íocaíochta a lua ar gach doiciméad a eisítear do sholáthraithe lena n-áirítear cáipéisí tairisceana, orduithe ceannaigh, srl.

Beidh cásanna ann ina mbeidh téarmaí íocaíochta níos lú ná 30 lá iomchuí, áfach, agus beidh ceadú shonrach nó ghinearálta riachtanach dóibh ón Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta Airgeadais iomchuí mura cuimsítear iad laistigh díobh seo a leanas:

- fónais phoiblí (m.sh. Eircom, Bord Gáis, srl.)
- deontais do ghníomhaireachtaí lasmuigh - ní bhíonn aon sonrasc i gceist ach íoctar iad de réir an chonartha nó an chomhaontaithe.

Íocaíochtaí Prasa i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

- 19.8** Léiríonn ráitis airgeadais bhliantúla an FSS gur ícadh idir €200,000 agus €336,000 le soláthraithe gach bliain ó 2010 go 2014 mar ús íocaíochta pras. Níor ícadh aon ús íocaíochta pras i leith íocaíochtaí tithe altranais ná soláthairtí drugaí.
- 19.9** San iniúchadh a rinneadh ar ráitis airgeadais an FSS do na blianta 2013 agus 2014 rinneadh iniúchadh ar chomhlíonadh na reachtaíochta leasaithe um íoc pras i roinnt limistéar de chuid an FSS. Scrúdaíodh san iniúchadh cibé ar ícadh cúiteamh mar ba ghá, agus na téarmaí íocaíochta a úsáideadh chun ús agus cúiteamh a ríomh.
- 19.10** Fuarthas amach nach raibh aon cheann de na limistéir a scrúdaíodh ag íoc cúitimh as íocaíochtaí déanacha. Tugadh faoi ndeara san iniúchadh go raibh éagsúlacht le sonrú i limistéir éagsúla agus go raibh tréimhse chreidmheasa caighdeánach 30 lá á feidhmiú ag cuid acu le soláthraithe agus tréimhse chreidmheasa 45 lá á feidhmiú i limistéir eile.


Cúiteamh nár ícadh

- 19.11** Tá foráil i Rialachán 2012 um Íoc Pras go n-íocfar cúiteamh mar seo a leanas
- *Beidh sé ina théarma intuigthe de gach idirbheart tráchtála, i gcás ina mbeidh ús reachtúil ar íocaíocht dhéanach iníoctha faoi Rialachán 4, go mbeidh an soláthraí i dteideal, gan aon riachtanas maidir le meabhrúchán a sholáthar, de bhreis ar an ús reachtúil ar íocaíocht dhéanach, don mhéid a shonraítear sa Sceideal mar chúiteamh i leith na gcostas iomchuí arna thabhtú ag an soláthraí mar thoradh ar íocaíocht dhéanach.¹*
- 19.12** I mí Feabhra 2013, fuair an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta comhairle dlí ón Ard-Aighne maidir leis na himpleachtaí a bhaineann leis na hathruithe atá beartaithe ar an reachtaíocht um íoc pras. Thug Oifig an Ard-Aighne mar chomhairle don Roinn nuair a bhíonn ús ar íocaíocht dhéanach iníoctha faoi na rialacháin, sa chás sin go mbíonn costais cúitimh iníoctha go huathoibríoch chomh maith, is nach mbíonn sé riachtanach meabhrúchán a sholáthar.
- 19.13** Fuair an FSS comhairle dlí i mí Feabhra 2015 inar tugadh le fios nach raibh aon oibleagáid ar cheannaitheoir méideanna cúitimh a íoc go huathoibríoch faoi na rialacháin. Ba iad seo a leanas na fáthanna a bhí leis an gcomhairle sin
- Tá sé intuigthe i Rialacháin na bliana 2012 go bhfuil dhá théarma i gconarthaí tráchtála - teidlíocht go n-íocfaí ús íocaíochta déanaí i gcás ina bhfuil an ceannaitheoir déanach ag íoc na méideanna atá dlite agus teidlíocht chun cúitimh a fháil i leith costas aisghabhála a thabhaigh an soláthraí mar thoradh ar íocaíocht dhéanach.
 - Mar léirmhíniú ar an téarma 'teidlíocht' agus ag féachaint an bhfuil aon oibleagáid chomhfhreagrach ar an soláthraí aon bheart a dhéanamh chun an teidlíocht a fhorfheidhmiú, ós rud é go bhforálann na rialacháin maidir le cúiteamh do 'chostais aisghabhála' d'fhéadfaí a áitiú go dtugann sé sin le fios go bhfuil sé intuigthe sna rialacháin go ndéanfadh an soláthraí bearta chun teidlíocht de bharr íocaíocht dhéanach a dhearbhuí.
 - Tugtar le fios i dTreoir an AE² go n-áiríteoidh na Ballstáit sa chás go bhfuil ús um íocaíocht dhéanach iníoctha, go bhfuil an soláthraí i dteideal suim seasta cúitimh a fháil ón gceannaitheoir. D'fhéadfadh an chaoi gur úsáideadh an focal 'fáil' a thabhairt le fios go gcaithfidh an soláthraí bearta a dhéanamh chun an méid atá dlite mar theidlíocht a fháil.

¹ Fógraítear i Rialachán 4 "beidh sé ina théarma intuigthe de gach idirbheart tráchtála sa chás nach n-íocann an ceannaitheoir as earraí nó seirbhísí faoi ndáta íocaíochta iomchuí, go mbeidh an soláthraí i dteideal ús a fháil gan aon riachtanas maidir le meabhrúchán a sholáthar".

- 19.14** Mar sin féin, dúirt comhairleoirí dlí an FSS, cé gur cheid siad gur léirmhíniú réasúnach ar na rialacháin ab ea a seasamh maidir leis na híocaíochtaí cúitimh, nach bhféadfadh an FSS neamhshuim a dhéanamh de thuairim an Ard-Aighne.
- 19.15** Tar éis comhráití a bheith acu leis an bhfoireann iniúchta ar thorthaí an iniúchta, chinn an FSS in Aibreán 2015, cé go raibh comhairle dlí acu a thacaigh lena cuid gníomhaíochtaí san am a bhí thart, ba é an toradh a bhí ag athbhreithniú a rinneadh ar an scéal gur chinn siad dliteanas a aithint cúiteamh a íoc le soláthraithe ar tugadh íocaíochtaí déanacha dóibh ó tugadh isteach na ceanglais nua i Márta 2013.
- 19.16** Bhí dliteanas €9 milliún san áireamh sna ráitis airgeadais don bhliain 2014 maidir le híocaíochtaí cúitimh. I Meán Fómhair 2015, ní raibh na suimeanna cúitimh sin íoctha fós leis na soláthraithe.
- 19.17** Is ionann an méid sin agus méideanna atá dlite ó cuireadh tús le Rialacháin na bliana 2012 i Márta 2013 (féach ar Fíor 19.3 chun miondealú de réir réigiúin a fháil). Ríomhadh an dliteanas i gcomhréir leis na téarmaí creidmheasa a bhí i bhfeidhm sna limistéir ar leith.¹

Fíor 19.3 Miondealú ar dhliteanas cúitimh de réir limistéir an FSS, in 2013 agus 2014



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Comhaontú Téarmaí Creidmheasa

- 19.18** Sainmhíníonn an reachtaíocht an dáta íocaíochta i ndáil le hidirbheart tráchtála mar
- dháta, nó deireadh na tréimhse, d'íocaíocht a shonraítear sa chonradh, nó
 - i gcás nach sonraítear sa chonradh an dáta nó an tréimhse íocaíochta, an dáta atá 30 lá féilire i ndiaidh an dáta sin a bhfaigheann an ceannaitheoir an sonrasc.
- 19.19** Ceadáíonn Treoir an AE atá mar bhonn faoi Rialacháin na bliana 2012 do bhallstáit méid áirithe solúbthachta a thabhairt d'eintitis phoiblí a sholáthraíonn cúram sláinte agus ceadáítear do na Ballstáit, faoi choinníollacha áirithe, an tréimhse reachtúil 30 lá maidir le híocaíocht sonrasc a shíneadh go 60 lá ar a mhéid. Mar sin féin, ní raibh an rogha sin san áireamh sna Rialacháin a thug éifeacht do Threoir an AE in Éirinn.

¹ Tá sé seo bunaithe ar bheartas an FSS ús á ríomh tar éis 45 lá i roinnt limistéir de chuid an FSS agus tar éis 30 lá i limistéir eile.

- 19.20** Maidir le limistéir an FSS a chuireann téarmaí creidmheasa 45 lá i bhfeidhm, thug an FSS le fios cé nach raibh comhaontú déanta aige maidir le conradh foirmiúil ina leith sin, go bhfuil sé sonraithe in orduithe ceannaigh an FSS gur conradh iad téarmaí agus na coinníollacha ordú ceannaigh agus go ngabhann siad in ionad aon chaibidlíocht nó comhaontuithe i scríbhinn a rinneadh roimhe sin le soláthraithe.¹
- 19.21** Tugadh le fios sa chomhairle dlí a fuarthas de thoradh an iniúchta go gceadaíonn an reachtaíocht um íoc pras gur conradh é ordú ceannaigh ina sonraítear téarmaí íocaíochta 45 lá (nó dáta eile), agus go bhfuil ús íocaíochta pras agus cúiteamh ar íocaíochtaí le déanamh i ndiaidh na tréimhse sonraithe. I gcásanna den sórt sin féadfar glacadh leis go n-aontaíonn an soláthraí leis na téarmaí íocaíochta, ach amháin má chuireann an soláthraí in iúl don cheannaitheoir nach n-aontaíonn siad leis na téarmaí íocaíochta sonraithe.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

- 19.22** Thug an FSS le fios maidir leis an reachtaíocht, gurb iad na príomhdhúshláin atá le sárú ag an FSS ná déileáil leis an tionchar ar shreabhadh airgid agus leis an deacracht riaracháin a bhaineann le baint amach na spriocdhátaí chun na sonraisc a phróiseáil. Próiseálann an FSS beagnach dhá mhilliún íocaíocht sonrasc gach bliain do bhreis is 20,000 soláthraithe trí ocht n-ionad íocaíochta mhóra ag baint úsáide as ilchórais íocaíochta airgeadais. Tá córais agus suímh aonair ag roinnt limistéar an FSS maidir le próiseáil sonrasc agus ní thabhaíonn siad aon ús íocaíochta pras.
- 19.23** Fuarthas amach in anailís a rinne an FSS le limistéar dá chuid go dtarlaíonn íocaíochtaí déanacha maidir le sonraisc casta agus i líon beag áiteanna nach bpróiseáiltear sonraisc iontu de réir na reachtaíochta.
- 19.24** Tá roinnt beart déanta ag an FSS chun an tsaincheist a réiteach.
- Cuid de chlár oibre 2015 an Ghrúpa um Dhearbhuí Rialuithe Airgeadais Náisiúnta is ea luach agus ionad seirbhíse na sonrasc a aithint a thabhaíonn ús íocaíochta pras. Cuirfidh an obair sin faisnéis bhreise ar fáil chun líon na gcásanna den sórt sin a laghdú. Chuige sin tá tionscadal píolótach um ghabháil sonrasc á thosú i réigiún an Oirthir.
 - Thug an FSS le fios go bhfuil obair ar siúl chun córas aonair náisiúnta airgeadais agus soláthair a chur i bhfeidhm. Nuair a chuirfeadh a leithéid de chóras i bhfeidhm cabhróidh sé leis an FSS a chinntiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht um íoc pras.

Scrúdú ar Ospidéal Dheonacha

- 19.25** Thabhaigh Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Beaumont caiteachas de thart ar €422.3 milliún agus €338.7 milliún faoi seach in 2014. Baineann thart ar 31%² den chaiteachas iomlán in Ospidéal San Séamas agus 33% den chaiteachas iomlán in Ospidéal Beaumont le hearraí agus seirbhísí a ordú go díreach. Nuair a rinneadh iniúchtaí ar ráitis airgeadais Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Beaumont do 2014 scrúdaíodh comhlíonadh na reachtaíochta um íoc pras.

¹ Sonraítear téarmaí íocaíochta i gconarthaí a chlúdaíonn íocaíochtaí i dtithe altranais agus soláthar drugaí.

² Ní áirítear sa bhFíor seo an €35.8 milliún a caitheadh mar chuid den bhuiséad náisiúnta ar Thiúcháin Fachtóra Téachta.

Ospidéal San Séamas

- 19.26** Rinneadh scrúdú le linn an iniúchta ar shampla de 45 sonrasc in Ospidéal San Séamas a raibh luach iomlán €6.9 milliún ag baint leo. I 13 chás a raibh luach iomlán €1.7 milliún ag baint leo, níor íocadh na sonraisc laistigh de 30 lá ó fuarthas iad. Measadh sna cásanna sin go raibh €5,125 mar ús agus €1,180 mar chúiteamh dlite do na soláthraithe.
- 19.27** Aithníodh le linn an iniúchta nár ríomhadh is nár íocadh ús ó cuireadh tús leis na Rialacháin in 2012 as íocaíochtaí déanacha leis an soláthraí a bhí dlite maidir le sonraisc nár íocadh laistigh de 30 lá ón am a fuarthas na sonraisc agus nár ríomhadh is nár íocadh leis an soláthraí méideanna cúitimh a bhí dlite maidir le sonraisc dhéanacha.
- 19.28** Áirítear €389,000 i ráitis airgeadais Ospidéal San Séamas don bhliain 2014 mar mhuirear mheasta chun íoc as costas ionchais maidir le hús agus cúiteamh ar íocaíocht dhéanach atá dlite do sholáthraithe ó tugadh isteach an reachtaíocht i Márta 2013.

Ospidéal Beaumont

- 19.29** Rinneadh scrúdú le linn an iniúchta ar shampla de 47 sonrasc in Ospidéal Beaumont a raibh luach €2.2 i gceist leo. I 25 chás a raibh luach iomlán €710,000 ag baint leo, níor íocadh na sonraisc laistigh de 30 lá ón am a bhfuarthas iad, agus i gcás amháin a raibh luach €262,000 ag baint leis, níor íocadh an sonrasc laistigh den tréimhse (45 lá) a bhí leagtha amach sa sonrasc. Measadh sna cásanna sin go raibh €5,569 d'ús agus €2,300 de chúiteamh dlite do na soláthraithe.
- 19.30** Aithníodh le linn an iniúchta nár ríomhadh is nár íocadh leis an soláthraí an t-ús a bhí dlite ar shonraisc nár íocadh laistigh de 30 ó tugadh isteach reachtaíocht na bliana 2012. Bhí socruithe neamhfhoirmiúla comhaontaithe ag Ospidéal Beaumont le soláthraithe. Maidir leis an sampla a ndearnadh athbhreithniú air, rinneadh íocaíochtaí i ndiaidh tréimhsí éagsúla a mhair ó níos lú ná 30 lá suas go dtí 126 lá. Ina theannta sin, níor ríomhadh is níor íocadh na suimeanna cúitimh leis an soláthraí a bhí dlite ar shonraisc dhéanacha.
- 19.31** Aithníodh i ráiteas um rialú inmheánach airgeadais Ospidéal Beaumont na bliana 2014 go bhfuil Bord an ospidéal ar an eolas faoin reachtaíocht agus go n-aithníonn siad go gcaithfear beart a dhéanamh lena chinntiú go gcomhlíonann siad an reachtaíocht. Tugadh le fios nár íoc an t-ospidéal ús ná cúiteamh le soláthraithe agus gur roghnaigh siad ina áit sin dul i mbun caibidlíochta le soláthraithe faoi théarmaí íocaíochta níos faide. Mheas an Bord go raibh tuairim is €200,000 in ús agus i gcúiteamh iníoctha le soláthraithe ó mhí an Mhárta 2013. Níor aithníodh na suimeanna sin sna ráitis airgeadais don bhliain 2014.

Maoirseacht an FSS ar Ospidéal Dheonacha

- 19.32** Tá socruithe seirbhíse i bhfeidhm ag an FSS le hOspidéal San Séamas agus le hOspidéal Beaumont. Cé nach luaitear go sonrach sna socruithe seirbhíse go gcaithfear cloí le ceanglais na reachtaíochta um íoc pras, cuireann siad de cheangal ar sholáthraithe seirbhísí cloí leis na dlíthe, rialacháin, nósanna imeachta agus ceanglais infheidhme go léir a bhaineann le gach comhlacht rialtais ábhartha. Ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse ráiteas bliantúil a sholáthar don FSS ar chomhlíonadh na gceanglas atá leagtha amach sa socrú seirbhíse. Dhearbhaigh an dá ospidéal in 2014 go raibh córais chuí rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm acu le go bhféadfaidís na dlíthe agus na rialacháin infheidhme go léir a chomhlíonadh faoi mar a éilítear sa socrú seirbhíse leis an FSS.
- 19.33** Dúirt Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Beaumont go bhfuil gá le meicníocht láidir mhonatóireachta a chur i bhfeidhm maidir le hathruithe sa reachtaíocht.

Conclúidí agus Moltaí

- 19.34** Tá éagsúlacht le sonrú sna téarmaí creidmheasa atá i bhfeidhm san FSS. Tá tréimhse chreidmheasa caighdeánach 30 lá ag roinnt limistéar den FSS lena soláthraithe agus tá tréimhse chreidmheasa 45 lá ag roinnt limistéar eile. Tá téarmaí íocaíochta ar leith i bhfeidhm faoi chonarthaí le haghaidh íocaíochtaí do thithe altranais agus soláthraithe drugaí. Dá thoradh air sin ní chaitear mar a chéile leis na soláthraithe go léir.
- 19.35** Níor chomhlíon an FSS agus dhá cheann de na hospidéalí dheonacha is mó ar bhealach tráthúil le hathruithe reachtacha i leith íocaíochtaí pras.

Moladh 19.1

Ba cheart don FSS monatóireacht a dhéanamh ar an reachtaíocht chun athruithe a aithint a bhfuil impleachtaí acu dá oibríochtaí, agus d'oibríochtaí na gcomhlachtaí a mhaoiniú sé. Ba cheart fógra a thabhairt agus treoirlinnte a scaipeadh ar bhealach tráthúil chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud an chórais sláinte agus chun go gcomhlíonfaidh gníomhaireachtaí sláinte a n-oibleagáidí dlíthiúla.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leis sin. Leanfaidh an FSS ar aghaidh i dteagmháil leis an Roinn Sláinte faoin reachtaíocht atá á beartú a bhféadfadh tionchair a bheith aici ar na seirbhísí sláinte.

- 19.36** Níor chuir an FSS i bhfeidhm gach ceann de na forálacha i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012.

Moladh 19.2

Ba cheart don FSS nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go n-íoctar cúiteamh le soláthraithe ag teacht le rialacháin na bliana 2012 um íoc pras.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leis sin. I gcás ina bhfuil córais airgeadais aonair mar aon le próisis chaighdeánacha i bhfeidhm ag an FSS, mar shampla an tSeirbhís Aisíocaíochta do Chúram Príomhúil agus an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais, is féidir na nósanna imeachta sin a chur i bhfeidhm sa ghearrthéarma. Beidh an scála ama maidir leis an gcuid eile de sheirbhísí an FSS ag brath ar roinnt tosca lena n-áirítear dul chun cinn maidir le córas airgeadais agus soláthair nua. Leanfaidh an FSS ar aghaidh i dteagmháil leis an Roinn Sláinte faoin scéal.

Moladh 19.3

Ba cheart d'Ospidéal San Séamas a chinntiú go ndéanfar gach suim úis agus cúitimh atá dlite faoi na rialacháin athbhreithnithe a ríomh agus a íoc leis na soláthraithe.

Freagra an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Aontaím leis sin. Tá Ospidéal San Séamas ag cloí leis an reachtaíocht anois ó cuireadh é sin ar a súile don ospidéal le linn iniúchta na bliana 2014. Dhírigh an t-ospidéal ar roinnt réimsí tábhachtacha le dul i ngleic leis an gceist seo.

Tá nuashonrú le déanamh ar an gcóras airgeadais sa chaoi go bhféadfar na méideanna cúitimh a ríomh go huathoibríoch agus tá sé sin le cur i bhfeidhm i tríú ráithe na bliana 2015.

Tá aonad comhlíonta an ospidéil tar éis athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar na rialuithe agus ar na próisis a bhaineann le bainistiú sonrasc. Tá roinnt dréachtmholtaí déanta i ndiaidh an athbhreithnithe lena n-áirítear próiseas athbhreithnithe chun déileáil le sonraisc a gcuireann an t-ospidéal ceisteanna fúthu nó nach n-aontaíonn leo.

Moladh 19.4

Ba cheart d'Ospidéal Beaumont a chinntiú go ndéanfar na suimeanna úis agus cúitimh go léir atá dlite faoi na rialacháin athbhreithnithe a ríomh agus a íoc leis soláthraithe.

Freagra an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Aontaím leis sin. Tá Ospidéal Beaumont ag obair ag iarraidh an reachtaíocht a chomhlíonadh ó cuireadh an scéal ar a shúile an ospidéil le linn iniúchta na bliana 2014. Is mór an dúshlán an reachtaíocht a comhlíonadh mar gheall ar mhéid agus ar chastacht an ospidéil ina bpróiseáiltear thart ar 60,000 sonrasc in aghaidh na bliana.

Tá an t-ospidéal i mbun idirchaidrimh le soláthraí a chórais airgeadais lena chinntiú go gcuirfear córas cuí i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht amach anseo. Táthar ag súil go mbeidh bailchríoch curtha ar thástálacha ar na hathruithe sa chóras sa tríú ráithe de 2015.

20 Bainistiú Ioncam na n-Othar Príobháideach san Earnáil Sláinte

- 20.1** Is mar dheontas ón Státchiste tháinig beagán níos lú ná 90% d'ioncam an FSS in 2014 mar mhaoiniú chun seirbhísí sláinte a sholáthar sa Stát. Faightear an 10% eile dá ioncam ó dhleacht mháil ar tháirgí tobac, ó aisghabháil costais le haghaidh seirbhísí a sholáthraítear faoi rialacháin AE, ó ioncam othar agus ó roinnt sruthanna beaga eile ioncaim.
- 20.2** Cuimsíonn ioncam othar in ospidéal reachtúla thart ar 3% den ioncam iomlán reatha an FSS agus b'fhiú €410 milliún san iomlán é sin in 2014. Ní cuid d'ioncam reatha an FSS ioncam othar in ospidéal dheonacha ach cuirtear san áireamh é sa mhaoiniú a dtugann an FSS do na hospidéal sin. Tá breac-chuntas ar chatagóirí na dtáillí le fáil iFíor 20.1.

Fíor 20.1 Cineálacha táillí ospidéil

Táillí reachtúla ar othair chónaithe

- Is é an táille reachtúil a ghearrtar ar othair phoiblí atá faoi chúram lia chomhairligh i leith seirbhísí thar oíche agus seirbhísí cónaithe lae ná €75 in aghaidh an lae suas go huasmhéid €750 in aon tréimhse 12 mhí as a chéile. Ní bhaineann na táillí seo le sealbhóirí cárta leighis, le hothair atá ag fáil cóireála do ghalair thógálacha forordaithe, le hothair atá faoi réir táille 'fadchónaithe' ná le hothair atá i dteideal seirbhísí ospidéil a fháil de bharr rialacháin an AE.

Táillí ar othair chónaithe príobháideacha

- Bíonn othair a roghnaíonn seirbhísí príobháideacha d'othair chónaithe in ospidéal poiblí faoi dhliteanas i leith táillí cóiríochta ó €659 go €1,000 le haghaidh cóiríocht thar oíche nó ó €329 go €407 le haghaidh cúram cásanna lae. Rudaí eile ar fad iad na suimeanna atá dlite do lianna comhairleacha maidir le cóireáil an othair. Ní hionann iad agus an táille cóiríochta agus íocann na cuideachtaí árachais príobháideacha iad go díreach leis na lianna comhairleacha..

Táillí na rannóige éigeandála

- Gearrtar táille chaighdeánach €100 ar dhuine a fhreastalaíonn ar an Rannóg Éigeandála (RÉ) in ospidéal poiblí, ach amháin má tá an t-othar díolmhaithe ón táille toisc cárta leighis a bheith aige nó aici, nó má sheolann liachleachtóir ginearálta an t-othar go dtí an RÉ le cóireáil leanúnach a fháil maidir le breoiteacht nó tinneas ar fhreastail siad cheana féin ar an RÉ maidir leis.


Táillí fadchónaithe

- Is é €175 in aghaidh na seachtaine an táille uasta d'othar i gcúram fadchónaithe poiblí. Bíonn na táillí seo dlite i gcásanna ina mbíonn duine aonair ag fáil cúraim mar othar cónaithe ar feadh níos mó ná 30 lá i gcaitheamh an 12 mhí roimhe sin agus go ndeimhníonn dochtúir nach bhfuil géarchúram riachtanach a thuilleadh dó nó di.

Táillí i leith timpistí bóthair

- Bíonn táille um thrácht ar bhóithre iníoctha ag daoine a ghortaítear i dtimpistí tráchta bóthair. Ríomhann gach ospidéal an táille bunaithe ar an gcostas geilleagrach a thabhaíonn an t-ospidéal sin. Gearrtar an táille seo le cois cibé táillí eile i leith cúraim sa Rannóg Éigeandála nó táillí cásanna lae nó táillí othair chónaithe a d'fhéadfadh a bheith dlite.

Fíor 20.2 Ioncam Othar de réir catagóire, 2014



Foinse: Ráitis Airgeadais an FSS 2014

- 20.3** I bhformhór na gcásanna, aithníonn an FSS ioncam othar nuair a bhíonn an tseirbhís curtha ar fáil don othar, mar shampla, nuair a bhíonn an t-othar scaoilte amach ón ospidéal.¹ Bhain 73% den ioncam othar a ghineadh in ospidéal reachtúla in 2014 le táillí a gearradh ar othair chónaithe phríobháideacha (féach Fíor 20.2).
- 20.4** Bíonn an táille ar othar cónaithe príobháideach dlite lena íoc ag an othar féin. Is éard a tharlaíonn i ndáiríre ná go mbíonn árachas sláinte ag an chuid is mó de na hothair phríobháideacha. Faightear thart ar 95% den ioncam ó othair phríobháideacha ar ais ó árachóirí sláinte príobháideacha. Is é an cleachtas atá ann faoi láthair go n-éilíonn an t-ospidéal go díreach ón árachóir na híocaíochtaí atá dlite seachas iad a éileamh ón othar a lorgódh aisíocaíocht ansin ón árachóir. Cuireann ospidéal éilimh faoi bhráid an árachóra lena n-áirítear
- sonraí faoi na méideanna atá dlite don ospidéal maidir le táillí cóiríochta
 - sonraí faoi na méideanna atá dlite do lianna comhairleacha i leith na cóireála a cuireadh ar othair phríobháideacha.

Fócas na hIniúcháireachta

- 20.5** Rinneadh iarracht scrúdú a dhéanamh le linn na hiniúcháireachta ar
- tionchar na n-athruithe a rinneadh in 2014 ar an gcóras maidir le táillí a ghearradh ar othair phríobháideacha
 - treochtaí i bhfiacha othar príobháideach agus laethanta féichiúnaithe idir ospidéal
 - éifeachtúlacht an chórais riaracháin um bailiú táillí ó othair phríobháideacha
 - miondealú a dhéanamh de réir céime ar an bhfiachas gan íoc agus ar fheidhmiú an chórais um bailiú fiachais i sampla na n-ospidéal le fáil amach na cúiseanna a bhí le moilleanna ag gach céim.

¹ Tá roinnt eisceachtaí ag baint leis seo, lena n-áirítear othair fhadchónaithe a ngearrtar táillí orthu ar bhonn seachtainiúil, nó fabhruithe ag deireadh tréimhse i gcás othar nach bhfuil scaoilte amach go fóill.

- 20.6** Rinneadh an scrúdú i gcúig ospidéal. Tá trí cinn de na hospidéal a mbainistiú ag an FSS - Ospidéal Ollscoil Chorcaí, Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh agus Ospidéal Ginearálta na Tulaí Móire agus is ospidéal 'Alt 38' iad an dá cheann eile - Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Beaumont. Tá siad sin á maoiniú ag an FSS agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu.

Athruithe ar an gCóras um Ghearradh Táillí

- 20.7** Tugadh isteach rátaí athbhreithnithe do sheirbhísí d'othair chónaithe phríobháideacha sa reachtaíocht a achtaíodh i mí Iúil 2013 agus a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2014 (féach Fíor 20.3).

Fíor 20.3 Táillí iníoctha i leith seirbhísí lóistín d'othair chónaithe phríobháideacha, in 2013 agus 2014

	Ospidéal réigiúnacha an FSS, ospidéal teagaisc idir dheonach agus chomhbhord		Ospidéal contae an FSS agus ospidéal dheonacha nach ospidéal mhúinteoireachta iad	
	2013	2014	2013	2014
Ráta thar oíche				
Leaba phríobháideach/seomra d'othar amháin	€1,046	€1,000	€819	€800
Leaba i seomra leathphríobháideach/seomra iláitithe	€933	€813	€730	€659
Ráta do chásanna lae	€753	€407	€586	€329
Táille reachtúil d'othair chónaithe (in aghaidh an lae)	€75	–	€75	–

Foinse: An tAcht Sláinte (Leasú) 2013 agus láithreán gréasáin an FSS.

- 20.8** Cé gur laghdaíodh na rátaí atá iníoctha, bhí níos mó othar a íoc na dtáillí mar gheall ar athruithe a rinneadh ar an mbonn maidir le táille a ghearradh. Bhí éiginnteacht maidir le cur i bhfeidhm na dtáillí ó thaobh ainmniú leapacha agus suíomh na cóireála.

- 20.9** Tá thart faoi 80% de na leapacha in ospidéal phoiblí sainithe d'úsáid 'phoiblí' agus an chuid eile sainithe mar leapacha 'príobháideacha'. Ní ghearrtaí táille cóiríochta roimh 2014 ach amháin ar othair phríobháideacha a raibh leapacha acu a bhí sainithe mar leapacha príobháideacha. Bhí foráil i reachtaíocht na bliana 2013 go bhféadfaí táille a ghearradh ar gach othar cónaithe príobháideach.¹ Bhí roinnt éiginnteacht ann maidir le léirmhíniú na reachtaíochta nua sa mhéid is a bhain sí leis an athrú sin.
- I Meán Fómhair 2013, thug an Roinn Sláinte (an Roinn) treoir don FSS ina ndúirt sí go ngearrfaí an táille ar othair phríobháideacha a dtugtar cóiríocht dóibh i leapacha poiblí nó i leapacha neamhshainithe.
 - D'iarr an FSS soiléiriú ar an scéal agus i mí na Samhna 2013 d'ullmhaigh an Roinn i gcomhairle leis an FSS tábla na dtáillí iomchuí agus eisíodh é chuig gach ospidéal poiblí. Sonraíodh ann nach raibh aon táille le gearradh ar othar príobháideach ar tugadh cóiríocht do nó dí i leaba phoiblí, i gcás inar glacadh isteach an t-othar ar bhonn roghnach seachas ar bhonn éigeandála.
 - I mí na Bealtaine 2014, d'iarr an FSS tuilleadh soiléirithe ón Roinn agus fuair comhairle dlí freisin maidir leis an reachtaíocht.
 - Chuaigh an Roinn i gcomhairle le hOifig an Ard-Aighne agus i mí Lúnasa 2014 d'fhreagair sí an FSS agus dúirt go gcaithfí na táillí a éileamh beag beann ar shainiú na leapa nó ar ligeadh isteach an t-othar ar bhonn roghnach nó éigeandála.
- 20.10** I mí Dheireadh Fómhair 2014, scríobh Príomhoifigeach Airgeadais an FSS chuig gach ospidéal idir reachtúil agus dheonach ag soiléiriú an scéil maidir leis an gcóras leasaithe maidir le gearradh táillí. Dá thoradh sin chruthaigh ospidéal sonraisc bhreise in 2014 arbh fhiú thart ar €19.4 milliún iad maidir le cóiríocht thar oíche d'othair chónaithe.
- 20.11** Bhí éiginnteacht ann freisin maidir le cé acu ar cheart an táille a ghearradh ar othair ar cuireadh cóireáil orthu ar chathaoireacha teiripe, ar shuíocháin insíte nó ar thralaí, seachas ar leapacha ospidéil. Baineann sé seo den chuid is mó le cóireáil a chur ar chásanna lae.
- Ní raibh aon tagairt sa treoir a d'eisigh an Roinn chuig an FSS i Meán Fómhair 2013 agus i Samhain 2013 don táille a ghearradh ar othair phríobháideacha a raibh cóireáil othar istigh curtha orthu ar threalamh seachas leapacha.
 - I mí Lúnasa 2014, tar éis don FSS soiléiriú a lorg, thug an Roinn le fios i gcásanna ina raibh na seirbhísí á sholáthar d'othair chónaitheacha, nár mhór an táille a ghearradh beag beann ar an gcineál trealaimh a úsáideadh.
- Dá thoradh sin, chruthaigh ospidéal sonraisc bhreise arbh fhiú thart ar €6.3 milliún iad i leith cóireálacha lae a cuireadh ar othair chónaitheacha in 2014.
- 20.12** Bhí fadhbanna teicniúla ann a chuir bac i gcásanna áirithe ar sheoladh na sonrasc breise láithreach (ar b'fhiú thart faoi €25.7 milliún iad san iomlán) chuig na soláthraithe árachais. Níl an FSS in ann a dheimhniú cathain a sheolfar na sonraisc ábhartha nó an raibh siad go léir seolta amhail Meán Fómhair 2015.
- 20.13** Bhí foráil i bplean seirbhíse an FSS do 2014 chun méadú €30 milliún breise a fháil in ioncam ospidéal ó tháillí othar príobháideach tar éis don Acht Sláinte (Leasú) a bheith tugtha isteach i mí Eanáir 2014. Tháinig glanmhéadú €66.2 milliún in 2014 ar ioncam ospidéal an FSS idir reachtúil agus dheonach².

1 Tá foráil in Alt 55 den Acht Sláinte 1970 faoi tháille a ghearradh i leith seirbhísí d'othair chónaithe a gcuirtear ar fáil i gcóiríocht phríobháideach nó leathphríobháideach. Cuireadh Alt 13 den Acht Sláinte (Leasú) 2013 ina áit sin. Níl aon tagairt in Acht na bliana 2013 do sheirbhísí atá á soláthar i gcóiríocht phríobháideach nó leathphríobháideach.


2 Tháinig méadú €99 milliún ar tháillí othar príobháideach agus laghdú €32.8 milliún ar tháillí reachtúla ar othair chónaithe tar éis tabhairt isteach na reachtaíochta leasaithe, rud a thug glanmhéadú €66.2 milliún sa bhliain.

- 20.14** Thug an FSS faoi deara gurbh é an soiléiriú a fuarthas ón Roinn Sláinte in 2014 faoi chur i bhfeidhm na reachtaíochta leasaithe an chúis ba mó a bhí leis an ioncam a bheith níos airde ná an méid a raibh foráil déanta faoi sa bhuiséad. Ní raibh sé sin ar fáil nuair a d'ullmhaigh an FSS a phlean seirbhíse.

Treochtaí i Leibhéal Fiachais

- 20.15** Aithnítear ioncam atá dlite ó othair phríobháideach mar fhiach i ráitis airgeadais an FSS, agus i ráitis airgeadais na n-ospidéal deonach. B'fhiú €290 milliún ag deireadh 2014 an fiach iomlán a bhí gan íoc ó árachóirí maidir le hioncam ó othair phríobháideacha. Chuimsigh sé sin €172 mhilliún i gcás na n-ospidéal reachtúil agus €118 milliún i gcás na n-ospidéal deonach.
- 20.16** Ag deireadh na bliana 2014, bhí an méid iomlán a bhí dlite ó sholáthraithe árachais cothrom le 51% den ioncam aitheanta sa bhliain (30% i gcás na n-ospidéal reachtúil agus 21% i gcás na n-ospidéal deonach). Ba é 44% an méid inchomparáide ag deireadh na bliana 2013. Tá ioncam árachais na n-othar príobháideach agus an fiachas gan íoc don tréimhse ó 2011 go 2014 leagtha amach i Fíor 20.4.

Fíor 20.4 Ioncam agus fiach ó árachas na n-othar príobháideach, 2011 go 2014



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte


Nóta: Go deireanach in 2012, chuir na cuideachtaí árachais sláinte réamhíocaíochtaí ar fáil arbh fhiú €103 mhilliún iad san iomlán bunaithe ar na meastacháin a bhí déanta acu ar na hothair phríobháideacha a thabhaigh táillí ar chóireálacha in ospidéal ghéarmhíochaine ach nach raibh na próisis éilimh tugtha chun críche fós ina gcás. Ar mhaithe le comparáid, níor laghdaíodh an fiachas a bhí gan íoc ag deireadh na bliana 2012 de thoradh na réamhíocaíochtaí sin, mar d'asbhain na hárachóirí na suimeanna a fuarthas ó íocaíochtaí táillí othar sna chéad sé mhí de 2013.

Tomhas Feidhmíochta maidir le Bailiú Fiachais

- 20.17** Is i 'laethanta fiachúnaithe' a thomhaiseann an FSS an tráthúlacht ó thaobh bailiú fiachais a bhaineann le táillí othar, agus déantar é a ríomh tríd an bhfiachas maidir le hárachas príobháideach gan íoc ag pointe áirithe ama a roinnt ar mhéid iomlán ioncaim na n-othar príobháideach sa 12 mhí roimhe sin, arna iolrú 365 lá.
- 20.18** Déantar roinn na Seirbhísí Gnó Sláinte (SBT) de chuid an FSS an beart laethanta féichiúnaithe a ríomh do gach ospidéal ar bhonn míosúil agus cuirtear san áireamh é mar chuid de thuarascáil chomhdhlúite mhíosúil a sheoltar chuig bainisteoirí airgeadais agus bainisteoirí oibriúcháin ábhartha.
- 20.19** Ag deireadh na bliana 2012 b'ionann fiachas iomlán na n-othar príobháideach bhí fós gan íoc agus 134 lá féichiúnaithe. Faoi dheireadh na bliana 2014, bhí sé sin méadaithe

go 186 lá - 212 lá i gcás ospidéal reachtúla an FSS agus 158 lá i gcás na n-ospidéal deonach. Faoi mar atá leagtha amach i Fíor 20.5, bíonn ospidéal reachtúla an FSS go seasta níos moille ag bailiú fiachais a bhaineann le hothair ná mar a bhíonn ospidéal dheonacha. Tugtar léiriú in larscríbhinn A ar aois fiachais na n-othar príobháideach cónaitheach agus luach an fiachais gan íoc ag deireadh 2014 i ngach ospidéal.

Fíor 20.5 Aois an fiachais a bhaineann le hárachas príobháideach - 2013 agus 2014



Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Éifeachtúlacht an Phróisis Éilimh


20.20 Taispeántar an próiseas um bailiú ioncaim na n-othar príobháideach i Fíor 20.6

20.21 Nuair scaoiltear othar amach as ospidéal tiomsaíonn oifig billeála an ospidéal an t-éileamh, agus bíonn dhá chuid ann.

- Sonraí na méideanna a d'éiligh an t-ospidéal - táille cóiríochta an ospidéal.
- Méideanna a éilítear i leith lianna comhairleacha - lena n-áirítear táille an phríomhlia chomhairligh, agus táillí aon lianna comhairleacha eile (lianna comhairleacha tánaisteacha) a chuir cóireáil ar an othar san ospidéal. Cuirtear tuarascáil ar fáil freisin faoin méid ama a chaít an t-othar san ospidéal má mheastar go bhfuil gá leis.

20.22 Síníonn an lia comhairleach an t-éileamh ansin agus cuireann aonad billeála an ospidéal é faoi bhráid na cuideachta árachais ansin chun íocaíocht a fháil. Íoctar táillí príobháideacha an lia chomhairligh go díreach leis an lia comhairleach féin. Ní dhéanann an FSS monatóireacht ar luach na n-éileamh a sheoltar chuig na cuideachtaí árachais maidir le táillí na lianna comhairleacha.

Fíor 20.6 Bailiú ioncaim na n-othar príobháideach ó árachóirí



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Riaradh Éileamh ag an Ospidéal

- 20.23** Dúirt an FSS gur ar mhaithe le héascaíocht agus le éifeachtúlacht riaracháin a bhfuil sé de chleachtas ag ospidéal éilimh chuimsitheacha a sheoladh isteach go díreach chuig na cuideachtaí árachais i leith méideanna atá dlite don ospidéal agus do na lianna comhairleacha ábhartha thar ceann na n-othar príobháideach a bhfuil árachas sláinte acu. Dúirt sé freisin go n-úsáideann lianna comhairleacha cuideachtaí speisialtóireachta nó a bhfoirne riaracháin féin chun eolas a thiomsú maidir leis na táillí a chuireann siad faoi bhráid aonad billeála an ospidéil.

- 20.24** Tá an FSS agus na hospidéalí dheonacha i mbun comhráití faoi láthair leis na ceithre phríomhsholáthraí árachais tráchtála sláinte le teacht ar chomhaontú faoi mheabhán tuisceana maidir le próiseas chun iarratais a chur isteach agus íocaíocht a dhéanamh. Chuirfeadh sé sin ar chumas na gcuideachtaí árachais íocaíochtaí a dhéanamh níos luaithe leis an FSS agus beidh fráma ama sainithe ar fáil maidir le ceisteanna a chur faoi éilimh agus bailchríoch a chur orthu. Faoi na socruithe (leasaithe) molta socróidh na hospidéalí agus na hárachóirí príobháideacha scála ama chun éileamh a sheoladh isteach tar éis d'othair a bheith scaoilte amach. Íocfaidh an chuideachta árachais méid suntasach laistigh den fhráma ama comhaontaithe iomchuí agus beidh aga tionscanta comhaontaithe ann chun go bhféadfaidh an chuideachta an t-éileamh árachais a bhailíochtú agus íoc as.
- 20.25** Thug an FSS le fios go mbaineann na comhaontuithe atá á bplé leis na hárachóirí le fo-thacar sách cúng saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar an tráthúlacht fhoriomlán maidir le próiseáil éileamh.

Seoladh isteach an Éilimh


- 20.26** Le linn 2012, chuir an FSS tús le córas bainistíochta leictreonáil nua a chur chun feidhme maidir le héilimh. Claimsure a dtugtar ar an gcóras. Trí bhíthin an chórais is féidir
- faisnéis maidir le ligean isteach, cóireáil agus scaoileadh amach othar a íoslódáil ó chóras riaracháin othar an ospidéal (PAS) chuig an gcóras Claimsure
 - comhtháthú a dhéanamh le córas billeála an ospidéal
 - sínithe othar agus lianna comhairleacha a ghabháil go leictreonach (tá sé seo roghnach i gcás lianna comhairleacha)
 - éilimh chuig na ceithre chuideachta árachais is mó a phróiseáil agus a sheoladh isteach go leictreonach.
- 20.27** Scrúdaíodh oibriú an chórais Claimsure le linn an iniúchta. Fuarthas amach sa scrúdú sin
- Go bhfuil 44 ospidéal ag úsáid an chórais Claimsure. Mar sin féin, cé go bhfuil 29 n-ospidéal tar éis dlúthchuid dá gcórais um billeáil othar a dhéanamh de Claimsure, níl sé sin déanta fós ag 15 ospidéal. Sa chás nach bhfuil na córais comhtháite, déantar an doiciméadú maidir le ligean isteach agus cóireáil othar a scanadh isteach sa chóras Claimsure.
 - Éascaíonn an córas Claimsure próiseáil agus seoladh isteach éileamh go lánleictreonach. Mar sin féin, níl sé in úsáid sa chaoi sin ag an FSS agus ní mór mórchuid den obair ionramhála a dhéanamh de láimh. Cé gur féidir sonraí a íoslódáil ó chórais eile atá i bhfeidhm san ospidéal trí leas a bhaint as an gcóras atá ann faoi láthair b'fhéidir gur gá sonrasc a phriontáil agus a scanadh lena sheoladh chuig na cuideachtaí árachais, mar aon le doiciméid tacaíochta eile, chun éileamh a sheoladh isteach.

- 20.28** Thug an FSS le fios, cé nach bhfuil an córas Claimsure á úsáid go fóill mar chóras lánleictreonach um próiseáil éileamh, is mór an dul chun cinn é ar an gcóras roimhe seo trína ndéantaí gach rud de láimh. I gcás na n-éileamh a sheoltar ar ais nó a dhiúltaítear dóibh agus a bhfuil tuilleadh faisnéise ag teastáil fúthu is féidir an córas a úsáid lena seoladh ar ais arís go tráthúil agus cuireann sé ar chumas an FSS rianú a dhéanamh ar íocaíocht na n-éileamh. Thug an FSS le fios go mbeidh tuilleadh rannpháirtíochta agus comhaontaithe idir an FSS agus na hospidéal agus na hárachóirí maidir le rialachas sonraí, próisis chaighdeánacha agus nithe gaolmhara sula bhféadfar an córas Claimsure a chur i bhfeidhm go hiomlán. Tá tionscadal póilótach ar siúl faoi láthair faoi seo.

Céimeanna sa Phróiseas Bailithe Fiachais

- 20.29** Tháinig feabhas in 2012 ar bhailiú fiachais go tráthúil. Tháinig laghdú ar laethanta féichiúnaithe ó 148 lá ar an mheán ag deireadh 2011 go 134 lá ar an mheán ag deireadh 2012. Mar sin féin, áfach, tá laethanta féichiúnaithe tar éis méadú arís ó shin. Tharla an t-ardú ag gach céim ach amháin sa phróiseas riaracháin tosaigh (féach Fíor 20.7).

Fíor 20.7 Aois an fhiachais de réir céime sa phróiseas bailiúcháin, ag deireadh na bliana ó 2011 go 2014



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Ag feitheamh ar Ghníomh riaracháin in Ospidéal

- 20.30** Cé gurb é aidhm gach ospidéal sonrasc a cheapadh laistigh de chúig lá oibre ó scaoiltear othar amach is é an sprioc atá glactha ag an FSS go gceapfar gach sonrasc (100%) laistigh de 15 lá. I Mí na Nollag 2014, ba é 16 lá aois an fhiachais ag an gcéim seo den phróiseas bailiúcháin.

- 20.31** Rinneadh athbhreithniú mar chuid den scrúdú ar shampla de 44 de na héilimh árachais a raibh an luach ab airde ag baint leo is a bhí ar feitheamh ar ghníomh riaracháin. I gcás na sonrasc gaolmhar a gineadh sna hospidéal, próiseáladh 73% acu laistigh de chúig lá ón am a scaoileadh an t-othar amach, 87% acu laistigh de dheich lá agus 91% acu laistigh de 15 lá.
- 20.32** Fuarthas amach le linn an scrúdaithe gurbh iad seo a leanas na príomhchúiseanna a bhí le moill
- éilimh fós ag feitheamh ar shíniú an othair (an síntiúsóra)
 - éilimh ag feitheamh ar athbhreithniú maidir le dearbhú cáilíochta
 - d'éiligh ospidéal amháin go gcuirfeadh lia comhairleach tuairisc ar fáil faoin achar a chaith an t-othar san ospidéal i gcás gach éileamh os cionn €10,000. Rinneadh an socrú sin chun an méid ceisteanna a chuirfeadh na cuideachtaí árachais ina dhiaidh sin a laghdú. Bhí na tuairiscí sin ar feitheamh i gcás gach ceann de na deich n-éileamh san ospidéal sin a ndearnadh athbhreithniú orthu mar chuid den iniúchadh.

Ag feitheamh ar shíniú Lia Chomhairligh

- 20.33** Mí na Nollag 2011, bhí luach €67 milliún d'ioncam ag fanacht go gcuirfeadh lianna comhairleacha a n-ainmneach leis na foirmeacha. Ba é 53 lá aois an fhiachais arna tomhas i laethanta féichiúnaithe. Tá an FSS tar éis roinnt tionscnamh a chur i gcrích lena áirithiú go síneoidh na lianna comhairleacha níos tráthúla.


Teorainn Ama maidir le Síniú

- 20.34** Cuireadh bailchríoch ar chomhaontú an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais i Meán Fómhair 2012 agus bhí tiomantas ó na lianna comhairleacha mar chuid de go síneodh siad na foirmeacha árachais phríobháidigh laistigh de 20 lá féilire (14 lá oibre) ón am a gheobhadh siad an cháipéisíocht chuí. Dúradh sa chomhaontú go bhféadfadh an fostóir aghaidh a thabhairt ar an scéal dá mbeadh teip leanúnach ann maidir comhlíonadh an cheanglais seo agus go mbeadh údarás iomlán acu na bearta riachtanacha a ghlacadh chun an scéal a réiteach.
- 20.35** I mí na Samhna 2012, scaip Stiúrthóir Náisiúnta Airgeadais an FSS litir ar na lianna comhairleacha go léir ag iarraidh orthu cloí leis an teorainn ama 20 lá. Seoladh cumarsáid leantach chuig lianna comhairleacha na n-ospidéal ag deireadh mhí Aibreáin 2013 ag cur in iúl dóibh go raibh sé d'údarás ag lucht bainistíochta na n-ospidéal gníomh foirmiúil a ghlacadh i gcás ina mbíonn neamhchomhlíonadh leanúnach ar siúl.
- 20.36** Ó mhí Eanáir 2013 go dtí Meán Fómhair 2013, leag an FSS spriocanna ráithiúla síos do gach ospidéal sa chaoi go laghdófaí laethanta na bpríomhlianna comhairleacha go 20 lá de réir a chéile.
- 20.37** I mí na Samhna 2013, chuir an FSS síneadh leis an teorainn 20 lá agus rinne teorainn 30 lá di chun spreagadh a thabhairt d'ospidéal a bhí lasmuigh den teorainn 20 lá, agus chun aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí breise na lianna comhairleacha agus foireann eile na n-ospidéal éilimh níos sine a sheoladh isteach in 2013. Tá feidhm i gcónaí leis an teorainn ama 30 lá i gcás príomhlianna comhairleacha.

Tráthúlacht Shíniú na Lianna Comhairleacha

- 20.38** Ag deireadh 2014, bhí éilimh fós ag lianna comhairleacha ar feadh idir 58 lá agus 68 lá ar an meán in ospidéal reachtúla an FSS agus ar feadh 47 lá in ospidéal dheonacha. Taispeántar i Fíor 20.8 an treocht maidir le haois an fhiachais ag fanacht ar shíniú lia chomhairligh sa tréimhse ceithre bliana ó 2011 go 2014.

Fíor 20.8 Aois an fhiachais ag fanacht ar shíniú lia chomhairligh, ó 2011 go 2014



Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

- 20.39** Bhí an-éagsúlacht, ó 163 lá go 15 lá, le sonrú i Mí na Nollag 2014 sna hospidéil éagsúla maidir leis an méid ama a thóg sé ar lianna comhairleacha a n-ainmneach a chur le héilimh. Tá liosta iomlán de réir ospidéal le fáil in Iarscríbhinn B.
- 20.40** Ní raibh staitisticí maidir le laethanta féichiúnaithe ar fáil ón FSS faoi gach príomhlia comhairleach.
- 20.41** Rinneadh athbhreithniú mar chuid den iniúchadh seo ar shampla de na héilimh ab airde luach na ndéigh lia chomhairleach ba mhó (agus iad rangaithe de réir luach na n-éileamh gan íoc) ag fanacht go síneodh na lianna comhairleacha iad i ngach ceann de na cúig ospidéal ar tugadh cuairt orthu. Fuarthas amach le linn an scrúdaithe
- go raibh an chuid is mó de na héilimh a scrúdaíodh ag feitheamh le síniú an lia chomhairligh ar feadh breis is dhá mhí
 - ní raibh ospidéal ar an eolas i gcónaí faoi na fáthanna a bhí le moilleanna maidir le síniú na lianna comhairleacha mar nach mbíonn ar na lianna mínithe a thabhairt.
 - ní dhearna na hospidéil aon bheart foirmiúil i gcásanna ina raibh na lianna comhairleacha déanach i gcónaí ag cur isteach éileamh.
- 20.42** Thug an FSS le fios go bhféadfadh cur i bhfeidhm na reachtaíochta leasaithe moill a chruthú in 2014 ag céim na síniúcháin toisc gur tháinig méadú suntasach ar líon na n-éileamh ar ghá do lianna comhairleacha iad a shíniú. Lena chois sin tá méadú tagtha ar an méid eolais míochaine atá á éileamh ag cuideachtaí árachais agus faoin achar ama a chaitheann othair san ospidéal de thoradh an réimis nua maidir le táillí a ghearradh.

Tráthúlacht Íocaíochta ag Cuideachtaí Árachais

20.43 Ag deireadh na bliana 2014, ba é €175 milliún luach na n-éileamh a bhí curtha faoi bhráid soláthraithe árachais nó 112 lá fiachúnaí. Is féidir an cuntas seo a leanas a thabhairt orthu.

- €95 mhilliún, is ionann sin agus 61 lá fiachúnaí atá fós gan íoc - ba é 41 lá fiachúnaí an Fíor inchomparáide in 2012.
- €80 milliún, is ionann sin agus 51 lá fiachúnaí, chuir an chuideachta árachais ceist faoin méid seo - ba é 29 lá fiachúnaí an Fíor inchomparáide in 2012.

20.44 Tháinig méadú 69% ar luach na n-éileamh ar cuireadh ceisteanna fúthu in 2014. Ag deireadh na bliana 2014, bhí ceisteanna curtha ag na cuideachtaí árachais faoi 28% de na héilimh go léir a bhí fós gan íoc. Cuireann cuideachtaí árachais íocaíochtaí siar ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear fiosruithe faoin othar nó faoin lia comhairleach.

- Maidir le fiosruithe a dhéantar faoin othar uaireanta iarrtar deimhniú faoi chineál agus caighdeán na cóiríochta a cuireadh ar fáil le linn don othar a bheith san ospidéal, agus fóruí sonraí eile ar an bhfoirm éilimh.
- Ar na ceisteanna a chuirtear i gcás lia comhairligh uaireanta fiafraítear cibé an raibh riocht sláinte ar an othar sular cuireadh tús lena mballraíocht, an t-achar a d'fhan an t-othar san ospidéal, clárú an lia chomhairligh, an cineál conartha atá aige nó aici agus an bille príobháideach a d'eisigh sé nó sí.

20.45 Thug an FSS le fios gurb é tabhairt isteach na reachtaíochta nua chuid den chúis gur tháinig méadú ar luach na n-éileamh ar cuireadh ceisteanna fúthu.

20.46 Rinneadh athbhreithniú ar shampla de na héilimh ab airde luach na ndeich lia chomhairleacha ba mhó (agus iad rangaithe de réir luach na n-éileamh) i ngach ceann de na cúig ospidéal ar tugadh cuairt orthu mar chuid den iniúchadh seo. Fuarthas amach gurb iad na príomhchúiseanna go gcuireann cuideachtaí árachais ceisteanna faoi éilimh ná

- Ceisteanna faoi chóiríocht - baineann siad sin leis na hathruithe ar an mbonn maidir le táille cóiríochta a ghearradh.
- Ceisteanna faoi achar - iarrtar breis faisnéise ó lianna comhairleacha chun údar a thabhairt don achar a chaith an t-othar san ospidéal. Ní iarrtaí údar a thabhairt maidir le hachar fanachta de ghnáth san am atá thart ach amháin i gcás éileamh ina raibh an t-achar níos faide ná 15 lá, ach cuirtear ceisteanna níos minice anois faoi thréimhsí níos giorra.
- Soláthar nótaí leighis - is féidir faisnéis bhreise a iarraidh le fáil amach an raibh riocht ar an othar sular cuireadh tús lena c(h)lúdach árachais, nó le fáil amach cén fáth ar tugadh cóireálacha áirithe d'othar.
- Ag fanacht le faisnéis ón lia comhairleach - Is féidir faisnéis bhreise a lorg maidir le clárú an lia chomhairligh, an cineál conartha atá aige nó aici nó faoi bhille príobháideach an lia.

- 20.47** Thug foireann riaracháin na n-ospidéal le fios go ndéanann siad iarracht freagraí a thabhairt go tráthúil maidir le héilimh a gcuirtear ceisteanna fúthu. Mar sin féin, tugadh an méid seo a leanas faoi deara in athbhreithniú a ndearnadh ar éilimh ar cuireadh ceisteanna fúthu.
- I roinnt éileamh a ndearnadh athbhreithniú orthu, bhí moill shuntasach ar an ospidéal ag athsheoladh na n-éileamh isteach arís tar éis don chuideachta árachais ceist a chur fúthu.
 - I roinnt cásanna, chuaigh na cuideachtaí árachais i gcomhairle go díreach leis na príomhlianna comhairleacha maidir leis an bhfaisnéis a bhí uathu. Sna cásanna sin, ní raibh oifig billeála an ospidéil ar an eolas faoin gceist (faoi na ceisteanna) a chuir moill ar an íocaíocht. Tugadh faoi deara freisin go bhfuil sé de nós ag na cuideachtaí árachais dul i dteagmháil trí huaire leis an bpríomhlianna comhairleach chun eolas a fháil, más gá. Mura n-éiríonn leo an t-eolas a fháil sa tríú hiarracht, diúltaíonn na cuideachtaí árachais don éileamh. Mar sin féin, dúirt an FSS gur féidir éilimh den sórt sin a sheoladh arís chuig na cuideachtaí árachais.

Asbhaintí ó Íocaíochtaí

- 20.48** Cuireann cuideachtaí árachais in iúl do na hospidéil gach mí nó gach dara mí na n-éileamh atá á n-íoc i leith táillí cóiríochta na n-ospidéil.¹ I gcásanna áirithe bíonn asbhaintí i leith ró-íocaíochtaí maidir le héilimh sna míonna roimhe sin san áireamh sna suimeanna a n-íoctar le hospidéil. Ní dhéanann an FSS monatóireacht ar leibhéal na n-asbhaintí a dhéanann cuideachtaí árachais ar bhillí agus mar sin níorbh fhéidir leibhéal na n-asbhaintí a fháil amach.
- 20.49** Thug an FSS le fios mar chuid de chur i bhfeidhm an mheabhráin tuisceana atá á phlé faoi láthair leis na cuideachtaí árachais go bhfuiltear ag smaoineamh ar chreat monatóireachta agus go bhfuiltear á fhorbairt sula gcuirfear i bhfeidhm é. Déanfaidh sé sin rianú ar leibhéal na n-éileamh a bhfuil na cuideachtaí árachais ag cur ceisteanna fúthu, á seoladh ar ais nó ag diúltú dóibh d'fhonn a chinntiú go mbeidh cúiseanna bailí curtha ar fáil nó go mbeidh imscrúdú déanta orthu i ngach cás.

Díscríobh Fiachais

- 20.50** Sa bhliain 2014, díscríobh ospidéal reachtúla an FSS luach €4.6 milliún de tháillí othar príobháideach. Is ionann sin agus 2.4% den fhiachas príobháideacha iomlán a bhí gan íoc ag deireadh na bliana (roimh fhorálacha) agus 1.5% de na táillí d'othair chónaithe phríobháideach a tiomsaíodh i rith na bliana. Cuireadh ar ceal luach €15.8 milliún a tiomsaíodh de bhotún agus rinneadh €0.7 milliún de choigeartuithe eile.²

¹ Ní chuirtear in iúl d'ospidéal reachtúla nó deonacha nuair a íocann na cuideachtaí árachais na táillí príobháideacha leis na lianna comhairleacha.

² Áirítear i ndíscríobh agus i gcoigeartuithe eile cásanna inar baineadh amach an táille reachtúil uasta d'othair chónaithe; casanna nuair nach raibh clúdach árachais go leor ag an othar; cásanna ina raibh riocht sláinte cheana féin ag an othar agus nach n-íocfaidh an chuideachta árachais as na costais.

Cuntas a Thabhairt ar Ioncam Othar

- 20.51** Bíonn difríochtaí le sonrú idir ospidéil ó thaobh na gcóras cuntasaíochta atá acu le déileáil le drochfhiacha agus fiacha amhrasacha i gcás ioncam othar príobháideach. Aithníonn na hospidéil ioncam othar nuair a bhíonn an tseirbhís don othar curtha ar fáil. Déantar drochfhiacha a dhíscríobh sa tréimhse ina n-aithnítear iad agus déantar soláthar sonrach d'aon mhéid a mheastar a bheith amhrasach. Bíonn foráil ghinearálta ag ospidéil le déileáil le drochfhiacha.
- 20.52** Bíonn athruithe le sonrú idir ospidéil reachtúla agus ospidéil dheonacha maidir leis na forálacha atá acu d'fhiacha amhrasacha. Leanann na hospidéil reachtúla agus roinnt ospidéal deonacha ar aghaidh ag soláthar go hiomlán d'fhiacha atá níos mó ná 12 mhí d'aois.

- 20.53** Measann an FSS go bpróiseálann na cuideachtaí árachais sláinte tuairim is 95% de na héilimh árachais sláinte phríobháidigh go léir agus go n-íocann siad astu sa deireadh thiar. Nuair a chuirtear san áireamh leibhéal ard na n-éileamh a íoctar, agus na moilleanna suntasacha a bhíonn i gceist chun ioncam den sórt sin a bhailiú, b'fhéidir nach rud oiriúnach é an chaoi a bhfuil foráil iomlán á déanamh ag ospidéal d'fhiacha amhrasacha atá níos mó ná 12 mhí d'aois.
- 20.54** Ba cheart don FSS agus d'ospidéal dheonacha athbhreithniú a dhéanamh ar na beartais atá i bhfeidhm maidir le foráil a dhéanamh d'fhiacha amhrasacha agus a chinntiú nach gcuirtear na forálacha i bhfeidhm ach amháin i gcásanna ina bhfuil baol soiléir ann nach féidir an t-iarhmhéid gan íoc a bhailiú.
- 20.55** Dúirt an FSS go bhfuil an beartas cuntasáíochta atá aige faoi láthair maidir le drochfhiacha agus fiacha amhrasacha bunaithe ar cheanglais na Roinne Sláinte do Bhoird Sláinte ó thaobh Caighdeán Cuntasaíochta. Tá sé beartaithe ag an FSS athbhreithniú a dhéanamh in 2015 ar luach na n-éileamh árachais sláinte phríobháidigh a bhí gan íoc ar feadh níos mó ná 12 mhí agus a íocann na cuideachtaí árachais. Cuirfidh sé sin bonn eolais ar fáil faoi conas foráil a dhéanamh d'fhiachas árachais phríobháidigh ó 2015 ar aghaidh.

Conclúidí agus Moltaí

- 20.56** Ní raibh aon ghá leis an éiginnteacht a bhí sna hospidéal faoi athruithe ar an gcóras chun táillí a ghearradh ar othair príobháideacha nuair a cuireadh an reachtaíocht nua i bhfeidhm i mí Eanáir 2014. In ainneoin gur tugadh fógra sé mhí faoin scéal, níor cuireadh bailchríoch ar na treoracha maidir lena chur chun feidhme go Lúnasa 2014, tar éis don Roinn Sláinte, an FSS, na hospidéal agus na hárachóirí príobháideacha an scéal a phlé agus soiléiriú a dhéanamh air. Dá thoradh sin b'éigean táillí breise de thart ar €25.7 milliún san iomlán a ghearradh i leith na bliana 2014.
- 20.57** Bhí fadhbanna teicniúla ann maidir leis na sonraisc bhreise a sheoladh go dtí na hárachóirí lena n-íoc. Níl an FSS in ann a dheimhniú cad é céatadán na sonraisc breise a sheoladh go hiarbhír chuig na hárachóirí lena n-íoc amhail Meán Fómhair 2015.

Moladh 20.1

Sa chás go bhfuil athruithe suntasacha le déanamh ar chóras na n-ospidéal maidir le táillí a ghearradh, ba cheart glaoch ar na príomhpháirtithe leasmhara (an Roinn Sláinte, an FSS, na hospidéal agus na hárachóirí príobháideacha) go luath chun an scéal a shoiléiriú agus teacht ar chomhaontú faoi chur i bhfeidhm na n-athruithe.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Aontaím leis an moladh sin. Leanfaidh an FSS ar aghaidh ag dul i dteagmháil leis an Roinn Sláinte, le hospidéal agus le hárachóirí príobháideacha faoi na hathruithe atá riachtanach chun an córas um ghearradh táillí a fheabhsú.

- 20.58** De thoradh na moille maidir le hioncam atá dlite ó árachóirí sláinte príobháideacha a bhailiú is é atá ag tarlú i ndáiríre ná go bhfuil an Stáitchiste ag íoc as bearna mhaoinithe na n-ospidéal go dtí go n-íoctar iad. Ag deireadh na bliana 2014, ba é €290 milliún fiach iomlán na n-othar príobháideach a bhí fós gan íoc ag cuideachtaí árachais. Bá é 186 lá aois an fhiachais, arna ríomh i laethanta féichiúnaithe. Léiríonn an beart seo líon coibhéiseach na laethanta ioncaim a bheadh ag teastáil chun an leibhéal reatha maidir le fiachas gan íoc a charnadh.

- 20.59** Cé gur féidir leis an gcóras Claimsure atá in úsáid tacú le héilimh a phróiseáil agus a chur isteach go lánleictreonach ní mór don FSS, na hospidéil agus na hárachóirí tabhairt faoin scéal agus comhaontú a dhéanamh chun feidhmiúlacht iomlán a bhaint as an gcóras. Dá thoradh sin, ní mór méid suntasach oibre a dhéanamh de láimh faoi láthair.

Moladh 20.2

Ba cheart don FSS córas lánleictreonach a chur i bhfeidhm chun éilimh a sheoladh isteach agus íocaíocht a dhéanamh. Laghdódh a leithéid de chóras an t-ualach riaracháin a bhaineann le cur isteach éileamh agus d'éascódh sé íocaíocht níos tráthúla.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Aontaím leis an moladh sin. Tá tús curtha le tionscadal píolótach in ospidéal amháin chun éilimh a dhéanamh go leictreonach agus é d'aidhm aige leas a bhaint as na modheolaíochtaí teicniúla agus na próisis atá mar bhonn taca le héileamh leictreonacha agus féachaint freisin an mbeadh sé indéanta córas lánleictreonach a thabhairt isteach maidir le próiseáil éileamh san earnáil ghéarmhíochaine. Táthar ag súil go mbeidh bailchríoch curtha ar an tionscadal píolótach faoi Bhealtaine 2016. Má bhíonn rath ar an tionscadal cuirfear éileamh leictreonach i bhfeidhm ansin i ngach ceann de na hospidéil ghéarmhíochaine phoiblí.

- 20.60** Ag deireadh na bliana 2014, bhí éilimh ag lianna comhairleacha ar feadh 58 lá ar an meán - 68 lá in ospidéal reachtúla an FSS agus 47 lá in ospidéal dheonacha. Tá sé sin go hard os cionn na sprice maidir le 20 lá a aontaíodh leis lianna comhairleacha mar chuid de chomhaontú an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais i Meán Fómhair 2012, agus na sprice sealadaí athbhreithnithe maidir le 30 lá féilire ar ghlac an FSS léi i mí na Samhna 2013. Thug an FSS le fios gur tháinig méadú suntasach ar líon na n-éileamh ar gá do lianna comhairleacha athbhreithniú a dhéanamh orthu de thoradh na n-athruithe agus gurb é an toradh a bhí ag cur i bhfeidhm na reachtaíochta leasaithe ná moill a chur ar chéim shíniúcháin na lianna in 2014. Ní chuireann an FSS faisnéis an lucht bainistíochta ar fáil faoi láthair maidir le luach agus aois an fhiachais atá ag fanacht go gcuirfidh gach lia comhairleach faoi leith a (h)ainm leis. Ina áit sin, cuirtear an t-eolas ar fáil ar leibhéal an ospidéil.

Moladh 20.3

Ba cheart don FSS tuarascálacha bainistíochta a fhorbairt ina dtomhaisfí cé chomh maith is a bhaineann lianna comhairleacha aonair amach an sprioc maidir lena n-ainmneacha a chur le héilimh árachais. Chuirfeadh tuarascálacha den sórt sin ar chumas an FSS agus na n-ospidéal monatóireacht níos cruinne a dhéanamh ar fheidhmíocht agus beart a dhéanamh nuair is gá.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Aontaím leis an moladh sin. Tá Aonad Tuairiscithe Ioncam an FSS ag obair chun cuíchóiriú a dhéanamh ar chúrsaí agus réimse tuarascálacha bainistíochta a fhorbairt a neartóidh ár gcumas chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus beart feabhsúcháin a ghlacadh ar bhealach níos réamhghníomhaí.

- 20.61** Tháinig méadú 69% ar luach na n-éileamh ar chuir cuideachtaí árachais ceisteanna fúthu in 2014. Is cosúil gur tharla an méadú suntasach i líon na n-éileamh ar cuireadh ceisteanna fúthu de thoradh na n-athruithe ar an gcóras um tháillí a ghearradh a tugadh isteach ag tús na bliana 2014 agus toisc go bhfuil eolas breise á iarraidh ó chomhairleoirí chun údar a thabhairt le hachar fanachta an othair.


Moladh 20.4

Ba cheart don FSS comhaontú a dhéanamh leis na cuideachtaí árachais faoi théarmaí a bheidh sainmhínithe go soiléir maidir le téarmaí agus próisis íocaíochta. Chinnteodh sé sin go gcuirfidh na hospidéal éilimh isteach a bheidh líonta isteach go hiomlán agus gur féidir leis na cuideachtaí árachais iad a phróiseáil go héifeachtach agus nach gá ach an líon ceisteanna is lú a chur fúthu.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta


Aontaím leis an moladh sin. Sa mheabhrán tuisceana atá á fhorbairt leis na cuideachtaí árachais sláinte phríobháidigh saineofar na téarmaí rannpháirtíochta leis na hospidéal maidir leis na próisis agus na hamlínte maidir le héilimh a sheoladh isteach, a bhailíochtú agus a íoc. Beidh sainmhíniú soiléir sa mheabhrán freisin faoi théarmaí tábhachtacha ar nós cad is éileamh bailí ann nó éileamh ar cuireadh ceist faoi agus éileamh a sheoladh ar ais.

Iarscríbhinn A Aois fiachais na n-othar cónaithe príobháideach in ospidéal, ag 31 Nollaig, 2014



Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.


Iarscríbhinn B Aois fiachais na n-othar cónaithe príobháideach in ospidéal, ag feitheamh ar bheart lianna comhairleacha ag 31 Nollaig, 2014



21 Rialú Soláthar Drugaí agus Cógas Ardteicneolaíochta

- 21.1** Tá socruithe speisialta i bhfeidhm ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (an FSS) chun drugaí 'ardteicneolaíochta' a sholáthar agus a dháileadh d'othair trí chógaslanna pobail.¹ Ar na cineálacha cógas atá ar fáil faoi na socruithe seo tá drugaí frithdhiúltaithe d'othair a bhfuil trasphlandú déanta orthu agus drugaí ceimiteiripe. Cé nach scéim fhoirmiúil íocaíochtaí iad na socruithe atá i bhfeidhm, tugtar an scéim drugaí ardteicneolaíochta uirthi i ndoiciméid an FSS. Is é sin an téarma a úsáidtear sa tuarascáil seo ar mhaithe le caoithiúlacht.
- 21.2** Tá an scéim drugaí ardteicneolaíochta á riar ag an HSE tríd an tSeirbhís Aisíoca Príomhchúraim (PCRS) agus oifigí sláinte áitiúla an FSS. Cuimsíonn íocaíochtaí faoin scéim íocaíochtaí le soláthraithe cógaisíochta² agus le cógaslanna pobail.³ Íocann an FSS soláthraithe cógaisíochta go díreach as na drugaí agus na cógais agus tugtar táille mhíosúil um chúram othair do na cógaslanna pobail as maoirsiú na cóireála. Tá léargas ginearálta ar an scéim le fáil i Fíor 21.1.

Fíor 21.1 Léargas Ginearálta ar an Scéim Drugaí Ardteicneolaíochta



1 Tá na nósanna imeachta reachtúla a rialaíonn soláthar, aisíoc agus praghsáil drugaí agus cógas ardteicneolaíochta leagtha amach san tAcht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar) 2013.


2 Údaraithe faoi IR Uimh. 538 de 2007 Rialacháin um Táirgí Íocshláinte (Rialú Dáileadh Mórdhiála) 2007.

3 Comhaontú le cógaslanna pobail (Ní áirítear leis cógaslanna atá á réachtáil in ospidéal, i dteach altranais nó i bhforas den tsamhail chéanna).

Caiteachas ar Dhrugaí Ardteicneolaíochta

- 21.3** Ba é €485 mhilliún an méid a caitheadh ar an scéim in 2014, Fíor a bhí beagnach 50% níos mó ná Fíor na bliana 2009 (féach Fíor 21.2). Cé gur fhan táillí um chúram othair réasúnta cobhsaí ag thart ar €17 milliún in aghaidh na bliana, mhéadaigh an caiteachas ar dhruaí agus cógais ó €315 mhilliún in 2009 go dtí €468 milliún in 2014.

Fíor 21.2 Caiteachas ar an Scéim Druaí Ardteicneolaíochta, ó 2009 go 2014



Foinse: Tuarascálacha feidhmíochta de chuid Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte

- 21.4** Tá an scéim á feidhmiú ag cógaslanna pobail a ordaíonn na drugaí agus na cógais go díreach ó sholáthraithe cógaisíochta agus a dháileann iad ar na hothair. Tháinig méadú ar luach an stoic a bhí ar láimh ag cógaslanna ag deireadh gach bliana ag teacht leis na méaduithe i gcaiteachas ar an scéim. B'fhiú beagán faoi bhun €45 mhilliún an stoic a bhí á choinneáil ag cógaslanna pobail ar an 31 Nollaig 2014.

Fócas an Scrúdaithe seo

- 21.5** Tabhaíonn an FSS caiteachas suntasach maidir le soláthar drugaí agus cógás ardteicneolaíochta. Lena chois sin, tá luach suntasach ag na stoic atá i seilbh cógaslanna ag am ar bith. Leagtar amach sa tuarascáil seo torthaí an scrúdaithe ar fheidhmiú na scéime drugaí ardteicneolaíochta a rinneadh mar chuid den iniúchadh ar ráitis airgeadais an FSS don bhliain 2014.
- 21.6** Díríodh san athbhreithniú ar na rialuithe atá i bhfeidhm ó thaobh
- ordú agus dáileadh drugaí agus cógás ardteicneolaíochta trí chógaslanna pobail
 - na híocaíochtaí a rinneadh leis na cógaslanna pobail agus le soláthraithe cógaisíochta
 - an stoc i seilbh cógaslanna pobail thar ceann an FSS.
- 21.7** Ní dhéantar scrúdú sa tuarascáil seo ar an bpróiseas trína bhfaomhtar drugaí agus cógais ardteicneolaíochta ná na praghsanna comhaontaithe maidir le haisíocaíocht faoin scéim.

Soláthar Drugaí agus Cógas Ardteicneolaíochta

- 21.8** Maidir le hothar a scoiltear amach as ospidéal dá bhforordaítear druga nó cógas ardteicneolaíochta nó drugaí nó cógaí ardteicneolaíochta, ní mór don té sin chógaslann phobail a ainmniú óna bhfuil sé ar intinn aige nó aici iad a fháil. Tugann an oifig sláinte áitiúil le fios don chógaslann phobail ainmnithe go bhfuil siad údaraithe chun na drugaí agus na cógaí ardteicneolaíochta a sholáthar.
- 21.9** Ordaíonn an chógaslann ainmnithe na drugaí agus na cógaí ardteicneolaíochta riachtanacha go díreach ó sholáthraí cógaíochta. Ní chuireann an FSS teorainn leis an méid is féidir le cógaslann a ordú - bítear ag súil go ndéanfaidh an chógaslann riachtanais an othair a réamh-mheas agus go mbeidh na drugaí agus na cógaí ar fáil lena ndáileadh de réir mar is gá.
- 21.10** B'fhéidir nach n-úsáidfear na drugaí agus na cógaí go léir a ordaíonn an chógaslann, mar shampla
- b'fhéidir nach mbeadh gá ag an othar leis an druga nó an cógas i seilbh na cógaslainne mar gheall ar athrú ar a (h)oideas i rith na cóireála, nó mar gheall ar bhás an othair, nó
 - b'fhéidir go rachadh othar go cógaslann eile seachas an chógaslann a d'ainmnigh sé nó sí, le foirm oideas do dhruaí nó do chógaí ardteicneolaíochta agus go bhfreastalódh an chógaslann sin ar an othar.
- 21.11** Mura bhfuil othar eile ag an chógaslann a bhfuil an druga nó an cógas bunaidh riachtanach dó nó di d'fhéadfadh stór rómhór drugaí agus cógas ardteicneolaíochta a bheith i seilbh na cógaslainne pobail, agus b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach na stoic bhreise den sórt sin a scrios.

Aistrithe idir Cógaslanna Pobail

- 21.12** Cuireann Rialacháin um Rialú na nGnólachtaí Cógaíochta Miondíola¹ srian le cógaslann táirgí míochaine a aistriú go cógaslann phobail eile. Ní cheadaíonn na rialacháin táirgí míochaine a mhalartú idir cógaslanna ach amháin nuair is gá é le freastal ar riachtanas láithreach atá ag othar áirithe maidir le hoideas. Forálann na rialacháin freisin gur cheart rian iniúchta mionsonraithe doiciméadaithe a choimeád faoi aon mhalartuithe dá leithéid.

Ábhair a Sheoladh ar ais chuig Soláthraithe Cógaíochta

- 21.13** Deir an FSS nach bhfuil sé in ann stoc a aistriú go dleathach idir cógaslanna gan ceadúnas mórghíoltóra a bheith aige ina cheart féin. Níl ach bealach amháin ag an FSS chun an scéal a réiteach agus is é sin go seolfadh an chógaslann a bhfuil barrachas stoic aici na drugaí agus na cógaí ar ais chuig an soláthraí lena n-athdháileadh ar chógaslanna eile trí líonra an tsoláthraí.
- 21.14** Tá seoladh ar ais táirgí míochaine á rialú ag rialacháin an AE. Tá na rialacháin códaithe ag an Údarás Rialála Táirgí Sláinte² mar threoir do sholáthraithe maidir le dáileadh táirgí míochaine.³ Tá cur síos ar an treoir ar na rudaí a gcaithfear a dhéanamh nuair a sheoltar táirgí íocshláinte ais ar chúiseanna tráchtála, mar shampla, i gcás inar chuir an soláthraí an táirge mícheart ar fáil nó gur ordaigh an chógaslann an táirge de bhotún.

1 IR Uimh. 488 de 2008

2 Is é an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ar a dtugtaí Bord Leigheasra na hÉireann roimhe seo) an t-eintiteas Stáit atá freagrach as cógaí, feistí leighis agus táirgí sláinte a rialú in Éirinn.

3 Treoir maidir le dea-chleachtas i ndáileadh táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, 10 Aibreán, 2014. Bunaithe ar threoirlínte ón gCoimisiún Eorpach den 5 Samhain 2013 (2013/C 343/01).

- 21.15** Tugtar le fios sa treoir gur cheart táirgí a chur ar ais de ghnáth chuig an soláthraí laistigh de dheich lá ón am a fhaigheann an chógaslann na drugaí agus na cógais. Tugtar le fios ann go bhféadfadh roinnt cúinsí eisceachtúla a bheith ann ina bhféadfaí táirgí míochaine a chur ar ais níos déanaí ná sin, mar shampla, i gcás inar ordaíodh líon beag pacáistí de tháirgí míochaine le freastal ar riachtanais réamh-mheasta othair d'fhonn leanúnachas na cóireála a chinntiú, ach gur athraíodh cógas an othair go tobann nó nach raibh sé ag teastáil a thuilleadh.
- 21.16** I gcás nach gcloítear leis an bhfráma ama deich lá, ní mór don soláthraí measúnú riosca a dhéanamh agus bonn lándoiciméadaithe a sholáthar maidir le tabhairt ar ais an stoic.
- Ní mór don duine atá freagrach (fostaí de chuid an tsoláthraí) gach eisceacht faoi leith a cheadú maidir le stoic indíolta a sheoladh ar ais.
 - Ní mór don soláthraí a chinntiú gur stóráladh an táirge mar ba cheart fad a bhí sé lasmuigh dá smacht.
 - Ní mór cúram ar leith a dhéanamh maidir le seoladh ar ais táirgí nach mór a stóráil ag teocht íseal. Sna cásanna sin, ní mór don soláthraí fianaise dhoiciméadaithe a bheith aige ar féidir í a athbhreithniú ag deimhniú go raibh an táirge á chothabháil laistigh den slabhra fuar ar feadh an ama go léir a raibh sé lasmuigh de smacht an tsoláthraí.
 - Ba cheart chlár a chothabháil ina gcuirtear sonraí uile na dtáirgí agus an chúis a bhí lena gcur ar ais.
- 21.17** I mí an Mheithimh 2013, rinne an FSS iarracht córas tuairisceán a leabú i measc na soláthraithe cógaisíochta maidir le stoic ardteicneolaíochta neamhchuisnithe nach raibh ag teastáil a thuilleadh. D'fhág sé sin as an áireamh pacáistí páirteacha nó oscailte, stoc a bhí imithe in éag nó laistigh de cheithre mhí ón dáta éagtha.
- 21.18** Dúirt an FSS gur chomhoibrich roinnt soláthraithe leis an gcóras chun drugaí nó cógais a sheoladh ar ais agus gur spáráladh beagán os cionn €1.4 milliún. Mar sin féin, dhiúltaigh roinnt soláthraithe comhoibriú leis an tionscnamh agus dúirt an FSS go bhfuil sé ar intinn aige aghaidh a thabhairt ar an gceist seo i gcomhaontuithe amach anseo a ndéanfar caibidlíocht fúthu le Cumann Cúram Sláinte na hÉireann don Chógaisíocht.

Íocaíochtaí le Cógaslanna Pobail

- 21.19** Is féidir glacadh leis go mbeidh riachtanais chasta leighis de ghnáth ag othair a bheidh ag fáil cúram agus cóireáil faoin scéim drugaí ardteicneolaíochta. Cuirtear an scéim i bhfeidhm mar chlár atá dírithe go sonrach ar chúram agus cóireáil an othair féin. Dá réir sin, íoctar táille cúram othar gach mí¹ leis an gcógaslann i leith na n-othar cláraithe, mar seo a leanas.
- Bíonn táille cúram othair €62.03 in aghaidh na míosa iníoctha leis an gcógaslann phobail atá ainmnithe ag othar faoin scéim i gcás go ndáiltear drugaí agus cógais faoin scéim sa mhí ábhartha.
 - Bíonn táille laghdaithe €31.02 in aghaidh na míosa (suas go dtí trí mhí as a chéile) iníoctha i leith tréimhsí nuair nach ndáiltear drugaí agus cógas forordaithe faoin scéim. Aithnítear leis seo cé nach bhfuil an t-othar ag fáil na ndrugaí, go bhfuil sé riachtanach go dtabharfadh an poitigéar cúram leanúnach dó nó dí mar aon le monatóireacht leanúnach a dhéanamh air nó uirthi.

- 21.20** Déantar foirm éilimh um oideas ardteicneolaíochta (ar a bhfuil sonraí faoi chineál agus méid na ndrugaí agus na gcógas ardteicneolaíochta atá le dáileadh) a chomhlánú gach uair a dháiltear drugaí ar othar atá cláraithe faoin scéim. Síníonn an t-othar (nó duine atá ag gníomhú ar a s(h)on) an fhoirm seo mar admháil go bhfuarthas an cógas.
- 21.21** Seolann an chógaslann foirmeacha éilimh faoi oidis ardteicneolaíochta gach mí chuig an FSS chun an táille um chúram othar a fháil.

Íocaíochtaí le Soláthraithe Cógaisíochta

- 21.22** Seolann soláthraithe cógaisíochta a sonraisc chuig an FSS gach mí chun íocaíocht a fháil. Bíonn sonraí ar an sonrasc faoin gcógaslann ar seachadadh an druga chuici, cód an druga, an chainníocht a sheachadadh agus praghas an druga.
- 21.23** Is iad na rialuithe caighdeánacha maidir le sonraisc a íoc ná go gcinntíonn an ceannaitheoir go bhfuil sé ag íoc an phraghais a aontaíodh ag am an cheannaigh agus go bhfuil sé ag íoc as na hearraí a fuarthas. Tá a leithéid de rialuithe leagtha amach i Rialacháin Airgeadais Náisiúnta an FSS, mar seo a leanas.
- Ceannach - rialúchán tábhachtach is ea ordú ceannaigh toisc go gcuireann sé taifead buan ar fáil faoin méid a ordáíodh agus an praghas a comhaontaíodh nuair tugadh an t-ordú.
 - Admhálacha - rialúchán lárnach sa phróiseas glactha iad seo lena chinntiú gur seachadadh go sásúil líon agus caighdeán na n-earraí a shonraíodh le freastal ar riachtanais an chustaiméara.
 - Íocaíocht - níor cheart sonraisc a íoc go dtí go sínítear gur cuireadh na hearraí, na seirbhísí nó na hoibreacha ar fáil go sásúil.

Comhaontú faoi Phraghas an tSonraisc agus Praghas an Ordú Ceannaigh

- 21.24** Dúirt an FSS go ndearnadh dhá laghdú ar na praghsanna le haghaidh drugaí atá inaisíochta faoin scéim drugaí ardteicneolaíochta, laghdú amháin ar an 1 Márta 2011 agus an laghdú eile ar an 20 Meitheamh 2011. Níor léirigh na soláthraithe na laghduithe ar na praghsanna comhaontaithe sin ina gcórais billeála. Dá thoradh sin, déanann an FSS na méideanna atá ar na sonraisc a cheartú trí thagairt do na praghsanna laghdaithe atá taifeadta ar chórais an FSS féin.
- 21.25** Seolann soláthraithe cógaisíochta sonraí a sonrasc go leictreonach chuig an FSS. Déantar na comhaid a uaslódáil ar chórais an FSS áit a nasctar sonraí faoi chóid na ndrugaí agus faoi na cainníochtaí leis an bpraghas a taifeadadh ar an gcóras, agus sa chaoi sin ríomhtar an méid atá dlite.
- 21.26** Mar chuid den scrúdú seo, rinneadh athbhreithniú ar na cúig íocaíocht ab airde a rinne an FSS leis na soláthraithe cógaisíochta i mí Iúil 2014. Cé go raibh sonraisc arbh fhiú €31.6 milliún iad seolta isteach ag na soláthraithe, d'aisíoc an FSS na soláthraithe de réir na bpragsanna laghduithe a comhaontaíodh agus aisíocadh €29.7 milliún leis na soláthraithe – laghdú 6% ar an méid a bhí ar na sonraisc.

Rialú Fail Drugaí agus Cógas

- 21.27** Seolann an soláthraí drugaí agus cógais go díreach chuig an gcógaslan. I gcás ina mbíonn cógaslan ag éileamh an táille cúraim níos airde maidir le hothar i gcás gur dáileadh drugaí agus cógais air nó uirthi i gcaitheamh na míosa, ceanglaíonn an chógaslan cóip den duillín seachadta (a fuarthas ón soláthraí nuair a seachadadh na hearraí) agus aibhsíonn an taifead iomchuí. Measann an FSS gur fianaise é sin gur ghlac an chógaslan an druga sin ó sholáthraí.
- 21.28** Mar sin féin, d'fhéadfaí duillín seachadta amháin a úsáid mar fhianaise maidir le héilimh éagsúla. Laghdaíonn an chaoi gur féidir an duillín seachadta a chóipeáil agus a úsáid roinnt uaireanta éifeachtacht an rialúcháin seo. Níl sé soiléir conas a d'fhéadfadh an cógaiseoir a chruthú in aon éileamh faoi leith cén duillín seachadta a bhaineann leis na drugaí agus cógais a dáileadh.
- 21.29** Lena chois sin, ní gá don chógaslan ach fianaise a sholáthar gur dáileadh drugaí agus cógais uair amháin sa mhí chun an táille dáiliúcháin um chúram othair a éileamh. Níl aon cheanglas ar an gcógaslan ná dreasacht ar bith i gceist chun sonraí breise a sholáthar faoi na drugaí eile a dáileadh ar an othar sin i gcaitheamh na míosa. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh na mionsonraí atá ar fhoirm éilimh an othair faoi na drugaí agus na cógais a dáileadh air nó uirthi a bheith neamhiomlán.

Seiceálacha Fíoraithe agus Comhlíonta

- 21.30** Déanann an FSS roinnt seiceálacha fíoraithe agus comhlíonta deascbhunaithe gach mí d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar chruinneas na n-éileamh a dhéanann cógaslanna, fioclóirí agus liachleachtóirí ginearálta.
- 21.31** Áirítear ar cheann de na seiceálacha fíoraithe sin scrúdú a dhéanamh ar na héilimh a chuireann deich gcógaiseoir isteach gach mí. Bíonn dhá sheiceáil i gceist sa bhfíorú seo.
- Scrúdaítear an táille maidir le cúram othar. I gcásanna ina bhfuil an táille othar níos airde á éileamh, lorgaíonn an FSS fianaise gur dáileadh na drugaí ábhartha. Seolann an chógaslan cóip den fhoirm a shínigh an t-othar ag deimhniú go bhfuarthas an cógas.
 - Déantar na sonraí ar na duillíní seachadta atá ceangailte do na héilimh ar tháillí othar a mheaitseáil le sonraisc an tsoláthraí.
- 21.32** Coinníonn an FSS leathán rialúcháin maidir leis na hathbhreithnithe deascbhunaithe a rinneadh. Taifeadtar air líon na nduillíní dáiliúcháin (agus iad sínithe ag an othar) agus líon na gcóipeanna de na duillíní seachadta a ghabhann leis na héilimh a scrúdaíodh. Taifeadtar líon na neamhréiteachtaí a aithnítear i gcás gach cógaslan díobh agus cibé ar réitíodh na neamhréiteachtaí nó nár réitíodh.
- 21.33** Maidir le cigireachtaí a rinneadh in 2014, taifeadadh ar an leathán rialúcháin gur aithníodh neamhréiteachtaí maidir le 62 de na 119 gcógaslan a scrúdaíodh. Aithníodh 219 neamhréiteacht san iomlán. Ní raibh 12 neamhréiteacht a bhain le trí chógaslan nach raibh réitithe fós i mí Meán Fómhair 2015. Tugadh le fios i ngach cás ar an leathán rialúcháin nach raibh an fhaisnéis bhreise a iarradh ón gcógaslan curtha ar fáil.

- 21.34** Ní thaifeadtar ar an leathán rialúcháin a úsáideadh luach an tsampla a scrúdaíodh ná cineál ná luach na neamhréireachtaí a aithníodh. Dá thoradh sin, níl faisnéis ag an FSS maidir le minicíocht ná luach na n-earráidí a bhí i gceist maidir le héilimh ó chógaiseoirí. Mar sin féin, dúirt an FSS maidir leis na neamhréireachtaí a aithníodh (agus atá réitithe anois den chuid is mó) nár bhain siad le ró-íocaíochtaí ná le tearcíocaíochtaí le cógaslanna.
- 21.35** Cé go ndéanann an FSS comparáid idir sonraí na nduillíní seachadta (a bhíonn ceangailte le táillí éileamh othar an chógaiseora) leo siúd a bhíonn ar shonraisc an tsoláthraí, ní dhéanann sé seiceáil iomlán ar shampla de shonraisc ó sholáthraí lena chinntiú go mbaineann gach suim atá ar shonrasc le stoc a cuireadh ar fáil do chógaslanna.

Rialuithe Stoc

- 21.36** Gné lárnach de dhea-chóras rialaithe is ea stoc a sheiceáil agus a chomhaireamh go fisiciúil ó am go chéile agus ag deireadh gach bliana d'fhonn a dheimhniú go bhfuil an stoc ann agus luach agus bail an stoic a fháil amach.

Stocáireamh Bliantúil

- 21.37** Ní dhéanann an FSS stocáireamh bliantúil ar na drugaí agus na cógais ardteicneolaíochta atá sna cógaslanna pobail. Mar mhalairt ar sin eisítear foirm stoic lena comhlánú agus a sheoladh ar ais ag deireadh gach bliana. Iarrtar ar an gcógaslann san fhoirm sin faisnéis a sholáthar faoi chainníocht agus cineál gach sórt druga agus cógais ardteicneolaíochta atá ar láimh acu agus í miondealaithe de réir na gcatagóirí seo a leanas
- gnáthstoc atá á sealbhú lena ndáileadh ar othair
 - stoc atá as dáta
 - stoc nach bhfuil aon othair lena ndáileadh orthu.
- 21.38** Faightear an Fíor maidir le stoc ag deireadh na bliana ó na tuairisceáin a sheoltar ar ais. I gcás nach seolann cógaslann tuairisceán ar ais déanann an FSS meastachán faoi luach an stoic ar láimh. Ag deireadh na bliana 2014, bhí 96% de na cógaslanna tar éis tuairisceáin stoic a sheoladh ar ais. Measadh gurbh fhiú €44.8 milliún an stoic go léir a bhí ar láimh ar an 31 Nollaig 2014 agus tuairiscíodh go raibh luach €2.7 milliún den stoc sin as dáta. Cé go bhfaigheann an FSS eolas ó na cógaslanna faoin stoc nach bhfuil aon othar ann dó ina dtuairisceáin stoc ag deireadh na bliana, ní thugtar le fios cad é luach iomlán a leithéid de stoic atá ar láimh ag deireadh na bliana.

Stocáirimh Thréimhsiúla

- 21.39** Déanann an FSS thart faoi 100 chigireacht gnáthaimh ar chógaslanna gach bliain. Dírítear sna hiniúchtaí ar an gcaoi a n-oibríonn na cógaslanna ó thaobh baill foirne agus cúrsaí dáiliúcháin agus áirítear leis scrúdú ar na rialuithe atá i bhfeidhm maidir le drugaí agus cógais cuisnithe, agus maidir le drugaí rialaithe.¹
- 21.40** Ní chomhairtear an stoc drugaí agus cógais ardteicneolaíochta mar chuid den chlár cigireachta ar chógaslanna. Ní dhéanann an FSS stocáireamh tréimhsiúil ar dhruaí agus cógais ardteicneolaíochta.

¹ Rialachán de chuid Rialacháin Gnólachtaí Cógaisíochta Miondíola 2008 (IR Uimh. 488 de 2008)

Conclúidí agus Moltaí

- 21.41** Thabhaigh an FSS caiteachas de €485 milliún in 2014 ar an scéim drugaí ardteicneolaíochta. Chuimsigh sé sin íocaíochtaí
- €468 milliún le 18 soláthraí cógaisíochta as soláthar drugaí agus cógais do chógaslanna, agus
 - €17 milliún do chógaslanna i leith táillí míosúla um chúram othar.
- 21.42** Ní córas leictreonach lánchomhtháite an córas atá ag an FSS chun íocaíochtaí a dhéanamh leis na chógaslanna agus leis na soláthraithe cógaisíochta. Ós rud é nach bhfuil córas comhtháite leictreonach próiseála ag an FSS tá roinnt rioscaí ann maidir le luach ar airgead a fháil.
- 21.43** Tá sé tábhachtach go bhfuil rialuithe i bhfeidhm ag an HSE lena chinntiú i gcás na ndrugaí a seoltar sonraisc fúthu agus a n-íoctar astu, gur seoladh iad i ndáiríre chuig chógaslanna. Ní leor iad na rialuithe atá ann chuige sin. Cé go gcaitear an chuid is mó d'airgead na scéime ar íocaíochtaí le soláthraithe, bhí formhór na seiceálacha a rinne an FSS dírithe ar éilimh na gcógaslanna seachas ar shonraisc na soláthraithe.
- 21.44** Déanann an FSS cóipeanna de na duillíní seachadta a chuireann chógaslanna ar fáil a mheaitseáil le sonraisc na soláthraithe. Cinntíonn sé sin go seoltar sonraisc chearta faoin méid drugaí agus cógás a fhaigheann chógaslanna. Ní aithneofaí cásanna inar chuir soláthraí sonrasc ar fáil - trí earráid nó ar shlí eile - i leith drugaí agus cógas nár seachadadh riamh.

Moladh 21.1

Go dtí go dtabharfar isteach córas ceannaigh agus rialaithe stoic a bheidh lánleictreonach maidir le drugaí agus cógais ardteicneolaíochta, ba cheart don FSS na seiceálacha iaríocaíochta a leathnú agus bailíochtú a dhéanamh ar shampla de na sonraisc ó sholáthraí. Ba cheart anailís a dhéanamh ar thorthaí an bhailíochtaithe seo chun laigí sna nósanna imeachta rialaithe a aithint mar aon leis an chúis atá le hearráidí agus le fáil amach an bhfuil aon soláthraithe ann a bhfuil ráta ard earráide acu sna sonraisc a sheolann siad isteach lena n-íoc.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leis an moladh sin. Mar sin féin, tá deacrachtaí suntasacha praiticiúla ann maidir lena chur chun feidhme. Cé go nglactar leis gur ceart réiteach iomlán a dhéanamh ar shonraisc ní gá é sin a dhéanamh go leictreonach. Lena chois sin, bheadh comhaontú na bpáirtithe leasmhara ag teastáil chun a leithéid de chóras leictreonach um réiteach nó rianú táirgí a thabhairt isteach agus chaithfeadh a leithéid a bheith ina chuid d'aon chomhaontú fhoirmiúil nua le soláthraithe.

- 21.45** Tá sé tábhachtach stoc a rialú go héifeachtach lena chinntiú go sásaítear riachtanais chúraim na n-othar ar an gcostas is ísle atá ar fáil. Tarlaíonn an caiteachas breise sa scéim i gcás nach n-úsáidtear an stoc a fuair an chógaslann. D'fhéadfadh sé sin tarlú i gcás ina n-athraítear oideas an othair nó go gcinneann an t-othar a c(h)ógas a fháil ó chógaslann eile agus nach bhfuil othair eile ag an gcógaslann a bhfuil an druga sin riachtanach dó nó di. Maidir le stoic a ordú, tá sé tábhachtach go mbainfear an chothromaíocht is fearr is féidir amach idir a chinntiú go bhfuil drugaí ar fáil chun riachtanais chúram othar a shásamh ar bhealach tráthúil agus diomailt mar gheall ar stoic bhreise a íoslaghdú. De ghnáth, ní féidir le cógaslanna stoc nach bhfuil in úsáid a sheoladh ar ais chuig soláthraithe ná stoc a aistriú chuig cógaslanna eile.
- 21.46** Ag deireadh gach bliana, éilíonn an FSS ar gach cógaslann sonraí a sholáthar faoin stoc drugaí ardteicneolaíochta atá ar láimh acu, agus stoc a aithint nach bhfuil othar á éileamh agus stoc atá imithe as dáta. Den €45 milliún a bhí ar láimh ar an 31 Nollaig 2014, léirigh na tuairisceáin ó chógaslanna faoi leith go raibh stoc dar luach €2.7 milliún acu a bhí imithe as dáta. Mar sin féin níl ansin ach tomhas ag pointe áirithe ama agus is dócha nach léiriú iomlán é ar an leibhéal iarbhír ó thaobh diomailt drugaí ardteicneolaíochta a tharlaíonn ina aon bhliain.
- 21.47** Ní éilíonn an FSS ar chógaslanna dearbhuithe iomlána a sholáthar faoi dhíúscairt stoic ná faoi dhíothú stoic atá as dáta. Lena chois sin níl faisnéis ag an FSS faoin gcostas a bhaineann le barrachas stoic, an chúis atá leis ná an costas ó thaobh diomailte a bhaineann leis.
- 21.48** Ní chuireann an FSS an fhaisnéis a fhaightear ó na soláthraithe maidir le cainníocht na ndrugaí agus cógas a sheachadadh do chógaslanna i gcomparáid leis an bhfaisnéis a fhaightear ó chógaslanna maidir le méid na ndrugaí a dháiltear d'fhonn an leibhéal diomailte a ríomh. Dá ndéanfaí monatóireacht ar an treocht seo de réir cógaslann agus de réir an chineáil druga chuirfeadh sé ar chumas an FSS beart a dhéanamh maidir leis na réimsí sin ina bhféadfadh leibhéil neamhghnácha diomailte a bheith ar siúl iontu.

Moladh 21.2

Ba cheart don HSE córas próiseála comhtháite lánleictreonach a fhorbairt a dhearbhdh i gcás na ndrugaí sin go léir ar íocadh astu gur seachadadh iad chuig na cógaslanna. Lena chois sin, nuair a réiteofaí an chainníocht drugaí a sheachadadh, a dáileadh agus atá ar láimh bheadh deis aige monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil an stoic agus sa chaoi sin caillteanas mar gheall ar bharrachas stoic a íoslaghdú.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leis an moladh sin. Tá Tionscadal Chomhéadain Chógaisíochta ar siúl faoi láthair chun roinnt feabhsuithe a dhéanamh. Áirítear ar raon an tionscadail breis sonraí a bhailiú go leictreonach ó chógaslanna.

- 21.49** Is féidir barrachas stoic a bheith ann i gcásanna ina roghnaíonn othar dul go cógaslann eile seachas an ceann a ainmníodh nuair a chláraigh an té sin don scéim. Tugann an prótacal cógaisíochta a d'eisigh an FSS i mí na Nollag 2013 cead d'othar cógaslann éagsúil a ainmniú má chónaíonn an t-othar sa cheantar agus más mian leis nó léi na drugaí ardteicneolaíochta a fháil go rialta ón gcógaslann sin feasta. Cé go gcuireann sé sin ar chumas an othair rogha a dhéanamh faoin gcógaslann a rachaidh sé nó sí chuige mar sin féin cruthaíonn sé an baol go minic go mbeidh farasbharr stoic sa chógaslann a ainmníodh nuair a cláraíodh an té sin ar dtús. Níl faisnéis ag an FSS faoi cé chomh minic ar tharla caillteanas toisc gur aistrigh othair go cógaslanna eile.

Moladh 21.3

Ba cheart don FSS athbhreithniú a dhéanamh ar a phrótacal maidir le hothair a athraíonn ó chógaslann go cógaslann lena n-áirítear leas a bhaint as an bprótacal atá ann cheana féin maidir le haistriú cógás sa chaoi go bhfaighidh na hothair na drugaí a d'ordaigh an chógaslann a ainmníodh nuair a cláraíodh iad.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leis an moladh sin. Ní féidir leis an FSS aon chás a shamhlú ina mbeadh aon phrótacal inghlactha ar leibhéal beartais a chuirfeadh cosc ar shaorghluaiseacht agus rogha na n-othar. B'fhéidir go bhfuil scóip éigin ann chun modhnú a dhéanamh ar dhoiciméadacht fhaofa chun an t-othar a spreagadh le fanacht go dtí go mbeidh an stoc atá ann cheana féin úsáidte sula n-aistríonn sé nó sí go cógaslann eile.

21.50 I Meán Fómhair 2011, d'iarr an FSS ar chógaslanna comhoibriú leis agus córas 'díreach in am' a chur i bhfeidhm an oiread ab fhéidir. Sa chaoi sin ní choinneofaí ar láimh ach an oiread sin drugaí a bheadh ag teastáil le freastal ar riachtanais na n-othar. Moladh é sin arís i Meitheamh 2013 nuair a iarradh arís ar chógaslanna gan ach stoc íosta a choinneáil de tháirgí ardteicneolaíochta.

21.51 Tugadh faoi deara sa scrúdú a rinneadh go gcoinnítear coibhéis beagán le cois stoc míosa de dhruaí i gcógaslanna, agus is cosúil go bhfuil sé sin ard nuair a chuirtear san áireamh a mhinice a sheachadann sholáthraithe drugaí agus an t-aga tionscanta le haghaidh orduithe. Mar sin féin, thug an FSS faoi deara freisin go ndearna roinnt othar agus abhcóidí othar gearán go raibh ar othair fanacht thar dheireadh seachtaine go dtí go seachadfadh soláthraithe stoc fíor-riachtanach chuig an chógaslann.

Moladh 21.4

Ba cheart don FSS treoirlínte níos mionsonraithe a fhorbairt do chógaslanna a bhfuil an scéim drugaí ardteicneolaíochta á reáchtáil acu, ina leagfaí amach na spriocanna maidir le leibhéal barrmhaith stoic a choinneofaí ar láimh de réir chatagóirí na ndruaí, ag cur san áireamh costas an druga agus líon na n-othar a bhfuil an druga riachtanach dóibh.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Ní aontaím leis sin. Ní bheadh sé indéanta an moladh sin a chur i bhfeidhm. Iarradh ar na cógaslanna an leas is fearr a bhaint as an gcóras 'díreach in am'. Mar sin féin, caithfear tús áite a thabhairt do dheimhin a dhéanamh go bhfaigheann othair na cógais atá riachtanach dóibh nuair a bhíonn gá acu leo.

21.52 Lena chois sin, ní dhéanann an FSS seiceáil neamhspleách uair ar bith ar leibhéil an stoic atá i gcógaslanna ar leith. Éilíonn an FSS ar chógaslanna gach bliain mionsonraí a sholáthar faoin stoc atá ar láimh acu.

Moladh 21.5

Ba cheart don FSS athbhreithniú a dhéanamh ar dhruaí ardteicneolaíochta mar chuid dá ghnáthchlár cigireachta ar chógaslanna. D'fhéadfadh sé a bheith san áireamh ina leithéid d'athbhreithniú iniúchadh a dhéanamh ar na leibhéil fhoriomlána stoic, seiceálacha a dhéanamh ar shampla de dhruaí ardteicneolaíochta agus athbhreithniú ar leibhéil na ndruaí ardteicneolaíochta a dhiúsraíodh toisc iad a bheith as dáta.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leis an moladh sin. Tá an FSS ag obair ag iarraidh breis foirne a shannadh d'obair iniúchta. Sa chaoi sin d'fhéadfaí níos mó iniúchtaí a dhéanamh agus d'fhéadfaí stocáireamh a dhéanamh mar chuid den chigireacht.

Dá mba rud é go ndéanfaí stocáireamh iomlán ar dhrugaí ardteicneolaíocht mar chuid den chigireacht ar chógaslanna bheadh tionchar suntasach aige sin ar acmhainní agus chuirfeadh sé na cigirí dá dtreoir maidir le cleachtais eile agus ó thosaíochtaí maidir le cúram othar.

Na Coimisinéirí Ioncaim


22 Clár na gCoimisinéirí Ioncaim um Bainistiú Fiachais

- 22.1** Tá dhá phríomhthosaíocht straitéiseacha ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim) don tréimhse ó 2015 go 2017 - é a dhéanamh níos éasca agus níos saoire oibleagáidí cánach a chomhlíonadh go deonach, agus neamhchomhlíonadh a aithint agus aghaidh a thabhairt air. Cuid riachtanach de ghníomhaíochtaí comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim is ea fiacha nár íocadh a bhailiú go tráthúil.
- 22.2** Laistigh de chóras na gCoimisinéirí Ioncaim, is ar Oifig an Ard-Bhailitheora atá an phríomhfhreagrach maidir le bailiú cánacha agus dleachtanna, agus as iad a leithdháileadh ar chuntas an cháiníocóra chuí agus ar an gceannnteideal ceart cánach. Is é cuspóir a bhfeidhme bainistithe fiachais a áirithiú i gcás na gcánacha pearsanta agus gnó sin a bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim freagrach astu go mbaileofar iad go tráthúil.
- 22.3** Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar fheidhm bailithe fiachais na gCoimisinéirí Ioncaim. Breathnaítear ar threochtaí maidir le luach an fhiachais cánach nár íocadh, ar a stádas agus ar aois an fhéich. Scrúdaíodh an próiseas maidir le fiachais chánach a dhíluacháil freisin.¹

Fiacha Cánach nár íocadh

- 22.4** Ba é €2,017 milliún an t-ollfhiachas cánach nár íocadh fós ar an 31 Márta 2015, thart faoi 9% níos ísle ná mar a bhí i Márta 2013 (féach Fíor 22.1).²

Fíor 22.1 Ollfhiachas nár íocadh ag deireadh na míosa, ó Mhárta 2010 go dtí Márta 2015



1 Tagraíonn díluacháil chánach atá gan íoc le cleachtas na gCoimisinéirí Ioncaim an cháin a aicmiú mar cháin nach bhféadfar a bhailiú de bharr imthosca an gcáiníocóra. Bíonn an cháin dlite i gcónaí do na Coimisinéirí Ioncaim agus, má athraíonn imthosca an cháiníocóra, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim iarracht an méid atá dlite a bhailiú.

2 De ghnáth tuairiscíonn na Coimisinéirí Ioncaim glanluach na cánach atá gan íoc - fiach comhlán lúide íocaíochtaí CBL atá dlite. Ar an 31 Márta 2015, ba é €1.7 billiún an glanfhiachas a thuairiscigh na Coimisinéirí Ioncaim, titim 16% san dá bhliain ó mhí an Mhárta 2013.

Foinse: Meastacháin a rinne Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Fiach Cáin Mhaoine Áitiúil

- 22.5** Léiríonn taifid na gCoimisinéirí Ioncaim go raibh thart faoi €95 mhilliún de Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) ó roimh 2015 nár íocadh fós ag deireadh mhí an Mhárta 2015. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim cé go bhfuil fiach CMÁ san áireamh ina gcóras um 'staid chomhaid', nach ndearnadh tástáil iomlán ar na comhaid agus nach n-áirítear an fiach CMÁ atá gan íoc ina staitisticí maidir le fiachas.
- 22.6** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go mbaineann cuid shuntasach den €95 mhilliún d'fhiachas CMÁ roimh 2015 le riaráistí Muirear Teaghlaigh nach bhfuil sé dearbhaithe fós leis an gcáiníocóir go bhfuil siad dlite. Áirítear freisin ar an méid a luadh fiacha CMÁ atá á n-íoc in íocaíochtaí céimnithe agus mar fhiacha measta.
- 22.7** Fíor 22.2 léirítear sa bhFíor an méid comhlán atá gan íoc de réir cineáil cánach agus déantar achoimre ar na muirir a tiomsaíodh, na híocaíochtaí a rinneadh agus na méideanna a dhíluacháladh sa tréimhse 12 mhí dar críoch Márta 2015.¹ Ba iad an dá chatagóir ba mhó de na fiacha a bhí gan íoc ar an dáta sin, arbh ionann iad agus breis agus 60% den cháin iomlán a bhí dlite, Cáin Ioncaim (€687 milliún gan ÍMAT san áireamh) agus CBL (€551 mhilliún). Is ionann an fiach maidir le cáin ioncaim agus 28% de na muirir a bailíodh i rith na bliana, cé gurb é 6% an fiach maidir le CBL.

¹ Ní áirítear le fiach nár íocadh ná le glanmhuirir na cánacha sin nach bhfuil faoi réir bailiú iarchurtha lena n-áirítear Custaim, Máil, Dleacht Stampa agus an ghné sin den CBL a bhaineann le Custaim agus Máil.

Fíor 22.2 Gluaiseacht i gcánacha agus ÁSPC gan íoc, 2014/15

Cáin nó Dleacht ^a	Iarmhéid amhail an 31 Márta, 2014	Muirir a bailíodh ^b	Cáin íoctha ^c	Cáin a díluacháladh	Iarmhéid amhail an 31 Márta, 2015	Iarmhéid mar % de mhuirir a bailíodh
	€m	€m	€m	€m	€m	
CBL	594	9,781	(9,745)	(79)	551	6%
ÍMAT	118	11,357	(11,310)	(14)	151	1%
ÁSPC	143	8,066	(8,037)	(19)	153	2%
An Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU)	39	3,587	(3,589)	(3)	34	1%
Cáin Ioncaim	688	2,414	(2,378)	(37)	687	28%
Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT)	–	350	(350)	–	–	–
Cáin Chorpáraide	180	3,509	(3,531)	(2)	156	4%
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	237	436	(499)	(7)	167	38%
Cáin Fháltas Caipitiúil	36	353	(333)	–	56	16%
Cáin Chonarthaí Iomchuí	29	187	(187)	(4)	25	13%
Tobhach Comhshaoil	38	12	(13)	–	37	308%
Cáin Aerthaistil	–	7	(7)	–	–	–
Iomlán	2,102	40,059	(39,979)	(165)	2,017	5%


Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Níl Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) san áireamh anseo, toisc nár chríochnaigh na Coimisinéirí Ioncaim tástáil taifead CMÁ ina gcórais um thuairisciú fiachais. B'fhiú €493 mhilliún an CMÁ a íocadh in 2014.

b Áirítear ar na muirir a bailíodh meastacháin sna cásanna nár comhdaíodh tuairisceáin.

c San áireamh i gcáin íoctha tá cásanna inar laghdaíodh meastacháin ina dhiaidh sin.

22.8 Léiríonn Fíor 22.3 na hathruithe sna céatadáin maidir le leibhéal fiachais nár íocadh in 2014. Bhain an laghdú ba mhó le cáin ghnóthachan caipitiúil, áit ar tharla laghdú €70 milliún, nó díreach faoi 30%, sa bhliain. I gcodarsnacht leis sin, tháinig méadú 56% ar an méid cánach nár íocadh i gcás cáin fáltas caipitiúil.

Fíor 22.3 Athrú i gcánacha nár íocadh, ó Mhárta 2014 go Márta 2015


Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Stádas na bhFiach nár íocadh


22.9 Déanann na Coimisinéirí Ioncaim fiachas nár íocadh a aicmiú maidir lena stádas reatha, ag baint úsáide as an scéim seo a leanas (féach Fíor 22.4).

- Fiachas faoi achomharc agus nach bhfuil ar fáil lena bhailiú - i gcás ina bhfuil achomharc déanta ag cáiníocóir faoi mhéid na measúnachta cánach, tá cosc ar na Coimisinéirí Ioncaim an fiach sin a bhailiú.
- Fiachas nach bhfuil ar fáil lena bhailiú - maidir le fiach cáiníocóirí atá faoi leachtú, faoi scrúdaitheoireacht nó faoi chineálacha áirithe glacadóireachta is é meas na gCoimisinéirí Ioncaim nach bhfuil a leithéidí ar fáil lena mbailiú.
- Fiach ar fáil lena bhailiú - déantar an fiach sin a chatagóiriú mar mhéideanna faoi réir comhaontuithe íocaíochta leis an gcáiníocóir, atá faoi fhorfheidhmiú leis an sirriam, nó atur na gCoimisinéirí Ioncaim nó trí ordú astaithe, nó méideanna eile nach bhfuil faoi réir comhaontuithe íocaíochta ná imeachtaí forghníomhaithe.

Fíor 22.4 Rangú fiachais chánach, Márta 2015



De réir príomhchineál cánach^b



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Mheas na Coimisinéirí Ioncaim go raibh an fiach seo inbhailithe, ach ní raibh sé faoi réir comhaontaithe íocaíochta ná aon imeachtaí forfheidhmithe ag deireadh mhí an Mhárta 2015.

b Is ionann na cineálacha cánach seo agus 92% de gach fiach chánach.

22.10 Tá cur síos níos mionsonraithe thíos ar an dá chatagóir is mó, .i. cánacha faoi achomharc (€701 mhilliún) agus fiachais inbhailithe, nach bhfuil faoi réir socruithe forfheidhmithe ná comhaontuithe íocaíochta (€734 mhilliún).

Fiach Faoi Achomharc

22.11 Tá an fhreagracht as achomhairc chánach a bhainistiú roinnte idir na Coimisinéirí Ioncaim agus na Coimisinéirí Achomhairc neamhspleácha.

- Is iad na Coimisinéirí Ioncaim atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar bhailíocht iarratais achomhairc, agus as imlíne an cháis a leagan amach agus a aontú leis an gcáinócóir agus as éisteacht achomhairc a iarradh ó na Coimisinéirí Achomhairc.
- Tá na Coimisinéirí Achomhairc freagrach as achomhairc a liostú, a éisteacht agus a chinneadh.

- 22.12** Le go mbeidh achomharc bailí, ní mór don cháiniócoir achomharc a dhéanamh i scríbhinn leis na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den teorainn ama reachtúil agus údar an achomhairc a shonrú.¹ I gcás achomhairc i gcoinne measúnachta, ní mór do cháiniócoir a d(h)liteanas cánach féinmheasúnaithe a íoc sular féidir achomharc a dhéanamh. Déantar an glanfhiachas (measúnú na gCoimisinéirí Ioncaim lúide aon cháin a íocadh) a thaifeadadh mar an fiach dlite.
- 22.13** Is é cur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim iarracht a dhéanamh achomharc a réiteach gan dul go héisteacht achomhairc. Mura ndéantar achomharc a shocrú trí chomhaontú, déantar foirm éisteachta achomhairc (ar a dtugtar foirm AH1) ar a bhfuil sonraí an cháis leagtha amach a sheoladh ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Achomhairc mar aon le hiarratas ar éisteacht achomhairc. Seoltar an fhoirm seo chuig an gcáiniócoir agus mura bhfuil an té sin sásta leis an gcuntas atá ar an bhfoirm, féadfaidh sé nó sí ráiteas neamhspleách breise a chuir isteach. Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim an fhoirm agus ráiteas neamhspleách an cháiniócóra (má tá a leithéid ann) chuig na Coimisinéirí Achomhairc mar aon le hiarratas ar éisteacht. Níl aon teorainn ama reachtúil leagtha síos faoinar gá do na Coimisinéirí Ioncaim iarratas a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Achomhairc chun dáta éisteachta achomhairc a shocrú.
- 22.14** Tar éis dóibh iarratas a fháil chun dáta a shocrú chun achomharc a éisteacht is iondúil go n-iarrann Coimisinéirí Achomhairc aighneachtaí i scríbhinn ó cheachtar den dá pháirtí nó uathu araon. Tar éis do na Coimisinéirí Achomhairc achomharc a chinneadh, ní mór dóibh an cinneadh a thaifeadadh agus cóip a chur ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim. De ghnáth déantar an cinneadh a thabhairt don dá pháirtí ag an éisteacht deiridh.
- 22.15** Is féidir le cáiniócoirí achomhairc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda faoi chinntí na gCoimisinéirí Achomhairc agus athéisteacht iomlán a iarradh. Féadfaidh an cáiniócoir nó na Coimisinéirí Ioncaim ponc dlí a éiríonn as cinneadh de chuid na gCoimisinéirí Achomhairc nó na Cúirte Cuarda a tharchur chun na hArd-Chúirte ar mhodh cáis shonraithe.

Leasú an Chórais um Achomhairc Chánach

- 22.16** Tar éis don Roinn Airgeadais comhairliúchán poiblí a reáchtáil faoi leasú an chórais um achomhairc chánach, tá leasú le déanamh ar an gcóras. Ba é foilsíú an Bhille Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015 ar an 15 Iúil 2015 an chéad chéim den phróiseas. Tá Grúpa inmheánach an Tionscadail Achomhairc bunaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim chun ullmhú le haghaidh cur i bhfeidhm an phróisis achomhairc athbhreithnithe agus chun maoirseacht a dhéanamh air.

Stádas na nAchomhairc Cánach, amhail Meitheamh 2015

- 22.17** Coinníonn na Coimisinéirí Ioncaim clár inmheánach maidir le hachomhairc a chuireann eolas cothrom le dáta ar fáil maidir le stádas na n-achomhairc cánach go léir. I lár mhí an Mheithimh 2015, léirigh an clár go raibh achomhairc á ndéanamh faoi luach €716 mhilliún cánach. Ní raibh an chuid is mó de na cásanna (beagán os cionn 80% díobh de réir luacha) éiste ag na Coimisinéirí Achomhairc ar an dáta sin. Tá stádas na n-achomhairc mar a thaispeántar i dtaifid na gCoimisinéirí Ioncaim atá leagtha amach i Fíor 22.5.

¹ Tá na teorainneacha ama chun achomharc a dhéanamh leagtha síos sa reachtaíocht chánach.

Fíor 22.5 Stádas an fhiachais cánach faoi achomharc, i lár mhí an Mheithimh 2015

Stádas	Líon na gcásanna	Méid Fiachais	
		€ milliún	%
Cásanna nár éist na Coimisinéirí Achomhairc fós			
Níor iarradh dáta éisteachta fós ^a	1,705	351	49
Dáta éisteachta iarrtha ó na Coimisinéirí Achomhairc	247	162	23
Éisteacht liostaithe ag na Coimisinéirí Achomhairc	86	67	9
Cásanna a d'éist na Coimisinéirí Achomhairc			
Éisteacht iomlán - cás fós oscailte	15	8	1
An Chúirt Chuarda (athéisteacht achomhairc)	36	51	7
An Ard-Chúirt (cás sonraithe)	103	19	3
An Chúirt Uachtarach (achomharc ar chinneadh na hArd-Chúirte)	3	51	7
Nach bhfuil aicmithe			
Nach bhfuil aicmithe	63	7	1
Iomlán	2,258	716	100

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Lena n-áirítear 823 cás (inár fiú €28 milliún san iomlán méid na cánach atá faoi achomharc) ina bhfuiltear ag fanacht le torthaí na gcásanna tástála os comhair na gCoimisinéirí Achomhairc nó os comhair na cúirteanna.

Cásanna tástála

22.18 Féadfar cás tástála a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Achomhairc más rud é go bhfaigheann na Coimisinéirí Ioncaim líon achomharc faoin rud céanna nó faoi rud a bhaineann leo. Roghnaíonn na Coimisinéirí Ioncaim cás a mheasann siad a bheith ina shampla maith de na cásanna eile agus seolann siad an cás sin chuig na Coimisinéirí Achomhairc agus má dhéantar achomharc in aghaidh chinneadh na gCoimisinéirí Achomhairc, seoltar ar aghaidh é chuig na cúirteanna.

Éisteachtaí Coimisinéara Achomhairc

22.19 Tá sé tugtha le fios ag na Coimisinéirí Achomhairc go bpróiseálann siad thart faoi 40 cás in aghaidh na míosa, agus go dtógann sé 12 sheachtain ar an meán in aghaidh an cháis.¹ Tugann sé sin le fios go mbíonn thart faoi 120 cás ar an meán idir lámha ag am ar bith ag na Coimisinéirí Achomhairc. Mar sin féin, léiríonn taifid na gCoimisinéirí Ioncaim go raibh 333 cás curtha faoi bhráid na gCoimisinéirí Achomhairc i lár mhí an Mheithimh 2015 lena n-éisteacht agus díobh sin bhíothas ag feitheamh ar dháta éisteachta i gcás 247 acu, agus go raibh 86 chás liostaithe lena n-éisteacht.

22.20 Tugann seo le fios go mb'fhéidir nach mbaineann an meán-aga feithimh a thuairiscíonn na Coimisinéirí Achomhairc ach amháin le cásanna a bhfuil dáta éisteachta socraithe dóibh. Bheadh sé níos bríche an t-am a thomhas a thóg sé ón dáta sin ar atreoraigh na gCoimisinéirí Ioncaim é chuig na Coimisinéirí Achomhairc go dtí an dáta ar tugtar cinneadh na héisteachta achomhairc.

22.21 Chun sonraí an ualaigh cás a réiteach, iarradh ar Oifigeach Cuntasaíochta na gCoimisinéirí Achomhairc an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil.

- Líon na gcásanna idir lámha ar iarr na Coimisinéirí Ioncaim go socrófaí dáta éisteachta achomhairc dóibh ach nach raibh an dáta socraithe go fóill agus
- líon na gcásanna idir lámha a raibh an dáta socraithe chun an t-achomharc a éisteacht ach nár éisteacht é fós.


22.22 D'ainneoin oibleagáid an Oifigigh Chuntasaíochta faoi Alt 10 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 faisnéis a iarradh chun críocha an scrúdaithe a chur ar fáil, níor chuir sé an fhaisnéis a iarradh ar fáil. Tugadh cóip den dréacht-tuarascáil dó ar dhá ócáid, mar aon le hiarratas ar an fhaisnéis bhreise. Níor thug sé freagra ar cheachtar den dá iarratas. Dá bhrí sin, ní raibh an fhoireann a dhéanann an scrúdú in ann an fhaisnéis a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil maidir le líon na gcásanna a tarchuireadh chuig na Coimisinéirí Achomhairc a chur i gcomparáid le taifid na gCoimisinéirí Achomhairc féin.

Cásanna nár Iarradh Dáta Éisteachta Fúthu

22.23 I lár mhí an Mheithimh 2015, bhí beagnach leath den fhiachas a bhí faoi achomharc rangaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim mar 'níor iarradh dáta éisteachta dóibh go fóill' ó na Coimisinéirí Achomhairc. B'fhiú €359 milliún an fiachas comhlán a bhí i gceist (gan éilimh ar aisíocaíochtaí a chur san áireamh). Rinneadh athbhreithniú sa scrúdú ar aois an fhiachais, ón dáta a chuir na Coimisinéirí Ioncaim a 'cosc bailiúchán' i bhfeidhm ar an bhfiach (féach Fíor 22.6).

Fíor 22.6 Achomhairc Chánach - cásanna nach raibh aon dáta éisteachta iarrtha dóibh i lár mhí Mheithimh 2015

Total: €359m^a



Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Bhí dátaí éisteachta fós le hiarradh freisin maidir le fiachas ar fiú €2.9 milliún é ach go bhfuiltear ag fanacht ar thorthaí cásanna tástála. Níl an fiach sin san áireamh san anailís i Fíor 22.6.

22.24 I lár mhí an Mheithimh 2015, bhí leath den fhiachas nach raibh aon dáta éisteachta maidir le hachomharc iarrtha ina leith ag na Coimisinéirí Ioncaim os cionn trí bliana d'aois, lena n-áirítear 28% de a raibh níos mó ná cúig bliana d'aois.


- 22.25** Bhain €67 milliún de na fiacha le cásanna inar taifead na Coimisinéirí loncaim go raibh siad ag smaoineamh ar chomhairle dhlíthiúil a fhostú nó go raibh comhairle dhlíthiúil fostaithe acu cheana féin. Bhí 58% de na fiacha sin níos mó ná trí bliana d'aois.
- 22.26** Tá sé tugtha le fios ag na Coimisinéirí loncaim go bhféadfadh roinnt de na cásanna níos sine a bheith ag céim níos déanaí sa phróiseas agus gur tugadh treoir le déanaí do limistéir na gCoimisinéirí loncaim an t-eolas atá ar a gcórais a thabhairt cothrom le dáta maidir le stádas ceart na n-achomharc.

Fiachas Atá ar Fáil lena Bhailiú

- 22.27** Tugadh le fios in athbhreithniú a rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) de réir mar a théann fiachas in aois is ea is mó an baol nach n-íocfar é.¹
- 22.28** Ag deireadh mhí an Mhárta 2015, rangaíodh €734 mhilliún den fhiachas cánach mar fhiachas a bhí ar fáil le bailiú ach nach raibh faoi réir comhaontuithe íocaíochta ná imeachtaí forghníomhaithe.
- 22.29** San athbhreithniú sin scrúdaíodh anailís aoise an fhiachais sin agus é rangaithe de réir dátaí tosaigh an fhiachais (féach Fíor 22.7).²

Fíor 22.7 Fiach - gan aon imeachtaí forfheidhmithe tionscanta ná comhaontuithe íocaíochta i bhfeidhm, mar a bhí i Márta 2015, de réir dáta tosaigh an fhéich

Total €734m



¹ Working Smarter in Tax Debt Management, 2014

² Chun críocha anailís a dhéanamh ar aois a fhiachais, is é an sainmhíniú a thugann na Coimisinéirí loncaim ar dháta tosaigh fiachiachais ná an ceann is déanaí díobh seo a leanas (a) an dáta ar tháinig an muirear is cúis leis an bhfiachas ar thaifead an cháiníocóra, (b) dáta dlite na cánach nó (c) an dáta ar eisíodh stad achomhairc.

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí loncaim

- 22.30** Ag deireadh mhí an Mhárta 2015, ní raibh thart faoi 61% den €734 mhilliún d'fhiachas faoi réir comhaontaithe íocaíochta ná aon imeachtaí forfheidhmithe agus é níos lú ná bliain amháin d'aois. Dúirt na Coimisinéirí loncaim go raibh thart faoi €254 mhilliún den fhiachas ba dhéanaí sin níos lú ná dhá mhí d'aois, agus go raibh sé ag an gcéad chéim den timthriall bhailiúcháin. Dúirt na Coimisinéirí loncaim faoin €194 mhilliún a bhí níos mó ná dhá mhí d'aois agus níos lú ná bliain d'aois
- Go bhfuil €97 milliún faoi imscrúdú faoi láthair nó go ndearnadh idirghabháil faoi le déanaí
 - Nach bhfuil idirghabháil á déanamh faoi €67 milliún agus go bhfuil sé comhdhéanta den chuid is mó d'fhiacha atá níos lú €5,000
 - Go bhfuil €3 mhilliún aicmithe mar fhiachas iar-fhorfheidhmithe - gur theip ar ghníomhartha forfheidhmiúcháin tosaigh agus go bhfuil na Coimisinéirí loncaim ag féachaint cad iad na bearta malartacha is gá a dhéanamh
 - maidir leis an €27 milliún atá fágtha, tá 'baic' cruthaithe maidir lena bhailiú ar chúiseanna éagsúla, m.sh. go bhfuil an cás faoi iniúchóireacht.
- 22.31** Bhí €286 mhilliún (39%) den fhiachas sin níos sine ná bliain amháin. Dúirt na Coimisinéirí loncaim go bhfuil idirghabháil á déanamh maidir le beagnach €170 milliún den fhiachas sin faoi láthair nó go ndearnadh idirghabháil faoi le déanaí. Maidir leis an €116 mhilliún atá fágtha
- Níl idirghabháil á déanamh faoi €58 milliún agus tá sé comhdhéanta den chuid is mó de mhéideanna aonair atá níos lú ná €5,000
 - Tá €20 mhilliún aicmithe mar fhiachas iar-fhorfheidhmithe - theip ar bhearta forfheidhmiúcháin agus tá na Coimisinéirí loncaim ag smaoineamh ar na bearta malartacha is gá a dhéanamh
 - maidir leis an €38 milliún atá fágtha, tá 'baic' cruthaithe maidir lena bhailiú ar chúiseanna éagsúla, m.sh. go bhfuil an cás faoi iniúchóireacht.


Díluacháil Fiachais Chánach

- 22.32** Dea-chleachtas is ea é aois an fhiachais a athbhreithniú go rialta agus an dóchúlacht gur féidir é a bhailiú. Bíonn nósanna imeachta agus rialuithe riachtanach chun déileáil le fiachas nach féidir a bhailiú, sa chaoi go bhféadfaidh an lucht bainistíochta díriú ar fhiachas a bhfuil ionchas réasúnach ann maidir lena bhailiú.
- 22.33** Dhíluacháil na Coimisinéirí loncaim luach €228 milliún de chánacha agus ÁSPC in 2014. Den tsuim sin, díluacháladh €226 mhilliún ar bhonn cás ar chás, Fíor a bhí thart faoi 13% níos lú ná in 2013.¹ Cuideachtaí ag dul faoi leachtú agus féimheachtaí na cúiseanna ba mhinice a bhí le díluacháil (féach Fíor 22.8).
- 22.34** Bhí 48 gcás ann inar sháraigh an méid a díluacháladh €0.5 milliún. Ba é €1.6 milliún an meánluach díluachála sna cásanna sin agus bhain den 36% den díluacháil leis an 48 gcás sin.
- 22.35** Cé go ndéantar an chuid is mó de na fiacha a dhíluacháil ar bhonn cás ar chás, díluacháladh fiacha beaga go huathoibríoch a bhí dlite i thart faoi 140,000 cás, agus ar b'fhiú thart faoi €2 mhilliún iad, (b'fhiú níos lú ná €15 ar an meán iad). Tarlaíonn díluacháil uathoibríoch i gcás fiacha beaga nuair a bhíonn an fiach níos mó ná cúig bliana d'aois.

¹ Úsáideann na Coimisinéirí loncaim an téarma 'díluacháil' in ionad 'discríobh' toisc go bhfanann cáin a díluacháladh ar thaifead an cháiníocóra agus is féidir í a aisghabháil má athraíonn imthosca an cháiníocóra.

Fíor 22.8 Fáthanna a bhí le díluacháil cánach, 2014

Iomlán €228m



Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

22.36 I bhformhór na gcásanna, ciúmsaíonn díluacháil gach fiach cánach nár íocadh. Mar sin féin, i gcásanna áirithe d'fhéadfadh an cáinócóir a bheith in ann roinnt íocaíochtaí a dhéanamh i leith na cánach atá dlite ach gan a bheith in ann an fiach a íoc go hiomlán agus sa chás sin is féidir díluacháil pháirteach a dhéanamh ar an bhfiach.

22.37 Díluacháladh 60% den cháin iomlán i gceithre earnáil eacnamaíochta in 2014. Ba iad seo a leanas na méideanna iomlána a díluacháladh sna hearnálacha sin.

- an earnáil trádála mórdhíola agus miondíola - €38 milliún (17%)
- earnáil na tógála - €35 mhilliún (15%)
- gníomhaíochtaí maidir le seirbhísí cóiríochta agus bia - €22 mhilliún (10%)
- gníomhaíochtaí maidir le 'seirbhísí eile' - €41 mhilliún (18%).

22.38 D'fhan cúrsaí díluachála cobhsaí nó laghdaigh siad i ngach earnáil in 2014, cé is moite de ghníomhaíochtaí maidir le 'seirbhísí eile', a mhéadaigh ó 2% den díluacháil iomlán go dtí 18%.

Faomhadh maidir le díluacháil cánach

22.39 Déanann Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim gach díluacháil a fhaomhadh go foirmiúil. Déanann aonad iniúchóireachta inmheánaí na gCoimisinéirí Ioncaim iniúchadh gach bliain ar shampla de na cásanna ina ndearnadh díluacháil lena chinntiú go bhfuil na díluachálacha de réir nósanna imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim.

22.40 Rinne an t-aonad athbhreithniú in 2014 ar luach €56.1 milliún de dhíluachálacha, Fíor ab ionann agus 21% de na méideanna iomlána a díluacháladh in 2013. Ba é toradh na hiniúchóireachta inmheánaí ná go raibh an díluacháil a rinne na Coimisinéirí Ioncaim in 2013 tríd is tríd i gcomhréir leis na nósanna imeachta, ach thug siad faoi deara roinnt cásanna nár taifeadadh an díluacháil de réir threoirlínte inmheánacha na gCoimisinéirí Ioncaim.

- 22.41** Rinneadh athbhreithniú sa scrúdú ar roinnt díluachálacha in 2014 - na deich gcás ba mhó agus cúig chás bhreise a roghnaíodh go randamach. Fuarthas amach gur faomhadh na díluachálacha go léir a ndearnadh athbhreithniú orthu i gcomhréir le nósanna imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim.
- 22.42** Rinneadh athbhreithniú le linn an scrúdaithe freisin ar chomhaid na gcásanna samplacha chun fianaise a fháil faoi na bearta a rinne na Coimisinéirí Ioncaim chun na fiacha a fháil sular díluacháladh iad, lena n-áirítear fianaise faoi na héilimh a eisíodh, obair leantach a rinne oibrithe cás agus gníomhartha forfheidhmiúcháin. I 13 chás den 15 chás a athbhreithníodh, bhí fianaise le fáil go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim na rudaí cearta le dul sa tóir ar na fiacha nár íocadh sula ndearnadh díluacháil. Sa dá chás eile, cé nach raibh comhaid pháipéir ar fáil, chuir na Coimisinéirí Ioncaim fianaise ar fáil maidir le beart leantach a bhí taifeadta ar a gcórais TF.

Próiseas Tagarmharcála maidir le Bailiú fiachais chánach

- 22.43** I mí Dheireadh Fómhair 2014, d'fhoilsigh an OECD tuarascáil staidéir dar teideal *Working Smarter in Tax Debt Management*. Ba iad na Coimisinéirí Ioncaim a labhair ar son na hÉireann a bhí ar cheann de 14 thír a chuir le forbairt na tuarascála. Tugann an tuarascáil seo forbhreathnú ar an bheidhm nua-aimseartha um bailiú fiachais cánach. D'aithin sé gnéithe riachtanacha áirithe a bhaineann le córas nua-aimseartha bailithe fiachais. Tá achoimre i Fíor 22.9 ar na gnéithe sin, agus ar stádas reatha na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le gach ceann acu.

Fíor 22.9 Gnéithe Riachtanacha de bhainistíocht nua-aimseartha fiachais chánach

Gnéithe riachtanacha	Príomhghnéithe	Le sonrú i measc na gCoimisinéirí Ioncaim
Eagrú	Feidhm speisialtóireachta bunaithe	✓
Príomhtháscairí feidhmíochta	Táscairí feidhmíochta cuí	✓
Ardanailísíocht	Léargais domhain ó shonraí, trínar féidir cur chuige an-deighilte a chur ar fáil maidir le cáiníocóirí	✓
Straitéisí cóireála	Réimse idirghabhálacha ar fáil	✓
Lárionad glaonna	Lárionad tiomnaithe do ghlaonna amach	✗
Féichiúnaithe atá imithe thar lear	Leas a bhaint as comhaontuithe faoi mhalartú eolais	✓

Foinse: OECD (2014), *Working Smarter in Tax Debt Management*; anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

✓ Gné/eilimint le sonrú i measc na gCoimisinéirí Ioncaim;

✓ i láthair go páirteach;

✗ níl i láthair.

- 22.44** Agus é ag tagairt go ginearálta don athbhreithniú, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur glacadh leis ag an tús staidéir an OECD go bhfuil roinnt difríochtaí tábhachtacha ag baint le comhlachtaí bailithe cánach náisiúnta, lena n-áirítear a leagáidí institiúideacha agus na córais chánach a riarann siad. Bhí sé i gceist leis an obair dá bhrí sin, eolas a sholáthar do chomhlachtaí cánach seachas tacú le cur chuige caighdeánach maidir le riar cánach. Is rud é sin a d'fhéadfadh gan a bheith praiticiúil ná inmhianaithe.

Eagrú Bailiú Fiachais

- 22.45** Tugadh le fios i dtuarascáil an OECD gur feidhm speisialaithe í bailiú fiachais agus nach mór í a eagrú ar an mbonn sin. Deirtear ann gur ciallmhar an rud é roinnt cineálacha sonracha cáiníocóirí a aicmiú le chéile, mar shampla gnólachtaí móra, nuair a bhíonn idirghabhálacha i leith féichiúnaithe á bpleanáil. Maidir leis na féichiúnaithe níos iomadúla in earnáil na ngnóthas beag agus meánmhéide, tá sé níos tábhachtaí leas a bhaint as anailísíocht chun an idirghabháil cheart a roghnú.
- 22.46** Bainistítear feidhm na gCoimisinéirí Ioncaim um bailiú fiachais laistigh de roinnt réimsí i Rannán an Ard-Bhailitheora lena n-áirítear
- 24 aonad bainistithe fiachais, a bhainistíonn cásanna a bhaineann le fiachas inbhailithe na gcánacha gnó is mó agus nár íocadh
 - bainistíonn an tAonad Seirbhísí agus Idirbhearta Cánacha agus an tAonad um Cháin Shiarchoinneálach ar Dhíbhinní fiachas a bhaineann le roinnt cánacha eile ¹
 - oibríonn an brainse um Cháin Mhaoine Áitiúil clár comhlíonta ar leith taobh amuigh de na gnáthaonaid bainistithe fiachais le dul sa tóir ar mhéideanna nár íocadh.
- 22.47** Ina theannta sin, tá cúig aonad speisialtóireachta ag na Coimisinéirí Ioncaim a bhainistíonn catagóirí ardriosca ar leith de chásanna fiachais.
- Bainistíonn an tAonad Comóntachta cásanna atá nasctha trí stiúirthóirí comhchoiteanna cuideachta i gcás inar mó ná €250,000 an fiach.
 - Bainistíonn Aonad Féinics cásanna ina bhfuil gnóthaí nasctha trí phríomhaithe atá bainteach le gnóthaí ar theip orthu roimhe seo i gcás inarbh é a lean as an chosaint dlíteanais theoranta ná nár íocadh cánacha muiníneacha (m.sh. ÍMAT, MSU).
 - Déanann an Sainaonad Forfheidhmiúcháin bearta forfheidhmithe bailiúcháin de chineál níos casta a chur i gcrích
 - Tá freagracht fhoriomlán ag dhá aonad dócmhainneachta as bainistiú a dhéanamh ar fhreagra na gCoimisinéirí Ioncaim nuair a bhíonn cásanna ag dul trí phróiseas foirmiúil dócmhainneachta .i. cásanna leachtaithe, glacadóireachta, scrúdaitheoireachta agus féimheachta.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- 22.48** Tugtar le fios i dtuarascáil an OECD go bhfuil roghnú na dtáscairí feidhmíochta cearta lánriachtanach má tá oibríochtaí ó lá go lá na feidhme bhailiúcháin le fanacht dírithe go cruinn ar na torthaí atá ag teastáil. Deirtear ann gur cheart feidhmíocht a thomhas ar thrí leibhéal.
- Straitéiseach - an leibhéal ar ar féidir an fheidhmíocht fhoriomlán maidir le hioncam cánach agus bailiú fiachais a thomhas.
 - Oibríochtúil - tomhaiseann cur i bhfeidhm éifeachtach gnéithe ar leith de bhearta maidir le bailiú fiachais nó bainistíocht fiachais.
 - Aonair - bunaithe ar eilimintí agus ar chaighdeán chriticiúla, mar shampla leibhéil seirbhíse (glaonna a freagraíodh) agus tráthúlacht maidir le hairgead tirim a thabhairt go banc.

Fíor 22.10 Táscairí molta an OECD maidir le bainistíocht fiachais

Táscairí straitéiseacha molta	In úsáid ag na Coimisinéirí Ioncaim
Méid an leabhar fiachais	✓
Cóimheas idir an fiachas inbhailithe agus glanbhailiú cánach	✗
Céatadán a íocadh in am	✓
Ráta Aisghabhála	✓
Costais a bhaineann le bailiú	✓
Dhíscríobh	✓
Íoctha i gcomparáid le réamhaisnéis	✗
Táscairí oibríochtúla molta	
Táscairí forfheidhmithe - nasctha go díreach le gníomhaíochtaí bailithe sonracha mar shampla: líon na dtoghairmeacha, urghabhálacha, cásanna cúirte, féimheachtaí nó cásanna a láimhseáladh thar thréimhse áirithe. ^a	✓
Fardal - tháscairí ar féidir iad a nascadh le líon na bhfiacha, mar fhiacha cánach níos sine ná tréimhse áirithe ama (aois); agus tomhais méideanna eile, ar nós líon na gcásanna a bhainistíodh ag lárionad glaonna; nó líon na meabhrúcháin a sheoladh chuig féichiúnaithe.	✓
Foinse: OECD (2014), Working Smarter in Tax Debt Management; anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.	
Nóta: a De ghnáth ní leagann na Coimisinéirí Ioncaim spriocanna amach sna réimsí oibríochtúla sin.	
✓ In úsáid ag na Coimisinéirí Ioncaim; (leagtar spriocanna síos agus déantar monatóireacht ar fheidhmíocht i bhfianaise na spriocanna sin)	✓ in úsáid go páirteach; (Déantar monatóireacht ar fheidhmíocht ach ní leagtar amach spriocanna) ✗ níl in úsáid.

22.49 Tá scóip ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le cur le líon na dtáscairí a úsáideann siad chun spriocanna feidhmíochta a leagadh amach agus a thomhas agus chun feidhmíocht a thuairisciú i bhfianaise na spriocanna sin ar an leibhéal straitéiseach agus ar an leibhéal oibríochtúil.

22.50 Measann an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil táscairí cuí i bhfeidhm faoi láthair ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an leibhéal straitéiseach agus ar an leibhéal oibríochtúil araon. Ar an leibhéal straitéiseach, tá na táscairí a úsáidtear bunaithe ar thorthaí (spriocanna maidir le laghdú fiachais agus spriocanna maidir le comhlíonadh ó thaobh tuairisceán/íocaíochtaí) agus meastar go bhfuil siad sin níos oiriúnaí ná bearta aschuir. Seoltar na bearta maidir le torthaí síos go leibhéil na nAonad um Bainistiú Fiachais (DMU) faoi leith. Úsáidtear bearta aschuir ar an leibhéal oibríochtúil. Mar shampla, déantar líon agus luach na mbeart forfheidhmiúcháin agus líon na dteagmhálacha agus na gcinntí a dhéanann gach DMU a choinneáil agus déantar monatóireacht orthu ar an leibhéal oibríochtúil agus úsáidtear iad mar comparadóirí sna DMUanna.

Ardanailísíocht

- 22.51** Ba í conclúid thuascáil an OECD nach féidir le comhlachtaí bailithe cánach caitheamh le gach féichiúnaí ar an mbealach céanna, toisc go gcreideann siad go dtabharfadh sé sin scóip rómhór dóibh siúd nach bhfuil sé ar intinn acu a gcuid dualgas a chomhlíonadh le bheith ag pleidhcíocht leis an gcóras agus gurb é an toradh a bheadh air ná go gcuirfí bearta neamhéifeachtacha i gcrích, nó bearta nach mbeadh gá leo.
- 22.52** Nuair a úsáidtear ardanailísíocht maidir le fiachas cánach is féidir leas a bhaint as an eolas go léir atá ina seilbh ag na comhlachtaí bailithe cánach faoi cháiníocóirí chun díriú go cruinn ar cháiníocóirí neamhchomhlíontacha agus an idirghabháil cheart a dhéanamh ag an am ceart. Is é an aidhm atá leis ná deireadh a chur le costas na n-idirghabhálacha neamhéifeachtach agus an sreabhadh cánach a fheabhsú. Nuair a dhéantar ardanailís ar na sonraí atá acu ba cheart go gcabhródh sé sin le comhlachtaí bailithe cánach léargais dhoimhne a fháil, agus cur ar a gcumas leas a bhaint cur chuige an-deighilte le déileáil le cáiníocóirí, chun iompar agus imeachtaí a thuar le hardleibhéal réasúnta cinnteachta agus, i gcásanna áirithe, chun bearta áirithe a mholadh.
- 22.53** Úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim roinnt córas ríomhairithe ina bhfeidhm um bainistiú fiachais, ach tá na córais sin dírithe ar na fiacha neamhíoctha seachas ar an bhféichiúnaí. Ina measc tá
- an uirlis anailíse riaráistí cás (ACAT) - uirlis anailíse fíor-ama í seo a úsáidtear chun an fiach ar fáil lena bhailiú a scrúdú agus tosaíochtaí a cheapadh maidir lena bhailiú, trí thagairt do mhéid an fhéich, laistigh de chúig phríomhshraith
 - an córas um 'staid chomhaid' - déanann sé sin achoimre ar dhlíteanais, bailiúcháin agus iarmhéideanna rangaithe de réir cineáil cánach agus iad catagóirithe ó thaobh an chaoi a bhfuil siad ar fáil le bailiú.
- 22.54** Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios cé go mbíonn an anailís a dhéantar bunaithe i gcónaí i dtosach báire ar chúrsaí fiachais, go n-úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim roinnt córas TF éagsúla ina gcuid oibríochtaí um bainistiú fiachais d'fhonn fiach a aithint agus a idirghabháil a dhéanamh sna cásanna ina bhfuil an riosca is mó. Úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim neamhchomhlíonadh maidir le comhdú tuairisceán agus géilleadh d'oibleagáidí íocaíochta mar thoisc mhór ina gclár anailíse agus meastóireachta riosca (REAP) chun cásanna aonair a phróifiliú. Tá líon suntasach rialacha den sórt sin i REAP agus cuireann siad leis an scór riosca foriomlán.
- 22.55** Úsáidtear an córas Gníomhach um Bainistiú Idirghabhála (AIM) chun cásanna a roghnú bunaithe ar thuairisceáin nó ar airgead nár íocadh (nó meascán den dá cheann), agus cuireann ACAT ar chumas bainisteoirí breathnú síos trí fhigiúirí na bhfiacha chun na cásanna fiachais aonair a shainaithint. Tacaíonn ACAT freisin le hanailís a dhéanamh ar earnáil shonrach agus cásanna a bhaineann leo a roghnú. Tá na bainisteoirí lánoilte maidir le feidhmiú an dá chóras agus tá sé de chúram orthu cásanna a bhfuil an riosca is mó ag baint leo a aithint agus déileáil leo. Tá gach ceann de na DMUanna faoi réir athbhreithniú míosúil lena chinntiú go mbaintear amach na spriocanna bailiúcháin agus comhlíonta agus go roghnaítear na cásanna cearta chun idirghabháil a dhéanamh fúthu.

- 22.56** Tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis céim a haon de “Chlár Comhlíonta” a chur ar siúl agus cuirfidh sé sin feabhas breise ar chumas anailíseach na gCoimisinéirí Ioncaim. Nuair a bheidh an clár ag feidhmiú go hiomlán beidh sé ar chumas bainisteoirí monatóireacht a dhéanamh go géar ar athruithe comhlíonta ar leibhéal an cás aonair agus ar leibhéal na hearnála. Tá an córas nua ag feidhmiú cheana féin le haghaidh CBL, ÍMAT/ÁSPC/MSU/CMÁ (PREM) agus CCI (Cáin Chonarthaí Iomchuí). Beidh na cánacha eile san áireamh nuair a chuirfear céim a dó i bhfeidhm (i mí Dheireadh Fómhair 2015).

Straitéisí um Dhéileáil le Fiachas

- 22.57** Tugtar le fios i dtuarascáil an OECD go bhfuil sé riachtanach go mbeidh feidhm bhainistíochta fiachais in ann rogha a dhéanamh idir roinnt idirghabhálacha, ó bhearta tosaigh chun cáiníocóirí a chosc ó thitim i bhfiacha go bearta diana forfheidhmiúcháin. Ar na straitéisí tosaigh a aithníodh sa tuarascáil bhí, tionchar a imirt ar iompar cáiníocóirí trí chumarsáid, seirbhísí a sholáthar ar líne agus é a dhéanamh níos éasca íocaíocht a dhéanamh m.sh. trí íocaíocht ar líne nó i dtráthchodanna. Ar na straitéisí eile bhí glaonna leantacha teileafóin agus cruinnithe duine le duine le cáiníocóirí sula gcuirtear beart forfheidhmiúcháin i gcrích.
- 22.58** Tá cuid de na bearta a d’aithin an OECD curtha i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim lena n-áirítear réimse leathan seirbhísí ar líne, saoráidí chun cánacha a íoc i dtráthchodanna agus cruinnithe duine le duine le cáiníocóirí (más gá).

Lárionad glaonna

- 22.59** Tugtar le fios i dtuarascáil an OECD go bhfuil ról lárnach i gcóras foirfe um bainistiú fiacha cánach ag lárionad glaonna amach chun teagmháil teileafóin a thionscnamh le féichiúnaithe cánach. Deirtear sa tuarascáil, mar shampla, go n-úsáidtear glaonna teileafóin sa tSualainn chun díriú ar fhéichiúnaithe ardriosca nua agus gur tugadh faoi deara go ndearna 80% de na féichiúnaithe a ndearnadh teagmháil leo sa chaoi seo íocaíocht.
- 22.60** Tá lárionad tiomnaithe glaonna isteach ag na Coimisinéirí Ioncaim le cabhrú le cáiníocóirí. Mar sin féin, níl aon chóras tiomnaithe i bhfeidhm acu do ghlaonna amach a bheadh dírithe ar bhainistiú fiachais.
- 22.61** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go ndearnadh turgnamh pólótach in 2014 a bhí dírithe ar na fiacha ba lú (fiachas de shraith a cúig), ag baint úsáide as glaonna réamhghníomhacha amach ach go mba chúis díomá na torthaí a bhí aige i gcomparáid leis na torthaí a bhíonn ag foireann den mhéid chéanna ag úsáid na modhanna idirghabhála reatha.
- 22.62** Theip ar an bhfoireann a bhí ag déanamh glaonna amach a sprioc a bhaint amach maidir le laghdú fiachais i gcaitheamh na tréimhse cé gur sháraigh an fhoireann chomparáideach a sprioc faoi 12%. Nuair a rinneadh anailís ar thréimhse an turgnaimh phíolótaigh fuarthas amach go bhfuair foireann na nglaonna amach i bhfad níos mó glaonna ar ais. Tharla sé sin go minic toisc nach raibh na cáiníocóirí ullmhaithe don chéad teagmháil agus go raibh am uathu chun faisnéis nó cuntais chuí a bhailiú. Bhí teagmhálacha breise riachtanach freisin nuair a bhí tuilleadh soiléirithe ó cháiníocóirí maidir le saincheisteanna nó roghanna féideartha.

- 22.63** Rinne na cáiníocóirí i bhfad níos lú teagmhála leis an bhfoireann chomparáideach toisc gur tugadh an fhaisnéis ábhartha go léir do na cáiníocóirí agus í leagtha amach go soiléir agus gur tugadh tréimhse ama dóibh chun na saincheistanna agus na roghanna éagsúla a bhí ar fáil a mheas sular thug siad freagra.
- 22.64** Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios go raibh torthaí an turgnaimh phíolótaigh i gcomhréir leis na torthaí a fuair údarás cánach Ceanada, a bhfuil seirbhís glaonna amach agus glaonna isteach le chéile acu.

Tuairimí an Oifigh Cuntasaíochta

- 22.65** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta, cé nach bhfuil lárionad tiomnaithe do ghlaonna amach i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim, déanann siad monatóireacht an-chúramach ar bhonn cás ar chás ar na cásanna níos mó sin a bhfuil adriosca ag baint leo agus cuireann glaonna teileafóin orthu, mar shampla, mura bhfuil íocaíochtaí nó tuairisceán tagtha faoin dáta dlite. Baineann sé sin go háirithe leis na cásanna is mó a ndéantar monatóireacht an-ghéar orthu agus a gcuirtear glaonna teileafóin orthu mura bhfaightear íocaíochtaí nó tuairisceán uathu faoin dáta dlite. Ní mheasann na Coimisinéirí go gcuirfí le luach a n-oibríochtaí bainistithe fiach dá mbeadh ionad tiomnaithe do ghlaonna amach acu.
- 22.66** Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl freisin faoi na samhlacha maidir le hionad tiomnaithe do ghlaonna amach a d'aithin an OECD go n-oibríonn siad trí idirghabhálacha a dhéanamh ar an gcéad leibhéal agus ansin go seolann siad na cásanna nach ndéanann teagmháil leo ar aghaidh chuig na 'hoifigí áitiúla' le déileáil leo ar bhealach níos déine. Tá sé sin contrártha don struchtúr rathúil atá á fheidhmiú ag na Coimisinéirí Ioncaim le 20 bliain anuas agus atá ag forbairt i gcónaí. Comhpháirt lárnach den struchtúr oibriúcháin is ea go mbeadh freagracht agus cuntasacht ar fhoireann faoi leith as gach gné de bhainistiú fiachais in aon chás ar leith. Bhí torthaí den scoth ag an gcóras seo thar na blianta, rud soiléir ó na rátaí arda comhlíonta a baineadh amach go háirithe i rith blianta an-deacra an chúlaithe geilleagraigh.

Féichiúnaithe Atá Imithe Thar Lear

- 22.67** Tugtar le fios i dtuarascáil an OECD go bhfuil sé ar chumas daoine agus gnóilachtaí gluaiseacht níos fusa ó thírt go tír agus go bhfuil líon na bhféichiúnaithe cánach ag méadú a d'fhág an tír inar thabhaigh fiach cánach. Cruthaíonn sé seo dúshlán do chomhlachtaí bailithe cánach. Ceann de na bealaí is tábhachtaí a aithnítear sa tuarascáil chun cáiníocóir a aimsiú atá tar éis bogadh go dtí dlínse eile is ea iarratas a eisiúint ar mhalartú faisnéise a bhfuil foráil faoi i gcomhaontú déthaobhach, réigiúnach nó iltaobhach maidir le malartú faisnéise.
- 22.68** Sheol na Coimisinéirí Ioncaim 55 iarratas ar chúnamh frithpháirteach maidir le fiachas chuig ballstáit eile an AE in 2014. Fuarthas díreach os cionn €300,000 in íocaíochtaí in 2014, tar éis dóibh iarratais a dhéanamh ar chúnamh frithpháirteach.

Conclúidí agus Moltaí

- 22.69** B'fhiú beagán os cionn €2 bhilliún an fiachachas cánach comhlán a bhí dlite ag deireadh Mhí an Mhárta 2015 agus titim 9% tagtha air san dá bhliain roimhe sin.

- 22.70** Tá 35% de na fiacha cánach rangaithe mar fhiacha neamh-inbhailithe toisc go bhfuil siad faoi achomharc. Mar sin féin, tá neamhréireacht le sonrú idir stádas na gcásanna atá taifeadta ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim agus líon na gcásanna atá taifeadta ag na Coimisinéirí Achomhairc. Tugann an neamhréireacht le fios nach mbaineann an meán-am feithimh a thuairiscigh na Coimisinéirí Achomhairc ach amháin le cásanna a bhfuil dáta éisteachta socraithe dóibh agus nach n-áirítear leis an t-am idir atreorú na gCoimisinéirí Ioncaim agus socrú dáta éisteachta. Ós rud é nár chomhoibrich Oifigeach Cuntasaíochta na gCoimisinéirí Achomhairc leis an scrúdú seo, ní raibh sé indéanta tráthúlacht phróiseáil achomharc na hOifige sin a mheas.
- 22.71** Ag lár mhí an Mheithimh 2015, bhí ar na Coimisinéirí Ioncaim dátaí éisteachta a iarraidh fós ó na Coimisinéirí Achomhairc le haghaidh thart faoi 50% den cháin faoi achomharc. Tá leath den fhiachas sin os cionn trí bliana d'aois, lena n-áirítear 28% de atá níos mó ná cúig bliana d'aois. Tá baol suntasach ann go bhféadfadh na Coimisinéirí Ioncaim an fiachas sin a rangú go mícheart.

Moladh 22.1

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar aicmiú na gcásanna achomhairc ina taifid lena chinntiú go bhfuil an t-aicmiú ceart agus go gcuirfear bearta cuí i bhfeidhm ar bhealach tráthúil a oirfidh do stádas gach cás díobh.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leat. Tá an cleachtadh seo curtha i ngníomh cheana féin faoi shainchúram an tionscadail athchóirithe achomhairc. Ceann de na tascanna atá á dhéanamh sa tionscadal is ea aghaidh a thabhairt ar aon mhíchuinneas sna sonraí atá á gcur ar fáil faoi láthair tríd an gclár achomhairc. I lár mhí Iúil 2015, chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le scrúdú na n-achomharc d'fhonn nuashonrú agus ceartú a dhéanamh ar an fhaisnéis sa chlár achomhairc.

- 22.72** Bhí níos mó ná trian den fhiachas aicmithe mar fhiachas inbhailithe ach ní raibh sé faoi réir comhaontuithe íocaíochta ná imeachtaí forfheidhmithe. Bhí breis agus €286 mhilliún (39%) den fhiachas níos mó ná bliain d'aois.

Moladh 22.2

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar fhiachas atá aicmithe mar fhiachas inbhailithe agus atá níos mó ná bliain d'aois ach nach bhfuil aon chomhaontú déanta leis an gcáiníocóir faoina íoc agus i gcás nach bhfuil tús curtha ag na Coimisinéirí Ioncaim le beart forfheidhmithe, cinneadh a dhéanamh faoi na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an fiach a bhailiú.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leat. Aithníonn na Coimisinéirí Ioncaim go hiomlán go mbíonn an deis is fearr ann chun fiach a bhailiú ag na céimeanna tosaigh nuair a thagann fiach chun cinn. I dtaca leis seo, tá cumhdach iomlán bainte amach ag na Coimisinéirí Ioncaim sna sraitheanna óna haon go dtí a ceathair .i. na fiacha móra. Ní féidir cumhdach iomlán a chur ar fáil, áfach, sna tráinsí níos ísle i sraith a cúig mar gheall ar líon mór na gcásanna agus na hacmhainní atá ar fáil le déileáil leo. Tá athbhreithniú ar siúl faoi láthair ag na Coimisinéirí ag féachaint conas is féidir déileáil le cásanna ar leibhéal a cúig chun go bhféadfar idirghabhálacha níos luaithe a dhéanamh fúthu.

- 22.73** Maidir le struchtúr na gCoimisinéirí Ioncaim chun fiachas a bhailiú tá go leor gnéithe ann a aithníodh i dtuarascáil an OECD mar chomhpháirteanna lánriachtanacha d'aon chóras nua-aimseartha um bainistiú fiachais. Aithníodh dhá ghné sa tuarascáil - leas a bhaint as ardanailísíocht sonraí le go bhféadfar cineálacha éagsúla cur chuige deighilte a ghlacadh i leith cáiníocóirí agus leas a bhaint as lárionaid chun obair leantach a dhéanamh ar fhiachas nár íocadh - níl glactha go hiomlán ag na Coimisinéirí Ioncaim leo sin go fóill agus níl táscairí feidhmíochta na gCoimisinéirí Ioncaim chomh fairsing leo siúd atá molta i dtuarascáil an OECD.

Moladh 22.3

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim réimse níos cuimsithí de tháscairí feidhmíochta a fhorbairt, agus leas níos mó a bhaint as ardanailísíocht sonraí faoi mar atá leagtha amach i dTuarascáil an OECD a foilsíodh le déanaí.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leat.

Táscairí Feidhmíochta

Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag athbhreithniú táscairí feidhmíochta go rialta, agus cuirfidh siad dea-chleachtas idirnáisiúnta san áireamh.

Ardanailísíocht

Tá na Coimisinéirí Ioncaim tiomanta d'úsáid na hardanailísíochta a chur chun cinn le tacú lenár gcláir comhlíonta agus seirbhíse agus earcaíodh Príomhoifigeach Anailísíochta le déanaí.

Áirítear ar chumas anailíse na gCoimisinéirí Ioncaim a gcóras um Bainistíocht Ghníomhach Idirghabhála, a nUirlis Anailíse Riaráistí Cás, a gClár Comhlíonta nua chomh maith le córas um 'staid chomhaid' agus a gcumas maidir le réamhaisnéis fiachais.

Nuair a bheidh bailchríoch curtha ar chéim a dó den Chlár Comhlíonta atá beartaithe do mhí Dheireadh Fómhair 2015 cuirfear 'inneall garmholta' leis in 2016. Áireofar leis sin pacáiste um anailís sonraí trína nascfar le chéile an córas um staid chomhaid, ACAT agus sonraí an Chláir Comhlíonta agus cuideoidh siad le cásoibrithe ina gcuid cinnteoireachta mar go mbeidh siad in ann leas a bhaint as ardanailís, agus as tuilleadh deighilt cás.

23 Tionscadal na gConraitheoirí arna Chur i gCrích ag na Coimisinéirí Ioncaim

- 23.1** Le linn na gníomhaíochta iniúchta cánach agus seiceálacha dearbhaithe eile in 2010 agus 2011, d'aithin na Coimisinéirí Ioncaim cleachtas trína ndéanadh daoine aonair a gcuid seirbhísí a thairiscint mar chonraitheoirí do chliant trí úsáid a bhaint as idirghabhálaithe - cuideachta theoranta de ghnáth. Dhéileáladh na cuideachtaí idirmheánacha leis an gconraitheoir aonair, a bhíodh ina stiúrthóir de chuid na cuideachta de ghnáth, mar fhostaí lena íoc siad tuarastal agus d'íoctaí cáin ar sin tríd an gcóras ÍMAT. Ar na gnéithe a bhain lena lán de na cuideachtaí idirmheánacha agus a d'aithin na Coimisinéirí Ioncaim bhí
- ba leis na conraitheoirí de ghnáth na cuideachtaí idirmheánacha nó bhíodh siad i gceannas orthu
 - ní bhíodh ach líon beag fostaithe ag na cuideachtaí (go minic ní bhíodh ach fostaí amháin acu agus an té sin ina (h)úinéir nó ina stiúrthóir na cuideachta)
 - bhíodh an chuideachta ag soláthar seirbhísí an chonraitheora do chliant amháin - níor chosúil go mbíodh aon ghnó suntasach eile acu seachas é sin
 - d'íocadh na cuideachtaí idirmheánacha speansais arda (nár baineadh cáin astu) do na conraitheoirí i gcomparáid le tuarastail na gconraitheoirí.
- 23.2** Ba é conclúid na gCoimisinéirí Ioncaim go raibh roinnt conraitheoirí ag baint úsáide as na cuideachtaí idirmheánacha le cur ar a gcumas feidhmiú mar cháinfóicirí ÍMAT ach ag an am céanna cuid mhór d'ioncam conartha na cuideachta a fháil mar speansais saor ó cháin. Dá thoradh sin, thionscain na Coimisinéirí Ioncaim clár iniúchta spriocdhírthe píolótach, tionscadal an 'Phláta Práis', ag deireadh na bliana 2012. Cuireadh an treoirhionscadal i gcrích i Réigiún Thiar Theas na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tionscadal Píolótach An 'Phláta Práis'

- 23.3** Ba é aidhm an tionscadail phíolótaigh athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais chánach laistigh den earnáil chonarthaigh agus modheolaíocht a fhorbairt chun cásanna a aithint a léirigh patrúin chaiteachais iomarcacha nó cóireáil cánach mícheart maidir le speansais. Faoi Mheitheamh 2013, ba é €4.6 milliún an toradh a fuarthas ón tionscadal píolótach (féach Fíor 23.1). Ba é an toradh a bhí ar 71% de na cásanna ar díriodh orthu ná gur íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim airgead a bhí dlite agus foilsíodh na hainmneacha a bhain le cúig chás déag i liosta na mainnitheoirí cánach san Iris Oifigiúil.

Fíor 23.1 Tionscadal an Phláta Práis - achoimre ar thorthaí amhail Meitheamh 2013

Iniúchtaí críochnaithe ^a	185
Cion na gcásanna a bhfuarthas toradh uathu	71%
Toradh iomlán	€4.6 milliún
<i>Cáin</i>	€2.8 milliún
<i>Ús</i>	€0.9 milliún
<i>Pionóis</i>	€0.9 milliún
Meántoradh na gcásanna a bhfuarthas toradh uathu	€35,000

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Bhain na hiniúchtaí a chuireadh i gcrích le 119 gcuideachta agus le 66 stiúrthóir. Aistríodh ocht n-iniúchadh ar stiúrthóirí a bhí ina bhfostaithe agus nach raibh críochnaithe fós i Meitheamh 2013 chuig tionscadal na conraitheoirí ina dhiaidh sin.


23.4 Nuair a rinneadh athbhreithniú ar thorthaí an chláir phíolótaigh agus nuair a chuireadh san áireamh an riosca ard a aithníodh maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas cánach, leathnaigh na Coimisinéirí Ioncaim an clár agus rinne tionscadal náisiúnta de. Tionscadal na gconraitheoirí a dtugtar air.

23.5 Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar chur i bhfeidhm thionscadal na gconraitheoirí.

Rialachas an Tionscadail

23.6 Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim le struchtúr foirmiúil bainistíochta tionscadail chun tionscadal na gconraitheoirí a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú (féach Fíor 23.2).

Fíor 23.2 Struchtúr an Tionscadail



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

- 23.7** Comhaltaí d'Fheidhmeannas Bainistíochta Gnó na gCoimisinéirí Ioncaim atá ar bhord an tionscadail.¹ Ba iad na príomhfheidhmeanna a bhí acu doiciméad tionscnaimh an tionscadail a fhaomhadh mar aon le haon athruithe a dhéanfaí air ina dhiaidh sin, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an tionscadail agus measúnú a dhéanamh ar an toradh deiridh. D'aontaigh an bord tionscadail
- Go n-ullmhódh an rannán pleanála liosta de na cásanna a raibh iniúchadh le déanamh orthu agus go raibh sé le scaipeadh ar an leibhéal áitiúil i gceithre réigiún na gCoimisinéirí Ioncaim le go ndéanfaí é a athbhreithniú. Go roghnódh gach réigiún 200 cás lena n-iniúchadh.
 - Go raibh acmhainní ar leith le sannadh do na cásanna i ngach réigiún.
 - Gurbh é cur chuige iniúchta a bheadh acu ná iniúchtaí deascbhunaithe a dhéanamh a chuimseodh na ceithre bliana ó 2008 go 2011.
 - Go raibh an cur chuige i leith an tionscadail le caighdeánú lena chinntiú go mbeadh comhsheasmhacht ann maidir le dul i dteagmháil leis na cáiníocóirí agus déileáil leo.

Roghnú Cásanna chun iniúchadh a dhéanamh orthu

- 23.8** I ngnáthchúrsa gnó, úsáideann iniúcháirí na gCoimisinéirí Ioncaim an Clár um Measúnú agus Anailís Rioscaí (REAP) chun grádú riosca na gcáiníocóirí a mheas agus sa chaoi sin an chuid is mó de na cásanna a roghnú le haghaidh iniúchtaí cánach. Mar sin féin tugadh faoi deara in athbhreithniú ar an gclár píolótach nach raibh mórán de na cásanna bunaidh a aithníodh lena n-athbhreithniú i measc na 100,000 cás ab airde i REAP.

¹ Foghrúpa de Choiste Comhairleach Bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim is ea an Feidhmeannas Bainistíochta Gnó

23.9 Maidir le tionscadal na gconraitheoirí, d'aithin rannóg pleanála na gCoimisinéirí Ioncaim líon na gcásanna óna roghnódh gach réigiún cásanna lena n-íniúchadh ag baint úsáide as na critéir chéanna a bhí curtha i bhfeidhm sa chlár píolótach. Ba iad sin

- **Scagaire maidir le luach saothair stiúrthóirí** Rinneadh anailís ar níos mó ná 400,000 tuairisceáin chánach corparáide ó chuideachtaí do na blianta 2009, 2010 agus 2011 chun cuideachtaí a aithint a shásaigh na critéir seo a leanas ¹
 - láimhdeachas nó díolacháin laistigh de pharaiméadair áirithe
 - tuarastail/pá agus speansais foirne, don fhoireann eile seachas stiúrthóirí, níos ísle ná méid áirithe. Ba é an cuspóir a bhí leis seo ná na cuideachtaí a aithint inar dhócha gur íocadh an chuid ba mhó den luach saothair le stiúrthóirí
- **Scagaire maidir le cód NACE** – rinneadh an 111,000 cás a aithníodh leis an gcéad scagaire a rangú de réir a gcód NACE.² D'aithin na Coimisinéirí Ioncaim cásanna ansin a raibh ceann amháin de 13 chód NACE ag baint leo agus ar mheas siad de thoradh na taithí a bhí acu ón tionscadal píolótach agus ó anailís na sonraí ar fhoirmeacha P35, go raibh an riosca ab airde maidir le neamhchomhlíonadh ag baint leo. Bhain dhá thrian den 23,000 cás a aithníodh ag an gcéim seo le trí chatagóir
 - gníomhaíochtaí gnó agus comhairliúcháin bhainistíochta eile
 - gníomhaíochtaí innealtóireachta agus sainchomhairliúchán teicniúil gaolmhar
 - gníomhaíochtaí comhairliúcháin ríomhaireachta
- **Scagaire maidir le Speansais** – rinneadh anailís bhreise ar an 23,000 cás a aithníodh ag céim an dara scagaire chun cásanna a aithint a raibh cion ard ó thaobh speansas ag baint leo. Roghnaíodh cásanna má shásaigh siad aon cheann de na critéir seo a leanas
 - bhí speansais mhótair, agus speansais taistil agus chothaithe níos airde ná céatadán áirithe de láimhdeachas nó de dhíolacháin
 - bhí 'speansais eile' níos airde ná céatadán áirithe de láimhdeachas ná de dhíolacháin
 - bhí speansais mhótair, agus speansais taistil agus chothaithe mar aon le 'speansais eile' níos airde ná céatadán áirithe de láimhdeachas ná de dhíolacháin.


¹ Cuireadh cuideachtaí san áireamh do gach bliain inar shásaigh siad na critéir - d'fhéadfadh chuideachta amháin a chur san áireamh suas le trí uaire.

² Córas caighdeánach Eorpach um aicmiú tionscal is ea an t-aicmiú staitistiúil a dhéantar ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (ar a dtugtar NACE de ghnáth). Sanntar cód amháin NACE do gach cás cáiniócóra ar chóras clárúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim. Léiríonn sé seo an príomhfhoinsé ioncaim, fiú má bhíonn an cáiniócóir i mbun ceirdeanna nó gníomhaíochtaí éagsúla.

23.10 Seoladh an 10,300 cás a fuarthas uaidh sin ar aghaidh chuig na ceithre réigiún áit ar iarradh ar gach ceann acu 200 cás díobh a roghnú lena n-íniúchadh. Ina dhiaidh sin laghdaigh bord an tionscadail an uimhir sin go 100 cás a bhí le roghnú ón sceideal a thiomsaigh an rannán pleanála, agus chinn siad go bhféadfadh na réigiúin cásanna a roghnófaí go háitiúil a chur le liosta an rannáin pleanála.

23.11 Tá achoimre ar an bpróiseas um scagadh/roghnú cásanna le fáil i Fíor 23.3.

Fíor 23.3 Tionscadal na gConraitheoirí - cásanna iniúchta féideartha a aithníodh go lárnach




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Roghnú Cásanna le hIniúchadh ar Leibhéal Réigiúnach

- 23.12** Níor eisíodh treoirlínte lárnacha do na réigiúin faoi conas cásanna a roghnú lena n-íniúchadh ó liosta an rannáin pleanála. I ndeireadh na dála, rinneadh iniúchtaí ar 787 gcás (1369 n-íniúchadh ar leithligh), lena n-áirítear roinnt a bhí tugtha ar aghaidh ón gclár píolótach¹ Roghnaíodh thart faoi dhá thrian de na cásanna (505) ó na cuideachtaí sin a d'aithin rannán pleanála na gCoimisinéirí Ioncaim (féach Fíor 23.4). Roghnaíodh na cásanna eile ar leibhéal réigiúnach nó ceantair ag baint úsáide as eolas áitiúil nó rinneadh athbhreithniú tar éis do cháiniócoir nochtheadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh.

Fíor 23.4 Tionscadal na gConraitheoirí - cásanna iniúchta ar an leibhéal réigiúnach



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

- 23.13** Cuireadh an tionscadal i gcrích trí iniúchtaí deascbhunaithe a rinne níos mó ná 100 oibrí cás de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. I Réigiún an Iardheiscirt, áit ar cuireadh an clár píolótach i gcrích, rinneadh iniúchtaí ar bheagnach 400 cás, nó díreach os cionn 50% de na cásanna go léir. Níor bhain ach dhá réigiún amach an sprioc maidir le 100 cás a iniúchadh ó liosta an rannáin pleanála. Ba é Réigiún an Oirthir & an Oir-Dheiscirt an t-aon Réigiún amháin a chruthaigh foireann tionscadail láraithe.

- 23.14** Tugadh faoi deara in athbhreithniú a rinne na Coimisinéirí Ioncaim i ráithe dheiridh na bliana 2014 go bhfuil na cóid NACE a sholáthraíonn cáiniócoirí nuair a chláraítear iad róleathan i gcásanna áirithe ó thaobh cúrsaí iniúchta chun nádúr an ghnó atá á reáchtáil a fháil amach go cruinn.²

- 23.15** De na hiniúchtaí bhí tugtha chun críche faoi mhí na Nollag 2014 agus a raibh toradh orthu, bhain 90% acu le cáiniócoirí a bhí cláraithe faoi cheann amháin de 13 chód ardriosca NACE. I dtíre cheathrú de na cásanna iniúchta a raibh toradh orthu agus a aithníodh ar an leibhéal réigiúnach, bhí cuideachtaí cláraithe faoi cheann amháin de na 13 chód, ach níor aithníodh na cuideachtaí mar chásanna iniúchta féideartha sa scagadh a rinne an rannóg pleanála.

¹ Iniúchtaí ar 779 gcuideachta agus ar 590 stiúrthóir.

² Fuarthas amach sa scrúdú seo go raibh na cuideachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu cláraithe faoi 37 gcód éagsúla de chuid NACE - agus go raibh na cásanna a roghnaigh an rannóg pleanála cláraithe faoi na 13 chód 'ard-ríosca', agus maidir leis na cásanna a aithníodh ar an leibhéal réigiúnach bhí siad cláraithe faoi na cóid sin agus faoi 24 chód bhreise de chuid NACE.

Toradh an Tionscadail

23.16 Ar na saincheisteanna a d'aithin na Coimisinéirí Ioncaim le linn an tionscadail bhí

- íocaíochtaí i leith taistil, chothabhála agus speansas eile nár bhain le gníomhaíocht ghnó agus nach raibh aon cháin íoctha orthu
- íocaíochtaí i leith taistil ó bhaile chonraitheora go dtí a g(h)nátháit oibre nach raibh aon cháin íoctha orthu
- asbhaintí a éilíodh i leith pinsean nach ndearnadh i ndáiríre nó a cuireadh ar ceal ina dhiaidh sin agus gur aisíocadh na cistí
- tuarastail a íocadh le baill teaghlaigh an chonraitheora nuair nach raibh aon fhianaise ann go raibh obair déanta ag faighteoir an tuarastail, nó i gcás ina raibh an tuarastal a íocadh le baill teaghlaigh iomarcach i gcoibhneas leis an obair a rinneadh
- bhí roinnt mhaith leaganacha den mhúnla bunúsach idirmheánach - mar shampla, cásanna ina raibh roinnt daoine ina bhfostaithe de chuid cuideachta idirmheánaí agus go ndearna an chuideachta conarthaí leis an gcliantchuideachta go gcuirfidís seirbhísí a ar fáil di, nó cásanna inar bhunaigh dornán beag daoine bratchuideachta.

23.17 Faoi dheireadh mhí na Nollag 2014, bhí díreach os cionn 80% de na 787 gcás iniúchóireachta dúnta ag na Coimisinéirí Ioncaim. Ba é €15.4 milliún an toradh iomlán, ar eascair €14.3 milliún de ó iniúchtaí ar chuideachtaí agus an t-iarhmhéid ó iniúchtaí ar stiúrthóirí. Bhí céatadán na gcásanna a raibh toradh orthu ard - 79% - agus ba é an meántoradh a bhí ar chásanna rathúla ná díreach faoi €30,500 (féach Fíor 23.5).

Fíor 23.5 Tionscadal na gconraitheoirí - cásanna dúnta, Nollaig 2014


	Cásanna a pleanáladh	Cásanna áitiúla	Iomlán
Iomlán na gcásanna	505	282	787
Cásanna Dúnta (amhail Nollaig 2014)	396	241	637
Cásanna dúnta a bhfuarthas toradh uatha	308	196	504
Céatadán na gcásanna a bhfuarthas toradh uathu	78%	81%	79%
Toradh iomlán	€9.6 milliún	€5.8 milliún	€15.4 milliún
<i>Cáin</i>	€6.1 milliún	€3.7 milliún	€9.8 milliún
<i>Ús</i>	€1.7 milliún	€1.1 milliún	€2.8 milliún
<i>Pionóis</i>	€1.8 milliún	€1.0 milliún	€2.8 milliún
Meántoradh na gcásanna a bhfuarthas toradh uathu	€31,200	€29,600	€30,450

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

23.18 Bhain cód amháin NACE (gníomhaíochtaí innealtóireachta agus sainchomhairliúchán teicniúil gaolmhar) le dhá thrían de na cásanna agus le 69% den toradh iomlán a fuarthas. Tá an toradh maidir le gach cód NACE agus líon na gcásanna leagtha amach in Iarscríbhinn B.

- 23.19** Bhí éagsúlacht shuntasach le sonrú ar na meántorthaí sna réigiúin éagsúla. Bhí an meántoradh ab airde sa Réigiún Thiar Theas agus tháinig 60% den toradh iomlán ó na cásanna ann. Bhí an meántoradh i réigiún Bhaile Átha Cliath breis agus trian níos ísle ná an toradh sa Réigiún Thiar Theas (féach Fíor 23.6).


Fíor 23.6 Tionscadal na gConraitheoirí - cásanna dúnta de réir réigiúin, Nollaig 2014



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

- 23.20** Bhí an toradh ó bheagán os cionn 20% de na cásanna níos lú ná €10,000 agus €5,000 ar an meán in aghaidh an cháis. Fuarthas idir €100,000 agus €200,000 an ceann i 14 chás (3%), agus rinneadh iniúchadh ar 12 acu sin sa réigiún Thiar Theas (féach Fíor 23.7).

Fíor 23.7 Tionscadal na gconraitheoirí - cion na gcásanna agus toradh iomlán i raonta roghnaithe toraidh



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Comparáid le Clár Iniúchta Randamach

- 23.21** Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim clár iniúchta randamach ar siúl agus cuirtear tús gach bliain le thart ar 400 iniúchadh ar cháiníocóirí agus ar ghnólaigh a roghnaítear go randamach. Léirigh torthaí an chlár iniúchta randamaigh sna ceithre bliana ó 2008 go 2011 (na blianta céanna a chumhdaítear le tionscadal na gconraitheoirí)¹
- gur toibhíodh cánacha breise mar thoradh ar iniúchtaí randamacha i thart ar aon trian de na cásanna a iniúchadh
 - gur thart ar €17,000 meántoradh na n-iniúchtaí a raibh toradh orthu i gcaitheamh na tréimhe. Gur thit an toradh go leanúnach idir 2008 agus 2011 ó €22,000 go díreach os cionn €11,000.

Rannpháirtíocht le Cleachtóirí Cánach agus Grúpaí Ionadaíocha

- 23.22** De thoradh an taithí a bhí acu sa chlár píolótach, d'aithin na Coimisinéirí Ioncaim roinnt rioscaí ag an gcéim phleanála de thionscadal na gconraitheoirí, lena n-áirítear an baol go bhféadfadh ceisteanna agus éilimh ar shoiléirithe moill a chur ar na fiosruithe.
- 23.23** Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, chuaigh na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil le cleachtóirí cánach agus le grúpaí ionadaíocha conraitheoirí. Rinne siad é sin den chuid is mó trí dhá chruinniú faisnéise agus trí chomhfhreagras a bheith acu le hInstitiúid Chánachais na hÉireann chun soiléiriú a dhéanamh ar cad a bhí i gceist le tionscadal na conraitheoirí agus, inter alia, na himthosca inar féidir speansais taistil agus cothabhála a aisíoc saor ó cháin.² I measc na saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu sna cruinnithe faisnéise bhí
- Mar gheall ar an nádúr na ndearbhuithe cánach faoi bhun luacha a fuarthas sa chlár, gur chinn na Coimisinéirí Ioncaim gur ghá dóibh déileáil leo mar iompar a rinneadh d'aon turas, agus an leibhéal cuí pionós a ghearradh ina leith. D'fhéadfaí pionóis a mhaolú dá ndéanfadh cáiníocóirí nochtadh cáilitheach. Chun nochtadh a éascú, chabhródh na Coimisinéirí Ioncaim, nuair ba ghá é, leo siúd a raibh deacrachtaí acu. D'iarr na Coimisinéirí Ioncaim ar na gníomhairí cánach freisin cliaint ábhartha a spreagadh chun nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh.
 - Agus iad ag iarraidh teacht ar thorthaí iniúchta, ní dhéanfadh na Coimisinéirí Ioncaim iarracht ollardú a dhéanamh ar speansais agus iad ag iarraidh gearrócaíocht cánach a ríomh, agus é sin ar an tuiscint go gcloífear go daingean leis na dlíthe amach anseo.

Nochtadh Cáilitheach

- 23.24** Rinneadh nochtadh i 59% de na cásanna a raibh toradh orthu, agus nochtadh spreagtha ab ea 77% acu siúd (féach Fíor 23.8).

1 Caibidil 25, Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2012.

2 Eisíodh na faisnéisithe cánach i mí Iúil agus i Samhain 2013.

Fíor 23.8 Tionscadail na gconraitheoirí - toradh ó chásanna dúnta, Nollaig 2014

	Nochtadh cáilitheach - neamhspreagtha	Nochtadh cáilitheach - spreagtha	Gan aon nochtadh	Iomlán
Cásanna dúnta a bhfuarthas toradh uatha	70	228	206	504
Toradh iomlán	€2.1 milliún	€8.2 milliún	€5.1 milliún	€15.4 milliún
<i>Cáin</i>	€1.5 milliún	€5.1 milliún	€3.2 milliún	€9.8 milliún
<i>Ús</i>	€0.4 milliún	€1.4 milliún	€1.0 milliún	€2.8 milliún
<i>Pionóis</i>	€0.2 milliún (13% de cháin dlíte)	€1.7 milliún (33% de cháin dlíte)	€0.9 milliún (28% de cháin dlíte)	€2.8 milliún (28% de cháin dlíte)
Meántoradh na gcásanna a bhfuarthas toradh uatha	30,000	36,000	24,800	
Ús agus pionóis mar chéatadán den toradh iomlán	29%	38%	37%	36%
Líon na gcásanna a raibh torthaí uatha agus ar cuireadh pionóis i bhfeidhm orthu	70 (100%)	211 (93%)	179 (87%)	460 (91%)

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

23.25 In aighneacht chuig bord an tionscadail i mí Dheireadh Fómhair 2014, thug foireann an tionscadail le fios gur thuig siad ar bhreathnú siar dóibh ar an scéal go mba bhotún tairiscint a dhéanamh chun cabhrú le nochtadh a dhéanamh. Fuair an fhoireann amach go ndearna roinnt gníomhairí nochtadh a bhí neamhiomlán nó an-neamhleor go deo agus gur chuir siad go mall, beagán ar bheagán, leis na méideanna a nochtadh agus iad ag súil leis an socrú ab ísle a fháil. Tugadh le fios san aighneacht nárbh annamh a tharla sé go raibh an socrú deireanach trí nó ceithre huaire níos mó ná an nochtadh bunaidh, fiú amháin nuair a bhí an nochtadh sin ullmhaithe ag gníomhairí a raibh taithí acu.

23.26 Bhí breis agus 435 ghníomhaire ag déanamh ionadaíocht ar na cáiníocóirí le linn an tionscadail agus rinne cúigear gníomhairí ionadaíocht ar 30% de na cásanna a raibh toradh orthu agus den toradh iomlán. Tar éis dóibh comhráite a bheith acu le roinnt gníomhairí, agus athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaid a bhí ag thart ar 3,000 conraitheoirí, d'oscail na Coimisinéirí Ioncaim 235 chás bhreise lena n-íniúchadh. Go déanach in 2014, thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi deara go raibh toradh iniúchta de thart ar €250,000 ón gcéad 27 cás (thart ar €9,300 in aghaidh an cháis) i measc torthaí tosaigh na n-íniúchtaí sin inar taisceadh nochtadh leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Ús agus Pionóis

23.27 B'fhiú 36% den toradh iomlán an t-ús agus na pionóis a gearradh i dtionscadal na gconraitheoirí. Is féidir é sin a chur i gcomparáid le figiúir a bhí idir 20% agus 25% ar an meán a bhain leis na hiniúchtaí go léir a rinneadh sna réigiúin in 2012 agus a raibh torthaí orthu (thart ar 5,800).¹ Ar an iomlán, gearradh pionóis i níos mó ná 90% de na cásanna a bhain le tionscadal na gconraitheoirí.

1 Caibidil 27, Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2012.

Ollardú Speansas

23.28 Ní mór d'fhostóirí asbhaintí cánach cuí a dhéanamh maidir le híocaíochtaí a rinneadh le fostaithe. Mar sin féin, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aontú go bhféadfaidh an fostaí nó ag an bhfostóir an cháin atá dlite a íoc.

- I gcás ina n-íocann an fostaí an cháin déantar na méideanna atá dlite ó thaobh cáin ioncaim, Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU) agus Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) a ríomh ar bhonn an mhéid a fuair an fostaí - ní dhéantar ollardú.
- I gcás ina ndearnadh an íocaíocht ar bhonn glanphá agus go n-íocann an fostóir an dliteanas thar cheann an fhostaí, ba cheart na méideanna atá dlite a chinneadh trí thagairt a dhéanamh do luach ollardaithe an tsochair, is é sin le rá, an méid barúlach sin, dá mbainfí cáin ioncaim, MSU agus ÁSPC uaidh go bhfágfaí méid glan ag an bhfostaí a bheadh cothrom leis an íocaíocht a fuair sé go hiarbhír. Déantar an luach ollardaithe a ríomh trí thagairt do rátaí imeallacha cánach, MSU agus ÁSPC an fhostaí. Is é an méid a bheidh le híoc ag an bhfostóir ná an difríocht idir an méid ollardaithe agus an íocaíocht a tugadh don bhfostaí.

Sampla: Tionchar an ollardaithe

Tá cur síos thíos ar thionchar an ollardaithe ar an gcáin atá dlite i gcás fostaí maidir le híocaíocht i leith speansas nár asbhaineadh cáin uathu mar ba cheart. Glactar leis go bhfuil an fostaí faoi dhliteanas cáin ioncaim ag 41%, ÁSPC ag 4% agus MSU ag 7% (52% san iomlán).

	Cáin, MSU agus ÁSPC curtha i bhfeidhm	
	Gan aon ollardú	I ndiaidh ollardaithe
Dhícheadú íocaíochtaí speansas don bhfostaí	€1,000	€1,000
Ráta iomlán maidir le cáin ioncaim iomlán, MSU agus ÁSPC	52%	52%
Méid inchánach	€1,000	€2,080 (€1,000/0.48)
Cáin ioncaim, MSU agus ÁSPC atá dlite	€520	€1,080

Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtáire Cuntas agus Ciste

23.29 Ní dhearna na Coimisinéirí Ioncaim ollardú ar speansais in iniúchtaí thionscadail na gconraitheoirí. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim ag cruinniú faisnéise cánach in 2013 gur ghlac siad leis an gcur chuige sin ar an tuiscint go gcomhlíonadh na páirtithe ábhartha an dlí go cruinn feasta. Dá mbeadh ollardú déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim ar na speansais, bheadh toradh substaintiúil breise ar an tionscadal.

23.30 Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim

- Bíonn bunús dlí ann maidir le hollardú i gcásanna ina bhfuil fianaise go ndearnadh na híocaíochtaí le fostaithe, trí chomhaontú idir an fostóir agus an fostaí, ar bhonn 'glanphá' nó i gcás ina n-aontaíonn an fostóir íoc as an dliteanas ollardaithe.
- Sna cásanna a roghnaíodh do thionscadal na gconraitheoirí, fuair cuideachta an chonraitheora íocaíocht de bhun sonraisc i leith obair déanta. Rinneadh an t-iomlán a fuarthas a roinnt ar speansais agus tuarastal, agus baineadh ÍMAT, ÁSPC agus MSU as an tuarastal. I gcásanna ina ndearnadh áibhéil faoi na speansais nó go ndearnadh iad a éileamh go mícheart, is ionann méid na speansas neamhbhailí agus an méid cánach, ÁSPC agus MSU ar cheart a bheith coinnithe siar. Níl sé oiriúnach sna himthosca sin na speansais iomlána a ollardú go méid níos airde.
- B'fhéidir go raibh cásanna ann ina bhféadfaí smaoineamh ar ollardú a dhéanamh orthu ach ba léir ón taithí a fuarthas sna cásanna luatha nach mbeadh mórán acu ann. Dá bhrí sin, chinn na Coimisinéirí Ioncaim go raibh na buntáistí a bhain le híoslaghdu idirbheartaíochta teicniúil agus an próiseas a shimpliú oiread agus ab'fhéidir níos tábhachtaí ná aon ghnóthachan féideartha a d'fhéadfaí a fháil ó iarraidh ath-ollardú a dhéanamh ar speansais.

Athbhreithniú an Tionscadail

23.31 San athbhreithniú a cuireadh faoi bhráid bhord an tionscadail i nDeireadh Fómhair 2014 tugadh faoi deara, tríd is tríd, go raibh rath ar thionscadal na gconraitheoirí agus gur léirigh sé go raibh mí-úsáid á déanamh ar an gcóras cánach san earnáil chonarthaigh agus go raibh gníomhaíocht chomhbheartaithe ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar iompar cháiníocóirí agus comhlíonadh níos fearr a chinntiú sa todhchaí. Rinneadh roinnt moltaí san athbhreithniú freisin lena n-áirítear

- ba cheart an tionscadal faoi mar a bhí sé leagtha amach a fhoirceannadh agus na cásanna eile a dhúnadh ar bhealach ordúil
- ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na tuairisceáin a cumhdaíodh in 2014 maidir le cáin chorparáide san earnáil chonarthaigh chun méid an athraithe a bhí tagtha ar iompar na gcomhdaitheoirí a mheas
- maidir le tionscadail náisiúnta sa todhchaí, ba cheart iad a mheas a bhfad níos cruinne sula seolfaí iad chun saincheistanna a aithint agus a réamh-mheas a d'fhéadfadh bac a chur lena gcur i bhfeidhm
- ba cheart gach réigiún a spreagadh chun leanúint ar aghaidh ag iniúchadh cásanna den chineál céanna ag baint úsáide as na ceachtanna a foghlaimíodh ón tionscadal, go dtí go mbeidh sé soiléir go bhfuil na fadhbanna bunaidh ón eascair an tionscadal maolaithe den chuid is mó
- ba cheart go dtabharfaí aitheantas do lánrogha réigiúin/ceantair maidir le tionscadail sa todhchaí, ach bheadh córas tomhais i bhfad níos déine ag teastáil chun éagsúlachtaí áitiúla agus réigiúnacha a shainnithint
- tá luach mór ag baint leis an ról atá ag Feidhmeannas Bainistíochta Gnó na gCoimisinéirí Ioncaim mar bhord tionscadail, ach ba cheart breithniú a dhéanamh ar fhoghrúpa bainistíochta sinsearach a cheapadh a bheadh comhdhéanta de phríomhoifigeach ó gach réigiún a bheadh páirteach, agus iad faoi chathaoirleacht duine a bheadh i gceannas ar thionscadal agus a dhéanadh cinntí faoi shaincheistanna oibriúcháin.

- 23.32** Tugadh faoi deara san athbhreithniú go raibh foireann tionscadail láraithe i Réigiún an Oirthir & an Oir-Dheiscirt agus dá thoradh sin go raibh comhsheasmhacht bhreise le sonrú sa chur chuige ann i gcomparáid le réigiúin eile.

Conclúidí agus Moltaí

- 23.33** I gclár iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim a bhí dírithe ar chuideachtaí conraitheora idirmheánacha aithníodh luach €20 milliún de thorthaí lena n-áirítear cánacha, ús agus pionóis ghaolmhara.
- 23.34** Díríodh na hiniúchtaí a rinneadh faoin tionscnamh go héifeachtach, bunaithe ar dhá straitéis - cásanna pleanáilte ag baint úsáide as scagadh uathoibríoch, agus roghnú na gcásanna ag baint úsáide as an 'eolas áitiúil' a bhí ag oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim. Tríd is tríd, bhí toradh airgid ar 79% de na cásanna iniúchta a dúndadh. Bhí rátaí den chineál céanna ag an dá straitéis um roghnú cás - 76% maidir leis na cásanna pleanáilte, agus 85% maidir le cásanna a roghnaíodh ag úsáid eolais áitiúil. Ba meántoradh den chineál céanna ag an dá mhodh roghnaithe .i. thart ar €30,000 in aghaidh gach cás a bhfuarthas toradh uaidh.
- 23.35** Tugann an leibhéal gearríocaíochta cánach sna cuideachtaí idirmheánacha a iniúchadh go mb'fhéidir gur d'aon ghnó a rinneadh neamhchomhlíonadh i roinnt struchtúr den sórt sin. Tá na Coimisinéirí Ioncaim sásta, tar éis dóibh gníomhú ar bhealach suntasach agus infheicthe le linn an tionscadail, go bhfuil aghaidh á thabhairt ar chleachtais neamh-inmhianaithe, agus go bhfuil i bhfad níos mó soiléireachta ann maidir le déileáil le speansais i gcásanna a bhaineann le conraitheoirí. Tá na ceachtanna a foghlaimíodh le linn an tionscadail curtha chuig ceantair éagsúla na gCoimisinéirí Ioncaim agus táthar ag súil go ndéanfaidh siad athbhreithniú agus iniúchadh ar chásanna aonair eile mar is cuí.
- 23.36** Rinneadh iniúchadh ar níos lú ná cuideachta amháin as deich gcinn de na cuideachtaí a aithníodh trí scagadh uathoibríche. Fiú amháin sna cásanna sin bhí an t-iniúchadh dírithe ar an tréimhse ó 2008 go 2011. Níl sé soiléir an bhféadfadh feasacht an phobail faoi chur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim athrú a dhéanamh ar iompar comhairleoirí cánach agus cháiníocóirí agus an mbeidh ráta comhlíonta níos airde ann dá bharr.
- 23.37** Nuair a bhí fógra á thabhairt do na ceithre réigiún faoi na cásanna scagtha, leag na Coimisinéirí Ioncaim síos mar sprioc go ndéanfaí 100 cás a iniúchadh in aghaidh an réigiúin. Baineadh amach an sprioc náisiúnta intuigthe de 400 cás, ach bhí éagsúlacht le sonrú sa chleachtas ar an leibhéal réigiúnach. Rinneadh iniúchadh ar 68 gcás i réigiún Bhaile Átha Cliath agus ar 228 gcás sa réigiún Thiar Theas. Tríd is tríd, maidir leis na cuideachtaí a bhí ar liosta na rannóige pleanála bhí seans sé huairde níos airde go roghnófaí iad lena n-iniúchadh sa réigiún Thiar Theas ná i mBaile Átha Cliath.
- 23.38** Toisc nár thug na Coimisinéirí Ioncaim treoir faoi chaoi a raibh cásanna scagtha le roghnú lena n-iniúchadh, bhí modhanna éagsúla roghnúcháin in úsáid ar fud na réigiúin. Dá thoradh sin bhí deacrachtaí ann maidir le léirmhíniú na dtorthaí. Dá roghnófaí na cásanna go randamach lena n-iniúchadh chiallódh sé sin go dtabharfadh na torthaí a d'aithneofaí maidir le torthaí léiriú ar bhearna chánach na gcásanna i ngach réigiún agus d'fhéadfaí eachtarshuíomh a dhéanamh orthu chun meastachán a dhéanamh ar an mbearna chánach ar fud na tíre. Dá n-úsáidfí modhanna eile roghnaithe chiallódh sé sin go mb'fhéidir nach mbeadh an toradh féideartha ó na cásanna iniúchta ionadaíoch.

- 23.39** Beag beann ar cibé modh roghnaithe a úsáideadh i gcásanna den sórt sin, tá ábhar imní fós ann go bhféadfadh sé go bhfuil suimeanna suntasacha cánach fós gan íoc i leith speansas stiúrthóirí i gcuideachtaí idirmheánacha don tréimhse ó 2008 go 2011, agus, b'fhéidir, ar feadh tréimhsí níos déanaí go dtí gur foilsíodh torthaí thionscadal na gconraitheoirí i measc cáiníocóirí agus gníomhairí.
- 23.40** Is cosúil go mba rud éifeacht é an chaoi ar díriodh na hiniúchtaí ar líon beag de chóid NACE. Mar sin féin, is é an toradh a bhí ar na scagairí a úsáideadh chun líon na gcásanna iniúchta féideartha a laghdú go díreach faoi bhun 6,000 cuideachta ná gur fágadh líon suntasach de chásanna neamhchomhlíontacha gan iniúchadh. Deimhniú ar seo is ea a mhinice a bhfuarthas na cóid chéanna NACE sna cásanna iniúchta a roghnaíodh ag baint úsáide as eolas áitiúil.

Gnéithe Neamhchaighdeánacha de na hIniúchtaí

- 23.41** Chinn na Coimisinéirí loncaim dhá ghné a chur i bhfeidhm i dtionscadal na gconraitheoirí nach n-úsáidtear de ghnáth sa chur chuige ginearálta a bhíonn acu chun iniúchadh a dhéanamh.
- D'imigh na Coimisinéirí loncaim óna ngnáthchleachtas nuair a thairg siad cabhrú le cáiníocóirí chun nochtadh cáilitheacha a dhéanamh. Mar sin féin, níor chuir sé sin feabhas ar an bpróiseas - fuair na Coimisinéirí loncaim amach gur sheol cuid de na gníomhairí isteach nochtadh a bhí neamhiomlán go deo agus tharla sé minic go leor go raibh an socrú deireanach trí nó ceithre huaire níos mó ná méid an nochtadh bunaidh, agus é sin go minic i ndiaidh idirbheartaíochta fada.
 - Ní dhearna na Coimisinéirí loncaim ollardú ar na suimeanna a bhí íoctha saor ó cháin agus a bhfuair na Coimisinéirí loncaim amach go raibh cáin dlíthe orthu. Rinne siad é sin ar an tuiscint go gcloíff go daingean leis na dlíthe cánach feasta. Níl sé soiléir gur cuireadh san áireamh sa chleachtas seo go raibh na conraitheoirí a bhí i gceist go minic ina bhfostóirí agus ina stiúrthóirí/úinéirí na gcuideachtaí.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

- 23.42** Tuigeann na Coimisinéirí loncaim anois nár chuir an tairiscint maidir le cabhrú le cáiníocóirí nochtadh cáilitheach a dhéanamh feabhas ar an bpróiseas agus níl sé ar intinn acu an cur chuige sin a úsáid arís.
- 23.43** Measann na Coimisinéirí loncaim go bhfuil saincheisteanna suntasacha ann a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu a maidir le hollardú agus na smachtbhannaí atá le cur i bhfeidhm nuair a fhaightear amach le linn iniúchta na gCoimisinéirí loncaim nach raibh ÍMAT á cur i bhfeidhm. Tharraing tionscadal na gconraitheoirí aird ar na ceisteanna sin.
- 23.44** Tá na Coimisinéirí loncaim ag athbhreithniú faoi láthair ag féachaint cén chaoi ar cheart déileáil le neamhfheidhmiú an chórais ÍMAT. Rinne Coiste Comhairleach Bainistíochta na gCoimisinéirí loncaim an scéal a mheas agus, ag brath ar thoradh an athbhreithnithe, b'fhéidir go dtiocfaidh moltaí le haghaidh athrú reachtaíochta chun cinn. Má tharlaíonn sé sin, déanfaidh na Coimisinéirí loncaim measúnú cúramach lena chinntiú nach mbeidh an chosúlacht ar an scéal go dtabharfaidh aon reachtaíocht den sórt sin buntáiste d'fhostóir nach gcuirfidh an dlí i bhfeidhm i gceart.

- 23.45** Más rud é, go bhfaigheann na Coimisinéirí Ioncaim amach arís nach bhfuil ÍMAT á chur i bhfeidhm ar speansais i gcásanna a socraíodh faoi thionscadal na gconraitheoirí, éileoidh siad fianaise faoi shocruithe 'tar éis asbhaintí ÍMAT' agus déanfar ollardú mar chuid den socrú dá bharr má bhíonn a leithéid d'fhianaise ar fáil. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim machnamh freisin ar leibhéal na bpionós a bheidh le cur i bhfeidhm má dhéantar na rialacha a sháru athuair.

Measúnú Riosca

- 23.46** Glacann na Coimisinéirí Ioncaim leis an nós atá ann le fada maidir le speansais a aisíoc le fostaithe gan aon asbhaint cánach de bharr speansas ar gá dóibh a thabhu i gcomhlíonadh dhualgais na fostaíochta nó na hoifige. Aithníonn na Coimisinéirí Ioncaim gurb í an chuideachta a fhostaíonn duine an dream is fearr lena chinntiú go ngeartar cánacha ar speansais i gceart agus go bhfuil na taifid riachtanacha chuí á gcoimeád. Déanann an cleachtas cuíchóiriú ar láimhseáil na n-éileamh ar speansais agus ní bhíonn ar fhostaithe feitheamh chomh fada le bliain chun cúiteamh a fháil ar speansais.
- 23.47** D'fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh maidir le haisíoc speansas a cheadú i gcás stiúrthóirí cuideachtaí atá ina bhfostaithe ar thuarastal freisin. Mar sin féin, tá sé tugtha le fios ag na Coimisinéirí Ioncaim gur dheacair an rud é sainmhíniú a thabhairt ar na cásanna ina ndiúltófaí aisíocaíocht saor ó cháin d'fhostaí atá ina stiúrthóir agus go bhféadfadh cruatan míchuí a chruthú d'fhostaithe atá ina stiúrthóirí agus atá géilliúil. Is í straitéis na gCoimisinéirí Ioncaim chun dul i ngleic le haon neamhchomhlíonadh sa réimse seo trí iniúchadh/athbhreithniú in áit buntáiste an chleachtais a bhaint ó gach fostaí atá ina stiúrthóir ar chuideachta idirmheánach.
- 23.48** Ag tús thionscadal na gconraitheoirí, bhí rialacha REAP ann cheana féin a d'aithin an cineál riosca i dtionscadal na gconraitheoirí, ach níor thug siad sin rátáil ard ach do líon beag cásanna a aithníodh sa scagadh tosaigh go mbeadh toradh uathu. Tá dhá riail nua curtha le REAP (i mí Meán Fómhair 2013 agus i mí Feabhra 2015) chun cásanna a aithint a shásaíonn na critéir ó thaobh rioscaí maidir le tionscadal na gconraitheoirí. Foirmíodh na rialacha nua bunaithe ar ionchur ó oifigigh a bhí ag gabháil de thionscadal na gconraitheoirí agus tá cásanna breise aitheanta a bhfuil rioscaí ag baint leo cosúil leis na rioscaí a bhain le cásanna sa tionscadal.

Moladh 23.1

Nuair a bheidh cláir iniúchta mar thionscadal na gconraitheoirí á gceapadh amach anseo ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim tástáil shonrach a dhéanamh ar éifeachtacht na rialacha i REAP agus féachaint cad iad na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun feabhas a chur ar REAP i bhfianaise thorthaí na n-iniúchtaí.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leat. Ceann de na prionsabail ar a bhfuil an córas REAP bunaithe is ea leas a bhaint as aiseolas ó iniúchtaí rathúla agus ó thionscadail a reáchtálann na ceantair chun rialacha REAP a thabhairt cothrom le dáta. Léiríu ar luach aiseolais den sórt sin is ea an chaoi ar chuireadh rialacha breise le REAP de thoradh Thionscadal Náisiúnta na gConraitheoirí. Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag tástáil éifeacht rialacha REAP go sonrach nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar thionscadail sa todhchaí.

Iompar Cáiníocóirí

- 23.49** Aidhm lárnach d'idirghabhálacha comhlíonta na gCoimisinéirí loncaim is ea cháiníocóirí neamhchomhlíontacha a spreagadh chun a mbéasa a athrú. Le linn thionscadail na gconraitheoirí thug na Coimisinéirí loncaim cuireadh do ghníomhairí cánach a gclaint a spreagadh chun nochtadh deonach neamhspreagtha a dhéanamh. Tar éis dóibh comhráite a bheith acu le roinnt gníomhairí, agus athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaid a bhí ag thart ar 3,000 conraitheoir, d'oscail na Coimisinéirí loncaim 235 chás bhreise lena n-íniúchadh. Tá an baol fós ann nach bhfuil úinéirí uile na gcuideachtaí idirmheánacha ar an eolas faoin tsaincheist a bhaineann le híocaíochtaí a tharraingt óna gcuid cuideachtaí i bhfoirm speansas saor ó cháin.

Moladh 23.2

D'fhonn a áirithiú, a mhéid is féidir, go bhfuil úinéirí na cuideachtaí idirmheánacha go hiomlán ar an eolas faoi chur chuige na gCoimisinéirí loncaim maidir le speansais a íoc saor ó cháin ná faoin leibhéal neamhchomhlíonta fuarthas le linn thionscadail na gconraitheoirí, ba cheart do na Coimisinéirí loncaim smaoineamh ar fhógra a thabhairt dóibh go díreach faoi thoradh an tionscadail. D'fhéadfaí a iarraidh ar úinéirí cuideachtaí athbhreithniú a dhéanamh ar a dtuairisceáin chánach agus aird faoi leith a thabhairt ar na réimsí riosca a d'aithin na Coimisinéirí loncaim le linn an tionscadail, agus nochtadh deonach a dhéanamh más gá.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leat. Gnéithe soiléire de chód cleachtais na gCoimisinéirí loncaim le linn iniúchtaí agus idirghabhálacha comhlíonta eile is ea cáiníocóirí a spreagadh chun mainneachtain chánach agus dleachta a thabhairt chun rialtacha. Tá réimse deiseanna ar fáil ó féincheartú gan phionós go nochtadh cáilitheach agus insítear do na cáiníocóirí cad iad na buntáistí a bhaineann leo. Déanfaidh na Coimisinéirí loncaim machnamh ar conas is fearr conraitheoirí a chur ar an eolas faoina n-oibleagáidí.

Tionscadail Náisiúnta sa Todhchaí

- 23.50** Tríd is tríd, bhí tionscadal na gconraitheoirí leagtha amach go maith. Reáchtáladh treoirthionscadal, bhí struchtúr rialachais éifeachtach ann, rinneadh pleanáil chun cásanna féideartha a aithint agus rinneadh athbhreithniú ar an tionscadal nuair a bhí sé ag teacht chun deiridh chun na ceachtanna a foghlaimíodh ón tionscadal a aithint.
- 23.51** In athbhreithniú a rinneadh nuair a bhí an tionscadal críochnaithe thug na Coimisinéirí loncaim faoi deara, maidir le tionscadail náisiúnta sa todhchaí, go mba cheart iad a mheas a bhfad níos cruinne sula seolfá iad chun saincheisteanna a aithint agus a réamh-mheas a d'fhéadfadh bac a chur lena chur i bhfeidhm. Tugadh faoi deara san athbhreithniú go raibh foireann tionscadail láraithe i Réigiún an Oirthir & an Oir-Dheiscirt agus dá thoradh sin go raibh comhsheasmhacht bhreise le sonrú sa chur chuige ann i gcomparáid le réigiúin eile.

Moladh 23.3

D'fhéadfadh sé go bhfuil ceachtanna a d'eascair ó thionscadal na gconraitheoirí a bheadh ábhartha do thionscadail náisiúnta sa todhchaí. D'fhonn a áirithiú go n-aistreofar ceachtanna den sórt ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim machnamh a dhéanamh ar conas is féidir eolas a foghlaimíodh a choinneáil ar bhealach foirmiúil, mar shampla i lámhleabhar faoi nósanna imeachta maidir le bainistíocht tionscadail sna hidirghabhálacha comhlíonta a gcuirtear ar siúl ar fud na tíre.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leat. Forbraíodh Oifig um Bainistíocht Tionscadal na gCoimisinéirí Ioncaim le tacú le rialachas tionscadal TF agus bhí ról tábhachtach tacaíochta acu i dtionscadal na gconraitheoirí. Ó d'éirigh chomh maith leis an rannpháirtíocht sin bhunaíodh Aonad Bainistíochta Tionscadal Gnó le tacaíocht maidir le nósanna imeachta agus rialachas a chur ar fáil do thionscadail náisiúnta.

Iarscríbhinn A - Nochtadh agus Pionóis

Tar éis dóibh fógra a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil iniúchadh le déanamh orthu féadfaidh cáiníocóirí bearta a ghlacadh chun a dtuairisceáin chánach a cheartú trí 'nochtadh spreagtha' a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim. Meastar go bhfuil nochtadh spreagtha ina 'nochtadh cáilitheach' má nochtar faisnéis ina hiomláine faoi dhliteanas cánach; má dhéantar é i scríbhinn; agus má dhéantar íocaíocht iomlán leis den cháin nó den dleacht agus d'aon ús dlite ar an íocaíocht dhéanach nó má dhéantar socrú íocaíochta comhaontaithe céimnithe a chomhlíonann nósanna imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le socruithe i dtráthchodanna. Ceann de na torthaí a bhíonn ar nochtadh cáilitheach bailí is ea go laghdaítear na pionóis a chuirtear i bhfeidhm ar mhainneachtain chánach, lena n-áirítear go seachnaítear foilsíú sonraí na socraíochta.

Tarlaíonn nochtadh deonach neamhspreagtha nuair a dhéanann an cáiníocóir nochtadh sula seoltar litir ag tabhairt fógra dó nó di faoi shaincheistean na iniúchóireachta nó, i gcás imscrúdaithe, roimh thús an imscrúdaithe.

Rátaí pionós mar gheall ar mhainneachtain ar nó tar éis 24 Nollaig, 2008

Nochtadh cáilitheach agus comhoibriú cáiníocóirí	Catagóir mainneachtana	Nochtadh spreagtha	Nochtadh gan spreagadh
Gach nochtadh cáilitheach sa chatagóir seo	Iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha	10%	3%
An chéad nochtadh cáilitheach sna catagóirí seo	Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	20%	5%
	Iompar de bhun tola	50%	10%
An dara nochtadh cáilitheach sna catagóirí seo	Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	30%	20%
	Iompar de bhun tola	75%	55%
An tríú nochtadh cáilitheach sna catagóirí seo nó nochtadh ina dhiaidh sin	Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	40%	40%
	Iompar de bhun tola	100%	100%
Gan aon nochtadh cáilitheach	Catagóir mainneachtana	Gan aon chomhoibriú	Comhoibriú amháin
Gach mainneachtain i gcás nach ndearnadh aon nochtadh cáilitheach	Iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha	20%	15%
	Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	40%	30%
	Iompar de bhun tola	100%	75%

Nóta: Tagraíonn an tábla seo do mhainneachtain a tharla ar nó i ndiaidh 24/12/2008 (An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2008), i gcás ina ndéanann an cáiníocóir nochtadh cáilitheach agus freisin do mhainneachtain nach ndéantar aon nochtadh cáilitheach faoi. Céatadán coimhréireach den cháin tearcíochta is ea an pionós.

Iarscríbhinn B - Tionscadal na gconraitheoirí, Toradh de réir chatagóir NACE

	Toradh iomlán	Toradh - cásanna ar liosta na rannóige pleanála	Toradh - cásanna aitheanta ar an leibhéal réigiúnach	Iomlán na gcásanna	% de chásanna	% den toradh
Catagóirí NACE a úsáideadh chun tuairisceáin a scagadh	€000	€000	€000			
Gníomhaíochtaí Innealtóireachta agus sainchomhairleacht theicniúil ghaolmhar - 7112	10,593	6,991	3,602	328	65.1%	69.0%
7022 - Gníomhaíochtaí gnó agus sainchomhairleoireacht bainistíochta eile	1,098	933	175	50	9.9%	7.2%
6202 - Gníomhaíochtaí sainchomhairleoireachta ríomhaireachta	874	608	266	29	5.8%	5.7%
7490 - Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochta agus teicniúla eile	441	337	104	11	2.2%	2.9%
6201 - Gníomhaíochtaí ríomhchlárúcháin	331	278	53	12	2.4%	2.2%
6209 - Gníomhaíochtaí eile maidir le seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus ríomhaireachta	173	123	50	5	1.0%	1.1%
7120 - Tástáil agus anailís theicniúil	152	146	6	8	1.6%	1.0%
5829 - Foilsiú bogearraí eile	96	83	13	4	0.8%	0.6%
6619 - Gníomhaíochtaí cúnta airgeadais eile, seachas árachas agus maoiniú pinsin	92	92	-	1	0.2%	0.6%
7021 - Caidreamh Poiblí agus gníomhaíochtaí cumarsáide	5	5	-	2	0.4%	-
7311 - Gníomhaireachtaí fógraíochta	3	3	-	1	0.2%	-
7320 - Taighde margaidh agus suirbhéanna ar thuairimí an phobail	2	2	-	1	0.2%	-
7312 - Ionadaíocht na meán	-	-	-	-	-	-
Catagóirí NACE a aithníodh ar leibhéal réigiúnach						
2562 - Meaisíníú	211	n/b	211	6	1.2%	1.4%
9806 - Sceideal E, stiúrthóir amháin	191	n/b	191	14	2.8%	1.2%
9803 - Cás III amháin	145	n/b	145	1	0.2%	0.9%
7410 - Gníomhaíochtaí dearaidh speisialaithe	121	n/b	121	4	0.8%	0.8%
7111 - Gníomhaíochtaí ailtireachta	116	n/b	116	5	1.0%	0.8%
4322 - Pluiméireacht, suiteáil córas teasa agus aerchóirithe	103	n/b	103	2	0.4%	0.7%
0150 - Feirmeoireacht mheasctha	86	n/b	86	1	0.2%	0.6%
4120 - Tógáil foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe	85	n/b	85	3	0.6%	0.6%

	Toradh iomlán	Toradh - cásanna ar liosta na rannóige pleanála	Toradh - cásanna aitheanta ar an leibhéal réigiúnach	Iomlán na gcásanna	% de chásanna	% den toradh
6820 - Eastáit réadach dá gcuid féin nó ar léas a oibriú nó a ligean ar cíos	70	n/b	70	5	1.0%	0.5%
0240 - Seirbhísí tacaíochta d'fhoraoiseacht	67	n/b	67	1	0.2%	0.4%
9412 - Gníomhaíochtaí eagraíochtaí ballraíochta gairmiúla	57	n/b	57	1	0.2%	0.4%
7219 - Taighde eile agus forbairt thurgnamhach eolaíochtaí nádúrtha agus innealtóireachta	53	n/b	53	1	0.2%	0.3%
6920 - Gníomhaíochtaí cuntasáíochta, leabharchoimeádta agus iniúchta; sainchomhairleoireacht cánach	36	n/b	36	2	0.4%	0.2%
6831 - Gníomhaireachtaí eastáit réadaigh	34	n/b	34	1	0.2%	0.2%
5610 - Bialanna agus gníomhaíochtaí soghluaiste um sheirbhísí bia	30	n/b	30	1	0.2%	0.2%
6832 - Gníomhaireachtaí eastáit réadaigh	28	n/b	28	1	0.2%	0.2%
2013 - Monarú ceimiceán neamhorgánach bunúsach eile	26	n/b	26	1	0.2%	0.2%
4741 - Miondíol ríomhairí, aonad forimeallach agus bogearraí i siopaí speisialaithe	22	n/b	22	1	0.2%	0.1%
2110 - Monarú táirgí bunúsacha cógaisíochta	17	n/b	17	1	0.2%	0.1%
	15,358	9601	5767	504		

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Nithe Eile

24 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- 24.1** Éilíonn Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (d'Acht 1990) (arna leasú) ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) cuntais a choimeád ar gach airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais, agus iad a chur lena n-íniúchadh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tar éis dó an t-íniúchadh sin a chur i gcrích, ní mór don GBCN na cuntais a chur isteach chuig an Aire, agus ní mór don Aire ansin ina sheal na cuntais a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
- 24.2** Mar rud ar leithligh, éilíonn alt 12 d'Acht 1990 ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na méideanna a thugann an GBCN sna cuntais gach bliain. Is é seo an tuarascáil do 2014 faoin alt sin d'Acht 1990.

Cuntais an GBCN 2014

- 24.3** Tá iniúchadh déanta ar chuntais an GBCN do 2014. Eisíodh mo chuid tuarascálacha ar na hiniúchtaí ar an 16 Meitheamh 2015. Cuir an tAire cóipeanna de na cuntais, mar aon le mo thuarascálacha ar na hiniúchtaí, i láthair Tithe an Oireachtais ar an 27 Iúil 2015.
- 24.4** Táim sásta go dtugann na cuntais léargas ceart ar idirbhearta an GBCN do 2014 agus ar a chuid iarmhéideanna ag deireadh na bliana.
- 24.5** Is iad seo a leanas na cuntais a ndearnadh iniúchadh orthu faoi Alt 12 d'acht 1990 (arna leasú)
- fiachas náisiúnta na hÉireann
 - Cuntas riaracháin an GBCN
 - Ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist
 - Ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát
 - Ráitis airgeadais Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann.¹
- 24.6** Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014, tá Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla a dtugtaí cuntas ar leithligh faoi sna blianta roimhe seo curtha isteach mar chuid de chuntais fhiach náisiúnta na hÉireann² agus díscáoileadh an Chúlchiste Mionchoigiltis.³ Cheadaigh an tAire fhormáid leasaithe na gcuntas a bhaineann leis an bhfiach náisiúnta.
- 24.7** I gcomhréir le hAlt 12 d'Acht 1990 (arna leasú), ní mór taifead a dhéanamh i gcuntais an GBCN de chostais a thabhaítear i leith gníomhaíochtaí maidir leo seo a leanas
- An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean
 - An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (roimh lánscor)
 - An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

¹ Is í an tréimhse ón 22 Nollaig 2014 go 31 Nollaig 2014 an chéad tréimhse tuairiscithe i gcás Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann.


² Alt 99 den Acht Airgeadais 2014

³ Alt 98 den Acht Airgeadais 2014

Feidhmeanna, Róil agus Soláthar Foirne na Gníomhaireachta

- 24.8** Bunaíodh an GBCN ar dtús sa bhliain 1990 chun fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. D'fhás agus d'fhorbair sé ó shin sa chaoi go bhfuil sé ina eagraíocht choimpléascach anois agus feidhmeanna éagsúla aige. Rinneadh na feidhmeanna sin a leathnú tuilleadh faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014 (Acht 2014).
- 24.9** Bhí foráil in Acht 2014 do:
- feidhmeanna NewERA an GBCN á chur ar bhonn reachtúil
 - bunú Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ISIF) a bhfuil sainordú aige chun infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach atá deartha le tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht in Éirinn
 - aistriú sócmhainní an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (an CNP) chuig ISIF
 - feidhm chostais dlí na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát a chur ar bhonn reachtúil
 - aistriú feidhmeanna na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) chuig an GBCN.
- 24.10** Sannann an GBCN baill foirne chuig an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus chuig Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) agus lena chois sin soláthraíonn siad seirbhísí agus córais tacaíochta gnó dóibh.
- 24.11** Rinne Acht 2014 cuíchóiriú ar struchtúir rialachais an GBCN chun go bhféadfadh siad cur chuige níos comhtháite a bheith acu i leith comhlíonadh a bhfeidhmeanna. I mí na Nollag 2014, athbhunaíodh an GBCN mar bhord ar a raibh Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí eile agus freagracht uileghabhálach orthu as gach ceann d'fheidhmeanna an GBCN (ach ní áirítear leo an GNBS ná an SBCI a bhfuil a mboird faoi leith féin acu). Díscaoileadh Iarchoiste Comhairleach an GBCN agus Coiste Beartais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát i mí na Nollag 2014, agus lánscoradh an GAFN i mí Eanáir 2015. Laghdaíodh Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean freisin sa chaoi nach bhfuil ach comhalta amháin air (an Príomhfheidhmeannach). Díscaoilfear Coimisiún an CNP freisin chomh luath agus a bheidh sócmhainní uile an Choimisiúin aistrithe go dleathach chuig an ISIF.
- 24.12** Tá cur síos achomair ar struchtúr leasaithe an GBCN i ndiaidh na n-athruithe sin leagtha amach i Fíor 24.1.

Fíor 24.1 Struchtúr leasaithe Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- Nótaí:
- a Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leithligh le haghaidh gníomhaíochtaí gach ceann de na feidhmeanna nó de na comhlachtaí sin.
 - b I gcás maoiniú Stáit agus seirbhísí um bainistiú fiach agus bainistiú cistíochta, leanfar ar aghaidh ag ullmhú ráiteas airgeadais ar leithligh le haghaidh Ciste na gCuntas Díomhaoin, Ciste Bhanc Taisce an Phoist agus an Fiachas Náisiúnta.
 - c Leanfar ar aghaidh ag ullmhú ráiteas airgeadais don Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) go dtí go mbeidh na sócmhainní go léir aistriú chuig Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann.
 - d Díscaoileadh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ar an 26 Eanáir 2015 mar chomhlacht reachtúil ar leithligh.

Maoiniú, Fiachas agus Bainistiú Cisteáin

24.13 Faigheann an GBCN iasachtaí thar ceann an Státchiste agus bainistíonn sé fiachas náisiúnta na hÉireann. Ag deireadh 2014, b'ionann an fiach náisiúnta - a bhfuil airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile san áireamh ann - agus €182.3 billiún (2013: €173.9 billiún).

24.14 Tá sonraí maidir le struchtúr an fhiachais náisiúnta agus treochtaí i bhfiachas an Rialtais san áireamh i gCaibidil 2.

24.15 Comhlíonann an GBCN roinnt feidhmeanna maidir le bainistiú fiach agus feidhmeanna státhchiste eile, lena n-áirítear

- oibríochtaí cistíochta don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), ISIF, SBCI agus don Chorpáráid Éireannach um Réiteach Bainc Teo (IBRC) (atá faoi leachtú speisialta)
- lárseirbhís cistíochta a sholáthar do chomhlachtaí Stáit agus d'údaráis áitiúla
- sócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin agus Ciste Bhanc Taisce an Phoist a bhainistiú.


Scéimeanna Ráthaíochta Institiúidí Airgeadais

24.16 Faoin Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe) 2009 (an scéim) déanann an tAire ráthú ar dhlíteanas incháilithe áirithe, lena n-áirítear earlaisí agus urrúis fiachais suas le cúig bliana aibíochta i bhforais rannpháirteacha. Cheap an tAire Airgeadais an GBCN mar oibreoir na scéime.¹

24.17 Ní mór do gach institiúid a bhfuil dlíteanas ráthaithe aici faoin scéim táille a íoc. Ba é €179 milliún an méid a fuarthas in 2014 (2013: €576 mhilliún).² Is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais atá cuntasach faoi na táillí a fuarthas.

24.18 Ar an 26 Feabhra 2013, d'fhógair an tAire go rabhthas chun deireadh a chur leis an scéim i dtaca le gach dlíteanas nua le héifeacht ó mheán oíche an 28 Márta 2013. B'fhiú €74.6 billiún cumhdaithe faoin scéim nuair a dúnadh é. Bhí €10.3 billiún cumhdaithe faoin scéim ag deireadh 2014. Laghdaíodh an méid sin tuilleadh go €4 billiún ag deireadh mhí an Mheithimh 2015 (féach Fíor 24.2).

Fíor 24.2 Dlíteanas cumhdaithe faoin Scéim Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe, 2010 go deireadh Mhí an Mheithimh 2015



1 IR Uimh. 490 de 2009

2 Is fáiltais iad seo a fuarthas in 2013 agus 2014 ar bhonn airgid thirim. Íoctar táillí go ráithiúil i riaráistí. B'fhiú €421 mhilliún agus €155 mhilliún, faoi seach, na fáiltais ar bhonn fabhrúithe i ndáil le 2013 agus 2014.

Foinse: An Roinn Airgeadais

24.19 Rinneadh roinnt éileamh faoin scéim tar éis leachtú an IBRC i mí Feabhra 2013. I mí an Mhárta 2013, tharmlig an tAire feidhmeanna breise chuig an GBCN.¹

- Fíorú na n-éileamh ar íocaíocht maidir le gníomhas ráthaíochta a rinneadh an 29 Samhain 2010 maidir le conarthaí díorthacha áirithe a rinne an IBRC.
- Íocaíocht suimeanna atá dlite faoin ngníomhas ráthaíochta.

24.20 B'fhiú beagán os cionn €1.1 billiún na híocaíochtaí faoi Scéimeanna Ráthaíochta Institiúidí Airgeadais go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2015 (féach Fíor 24.3).

Fíor 24.3 Íocaíochtaí IBRC faoi Scéimeanna Ráthaíochta Institiúidí Airgeadais, 2013 go deireadh Mheithimh 2015

	2013	2014	Eanáir go Meitheamh 2015	Iomlán
An Cineál Íocaíochta	€m	€m	€m	€m
Taiscí ^a	63.9	74.6	3.5	142
Sealbhóirí bannaí ^a	934	-	-	934
Díorthaigh ^b	37.5	-	-	37.5
Iomlán na n-íocaíochtaí	1,035.4	74.6	3.5	1,113.5

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Íocaíochtaí a rinneadh faoi Scéim na bhForas Creidmheasa (Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe).

b Íocaíochtaí a rinneadh faoi Gníomhas Ráthaíochta IBRC.

24.21 Ós rud é gurb é an GBCN oibreoir na scéime tá sé tar éis dhá éileamh a lóisteáil le Comhleachtaitheoirí Speisialta an IBRC chun aisíocaíocht a fháil ar mhéideanna a íocadh faoin scéim agus ar ús fabhráithe measta. Ba iad seo na méideanna a éilíodh

- €0.98 billiún i leith íocaíochtaí do shealbhóirí bannaí, lena n-áirítear speansais agus ús fabhráithe suas go dtí an 31 Nollaig 2014
- €0.14 billiún i leith íocaíochtaí do thaisceoirí, lena n-áirítear costais, ús fabhráithe agus táillí gan íoc na scéime suas go dtí an 30 Márta 2015.

24.22 Ar an 30 Meán Fómhair 2013, thaisc an Roinn Airgeadais éileamh le Comhleachtaitheoirí Speisialta an IBRC faoi ghníomhas ráthaíochta an IBRC ar b'fhiú €37.8 milliún é san iomlán lena n-áirítear ús fabhráithe de €0.3 milliún go dtí an dáta sin.

Bainistíocht an chiste carbóin

24.23 Bunaíodh an Ciste Carbóin leis an Acht um an gCiste Carbóin 2007. Riarann an GBCN ceannach creidmheasanna carbóin a theastaíonn chun oibleagáidí athraithe aeráide na hÉireann a chomhlíonadh tríd an gCiste Carbóin. Tá ceannach creidmheasanna carbóin curtha ar fionraí ó mhí Feabhra 2009 i leith. Ag deireadh 2014, bhí sócmhainní á sealbhú sa Chiste Carbóin arbh fhiú €99 milliún a luach éadála (2013: €99 milliún).

24.24 Tugtar cuntas ar leithligh ar an gCiste Carbóin agus ní cuid de chuntais an GBCN iad chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú). Déantar iniúchadh ar ráitis airgeadais an Chiste Carbóin faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007.²


¹ IR Uimh. 85 de 2013

² Eisíodh tuarascáil faoi iniúchadh an Chiste Carbóin ar an 16 Meitheamh 2015.

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

- 24.25** Bainistíonn an GBCN éilimh ar chúiteamh de bharr díobháil phearsanta, damáiste maoine agus faillí chliniciúil thar ceann údaráis Stáit tarmligthe áirithe. Ina theannta sin, tá ról bainistíochta riosca, comhairle agus cúnamh aici i leith na n-údaráis Stáit sin chun a neamhchosaint ar éilimh a íoslaghdú. Lena chois sin bainistíonn sí éilimh ar chostais tríú páirtí a éiríonn as Binsí Fiosrúcháin áirithe. Nuair a chomhlíonann sé na feidhmeanna sin, tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) ar an GBCN. Ar an 31 Nollaig 2014, chiúmsaigh sainchúram an SCA 117 n-údarás Stáit. I mí an Mheithimh 2015, tharchuir an Rialtas freagracht bhreise chuig an SCA sa chaoi go bhfuil 129 n-údarás stát faoina shainchúram anois.¹
- 24.26** Bhí luach €141.4 milliún de dhámhachtainí agus de chostais éilimh ghaolmhara ag an SCA in 2014 (2013: €139.6 milliún). Tá na costais le fáil ar ais ó na húdaráis ábhartha Stáit a bhaineann leas as seirbhísí an SCA. Ina theannta sin, thabhaigh an GBCN €13.5 milliún i gcostais riaracháin agus é ag cur a chuid feidhmeanna SCA i gcrích. Tá na costais riaracháin sin san áireamh i gcostais riaracháin an GBCN agus cuirtear chun dochair an Lárchiste iad.
- 24.27** Ba é €1.47 billiún (2013: €1.2 billiún) an costas a bhain le réiteach na n-éileamh a bhí gan íoc amhail an 31 Nollaig 2014 de réir meastacháin a rinne an SCA. Tá an costas measta seo ag méadú ó 2008 i leith. Tá líon na n-éileamh atá á mbainistiú ag méadú ó 2009 i leith (féach Fíor 24.4).

Fíor 24.4 Costas na n-éileamh gan íoc agus na n-éileamh faoi bhainistíocht don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, ag deireadh na bliana ó 2008 go 2014



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

NewERA

24.28 Bunaíodh an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) an chéad lá riamh ar bhonn neamhreachtúil i ndiaidh fógra Rialtais i mí Mheán Fómhair 2011. Bunaíodh feidhmeanna NewERA ar bhonn reachtúil i mí na Nollag 2014 le tosach feidhme na n-alt iomchuí d'Acht 2014. Tugann an GBCN NewERA air féin nuair a bhíonn na feidhmeanna sin á gcur i gcrích aige.

24.29 I measc feidhmeanna NewERA tá soláthar seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála d'Aire iomchuí an Rialtas i ndáil le comhlacht ainmnithe faoina s(h)ainchúram nó i ndáil le haon chomhlacht nó sócmhainní eile Stáit.¹ Coinníonn na hAirí ábhartha a bhfreagrachtaí reatha agus méid a scaireanna sna comhlachtaí sin. I measc na seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála a chuirtear ar fáil áirítear comhairle a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- cleachtadh ceart a bhaineann le scaireanna arna sealbhú ag Aire iomchuí i gcomhlacht ainmnithe
- rialachas comhlachta ainmnithe
- oibriú airgeadais agus tráchtála comhlachta ainmnithe, lena n-áirítear ráta toraidh ar chaipiteal a bhfuiltear ag súil leis uaidh agus beartas iomchuí i leith díbhinní
- luach aon leasa a shealbhaíonn Aire iomchuí i gcomhlacht ainmnithe a chosaint, a fheabhsú nó a réadú
- straitéis chorpáraideach agus pleananna caipitil agus infheistíochta
- éadail nó diúscairt aon leas sa chomhlacht ainmnithe, agus aon fhoirceannadh, atheagrú agus athstruchtúrú an chomhlachta ainmnithe
- ceapadh agus luach saothair an chathaoirligh, comhaltaí, stiúrthóirí nó phríomhfheidhmeannach an chomhlachta ainmnithe.

24.30 Bhain an caiteachas a thabhaigh an GBCN in 2014 maidir le NewERA den chuid is mó le cur ar fáil agus/nó le soláthar²

- comhairle airgeadais agus thráchtála a thabhairt don Rialtas maidir le diúscairt shócmhainní an Stáit, lena n-áirítear díol gnó Fuinnimh Bhord Gáis ag Ervia (Bord Gáis Éireann roimhe seo) a chríochnaíodh ar an 30 Meitheamh 2014, agus dhá stáisiún cumhachta neamhstraitéiseacha a díol an BSL
- comhairle maidir le hairgeadas agus rialachas corparáideach i dtaca le rialachas agus gnéithe airgeadais agus tráchtála a bhain le comhlachtaí/sócmhainní áirithe Stáit lena n-áirítear Uisce Éireann
- gníomhaíochtaí chun infheistíocht a éascú le tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus le fostaíocht sna hearnálacha fuinnimh, uisce, teileachumarsáid agus foraoiseacht.

24.31 Meastar gur b'fhiú suas le €1 billiún díbhinní an Stáit a d'eascair ó dhíol gnó Bhord Gáis Fuinneamh agus ón athghiarail a pleanáladh ina dhiaidh sin (íocadh €150 milliún den mhéid sin in 2014). Ba é an cuspóir sonrach a bhí le díol na ngléasraí cumhachta a rinne an BSL díbhinní speisialta de luach €400 milliún a sholáthar don Rialtas (íocadh €197 milliún ó fháltais díolachán mar dhíbhinní speisialta leis an Stáitchiste in 2014 agus an t-iarhmhéid de €203 milliún i mí Eanáir 2015).

1 Faoi láthair, is iad na comhlachtaí ainmnithe Bord Soláthair an Leictreachais, Ervia, Bord na Móna cpt, Coillte Teoranta, Eirgrid cpt, Uisce Éireann agus aon fhochuideachta nó aon chuideachta ina bhfuil leas ag comhlacht ainmnithe den sórt sin.

2 Ní dhéantar na costais a bhaineann le feidhmeanna NewERA a nochtadh ar leithligh i gcuntas riaracháin an GBCN.

24.32 I gcás go sealbhaíonn aon Aire scaireanna nó sócmhainní i gcomhlacht nach bhfuil ainmnithe chun críocha NewERA, nó má tá freagracht ghinearálta aige nó aici as, nó má tá aon fheidhm aige nó aici i ndáil le comhlacht, féadfaidh NewERA soláthar a dhéanamh i ndáil le comhlachtaí den sórt sin

- seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála
- seirbhísí comhairleacha agus bainistithe tionscadail maidir le seilbh a fháil nó diúscairt nó forceannadh, atheagrú nó athstruchtúrú a dhéanamh ar aon leasa nó sócmhainní.

24.33 Sa bhliain 2014, chuir NewERA bailchríoch ar a athbhreithniú airgeadais ar RTÉ (d'fhoilsigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha leagan a bhí curtha in eagar de in Aibreán 2015). Rinneadh anailís san athbhreithniú ar RTÉ ar bhonn an ghrúpa agus ar bhonn rannach agus bhí cleachtadh tagarmharcála i gceist ann inar chuireadh a fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le heagraíochtaí roghnacha craolacháin piara.

Foireann le haghaidh Fheidhmeanna an Chórais Baincéireachta

24.34 I mí an Mhárta 2010, tharmlig an tAire feidhmeanna áirithe den chóras baincéireachta don GBCN.¹ Bhain an tarmligeán, go háirithe, le bainistiú leas an Stáit sna hinstiúidí creidmheasa atá cumhdaithe ag na ráthaíochtaí bainc agus caibidlíocht maidir le tacaíocht chaipitil do na hinstiúidí sin. Chúlghaireadh an tarmligeán i Lúnasa 2011² agus tá Aonad Baincéireachta an GBCN tugtha ar iasacht don Roinn Airgeadais.

24.35 Ar threoir ón Aire, leanann an GBCN ag seasamh costais an Aonaid Bhaincéireachta, ina gcuimsítear costais foirne agus costais chomhairleoireachta áirithe. Ní thugtar nochtadh ar leithligh i gcuntas riaracháin an GBCN de na costais iomlána a thabhaítear ná sa nóta seirbhísí gaolmhara a bhaineann le Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais. Níor tabhaíodh aon chostais maidir le comhairleoir gairmiúil in 2014.

Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann

24.36 Bunaíodh Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ISIF) ar an 22 Nollaig 2014 ar thosach feidhme na n-alt iomchuí d'Acht 2014. Ar an dáta sin, rinneadh sócmhainní agus dliteanais an ISIF de shócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) cé is moite de shócmhainní agus dliteanais eachtracha áirithe agus beidh siad mar shócmhainní agus dliteanais an CNP go dtí go n-aistreofar iad chuig an ISIF in am trátha. Is é sainordú reachtúil an ISIF infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach atá deartha le tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus le fostaíocht sa Stát.

24.37 Ar an 31 Nollaig 2014, bhí €22.2 billiún de ghlansócmhainní ag an ISIF. Chuimsigh na glansócmhainní €7.2 billiún i bpunann lánroghnach agus €15 billiún i bpunann infheistíochta ordaithe.

- Is éard atá sa phunann lánroghnach na hinfeistíochtaí a rinneadh i gcomhréir leis na míreanna ábhartha d'Acht na bliana 2014, i gcás ina sealbhaíonn nó infheistíonn an GBCN sócmhainní an ISIF ar bhonn tráchtála ar bhealach atá deartha le tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíochta sa Stát.
- Tá an phunann infheistíochta ordaithe faoi réir treoracha a thabharfaidh an tAire Airgeadais.³ Déantar aon ús nó ioncam eile a fhaightear i leith taiscí agus urrúis a shealbhaítear sa phunann ordaithe a aistriú chuig an bpunann roghnach agus sealbhaíonn nó coinníonn an GBCN iad i gcomhréir le treoir aireachta

1 IR Uimh. 115 de 2010

2 IR Uimh 395 de 2011

3 Foráiltear in Alt 43 d'Acht 2014 go bhféadfaidh an tAire treoir a thabhairt don GBCN i ndáil le sealbhú agus bainistiú infheistíochta ordaithe, feidhmiú aon vótála nó cearta eile a ghabhann le hinfeistíocht ordaithe, agus diúscairt infheistíochta ordaithe.

24.38 Aistríodh €1.6 billiún chuig an Státchiste (ar an 19 Márta 2015) ar threoir an Aire Airgeadais, ó airgead tirim a bhí á shealbhú san ISIF sa phunann infheistíochta ordaithe. Bhí na cistí sin á sealbhú ón am a dhiúscaíodh scaireanna tosaíochta Bhanc na hÉireann.

24.39 Thabhaigh an GBCN costais €182,000 ina ról mar rialtóir agus bainisteoir an ISIF in 2014.

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

24.40 Is é an GBCN Bainisteoir an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (an CNP). I ndiaidh thosach feidhme na míreanna ábhartha d'Acht 2014 ar an 22 Nollaig 2014, níor aithin Coimisiún an CNP a thuilleadh na sócmhainní agus na dliteanais uile a bhí fágtha de chuid an CNP chun críocha cuntasáíochta agus cuireadh i láthair iad i ráitis airgeadais an ISIF don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014.

24.41 Ón 22 Nollaig 2014, ní chuimsíonn Coimisiún an CNP ach coimisinéir amháin, (Príomhfheidhmeannach an GBCN) a bhfuil sé de cheangal air de bhun Acht 2014 gach rud atá indéanta le réasún a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt d'aistriú aon sócmhainní atá fágtha agus atá faoi rialú dlí eachtraigh. Ní mór aistriú dlíthiúil sócmhainní eachtracha a dhéanamh i gcomhar leis an gcontrapháirtí ábhartha. Tá an próiseas seo ar siúl i gcónaí agus bhí sócmhainní eachtrannacha arbh fhiú €1.8 billiún iad fós ag an CNP ar an 31 Nollaig 2014. Amhail an 30 Meitheamh 2015, ba é €121 mhilliún luach margaidh na sócmhainní a bhí fós le haistriú chuig an ISIF.

24.42 Thabhaigh GBCN €6.2 milliún in 2014 ina ról mar Bhainisteoir an CNP (2013: €3.9 milliún). Nochtar é sin i gcuntas riaracháin an GBCN ach ní bhfaighidh an GBCN ar ais é.

Treoracha Aireachta Eisithe in 2014

24.43 Faoi ailt 19 (B) agus 20 (B) den Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000 (arna leasú), féadfaidh an tAire Airgeadais treoracha a thabhairt do Choimisiún an CNP faoi bhainistiú infheistíochtaí áirithe. D'eisigh an tAire na treoracha seo a leanas in 2014.

- Ar an 15 Bealtaine 2014, d'ordaigh an tAire do Choimisiún CNP litir toilithe a fhorghníomhú chun atheagrú caipitil a chur i gcrích i mBainc-Aontas Éireann (an AIB) a raibh laghdú ar chaipiteal mar chuid de. Aistríodh scaireanna an AIB a bhí i seilbh Choimisiún an CNP chuig an GBCN ar an 22 Nollaig 2014 le tosach feidhme alt iomchuí d'Acht 2014.
- Ar an 10 Meán Fómhair 2014, d'ordaigh an tAire do Choimisiún an CNP urrúis áirithe a dhiúscairt agus cistí €10 milliún a chur ar fáil don SBCI chun maoiniú a chur ar fáil do shíntiús an Aire le haghaidh scaireanna sa SBCI.
- Ar an 30 Deireadh Fómhair 2014, thug an tAire treoir do Choimisiún an CNP saoráid iasachta €240 milliún a chur ar fáil don SBCI. Chun tarraingtí anuas na hiasachta a éascú, tugadh treoir do Choimisiún an CNP freisin urrúis áirithe a dhiúscairt agus na fáiltais ó na diúscairtí sin a choinneáil in urrúis ghearrthéarmacha agus/nó i dtaisce. Aistríodh an tsaoráid iasachta sin ó Choimisiún an CNP chuig an GBCN ar an 22 Nollaig 2014 le tosach feidhme na n-alt iomchuí d'Acht 2014.

An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

- 24.44** Roimh an 27 Eanáir 2015, bhí an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (an GAFN) ina comhlacht reachtúil ar leithligh a ghníomhaigh mar an comhairleoir airgeadais reachtúil d'údaráis Stáit i ndáil le gach tionscadal infheistíochta poiblí a bhfuil luach caipitil os cionn €20 milliún ag baint leis. Tá sé freagrach freisin as soláthar agus seachadadh tograí comhpháirtíochta príobháidí/poiblí in earnálacha seachas iompar agus i measc na n-údarás áitiúil agus as soláthar díreach maidir le tograí oideachais áirithe.
- 24.45** Cé gur comhlacht reachtúil faoi leith í an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais chomhlíon sé a chuid feidhmeanna tríd an GBCN. B'fhiú €5 milliún na táillí agus na costais tríú páirtí a thabhaigh an GAFN i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna airgeadais agus comhairleacha sa tréimhse dar críoch an 26 Eanáir 2015 (2013: €5.7 milliún). Is féidir na costais sin a fháil ar ais ó na húdaráis ábhartha Stáit a bhaineann leas as seirbhísí an GAFN. Thabhaigh an GBCN €9 milliún bhreise (2013: €7.1 milliún) i gcomhlíonadh a feidhmeanna eile i dtaca leis an GAFN ¹ Ní fhaigheann an Ghníomhaireacht an t-airgead sin ar ais.
- 24.46** Faoi fhorálacha Acht 2014, díscaoileadh an GAFN ar an 26 Eanáir 2015 agus aisghaireadh reachtaíocht ghaolmhar an GAFN.² Ag an am céanna, tugadh na feidhmeanna reachtúla ábhartha don GBCN agus aistríodh maoin, cearta agus dlíteanais uile an GAFN chuig an GBCN. Agus iad i mbun na bhfeidhmeanna sin, is féidir leis an GBCN an GAFN a thabhairt air féin.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

- 24.47** Shann an GBCN foireann agus sholáthair sé seirbhísí don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) in 2014. Thabhaigh an GBCN costais €53.9 milliún (2013: €40.8 milliún) ina leith sin, méid a athbhreacadh do dhochar an GNBS.³
- Tabhaíodh costas €44.7 milliún i ndáil le costais foirne (2013: €33.6 milliún). Chuimsigh sé sin €40.9 milliún don fhoireann atá fostaithe go díreach ag an GBCN agus a shanntar don GNBS (369 mball foirne ar an 31 Nollaig 2014), agus €3.8 milliún i leith costais luach saothair cionroinnte fostaithe an GBCN a bhfuil seirbhísí comhroinnte á bhfeidhmiú acu lena n-áirítear TF, acmhainní daonna agus airgeadas.
 - Tabhaigh an GBCN €9.2 milliún i ndáil le costais eile, lena n-áirítear costais chíos, seirbhísí oifige agus costais sainchomhairleoireachta.⁴

Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

- 24.48** Bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) i Meán Fómhair 2014 mar chuideachta theoranta phríobháideach faoin Acht um Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann 2014.
- 24.49** Is é cuspóir an SBCI leas a bhaint as foinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon chun maoiniú a sholáthar chun creidmheas ar chostas íseal a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) na hÉireann.⁵

1 Sna comparáidí sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur tréimhse 12 mhí a bhí in 2013 agus gur tréimhse fadaithe suas go dtí an 26 Eanáir 2015 a bhí in 2014.

2 Eisíodh an tuarascáil ar iniúchadh ráiteas airgeadais deiridh an GAFN ar an 16 Meitheamh 2015.

3 Ba €135 mhilliún san iomlán iad costais riaracháin an GNBS in 2014 (€124 milliún in 2013).

4 Féach ráitis airgeadais an GNBS 2014. Eisíodh an tuarascáil ar iniúchadh an GNBS ar an 29 Aibreán 2015.

5 Déantar Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) a shainmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 2 de Mholadh an EC 2003/361/CE (6 Bealtaine 2003).

24.50 Áirítear iad seo a leanas ar fheidhmeanna an SBCI

- creidmheas breise a chur ar fáil ar bhealach stuama d'fiontair nó do dhaoine eile sa Stát agus go háirithe do FBManna agus creidmheas den sórt sin a chur chun cinn
- saoráidí creidmheasa a dhearadh, nó a chur faoi deara go ndearfar iad, a thabharfaidh aghaidh go seasta ar riachtanais airgeadais na n-iasachtaithe, go háirithe FBManna, má bhaineann siad le fás, infheistíocht nó riachtanais oibríochtúla
- éascú a dhéanamh ar fheidhmiú margaí creidmheasa éagsúla agus méadú ar líon na soláthraithe airgeadais chuig iasachtaithe sa Stát a spreagadh agus cur le héagsúlacht na gcineálacha maoinithe atá ar fáil sa Stát
- maoiniú idirnáisiúnta a fhoinsiú chun éascú a dhéanamh ar iasachtú agus maoiniú a sholáthar do thionscadail a chuireann forbairt eacnamaíoch chun cinn sa Stát.

24.51 Soláthraíonn an GBCN córais agus seirbhísí gnó agus tacaíocht don SBCI mar aon le baill foirne agus seirbhísí cistíochta agus comhairle i dtaca le hurrúis fiachais agus iasachtaí. Thabhaigh an GBCN costais de €0.7 milliún i soláthar na seirbhísí sin in 2014. Rinneadh na costais sin a athbhreacadh do dhochar an SBCI.

24.52 Bainfidh an chéad sraith de ráitis airgeadais iniúchta an SBCI leis an tréimhse ó bunaíodh é ar an 12 Meán Fómhair 2014 go dtí an 31 Nollaig 2015.

Leithdháileadh Foirne

24.53 Mhéadaigh líon na mball foirne san GBCN in 2014 de thoradh freagrachtaí breise a bheith ag an eagraíocht. Ag deireadh 2014, ba é 759 líon na mball foirne (2013: 657). Tá sannadh foirne d'fheidhmeanna agus do ghníomhaíochtaí éagsúla an GBCN ag deireadh na bliana ó 2011 go 2014 leagtha amach i Fíor 24.5.

Fíor 24.5 Leithdháileadh foirne an GBCN ag deireadh na bliana, ó 2011 go 2014

	2011	2012	2013	2014
Aonaid ghnó				
Maoiniú agus bainistiú fiach	12	14	15	19
Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann/An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean	10	13	15	33
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	63	69	77	91
NewERA	6	12	13	14
An tAonad Baincéireachta ^a	9	12	14	13
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	34	44	52	63
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	193	224	331	369
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann	-	-	-	3
Feidhmeanna Corparáideacha				
Airgeadas, Teicneolaíocht agus feidhmiú	71	73	95	112
Dlíthiúil, comhlíonadh, Acmhainní Daonna agus iniúchadh inmheánach	21	21	24	22
Riosca	9	12	15	14
Eile	5	6	6	6
Iomlán	433	500	657	759

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Ar iasacht chuig an Roinn Airgeadais.

Conclúid

24.54 Rinneadh cuíchóiriú ar shocruithe rialachais an GBCN de thoradh Acht 2014, agus rinneadh athruithe suntasacha ar a shainchúram reachtúil. Rinneadh atheagrú suntasach agus athdhíriú feidhmeanna de thoradh Acht 2014, a bhfuil impleachtaí suntasacha acu maidir le raon feidhme agus formáid na ráiteas airgeadais, agus tugadh deis don GBCN deireadh a chur le haimhrialtachtaí agus cuíchóiriú a dhéanamh ar a thuairiscíú airgeadais.

24.55 Mhol mé cheana gur cheart don GBCN cur chuige comhsheasmhach a ghlacadh maidir le nochtadh na gcostas foriomlán a bhaineann le gach ceann de na príomhsheirbhísí agus de na feidhmeanna a ghabhann siad de láimh. Gheall an Príomhfheidhmeannach a bhí ann ag an am go gcuirfeadh sé an moladh faoi bhráid comhaltaí na Gníomhaireachta. Nuair a rinne m'fhoireannsa iniúchadh ar ráitis airgeadais an GBCN don bhliain 2014 thug siad faoi deara tiomantas an lucht bainistíochta agus iad siúd a bhfuil sé de chúram orthu aghaidh a thabhairt ar an moladh sin mar chuid de thimthriall tuairiscithe airgeadais na bliana 2015.


25 Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

25.1 Bunaíodh Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann (an Chomhairle) go foirmiúil mar chomhlacht reachtúil neamhspleách faoin Acht um Fhreagracht Bhuiséadach 2012 (an tAcht), le héifeacht ón 31 Nollaig 2012.¹ Is é cuspóir foriomlán na Comhairle measúnuithe neamhspleácha a chur ar fáil faoi phleananna buiséadacha agus réamh-mheastacháin an Rialtais agus chun faisnéis a sholáthar do dhíospóireacht phoiblí ar chúrsaí eacnamaíocha agus físcacha.

25.2 Tá achoimre ar fheidhmeanna na Comhairle le fáil i Figiúr 25.1. Tá sé de chúram uirthi

- measúnú a dhéanamh ar na réamhaisnéisí oifigiúla a chuireann an Roinn Airgeadais (an Roinn) ar fáil san earrach agus sa bhfómhar gach bliain²
- measúnú a dhéanamh cibé an gcabhróidh seasamh físcach an Rialtais le bainistiú eacnamaíoch agus buiséadach stuama trí thagairt do Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF) an AE³
- monatóireacht agus measúnú a dhéanamh cibé an bhfuil buiséad ginearálta an rialtais i gcothromaíocht nó an bhfuil barrachas i gceist, nó an bhfuil sé ag gluaiseacht ar luas sásúil i dtreo na staide sin (an 'riail bhuiséadach' mar atá leagtha amach san Acht), agus measúnú a dhéanamh ar aon neamhchomhlíonadh le fáil amach an bhfuil sé ann de bharr cúinsí eisceachtúla
- formhuiniú a dhéanamh, de réir mar is cuí léi, ar na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha a ullmhaíonn an Roinn, ar a bhfuil an buiséad agus nuashonrú an chláir cobhsaíochta bunaithe.

Figiúr 25.1 Feidhmeanna Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann



1 Bunaíodh an Chomhairle ar bhonn eatarmhach i mí Iúil 2011.

2 De réir an Achta, is iad réamhaisnéisí oifigiúla na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus buiséadacha a foilsíonn an Roinn Airgeadais chun críocha pleanála físcáil.

3 Is éard atá sa Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis creat bunaithe ar rialacha chun comhordú a dhéanamh ar bheartais físcacha náisiúnta san AE.

Cuntais na Comhairle Fioscaí

- 25.3** Is é Cathaoirleach na Comhairle an t-oifigeach atá cuntasach as ullmhú agus cur i láthair na ráiteas airgeadais lena n-íniúchadh. Éilíonn Ailt 10 (1) go dtí 10 (3) den sceideal den Acht ar an gComhairle cuntais ar fháltais agus ar chaiteachas a choinneáil sa bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais, agus iad a sheoladh chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. Ar chríochnú an iniúchta, ní mór cóip de na cuntais iniúchta a thabhairt don Aire, agus ní mór don té sin ina s(h)eal na cuntais a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
- 25.4** Éilíonn Alt 10 (4) den sceideal den Acht ar an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a sholáthraíonn an Chomhairle sa chuntas gach bliain. Is é seo tuarascáil na bliana 2014 faoin alt sin.
- 25.5** Tá iniúchadh déanta ar chuntais na Comhairle do 2014. Eisíodh mo thuarascáil ar an iniúchadh ar an 24 Iúil 2015. Leagadh na cuntais agus an tuarascáil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais ar an 28 Iúil 2015.
- 25.6** Táim sásta go léiríonn na cuntais idirbhearta na Comhairle do 2014 agus a hiarmhéideanna ag deireadh na bliana.

Ballraíocht agus Soláthar Foirne

- 25.7** Tá sé leagtha amach san Acht go mbeidh cúigear ar an gComhairle, lena n-áirítear an Cathaoirleach. Is é an tAire Airgeadais a cheapann iad agus de ghnáth maireann an téarma atá acu ceithre bliana. Ní féidir le baill na comhairle fónamh ar feadh níos mó ná dhá théarma as a chéile.
- 25.8** Ós rud é gur éirigh comhalta den Chomhairle as oifig go déanach i mí na Bealtaine 2015, ceathrar atá ar an gComhairle. Tá an folúntas maidir le comhalta na Comhairle á fhógairt faoi láthair ar Stateboards.ie. Tá an Roinn ag súil go gceapfar duine laistigh den tréimhse sé mhí atá leagtha síos san Acht maidir le folúntais ar an gComhairle.
- 25.9** Tá cúigear ball foirne, ceathrar eacnamaithe agus riarthóir ag tacú leis an gComhairle faoi láthair.

Maoiniú


- 25.10** Is ó Chiste Lárnach an Stáitchiste a fhaigheann an Chomhairle maoiniú faoi réir uasteorainn bhliantúil atá ceangailte le hinnéacs an ráta boilsicthe.¹ Ba é €820,000 an uasteorainn maoinithe do 2014.
- 25.11** Ba é €606,000 caiteachas iomlán na Comhairle in 2014 agus bhain 60% den mhéid sin le costais tuarastail. Bhain an ghné ba mhó de chaiteachas riaracháin neamhphá na Comhairle le táille riaracháin de thart ar €100,000 na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) maidir le costais chóiríochta agus seirbhísí tacaíochta. B'fhiú beagán os cionn €64,000 san iomlán na táillí agus na costais a tabhaíodh maidir le comhaltaí na Comhairle in 2014. Bhain na costais a thabhaigh comhaltaí na Comhairle den chuid is mó le costais taistil agus cothaithe a thabhaigh comhaltaí nach raibh ag cur fúthu i mBaile Átha Cliath nó a bhí lonnaithe thar lear agus a d'fhreastail ar chruinnithe na Comhairle i mBaile Átha Cliath.

¹ Tá foráil in Alt 9 den Sceideal a ghabhann leis an Acht maidir le foinse agus teorainn mhaoinithe.

Gníomhaíocht na Comhairle

- 25.12** Cuireann an Chomhairle roinnt aschur ar fáil gach bliain mar fhreagra ar aschur na Roinne. Tá an t-aschur sin le feiceáil i Figiúr 25.2

Figiúr 25.2 Aschur Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann



Foinse: Anailís de chuid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 25.13** Cuireann an Chomhairle nótaí anailíse agus páipéir oibre neamhspleácha ar fáil faoi théamaí a bhaineann lena sainordú.

Formhuinithe

- 25.14** Cuireadh an fheidhm formhuinithe le sainordú na Comhairle trí leasú a rinneadh ar an Acht i mí Iúil 2013. Rinneadh an leasú de bharr comhaontú a rinneadh ar leibhéal na hEorpa gur cheart go mbeadh nuashonraithe ar chlár chobhsaíochta agus buiséid bunaithe ar réamhaisnéisí maireacnamaíocha a bheadh curtha ar fáil ag comhlacht neamhspleách nó formhuinithe acu.¹
- 25.15** Is é an aidhm atá leis an bpróiseas formhuinithe a chinntiú go bhfuil réamhaisnéisí neamhchlaonta agus chomh réalaíoch agus is féidir. Tá an Chomhairle tar éis a modhanna réamhaisnéise agus a cumas anailíse féin a fhorbairt chun sraith réamh-mheastachán tagarmharcála a sholáthar trínar féidir measúnú a dhéanamh ar réamhaisnéisí na Roinne.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, den 21 Bealtaine 2013

² Tá an meabhrán tuisceana ar fáil ag www.fiscal.council.ie agus ag www.finance.gov.ie

- 25.16** Comhaontaíodh meamram tuisceana idir an Chomhairle agus an Roinn maidir leis an bhfeidhm formhuinithe.² Áirítear leis an gcomhaontú sonraí faoi chlúdach na réamhaisnéisí maireacnamaíocha formhuinithe, na riachtanais faisnéise agus an cur chuige a leanfar.

- 25.17** Eisítear gach formhuiniú trí litir fhoirmiúil ó Chathaoirleach na Comhairle chuig Ard-Rúnaí na Roinne, ar a laghad cúig lá oibre roimh fhoilsiú nuashonrú an chláir cobhsaíochta nó an bhuiséid lena mbaineann. Mar an gcéanna, má chinneann an Chomhairle nach bhfuil sé ar a cumas na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha a fhorghuiniú, ceanglaítear uirthi litir a sholáthar ina leagtar amach na cúiseanna nach bhfuil siad sásta formhuiniú a dhéanamh agus é sin a sholáthar ar a laghad cúig lá oibre sula n-eisítear nuashonrú an chláir cobhsaíochta nó an buiséad.
- 25.18** Go dtí seo, d'fhorghuinigh an Chomhairle na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha ar a raibh Buiséid na mblianta 2014 agus 2015 bunaithe. Formhuinigh an Chomhairle an chéad cheann ar an 6 Deireadh Fómhair 2014.
- 25.19** Ceanglaítear ar bhallstáit an AE nuashonruithe faoi chlár cobhsaíochta a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoi Aibreán gach bliain, lena n-áirítear nuashonrú ar an ionchas eacnamaíoch agus fioscach a chuimsíonn an gearrthéarma agus an meántéarma. Ar an 31 Márta 2015, d'fhorghuinigh an Chomhairle na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha do na blianta ó 2016 go 2020 ar a bhfuil nuashonrú chlár cobhsaíochta na hÉireann 2015 bunaithe.¹

Tuarascálacha faoi Mheasúnuithe Fioscacha

- 25.20** Táirgeann an Chomhairle tuarascálacha faoi mheasúnuithe fioscacha maidir le réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus buiséadacha na Roinne faoi dhó sa bhliain - i mí an Mheithimh agus mí na Samhna - i ndiaidh fhoilsiú nuashonrú an chláir cobhsaíochta agus an buiséad. De réir an Achta, ní mór cóipeanna de na tuarascálacha a sheoladh chuig an Aire agus a fhoilsiú ina dhiaidh sin laistigh de dheich lá.
- 25.21** Is iondúil go dtugann an tAire Airgeadais freagra foirmiúil ar thuarascálacha measúnuithe fioscacha na Comhairle.
- 25.22** Faoi mar atá leagtha amach in alt 25.2, ní mór don Chomhairle measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht sheasamh fioscach an Rialtais agus tagairt a dhéanamh do Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF) an AE. Tá sé riachtanach di freisin measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialach bhuiséadaí faoi mar atá leagtha amach san Acht.
- 25.23** Cuireadh ocht dtuarascáil faoi mheasúnuithe ar fáil agus foilsíodh iad ar láithreán gréasáin na Comhairle sa tréimhse go Meitheamh 2015. Tugadh le fios i ngach ceann de na tuarascálacha measúnuithe go raibh réamhaisnéisí maicreacnamaíocha an Rialtais a bheag nó a mhór iomchuí agus go dtacódh a sheasamh fioscach le bainistiú stuama eacnamaíoch agus buiséadach.
- 25.24** Ní thagraítear sna tuarascálacha measúnaithe roimh 2015 d'aon chás nár chomhlíon an riail bhuiséadach. Tugadh le fios sa tuarascáil is déanaí faoi mheasúnú fioscach a d'fhoilsigh an Chomhairle i Meitheamh 2015 nach raibh nuashonrú an chláir cobhsaíochta (SPU) 2015 do 2016 ag teacht le riachtanais na rialach bhuiséadaí ná leis an CCF ar bhonn réamhbhreathnaitheach (féach Figiúr 25.3).

¹ D'fhorghuinigh an Chomhairle freisin na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha ar a raibh nuashonrú clár cobhsaíochta na hÉireann 2014 bunaithe.

Figiúr 25.3 Tuarascáil faoi Mheasúnú Fioscach, Meitheamh 2015 – príomhthorthaí

- Tá dlús tagtha faoi téarnamh gheilleagar na hÉireann agus tá fás níos láidre agus dífhostaíocht níos ísle ag dul chun tairbhe cúrsaí airgeadais phoiblí.
- Rud tábhachtach a baineadh amach le blianta beaga anuas is ea institiúidí chreata bhuiséadaigh nua. Má leantar an creat tábhachtach seo cosnóidh sé muid ar fhilleadh ar an timthriall maidir le borradh breá agus cliseadh.
- Níl an plean atá i nuashonrú an chlár cobhsaíochta 2015 (SPU 2015) do 2016 ag teacht le riachtanais na rialach buiséadaí intíre ná le gné choiscitheach den chomhaontú cobhsaíochta agus fáis (CCF) ar bhonn réamhbhreathnaitheach.
- Ní thugann na réamh-mheastacháin buiséadacha i SPU 2015 léargas iomlán ar na costais is dócha a bheidh ann de thoradh dul in aois an daonra ná agus an costas a bhainfidh leis na clár atá ann cheana féin a sholáthar, agus ní chuirtear san áireamh iontu tiomantais fhollasacha an Rialtais chun cánacha a laghdú.
- Maidir leis an tréimhse i ndiaidh 2016, ní shásaíonn na réamh-mheastacháin mheántéarmacha i leith caiteachais agus ioncam cánach i SPU 2015 riachtanais an phlean fioscaigh mheántearmaigh mar atá beartaithe i gcreat buiséid an Rialtais.
- Ós rud é go bhfuil athbheithnithe bliantúla le déanamh feasta ar an bhfás incheadaithe faoin tagarmharc maidir le caiteachas tá sé sin tar éis an ancaire ilbhliantúil a bhaint ó na huasteorainneacha a bhíodh ann roimhe seo maidir le caiteachas meántéarmach baile.
- Ba cheart samhlacha malartacha a fhorbairt chun fás féideartha meántéarmach na hÉireann a mheas.

Foinse: Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

Foilseacháin Eile

- 25.25** Sa bhreis ar a príomhaschur (tuarascálacha measúnuithe fioscacha), foilsíonn an Chomhairle nótaí anailíse agus páipéir oibre. D'fhoilsigh an Chomhairle sé nóta anailíse in 2014.

Ráiteas Réamhbhuiséid

- 25.26** D'fhoilsigh an Chomhairle a céad ráiteas réamhbhuiséid i Meán Fómhair 2014 roimh Bhuiséad na bliana 2015, a fógraíodh ar an 14 Deireadh Fómhair 2014. Leagadh amach sa tuarascáil an comhthéacs maicreacnamaíoch agus fioscach ina gceapfaí Buiséad 2015. Eagraíodh díospóireacht Dála ar an tuarascáil ar an 21 Deireadh Fómhair 2014. Samhlaíonn an Chomhairle go bhfoilseofar ráiteas den chineál céanna gach bliain.
- 25.27** Ba é príomh-mholadh na Comhairle sa ráiteas gurb é an cúrsa gníomhaíochta ab oiriúnaí do Bhuiséad 2015 ná an chuid dheireanach den chlár comhdhlúthaithe pleanáilte a cur i bhfeidhm go hiomlán agus coigeartú €2 billiún a dhéanamh sa bhuiséad.

- 25.28** Níor cuireadh coigeartú buiséid €2 billiún i bhfeidhm i mBuiséad 2015. B'fhiú thart ar €1 billiún san iomlán na lagduithe cánach agus na méaduithe ar chaiteachas a bhí leagtha amach i mBuiséad 2015.

Athbhreithniú Piaráí ar an gComhairle

- 25.29** In 2015, choimisiúnaigh an Chomhairle meastóireacht sheachtrach chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú na Comhairle ó thaobh a sainordú faoin Acht agus ar a feidhmiú mar institiúid fhioscach neamhspleách chun tacú le fás inbhuanaithe in Éirinn.
- 25.30** Bhí triúr ar an bhfoireann mheastóireachta a bhfuil saineolas acu i maicreacnamaíocht, beartas fioscach agus beartas poiblí.¹ D'fhoilsigh an chomhairle an t-athbhreithniú ar a láithreán gréasáin i mí an Mheithimh 2015. Chinn an t-athbhreithniú gur chomhlíon an Chomhairle na tascanna go léir a mbítear ag súil leo ó institiúid fhioscach neamhspleách agus go raibh sé le feiceáil i ndíospóireacht phoiblí, i mbreis trédhearcachta agus in eolas poiblí faoi chúrsaí fioscacha. Tugadh faoi deara san athbhreithniú chomh maith go bhfuil scóip ann chun feabhas a chur ar aschur agus ar thionchar na Comhairle. Tá príomhchonclúidí agus moltaí an athbhreithnithe leagtha amach in larscríbhinn A.
- 25.31** Thug an Chomhairle le fios go bhfuil siad ag ullmhú plean chun na moltaí a rinneadh sa tuarascáil mheastóireachta a chur i ngníomh. Tabharfar mionsonrú sa phlean ar na bearta atá ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí na tuarascála agus leagfar amach fráma ama ann do chríochnú na mbeart sin. Déanfaidh an Chomhairle agus a coiste iniúchóireachta an plean forfheidhmithe a mheas agus déanfar monatóireacht leanúnach ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na moltaí ábhartha.

¹ Ba iad an tOllamh Lars Jonung (Cathaoirleach), An tOllamh Iain Begg agus an tUasal Michael G. Tutty comhaltaí na foirne meastóireachta.

Iarscríbhinn A Athbhreithniú Piaráí ar Chomhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann - Achoimre ar na Príomhthátail agus Moltaí

Sainordú Chomhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann (IFAC)

Tá sainordú an IFAC soiléir agus sonraítear go cruinn ann na rudaí a bhfuil sí ceaptha lena gcur ar fáil. Níor tháinig aon díospóid chun cinn maidir le léirmhíniú shainordú an IFAC chomh fada agus is eol dúinn. Tá an IFAC tagtha chun cinn mar institiúid neamhspleách inchreidte ar bhonn a sainordaithe.

- Ní fheicimid aon chúis go n-athrófaí sainordú an IFAC faoi láthair.
- Cé gur chuala an fhoireann mheastóireachta roinnt argóintí maidir le leathnú a dhéanamh ar shainordú an IFAC, níor cheart machnamh a dhéanamh ar sin ach amháin i ndiaidh tréimhse eile ina mbeidh an Chomhairle ábalta fás agus iad féin a chur in oiriúint dá ról reatha.
- Ba cheart go bhféadfaidh IFAC labhairt go soiléir, trína Chathaoirleach, faoi chritéir a leagadh síos um roghnú comhaltaí nua na Comhairle.
- Ba cheart an líon reatha a choimeád maidir le cúigear comhalta a bheith ar an gComhairle (faoi mar atá sonraithe san Acht).
- Ba cheart leanúint ar aghaidh ag spreagadh earcú comhaltaí na Comhairle ó thíortha thar lear, bídis ina nÉireannaigh nó de thíortha eile lena chinntiú go mbeidh réimse leathan scileanna ag an gComhairle.
- Ba cheart go léireodh earcú ball nua cothromaíocht ó thaobh riachtanais anailíseacha agus go bhféadfaí scileanna éagsúla a shonrú de réir mar a théann baill ar scor.

Acmhainní Airgeadais agus Acmhainní Daonna

Tá a leordhóthain d'acmhainní airgeadais agus d'acmhainní daonna ag an IFAC, bíodh is má chuirtear í i gcomparáidcha le comhairlí eile ar fud an domhain ó thaobh buiséid de is léir go bhfuil sí ar cheann de na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha is lú. Oibríonn an Chomhairle go maith mar fhoireann agus tá dea-chaidreamh acu le baill foirne na Comhairle.

- Tá foireann na Comhairle óg, cumasach agus tiomanta. Tá cuid acu ar iasacht agus dá bhrí sin agus is dócha go bhféadfadh siad imeacht arís go luath, agus tá siad ag céim ina ngairmeacha ina bhféadfadh siad a bheith ag iarraidh bogadh go postanna níos sinsearaí, ar an ábhar sin d'fhéadfadh fadhbanna a bheith ann maidir le 'cuimhní na hinstitiúide' a choinneáil agus comhsheasmhacht a chinntiú sa chur chuige agus sna teachtaireachtaí.
- Ba cheart rudaí a dhéanamh chun go mbeidh obair san IFAC níos tarraingtí fós, mar shampla trí na baill foirne a spreagadh le bheith ag obair ar fhoilseacháin acadúla (mar a tharlaíonn i DG ECFIN an Choimisiúin Eorpaigh agus i go leor bainc cheannais) agus níos mó daoine a spreagadh le bheith rannpháirteach i gcomhdhála gairmiúla. Ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann íoc as a buiséad reatha as aon chostais a bheadh ann dá bharr sin.
- Ba chóir go mbeadh ceart níos láidre ag an IFAC, agus b'fhearr fós go mba cheart reachtúil a bheadh ann, faisnéis a fháil a chlúdaíonn údaráis ábhartha na hearnála poiblí faoi mar atá molta ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta d'institiúidí fioscacha neamhspleácha.

Aschur an IFAC

Tá feabhas leanúnach tagtha ar aschur foriomlán an IFAC. Measaimid sa lá atá inniu ann go bhfuil sé ar chaighdeán ard. Mar sin féin, is é an dúshlán atá le sárú ag an IFAC a chumas anailíse a choimeád ar bun agus a fheabhsú. Braitheann inchreidteacht agus tionchar foilseachán agus moltaí an IFAC ar an anailís a dhéantar. Tá roinnt moltaí againn anseo chun cur le feidhmíocht an IFAC. Ba cheart don IFAC machnamh a dhéanamh ar

- béim níos mó a leagan ar shaincheisteanna fíoscacha fadtéarmacha, mar shampla inbhuanaitheacht fadtéarmach fiachais
- chomhlánú a dhéanamh ar a moltaí faoin easnamh trí níos mó plé a dhéanamh ar fhorbairtí dóchúla sa chomhthéacs eacnamaíoch níos leithne agus ar aon neamhchinnteachtaí dá thoradh sin
- a hidirghníomhú leis an bpobal acadúil a dhoimhniú, mar shampla trí phainéal comhairleach acadúil a chur ar bun
- samhlacha a fhorbairt agus a úsáid trína ndíreofar ar easnaimh rialtais agus ar inbhuanaitheacht fhiachais agus staidéir eacnamaíoch ar díol spéise iad a cheannach ó ranna nó ó eagraíochtaí ollscoile a bhfuil ardchumas samhaltaithe acu
- staidéir chúlra a choimisiúnú
- tuairimí daoine agus eagraíochtaí seachtracha a iarradh maidir le struchtúr agus cur i láthair a cuid tuarascálacha agus achoimrí simplithe agus níos giorra a thairiscint
- lena n-áirítear alt iaranailíse sa Tuarascáil faoi Mheasúnú Fíoscach
- a chinntiú maidir leis na sonraí go léir a úsáidtear i dtáblaí agus i gcairteacha sa Tuarascáil faoi Mheasúnú Fíoscach gur féidir iad a íoslódáil i bhformáid excel.

Tionchar an IFAC agus a Straitéis Chumarsáide

Glactar leis an IFAC agus tá meas uirthi ar fud an réimse pholaitíochta go léir. Mar sin féin is féidir a straitéis chumarsáide a fheabhsú ar roinnt bealaí. Go sonrach, ba cheart don IFAC smaoineamh ar

- achoimre ar 4/5 leathanach de na tuarascálacha FAR a sholáthar i dteanga shimplí don phobal i gcoitinne
- leas níos mó a bhaint as grafaic faisnéise mar bhealach chun a cuid tuarascálacha a chur i láthair
- comhdháil bhliantúil a eagrú faoina cuid aschuir agus faoi bheartas fíoscach na hÉireann
- nótaí míniúcháin níos giorra a chur ar fáil a bheadh dírithe ar bhaill an Oireachtais agus ar pháirtithe leasmhara den sórt, lena n-áirítear iriseoirí a bhíonn ag clúdach téamaí atá ag teacht chun cinn
- leaganacha níos giorra dá tuarascálacha a fhorbairt a mbeadh níos mó tóir orthu. Bheadh na príomhtheachtaireachtaí ar fáil iontu ach bheadh naisc iontu leis an ábhar níos mionsonraithe.
- ball páirtaimseartha na foirne (nó fochonraitheoir) a cheapadh chun déileáil le cumarsáid sheachtrach

- a láithreán gréasáin a leathnú chun go mbeadh cuid ann a bheadh dírithe ar léitheoirí neamhghairmiúla lena n-áirítear bileoga fíricí faoi shaincheisteannta tábhachtacha fíoscacha, cairteacha cothrom le dáta faoi phríomhshonraí eacnamaíochta na hÉireann agus naisc le láithreáin ghréasáin idirnáisiúnta den sórt céanna
- páirt ghníomhach a bheith aici sna meáin shóisialta.

Creat an AE agus Creat Fioscach na hÉireann

Tá córas na hÉireann um fhaireachas fioscach ionchorpraithe go maith i gcreat an AE. Nuair a labhraíomar le hionadaithe an AE thug siad le fios dúinn gur dóigh leo gur institiúid rarthúil í an IFAC. Ó thaobh na hEorpa de, rud luachmhar is ea faireachas fioscach dár gcuid féin a bheith againn. Tá ról tábhachtach ag an IFAC sa chomhthéacs sin.

- Tá sí mar a bheadh droichead idir an Bhruiséil agus Baile Átha Cliath agus cothaíonn sí malartú tuairimí agus faisnéise idir an Coimisiún Eorpach, an Chomhairle Eorpach agus Rialtas na hÉireann agus gníomhairí Éireannacha eile.
- Tá sí ag forbairt a cumas anailíse maidir le saincheisteannta a bhaineann le creat faireachais fhioscaigh an AE, ar nós na bearna aschuir, ag cur san áireamh nádúr sonrach gheilleagar na hÉireann.
- Tá sí ag leanúint ar aghaidh ag glacadh páirte i líonra nuabhunaithe na n-institiúidí fíoscacha neamhspleácha Eorpacha agus i líonraí idirnáisiúnta eile na gcomhairlí fíoscacha.

